# Ceachtanna Séasúracha


Ceacht 1: Ag ullmhú don bheatha shíoraí .................................. 457
Ceacht 2: Naomh Bríd agus mná creidmheacha eile ................ 472
Ceacht 3: An Carghas: Tréimhse aithreachais agus athmhuintearais ...................................................................... 486
Ceacht 4: Muire, Máthair Dé agus ár máthair ........................... 499
Ceacht 5: Ioslam (I) Mahamad, an Córán agus 99 ainm ar Allah ............................................................ 501
Ceacht 6: Ioslam (II) Cúig Cholún Ioslam ................................ 520


## Ceacht 1: Ag ullmhú don bheatha shíoraí

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Comaoin na Naomh: creidimid go bhfuil clann Dé ar fad, ar neamh, ar talamh agus i bpurgadóir ceangailte i gcomaoin le chéile (LG 49-50; ChEC 946-59).

**An Bheatha Shíoraí**

- Creideann Críostaithe i mbreithiúnas faoi leith díreach tar éis a mbáis agus breithiúnas deireanach Chríost ag críoch na n-aoiseanna (GDC, 102; ChEC 678-79, 1021, 1038; 1051).
- Is deighilt buan é Ifreann ó Dhia agus ó na Beannaithigh (ChEC 1033, 1057).
- Purgadóir: 'Gach duine a fhaigheann bás i ngrásta agus i gcairdeas Dé…Cé go bhfuil siad cinnte go mbeidh slánú síoraí acu, bíonn orthu íonghlanadh a fháil tar éis a mbáis le go mbainfidh siad amach an caighdeán naofachta a theastaíonn chun lúcháir agus aoibhneas Dé a roinnt' (ChEC 1030-31; ChEC 1054).
- Tá saoirse againn ár saol a threorú i dtreo na maithe, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, an fhírinne a chuartú.
- Tá saoirse againn freisin iompú ón mhaith agus cluas bhodhar a thabhairt do ghlaoch Dé agus do dhaoine eile.

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Saol Poiblí Íosa*

- Mth 25:1-13. Parabal na maighdean ciallmhara agus na maighdean amaideacha/ saol tar éis báis.
- Eoin 14:1-4. 'I dteach m'athar …'

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thógaimid. (ChEC 2567; GS 18).

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Creideann Críostaithe go dtiocfaidh Críost arís ag deireadh an ama chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh. Tabharfaidh sé breithiúnas ar dhaoine i bhfianaise luachanna Ríocht Dé, is é sin, faoi mar a mhair siad de réir an ghrá, an cheartais agus na síochána.

Is iomaí bealach gur féidir linn muid féin a scaradh ó Dhia agus óna ghrá, ach tá Dia i gcónaí ag fanacht le fáilte a chur romhainn agus chun maithiúnas a thabhairt dúinn má dhéanaimid aithreachas. Mar shampla, má theipeann orainn aire a thabhairt do dhaoine bochta agus dóibh siúd atá soghonta, scaraimid muid féin go sealadach ó ghrá Dé. Sa Soiscéal de réir Mhatha tugann Íosa foláireamh dá lucht leanúna muna dtugann siad aire dóibh siúd atá i ngátar nach gcuirfear fáilte rompu isteach i ríocht Dé tar éis bháis. "Ansin déarfaidh sé le lucht na láimhe clé ar a seal: 'Imígí uaim, a dhream mhallaithe, isteach sa tine shíoraí a ullmhaíodh don diabhal agus dá chuid aingeal. Óir bhí ocras orm agus níor thug sibh aon rud le hithe dom, bhí tart orm agus níor thug sibh aon rud le hól dom, bhí mé i mo strainséir agus níor thug sibh aíocht dom, bhí mé nocht agus níor chuir sibh aon éadach orm, bhí mé tinn agus i bpríosún agus níor tháinig sibh do m'fheiceáil.'" (Matha 25:41-43)

Ach is féidir le Críostaithe maireachtáil slán ar an eolas má thug siad grá do Dhia agus do dhaoine eile agus má rinne siad aithrí go mbeidh beatha shíoraí acu le Dia ar neamh. Insíonn an teagasc faoi Ifreann dúinn go bhfuil meas ag Dia ar na roghanna a dhéanaimid. Caithimid ár gcreideamh a chur i bhfeidhm sa saol. Ní théann daoine go hIfreann ach amháin má roghnaíonn siad d'aon ghnó a bheith scartha ó Dhia trí pheaca marfach neamhaithríoch. Mar sin féin, ní gá dúinn a bheith éadóchasach, is cuma cé chomh dona agus a éiríonn rudaí inár saol. Teastaíonn ó Dhia trócaire a thaispeáint dúinn i gcónaí, fiú go dtí an nóiméad deireanach dár saol.

Tá sé tábhachtach go mbeadh iomlán eolais ag na páistí faoi thrócaire agus grá leanúnach Dé do gach duine acu. Cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn: 'Má fhéachann tú ar aghaidh Dé feicfidh tú aghaidh athar na trócaire atá foighneach i gcónaí linn. Ar smaoinigh tú ar fhoighne Dé, an fhoighne atá aige le gach duine againn? Is é sin a thrócaire. Bíonn foighne aige i gcónaí linn, tuigeann sé muid, fanann sé orainn, ní bhíonn tuirse riamh air le maithiúnas a thabhairt dúinn má táimid in ann filleadh ar ais chuige le croí dólásach. "Is mór í trócaire Dé," a deir an Salm '(Homaile, 17 Márta 2013).

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Purgadóir:** An áit a gcaitheann roinnt daoine, a fuair bás, am sula mbíonn siad réidh le dul isteach ar neamh.
- **Comaoin na Naomh:** Baill na hEaglaise atá beo fós, chomh maith le daoine atá imithe romhainn cheana féin agus atá i bPurgadóir nó ar neamh.
- **Lá na Naomh Uile:** Tá Lá na Naomh Uile ar an 1 Samhain. Tugaimid onóir do na naoimh go léir ar an lá sin. Tugaimid onóir freisin do na naoimh nach bhfuil ainmnithe fós. Tugaimid an t-ainm Sollúntas na Naomh Uile ar an bhféile seo freisin.
- **Lá na bhFíréan Uile atá Marbh:** Tá Lá na bhFíréan Uile atá Marbh ar an 2 Samhain. Cuimhnímid ar dhaoine a fuair bás agus guímid ar a son. Tugaimid an t-ainm Cuimhneachán na bhFíréan Uile atá Marbh ar an lá seo freisin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa beag páipéir do gach páiste - thart ar cheathrú cuid de leathanach A4

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI CHIORCAL NA BEATHA

- Déan comhrá leis na páistí faoin dtéarma 'Ciorcal na Beatha 'agus an bhrí a bhaineann leis, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo:
  - Cad a tharlaíonn do phlandaí san fhómhar agus sa gheimhreadh? Cad a tharlaíonn nuair a thagann an t-earrach? Cad iad na comharthaí de bheatha nua atá le feiceáil? Cén tionchar a bhíonn ag an bheatha nua seo ar dhaoine?
  - Tugaimid 'Ciorcal na Beatha' ar an bpatrún leanúnach seo de bheatha nua ag leanúint an bás agus ansin beatha nua le feiceáil arís. Baineann 'Ciorcal na Beatha' le saol na n-ainmhithe freisin. Cad iad na céimeanna éagsúla den bheatha a bhíonn ag ainmhithe? (*breith, beatha, bás*)
- Ansin labhair faoin gcaoi a bhfuil sé mar an gcéanna le daoine. Déantar breith nua a cheiliúradh. Aibíonn daoine, téann siad in aois agus diaidh ar ndiaidh faigheann siad bás. Ar ndóigh, bímid an-bhrónach nuair a fhaigheann daoine a bhfuil grá againn dóibh bás. Ach dúirt Íosa linn nach é an bás an deireadh atá ann. Fiafraigh den leanaí más féidir leo cuimhneamh ar an méid a dúirt Íosa faoin mbás.
- Dhearbhaigh Íosa go n-ullmhódh sé áit dúinn ar neamh. Díreach mar a fuair Íosa bás agus mar a chuaigh sé ar ais chuig a Athair ar neamh, is féidir linne a bhfuil grá againn do Dhia agus a mhaireann ar an mbealach a d'iarr Íosa orainn, bheith ag súil le beatha nua glórmhar in éineacht le Dia agus le gach duine a bhfuil grá acu dó ar neamh. Dúirt Íosa, 'Is iomaí áras i dteach m'Athar. Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é. Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh' (Eoin 14:2).

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Ciorcal na Beatha' a léamh ar leathanach 118 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### CIORCAL NA BEATHA

- Tabhair cuireadh do na páistí ciorcal mór a tharraingt i lár leathanaigh den Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin tabhair cuireadh dóibh an teideal 'Ciorcal na Beatha' a scríobh ag barr an leathanaigh.
- Iarr orthu ainmneacha na gcéimeanna difriúla de bheatha an duine a scríobh timpeall imeall an chiorcail (*m.sh. breith, óige, déagóirí, aosacht, meánaosta, seanaois, bás*).
- I lár an chiorcail tabhair cuireadh dóibh pictiúir/siombailí a tharraingt a léireoidh an chiall atá ag an bheatha shíoraí dóibh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Cuimhnímid inniu orthu siúd a fuair bás, inár dteaghlaigh agus inár gcomharsanachtaí.
Tá an dóchas againn go mbuailimid leo arís ar neamh.
Is cuimhin linn go ndúirt Íosa, 'Tá go leor seomraí i dteach m'Athar, agus táim ag dul chun áit a ullmhú daoibh.'
Guímid go bhfuil ár ngaolta a fuair bás in éineacht le hÍosa anois ar neamh.
Guímis ar son na daoine go léir a fuair bás.
**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna,
Agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AG ULLMHÚ DON BHEATHA SHÍORAÍ

Sula léann tú an sliocht seo ó na Scrioptúir, mínigh do na páistí gur parabal é seo a d'inis Íosa faoin gcaoi go gcaithfidh daoine ullmhú ar domhan don bheatha shíoraí a bheidh acu le Dia ar neamh.

**Parabal: An Deichniúr Maighdean (Matha 25:1-13)**



Dúirt Íosa: 'Is iad dála ríocht na bhflaitheas an uair sin mar a bhí ag deichniúr maighdean a chuaigh amach agus a lampaí acu in airicis an fhir nuaphósta. Cúigear díobh seo, bhí siad gan tuiscint agus bhí an cúigear eile ciallmhar; mar, thug na mná gan tuiscint na lampaí leo agus gan aon ola acu, ach thug na mná ciallmhara ola ina bpróicíní leo chomh maith leis na lampaí. Bhí an fear nuaphósta ag déanamh moille, agus tháinig sámhán orthu uile agus thit siad ina gcodladh.

Ach glaodh i lár na hoíche: 'Chugaibh an fear nuaphósta! Amach libh ina airicis!' D'éirigh na maighdeana sin uile ina suí agus dheasaigh siad a lampaí. Ach dúirt na mná gan tuiscint leis na mná ciallmhara: 'Tugaigí dúinn braon de bhur n-olasa, mar tá ár lampaíne in éag.' D'fhreagair lucht na céille iad: 'Le heagla,' ar siad, 'nach mbeadh ár ndóthain ann dúinn féin agus daoibhse, b'fhearr daoibhse dul go dtí lucht a díolta á ceannach daoibh féin.' Bhí siad ag dul á ceannach nuair a tháinig an fear nuaphósta, agus iad seo a bhí ullamh, chuaigh siad isteach in éineacht leis chun na bainise, agus dúnadh an doras.

Sa deireadh, tháinig na maighdeana eile freisin: 'A thiarna, a thiarna,' ar siad, 'oscail dúinn!' Ach d'fhreagair sé agus dúirt: 'Deirim libh go fírinneach, níl aithne agam oraibh.'

Agus chríochnaigh Íosa, 'Bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh an lá ná an uair.'

Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna ísle cosúil leo seo a leanas a chur ar na páistí. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 119 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cé mhéad maighdean a chuaigh le bualadh leis an bhfear nuaphósta?
- Cad ar a ndearna na maighdeana gan tuiscint dearmad? Cén fáth a raibh sé seo amaideach?
- Cén t-am a tháinig an fear nuaphósta?
- Cé mhéad de na maighdeana a chuaigh isteach go féasta na bainise?
- Cad a dúirt Íosa tar éis dó an parabal a insint?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a leanas a chur:

- Cén fáth ar iarr na mná gan tuiscint ola ar na mná ciallmhara? An gceapann tú gur chóir do na mná ciallmhara a gcuid ola a roinnt leo? Cén fáth nó cén fáth nár cóir?
- Cén ciall, dar leat, a bhaineann le féasta na bainise sa parabal? (*Cruinniú gach duine a fuair bás agus atá ar neamh*)
- Cé atá léirithe ag na mná gan tuiscint, dar leat, nár ligeadh isteach go féasta na bainise? (*Iad siúd a roghnaigh gan maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa trí ghrá a thabhairt do Dhia agus dá chéile*)
- Cé atá léirithe ag na mná ciallmhara, dar leat, a ligeadh isteach go féasta na bainise? (*Iad siúd a roghnaigh maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa - trí ghrá a thabhairt do Dhia agus dá chéile*)
- Cad a léiríonn an ola sna lampaí, meas tú? (*m.sh. focail agus gníomhartha maithe daoine ar domhan a ullmhaíonn iad chun dul ar neamh*)
- Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé, 'Bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh an lá ná an uair.'? (*Bí réidh i gcónaí, bí ullamh. Níl a fhios againn cathain a d'fhéadfaimis bás a fháil. Iad siúd amháin a d'ullmhaigh trí shaol maith a chaitheamh a rachaidh isteach sna flaithis.*)
- Ar an saol seo, an mbíonn rogha againn a bheith ciallmhar nó amaideach? Conas is féidir linn a chinntiú go gcuirfidh Dia fáilte romhainn ar neamh nuair a fhaighimid bás?

**Tá parabal an Deichniúr Maighdean ar leathanach 118 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an parabal a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 119.**

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá sé **ar leathanach 121 dá leabhar** freisin.

**I dteach m'Athar**
Is iomaí seomra i dteach m'Athar
Agus tá ceann ann domsa.
Ag maireachtáil le Pobal Dé
Ar feadh na síoraíochta.

Buailfidh mé leo siúd a d'imigh
Le deora, a tháinig ó mo chroí.
Ach tiocfaimid le chéile arís
I dteach ár nAthar, an rí.

Táim ag tnúth le saol atá fada
Ach is maith an rud a bheith cinnte
Gur ullmhaigh Íosa áras dúinn
Lenár ngaolta atá anois beannaithe.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil a gcuid tuiscint air ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin leat na focail 'Is iomaí seomra i dteach m'Athar' a chloisteáil roimhe seo? Cé a dúirt na focail sin agus cad leis a raibh sé ag tagairt?
- Cé eile a bheidh san áit seo, de réir an dáin?
- Cé leo, a cheapann tú, a bhfuil na focail 'leo siúd a d'imigh' ag tagairt?
- Cén fáth, dar leat, a deir an file go mbeidh an teacht 'le chéile arís' go hiontach?


Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go raibh Íosa ag caint faoi sheomraí cosúil leis na cinn atá againn inár dtithe nuair a rinne sé an ráiteas sin faoina bhfuil ullmhaithe ag an Athair dúinn? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- An gceapann tú go bhfuil an íomhá a bhaineann le seomraí a bheith réidh agus ullmhaithe dúinn ina híomhá mhaith le húsáid? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An gceapann tú go bhfuil an teachtaireacht sa dán dóchasach nó brónach? Cén fáth, dar leat?
- An aontófá gur maith an rud 'a bheith cinnte' gur ullmhaigh Íosa áit dá chairde go léir? Cén fáth nó cén fáth nach maith?
- Cé hiad na daoine ar mhaith leat bualadh leo ar neamh? Cén fáth?

## AG COMHRÁ

### FAOI CHOMAOIN NA NAOMH

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar '**Comaoin na Naomh**' san 'Eochairfhocail' **ar leathanach 118 dá leabhar** a léamh os ard.
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig an mír dar teideal 'Purgadóir' **ar leathanach 119 dá leabhar.**
- Léiríonn an íomhá **ar leathanach 120 de leabhar na bpáistí**, Pobal Dé ar neamh, Pobal Dé i bPurgadóir agus Pobal Dé ar domhan. Tabhair cuireadh do pháiste 'Comaoin na Naomh' a ghabhann leis an íomhá seo, a léamh os ard.
- Chuir Naomh Pól síos ar na naoimh mar 'slua d'fhinnéithe mar scamall' (Eabhraigh 12:1) a thaispeánann dúinn conas maireachtáil. D'fhoghlaim na páistí faoi go leor naoimh i mbliana. Mar sin d'fhéadfá an cheist seo a chur orthu:
- Cén tréith is éasca a thagann chun cuimhne nuair a smaoiníonn tú ar na naoimh agus an méid ar féidir leo a mhúineadh dúinn faoin saol?
- Tabhair cuireadh do pháiste an t-alt 'Ag cuimhneamh orthu siúd a fuair bás' **ar leathanach 120 dá gcuid leabhar** a léamh os ard. Míníonn an t-alt seo an chaoi ina gcuimhníonn Críostaithe ar na mairbh ar bhealach speisialta i rith mhí na Samhna.
- Iarr ar na páistí tabhairt faoin ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' atá **ar leathanach 120 dá gcuid leabhar** freisin.



## GNÍOMHAÍOCHT URNAÍ

### URNAITHE IDIRGHUÍ

**Nóta:** *Beidh píosa beag páipéir ag teastáil ort le tabhairt do gach páiste - thart ar an gceathrú cuid de leathanach A4.*

- Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar dhuine éigin ina dteaghlaigh nó ina gciorcal cairde a fuair bás, go háirithe duine a raibh meas acu orthu.
- Iarr orthu paidir ghearr a scríobh ar an bpáipéar ag tosú leis na focail 'I mí na Samhna cuimhním ar … ', ag iarraidh ar Dhia aire a thabhairt don duine atá ar intinn acu.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

- Is í an cheist mhór ná:

**An mbeadh sé go maith maireachtáil go deo?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí teacht ar fhreagraí ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun iad a spreagadh:

- Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí a bhainfeadh le bheith in ann maireachtáil go deo?
- Cad a chuirfeadh le/bhainfeadh de bheith in ann maireachtáil go deo?
- Cén chuma a bheadh air dá mba tusa an t-aon duine amháin a bheadh in ann maireachtáil go deo?
- Cén chuma a bheadh air dá mairfeadh gach duine go deo ar domhan?
- Cén brí atá le 'go deo'?
- Cad a tharlaíonn dúinn tar éis bás a fháil?
- An féidir leat maireachtáil i gcuimhní daoine?
- Conas is féidir linn cuimhneamh ar dhaoine a fuair bás?

Ag deireadh na díospóireachta, tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ón na dearcthaí difriúla a chuala siad.

Chomh maith leis sin, cuir in iúl do na páistí nach ionann an bheatha shíoraí a ofrálann Dia dúinn ar neamh agus leanúint ar aghaidh agus bheith ag maireachtáil go deo ar domhan. Beatha nua a bheidh againn ar neamh, áit nach mbeidh bás, breoiteacht nó míshásamh de chineál ar bith ann.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AR AN GCEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann do Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa, as bronntanas ár n-intinní fiosracha. Tá muinín againn asat agus iarraimid ort aire a thabhairt d'ár gcairde a fuair bás. Guímid le Comaoin na Naomh:

**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu.

*Comhartha na Croise*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is modh é *Visio divina* (Laidin = 'Féachaint dhiaga') chun guí a dhéanamh trí íomhánna nó meáin amhairc a úsáid, a d'fhéadfadh a bheith ar eolas ag na páistí ón gclár *I nGrá Dé* ó Rang a Ceathair. Tá athrú an-simplí curtha ar fáil againn ar an modh thíos chun na páistí a chur ag obair arís le *visio divina*. Is féidir leis na páistí féachaint ar íomhá an phictiúir *Parthas* le Giovanni di Paolo **ar leathanach 121 dá leabhar**, nó b'fhéidir go roghnófá an íomhá a thaispeáint ar an gclár bán.

## GNÍOMHAÍOCHT URNAÍ

### VISIO DIVINA

Seo treoracha, céim ar chéim, chun na páistí a threorú chun guí ag úsáid *visio divina:*

**Céim 1.** Féach go cúramach ar an íomhá.

**Céim 2.** Agus tú ag féachaint ar an íomhá, lig do do shúile fanacht leis an gcéad rud a thugann tú faoi deara. Déan iarracht do shúile a choinneáil ó bheith ag féachaint ar chodanna eile den phictiúr. Bí ag análú go domhain agus lig duit féin breathnú go géar ag an gcuid sin den íomhá ar feadh nóiméid nó mar sin. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá ina dtost*.)

**Céim 3.** Anois lig do do shúile féachaint ar an íomhá iomlán. Glac do chuid ama agus féach ar gach cuid den phictiúr. Féach ar na sonraí go léir. Déan machnamh air ar feadh nóiméid nó dhó. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá ina dtost.*)

**Céim 4.** Smaoinigh ar do fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na mothúcháin atá agat agus tú ag féachaint ar an íomhá?
- Cad a bhí an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl, dar leat? Cad iad na mothúcháin a léirítear ann?
- Cad iad na mothúcháin a spreagann sé ionat? Conas? Cén fáth?
- Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, glac nóiméad chun guí ar son pé rud a thagann isteach i d'intinn agus tú ag féachaint ar an bpictiúr.

**Céim 5.** Anois, agus do ghuth inmheánach á úsáid agat, inis do Íosa na smaointe agus na mothúcháin a thagann chugat agus tú ag smaoineamh/ féachaint ar an íomhá. (*Lig cúpla nóiméad le haghaidh urnaí ciúin agus machnaimh.*)

Ansin iarr ar na páistí a nguí a thabhairt chun críche trí bhuíochas a ghabháil go ciúin le Dia as na daoine a bhfuil grá acu dóibh agus as Íosa a sheoladh chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a thabhairt.

## GLAC NÓIMÉAD

**Nóta:** *Bíodh íomhá de* Parthas *le Giovanni di Paolo ar fáil.*

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméid a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid … In ionad na súile a dhúnadh amharc ar an íomhá … Samhlaigh tú féin san íomhá seo … cá bhfuil tú? … Le do ghuth inmheánach gabh buíochas le Dia as a bheith i bParthas … le háilleacht na ndathanna, na ndaoine … Iarrtar orainn maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orainn … le bheith mar bhall de Chomaoin na Naomh … Is féidir linn cabhrú le daoine eile ar an dturas ar neamh … Taispeánfaidh Íosa an bealach dúinn … Lá éigin beimid in éineacht le gach duine a bhfuil imithe romhainn … Cuirimid críoch lenár machnamh agus guí ar son baill dár dteaghlaigh agus dá gcairde atá imithe romhainn ar neamh le Dia …

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Do dhaoine, agus do gach créatúr ar domhan, leanann bás an bheatha. Creideann Críostaithe go dtéimid isteach ar neamh tar éis bháis. Dúirt Íosa, 'Is iomaí áras i dteach m'Athar. Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh' (Eoin 14:2). Tá a fhios againn go mbíonn Dia réidh agus ag fanacht i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn.

Creideann Críostaithe go dtugtar breithiúnas ar gach duine díreach tar éis dóibh bás a fháil, agus go mbeidh an Breithiúnas Deireanach ann ag deireadh an ama, nuair a thiocfaidh Críost arís. Tá sé tábhachtach a bheith airdeallach agus obair ar ár gcaidreamh le Dia, mar dúirt Íosa i bParabal an Deichniúr Maighdean, 'bígí ag faire, dá bhrí sin, mar níl a fhios agaibh an lá ná an uair' (Matha 25:13).

Cuimhnímid orthu siúd a fuair bás inár smaointe agus inár bpaidreacha, go háirithe le linn mí na Samhna. Guíonn Caitlicigh ar son na n-anamacha sa Phurgadóir atá ar a dturas chun na flaithis. Tá a fhios againn gur féidir linn a bheith scartha ó Dhia trí dhiúltú aithrí a dhéanamh agus go mbeadh Ifreann ann mar thoradh ar pheacaí tromchúiseacha.

## GNÍOMHAÍOCHT

### LIOSTA NA MARBH I MÍ NA SAMHNA

- Déan 'Liosta na Marbh' le gach leanbh ag cur ainmneacha de dhuine nó beirt ar mhaith leo cuimhneamh a dhéanamh orthu.

## PAIDIR

**Nóta:** *Más féidir, iarr ar na páistí suí i gciorcal, agus an choinneal agus an bosca achainí sa lár. Roghnaigh leanbh chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh cúigear léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*):
Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Is cuimhin linn ar bhealach speisialta inniu iad siúd atá imithe ar shlí na fírinne, go háirithe iad siúd a bhfuil a n-ainmneacha luaite inár n-achainíocha agus ar ár 'Liosta na Marbh'.

**Léitheoir 1:** Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin.

*Nuair a chuala Marta mar sin go raibh Íosa tagtha, chuaigh sí amach ina choinne. D'fhan Máire ina suí sa teach. Dúirt Marta ansin le Íosa: "A Thiarna, dá mbeifeá-sa anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás. Ach tá a fhios agam anois féin, cibé ní a iarrfaidh tú ar Dhia, go dtabharfaidh Dia duit é." Dúirt Íosa léi: "Éireoidh do dheartháir arís." "Tá a fhios agam," arsa Marta leis, "go n-éireoidh sé arís san aiséirí an lá deireanach." Dúirt Íosa léi:*
*"Mise an t-aiséirí agus an bheatha;*
*An té a chreideann ionamsa,*
*fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé,*
*agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa,*
*ní bhfaighidh sé bás choíche."*
(Eoin 11:20-26)

Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Léitheoir 2:** Guímid ar son baill ár dteaghlach a fuair bás. Guímid ar a son in éineacht le Comaoin na Naomh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Cuimhnímid orthu siúd a fuair bás nach bhfuil aon duine acu chun paidir a rá ar a son.

Guímid ar a son in éineacht le Comaoin na Naomh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Iarraimid ar gach ball de Chomaoin na Naomh guí orainn, go bhféadfaimis maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímid ar son na ndaoine uile a bhfuil brón orthu as duine a bhfuil grá acu dóibh a fuair bás. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímid ár gcuid paidreacha uile trí Chríost ár dTiarna.

**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Naomh Bríd agus mná creidmheacha eile

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Is bronntanas ó Dhia é an creideamh agus is tríd a chuirimid ár muinín in aire Dé (GDC, 55; ChEC 150,153, 179, 227).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Bhí ardmheas ag Íosa ar mhná (FC 22).

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Tugann Íosa gairm bheatha faoi leith do gach duine (ChEC 3, 542-3).
- Tá na rudaí a chuaigh i bhfeidhm ar na naoimh níos tábhachtaí ná a gcuid gníomhartha féin (ChEC 2030).
- Naoimh: Déan imscrúdú ar Naomh Bríd.

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- 1 Sam 1:9-19; 24–2:9. Scéal Anna agus caintic Anna.
- Salm 56:4

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Paidreacha Breise*

- Psalm 56:4
- Paidir Anna i Leabhar Samuel

An Bhliain Liotúirgeach

- Ar Fhéile na Naomh Uile déanaimid ceiliúradh ar na naoimh ar fad, aitheanta agus anaithnid agus iarraimid a gcuid paidreacha agus a n-idirghuí (an ceangal a dhéanamh le comaoin na naomh: féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí).

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá a lán rudaí foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi shaol Naomh Bríd sa chlár *I nGrá Dé*. D'fhoghlaim siad faoi fhinscéalta a bhaineann lena beatha agus faoina creidimh. Sa cheacht seo cuirimid leis an eolas sin agus beathaí triúr ban eile a chur san áireamh: Gladys Aylward, Florence Nightingale agus Chiara Luce Badano. Mhair na mná seo i dtréimhsí éagsúla, ach lig siad go léir dá gcreideamh áit lárnach a bheith ina saoil. Thug siad Críost chuig na daoine ar bhuail siad leo agus bhí muinín acu as Dia chun iad a chosaint agus a threorú.

Tá a fhios againn ón mBíobla go raibh meas speisialta ag Íosa do mhná. Taispeántar é seo i scéal Lazaras (Eoin 11), leis an meas a thaispeáin sé don bhean Samárach ag an tobar (Eoin 4), agus i go leor samplaí eile.

Is siombail láidir Cheilteach don chreideamh í Crois Naomh Bríd. D'fhoghlaim na páistí an finscéal faoi Naomh Bríd agus an ceann fine a bhí ag fáil bháis agus faoin gcaoi a ndearna Naomh Bríd cros ó luachra ar an urlár chun é a mhúineadh faoi Chríost. Sa cheacht seo cuirfimid an traidisiún i gcuimhne do na páistí faoi Chros Bhríde a chur os cionn an dorais/na fuinneoige i dteach le cosaint a fháil. Foghlaimeoidh siad paidir chuig Naomh Bríd freisin chun cosaint a fháil uaithi.

Is féidir linn go léir difríocht a dhéanamh ar domhan. Sa cheacht seo spreagaimid na páistí chun smaoineamh ar rud ar mhaith leo a athrú ar domhan d'fhonn feabhas a chur air. Tosaíonn an turas is faide le céim bheag amháin, mar sin tugaimid spreagadh do na páistí smaoineamh ar chéim bheag amháin a d'fhéadfaidís a thógáil chun rud éigin a fheabhsú. Is bronntanas ó Dhia é an creideamh a thugann cumhacht agus a chuireann ar chumas gnáthdhaoine rud neamhghnách a dhéanamh i rith a saoil.

## EOCHARFHOCAL

- **Naomh:** Duine atá ar neamh anois. Ba dhuine é/í a chaith saol maith, a thaispeáin grá do Dhia agus do dhaoine eile. Fuair sé/sí bás i staid na ngrást. Is eiseamláirí dúinn inniu iad na naoimh.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE MNÁ CREIDMHACHA A RINNE DIFRÍOCHT

Tabhair cuireadh do na páistí mná creidmheacha, a rinne difríocht, a thabhairt chun cinn agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Cé hiad na mná cáiliúla, atá anois ina naoimh, ar chuala tú trácht orthu? (*m.sh. Naomh Bríd, Naomh Therésè de Lisieux, Naomh Bernadette ó Lourdes, Naomh Treasa Chalcúta [Kolkata]*)

Roinn aon scéalta is féidir leat a thabhairt chun cuimhne faoi aon cheann de na mná sin.

Inis do na páistí go bhfuil siad chun foghlaim faoi níos mó mná creidmheacha an tseachtain seo - mná a d'oibrigh chun an domhan a dhéanamh ina áit níos fearr do gach duine.

## SCÉAL

### Beatha Gladys Aylward

Rugadh Gladys Aylward i Londain sa bhliain 1902, agus chaith sí a hóige agus blianta a déaga ina cónaí sa chathair sin. Ní raibh airgead ag a muintir agus mar sin bhí uirthi a bheith ina seirbhíseach baile, nuair a bhí sí ina déagóir, chun airgead a thuilleamh. Bhí spéis aici sa tSín, tír a d'fhoghlaim sí fuithi ó leabhair. Theastaigh uaithi a bheith ina misinéir sa tSín agus chuaigh sí go dtí scoil mhisinéireachta le bheith oilte. Ach, mo léan, bhí sé an-deacair uirthi Sínis a fhoghlaim agus theip uirthi ina cuid scrúduithe. Cailín láidir spraíúil a bhí inti agus, nuair nach ligfeadh na misinéirí di dul leo go dtí an tSín, shocraigh sí dul ann léi féin.

Tar éis di an méid airgid a shábháil agus a d'fhéadfadh sí, thosaigh sí ar an turas. I measc a cuid bagáiste bhí Bíobla. An chéad phost a bhí aici sa tSín ná a bheith ag obair le bean mhisinéara aosta in óstán. Ansin fuair sí post mar 'Cigire Cosa'! Ag an am sin sa tSín, ceanglaíodh cosa na gcailíní óga go daingean chun stop a chur leo fás go mór. Shíl na Sínigh go raibh cosa bídeacha níos deise ná cosa móra. Thug an cleachtadh seo go leor fadhbanna agus go leor pian do mhná nuair a d'fhás siad aníos. Ritheadh dlí nua a chuir cosc ar cheangailt na gcos agus bhí Gladys ina cigire cos.

Thaistil Gladys go dtí go leor sráidbhailte ina ról nua agus d'úsáid sí an deis chun scéalta ón mBíobla a insint fad is a bhí sí ag baint na mbindealán ó chosa na gcailíní. Mhúin sí go leor daoine faoi Íosa, mar nár chuala muintir na Síne faoi Íosa cheana. Lá amháin, nuair a bhí sí ag siúl trí shráidbhaile, chonaic sí bean agus bhí cailín beag á dhíol aici. Bhí cuma salach ar an gcailín. Ní raibh Gladys in ann smaoineamh ar cad a d'fhéadfadh a bheith in ann don pháiste,



mar sin cheannaigh sí í. Ba í an cailín beag seo an chéad duine de bheagnach céad leanbh a tháinig chun cónaí le Gladys.

Bhí na Seapánaigh ag troid le muintir na Síne le blianta fada. Lá amháin tháinig an cogadh go dtí an sráidbhaile ina raibh Gladys ina cónaí ann. Thit buamaí agus maraíodh agus gortaíodh go leor daoine. Bhí saighdiúirí ar a mbealach chun na daoine a tháinig slán a mharú. Ba í an t-aon áit sábháilte a bhí ann ná dul i bhfolach i bpluaiseanna. Ansin, agus iad ag siúl, thóg Gladys na páistí ar aistear fada gan bia trí thír dhainséarach chun traein a fháil a thabharfadh saor iad. D'éirigh Gladys an-tinn agus ba bheag nach bhfuair sí bás, ach shábháil sí a lán leanaí arbh dílleachtaí iad. Tamall ina dhiaidh sin d'fhill sí ar Shasana mar bhí cóireáil leighis de dhíth uirthi.

Nuair a tháinig biseach uirthi, theastaigh ó Gladys filleadh ar an tSín, ach ní cheadódh na húdaráis di é sin a dhéanamh. Chuir sí fuithi sa Téaváin, oileán amach ó chósta oirdheisceart na Síne, áit ar bhunaigh sí dílleachtlann. Fuair sí bás ansin sa bhliain 1970. Rinneadh scannán cáiliúil faoina saol dar teideal *The Inn of the Sixth Happiness*.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur orthu cosúil leo seo a leanas, atá ar fáil freisin **ar lch 122 dá leabhar**:

- Cár chaith Gladys Aylward a hóige agus na déaga?
- Cad iad na nithe a thug sí léi go dtí an tSín?
- Cén fáth ar fháisc muintir na Síne bindealáin timpeall ar chosa cailíní óga?
- Cad a mhúin Gladys do na daoine agus í ag baint na mbindealán de chosa na gcailíní?
- Conas a chabhraigh Gladys leis na dílleachtaí éalú ón gcogadh?
- Cad a rinne Gladys sa Téaváin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, nár ghéill Gladys nuair nár tugadh cead di taisteal leis na misinéirí?
- An gceapann tú go raibh suim ag Gladys le bheith ina 'Cigire Cosa'? Cén fáth, dar leat, a ghlac sí leis an bpost sin?
- Conas a mhothaigh Gladys nuair a thosaigh sí ag siúl leis na páistí trasna na tíre ag iarraidh iad a thabhairt slán? Cén phaidir a bhí aici ag an am sin, dar leat?
- Cé acu de na frásaí seo a leanas a thugann cur síos cruinn ar Gladys, agus cén fáth - is féidir leat níos mó ná ceann amháin a roghnú: bean chróga, bean amaideach, bean a bhí toilteanach seans a ghlacadh, bean eachtrúil, bean chreidmheach, bean chruachroíoch, bean mhisniúil, bean naofa? An féidir leat smaoineamh ar fhrásaí eile a thabharfadh cur síos uirthi?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### GLADYS AYLWARD

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 122 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh scríobh nó tarraingt faoi na rudaí a bhfuil meas acu orthu nó a spreagann iad faoi Gladys Aylward.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

*Tabhair cuireadh do na páistí seasamh i gciorcal.*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn. Táimid ag seasamh d'aon ghnó le haghaidh urnaí an lae inniu, toisc, gur in aimsir Íosa sheas daoine de ghnáth nuair a bhí siad ag guí. Dúirt Íosa lena dheisceabail: "Agus nuair a bheidh sibh in bhur seasamh ag urnaí, má bhíonn aon ní agaibh i gcoinne aon duine, maithigí dó é, i dtreo go maithfeadh bhur nAthair sna flaithis bhur gcionta daoibhse chomh maith." (Marcas 11:25)
Tá an freagra a bheidh in úsáid againn inniu tógtha ó Salm 56: *Tá muinín agam as Dia agus níl eagla orm; Molaim é de bharr a gheall sé.*

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, cuidigh linn do ghlaoch a chloisteáil agus an obair mhaith a ghlaonn tú orainn a dhéanamh.
**Gach duine:** Tá muinín agam as Dia agus níl eagla orm; Molaim é de bharr a gheall sé.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair cabhraigh linn muinín a bheith againn asat chun sinn a chosaint agus a threorú agus sinn ag déanamh do chuid oibre.
**Gach duine:** Tá muinín agam as Dia agus níl eagla orm; Molaim é de bharr a gheall sé.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn foghlaim ó shaol Gladys Aylward agus iad siúd go léir a chaitheann a saol chun cabhrú le daoine eile agus iad a threorú chugat.
**Gach duine:** Tá muinín agam as Dia agus níl eagla orm; Molaim é de bharr a gheall sé.

**Múinteoir:** Guímis le chéile anois an *Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta:*
**Gach duine:** A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOI NAOMH BRÍD

Déan comhrá leis na páistí faoi Naomh Bríd ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad is cuimhin leat foghlaim faoi Naomh Bríd leis na blianta?
- Cad iad na finscéalta/scéalta fúithi is cuimhin leat? (*Naomh Bríd agus an ceann fine a bhí ag fáil bháis, Naomh Bríd an bhean leighis, Naomh Bríd agus an tine ar Chnoc Chill Dara, béaloideas faoi Thobar Bhríde [iad uile i Rang a Ceathair], agus an scéal faoi Bhrat Bhríde [Rang a Dó]*).
- Ar fhoghlaim tú faoi mhná cáiliúla eile gur naoimh iad? (*m.sh. Naomh Treasa Chalcúta [Kolkata], Naomh Clár*). Roinn leis an rang an méid is cuimhin leat fúthu.

Inis do na páistí anois go bhfuil siad chun roinnt eile a fhoghlaim faoi Naomh Bríd agus faoi bhean chreidmheach eile freisin a rinne difríocht ar domhan.

## FOGHLAIM TRÍ SHAMPLA

### MNÁ CREIDMHACHA

**Naomh Bríd**

Rugadh Naomh Bríd in aice le Fochaird i gContae Lú ach chaith sí an chuid is mó dá saol i gCill Dara. Ba pháiste cineálta flaithiúil í, agus bhí sí diongbháilte. Mhair sí in aimsir Naomh Pádraig. Spreag seanmóirí Naomh Pádraig faoin gCríostaíocht í chun saol Críostaí a chaitheamh. Shocraigh sí a saol a chaitheamh ag urnaí agus ag cabhrú leis na boicht.

Bhunaigh Bríd clochar le mná eile ar theastaigh uathu Íosa a leanúint. Chabhraigh sí le daoine níos mó a fhoghlaim faoi Dhia agus a muinín a chur ann. Bhí clú agus cáil go forleathan uirthi de bharr na fáilte a chuir sí roimh gach duine a tháinig go dtí an clochar, ach go háirithe roimh na boicht.

Bhunaigh Bríd go leor clochar ar fud na hÉireann agus chabhraigh sí chun mná eile a thraenáil le saol carthanach Críostaí a chaitheamh. Nuair a fuair sí bás, tugadh a corp go Dún Pádraig i gContae an Dúin agus cuireadh í in aice le Naomh Pádraig.

Tar éis duit an cuntas seo ar shaol Naomh Bríd a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird cosúil leo seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna ar leathanach 122 de leabhar na bpáistí freisin:

- Cén naomh a spreag Naomh Bríd chun saol Críostaí a chaitheamh?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar Naomh Bríd? Céard a rinne sí a thaispeánann dúinn gur bean chreidmheach a bhí inti?
- Cár cuireadh Naomh Bríd i ndiaidh a báis?

**Tá an cuntas thuas faoi Naomh Bríd ar leathanach 122 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin.**

**Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar leathanach 123 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh pictiúr a tharraingt sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach, bunaithe ar cheann de na scéalta atá cloiste acu faoi Naomh Bríd thar na blianta.**

**Florence Nightingale**

Rugadh Florence san Iodáil sa bhliain 1820 ach d'fhás sí suas i Sasana. Ba de theaghlach saibhir í agus, mar gheall air sin, ní rabhthas ag súil go ndéanfadh sí aon obair. Nuair a bhí sí sé bliana déag d'aois mhothaigh sí go raibh Dia ag glaoch uirthi chun cabhrú le daoine a bhí ag fulaingt agus shocraigh sí gur mhaith léi a bheith ina altra. Ní raibh a tuismitheoirí sásta leis seo, ach níor athraigh Florence a dearcadh maidir le seo.

Faoi dheireadh thug a hathair cead di traenáil le bheith ina banaltra sa Ghearmáin. Sa bhliain 1854 thosaigh cogadh sa Chrimé agus iarradh ar Florence foireann altraí a chur le chéile chun aire a thabhairt do shaighdiúirí gortaithe na Breataine. Bhí creideamh láidir ag Florence i nDia agus bhí tionchar ag an gcreideamh seo ar gach rud a rinne sí. Bhí clú agus cáil uirthi as a cineáltas leis na saighdiúirí agus as an mbealach a thug sí aire do dhaoine a bhí bocht agus ag maireachtáil i gcúinsí uafásacha. Tugadh an teideal 'An Bhean leis an Lampa' do Florence toisc go mbeadh sí ag siúl trí na bardaí san oíche le lampa, ag seiceáil go raibh na saighdiúirí go léir compordach. Scríobh sí litreacha abhaile dóibh freisin.

Nuair a bhí an cogadh thart scríobh sí go leor litreacha chuig daoine tábhachtacha ag taispeáint bealaí dóibh conas a d'fhéadfaí ospidéil míleata a fheabhsú. Mar thoradh ar seo bhí cúinsí níos fearr sna hospidéil agus tháinig biseach ar níos mó saighdiúirí. Nuair a iarradh uirthi conas a bhain sí an oiread sin amach, d'fhreagair sí, 'Is mar seo a d'éirigh liom - níor thug mé aon leithscéal riamh agus níor ghlac mé le leithscéal riamh.' Fuair sí bás agus í nócha bliain d'aois agus meastar gurb í bunaitheoir altranais nua-aimseartha.

Tar éis duit an scéal seo faoi Florence Nightingale a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí leis na ceisteanna athghairme/ísealoird seo a leanas a chur orthu:

- Cén aisling a bhí ag Florence Nightingale nuair a bhí sí óg?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar Florence? Cad a rinne sí a thaispeánann dúinn gur bean chreidmheach a bhí inti?
- Cad a mheastar gur bhunaigh Florence Nightingale?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur:

- Cad/Cé a spreag Naomh Bríd agus Florence Nightingale chun a gcuid aislingí a leanúint agus saol Críostaí a chaitheamh?
- An gceapann tú go raibh aon cheann dá ngníomhartha neamhghnách? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Úsáidimid an focal 'oidhreacht' chun cur síos a dhéanamh ar na cuimhní a bheidh ar dhuine éigin tar éis dóibh bás a fháil. Cén oidhreacht, dar leat, a d'fhág Naomh Bríd agus Florence Nightingale?

**Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 123 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### BEAN A BHFUIL MEAS AGAM UIRTHI

- Rinne Gladys Aylward, Naomh Bríd agus Florence Nightingale difríocht ar fud an domhain. Samhlaigh go raibh an deis agat labhairt le duine de na mná sin. Cad iad na ceisteanna ar mhaith leat a chur orthu? Scríobh cuid de na ceisteanna sin sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

## AG COMHRÁ

### FAOI CHROS BHRÍDE

- Má tá Cros Bhríde ag páiste ar bith sa bhaile, b'fhéidir gur mhaith leo insint don rang cá gcoinnítear é, cé a rinne é, srl.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil a fhios acu cén fáth go bhfuil an traidisiún ann Cros Bhríde a bheith le feiceáil i dtithe. Cén aidhm atá leis? (*Go traidisiúnta, cuireadh Cros Bhríde os cionn doirse agus fuinneoga chun an teach a chosaint ar dhochar de chineál ar bith.*)
- Faoi dheireadh, múin an *Paidir chuig Naomh Bríd* do na páistí, atá **ar leathanach 125 dá leabhar freisin.**

**Paidir chuig Naomh Bríd**
A Bhríd, a Mhuire na nGael,
a Bhríd, leathnaigh orm do bhrat
is coinnigh faoi do thearmann mé
go bhfaighim bás i gcairdeas Dé.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### SCÉAL HANNÁ

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus tú ag léamh scéal Hanná agus roinnt línte ó phaidir Hanná, a dtugtar *Laoi Hanná* uirthi, as Leabhar Samúéil. Bhí Hanná pósta le fear darbh ainm Ealcáná. Bhíodh sí an-bhrónach i gcónaí mar nach raibh leanbh aici.

**Hanná agus Éilí (1 Samúéil 1:9-12, 17-18)**
Nuair a bhí bia agus deoch caite acu i Sileo, d'éirigh Hanná agus sheas sí os comhair an Tiarna. Bhí Éilí an sagart ina shuí ina chathaoir láimh le doras theampall an Tiarna. Bhí sí an-bhuartha agus ghuigh sí an Tiarna agus na deora léi go goirt. Thug sí móid á rá: 'A Thiarna na Slua! Má thugann tú aird ar bhuaireamh do bhanóglaigh agus cuimhneamh orm, agus gan dearmad a dhéanamh de do bhanóglach, agus leanbh mic a thabhairt do do bhanóglach, tabharfaidh mise é don Tiarna lena shaol uile, agus ní bhainfidh rásúr lena cheann.'...

Lean sí uirthi ag guí i láthair an Tiarna agus bhí Éilí ag breathnú ar a béal, mar bhí Hanná ag labhairt ina croí agus a beola ag corraí ach gan aon ghlór le cloisteáil... D'fhreagair Éilí ansin: 'Imigh faoi shíocháin, agus go dtuga Dia Iosrael duit ar iarr tú air.' Agus dúirt sise: 'Go bhfaighe do bhanóglach fabhar i do láthair.'
Ansin d'imigh an bhean léi; [d'fhill sí ar an halla], d'ith bia, agus ní raibh cuma ghruama uirthi níos mó.

Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, scrúdaigh tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ceisteanna as ord níos ísle cosúil leo seo a leanas a chur orthu:

- Cén fáth go raibh Hanná trína céile?
- Cé a bhí ina shuí 'láimh le doras Theampall an Tiarna'?
- Cén gealltanas sollúnta a rinne Hanná?
- Cén guí a bhí ag Éilí do Hanná?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil leo seo:

- Cén fáth, dar leat, go raibh sé tábhachtach do Hanná mac a bheith aici? (*In aimsir an Bhíobla, beannacht a bhí ann mac a bheith ag bean - duine a chuirfeadh ainm an teaghlaigh ar aghaidh agus a thabharfadh aire do na tuismitheoirí ina seanaois.*)
- Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Hanná nuair a dúirt sí go dtabharfadh sí a mac 'don Tiarna lena shaol uile'? (*m.sh. go múinfeadh sí dó conas guí le Dia, go mbeadh sé ina eiseamláir mhaith, go ndéanfadh sé daoine eile a threorú, go gcabhródh sé leis na boicht)*

Mínigh do na páistí go raibh mac ag Hanná, agus thug sí Samúéil mar ainm air. Nuair a bhí Samúéil sean go leor, thug Hanná go teach an Tiarna é, áit a ndearna sé staidéar faoi Éilí agus d'fhoghlaim sé conas freastal ar an Tiarna. Ar deireadh bheadh triúr mac agus beirt iníonacha eile ag Hanná. Bhí sí an-bhuíoch don Tiarna. Seo a leanas sliocht as a paidir bhuíochais, a dtugtar *Laoi Hanná* uirthi:

**Laoi Hanná (1 Samúéil 2:1, 2)**
Tá mórtas croí orm sa Tiarna.
Cuireadh breis le mo neart sa Tiarna...

Níl aon neach naofa mar an Tiarna
- níl aon neach seachas thú –
Níl carraig mar ár nDia.

Cuidigh leis na páistí machnamh a dhéanamh ar phaidir Hanná ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cé na focail a insíonn duit cé chomh buíoch agus chomh sásta agus a bhí Hanná?
- Ar mhothaigh tú riamh an-bhuíoch as rud ar bith? Inis dúinn faoi sin.
- An gcuireann paidir Hanná aon phaidir eile i gcuimhne duit? (m.sh. an *Magnificat*)
- Dúirt Hanná, 'níl carraig mar ár nDia'. An gceapann tú go n-aontódh Gladys Aylward, Naomh Bríd nó Florence Nightingale leis an ráiteas sin? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

**Tá an dá shliocht Scrioptúrtha thuas ar lch 123 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun na téacsanna Scrioptúrtha sin a léamh dóibh iad féin.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO PHAIDIR BHUÍOCHAIS

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 124 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a bpaidreacha buíochais féin chuig Dia a chumadh. B'fhéidir gur mhaith leo tosú leis na focail chéanna agus a d'úsáid Hanná: 'Tá mórtas croí orm sa Tiarna', sula scríobhann siad faoi na rudaí a bhfuil siad buíoch astu. Nó, b'fhéidir gur mhaith leo an phaidir a thosú lena bhfocail féin.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Fadó ó shin, ba ghnáthpháistí iad Bríd, Florence agus Gladys, díreach cosúil leatsa … Chuala siad Dia iad ag glaoch orthu a bheith cróga ... seasamh suas don rud a bhí ceart agus maith ... agus an méid a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun grá Dé a thabhairt do dhaoine eile … Lean siad a nglao, fiú nuair a bhí sé deacair agus contúirteach ... agus bhí muinín acu as Dia.

Cad a d'fhéadfadh Dia a bheith ag iarraidh ort a dhéanamh chun cabhrú leis feabhas a chur ar an domhan? ... Cad iad na céimeanna a bheadh ort a thógáil chun an glao sin a fhreagairt? … D'fhéadfá tosú trí rud a dhéanamh sa bhaile, nó b'fhéidir le do chairde ar scoil … agus ina dhiaidh sin d'fhéadfá rud éigin a dhéanamh i do phobal … Bíodh muinín agat as Dia … Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, iarr ar Dhia cabhrú leat, agus a bheith leat mar a dhéanann tú an rud, dar leat, gurb é plean Dé duit é … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Leis na blianta bhí mná creidmheacha ann a rinne difríocht ar domhan agus a chuidigh le feabhas a chur air. Léirigh Gladys Aylward misneach agus muinín iontach as Dia nuair a thaistil sí i bhfad i gcéin chun grá agus cúram Dé a thabhairt do dhaoine gan áireamh. Bhí Naomh Bríd ar cheann de na luath-Chríostaithe in Éirinn agus lean sí le hobair Naomh Pádraig trí phobail Chríostaí a bhunú in Éirinn, a scaip ansin ar fud an domhain. D'úsáid Florence Nightingale a cuid scileanna altranais le grá agus cúram Dé a thabhairt do dhaoine eile agus caighdeáin chúraim altranais a fheabhsú do na glúine a bhí le teacht. Bhí gach duine de na mná seo spreagtha ag grá Íosa do na boicht agus dóibh siúd i ngátar agus d'fhág gach duine acu oidhreacht bhuan ina ndiaidh.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### CHIARA LUCE BADANO (1971-90)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Chiara Luce Badano a léamh **ó leathanach 124 dá leabhar.**
- Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 124 dá leabhar freisin:**
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Chiara sa bhealach ar mhair sí?
- Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i saol Chiara.
- Léirigh Chiara gur féidir leis an ngrá gach rud a shárú, go háirithe nuair is grá do Dhia atá i gceist. Nuair a bhí sí ag fáil bháis, dúirt Chiara, 'Níl aon rud fágtha agam, ach tá mo chroí agam go fóill, agus leis sin is féidir liom grá a thabhairt i gcónaí'. Cad a insíonn na focail seo duit faoin gcineál duine a bhí inti? Cén chaoi ar thaispeáin sí gur laoch Críostaí í?
- Bhí Chiara fial lena cuid ama agus lena hairgead, go dtí go bhfuair sí bás. Cén chaoi a spreagfadh a sampla thú?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh páiste chun an sliocht as na Scrioptúir a léamh agus triúr eile chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Guímid le chéile go bhféadfaimis foghlaim ó chreideamh na mban a chualamar fúthu sa cheacht seo. Éistfimid anois le paidir Hanná, Laoi Hanná, ó chéad Leabhar Samúéil.

**Léitheoir 1:** Sliocht as céad Leabhar Samúéil.

*Tá mórtas croí orm sa Tiarna.*
*Cuireadh breis le mo neart sa Tiarna...*

*Níl aon neach naofa mar an Tiarna*
*- níl aon neach seachas thú -*
*Níl carraig mar ár nDia.*
(1 Samúéil 2:1, 2)

Briathar an Tiarna
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Is é an freagra a bheidh ar na paidreacha inniu ná: *A Thiarna, éist lenár nguí.*

**Léitheoir 2:** Go raibh maith agat, a Dhia ghrámhair, as sampla Naomh Bríd, Florence Nightingale, Chiara Luce Badano agus Gladys Aylward.
Cabhraigh linn foghlaim ón gcreideamh láidir a bhí acu.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 3:** Go raibh maith agat, a Dhia ghrámhair, as na deiseanna go léir a thugann tú dúinn inár saol.
Cabhraigh linn na deiseanna seo a úsáid chun dea-bhail a chur ar ár saol agus do ghrá a thabhairt do dhaoine eile.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 4:** Go raibh maith agat, a Dhia ghrámhair, as ár gcuid paidreacha a fhreagairt.
Cabhraigh linn creideamh a bheith ionat i gcónaí.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Múinteoir:** Guímis le chéile chuig Naomh Bríd anois.
**Gach duine:** *Paidir chuig Naomh Bríd*
A Bhríd, a Mhuire na nGael,
a Bhríd, leathnaigh orm do bhrat
is coinnigh faoi do thearmann mé
go bhfaighim bás i gcairdeas Dé.

**Múinteoir:** Déanaimid na paidreacha seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: An Carghas: Tréimhse aithreachais agus athmhuintearais

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Cruthú an Domhain**

- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha go maith agus saor ó pheaca. Bhí siad sona de bhrí go raibh siad cairdiúil le Dia i bpárthas. Chuir Sátan cathú ar Ádhamh agus Éabha saol santach a roghnú agus peaca a dhéanamh (Gein 2-3; ChEC 355–84, 397, 415).
- Ní raibh siad umhal do Dhia agus chaill siad an naofacht a bhí acu ón tús. (ChEC 399). Tugtar 'Titim an Chine Dhaonna' air seo agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca. (ChEC 355-86, 389, 417). Aistrítear Peaca an tSinsir ó Ádhamh agus Éabha go dtí gach duine beo (ChEC 403).
- Beirtear gach duine le Peaca an tSinsir, le claonadh i dtreo an pheaca agus slánú de dhíth orthu (ChEC 403, 419; GS 13).
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé slánaitheoir chugainn chun an cine daonna a shábháil ó pheaca (ChEC 55-8, 385-90, 399, 409-10, 412, 416-19).

**BRIATHAR DÉ**

**An Scrioptúr Naofa**

*Saol Poiblí Íosa*

- Lúc 4:1-13. Cathú Íosa.
- Eoin 1:6-8, 15. Eoin Baiste.
- Mth 3:1-6, 11. Seanmóireacht Eoin Baiste
- Eoin 1:29-34; Mth 3: 1-17. Baisteadh Íosa.

**LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ**

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth é an Carghas chun aithrí agus athmhuintearas a dhéanamh, rud a chuireann i gcuimhne do Chríostaithe go ndúirt Íosa linn 'déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal' (SC 109; ChEC 540).
- Aontaíonn an Eaglais í féin le rúndiamhair Íosa san fhásach i rith dhá scór lá sollúnta an Charghais.
- Tráth é an Carghas chun an Baisteadh a thabhairt chun cuimhne nó chun ullmhú don Bhaisteadh (SC 109).
- Tráth í an Cháisc chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhás agus ar Aiséirí Íosa, ar a ghlóiriú agus ar theacht an Spioraid Naoimh (ChEC 1163).

**Na Sacraimintí**

- Baintear úsáid as a lán téarmaí chun cur síos a dhéanamh ar shacraimint mhaithiúnais, ghrámhair Dé. Seo trí cinn acu: Faoistin, Aithrí, Athmhuintearas (ChEC 1423).
- Tá cur síos déanta ag Íosa ar phróiséis an athruithe agus an aithreachais sa pharabal faoin mhac drabhlásach (ChEC 1439; RP 5, 10, 26).
- Is ionann peaca agus an rogha a dhéanamh a bheith easumhal do Dhia (ChEC 386-87, 1850; RP 14, 17).
- Is ionann peaca agus neamhshuim agus neamhspéis a léiriú i leith Dé (RP 14, 18).
- Nuair a dhéanaimid peaca, déanaimid dochar don chaidreamh atá againn le Dia agus leis an bpobal, Corp Chríost.
- Nuair a ghlacann Críostaithe sacraimint na hAithrí/an Athmhuintearais, faigheann siad maithiúnas ó Dhia ar na cionta a rinne siad ina aghaidh agus ag an am céanna déantar athmhuintearas leis an Eaglais a ghortaigh siad lena bpeaca. (LG 11).
- I Sacraimint an Athmhuintearais, faigheann Críostaithe grásta ó Dhia chun leasaithe a dhéanamh ina saol agus chun a bheith níos dílse do aitheanta Dé sa todhchaí.
- Nuair a admhaímid ár gcuid peacaí go rialta sa bhfaoistin láidrímid ár gcaidreamh le hÍosa Críost, cabhraíonn sé linn ár gcoinsias a mhúnlú, cathú a throid agus maireachtáil cosúil le hÍosa (ChEC 1458).
- Ullmhaímid don Athmhuintearas le scrúdú coisiasa (ChEC 1484; RP 31).

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tosaíonn séasúr an Charghais ar Chéadaoin an Luaithrigh. Is é seo an t-am nuair a iarrann an Eaglais orainn smaoineamh faoinár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile. Caitheann an sagart éidí corcra ag an Aifreann, a chuireann i gcuimhne dúinn gur tréimhse bhrónach agus athmhuintearais atá ann. Le linn an Charghais iarrann an Eaglais orainn níos mó ama a chaitheamh ag guí, troscadh a dhéanamh agus súil a choimeád ar riachtanais na ndaoine atá ar an ngannchuid. I rith an Charghais dearbhaímid an maitheas a fheiceann Dia i ngach duine againn, cuimhnímid ar na hamanna nach mairimid go maith, deirimid go mbíonn brón orainn agus, cinnte faoi ghrá neamhchoinníollach Dé dúinn, déanaimid iarracht arís maireachtáil faoi mar a d'iarr Íosa orainn.

D'fhoghlaim na páistí faoin gCarghas gach bliain ó Naíonáin Shóisearacha, ach le fócas beagán difriúil gach uair. I mbliana tá an fócas ar an gCarghas mar thréimhse don Athmhuintearas, ag díriú ar theachtaireacht Eoin Baiste - 'Déanaigí aithrí ... mar tá ríocht na bhflaitheas in achmaireacht' (Matha 3:2). Cuireann an ceacht i gcuimhne na bpáistí freisin gurb é Íosa an duine a sheol Dia an tAthair chun daoine a shábháil óna bpeacaí (coincheap a tugadh isteach den chéad uair i Rang a Cúig sa chlár *I nGrá Dé*). Is é Íosa an Slánaitheoir, an Meisias, an Duine Tofa. Leanann téama an tslánaithe ar aghaidh i gceachtanna na bliana seo um Cháisc.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Peaca:** Rud ar bith a dhéanaimid nó a deirimid a bhriseann dlí ghrá Íosa agus a lagaíonn nó a scriosann ár gcairdeas le Dia.
- **An Titim:** An uair a thit Ádhamh agus Éabha i gcathú agus a thug siad neamhaird ar rialacha Dé; i bhfocail eile, pheacaigh siad in aghaidh dhlíthe Dé. **Athmhuintearas:** Focal a léiríonn athbhunú a dhéanamh ar chaidreamh atá briste nó millte.
- **Sacraimint an Athmhuintearais:** I Sacraimint an Athmhuintearais, deirimid le Dia go bhfuil brón orainn faoinár n-éagóracha. Tugann Dia maithiúnas dúinn agus bíonn athmhuintearas ann arís idir muid agus Dia/daoine eile.
- **Troscadh:** Gan bia a ithe ar feadh tréimhse ama. Iarrann an Eaglais ar dhaoine fásta troscadh a dhéanamh ar Chéadaoin an Luaithrigh. Itheann daoine fásta béile mór amháin agus dhá bhéile bheaga an lá sin. Is comhartha é go bhfuil siad ag déanamh aithrí. Smaoiníonn siad ar an daichead lá a chaith Íosa ag troscadh san fhásach.
- **Staon ó:** Má staonann duine ó rud, ní bhacann sé leis. Iarrann an Eaglais orainn staonadh, i rith an Charghais, ó rudaí a thaitníonn linn. De ghnáth, teastaíonn féinsmacht chun é sin a dhéanamh. Caithimid a bheith sásta íobairtí a dhéanamh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste. Ceithre chiseán chun saothar ealaíne na bpáistí ar na 'Gealltanais don Charghas' a bhailiú
- Luaithreach - má tá luaithreach le dáileadh ar Chéadaoin an Luaithrigh

# Féachaimis ...

## SCÉAL

### An Dealbh Ghloine

Tháinig máthair Sorcha isteach agus áthas uirthi. 'Féachaigí!' a d'iarr sí ar a muintir, a bhí bailithe sa seomra suí ag breathnú ar an teilifís. 'Féach cad a thug Laoiseach dom do mo lá breithe. Choinnigh máthair Sorcha dealbh ghloine de mháthair agus de chailín beag in airde, agus é chomh mór le cartán bainne. D'fhéach mamó uirthi. 'Tá sé go hálainn, a ghrá!' D'fhreagair sí go díograiseach.

D'fhéach Sorcha ar an dealbh ar feadh soicind agus dúirt sí, 'Sea, tá sé go deas', agus ansin d'fhéach sí arís ar an dteilifís.

'Is í an dealbh chéanna a chonaic mé an tseachtain seo caite,' a lean a máthair. 'Níor cheannaigh mé í mar shíl mé go raibh sí ró-chostasach ach is cosúil gur luaigh mé le Laoiseach í. Bhí áthas orm nuair a thug sí dom í. Dúirt sí nach gceannaím rud ar bith dom féin riamh agus gur ceart go mbeadh rud éigin speisialta agam anois is arís. Nach deas an rud a rinne sí? Féach, Sorcha! Tá na fíoracha díreach cosúil leatsa agus liomsa!'

'A mháthair, is deacair an teilifís a chloisteáil nuair atá tú ag caint sa chúlra. An féidir leatsa agus le Mamó labhairt sa chistin ina ionad istigh anseo?

Chuir Mam strainc uirthi féin agus thosaigh sí ag gáire. 'Bhuel, tá brón orm as a bheith ar bís le háthas!' a d'fhreagair sí.

Bhí a fhios ag Sorcha go raibh an ceart ag a máthair. Ó scar a tuismitheoirí óna chéile, níor cheannaigh a máthair mórán di féin. Ba dheas í a fheiceáil ar bís faoi rud éigin arís.


An mhaidin dár gcionn, bhí máthair Sorcha fós ar bís ag an mbricfeasta, agus mar sin shocraigh Sorcha gurbh é seo an t-am chun caint a chur uirthi faoi na bróga reatha nua a bhí ag teastáil uaithi dá lá breithe féin.

'Chonaic mé sa siopa spóirt iad,' a dúirt sí, 'Praghas €100 an costas a bhíodh orthu ach tá sé laighdithe anois agus níl ach €80 orthu anois' ....

'€80' a scairt a máthair. 'Nach daor é sin do phéire bróga reatha. Ní dóigh liom gur féidir liom é sin a íoch i mbliana. Tá an iomarca billí eile le híoc agam.'

'Ó a mháthair,' a d'impigh Sorcha. 'Tá na cinn nua go gleoite agus is fuath liom na seanchinn seo atá le fada agam.'

'Tá brón orm, Sorcha, ach ní féidir linn



gach rud a theastaíonn uainn a bheith againn,' a mhínigh Mamaí. 'Anois, téigh agus ullmhaigh do mhála. Beidh Mamó anseo sar i bhfad chun tú a bhailiú don scoil, agus beidh orm dul ag obair. Tá seal dúbailte á dhéanamh inniu agam.'

Shleamhnaigh Sorcha as a cathaoir agus tharraing sí a cosa agus í ag bogadh i dtreo doras na cistine.

Bhí a fhios aici go raibh an t-airgead gann ach ba é *a lá breithe* a bhí i gceist. Bhraith sí go raibh a máthair éagothrom léi.

Nuair a shiúil Sorcha i dtreo an dorais tosaigh chonaic sí dealbh ghloine nua a máthar ar bhord an halla. Mhothaigh Sorcha go feargach go tobann, agus tháinig smaoineamh nach raibh chomh deas sin isteach ina haigne. Cé go raibh a fhios aici nár cheart di é a dhéanamh, shín sí a lámh amach agus leag sí an dealbh. Ansin d'fhéach sí fad is a phreab an dealbh ón mbord agus í ag briseadh ina milliún píosa ar an urlár.

Bhí a fhios ag Sorcha láithreach go raibh an rud a rinne sí mícheart. D'fhill sí láithreach go dtí an seomra suí agus dhún sí an doras taobh thiar di.

Ag an am céanna tháinig a máthair amach as an gcistin chun feachaint cad ba chúis leis an dtorann, agus chas eochair mhamó an doras isteach. 'Dia daoibh, ar maidin!' a ghlaoigh Mamó amach.

'Ó, a thiarcais!' a dúirt Mamaí, nuair a chonaic sí an ghloine ar fud an urláir.

'Ó mo léan!' a dúirt Mamó. 'An ndearna mise é sin nuair a d'oscail mé an doras?'

'Ní chreidim an méid a tharla,' arsa Mamaí, ag déanamh neamhaird ar cheist Mhamó. 'Mo dhealbh luachmhar! Ar mhaithe le Dia, an féidir

• • •

• • •

liom rud ar bith deas a bheith agam, díreach ar feadh aon uair amháin?' Agus ansin thosaigh sí ag caoineadh.

D'fhan Sorcha sa seomra suí agus í ag éisteacht le Mamó ag scuabadh na píosaí gloine aníos. Chuala sí Mamó ag rá le Mamaí go mbeadh gach rud ceart go leor arís. Agus an t-am ar fad d'fhéadfadh sí Mam a chloisteáil ag caoineadh sa chistin.

Bhraith Sorcha go huafásach. Ghníomhaigh sí gan smaoineamh, agus anois bhí brón uirthi. Ní raibh sé sin tuillte ag a máthair. Faoi dheireadh tháinig Sorcha amach as an seomra suí agus lig sí uirthi nach raibh a fhios aici cad a tharla.

'Cad atá ar siúl?' a d'fhiafraigh sí, ag iarraidh gan breathnú ciontach.

'Ó, ná bíodh imní ort.' A dúirt Mamó. 'Thit dealbh do mhamaí ar an urlár. B'fhéidir gur thit sí nuair a d'oscail mé an doras, níl mé cinnte. Ach tá brón orm dá bharr.'

Anois mhothaigh Sorcha níos measa fós. 'Táim cinnte nach raibh an locht ortsa, a Mhamó…,' a thosaigh sí.

Tháinig Mam as an gcistin, a súile fós dearg aici. 'Seo duit do lón, a stór,' a dúirt sí, ag iarraidh aoibh gháire bréige a chur ar a haghaidh. 'Ar aghaidh leat anois, nó beidh tú déanach. Bíodh lá maith agat.'

Ach ní raibh lá maith ag Sorcha. I rith an lá ar fad bhraith sí go dona faoin méid a bhí déanta aici. 'Cén fáth a ndearna mé a leithéid?' a d'iarr sí uirthi féin go minic. 'Nach dochar an méid atá déanta agam. Is mian liom go bhféadfainn é a chealú!'

Amuigh sa chlós, thosaigh argóint idir Sorcha agus a cairde, agus nuair a d'fhiafraigh a múinteoir di an raibh gach rud ceart go leor, dúirt sí. 'Ní theastaíonn uaim labhairt faoi.'

Nuair a tháinig sí abhaile an tráthnóna sin, d'fhéach Sorcha ar an spás folamh ar bhord an halla áit a raibh an dealbh. 'Caithfidh mé rud éigin a dhéanamh chun rudaí a chur i gceart,' a cheap sí. Go tobann tháinig sí ar phlean…

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur orthu cosúil leo seo a leanas, atá ar fáil freisin **ar lch 126 dá leabhar:**

- Cén fáth a raibh meas chomh mór sin ag máthair Shorcha ar an dealbh ghloine?
- Cén fáth a ndúirt máthair Shorcha nach mbeadh sí in ann an péire bróg reatha a theastaigh uaithi a cheannach dá breithlá?
- Cén fáth ar shocraigh Sorcha an dealbh a leagan?
- Seachas an dealbh a leagan d'aon ghnó, céard eile a rinne Sorcha a bhí mícheart?
- Cá bhfios duit go raibh Sorcha míshásta leis an méid a bhí déanta aici?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, nár admhaigh Sorcha go raibh sí ciontach láithreach?
- Cén chaoi a bheadh an scéal, dar leat, leis an mháthair agus an seanmháthair, dá mbeadh Sorcha macánta ar an bpointe boise?
- An gceapann tú go bhfuil sé deacair é a admháil nuair a rinne tú rud éigin mícheart? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil? Cén fáth go mbíonn sé deacair?
- Smaoinigh ar am nuair a rinne tú rud éigin mícheart. Ar admhaigh tú go ndearna tú é? Cén fáth nó cén fáth nár admhaigh tú? Más ea, ar thug an duine maithiúnas duit? Conas a mhothaigh tú ina dhiaidh sin?

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### MAIDIR LE CÁS SHORCHA

- Cuir i gcuimhne na bpáistí, ag deireadh an scéil, gur tháinig Sorcha ar phlean chun rudaí a chur i gceart tar éis an méid a bhí déanta aici. Tabhair cuireadh do na páistí comhrá a dhéanamh i mbeirteanna faoi na rudaí a d'fhéadfadh a bheith i bplean Shorcha. Tabhair cúpla nóiméad do na páistí don ghníomhaíocht seo.
- Ansin tabhair cuireadh do roinnt páistí a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.
- Ag an deireadh, bíodh díospóireacht ag an rang iomlán leis na heilimintí seo a leanas inti:
  - Ar cheart nó nár cheart do Shorcha leithscéal a ghabháil;
  - Cad a d'fhéadfadh Sorcha a dhéanamh chun nithe a thabhairt chun réitigh;
  - Conas a d'fhéadfadh Sorcha freagairt i gcás den chineál céanna sa todhchaí;
  - An chaoi a d'fhéadfadh máthair Shorcha freagairt do leithscéal Shorcha.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu phléamar na roghanna a rinne cailín darbh di Sorcha. Bhí tionchar ag na roghanna sin ar Shorcha agus ar a teaghlach araon.

Déanaimid roghanna gach lá dár saol. Uaireanta déanaimid na roghanna cearta. Ag amanna eile déanaimid roghanna míchearta agus déanaimid rudaí a mbíonn brón orainn fúthu ina dhiaidh sin.

Tógfaimid nóiméad anois chun machnamh a dhéanamh ar ár saol agus ar na roghanna atá déanta againn le déanaí. Tá a fhios againn, nuair a aithnímid go bhfuilimid mícheart agus go bhfuil brón orainn, go maitheann Dia ár gcionta dúinn i gcónaí agus spreagann sé dúinn iarracht a dhéanamh arís.

Má tá tú compordach, b’fhéidir gur mhaith leat do shúile a dhúnadh. (*Sos*)
Tóg anáil dhomhain isteach … agus amach … (*Sos*)

Dúirt Íosa linn gur cheart dúinn, mar a lucht leanúna, grá a thabhairt do Dhia, agus grá a thabhairt dár gcomharsana faoi mar a thugaimid grá dúinn féin. Déanaimis machnamh ar na nithe seo ar feadh nóiméid.

Smaoinigh ar do chaidreamh le Dia …
An ndéanann tú am do Dhia i do shaol gnóthach? (*Sos*)
An labhraíonn tú le Dia … ag guí? (*Sos*)
An cuimhin leat buíochas a ghabháil le Dia as gach rud maith atá agat? (*Sos*)

Anois, smaoinigh ar do chaidreamh le daoine eile …
An léiríonn tú grá agus meas do bhaill an teaghlaigh? (*Sos*)
An roinneann tú go fial le daoine eile? (*Sos*)
An ndéanann tú iarracht do dhícheall a dhéanamh daoine atá fágtha amach a chur san áireamh? (*Sos*)

Smaoinigh ar an dóigh a gcaitheann tú leat féin …
An mbíonn eagla ort an rud ceart a dhéanamh? (*Sos*)
An dtugann tú aire do do shláinte trí do bhéilí a ithe, trí aclaíocht a dhéanamh agus trí do scíth a ligean? (*Sos*)
An ndéanann tú iarracht do dhícheall a dhéanamh i ngach rud a dhéanann tú? (*Sos*)

A Athair Neamhaí,
tá a fhios againn go bhfuil tú réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn. Cabhraigh linn na hamanna sin a aithint nuair a rinneamar an rogha mícheart agus nár leanamar bealach an ghrá. Tabhair neart dúinn saol níos fearr a chaitheamh, ag leanúint sampla do Mhac, Íosa, agus le cabhair an Spioraid Naoimh.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN BPEACA

- Tosaigh tríd an scéal 'An Dealbh Ghloine' a thabhairt chun cuimhne agus cuidigh leis na páistí cuimhneamh go raibh an méid a rinne Sorcha mícheart, agus ar an bhfáth go ndearna sí é sin.
- Fiafraigh de na páistí cad is cuimhin leo faoin méid a d'fhoghlaim siad faoi Pheaca an tSinsir níos luaithe i mbliana (Téama 2, Ceacht 3).
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig na hailt seo a leanas faoin gcaoi ar tháinig peaca isteach ar domhan agus an chiall atá le peaca. Tá na hailt seo ar fáil **ar lch 126 de leabhar na bpáistí freisin:**

**Mar a Tháinig Peaca ar Domhan**
Ar dtús, nuair a chruthaigh Dia an domhan, bhí gach rud ann foirfe. Bhí gach rud a theastaigh uathu i nGairdín Éidin ag Ádhamh agus Éabha. Ach de réir a chéile, de réir mar a chuaigh siad i dtaithí ar na rudaí maithe uile a thug Dia dóibh, thosaigh Ádhamh agus Éabha ag iarraidh níos mó. Agus mar sin, cuireadh cathú orthu neamhaird a thabhairt ar Dhia (**peaca a dhéanamh**) chun an méid a bhí uathu a fháil. Is mar sin a tháinig peaca isteach ar domhan, agus tá sé ar domhan riamh ó shin. Tugtar **'an Titim'** ar an nóiméad a cheadaigh Ádhamh agus Éabha dóibh féin glacadh leis an gcathú neamhaird a thabhairt ar Dhia.

**Cad a Tharlaíonn Nuair a Pheacaímid?**
Nuair a pheacaímid, roghnaímid d'aon ghnó neamhaird a thabhairt ar Dhia, cé go bhfuil a fhios againn go bhfuil sé mícheart é sin a dhéanamh. Ní taisme riamh é sin - is rogha d'aon ghnó é i gcónaí. Déanaimid peaca nuair a ghníomhaímid i gcoinne dhlí ghrá Dé, a iarrann orainn grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt dár gcomharsa. Déanaimid peaca freisin nuair a roghnaímid gan an rud atá ceart, mar is eol dúinn, a dhéanamh. Nuair a pheacaímid, déanaimid dochar dár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile.

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go dtugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca. Ba iad Ádhamh agus Éabha na daoine a bhí ar domhan ón tús, agus is muid uile a sliochtaigh. Táimid go léir in ann, mar a bhí siad, géilleadh don chathú agus peaca a dhéanamh. Seo í an chiall a bhaineann le bheith beirthe le Peaca an tSinsir.
- Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na páistí nóiméad a ghlacadh chun a ghabháil leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' **ar lch 126 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar am nuair a rinne tú peaca … Smaoinigh ar a thug ort an cinneadh a dhéanamh chun peaca a dhéanamh ... Ar tháinig an cathú uait féin, mar a tharla le Sorcha, nó ón dtaobh amuigh, mar a tharla le hÁdhamh agus Éabha? ... Tabhair chun cuimhne conas a mhothaigh tú ag an am … Inis do Dhia, agus do ghuth inmheánach á úsáid agat nach féidir le duine eile a chloisteáil, conas a bhraitheann tú anois faoin gcinneadh a rinne tú gníomhú ar an mbealach sin ... Tá a fhios againn go bhfuil Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn. Tá grá Dé i gcónaí ann dúinn, is cuma cad a tharlaíonn ... Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

## AG COMHRÁ

### FAOI GHEALLTANAS DÉ MAIDIR LE SLÁNAITHEOIR

- Tosaigh trí a chabhrú leis na páistí cuimhneamh ar an míniú atá leis 'An Titim' agus 'Peaca an tSinsir'.
- Mínigh nár theastaigh riamh ó Dhia go mbeadh daoine ag maireachtáil go peacúil, mar sin gheall Dia, díreach tar éis an Titim, go seolfadh sé Slánaitheoir chun an cine daonna a shábháil ón bpeaca. Thabharfadh an Slánaitheoir seo grá Dé don domhan agus a thaispeánfadh sé bealach le maireachtáil don domhan a bhí saor ón bpeaca.
- Féach an féidir leis na páistí cuimhneamh ar an ainm a tugtar ar na teachtairí a chuir Dia chun insint do na daoine faoi ghealltanas Dé. (*fáithe*)
- Thug na hIosraeilítigh 'Meisias' ar an Slánaitheoir a bhí geallta ag Dia. Focal Eabhraise is ea 'Meisias' a chiallaíonn 'an duine atá ungtha' nó 'an duine atá roghnaithe'.
- Féach an féidir leis na páistí cuimhneamh ar an bhfear a d'ullmhaigh an bealach don Slánaitheoir. (*Eoin Baiste*) Agus féach an féidir leo ainm a thabhairt ar an Slánaitheoir.
- Tabhair cuireadh do na páistí an méid is féidir leo a thabhairt chun cuimhne faoin méid a d'fhoghlaim siad faoi Eoin Baiste roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé*. B'fhéidir gur mhaith leat úsáid a bhaint as an chairt seo a leanas chun cabhrú leat an oiread agus is féidir leat a fháil uathu faoi Eoin Baiste.

**Tuismitheoirí:** Eiliosaibeit agus Zachairias
**Gaolta:** Muire (col ceathrar Eiliosaibeit) agus Íosa
**Áit bhreithe:** Ein Karem, sráidbhaile siar ó Iarúsailéim
**Mhair sé:** I dtalamh fiáin (fásach)
**Cothú:** Lócaistí agus mil fhiáin
**Éadaí:** Éadach de rón camaill, agus crios leathair faoina choim
**Cén fáth go bhfuair sé an teideal 'Eoin Baiste':** Bhaist sé daoine, Íosa ina measc

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### ULLMHAÍONN EOIN BAISTE AN BEALACH

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus tú ag léamh an tuairisc seo ón Soiscéal de réir Eoin faoi theacht Eoin Baiste, a d'ullmhódh an bealach d'Íosa, an 'solas'.

**Eoin Baiste (Eoin 1:6-9, 15)**

Bhí fear a tháinig ina theachtaire ó Dhia, agus Eoin ab ainm dó. Tháinig sé ag déanamh fianaise chun fianaise a thabhairt i dtaobh an tsolais chun go gcreidfeadh các tríd. Níorbh é féin an solas ach tháinig ag tabhairt fianaise i dtaobh an tsolais. An solas fírinneach a shoilsíonn gach aon duine, bhí sé ag teacht ar an saol…

Tagann Eoin ag tabhairt fianaise ina thaobh agus glaonn in ard a ghutha: 'É seo an té a ndúirt mé faoi: An té atá ag teacht i mo dhiaidh, tá an tosach aige orm mar bhí sé ann romham.'

Ansin léigh an sliocht seo a leanas ón Soiscéal de réir Mhatha, agus iarr ar na páistí aird a thabhairt ar an focail a d'úsáid Eoin Baiste ag insint do dhaoine faoin té a bhí ag teacht, agus faoin gcaoi ar chóir dóibh ullmhú dó.

**Seanmóireacht Eoin Baiste (Matha 3:1-2, 4-6, 11)**

Sna laethanta sin, tháinig Eoin Baiste i láthair agus é ag seanmóir i bhfásach Iúdáia: 'Déanaigí aithrí,' deireadh sé, 'mar tá ríocht na bhflaitheas in achmaireacht.'

Agus Eoin féin, bhí éadach de rón camaill air, agus crios leathair faoina choim, agus is é bia a bhíodh aige, lócaistí agus mil fhiáin. Ansin, bhí na daoine ag teacht amach chuige ó Iarúsailéim agus ó Iúdáia go léir agus ó cheantar uile na hIordáine, agus iad ag fáil bhaiste uaidh in abhainn na hIordáine ag admháil a bpeacaí.

[Dúirt Eoin] 'Táimse do bhur mbaisteadh le huisce, i gcomhair na haithrí; ach an té atá ag teacht i mo dhiaidh is treise é ná mise, agus ní fiú mé a bhróga a bhaint de: baistfidh seisean sibh leis an Spiorad Naomh agus le tine.'

Tar éis duit na sleachta Scrioptúrtha a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ceisteanna ar ord níos ísle cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna **ar leathanach 127 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad iad na focail sa chéad sliocht thuas a dhéanann cur síos ar an duine a bhí le teacht? (*an solas*)
- De réir an dara sliocht thuas, cad a d'iarr Eoin ar na daoine a dhéanamh mar ullmhúchán do 'ríocht na bhflaitheas'? (*déanaigí aithrí*)
- Déan cur síos ar an mbealach ar ghléas agus ar mhair Eoin nuair a bhí sé san fhásach.
- Cad a rinne na daoine a tháinig chuig Eoin sula ndearna sé iad a bhaisteadh? (*d'admháil siad a bpeacaí*)
- Bhaist Eoin na daoine le huisce. Conas a dhéanfadh an 'duine a thiocfaidh i mo dhiaidh' daoine a bhaisteadh, dar leis? (*leis an Spiorad Naomh agus le tine*)

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Ciallaíonn 'aithrí a dhéanamh' ná brón a bheith orainn as an éagóir a rinneamar agus maithiúnas Dé a lorg. Cén fáth an gceapann tú gur chreid Eoin gur chóir do dhaoine aithrí a dhéanamh agus iompú óna bpeacaí?
- Bíonn sé deacair aithrí a dhéanamh. An féidir leat a rá linn faoi am nuair a dúirt tú go raibh brón ort as rud éigin mícheart a rinne tú, agus go ndearna tú iarracht gan é a dhéanamh arís?

**Tá na sleachta Scrioptúrtha thuas ar leathanach 127 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag an páistí na sleachta a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ag barr lch 128.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### FAIGHIMID AMACH CÉRBH É AN SLÁNAITHEOIR

Sula léann tú an sliocht ó na Scrioptúir thíos, cuir i gcuimhne do na páistí gurbh é Eoin Baiste an duine a sheol Dia chun na daoine a ullmhú le haghaidh teacht an Meisias. Mínigh do na páistí go nochtann an sliocht seo an méid a chreid Eoin faoin Meisias.

**Íosa, Uain Dé (Eoin 1:29-31)**
Lá arna mhárach chonaic Eoin Íosa ag teacht chuige agus dúirt sé: 'Seo é Uan Dé a thógann peaca an domhain. Eisean an té a ndúirt mé faoi: 'Tá duine ag teacht i mo dhiaidh a bhfuil tosach aige orm, mar bhí sé ann romham.' Níorbh aithnid dom féin é, ach is chun go nochtfaí d'Iosrael é a tháinig mé ag baisteadh le huisce.'

Mínigh do na páistí go gcreidimidne, mar Chríostaithe, gurb é Íosa an Meisias, an Slánaitheoir a gheall Dia go seolfadh sé chugainn. Shábháil Íosa sinn ónár bpeacaí trí bhealach an ghrá a thaispeáint dúinn. Mar thoradh ar an ngrá seo fuair Íosa bás ar an gCros. Fuair Íosa bás as méid a ghrá do gach duine againn.

**Tá an sliocht Scrioptúrtha seo ar leathanach 128 de leabhar na bpáistí. Spreag iad chun an sliocht a léamh dóibh féin chomh maith leis an alt atá faoi.**

## AG COMHRÁ

### FAOIN GCARGHAS

Dúirt Eoin Baiste leis na daoine ullmhú do theacht Íosa trí chasadh ar shiúl ón bpeaca. Tréimhse faoi leith atá sa Charghas chun ullmhúchán, aithrí agus **athmhuintearas** a dhéanamh. Déan comhrá leis na páistí faoin gCarghas ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cá fhad a mhaireann an Carghas? (*Daichead lá*) Cén fáth? (*Toisc gurb é seo an tamall a chaith Íosa sa bhfásach*)
- Cathain a thosaíonn an Carghas? (*Céadaoin an Luaithrigh*) Cathain an bhfuil deireadh leis? (*Déardaoin na Comaoineach*)
- Cad iad na cineálacha rudaí a dhéanann daoine i rith an Charghais? (*m.sh. guí, troscadh,*

*staonadh, cabhraigh le daoine atá i ngátar*)

- Cén fáth a bhfuil séasúr an Charghais againn? (*Ullmhú don Cháisc, nuair a dhéanaimid ceiliúradh ar bhás agus ar Aiséirí Íosa, a ghlóiriú agus seoladh an Spioraid Naoimh*)

Críochnaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí an t-alt dar teideal 'An Carghas - Tréimhse Ullmhúcháin agus Aithrí' a léamh os ard. Tá an t-alt **ar lch 128 de leabhar na bpáistí.**

## AG COMHRÁ

### FAOI SHACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar '**Athmhuintearas**' san 'Eochairfhocail' **ar leathanach 126 dá leabhar** a léamh os ard.
- Ceistigh réamh-eolas na bpáistí faoi Shacraimint an Athmhuintearais, ag tosú leis an gcaoi a rinne siad an sacraimint a cheiliúradh nuair a bhí siad ag ullmhú don Chomaoineach Naofa i Rang a Dó.
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig **leathanach 128 dá leabhar**, áit ar féidir leo an ráiteas seo a léamh faoi Shacraimint an Athmhuintearais:

**Sacraimint an Athmhuintearais**

I Sacraimint an Athmhuintearais, maitheann Dia ár bpeacaí, tríd an sagart a ghníomhaíonn thar ceann Dé. Tugann an t-athmhuintearas ar ais sinn i gcaidreamh grámhar le Dia. Trí Shacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh go rialta, éireoidh ár gcaidreamh le Íosa níos láidre, ionas go mbeimid in ann maireachtáil mar a d'iarr sé orainn.

- Mínigh do na páistí, mar ullmhúchán do Shacraimint an Athmhuintearais, go smaoinímid ar na hamanna nár leanamar Dlí an Ghrá; na hamanna nuair nach raibh grá againn do Dhia agus do dhaoine eile.
- Mar chuid de Shacraimint an Athmhuintearais, is féidir leis an sagart a iarraidh orainn paidreacha a rá nó gníomh éigin a dhéanamh chun drochéifeachtaí na bpeacaí a rinneamar a mhaitheamh. Faighimid grásta Dé freisin chun cuidiú linn Dlí an Ghrá a leanúint níos mó sa todhchaí.

Tochail níos doimhne isteach i Sacraimint an Athmhuintearais ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Braitheann daoine áirithe níos fearr nuair a insíonn siad do Dhia, trí Shacraimint an Athmhuintearais, faoi na rudaí mícheart a rinne siad, agus nuair a chloiseann siad go bhfuil maithiúnas tugtha ag Dia dóibh. Cén fáth, an gceapann tú, go mbeadh cúrsaí amhlaidh?
- An cuimhin leat an chéad uair a rinne tú Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh? Cad atá mar an gcéanna nó difriúil faoin mbealach ina ndéanann tú an sacraimint a cheiliúradh anois?

Críochnaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an dara gníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' **ar leathanach 128 dá leabhar.**

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Mar thoradh ar ghníomhartha Ádhaimh agus Éabha agus toisc go ndearna siad neamhshuim ar Dhia, beirtear gach duine le Peaca an tSinsir. Ní theastaíonn ó Dhia go mairfeadh daoine go peacúil, mar sin gheall sé, díreach i ndiaidh 'An Titim', go seolfadh sé Slánaitheoir chun an cine daonna a shábháil ón bpeaca. Ba é Íosa an Slánaitheoir sin. Chuir Dia Eoin Baiste ar an saol chun an bealach a ullmhú d'Íosa. Teachtaireacht na haithrí ab ea teachtaireacht Eoin. D'iarr sé ar dhaoine iompú óna bpeacaí. Le linn an Charghais, is féidir linn ullmhú chun Aiséirí Íosa 'a cheiliúradh trí ghníomhartha aithrí a dhéanamh. I Sacraimint an Athmhuintearais déanaimid ceiliúradh ar mhaithiúnas grámhar Íosa Críost ar bhealach ar leith.

## AG COMHRÁ

### FAOI SHACRAIMINT AN ATHMHUINTEARAIS

- Tosaigh trí chur in iúl do na páistí go mbíonn ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas i gceist le gealltanais don Charghas a dhéanamh:
  - **Urnaí**
  - **Staonadh:** ag roghnú gan rud a thaithníonn linn a dhéanamh
  - **Carthanacht/Roinnt le daoine eile**: go háirithe do dhaoine atá i ngátar
- Ansin mínigh do na páistí go mb'fhéidir gur mhaith leo an ceathrú gné a chur lena ngealltanais don Charghas: **Athmhuintearas**.
- Spreag na páistí chun ceann amháin de na ceithre nithe thuas a dhéanamh gach seachtain den chéad cheithre seachtain den Charghas. Le linn an chúigiú agus an séú seachtain den Charghas d'fhéadfaidís ceann de na gníomhaíochtaí a athdhéanamh (*m.sh: Seachtain a hAon: Urnaí; Seachtain a Dó: Staonadh; Seachtain a Trí: Carthanacht/Roinnt le daoine eile; Seachtain a Ceathair: Athmhuintearas; Seachtain a Cúig: Urnaí; Seachtain a Sé: Staonadh*).

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO GHEALLTANAIS DON CHARGHAS

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 128 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh a ngealltanais don Charghas a chumadh faoi na ceithre cheannteideal seo: Urnaí; Staonadh; Carthanacht/Roinnt le daoine eile; Athmhuintearas.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COLLÁIS LEIS NA GEALLTANAIS DON CHARGHAS

**Nóta:** *Beidh leathanach A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste. Beidh ceithre chiseán/ choimeádán ag teastáil uait freisin chun saothar ealaíne na bpáistí a bhailiú iontu.*

- Tabhair bileog de pháipéar A4 do gach páiste agus iarr orthu é a ghearradh ina cheithre chuid ionas go mbeidh ceithre phíosa de pháipéar acu.
- Ansin iarr ar na páistí rud éigin a scríobh nó a tharraingt faoi gach ceann dá nGealltanais don Charghas (*Urnaí, Staonadh, Carthanacht/Roinnt le daoine eile, Athmhuintearas*) ar cheann de na píosaí páipéir.
- Bailigh na gealltanais don Charghas i gceithre chiseán/choimeádán mar ullmhúchán don seirbhís urnaí.
- Tar éis an urnaí, bainfidh na páistí úsáid as na gealltanais chun colláis a dhéanamh.

## PAIDIR

**Nóta:** *Má tá luaithreach le dáileadh, beidh ort é a bheith réidh roimh an tseirbhís urnaí seo. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar páiste chun na ciseáin a iompar leis an saothar ealaíne go dtí an spás urnaí ag an am cuí. Roghnaigh páiste amháin chun an sliocht as an Soiscéal a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo cuirimid tús le turas an Charghais chun ullmhúchán a dhéanamh aiséirí Íosa a cheiliúradh, rud a lean a fhulaingt agus a bhás. Cuimhnímid ar dtús ar an am a chaith Íosa sa bhfásach.

**Léitheoir:** Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Lúcás.
**Gach duine:** Glóir duit, a Thiarna.

*Tháinig Íosa, agus é lán den Spiorad Naomh, ar ais ón Iordáin, agus seoladh faoi luí an Spioraid san fhásach é go ceann daichead lá, á phromhadh ag an diabhal. Agus níor ith sé aon ní sna laethanta sin, agus nuair a bhí siad caite bhí ocras air. Dúirt an diabhal leis: "Más tú Mac Dé, abair leis an gcloch seo arán a dhéanamh di."*

*Agus d'fhreagair Íosa é: "Tá scríofa: 'Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine.' "*

*Agus tar éis do é a sheoladh suas ar ard, thaispeáin sé dó ríochtaí uile na cruinne i nóiméad aimsire; agus dúirt an diabhal leis: "Tabharfaidh mé duit an forlámhas seo uile agus a nglóir siúd, óir is ar mo láimh a tugadh é, agus tugaim dó cibé is áil liom é. Dá bhrí sin, má dhéanann tusa adhradh i mo láthair, is leat é uile."*

*Dúirt Íosa leis á fhreagairt: "Tá scríofa: 'Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís.' "*

*Ansin sheol sé go Iarúsailéim é, chuir sé ar bhinn an Teampaill é agus dúirt leis: "Más tú Mac Dé, caith tú féin as seo síos; óir tá scríofa: 'Tabharfaidh sé ordú dá aingil mar gheall ort, chun go ngardálfaidís tú'; agus: 'Iompróidh siad ina lámha tú, le heagla go mbuailfeá do chos faoi chloch.' "*

*Dúirt Íosa leis á fhreagairt: "Tá ráite: 'Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.' "*

*Agus tar éis don diabhal é a phromhadh i ngach slí, d'fhág sé é nó go dtiocfadh an uain.* (Lúcás 4:1-13)

Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

*Má tá luaithreach ar fáil, is féidir é a dháileadh anois.*

*Má leanann an tseirbhís urnaí seo do Ghníomhaíocht Ealaíne, lean ar aghaidh mar seo:*

**Múinteoir:** Inniu, rinneamar gealltanais a bheith ag urnaí, ag staonadh, ag roinnt le daoine eile, go háirithe le daoine bochta, agus athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus le daoine eile. Déanaimid na rudaí seo mar chuid d'ár dturas don Charghais. De réir mar a thugtar ár ngealltanais chuig an altóir, guímis go ciúin go mbeidh an misneach againn iad a choinneáil.

*Iompraíonn ceathrar páiste na ciseáin leis na gealltanais, a rinne na páistí don Charghais, chuig an altóir.*

**Múinteoir:** A Íosa, ár múinteoir agus ár dTiarna, trí do chuid briathra agus do ghníomhartha thug tú an sampla is fearr dúinn ar an gcaoi ar chóir dúinn maireachtáil.
Go bhféadfaimis, do lucht leanúna, do shampla a leanúint, ionas go mbeimid in ann na gealltanais atá déanta againn a choinneáil.
Bí linn agus muid ag iarraidh athmhuintearas a dhéanamh le Dia agus le daoine eile, mar a d'iarr do chol ceathrar Eoin orainn a dhéanamh.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Muire, Máthair Dé agus ár máthair

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ba chóir an ceacht seo a mhúineadh i rith Mí na Bealtaine.

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Mystery of God**

- Bhí grá ag Dia dúinn agus bhí meas aige orainn sular rugadh sinn. 'Táimid luachmhar i súile Dé' (Ir 1:5).
- Is bronntanas ó Dhia é an creideamh agus is tríd a chuirimid ár muinín in aire Dé (GDC, 55; ChEC 150,153, 179, 227).

**Muire**

- Thug Dia grásta speisialta do Mhuire dá misean (Lúc 1:28; LG 56; ChEC 490, 722).
- Ghlac Muire lena ról i bplean Dé don slánú nuair a ghlac sí go toilteanach lena cúram le a bheith mar mháthair Dé.
- Ba bean lán le creideamh, umhlaíocht agus eagna í Muire (ChEC 148-49, 273, 494, 511, 721, 967, 2617-19).
- Tháinig méadú ar chreideamh Mhuire (LG 58).
- Thug Muire a saol dá Mac agus a chuid oibre (LG 56).
- Coinníodh Muire saor go hiomlán ó lorg pheaca an tsinsir agus d'fhan sí saor ó gach peaca pearsanta ar feadh a saoil (ChEC 508: An Ghiniúint gan Smál).
- Nuair a bhí saol Mhuire ar an domhan thart, tógadh a corp agus a hanam suas go glóir na bhflaitheas (Deastógáil na Maighdine Muire: LG 59; ChEC 974).

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Memorare
- Salve Regina/ Go mbeannaítear duit, a Bhanríon, a Mháthair na trócaire

An Bhliain Liotúirgeach

- Féilte Liotúirgeacha Mhuire: Deastógáil na Maighdine Muire.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Taispeánann gach a bhfuil ar eolas againn faoi Mhuire gur duine misniúil, cineálta agus láidir a bhí inti. Ghlac sí go misniúil le toil Dé a bheith ina máthair dá Mhac, Íosa, agus bhí muinín aici as Dia go dtabharfadh sé aire di. Thaispeáin sí comhbhá agus cineáltas lena col ceathrar Eiliosaibeit nuair a fuair sí amach go raibh Eiliosaibeit ag iompar clainne ag an am céanna léi féin, agus rinne sí iarracht cuidiú láithreach leis an lánúin ag an mbainis i gCána nuair a fuair sí amach nach raibh go leor fíona acu dá n-aíonna. Thaispeáin sí muinín agus creideamh i nDia ar feadh a saoil agus thaispeáin sí dílseacht agus deabhóid dá Mac, go dtí go bhfuair sé bás ar an gCros.

Tá an Choróin Mhuire ar cheann de na deabhóidí is mó in onóir Mhuire. Léiríonn Rúndiamhra na Corónach Muire gnéithe éagsúla de shaol Íosa agus Muire. Sa bhliain 2002, chuir an Pápa Eoin Pól II, atá ina naomh anois, sraith nua Rúndiamhra sa Choróin Mhuire. Díríonn na Rúndiamhra Solasmhara ar chúig ócáid faoi leith i saol Íosa. Tugtar cúig rúndiamhra Solasmhara na Corónach Muire (Rúndiamhra an tSolais) ar na rúndiamhra nua seo.

Tá go leor féastaí tiomnaithe ag an Eaglais in onóir Mhuire agus díríonn gach féasta acu ar ghné éagsúil dá saol. Agus na féastaí seo á foghlaim againn faighimid tuiscint níos mó ar Mhuire ar a saol agus ar a pearsantacht.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Deastógáil na Maighdine Muire:** Nuair a tháinig deireadh le saol domhanda Mhuire, tógadh í idir anam agus corp go dtí na Flaithis, faoi ghlóir. Tugaimid an téarma Deastógáil na Maighdine Muire air seo, agus is í seo a cheiliúraimid ar Lá Fhéile na Deastógála ar an 15 Lúnasa.
- **Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire:** Ciallaíonn sé seo go raibh Muire saor ó pheaca ó thús a saoil, agus d'fhan sí saor ó pheaca ar feadh a saoil. Seo a cheiliúraimid ar Lá Fhéile Mhuire gan Smál ar an 8 Nollaig.
- **Teachtaireacht an Aingil:** Cuairt an aingil Gaibriéil chuig an Maighdean Mhuire le hinsint di gur roghnaigh Dia í chun a bheith ina máthair ag Mac Dé, Íosa. Ghlac Muire le plean Dé di agus, le cumhacht an Spioraid Naoimh, bhí sí ina máthair ag Íosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach páiste.

# Féachaimis …

## SCÉAL

### Grá na Máthar

Bhí an-áthas ar Caoimhe agus ar Fionn go raibh áit ag a máthair sa bhabhta ceannais de thráth na gceist CLG Chorcaí. Ba é an duais ná €2,000 agus cuairt dhá oíche in óstán i Maigh Eo. Bhí Caoimhe agus Fionn tar éis tosú ag aisling faoi na rudaí a d'fhéadfadh a máthair a cheannach dóibh as an airgead buaite. Cé go ndúirt sí leo gan dul thar fóir ar fad, bhí bataí druma nua, fearas spóirt agus go leor éadaí nua ina n-intinní acu.

Gheall na páistí cuidiú lena máthair ullmhú don chluiche ceannais. Bhí na turais go dtí an scoil agus ón scoil nó go dtí traenáil agus ón dtraenáil nó ón snámh lán de cheisteanna. Bhí a fhios ag Caoimhe gurb é an réimse is laige a bhí ag a máthair ná spóirt. Ní hamháin gur chuir Caoimhe ceisteanna spóirt le chéile chun go leor cleachta a thabhairt dá máthair, thug sí leideanna di faoi conas cuimhneamh ar na freagraí. Mar shampla, ceann de na ceisteanna a bhí ann ná, 'Cé a bhí ina chaptaen ar Luimneach chun Craobh Iomána Sinsearach na hÉireann 2018 a bhuachan?' Chun cabhrú lena máthair cuimhneamh ar an bhfreagra, dúirt sí léi smaoineamh ar Áth Dara - áit as a dtáinig a fear céile, agus gur as sin a tháinig Déaglán Ó hAnnáin captaen Luimnigh.

Mar chuid den ullmhúchán don chluiche ceannais, tháinig máthair na bpáistí agus an iomaitheoir eile, fear meánaosta, le chéile ar an stáisiún raidió áitiúil. Tar éis an seó, d'fhiafraigh Caoimhe agus Fionn cén chuma a bhí ar an bhfear. Dúirt a máthair go raibh trua aici dó mar go raibh sé as obair agus go raibh teaghlach óg aige agus bhí a fhios aici go gcabhródh an bua i dtráth na gceist go mór leis. Chuir na páistí i gcuimhne dá máthair go raibh an bua i dtráth na gceist tábhachtach dóibh freisin. Rinne sí aoibh gháire agus dúirt sí gur chabhraigh siad go mór léi agus go ndéanfadh sí a dícheall.

Oíche an bhabhta ceannais, bhí gach duine neirbhíseach. Thug Caoimhe agus Fionn sonóg dea-ádh dá máthair agus cárta urnaí beag. Ag céimeanna difriúla le linn an bhabhta bhí siad corraithe leis an teannas ar fad. Ag deireadh an bhabhta, bhí na scóir ceangailte, agus mar sin bheadh ceist réitigh ann. Roimhe sin, bhí sos gairid ann, agus ghlac a máthair agus an iomaitheoir eile an deis chun comhrá



a dhéanamh ar feadh nóiméid. D'fhéadfadh Caoimhe agus Fionn a fheiceáil cé chomh neirbhíseach is a bhí an fear. Chun cabhrú leis a bheith socair, d'iarr a máthair air í a chur in aithne dá theaghlach. Chuaigh sí chun cainte leo, agus dúirt na leanaí óga léi faoi na rudaí a d'fhéadfadh tarlú dá mbeadh an bua ag a n-athair.

Glaodh gach duine ar ais chuig a suíocháin agus d'fhógair fear na gceisteanna gur ceist spóirt a bheadh sa chéad cheist réitigh. Agus é sin á chloisteáil acu, ní raibh Caoimhe agus Fionn muiníneach. Ach samhlaigh iontas na bpáistí nuair a cuireadh an cheist, 'An dtig leat ainm a thabhairt ar chaptaen iomána Luimnigh a threoraigh a fhoireann go dtí teideal iománaíochta Uile-Éireann sa bhliain 2018?' Bhí Caoimhe agus Fionn ar bís anois, ach ansin thug siad faoi deara nár bhruaigh a máthair a dordánaí agus níor bhruaigh an fear eile ach an oiread. Bhí mearbhall orthu! Conas a d'fhéadfadh sí dearmad a dhéanamh ar ainm Déaglán Ó hAnnáin agus an ceangal iomlán a bhí ann le hÁth Dara? Chuir fear na gceisteanna an dara ceist réitigh. Rud éigin faoi gheolaíocht a bhí ann - agus bhruaigh an iomaitheoir eile a dhordánaí ar dtús agus d'fhreagair sé an cheist i gceart.

Bhí na páistí croíbhriste agus díomá orthu lena máthair. D'fhéach siad fad is a rinne sí comhghairdeas leis an bhfear agus lena theaghlach, a bhí ar bís. Ansin tháinig sí trasna chucu agus thug siad barróg mór dóibh. D'iarr Fionn ar a mháthair an amhlaidh go ndearna sí dearmad ar an bhfreagra ar an gceist iománaíochta. Sula raibh seans aici freagra a thabhairt, dúirt Caoimhe, 'déarfainn nach ndearna tú dearmad, a Mhamaí, an ndearna tú?'

'B'fhéidir go ndearna mé agus b'fhéidir nach

• • •

• • •

ndearna mé,' a d'fhreagair a máthair, agus le meangadh gáire lean sí uirthi, 'uaireanta tá sé níos tábhachtaí a bheith cineálta ná an bua a bheith agat!' Ansin threoraigh sí a n-aird chuig áthas teaghlach an fhir eile. 'Dúirt mé libh go ndéanfainn mo dhícheall - agus sílim go ndearna mé é sin!'

'An raibh sé deacair gan an freagra a thabhairt nuair a bhí sé ar eolas agat?' a d'iarr Fionn.

'Bhí sé deacair,' d'fhreagair sí le haoibh ghàire, 'ach mhúin an mháithreachas go leor dom faoi ghrá, lúcháir agus íobairt. Agus sin ráite agam, is cuid den saol é rud a bhuachan agus rud a chailleadh, agus nuair a smaoiním ar an bheirt agaibhse is dóigh liom gur bhuaigh mé an crannchur is mó riamh! Ar aghaidh linn chun roinnt uachtar reoite a fháil agus ceiliúradh a dhéanamh faoin méid atá againn!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur orthu cosúil leo seo a leanas, atá ar fáil **ar lch 130 dá leabhar freisin:**

- Cén duais a bhí ar fáil do bhuaiteoir thráth na gceist?
- Cén chabhair a thug Caoimhe agus Fionn dá máthair agus í ag ullmhú do thráth na gceist?
- Cén fáth a raibh trua ag máthair na leanaí don iomaitheoir eile?
- Cad a bhí níos tábhachtaí ná an bua, dar le máthair na leanaí?
- Cad a dúirt sí gur fhoghlaim sí ó bheith ina máthair?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go ndearna máthair na leanaí dearmad ar an bhfreagra a bhain le spórt? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cén fáth, dar leat, a thug Caoimhe buille faoi thuairim gur shocraigh a máthair d'aon ghnó gan freagra a thabhairt ar an gceist? Cad air a bhunaigh Caoimhe an tuairim a bhí aici?
- D'fhiafraigh Fionn dá mháthair an raibh sé deacair gan an freagra ceart a thabhairt nuair a bhí sé ar eolas aici. An dóigh leat go mbeadh sé deacair ort gan an freagra ceart a thabhairt i gcás mar sin? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Dúirt máthair na leanaí leo gur fhoghlaim sí go leor faoi ghrá, áthas agus íobairt ó bheith ina máthair. Cad a cheapann tú a bhí i gceist aici leis sin? Cén cineál eispéiris a mhúinfeadh máthair faoi ghrá, áthas agus íobairt? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí ar bith?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá cleachtadh fada ag an dtraidisiún Ceartchreidmheach bheith ag guí le híocóin. Úsáidtear íocóin mar fuinneoga chun na bhflaitheas. Soláthraíonn an ghníomhaíocht urnaí seo a leanas treoracha chun an leanaí a thabhairt isteach ar bheith ag guí ag úsáid *visio divina*.

## GNÍOMHAÍOCHT URNAÍ

### VISIO DIVINA

**Nóta:** *Taispeáin an íocón d'Ár Mháthair na Síor-chabhrach ar an gclár bán, nó tabhair cuireadh do na páistí féachaint ar an íomhá* ar leathanach 130 de leabhar na bpáistí.

*Comhartha na Croise*

Sula dtosaíonn tú ar ghníomhaíocht visio divina, tarraing aird na bpáistí go dtí an íocón - ar an gclár bán nó ina leabhar. Abair leo gur íocón d'Ár Máthair na Síor-chabhrach atá ann. Ciallaíonn an focal 'síor' 'gan críoch' nó 'buan'. Tugann an teideal seo do Mhuire le fios dúinn gurb í Muire ár Máthair neamhaí agus go bhfuil sí réidh agus ag fanacht i gcónaí chun cabhrú linn.

Roinn na léargais seo a leanas faoin íocón, atá **ar leathanach 130 de leabhar na bpáistí freisin:**



- Mícheál agus Gaibriéil, na hardaingil, tá siad ag iompar na n-uirlisí a bheidh in úsáid chun Íosa a chéasadh.
- Tá greim daingean ag Íosa ar a mháthair, agus is cosúil go gcuireann na híomhánna eagla air.
- Is cosúil go bhfuil ceann de chuaráin Íosa beagnach caillte aige. B'fhéidir go léiríonn sé seo dúinn gur léim sé isteach i mbaclainn a mháthar.
- Is comhartha é an cúlra órga de ghlóir an Aiséirí, trína ndearna Íosa bás agus fulaingt a shárú.

• Taispeánann an greim daingean atá ag Íosa ar a mháthair dúinn gur foinse chompoird, ghrá agus chúnaimh í.

Ansin lean ar aghaidh ag léamh na nótaí seo go mall, agus na páistí ag féachaint ar an íocón:

**Céim 1.** Féach go cúramach ar an íomhá. Agus tú ag féachaint, lig dod' shúile fanacht leis an gcéad rud a thugann tú faoi deara ... Déan iarracht do shúile a choinneáil ó chodanna eile den phictiúr… lig duit féin amharc ar an gcuid sin amháin den íomhá ar feadh nóiméid nó mar sin.

*(Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá go ciúin.)*

**Céim 2.** Anois, lig dod' shúile féachaint ar an íomhá iomlán … Tóg do chuid ama agus breathnaigh ar gach cuid den phictiúr … féach ar na sonraí go léir. Tabhair faoi deara cad air a bhfuil Muire ag breathnú…. Cad iad na smaointe atá aici? Cén fáth go bhfuil sí ag amharc ort? Déan machnamh air seo ar feadh nóiméid nó dhó.

*(Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá go ciúin.)*

**Céim 3.** Smaoinigh ar do fhreagraí ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na mothúcháin atá agat agus tú ag féachaint ar an íomhá?
- An gcuireann an íomhá rud ar bith i gcuimhne duit, nó an spreagann an íomhá tú chun rud ar bith a dhéanamh?
- An bhfuil aon rud ar mhaith leat a rá le Muire nó le hÍosa agus tú ag amharc ar an íomhá seo?

**Céim 4.** Anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis do Mhuire na smaointe agus na mothúcháin atá agat agus tú ag machnamh ar an íomhá seo d'Ár Máthair na Síor-chabhrach.

*(Tabhair cúpla nóiméad do urnaí agus do mhachnamh.)*

Iarr ar Mhuire do chuid riachtanais agus paidreacha a thabhairt dá Mac, Íosa. (*Sos*)

Gabh buíochas le Dia as bronntanas Mhuire, ár Máthair. (*Sos*)

**Múinteoir:** Téimid anois chuig Muire, Máthair Íosa agus ár Máthair, agus iarraimid uirthi a bheith ina foinse cúnaimh bhuan dúinn agus sinn ag guí le chéile i bhfocail an Salve Regina.

**Gach duine:** Go mbeannaithear duit, a Bhanríon,
a Mháthair na trócaire,
ár mbeatha, ár milseacht agus ár ndóchas,
go mbeannaithear duit.
Is ort a ghlaoimid, clann dhíbeartha Éabha.
Is chugat a chuirimid suas ár n-urnaí,
ag caoineadh agus ag gol,
sa ghleann seo na ndeor.
Ar an ábhar sin, ós tú ár n-abhcóide,
iompaigh orainn do shúile atá lán de thrua,
agus tar éis na deoraíochta seo
taispeáin dúinn Íosa, toradh beannaithe do bhroinne,
A Mhaighdean Mhuire cheansa, ghrámhar, mhilis.
Áiméan.

**Múinteoir:** Guímis anois an *Glóir don Athair.*
**Gach duine:** Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOI MHÁITHREACHAS

Déan comhrá leis na páistí faoi mháithreachas agus an chiall a bhaineann leis, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat ainmneacha na bpáistí sa scéal 'Grá na Máthar'?
- Cé go raibh an freagra ar an gceist réitigh ar eolas ag an mháthair, shocraigh sí gan an freagra a thabhairt. Cén fáth go ndearna sí é sin?
- An cuimhin leat an méid a dúirt sí faoi mháithreachas? (*Mhúin an mháithreachas go leor dom faoi ghrá, áthas agus íobairt.*) Cén fáth, dar leat, gur dóigh gur fhoghlaim sí faoi na nithe seo ó bheith ina máthair?
- An bhfaca sibh bhur máithreacha/ seanmháithreacha ag cur riachtanais daoine eile os comhair a riachtanais féin? Inis dúinn faoi sin.
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar ról máthar, nó ar na cáilíochtaí grámhara a bhíonn ag máithreacha?
- An tseachtain seo táimid ag foghlaim níos mó faoi Mhuire, Máthair Íosa agus ár Máthair. Cad iad na scéalta an cuimhin leat faoi Mhuire a léiríonn gur máthair ghrámhar d'Íosa a bhí inti?
- Is í Muire ár Máthair freisin. Conas a cheapann tú gur féidir linn dlúthchaidreamh a bheith againn le Muire? Conas nó cathain a d'fhéadfadh sí cabhrú linn?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TEACHTAIREACHT AN AINGIL

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht fad is a léann tú an cur síos faoi **Theachtaireacht an Aingil** ón Soiscéal de réir Lúcáis.

**Teachtaireacht an Aingil (Lúcás 1:26-38)**

Sa séú mí, cuireadh an t-aingeal Gaibriéil ó Dhia go dtí cathair sa Ghailíl darbh ainm Nazarat chun maighdine a bhí luaite le fear de theaghlach Dháiví darbh ainm Iósaef, agus b'é ab ainm don mhaighdean, Muire. Agus ar a theacht isteach chuici dúirt: 'Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná.'

Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo. Ach dúirt an t-aingeal léi: 'Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó ríchathaoir Dháiví a athair, agus beidh sé ina Rí ar theaghlach Iacóib go brách, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.'

Dúirt Muire leis an aingeal: 'Conas a bheidh seo amhlaidh, agus gan cuid agam d'fhear chéile?'



Agus dúirt an t-aingeal á freagairt: 'Tuirlingeoidh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort, agus sin é an fáth a mbeidh an leanbh naofa; glaofar Mac Dé air. Agus féach, Eiliosaibeit do bhean ghaoil, ghabh sise mac freisin ina seanaois, agus is é seo an séú mí aici siúd a dúradh a bheith aimrid. Óir níl ní ar bith dodhéanta ag Dia.' Dúirt Muire: 'Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail.' Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ceisteanna ó ord níos ísle cosúil leo seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna ar leathanach 131 de leabhar na bpáistí freisin:

- Cén teachtaireacht ó Dhia a thug an t-aingeal Gaibriéil do Mhuire?
- Conas a mhothaigh Muire faoin nuacht seo?
- Cén t-ainm a bheadh ar an leanbh, dar leis an aingeal?
- Cé a bhí ag iompar clainne le sé mhí, dar leis an aingeal?
- Cad iad na focail deiridh a labhair Muire leis an aingeal?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Bhí Muire le bheith pósta le Iósaef. Conas a cheapfá go mbraithfeadh sí nuair a chuala sí go mbeadh leanbh aici faoi chumhacht an Spioraid Naoimh, seachas le Iósaef?
- Conas a mhothaigh Iósaef, dar leat, nuair a chuala sé an nuacht sin?
- Chomh maith le Muire a chur ar a suaimhneas agus gan eagla a bheith uirthi, dúirt an t-aingeal le Muire nach bhfuil aon rud ann nach féidir le Dia a dhéanamh. Cén sampla a thug an t-aingeal do Mhuire chun é seo a léiriú? Conas a cheapann tú go gcabhródh an sampla seo le Muire?
- Dúirt Muire, 'Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail.' Taispeánann an ráiteas seo gur bean mhisniúil, mhuiníneach ab ea Muire. Cén fáth go raibh sí amhlaidh, dar leat?

**Tá scéal Teachtaireacht an Aingil ar leathanach 131 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …'.**

## GNÍOMHAÍOCHT GHRÚPA

### DEABHÓID DO MHUIRE Á LÉIRIÚ

- Roinn na páistí i ngrúpaí beaga.
- Inis dóibh gurb é an tasc atá acu ná an oiread rudaí a liostáil, agus is féidir leo smaoineamh orthu, a d'fhéadfaí a chur faoin gceithre cheannteideal seo:

  1. Urnaithe a bhaineann le Muire
  2. Iomainn/Amhráin faoi Mhuire
  3. Suíomhanna oilithreachta a thugann ómós do Mhuire
  4. Ainmneacha cailíní ar leaganacha iad den ainm 'Muire'

- Inis do na páistí go bhfuil trí nóiméad acu chun an tasc seo a chríochnú. Is é an cuspóir atá ann ná féachaint cé acu a bheidh an liosta is faide.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí smaoineamh siar ar na rudaí éagsúla atá foghlamtha acu faoi Mhuire in *I nGrá Dé*, chomh maith leis an méid a d'fhoghlaim siad sa bhaile nó ina bparóistí.
- Nuair a bheidh an tasc seo críochnaithe ag na páistí, seiceáil cén grúpa ag a bhfuil an liosta is faide acu ar mhír uimhir 1. Ansin iarr ar an ngrúpa sin a bhfreagraí a ghlaoch amach, fad is a scríobhann tú ar an gclár dubh/bán iad. Ansin iarr ar na grúpaí eile féachaint an féidir leo aon rud nua a chur leis an liosta sin. Lean leis an bpróiseas céanna leis na míreanna eile.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ba cóir go mbeadh na nithe seo a leanas ar eolas ag na páistí:
**Urnaithe:** *Sé do Bheatha, a Mhuire, Fáilte an Aingil, An Choróin Mhuire, An Magnificat, An Memorare, Go mbeannaithear duit, a Bhanríon.*
**Iomainn/Amhráin:** Páis Mhuire, Regina Caeli, A Mhuire Mháthair.
**Suíomhanna Oilithreachta:** Lourdes, Czestochowa, Guadalúip, Cnoc Mhuire, Fatima, Medjugorje.
**Ainmneacha Cailíní:** Máire, Muireann, Marie, Maria, Marion, Maura, Máirín, Maresa, Marita, Mariah, Moira, Myra, Maryam.

## AG COMHRÁ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa chlár *I nGrá Dé* go dtí seo, tá taithí ag na páistí ar na Rúndiamhra Sólásacha, Glórmhara agus Dólásacha den Chroóin Mhuire.

### FAOIN GCORÓIN MHUIRE

Tabhair cuireadh do na páistí na rudaí is cuimhin leo faoin gCoróin Mhuire a roinnt.

- Cad atá sa *Chróin Mhuire*? (*Paidir chuig Muire a chabhraíonn linn machnamh a dhéanamh ar eachtraí áirithe sa Soiscéal*)
- Cad a úsáidimid chun cabhrú linn an *Chróin Mhuire* a rá? (*paidrín*)
- Cad a thugtar ar an gcúigiú chuid den Phaidrín? (*Deichniúr*)
- Cad iad na paidreacha a deirtear le linn gach deichniúr den Phaidrín/Chróin Mhuire (*1 Ár nAthair, 10 Sé do bheatha, a Mhuire, 1 Glóir don Athair*)
- Cé mhéad Rúndiamhra éagsúla den Chroóin Mhuire a chuala tú trácht orthu? (*Sólásacha, Dólásacha, Glórmhara*)
- An cuimhin leat na Rúndiamhra Sólásacha? (*1. Teachtaireacht an Aingil 2. Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit 3. Breith Íosa 4. An Toirbhirt sa Teampall 5. Fáil an Linbh Íosa sa Teampall*)
- An cuimhin leat na Rúndiamhra Glórmhara? (*1. Aiséirí ár Slánaitheora 2. Deascabháil ár Slánaitheora 3. Teacht an Spioraid Naoimh anuas ar na hAspail 4. Deastógáil na Maighdine Muire suas ar neamh 5. Corónú na Maighdine Muire ar neamh*)
- An cuimhin leat na Rúndiamhra Dólásacha? (*1. Anbhroid Íosa sa Ghairdín 2. Sciúrsáil ár dTiarna ag an gCuaille 3. Corónú Íosa le Coróin Spíne 4. Íosa ag iompar na Croise 5. Céasadh Íosa ar an gCros*)

**Tá ainmneacha Rúndiamhra uile na Corónach Mhuire le fáil ar leathanach 151 de leabhar na bpáistí.**

## RÚNDIAMHRA AN TSOLAIS

### CÚIG RÚNDIAMHRA SOLASMHARA NA CORÓNACH MUIRE (RÚNDIAMHRA AN TSOLAIS)

Sa bhliain 2002, chuir an Pápa Eoin Pól II, atá ina naomh anois, sraith nua Rúndiamhra sa Chróin Mhuire. Díríonn na Rúndiamhra Solasmhara ar chúig ócáid faoi leith i saol Íosa. Ciallaíonn an focal 'solasmhar' rud atá 'geal' nó 'lonrach'. Thug Naomh Eoin Pól II 'Rúndiamhra Solasmhara' orthu toisc go léiríonn siad ócáidí nuair a thug Íosa solas dóibh siúd timpeall air agus ócáidí nuair a thug Íosa léargas ar cérbh é féin i ndáiríre - Mac Dé.

5. **Baiste Íosa san Iordáin**
   Ba é a chol ceathrair Eoin Baiste a bhaist Íosa in Abhainn na hIordáine. Tháinig an Spiorad Naomh anuas ar Íosa, mar a bheadh colm, agus tháinig glór ó na flaithis a dúirt, 'Is é seo mo Mhac muirneach féin, éistigí leis.'

6. **Bainis Chána**
   Ba ag bainis Chána a rinne Íosa a chéad mhíorúilt ar iarratas a mháthar, Muire. D'iompaigh sé uisce ina fhíon chun nach mbeadh náire ar an lánúin mar nach raibh dóthain fíona acu dá n-aíonna.

7. **Íosa ag fógairt theacht Ríocht Dé**
   Tagraíonn Fógairt Ríocht Dé do na hócáidí sin ar chabhraigh Íosa le daoine - trína theagasc, lena bhriathra agus ina ghníomhartha - creidiúint i nDia agus i Ríocht Dé. Sampla de seo ná nuair a mhúin sé na Biáide dóibh.

8. **Claochlú Íosa**
   Tagraíonn 'Claochlú Íosa' don am a chuaigh sé in airde ar Shliabh Thábór in éineacht le Peadar, Séamas agus Eoin. Nocht Maois agus an fáidh Éilias iad féin dóibh. Tháinig claochlú ar Íosa, rud a chiallaíonn gur éirigh a aghaidh agus a chuid éadaí gléigeal, lonrach.

9. **Bronnann Íosa an Eocairist orainn**
   Tagraíonn Bronnadh na hEocairiste don ócáid nuair a bheannaigh Íosa an t-arán agus an fíon, agus roinn sé iad, ag rá 'Is é seo mo Chorp' agus 'Is í seo cailís mo chuid Fola'. Ansin dúirt sé leis na deisceabail 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.'

**Tá na Rúndiamhra Solasmhara liostaithe agus mínithe freisin ar leathanach 132 de leabhar na bpáistí. Spreag iad chun na nótaí sin a léamh dóibh féin.**

## DÁN

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí. **Tá an dán le fáil ar leathanach 133 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Íomhánna de Mhuire**
Dealbha agus pictiúir ag lonradh go
glioscarnach,
Tusa ag guí go ciúin 's go suaimhneach.
Tá cuspóir ag gach dealbh, scéal ag gach
pictiúr.
Tusa Máthair Dé – nach mór duit an onóir.

Misneach, creideamh agus lúcháir agat cinnte
Agus nasc mór grá le do mhac muirneach sínte.
Croí mór maith agat le bheith gnaíúil do chách,
Is tú Máthair na máithreacha, grámhar agus
lách.

Croí líon lán d'urnaí, solas agus grá,
Is cuma áthas nó pian, creideamh agat gach lá.
Choinnigh tú dílis agus lean tú é
Go dtí Cros a chéasta ar Chnoc Calvaire.

Bris saor ón bplástar is téigh isteach im' chroí,
Is múin dom grá a roinnt le Críost an Rí.
Cabhraigh liom a fheiceáil sna pictiúir is sna
dealbha
Máthair mhór Dé agus mo mháthair fosta.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, déan comhrá faoi agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad iad na haidiachtaí (*focail a chuireann síos ar rud*) a úsáideann an file sa chéad véarsa chun cur síos ar an gcuma a bhíonn ar Mhuire go minic i ndealbha agus i bpictiúir?
- Ainmnigh cuid de na gnéithe de charachtar Mhuire is féidir a theacht chun cuimhne nuair a fheicimid dealbha agus pictiúir di, de réir an dara véarsa den dán.
- In ainneoin na n-eispéireas pianmhara a bhí ag Muire ina saol, cad a deir an file a bhí ag Muire 'gach lá'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cé na cáilíochtaí atá ag Muire a bheadh deacair a léiriú go hiomlán i ndealbh nó i bpictiúr? Cé na cáilíochtaí a bheadh sé níos éasca a léiriú?
- An gcuireann tuairisc an fhile ar Mhuire, agus ar ghnéithe dá carachtar agus dá pearsantacht a luann sé sa dán seo, leis an íomhá atá agat uirthi? Cén fáth nó cén fáth nach gcuireann? An féidir leat smaoineamh ar aon cháilíocht eile atá ag Muire nach luaitear sa dán?
- Cad a chiallaíonn an file, dar leat, nuair a deir sé, 'Bris saor ón bplástar is téigh isteach im' chroí'?
- Cuireann an file i gcuimhne dúinn gurb í Muire ár Máthair freisin. Conas, a cheapann tú, gur féidir le Muire a bheith ina Máthair orainn inniu nó cabhrú linn ar ár dturas tríd an saol?
- Cén líne nó íomhá is fearr leat sa dán seo, agus cén fáth?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí chun cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Deirtear linn i scéal amháin sa Bhíobla gur 'thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí.' Tógaimid an deis seo chun smaoineamh inár gcroí an chiall a bhaineann leis an bhfocal 'máthair' … Smaoinigh ar bhur máithreacha/seanmáithreacha féin ... nó faoi gach duine atá cosúil le máthair leat ... Gabh buíochas astu ... Taiscigh i do chroí iad … Smaoinigh ar an gcaoi ina bhfuil siad cosúil le Muire, Máthair Dé … Smaoinigh ar a gcuid cineáltas … agus ar na híobairtí a dhéanann siad ar do shon agus ar son daoine eile ... Smaoinigh ar an lúcháir a thugann siad duit … Smaoinigh ar an gcaoi ar féidir le Muire a bheith ina Máthair orainn go léir ... Gabh buíochas le Muire as a bheith ina Máthair ort … Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is í Muire Máthair Dé agus ár Máthair. Ba í Muire an chéad deisceabal d'Íosa agus is eiseamláir í do gach duine a leanann Íosa agus do gach máthair. Tá deabhóid mhór ann do Mhuire ar fud an domhain, curtha in iúl i dtraidisiúin agus i ndeasghnátha éagsúla. Tugann na Féiltí éagsúla, a cheiliúrann saol Mhuire agus a ról mar Máthair Mhic Dé agus ár Máthair, deiseanna dúinn a cuid tréithe agus buanna a thabhairt chun cuimhne agus níos mó a fháil amach fúithi.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MUIRE, ÁR MÁTHAIR AGUS EISEAMLÁIR

**Nóta:** *Beidh páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.*

- Déan na hábhair ealaíne a dháileadh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí pictiúr a tharraingt agus a mhaisiú a thaispeánann (1) ceann amháin nó níos mó de na cáilíochtaí atá ag Muire a bhfuil meas acu orthu agus ba mhaith leo aithris a dhéanamh orthu, nó (2) Muire ina máthair orthu agus/nó ar an domhan ar fad.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh páiste amháin chun an sliocht a léamh. Beidh paidrín de dhíth ort. Iarrfar ort freisin an íomhá ar líne de Mhuire 'Osclóir Snaidhmeanna' a thaispeáint le linn an urnaí seo.*

*Agus tú ag ullmhú, roghnaigh ceann amháin de na bealaí seo a leanas chun deichniúr den phaidrín a rá leis na páistí:*
*1. Deir tú (an múinteoir) an chéad chuid de gach paidir, agus deir na páistí an dara cuid. Bainfidh tú úsáid as an bpaidrín chun cabhrú leat na paidreacha a chomhaireamh.*
*2. Deir páiste amháin an chéad chuid de gach paidir, agus freagróidh an chuid eile den rang leis an dara cuid. Úsáidfidh an páiste, atá i gceannas, an paidrín.*
*3. Deir grúpa beag páistí an chéad chuid de gach paidir, agus freagróidh an chuid eile den rang leis an dara cuid.*
*4. Deir leath an ranga an chéad chuid de gach paidir, agus freagróidh an dara leath leis an dara cuid.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche. Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

*Taispeáin an íomhá de Mhuire 'Osclóir Snaidhmeanna' (ar líne) agus roinn an méid seo a leanas leis na páistí:*

**Múinteoir:** Taithníonn an íomhá seo de Mhuire go mór leis an bPápa Proinsias. Chonaic sé an íomhá de Mhuire in Augsburg nuair a bhí sé ag staidéar sa Ghearmáin. Bhí an saol deacair aige ag an am sin. Bhí sé an-tógtha leis an íomhá agus thug sé ar ais leis é go dtí an Airgintín agus scaip sé an deabhóid do Mhuire Osclóir Snaidhmeanna sa tír sin.

Cuireann an íomhá seo i gcuimhne dúinn go gcabhróidh Muire linn na snaidhmeanna, nó na fadhbanna, inár saol féin a réiteach má iarraimid cabhair uirthi. Inniu, agus sinn ag guí deichniúr den Phaidrín, iarraimid ar Mhuire cabhrú linn leis na fadhbanna nó leis na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith againn faoi láthair.

**Léitheoir:** Tugtar Bainis Chána ar an dara rúndiamhair de Rúndiamhra Solasmhara na Corónach Muire. Is anseo a léirigh Muire cineáltas, creideamh agus cineáltas do dhaoine eile.

Spreag imní don lánúin nuaphósta Muire chun a iarraidh ar Íosa cabhrú leo. Spreag a creideamh

in Íosa é chun freagairt go fial don méid a d'iarr sí agus cuidiú leis an lánúin tríd an uisce a iompú ina fhíon.

De réir mar a guímid deichniúr den Phaidrín, iarraimid ar Dhia cuidiú linn teacht i gcabhair ar dhaoine eile.

*Abair deichniúr den phaidrín.*

**Múinteoir:** Guímis an *Memorare* le chéile anois.
**Gach duine:** Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne riamh
a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí is gur theip tú air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin, rithimse chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do chomhair a sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná diúltaigh do m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus freagair iad.
Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*):
De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 5: Ioslam (1) Mahamad, an Córán agus 99 ainm ar Allah

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Baineann na nótaí seo a leanas ar an gcuraclam agus ar an ábhar tosaigh ar Ioslam le Ceachtanna 5 agus 6.

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Níl ann ach an t-aon Dia amháin.

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Ba chóir go léireofaí meas agus grá dóibh siúd nach bhfuil na cleachtais chéanna reiligiúnacha acu is atá againne (GS 28).
- Oibríonn Caitlicigh ar son cearta daonna, ceartas sóisialta, na moráltachta, na síochána agus na saoirse le daoine a chleachtaíonn creidimh eile (NA 3; DP 44).
- Nuair a dhéanaimid comhrá le daoine nach Críostaithe iad bíonn deis againn a bheith fírinneach dár gcreideamh féin agus tuiscint a fháil ar chreidimh dhaoine eile.

*Ioslam*

- An bhrí atá le Ioslam: urnaí Moslamach; nócha naoi ainm álainn ar Dhia-
- – tréithe agus cáilíochtaí; Na luachanna a bhfuil meas ag Moslamaigh orthu (dea-bhéasa, cineáltas, ionracas agus meas ar dhaoine eile).
- An Fáidh Mahamad; scéalta faoi Mhahamad; an méid a mhúin sé faoi Dhia; an Imam. Pobail Mhoslamacha in Éirinn. Troscadh agus féilte: Ramadan and Eid-al-Fitr.
- Tugann na Moslamaigh adhradh do aon Dia amháin. Tugann siad urraim do Íosa an fáidh, cé nach n-aithníonn siad é mar Dhia agus tugann siad onóir don Mhaighdean  Mhuire mar a mháthair agus uaireanta, fiú, glaonn siad uirthi go diaganta. Tugann siad adhradh do Dhia, go háirithe trí urnaí, troscadh agus déirc a thabhairt (NA 3).
- Oilithreacht go Meice. Zakah (aire don phobal) gníomhartha creideamh-bhunaithe i bpobail na Moslamach Éireannacha. Réim bia (Halal and Haram). Cúig philéar Ioslam. Tá na Moslamaigh ag fanacht le lá na cinniúna agus mar sin tá meas acu ar an saol morálta (NA 3). Id-al-Adha. Tá na bealaí a mbreathnaímid amach do dhaoine eile an-tábhachtach sa chreideamh Moslamach.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chlár *I nGrá Dé* i ranganna a hAon, a Dó agus a Trí, chuala na páistí scéalta éagsúla inar chuir siad aithne ar thriúr cairde, Salma, Eli agus Muireann. Sna scéalta seo d'fhéach na cairde agus rinne siad comhrá faoina gcreideamh, faoina áiteanna adhartha agus faoina gcuid traidisiúin féin, .i. faoi Ioslam, Giúdachas agus Caitliceachas.

Sa cheacht ar Ioslam i Rang a Ceathair tugadh na páistí isteach ar cuid de na cleachtais urnaí laethúla atá ag Moslamaigh. D'fhoghlaim na páistí faoin méid a tharlaíonn sa mhosc le linn urnaí ar an Aoine, agus faoin gCórán - téacs naofa Ioslam.

Insíonn an ceacht seo, an chéad cheann de dhá cheacht ar Ioslam, scéal Mahamad agus bunús Ioslam. Scrúdaíonn sé an Córán - téacs naofa

Ioslam - agus cuireann sé cuid de 99 ainm Allah in aithne do na páistí.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Ioslam:** Ainm reiligiún na Moslamach. Ciallaíonn an focal 'Ioslam' 'géill'. Géilleann fíorMhoslamach do thoil Allah (Dia).
- **Allah:** Creideann na Moslamaigh i nDia. Allah an t-ainm a thugann siad air. Is é Allah an focal Araibise ar Dhia.
- **Córán:** Téacs diaga na Moslamach. Creideann na Moslamaigh go bhfuil briathar Allah (Dia) ar fáil, gan athrú, sa Chórán.
- **An Fáidh Mahamad:** Creideann na Moslamaigh gur léirigh Dia focail an Chóráin don fháidh Mahamad tríd an aingeal Gaibriéil. Scaip Mahamad na focail seo, agus sa tslí sin d'fhás Ioslam.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'Ainmneacha Allah (Dia)' do gach páiste.
- Compás nó aip Qibla ar fón cliste nó ar thaibléid - chun cabhrú leat treo Meice a aimsiú; babhla beag uisce agus tuáille.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI CHREIDEAMH NA MOSLAMACH

Tabhair cuireadh do na páistí an méid is féidir leo a thabhairt chun cuimhne faoi **Ioslam** a roinnt le chéile, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cén t-ainm atá ar an gcreideamh nó ar an reiligiún a leanann Moslamaigh?
- Cad is cuimhin leat foghlaim faoi Ioslam in *I nGrá Dé* roimhe seo, go háirithe ó na scéalta faoi na cairde Salma, Eli agus Muireann?
- An cuimhin leat rud ar bith atá i bpáirt ag Ioslam leis an gCríostaíocht agus leis an nGiúdachas? (*Creideann Moslamaigh in aon Dia amháin*)

Ansin iarr ar na páistí éisteacht agus tú ag léamh an scéal seo a leanas faoi bheirt pháiste Moslamacha agus a dtuismitheoirí.

## SCÉAL

### Tiomáint Eachtrach chuig an Mosc

Thaitin sé le Aliya agus Emre nuair a chuaigh siad chuig an mosc ar an Aoine, mar ba é an lá ba mhó a bhíodh seans acu bualadh lena gcairde. Thaitin na paidreacha agus na deasghnátha go léir a nglacfaidís páirt iontu leo, - an níocháin speisialta ar a dtugtar *wudu* ina measc. Chaith Aliya an scairf is fearr léi nó a *hijab* i gcónaí sa mhosc.

Aoine amháin, agus na leanaí ag taisteal i gcarr lena dtuismitheoirí chuig an mosc, tháinig siad ar síneadh fada d'oibreacha bóthair. Bhí soilse guaise ag splancáil an luasteorainn de 60 ciliméadar san uair ar feadh an bhealaigh. Bhí athair na leanaí an-chúramach i gcónaí cloí le rialacha an bhóthair agus mar sin rinne sé iarracht cloí leis an luasteorainn laghdaithe seo. D'fhan sé sa lána taobh istigh fad is a bhí carranna eile ag imeacht thairis.

Tharraing athair Aliya agus Emre aird ar na páistí agus iad ag caint faoi na daoine a raibh siad ag súil bualadh leo ag an mosc agus níor thug sé faoi deara go raibh sé ag dul beagán níos tapúla ná mar ba chóir dó a bheith. Go tobann, bhí carr na ngardaí taobh thiar díobh agus é ag iarraidh orthu tarraingt isteach. Bhí imní ar mháthair na bpáistí nuair a chonaic sí garda ag siúl ina dtreo agus leabhar nótaí ina láimh aige, ach dúirt Emre léi go raibh na céadta gluaisteán tar éis gluaiseacht thairis agus dúirt sé lena athair a bheith cinnte go gcuirfeadh sé seo in iúl don gharda.

Tháinig an garda go dtí an fhuinneog agus labhair sé le hathair na bpáistí. Bhí Emre agus Aliya ag guí sa chúl go mbeadh gach rud i gceart, mar bhí a fhios acu gur fear maith é a n-athair nach mbriseadh an dlí riamh.



Dúirt an garda lena n-athair cén luas a bhí á dhéanamh aige agus go raibh sé thar an teorainn. Bhí a n-athair ómósach leis an ngarda agus ghabh sé a leithscéal as a bheith ag tiomáint ró thapa. Dúirt an garda go gcaithfeadh sé fíneáil a íoc agus go gcuirfí pointí lena cheadúnas. D'fhág siad slán agus d'fhill siad ar a mbealach.

D'fhéadfadh na páistí a fheiceáil go raibh a n-athair trína chéile agus bhraith siad go raibh an méid a tharla an-éagórach. D'iarr Aliya, 'Cén fáth nach ndúirt tú leis an ngarda go raibh na céadta duine eile ag imeacht tharainn, agus i gcomparáid leo, nach ndearna tú mórán míchearrt?' Agus dúirt Emre, 'cén fáth nach ndúirt tú leis nár thug tú faoi deara go raibh tú thar an luasteorainn?'

D'fhreagair a n-athair go réidh leis an mbeirt acu. Dúirt sé le Aliya, 'Ní maith an rud é i gcónaí sinn féin a chur i gcomparáid le daoine eile. Ní bheadh sé ceart dom a bheith sásta liom féin toisc nach raibh mé ag iompar mé féin chomh dona le daoine eile. Dá mbeadh cúrsaí amhlaidh, d'fhéadfainn cibé rud ba mhaith liom a dhéanamh sa saol agus a mhothú go mbeadh sé ceart go leor chomh fada is nach raibh sé chomh dona leis na rudaí a bhí á dhéanamh ag

• • •

daoine eile.'

Dúirt sé le Emre, 'Toisc nach raibh a fhios agam go raibh mé ag tiomáint thar an luasteorainn, ní chuireann sé sin an éagóir ina ceart. Bhí mé mícheart a bheith ag dul níos tapúla ná an teorainn a bhí le feiceáil go soiléir ar na comharthaí, mar sin tá sé ceart go nglacfainn le mo bhotúin agus go n-íocfaidh mé an pionós.' 'Chomh maith le sin,' a dúirt sé go suairc, 'táimid ar an mbealach go dtí an mosc agus ní ionann ár gcreideamh agus an méid a tharlaíonn taobh istigh den mhosc. Baineann ár gcreideamh freisin leis an dóigh a n-iompraímid muid féin sa bhaile, ag an obair, ar scoil - agus fiú ar an mbóthar! Mar sin, ná bíodh díomá orainn agus, ina ionad sin, lig dúinn dul chun moladh a dhéanamh ar Allah lenár gcroí, ár n-anam agus ár neart.

D'fhéadfadh na páistí an ciall a fheiceáil sa mhéid a dúirt a n-athair agus ghuigh an teaghlach an *Shahada* le chéile agus iad ag dul go dtí an mosc.

Tar éis duit an scéal a léamh, scrúdaigh tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ó ord níos ísle a chur orthu, cosúil leo seo a leanas, atá **ar lch 134 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Luaigh roinnt de na rudaí a raibh Aliya agus Emre ag súil leo sa mhosc.
- An ndearna athair Aliya agus Emre an luasteorainn a bhriseadh d'aon ghnó? Cá bhfios duit?
- Conas a d'fhreagair athair na leanaí nuair a dúirt an garda leis go raibh sé ag tiomáint thar an luasteorainn?
- Cén fáth ar cheap Aliya agus Emre go raibh sé míchothrom a n-athair a tharraingt isteach? An dóigh leat go raibh sé míchothrom? Cén fáth?
- Cad a theastaigh ó na páistí go ndéarfadh a n-athair leis an ngarda?
- Cén fáth ar cheap athair na bpáistí go raibh an pionós a fuair sé tuillte aige?
- Dúirt an t-athair leis na páistí gur mó a gcreideamh ná an méid a tharlaíonn taobh istigh den mhosc. Cad eile a luaigh sé a bhí mar chuid thábhachtach dá gcreideamh?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Dúirt athair Aliya agus Emre nach maith an rud é i gcónaí muid féin a chur i gcomparáid le daoine eile, go háirithe má dhéanaimid amhlaidh d'fhonn leithscéalta a dhéanamh as ár ndroch-iompar féin. An aontaíonn tú leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú leis?
- An ndearna tú riamh comparáid idir do chuid droch-iompar féin agus droch-iompar duine eile chun snas a chur ar do dhroch-iompar féin? Inis dúinn faoi sin.
- Bhí díomá ar Emre nach ndúirt a athair leis an ngarda gur bhris sé an luasteorainn de sheans. Cén chaoi ar fhreagair an t-athair Emre? An aontaíonn tú leis an méid a dúirt sé? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú?
- Dúirt athair Aliya agus Emre gur ceart go mbeadh tionchar ag creideamh an duine ar an gcaoi a maireann siad - an méid a deir siad agus a dhéanann siad gach lá dá saol? An aontaíonn tú leis seo? An bhfuil tionchar ag do chreideamh ar an mbealach ina maireann tú? Cén chaoi?
- Ghuigh an teaghlach an *Shahada* le chéile ag deireadh an scéil. An cuimhin leat ó Rang a Ceathair cad iad focail an *Shahada*? (*Níl aon Dia ann ach Allah, agus is é Mahamad a theachtaire.*)
- Dúirt athair Aliya agus Emre leo nach cóir a bheith reiligiúnach agus dul chuig an mosc más rud é nach mbíonn tionchar aige ar an gcaoi a mairimid. Cad a bhí i gceist aige le seo agus cad a cheapann tú?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar páiste chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn. Cosúil le Críostaithe, creideann Moslamaigh in aon Dia amháin, a nglaonn siad *Allah* air. Is é Allah an focal Arabach do Dhia. Inniu beimid ag úsáid roinnt beannachtaí Moslamacha chun cabhrú linn guí a dhéanamh.

**Léitheoir 1:** Is minic a deir na Moslamaigh an phaidir seo sula léann siad an Córán, a dtéacs naofa, nó roimh staidéar a dhéanamh: 'A Thiarna, cuir leis an eolas atá agam.'
**Gach duine:** A Thiarna, cabhraigh linn níos mó eolais a chur ar ár dtéacsanna naofa. Cabhraigh linn níos mó a fhoghlaim fút féin agus faoin dóigh ar cheart dúinn ár saol a chaitheamh ó bheith ag léamh agus ag éisteacht lenár dtéacsanna naofa.

**Léitheoir 2:** Aithníonn Moslamaigh beannachtaí Dé trí 'Baineann gach moladh le Allah' a rá.
**Gach duine:** Molaimid Dia as iontas na beatha

agus as a chuid bronntanas go léir dúinn.

**Léitheoir 3:** Iarrann Moslamaigh maithiúnas ó Dhia tríd an phaidir seo a rá: Iarraim maithiúnas ó Allah as mo chuid peacaí go léir agus casaim chuige.
**Gach duine:** A Thiarna, tabhair maithiúnas dúinn as ár bpeacaí go léir agus cuidigh linn casadh chugat i gcónaí.

**Léitheoir 4:** Is minic a thugann na Moslamaigh an bheannacht seo dá chéile: 'Go mbeidh síocháin, trócaire agus beannacht Allah ort.'
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn a bheith inár lucht síochána a scaipeann síocháin áit ar bith.

**Múinteoir:** Múineann na Reiligiúin Dhomhanda go léir dá lucht leanúna grá a thabhairt do Dhia agus dá gcomharsana. Tá an phaidir seo a leanas bunaithe ar litir a d'eisigh ceannairí Ioslamacha, ar a dtugtar 'A Common Word Between Us and You'. Leagann an litir béim ar ghrá Dé agus an chomharsa, a mhúintear go soiléir sa Chórán, sa Bhíobla agus i dtéacsanna naofa an Ghiúdachais. Guímid le chéile na focail seo ón litir sin:
**Gach duine:** Mura bhfuil síocháin idir na Moslamaigh agus na Críostaithe, ní féidir leis an domhan a bheith síochánta. Ná lig do na difríochtaí eadrainn fuath agus comhrac a spreagadh eadrainn. Bíodh meas againn ar a chéile, bímis cothrom, cóir agus cineálta lena chéile. Go mairimid le chéile go síochánta, go suaimhneach agus le dea-thoil. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Le haghaidh am urnaí ar an Aoine seo chugainn beidh compás nó aip Qibla ag teastáil uait ar fón cliste nó ar thaibléid - chun cabhrú leat treo Meice a aimsiú. Má shocraíonn tú an compás i dtreo an oirdheiscirt beidh tú i dtreo Meice. Beidh babhla beag uisce agus tuáille ag teastáil uait freisin.

# Foghlaimímis ...

## TRÁTH NA GCEIST

### ACHOIMRE A DHÉANAMH AR IOSLAM

Cuir na ceisteanna gairide seo ar na páistí chun léargas tapa a fháil ar a bhfuil ar eolas acu faoi Ioslam:

- Cad a thugaimid ar dhaoine a chleachtann reiligiún Ioslam? (*Moslamaigh*)
- Cad a thugann Moslamaigh ar Dhia? (*Allah*)
- Cad é leabhar naofa/téacs naofa Ioslam? (*An Córán*)
- Cén t-ainm atá ar an áit ina mbailíonn Moslamaigh le chéile chun urnaí? (*Mosc*)
- Cén lá den tseachtain a mbailíonn siad ag an mosc? (*Dé hAoine*)

## SCÉAL MHAHAMAD


### MAHAMAD AGUS MEICE

Rugadh Mahamad i Meice san Araib timpeall AD 570. D'oibrigh sé mar aoire ar dtús agus ansin mar cheannaí nó trádálaí. Bhí clú agus cáil ar a mhacántacht. Ag an am sin, bhíodh daoine i Meice ag adhradh go leor déithe. 'An Cába' [Ka´aba] an t-ainm atá ar an scrín dhubh a fheiceann tú i lár an phictiúir. Creidtear gur thóg Abrahám agus a mhac é mar áit ina raibh siad in ann an t-aon fhíorDhia amháin a adhradh. Ach, le himeacht aimsire, d'úsáideadh daoine a chreid in go leor déithe an Cába. Bhí Mahamad míshásta faoi seo. Ba mhinic a théadh sé go dtí pluais, taobh amuigh den bhaile, chun machnamh agus guí a dhéanamh.

**Tháinig aingeal chuig Mahamad**
Creideann Moslamaigh gur tháinig an t-aingeal Gaibriéil chuig Mahamad sa bhliain 610, fad is a bhí sé ag guí sa phluais, agus gur thug sé an chéad cheann de theachtaireachtaí iomadúla ó Dhia dó. Ní raibh Mahamad in ann léamh ná scríobh ach d'fhoghlaim sé na focail seo de ghlanmheabhair. Níos déanaí, d'inis sé iad do scríobhaí, a scríobh síos iad. Creideann Moslamaigh gur lean Mahamad ag fáil teachtaireachtaí eile i rith a shaoil. Dhéanadh sé iad a aithris i gcónaí do scríobhaí ionas go bhféadfadh daoine eile focail Dé a chloisteáil freisin.

**An Córán**
Scríobh na scríobhaithe síos na focail a d'inis Mahamad dóibh. Bailíodh le chéile iad chun leabhar de scríbhinní naofa na Moslamach a dhéanamh. An **Córán** an t-ainm atá ar an leabhar seo.

**Teachtaireacht Mhahamad**
Ba é príomhtheachtaireacht Mhahamad ná nach bhfuil aon Dia eile ann ach **Allah** amháin, agus gur chóir do dhaoine saol atá taitneamhach d'Allah a chaitheamh. D'iarr Mahamad ar dhaoine freisin a bheith macánta i mbun gnó, a bheith urramach, dea-bhéasach agus a bheith cineálta leis na boicht. Thug a lán daoine, go háirithe daoine saibhre cumhachtacha, neamhaird ar sheanmóireacht Mhahamad. Tar éis deich mbliana, ní raibh ach dhá chéad duine i lucht leanúna Mhahamad.



**Tús agus Scaipeadh Ioslam**
D'aistrigh Mahamad agus a lucht leanúna go dtí Yathrib (Meidíne) sa bhliain 622. Thóg Mahamad an chéad mhosc in Yathrib. Ina dhiaidh sin, thosaigh an creideamh Ioslamach ag fás. Ar deireadh, d'fhill Mahamad ar Mheice. Le himeacht aimsire, tháinig deireadh leis na cleachtais phágánacha ansin agus thosaigh adhradh aon fhíorDhé amháin arís ag an gCába.

Scaip **Ioslam** go tapa ar fud na hAraibe agus sna tíortha mórthimpeall agus ar fud an domhain. Inniu, is é Ioslam an dara reiligiún is mó ar domhan, tar éis na Críostaíochta.

**Tá na nótaí thuas le fáil ar leathanaigh 135-136 de leabhar na bpáistí.**

## COMHAD FÍRICÍ AR AN gCÓRÁN

### AN CÓRÁN

- Is é an Córán téacs diaga Ioslam.
- Scríobhadh na teachtaireachtaí in Araibis. Creideann Moslamaigh gur thug Allah (Dia) iad do Mhahamad. Bailíodh le chéile iad chun an Córán a chruthú.
- Creideann na Moslamaigh gurb iad focail Allah na focail atá sa Chórán. Déanann Moslamaigh iarracht na focail seo a chur de ghlanmheabhair agus iad a aithris.
- Tá 114 caibidil sa Chórán.
- Luaitear Íosa sa Chórán. Creideann na Moslamaigh gur fáidh Dé é ach nach é Mac Dé é.
- Tá meas mór ag Moslamaigh ar an gCórán. Ní chuireann siad rud ar bith anuas air; ní fhágann siad é ar an urlár; ní cheadaíonn siad mí-úsáid a bhaint as, ar bhealach ar bith. Sula n-osclaíonn Moslamaigh an Córán, níonn siad a lámha.

**Tá na nótaí thuas le fáil ar leathanach 136 de leabhar na bpáistí.**

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### ROINNT DE '99 AINM AR ALLAH'

**Nóta:** *Beidh cóip den teimpléad (thíos) ar 'Ainmneacha Allah (Dia)' ag teastáil uait do gach páiste.*
Roinn brí na n-ainmneacha seo a leanas leis na páistí:

**Ainmneacha agus an bhrí a bhaineann leo**
Mícheál – 'Cé atá cosúil le Dia?'
Laoiseach – 'Solas'
Maitiú – 'Bronntanas ó Dhia'
Sadhbh – 'Grá don eagna'
Daibhéid – 'An duine is Ansa'
Aoife – 'Banphrionsa'

Ansin cuir ceisteanna cosúil le:

- Conas a d'fhéadfadh cuid de na hainmneacha seo rud éigin a léiriú a bheadh súil ag tuismitheoir a bheadh i gcarachtar/ pearsantacht a linbh?
- An bhfuil a fhios ag aon duine agaibh cé a roghnaigh d'ainm agus cén fáth ar roghnaigh siad é?
- An bhfuil a fhios ag aon duine agaibh cad is brí le d'ainm? B'fhéidir gur mhaith leat brí d'ainm a roinnt leis an rang.
- D'fhéadfadh go léireodh brí d'ainm féin a raibh súil ag an duine a roghnaigh é
- a bheadh mar ghné ded' charachtar/ phearsantacht?
- Roghnaigh tú d'ainm féin don Chóineartú? Cén fáth gur roghnaigh tú an t-ainm sin?

Inis do na páistí go bhfuil 99 ainm sa Chórán do Dhia (Allah). Dúirt Mahamad, 'Tá 99 Ainm ag Allah an Té is Airde. An té a chuimhníonn ar na hainmneacha seo nó a dhéanann iad a aithris rachaidh siad isteach i bParthas'. Tá na hainmneacha seo tábhachtach do Mhoslamaigh agus tugann gach ainm léargas ar cháilíocht eile Dé.

- Tabhair cóip den teimpléad thuas 'Ainmneacha ar Allah (Dia)' do gach páiste, áit atá fiche is a haon d'ainmneacha Allah ón gCórán ar fáil.
- Tabhair cuireadh dóibh na hainmneacha éagsúla a léamh, agus an trí cinn is fearr leo a roghnú.
- Ansin iarr orthu na hainmneacha seo agus na fáthanna gur maith leo iad a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil ainmneacha nó tuairiscí éagsúla do Dhia ag Críostaithe freisin. Tabhair cuireadh dóibh féachaint an féidir leo ceann ar bith díobh sin a ainmniú.

Ansin cuir na hainmneacha seo in iúl dóibh:

**Cuid de na hAinmneacha Críostaí ar Dhia**
Abba – ainm a chiallaíonn 'Daidí' nó 'Athair'
Adonai - ainm a chiallaíonn 'An Tiarna'
Emmanuel - ainm a chiallaíonn 'Tá Dia linn'
An t-Aoire Maith
Alfa agus Óimige - ainm a chiallaíonn 'An tús agus an deireadh '

Ansin lean ar aghaidh le ceist cosúil le:
• Cén léargas a thugann na hainmneacha seo dúinn ar an nádúr agus ar charachtar Dé?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Le haghaidh am urnaí ar an Aoine seo chugainn beidh compás nó aip Qibla ag teastáil uait ar fón cliste nó ar thaibléid - chun cabhrú leat treo Meice a aimsiú. Má shocraíonn tú an compás i dtreo an oirdheiscirt beidh tú i dtreo Meice. Beidh babhla beag uisce agus tuáille ag teastáil uait freisin.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Cosúil leis an gCríostaíocht, is reiligiún aondiach é Ioslam (Creideann Moslamaigh in aon Dia amháin). Tá creideamh Ioslam bunaithe ar na teachtaireachtaí a chreideann Moslamaigh a thug Allah (Dia) don fháidh Mahamad. Bailíodh agus scríobhadh síos na teachtaireachtaí a fuair Mahamad chun an Córán, téacs naofa Ioslam, a chruthú. Tugann Moslamaigh aithint d'Íosa agus do fháithe éagsúla eile ón tSean-Tiomna, ach is é Mahamad príomh-fháidh Ioslam. Tá 99 ainm ar Allah sa Chórán agus tugann gach ceann acu léargas ar charachtar Allah.

## PAIDIR

**Nóta:** *Beidh gá agat le:*

- *compás nó aip Qibla ar fhón cliste nó táibléad.*
- *babhla d'uisce agus tuáille.*
- *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar páiste chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** I Rang a Ceathair d'fhoghlaim sibh go leor faoi urnaí Ioslamach. Iarrtar ar Moslamaigh guí a dhéanamh cúig uair sa lá agus bíonn deasghnátha nó gníomhartha éagsúla le déanamh acu le linn urnaí. Beimid ag úsáid roinnt de na deasghnátha sin nó deasghnátha cosúil leo agus muid ag guí inniu.

**Léitheoir 1:** Sula dtosaíonn siad ag guí, cleachtann Moslamaigh deasghnáth níocháin a dtugtar *wudu* air.
Mar sin cuirimid an babhla uisce agus an tuáille thart agus déanaimid lámh amháin a ní mar shiombail gur mian linn go gcuirfeadh Dia ár bpeacaí ar shiúl.
*(Sos chun ligean do na páistí an deasghnáth seo a dhéanamh)*
Guímis.
**Gach duine:** A Thiarna, cuir ár bpeacaí ar shiúl.

**Léitheoir 2:** Guíonn Moslamaigh i dtreo Meice, an áit ar thosaigh a reiligiún. Agus an compás á úsáid againn, casaimid i dtreo an Oirdheiscirt, treo ginearálta Meice.
*(Sos chun ligean do na páistí an deasghnáth seo a dhéanamh)*
Guímis.
**Gach duine:** A Thiarna, cuidigh linn dul ar shiúl ó na lochtanna atá againn agus dul i dtreo an tsolais agus an ghrá i gcónaí.

**Léitheoir 3:** Baineann Moslamaigh a gcuid bróga díobh sa mhosc mar go gcreideann siad go bhfuil an talamh ar a mbíonn siad ag adhradh, naofa. Cosúil le Maois in aimsir an tSean-Tiomna, bainfimid ár gcuid bróga go ciúin dínn anois agus mothaímid an talamh faoi bhun ár gcosa.
*(Sos chun ligean do na páistí an deasghnáth seo a dhéanamh)*
Guímis.
**Gach duine:** A Thiarna, cabhraigh linn siúl i do chosa agus meas a bheith againn ar an dtalamh faoi bhun ár gcosa.

**Léitheoir 4:** Nuair a ghuíonn Moslamaigh, téann siad ar a nglúine ar a mhataí urnaí atá dírithe i dtreo Meice.
Ar an gcaoi chéanna, guímid ar ár nglúine.
*(Sos chun ligean do na páistí an deasghnáth seo a dhéanamh)*
Guímis.
**Gach duine:** A Thiarna, le spiorad iontais, tugaimid buíochas duit i do láthair.

**Múinteoir:** Díreach mar a chríochnaíomar ár n-urnaí ag tús na seachtaine, táimid chun an phaidir a d'eisigh na ceannairí Ioslamacha, a úsáid arís.

**Gach duine:** Mura bhfuil síocháin idir na Moslamaigh agus na Críostaithe, ní féidir leis an domhan a bheith síochánta. Ná lig do na difríochtaí eadrainn fuath agus comhrac a spreagadh eadrainn. Bíodh meas againn ar a chéile, bímis cothrom, cóir agus cineálta lena chéile. Go mairimid le chéile go síochánta, go suaimhneach agus le dea-thoil. Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tosaíonn an roinn FÉACHAIMIS den dara ceacht ar Ioslam, an tseachtain seo chugainn, le gníomhaíocht a iarrann ar na páistí obair i ngrúpaí chun struchtúr ard neamhspleách a thógáil ag úsáid ábhair mar chártaí imeartha, Lego, bloic thógála, ciúbanna comhairimh nó aon ábhair eile atá ar fáil a chabhróidh leo an obair a dhéanamh. Beidh ort na hábhair seo a bheith réidh roimh ré. Go hidéalach gheobhaidh gach grúpa ábhar tógála de chineál amháin chun a mír a thógáil.

# Ainmneacha ar Allah (Dia)

| | |
|---|---|
| Ar-Rahman | An Té is Atruach/Grástúil |
| Al-Haqq | An Fhírinne |
| Ar-Raheem | An Té atá Trócaireach |
| Al-Malik | An Rí |
| As-Salam | An Té a thugann Síocháin |
| Al-Quddus | An Té is Naofa |
| Al-Mu'min | An Té a spreagann Creideamh |
| Al-Hakeem | An Té atá Críonna |
| Al-Muhaymin | An Cosantóir |
| Al-Muqsit | An Té atá Cóir |
| Al-Mujib | An Té a fhreagraíonn Urnaí |
| Al-Azeen | An Té atá Caithréimeach |
| Al-Muqeet | An Té a Chothaíonn |
| Al-Mueed | An t-Athchóiritheoir |
| Al-Gaffoor | An Té a thugann Maithiúnas |
| Al-Hafiz | An Té a thugann Cosaint |
| Al Wahhah | An Té a Bhronnann gach rud |
| Al-Wadud | An Té atá Grámhar |
| Al-Qawwiyy | An Té atá Láidir |
| Ar-Raqib | An Té a bhíonn ag Faire |
| Al-Karim | An Té atá Fial |

# Ceacht Séasúrach 6: Ioslam (II): Cúig Cholún Ioslam

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo cuirimid leis an méid atá foghlamtha cheana féin ag na páistí faoin gcreideamh Ioslamach trí chabhrú leo eolas a bheith acu ar Chúig Cholún Ioslam agus an bhrí atá acu. Is iad seo an cúig ní nach mór do gach Moslamach a dhéanamh chun a gcuid creideamh a chur in iúl. Is iad seo Cúig Cholún Ioslam:

1. **Shahada:** Is dearbhú creidimh nó cré é a deir go bhfuil aon Dia amháin ann (Allah) agus gurb é Mahamad a theachtaire.
2. **Salat:** Salat an t-ainm atá ar urnaí laethúil na Moslamach. Iarrtar ar Mhoslamaigh guí cúig huaire sa lá.
3. **Zakat:** Zakat an t-ainm ar an dualgas atá ar Mhoslamaigh gníomhartha carthanachta a dhéanamh. Iarrtar ar Mhoslamaigh 2.5% dá n-ioncam a thabhairt do na boicht agus dóibh siúd atá ar an ngannchuid.
4. **Sawm:** Is é Sawm cleachtadh an troscaidh, go háirithe i rith mhí Ramadan san fhéilire Ioslamach.
5. **Hajj:** Is é Hajj ainm na hoilithreachta go Meice. Iarrtar ar gach Moslamach, atá in ann í a dhéanamh, an oilithreacht a dhéanamh uair amháin ar a laghad i rith a saoil.

Cuirimid tús leis an gceacht seo trí iarraidh ar na páistí struchtúr ard neamhspleách a thógáil ó ábhair éagsúla mar bhealach chun an tábhacht a bhaineann le bunsraitheanna a iniúchadh. Leanann gníomhaíocht mhachnamhach an iniúchadh seo, a scrúdaíonn na bunsraitheanna agus na nithe a thugann tacaíocht le daoine, a bheith láidir chun deacrachtaí agus dúshláin an tsaoil a sheasamh. Ullmhaíonn sé seo an bealach chun Cúig Cholún Ioslam a chur i láthair. Cuirfear le tuiscint na bpáistí ar na Cúig Cholún trí cheol, obair ghrúpa, díospóireacht ranga agus gníomhaíocht idirghníomhach. Agus an méid seo ar siúl ag na páistí spreagfar iad chun machnamh a dhéanamh ar bhunús a gcreideamh féin agus a aithint cad atá i bpáirt ag an gcreideamh sin le Ioslam.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Cúig Cholún Ioslam:** Seo cúig rud a chaithfidh gach Moslamach a dhéanamh mar léiriú ar a gcreideamh. Measann na Moslamaigh gurb iad na rudaí seo bunchlocha a gcreidimh.
- **Shahada:** Is é seo Céad Cholún Ioslam. Is dearbhú creidimh nó cré é a deir go bhfuil aon Dia amháin ann (Allah) agus gurb é Mahamad a theachtaire. Iarrtar ar Mhoslamaigh an Shahada a aithris.
- **Salat:** Is é seo Dara Colún Ioslam. Salat an t-ainm atá ar urnaí laethúil na Moslamach. Iarrtar ar Mhoslamaigh guí cúig huaire sa lá.
- **Zakat:** Is é seo Tríú Colún Ioslam. Zakat an t-ainm ar an dualgas atá ar Mhoslamaigh gníomhartha carthanachta a dhéanamh. Iarrtar ar Mhoslamaigh 2.5% dá n-ioncam a thabhairt do na boicht agus dóibh siúd atá ar an ngannchuid.
- **Sawm:** Is é seo Ceathrú Colún Ioslam. Is é Sawm cleachtadh an troscaidh, go háirithe i rith mhí Ramadan san fhéilire Ioslamach.
- **Hajj:** Is é seo Cúigiú Colún Ioslam. Is é Hajj ainm na hoilithreachta go Meice. Iarrtar ar gach Moslamach, atá in ann í a dhéanamh, an oilithreacht a dhéanamh uair amháin ar a laghad i rith a saoil..

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Rudaí cosúil le cártaí imeartha, Lego, bloic thógála, ciúbanna comhairimh nó aon nithe eile is féidir leis na páistí úsáid a bhaint astu chun struchtúr ard neamhspleách a thógáil.
- Beidh cóip de 'Chúig Cholún Ioslam' ón teimpléad thíos ag teastáil ó gach ceann den chúig grúpa páistí. Beidh bileog mhór páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach grúpa freisin.

# Féachaimis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tosaíonn an ceacht seo le gníomhaíocht a iarrann ar na páistí obair i ngrúpaí chun struchtúr ard neamhspleách a thógáil ag úsáid ábhair mar chártaí imeartha, Lego, bloic thógála, ciúbanna comhairimh nó aon ábhair eile atá ar fáil a chabhróidh leo an obair a dhéanamh. Beidh ort na hábhair seo a bheith réidh roimh ré. Go hidéalach gheobhaidh gach grúpa ábhar tógála de chineál amháin chun a mír a thógáil.

## GNÍOMHAÍOCHT TÓGÁLA

### STRUCHTÚR A THÓGÁIL

- Roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair gach grúpa acu ábhar tógála difriúil.
- Inis do na páistí go bhfuil deich nóiméad acu (nó cibé am a mheasann tú atá oiriúnach) chun struchtúr ard neamhspleách a thógáil leis an ábhar atá acu.
- Déan maoirseacht ar an obair agus spreag na páistí a ndícheall a dhéanamh.
- Nuair a bheidh na páistí críochnaithe agus trácht déanta agat ar a gcuid oibre, cuir na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna den chineál céanna orthu chun cabhrú leo machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas:
  - Cad a d'oibrigh go maith libh mar ghrúpa?
  - Cad nár oibrigh go maith libh mar ghrúpa?
  - Cad a dhéanfadh sibh ar bhealach difriúil dá mbeadh an seans agaibh an ghníomhaíocht a thosú arís?
  - An gceapann sibh go ndearna an t-ábhar tógála an tasc a bheith níos éasca nó níos deacra daoibh? Cén fáth?
  - Agus sibh ag féachaint ar an struchtúr atá déanta agaibh, cad é an gné is tábhachtaí atá aige? (*m.sh. go bhfuil sé seasmhach agus go bhfuil bunús daingean aige*) Cén fáth?
  - Cad is bunsraith foirgnimh ann agus cén cuspóir atá aige? An mbíonn sé infheicthe de ghnáth? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn?
  - Cén coinníollacha aimsire agus tubaistí nádúrtha a dhéanann bunsraitheanna foirgneamh a thástáil? *(m.sh. gaoth, stoirmeacha, teas, tuilte, creathanna talún, fuacht)*
  - Níl tábhacht ag bunsraitheanna do fhoirgnimh amháin. An féidir leat samplaí eile de rudaí ón nádúr nó ó do chomharsanacht a thabhairt, a mbaineann tábhacht leis na bunsraitheanna atá acu? (*m.sh. crainn, plandaí, droichid*)



## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar páiste (ar a laghad) chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inár n-urnaí inniu beimid ag iarraidh ar Dhia cabhrú linn na rudaí agus na daoine a chuireann bonn maith ar fáil dár saol dúinn a aithint, ionas go mbeimid in ann na deacrachtaí agus na dúshláin a thagann chugainn a sheasamh.

Is é an freagra ar gach paidir ná: *A Thiarna, go mbeimid in ann na rudaí agus na daoine a chabhraíonn linn a aithint agus aire a thabhairt dóibh.*

**Léitheoir 1:** Gabhaimid buíochas as ár gcreideamh, a thugann brí dár saol.
**Gach duine:** A Thiarna, go mbeimid in ann na rudaí agus na daoine a chabhraíonn linn a aithint agus aire a thabhairt dóibh.

**Léitheoir 2:** Gabhaimid buíochas as ár dteaghlach agus as a ngrá agus a spreagadh.
**Gach duine:** A Thiarna, go mbeimid in ann na rudaí agus na daoine a chabhraíonn linn a aithint agus aire a thabhairt dóibh.

**Léitheoir 3:** Gabhaimid buíochas as ár gcairde, a thugann an oiread sin gáire agus áthais isteach inár saol agus a thugann compord dúinn nuair a bhíonn brón orainn.
**Gach duine:** A Thiarna, go mbeimid in ann na rudaí agus na daoine a chabhraíonn linn a aithint agus aire a thabhairt dóibh.

**Léitheoir 4:** Gabhaimid buíochas as spórt, ceol, ealaín agus drámaíocht agus na rudaí go léir a chuidíonn linn áilleacht agus solas a fháil sa domhan mórthimpeall orainn.
**Gach duine:** A Thiarna, go mbeimid in ann na rudaí agus na daoine a chabhraíonn linn a aithint agus aire a thabhairt dóibh.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas as na rudaí go léir a chuidíonn linn a bheith chomh maith agus is féidir linn, is cuma cé muid féin nó cén creideamh atá againn.
Díreach mar a chríochnaíomar ár n-urnaí le déanaí, táimid chun an phaidir a d'eisigh na ceannairí Ioslamacha, a úsáid arís.
**Gach duine:** Mura bhfuil síocháin idir na Moslamaigh agus na Críostaithe, ní féidir leis an domhan a bheith síochánta. Ná lig do na difríochtaí eadrainn fuath agus comhrac a spreagadh eadrainn. Bíodh meas againn ar a chéile, bímis cothrom, cóir agus cineálta lena chéile. Go mairimid le chéile go síochánta, go suaimhneach agus le dea-thoil. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI DHÚSHRAITHEANNA AGUS COLÚIN

Tosaigh trí mheabhrú leis na páistí a gcuid taithí ar struchtúr a thógáil agus an méid a d'fhoghlaim siad ón ngníomhaíocht sin.
Ansin cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu:

- Nuair a fhéachann tú ar fhoirgneamh nó ar phlanda/crann, an bhfeiceann tú na dúshraitheanna? Cén fáth nach bhfeiceann tú iad?
- Go minic ní furasta na rudaí a choinníonn suas muid a fheiceáil. An cuimhin libh cuid de na rudaí a dúirt sibh a chabhraíonn libh fanacht láidir nuair a bhíonn oraibh aghaidh a thabhairt ar amanna deacra?
- Chonaiceamar go bhfuil sé tábhachtach do dhaoine, crainn/plandaí agus foirgnimh go mbeadh dúshraitheanna maithe acu. An gceapann sibh go mbeadh dúshraitheanna maithe ag teastáil ó reiligiúin an domhain freisin? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Cad iad na dúshraitheanna atá ag an gCreideamh Caitliceach? (*m.sh. Briathar Dé sa Bhíobla; Íosa; teagasc na hEaglaise; an Tríonóid Naofa; baill na hEaglaise; grá; urnaí; sacraimintí, go háirithe an Eocairist; athmhuintearas/ maithiúnas; carthanas; na Biáide)*

Seiceáil go dtuigeann na páistí brí an fhocail 'Colún' trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Cad is colún ann? Cén tábhacht a bhaineann le colúin i bhfoirgneamh?
- Cá bhfaca tú colúin roimhe seo? An bhfuil aon fhoirgneamh ann go háitiúil ina bhfeicfeá colúin?
- An gceapann tú gur focal maith é an focal 'colún' a úsáid chun na príomhrudaí a chaithfidh Moslamach a dhéanamh chun a reiligiún a chleachtadh? Cén fáth nó cén fáth nach maith an focal é?

## CÚIG CHOLÚN IOSLAM

Is iad Cúig Cholún Ioslam bunchlocha Ioslam. Ainmníonn siad cúig rud a iarrtar ar gach Moslamach a dhéanamh chun a gcreideamh a léiriú.

Tabhair cuireadh do chúigear leanaí na nótaí ar Cúig Cholún Ioslam atá ar **leathanaigh 138-140 dá leabhar** a léamh amach. Tugtar na nótaí céanna thíos.

**An Chéad Cholún: Shahada (cré)**

- Is dearbhú creidimh nó cré é Shahada a deir go bhfuil aon Dia amháin ann (Allah) agus gurb é Mahamad a theachtaire.
- Is iad focail an Shahada na focail tosaigh agus na focail deiridh a chloiseann Moslamach. Déantar an Shahada a aithris thar Mhoslamach nuabheirthe agus deirtear i gcogar iad i gcluas Mhoslamaigh atá ag fáil bháis.
- Chun a bheith mar Mhoslamach, bíonn ar dhuine glacadh leis an gcreideamh Ioslamach agus an Shahada a aithris i láthair finné.

**An Dara Colún: Salat (urnaí)**

- Salat an t-ainm atá ar urnaí laethúil na Moslamach.
- Is féidir le Moslamaigh urnaí a dhéanamh sa bhaile nó in áit eile, nó le daoine eile ag an mosc.
- Iarrtar ar Mhoslamaigh guí cúig huaire sa lá. Déantar na paidreacha seo a ghuí roimh éirí na gréine, tar éis meán lae, go déanach san iarnóin, tar éis dhul faoi na gréine, agus sa tráthnóna sula dtéann siad a luí. Deirtear na paidreacha in Araibis.
- Guíonn Moslamaigh lena gcorp, mar shampla le dul ar na glúine agus umhlú. Úsáideann siad focail agus cantaireachtaí freisin.
- Nuair a ghuíonn Moslamaigh, tugann siad aghaidh i gcónaí i dtreo chathair naofa Mheice.

**An Tríú Colún: Zakat (carthanas)**

- Zakat an t-ainm ar an dualgas atá ar Mhoslamaigh gníomhartha carthanachta a dhéanamh. Is minic a chuirtear síos air mar 'déanamh déirce' nó 'cáin na mbocht'.
- Iarrtar ar Mhoslamaigh 2.5% dá n-ioncam a thabhairt do na boicht agus dóibh siúd atá ar an ngannchuid. Deir Moslamaigh gur bealach é seo

chun buíochas a ghabháil le hAllah as a chuid maitheasa.
- Trí Zakat a chleachtadh, cothaíonn Moslamaigh an pobal Moslamach, agus cabhraíonn siad leo, ar fud an domhain.

**An Ceathrú Colún: Sawm (troscadh)**

- Is é Sawm cleachtadh an troscaidh. Staonann Moslamaigh ó bhia agus ó dheoch de chineál ar bith le linn uaireanta an lae sa naoú mí den fhéilire gealaí Ioslamach - Ramadan. Bogann Ramadan ar aghaidh ocht nó naoi lá gach bliain. • Is é an cuspóir atá leis an troscadh ná a chur in iúl do dhaoine an méid atá acu cheana féin agus go bhfuil cúram orthu roinnt leo siúd atá ar an ngannchuid.
- Tréimhse staidéir agus féinrialaithe is ea Ramadan. Ní féidir le Moslamach aon rud a ithe nó a ól le linn na míosa seo ach amháin nuair a thagann an dorchadas gach lá.

**An Cúigiú Colún: Hajj (oilithreacht)**

- Is é Hajj ainm na hoilithreachta go Meice. Iarrtar ar gach Moslamach, atá in ann í a dhéanamh, an oilithreacht a dhéanamh uair amháin ar a laghad i rith a saoil.
- Is é Meice an baile ina bhfuil an Cába agus áit bhreithe Mhahamad.
- Creidtear gurb é Abrahám agus mac leis a thóg an Cába (an ciúb dubh sa phictiúr). Glaonn na Moslamaigh Ibrahim ar Abrahám. D'athchóirigh Mahamad é ionas go mbeadh sé mar fhócas lárnach do dhaoine chun adhradh a thabhairt d'Allah. Mar thoradh air seo, is áit an-naofa í an Cába do Mhoslamaigh.
- Glacann breis agus dhá mhilliún duine páirt sa Hajj i Meice gach bliain. Caitheann gach duine de na hoilithrigh na baill éadaigh bhána chéanna chun a thaispeáint go bhfuil siad uile cothrom.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE/DÍOSPÓIREACHT RANGA

### CÚIG CHOLÚN IOSLAM

**Nóta:** *Beidh cóip amháin den chúig Cholún thuas ag teastáil uait agus tabhair cur síos ar Cholún amháin do gach grúpa páistí. Beidh píosa mór páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach grúpa freisin.*

- Roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair gach grúpa acu tuairisc ar cheann amháin de Chúig Cholún Ioslam.
- Tabhair bileog de pháipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do na páistí obair a dhéanamh le chéile chun an leathanach a dhathú le focail, siombailí agus/nó íomhánna a léiríonn brí an Cholúin a tugadh dóibh. Ba chóir dóibh ainm an Cholúin a scríobh ar bharr an leathanaigh.
- Nuair a bheidh a gcuid oibre críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do na grúpaí éagsúla an méid atá déanta acu a roinnt leis an rang.
- Ag an deireadh, bíodh díospóireacht gairid ranga ann faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá ann idir cleachtaí agus dualgais na Moslamach, mar a léirítear sna Cúig Cholún, agus iad siúd atá ag Caitlicigh. D'fhéadfá an díospóireacht a threorú tríd an chomparáid a dhéanamh maidir le:

1. An méid a chreideann/a mhúineann an dá chreideamh faoi Dhia agus na bealaí nó na daoine trína ndéanann Dia a theachtaireachtaí/fhírinní a chur in iúl dúinn.
2. Cleachtadh urnaí sa dá chreideamh – na bealaí agus na háiteanna ina nguíonn daoine.
3. Cleachtadh carthanais agus tabhairt do na boicht sa dá thraidisiún.
4. Traidisiún an troscaidh - cathain agus cá háit a tharlaíonn sé.
5. Traidisiún na hoilithreachta.

# CLEACHTADH DIALAINNE

### COLÚIN AN CHREIDIMH CHAITLICIGH

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i bpéirí agus comhrá a dhéanamh le chéile go ciúin ar feadh nóiméad nó dhó faoi na rudaí a síleann siad a d'fhéadfaí a chur san áireamh mar 'Cholúin an Chreidimh Chaitlicigh'. (*Má theastaíonn cabhair uathu teacht suas le moltaí, d'fhéadfaí iad seo a chur san áireamh: Briathar Dé a léamh sa Bíobla; ag maireachtáil cosúil le Íosa; teagasc na hEaglaise a leanúint; ag ceiliúradh na sacraimintí; ag dul ar Aifreann; Dia a ghráú; grá a thabhairt dár gcomharsana; oibreacha corpartha na trócaire; urnaí; troscadh; oilithreacht.*)
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 140 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh íomhánna nó siombailí de na rudaí seo a tharraingt ar leathanach sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach, faoin gceannteideal 'Colúin ár gCreideamh'.

# CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### BREIS FÍRICÍ FAOI IOSLAM AGUS MOSLAMAIGH

Roinn na fíricí breise seo faoi na cleachtais agus stíl mhaireachtála na Moslamach leis na páistí.

- Ní itheann Moslamaigh muiceoil ná ní ólann siad alcól.
- Is é *Halal* an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an mbia agus deoch a bhfuil cead ag Moslamaigh a úsáid. Níl cead ag Moslamaigh ach feoil ainmhithe a ithe a maraíodh ar bhealach ar leith de réir rialacha dochta Ioslamacha. Murar maraíodh ainmhithe ar an mbealach seo, ní meastar an béile a bheith *halal* agus mar sin ní ceart é a ithe.
- Deir Moslamaigh *Bismillah*, rud a chiallaíonn 'In Ainm Allah', roimh bhéilí.
- Itheann agus ólann Moslamaigh lena lámh dheas, agus ní itheann/ólann siad riamh leis an lámh chlé.
- Nuair a bhíonn Moslamach ag roghnú na héadaí ba chóir a chaitheamh, leagann siad béim mhór ar umhlaíocht.
- Ní chreideann Moslamaigh gurb é Dia Athair Íosa, nó gur Mac Dé é Íosa. Tugann Moslamaigh onóir d'Íosa mar fháidh dhaonna agus mar theachtaire ó Dhia.
- Creideann Moslamaigh gur rugadh Íosa (a dtugann siad *Isa* air, a bhfuil fuaim cosúil le *Íosa*, an t-ainm Gaeilge air do Íosa) go míorúilteach ón Mhaighdean Muire (ar a dtugtar Maryam uirthi in Araibis). Creideann siad nach raibh athair daonna ag Íosa.
- Tá meas ag Moslamaigh ar Maryam.
- Ní chreideann Moslamaigh gur céasadh Íosa; ina áit sin, creideann siad gur shábháil Dia Íosa ó bhás agus gur thóg sé suas chun na bhflaitheas é.

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 140 dá leabhar.**

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Caithfidh dúshraitheanna maithe a bheith ag foirgnimh, traidisiúin reiligiúnacha agus fiú ag daoine. Is iad Cúig Cholún Ioslam dúshraith an chreidimh Ioslamaigh. Tá cleachtais agus deasghnátha ar leith ag baint le gach Colún. Tá go leor cosúlachtaí idir Colúin Ioslam agus creideamh agus cleachtais an chreidimh Chaitlicigh. Pobal bríomhar atá ag fás atá sa phobal Moslamach in Éirinn.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### TRÁTH NA GCEIST AR IOSLAM

Tabhair cuireadh do na páistí páirt a ghlacadh sa ghníomhaíocht idirghníomhach seo - tráth na gceist ilroghnacha, a chabhróidh leo cuimhneamh ar an méid a d'fhoghlaim siad faoi Ioslam an tseachtain seo.

Seo iad na ceisteanna (le freagraí cearta i lúibíní) a chuirfear ar na páistí:

1. Cén t-ainm atá ar an scrín naofa i Meice a chreidtear gur thóg Abrahám agus a mhac Ismael é? (An Cába)
2. Cé a chreideann na Moslamaigh a nocht é féin do Mhahamad agus thug teachtaireachtaí ó Dhia dó? (An t-aingeal Gaibriéil)
3. Cén t-ainm atá ar an leabhar ina bhfuil na teachtaireachtaí seo curtha le chéile? (An Córán)
4. Cad a thugtar ar an bpaidir Moslamach seo: 'Níl aon Dia eile ann ach Allah amháin agus is é Mahamad a theachtaire'? (Shahada)
5. Cé mhéad ainm do Allah atá sa Chórán? (nócha naoi)
6. De réir Dara Colún Ioslam, cé mhéad uair sa lá ar chóir do Mhoslamaigh guí? (cúig huaire)
7. Cén t-ainm atá ar an deasghnáth níocháin sin a chleachtaíonn Moslamaigh sula nguíonn siad? (wudu)
8. Cén t-ainm atá ar thríú colún Ioslam; an dualgas atá ar Mhoslamaigh gníomhartha carthanachta a dhéanamh? (zakat)
9. Cén t-ainm atá ar an oilithreacht go Meice a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh mórchuid na Moslamach uair amháin ar a laghad i rith a saoil? (*Hajj*)
10. Cén mhí san fhéilire Ioslamach a chleachtann Moslamaigh *sawm*, nó troscadh? (*Ramadan*)

## PAIDIR

**Nóta:** *I rith an urnaí seo iarrtar ar na páistí páirt a ghlacadh i ndeasghnáth ina bheidh orthu céim bheag chun tosaigh, siar, ar chlé agus ar dheis a thógáil ag amanna difriúla. Ar mhaithe le dóthain spáis a thabhairt do na páistí chun é seo a dhéanamh, iarr orthu seasamh i gciorcal le beagán spáis eatarthu. Más rud é nach féidir é sin a dhéanamh, tabhair cuireadh do na páistí seasamh taobh thiar dá mbinsí lena gcathaoireacha isteach, ag fágáil go leor spáis chun tosaigh agus taobh thiar chun ligean dóibh céim bheag chun tosaigh agus siar a ghlacadh nuair a deirtear leo.*

*Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Tá feicthe againn conas a chabhraíonn Cúig Cholún Ioslam le Moslamaigh fás ina gcreideamh. Agus d'fhéachamar ar chuid de bhunchlocha agus colúin dár gcreideamh féin.

Inár n-urnaí inniu beimid ag díriú ar oilithreacht mar chineál urnaí. Creidimid gur turas atá sa saol agus go mbíonn Dia in éineacht linn ar gach céim den turas sin. Toisc go bhfuilimid i seomra ranga, ní bheimid in ann an oiread céimeanna a ghlacadh is a ghlacann daoine de ghnáth nuair a bhíonn siad ar oilithreacht, ach tógfaimid roinnt céimeanna chun oilithreacht ar scála beag a léiriú.
De réir mar a dhéanaimid amhlaidh, cuimhnímid go bhfuil Dia linn i gcónaí, ag tabhairt treoir agus spreagadh dúinn ar an gcaoi ar chóir dúinn maireachtáil.

Mar sin, sula dtógfaimid céim chun tosaigh, glacaimid sos ar feadh tamaill chun smaoineamh ar na daoine go léir a chabhraíonn linn a bheith ag gluaiseacht ar aghaidh sa saol, fiú amháin nuair nach mbíonn an misneach againn. (*Sos*)
Glacaimid céim amháin chun tosaigh anois agus sinn ag guí …
**Gach duine** (*ag bogadh ar aghaidh*): A Dhia, cabhraigh linn cuimhneamh go mbíonn tú i gcónaí linn agus muid ar ár dturas tríd an saol, ag tabhairt treoir agus cabhair dúinn.

**Múinteoir:** Sula nglacfaimid céim siar, tógfaimid nóiméad chun smaoineamh ar na hamanna gur cóir dúinn foighne a thaispeáint, na hamanna gur cóir dúinn céim siar a ghlacadh, análú, agus an t-am agus an spás a thabhairt dúinn féin chun rudaí a fheiceáil níos soiléire. (*Sos*)
Glacaimid céim amháin ar ais anois agus sinn ag guí …
**Gach duine** (*ag bogadh ar ais*): A Dhia, tabhair foighne agus eagna dúinn chun bogadh ar ais agus smaoineamh go soiléir sula ngníomhaímid nó déanaimid cinntí tábhachtacha.

**Múinteoir:** Sula mbogaimid ar chlé, tógfaimid nóiméad chun smaoineamh ar na bealaí inar féidir linn a bheith urramach agus measartha, na hamanna inar féidir linn a bheith cineálta agus an saol a dhéanamh níos éasca do dhaoine eile. (*Sos*)
Glacaimid céim amháin ar chlé anois agus sinn ag guí …
**Gach duine** (*ag bogadh ar chlé*): A Dhia, cuidigh linn chun fás i gcineáltas agus smaoineamh ar dhaoine eile i gcónaí.

**Múinteoir:** Sula mbogaimid ar dheis, tógfaimid nóiméad chun smaoineamh ar na hamanna a rinneamar botúin, a ghortaíomar daoine eile nó a chuamar ar strae. (*Sos*)
Glacaimid céim amháin ar dheis anois agus sinn ag guí …
**Gach duine** (*ag bogadh ar dheis*): A Thiarna, cabhraigh linn a bheith brónach as ár mbotúin agus iarracht a dhéanamh an rud ceart a dhéanamh i gcónaí.

**Múinteoir:** Guímid go dtreoróidh Dia ár gcéimeanna i gcónaí agus go gcabhróidh sé linn turas na beatha a dhéanamh le chéile.
Díreach mar a chríochnaíomar ár n-urnaí le déanaí, táimid chun an phaidir a d'eisigh na ceannairí Ioslamacha, a úsáid arís.
**Gach duine:** Mura bhfuil síocháin idir na Moslamaigh agus na Críostaithe, ní féidir leis an domhan a bheith síochánta. Ná lig do na difríochtaí eadrainn fuath agus comhrac a spreagadh eadrainn. Bíodh meas againn ar a chéile, bímis cothrom, cóir agus cineálta lena chéile. Go mairimid le chéile go síochánta, go suaimhneach agus le dea-thoil. Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Cúig Cholún Ioslam

**An Chéad Cholún: Shahada (cré)**

- Is dearbhú creidimh nó cré é Shahada a deir go bhfuil aon Dia amháin ann (Allah) agus gurb é Mahamad a theachtaire.
- Is iad focail an Shahada na focail tosaigh agus na focail deiridh a chloiseann Moslamach. Déantar an Shahada a aithris thar Mhoslamach nuabheirthe agus deirtear i gcogar iad i gcluas Mhoslamaigh atá ag fáil bháis.
- Chun a bheith mar Mhoslamach, bíonn ar dhuine glacadh leis an gcreideamh Ioslamach agus an Shahada a aithris i láthair finné.

**An Dara Colún: Salat (urnaí)**

- Salat an t-ainm atá ar urnaí laethúil na Moslamach.
- Is féidir le Moslamaigh urnaí a dhéanamh sa bhaile nó in áit eile, nó le daoine eile ag an mosc.
- Iarrtar ar Mhoslamaigh guí cúig huaire sa lá. Déantar na paidreacha seo a ghuí roimh éirí na gréine, tar éis meán lae, go déanach san iarnóin, tar éis dhul faoi na gréine, agus sa tráthnóna sula dtéann siad a luí. Deirtear na paidreacha in Araibis.
- Guíonn Moslamaigh lena gcorp, mar shampla le dul ar na glúine agus umhlú. Úsáideann siad focail agus cantaireachtaí freisin.
- Nuair a ghuíonn Moslamaigh, tugann siad aghaidh i gcónaí i dtreo chathair naofa Mheice.

**An Tríú Colún: Zakat (carthanas)**

- Zakat an t-ainm ar an dualgas atá ar Mhoslamaigh gníomhartha carthanachta a dhéanamh. Is minic a chuirtear síos air mar 'déanamh déirce' nó 'cáin na mbocht'.
- Iarrtar ar Mhoslamaigh 2.5% dá n-ioncam a thabhairt do na boicht agus dóibh siúd atá ar an ngannchuid. Deir Moslamaigh gur bealach é seo chun buíochas a ghabháil le hAllah as a chuid maitheasa.
- Trí Zakat a chleachtadh, cothaíonn Moslamaigh an pobal Moslamach, agus cabhraíonn siad leo, ar fud an domhain.

**An Ceathrú Colún: Sawm (troscadh)**

- Is é Sawm cleachtadh an troscaidh. Staonann Moslamaigh ó bhia agus ó dheoch de chineál ar bith le linn uaireanta an lae sa naoú mí den fhéilire gealaí Ioslamach - Ramadan. Bogann Ramadan ar aghaidh ocht nó naoi lá gach bliain. • Is é an cuspóir atá leis an troscadh ná a chur in iúl do dhaoine an méid atá acu cheana féin agus go bhfuil cúram orthu roinnt leo siúd atá ar an ngannchuid.
- Tréimhse staidéir agus féinrialaithe is ea Ramadan. Ní féidir le Moslamach aon rud a ithe nó a ól le linn na míosa seo ach amháin nuair a thagann an dorchadas gach lá.

**An Cúigiú Colún: Hajj (oilithreacht)**

- Is é Hajj ainm na hoilithreachta go Meice. Iarrtar ar gach Moslamach, atá in ann í a dhéanamh, an oilithreacht a dhéanamh uair amháin ar a laghad i rith a saoil.
- Is é Meice an baile ina bhfuil an Cába agus áit bhreithe Mhahamad.
- Creidtear gurb é Abrahám agus mac leis a thóg an Cába (an ciúb dubh sa phictiúr). Glaonn na Moslamaigh Ibrahim ar Abrahám. D'athchóirigh Mahamad é ionas go mbeadh sé mar fhócas lárnach do dhaoine chun adhradh a thabhairt d'Allah. Mar thoradh air seo, is áit an-naofa í an Cába do Mhoslamaigh.
- Glacann breis agus dhá mhilliún duine páirt sa Hajj i Meice gach bliain. Caitheann gach duine de na hoilithrigh na baill éadaigh bhána chéanna chun a thaispeáint go bhfuil siad uile cothrom.

# Paidreacha

**Comhartha na Croise**
In ainm an Athar,
agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

**Glóir don Athair**
Glóir don Athair,
agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh,
Mar a bhí ó thús,
mar atá anois
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

**Paidir na Maidine**
A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**
A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

**Altú roimh Bhia**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

**Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta**
A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán.
Áiméan.

**An Phaidir**
Ár nAthair, atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**Sé do Bheatha, a Mhuire**
Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

**Salve Regina**
Go mbeannaítear duit, a Bhanríon,
a Mháthair na trócaire,
ár mbeatha, ár milseacht agus ár ndóchas,
go mbeannaítear duit.
Is ort a ghlaoimid, clann dhíbeartha Éabha.
Is chugat a chuirimid suas ár n-urnaí,
ag caoineadh agus ag gol,
sa ghleann seo na ndeor.
Ar an ábhar sin, ós tú ár n-abhcóide,
iompaigh orainn do shúile atá lán de thrua,
agus tar éis na deoraíochta seo
taispeáin dúinn Íosa, toradh beannaithe do bhroinne,
A Mhaighdean Mhuire cheansa, ghrámhar, mhilis.

**Paidir don Tríonóid Naofa**
Moladh don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh,
An Triúr ina aon.

**Paidreacha chuig an Spiorad Naomh**
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh.
Cabhraigh liom.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa.
Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.

Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.

A Dhia, a mhúin croíthe na bhfíréan
Le solas an Spioraid Naoimh,
Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a bheith críonna go fíor,
Agus gairdeas a dhéanamh i gcónaí ina shólás,
Trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan.

**Gníomh Creidimh**
A Dhia liom, creidim ionat
agus i ngach a mhúineann d'Eaglais Naofa
mar gur tusa a dúirt
agus go bhfuil do Bhriathar fíor.
Is tusa an Críost, Mac Dé beo.
Is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
A Dhia, creidim, méadaigh ar mo chreideamh.

**Gníomh Dóchais**
A Dhia liom, cuirim mo dhóchas ionat
mar táim cinnte de do ghealltanais.
Saor sinn, a Thiarna, ó gach olc.
Tabhair dúinn síocháin lenár linn,
agus sinn ag súil go lúcháireach
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost. Áiméan.

**Gníomh Grá**
A Dhia liom, gráim thú ó mo chroí go hiomlán,
ó m'anam go hiomlán, agus le mo neart iomlán.
A Thiarna, méadaigh ár ngrá.
Cabhraigh linn chun grá a thabhairt dá chéile. Áiméan.

**Fáilte an Aingil**
Tháinig aingeal an Tiarna le scéala chun Muire,

Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.
*Sé do bheatha, a Mhuire...*
Féach, mise banóglach an Tiarna,
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.
*Sé do bheatha, a Mhuire...*
Agus ghlac an Briathar colainn dhaonna,
Agus chónaigh sé inár measc.
*Sé do bheatha, a Mhuire...*
Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé
Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,
Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,
Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína fhulaingt agus a bhás
Go glóire a aiséirí,
Mar is é a mhaireann agus a rialaíonn in éineacht leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
Aon Dia, trí shaol na saol. Áiméan.

**Rúndiamhra na Corónach Muire**

*Na Rúndiamhra Sólásacha*
1. Teachtaireacht an Aingil
2. Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit
3. Breith Íosa
4. An Toirbhirt sa Teampall
5. Fáil an Linbh Íosa sa Teampall

*Na Rúndiamhra Solasmhara*
1. Baisteadh Íosa sa Iordáin
2. Bainis Chána
3. Íosa ag fógairt theacht Ríocht Dé
4. Claochlú Íosa
5. Bronnann Íosa an Eocairist orainn

*Na Rúndiamhra Dólásacha*
1. Anbhroid Íosa sa Ghairdín
2. Sciúrsáil ár dTiarna ag an gCuaille
3. Corónú Íosa le Coróin Spíne
4. Íosa ag iompar na Croise
5. Céasadh Íosa ar an gCros

*Na Rúndiamhra Glórmhara*
1. Aiséirí ár Slánaitheora
2. Deascabháil ár Slánaitheora
3. Teacht an Spioraid Naoimh anuas ar na hAspail
4. Deastógáil na Maighdine Muire suas ar neamh
5. Corónú na Maighdine Muire ar neamh

**Cúram don Domhan**

A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú an talamh, an spéir agus na farraigí dúinn.
Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann, ach do na haoiseanna atá le teacht freisin.
Ná milleadh aon phlean ná obair againne áilleacht do chruthaithe.
Seol do Spiorad chugainn chun cabhrú linn aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad.
Áiméan.

**Paidir ar an mBíobla a oscailt**

Beannaigh mé, a Dhia, ionas
nuair a osclaím an Bíobla seo
go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí
do do Bhriathar.
Go gcothaí sé mé
faoi mar a chothaigh sé Íosa.
Áiméan.

**Paidir ar an mBíobla a dhúnadh**

Beannaigh mé, a Dhia,
agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
go gcoinneoidh mé do Bhriathar
i mo chroí agus i m'intinn
faoi mar a rinne Íosa.
Áiméan.

**Cré na nAspal**

Creidim i nDia,
an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aonmhacsan, ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach,
i gcomaoin na Naomh,
i maithiúnas na bpeacaí,
in aiséirí na colainne,
agus sa bheatha shíoraí. Áiméan.

**An Chré Nícé-Chathair Chonstaintín**

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.

Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair
sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas,
Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá d'aon substaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.

Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.

Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir;
chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.

Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac:
is é a labhair trí na fáithe.

Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin
chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Áiméan.

**An Benedictus (Amhrán Zacairiá)**
Moladh don Tiarna, Dia Iosrael,
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;
agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach -
de réir mar a labhair
trí bhéal a naomhfháidh anallód -
mar shaoradh dúinn ónár naimhde
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
ag déanamh trócaire mar sin ar ár n-aithreacha,
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa -
ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair -
go dtabharfadh sé dúinn,
tar éis ár saortha as láimh ár naimhde,
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair gach lá dár saol.

Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an té is airde,
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal
trí mhaithiúnas a bpeacaí
de chionn trócaire chroí ár nDé
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis;
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána. (Lúcás 1:68-79)

**An Magnificat**
Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.
Óir rinne an té atá cumhachtach nithe
móra dom agus is naofa a ainm.
Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.
Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;
Líon sé lucht an ocrais le nithe fónta,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dár n-aithreacha –
d'Abrahám agus dá shliocht go brách.

**An Memorare**
Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne riamh
a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d'iarr cabhair ort
ná a d'impigh d'idirghuí is gur theip tú air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin, rithimse chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do chomhair a sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná diúltaigh do m'urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus freagair iad.
Áiméan.

**Paidir ar son na Marbh**
Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

**Paidir le Moladh Ard**
A Thiarna, molaimid anam (ainm) do sheirbhíseach, i do láthair;
i bhfianaise an domhain seo tá sé/sí marbh anois;
ach os do chomhair go maire sé/sí beo go deo.
Maith dó/di na peacaí a rinne sé/sí trí laige an duine
agus as ucht do ghrá tabhair suaimhneas síoraí dó/di.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Paidir Naomh Proinsias Assisi**
A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá,
Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, deonaigh gur mhó liom
Sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.
Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin is ea a mhaitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí sinn. Áiméan.

**Lúireach Phádraig**
Críost liom.
Críost romham.
Críost i mo dhiaidh.
Críost ionam.
Críost ar mo lámh dheas.
Críost ar mo lámh chlé.
Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim.
Críost mar chara agam, anois is go buan. Áiméan.

**Gníomh Dóláis**
A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**Paidir ag iarraidh Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom
cuimhneamh ar na huaireanta
nár mhair mé mar a d'iarr Íosa orm.
Cabhraigh liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh. Áiméan.

**Paidir tar éis Maithiúnais**
A Dhia, ár nAthair, go raibh maith agat faoi
mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhraigh liom grá a thabhairt do dhaoine eile.
Cabhraigh liom maireachtáil mar a d'iarr Íosa orm.
Áiméan.

**Paidir roimh Chomaoineach Naofa**
A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí, tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.
Áiméan.

**Paidir tar éis Comaoineach Naofa**
A Thiarna Íosa, gráim agus adhraim thú.
Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do chúram
Agus tabhair ar neamh sinn chun cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

**Paidir Thurais**
Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae. Áiméan.

**Paidir ó Chumann na Leanaí Misinéireachta**
**M**ise ag Íosa
**I**s Íosa agamsa
**'S** amhlaidh do leanaí an domhain
**E**isean
**Á**r múineadh is ár
**N**eartú chun guí agus roinnt ár gcuid lena chéile go sroichfimid an bheatha shíoraí. Áiméan.

**Ár bPaidir Misiúnta**
Go roinne
Gach páiste ar domhan
Grá agus cairdeas,
Agus go maire siad
I síocháin ghrá Dé
Anois agus choíche.

# Paidreacha don Eocairist

## NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

**Sagart:** In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
**Pobal:** Áiméan.

### Beannachtaí

**Sagart:** Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
**Nó**
Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.
**Nó**
Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.

### Gníomh Aithrí A

Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
*(ag bualadh a n-uchta deir siad:)*
trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin.
*(Leanann siad orthu:)*
Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

### Gníomh Aithrí B

**Sagart:** Déan trócaire orainn, a Thiarna.
**Pobal:** Óir pheacaíomar i do choinne.
**Sagart:** Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.
**Pobal:** Agus tabhair dúinn do shlánú.

### A Thiarna, déan trócaire

**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.
**Sagart:** A Chríost, déan trócaire.
**Pobal:** A Chríost, déan trócaire.
**Sagart:** A Thiarna, déan trócaire.
**Pobal:** A Thiarna, déan trócaire.

### Kyrie Eleison

**Sagart:** Kyrie, eleison.
**Pobal:** Kyrie, eleison.
**Sagart:** Christe, eleison.
**Pobal:** Christe, eleison.
**Sagart:** Kyrie, eleison.
**Pobal:** Kyrie, eleison.

### An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú;
móraimid thú;
adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas;
a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost.
A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn;
tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is naofa; is tú amháin is Tiarna;
is tú amháin is Ró-Ard,
a Íosa Críost,
mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair.
Áiméan.

## LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

*I ndiaidh na Léachta*
**Léitheoir:** Briathar an Tiarna.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

*Roimh an Soiscéal*
**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir A. ...
**Pobal:** Glóir duit, a Thiarna.

*Ag deireadh an tSoiscéil*
**Sagart:** Soiscéal an Tiarna.
**Pobal:** Moladh duit, a Chríost.
**Pobal:** Moladh agus onóir duit, a Thiarna Íosa. (i rith an Charghais)

### Guí an Phobail (An Ghuí Chomhchoiteann)

**Léitheoir:** A Thiarna, éist linn.
**Pobal:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.
***Nó***
**Léitheoir:** Guímis chun an Tiarna.
**Pobal:** A Thiarna, éist lenár nguí.

## LIOTÚIRGE NA hEOCAIRISTE

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an t-arán seo a ofrálaimid duit: toradh na talún agus saothar lámha an duine, agus déanfar de arán na beatha dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne,
mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fíon seo a ofrálaimid duit: toradh na finiúna agus saothar lámha an duine, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.
**Pobal:** Moladh go deo le Dia.

**Sagart:** A phobal Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Pobal:** Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

### Dialóg na Preafáide

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Tógaigí bhur gcroíthe in airde.
**Pobal:** Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.
**Sagart:** Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.
**Pobal:** Is ceart agus is cóir sin.

### Sanctus

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.
Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.
Hósanna sna harda.
Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.
Hósanna sna harda.

**Rúndiamhair an Chreidimh (Ardmholadh Cuimhneacháin)**
**Sagart:** Rúndiamhair an chreidimh.
**Pobal:** Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.
***Nó:***
Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.
***Nó:***
A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.
***Nó:***
Mo Thiarna agus mo Dhia.

## DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

**An Phaidir**
**Sagart:** Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:
**Pobal:** Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.
**Sagart:** Saor sinn ó gach olc, impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.
**Pobal:** Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

**Comhartha Síochána**
**Sagart:** Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Ofrálaigí comhartha síochána dá chéile.

**Agnus Dei**
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.
A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

**Cuireadh chuig Comaoineach Naofa**
**Sagart:** Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.
**Pobal:** A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

**Ag Glacadh Comaoineach**
**Sagart:** Corp Chríost.
**Pobal:** Áiméan.

## NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

**Sagart:** Go raibh an Tiarna libh.
**Pobal:** Agus le do spiorad.
**Sagart:** Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.
**Pobal:** Áiméan.

**Gnás Scaipthe**
**Sagart:** Imígí, tá an tAifreann thart.
***Nó:***
Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.
***Nó:***
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.
***Nó:***
Imígí faoi shíocháin.
**Pobal:** Buíochas le Dia.

# Admhálacha

Seo an t-ábhar faoi chóipcheart a atáirgtear sa leabhar seo:
Athfhriotail ó na Scrioptúir *An Bíobla Naofa* (Maigh Nuad, An Sagart, 1981).
Sleachta as *Ord an Aifrinn* (Baile Átha Cliath, Veritas, 2011).

Na scéalta faoi Gerardo Amantillo agus a bhean Jovita (lch. 54) agus Mechu Dayo (lch. 55) curtha in oiriúint ó 'Stories from a Changing Climate' le Trócaire. An scéal faoi Amos ón gCéinia (lch. 55) curtha in oiriúint ó 'Lent 2016 Education Primary School Case Studies' le Trócaire. Tógadh na hacmhainní seo, le cead, ó bhunachar sonraí Trócaire ag www.trocaire.org. Breandán Ó Raghallaigh a d'aistrigh iad.

**Dánta:**
'Different Classes' (lch. 9) le Susan Morgan. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

'God's Work of Art' (lch. 13), 'God's Gift' (lch. 33), 'We Can Rise Too!' (lch. 81), 'The Real Me!' (lch. 93), 'Inspired' (lch. 117) agus 'Images of Mary' (lch. 133) leis an Athair Chris O'Donnell. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

'There Has to Be More' (lch. 29), 'Prepare the Way' (lch. 45), 'No One Shouted Stop' (lch. 53), 'The Church, the People of God' (lch. 65), 'At Mass We Remember' (lch. 89) agus 'In My Father's House' (lch. 121) le Maria O'Rourke. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

'The Monster in the Sky' le Catherine Coen (lch. 57) tógtha ó *Before the Storm*, Trócaire and Poetry Ireland Poetry Competition 2017. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

'Nazareth' le Finbar O'Connor (lch. 61), cóipcheart © Finbar O'Connor. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

'The Loving Father' le Caitriona O'Carroll (lch. 101), cóipcheart © Caitriona O'Carroll. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.
'Pentecost: I Was There' le Christy Kenneally (lch. 105), cóipcheart © Christy Kenneally. Úsáidte le cead agus aistrithe ag Breandán Ó Raghallaigh.

**Creidiúintí na bPictiúr:**
Lch. 54 agus 55 (barr) úsáidte le cead Trócaire.
Lch. 55: Grianghraf de Amos ón gCéinia, le Jeannie O'Brien. Úsáidte le cead Trócaire.
Lch. 64: Grianghraf den tSiúr Consilio le caoinchead Cuan Mhuire.
Lch. 67: *But Ruth Clave Unto Her*, © Brian T. Kershisnik, 2006. Úsáidte le cead.
Lch. 75: *The Last Supper*, 1624–1625 (olaphictiúr ar chanbhás), Giovanni Lanfranco (1582–1647). Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.
Lch. 75: *Crucifixion*, c. 1935 (olaphictiúr ar chanbhás), Albert Gleizes (1881–1953). Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. © Eastát Albert Gleizes, ADAGP Páras/ IVARO, Baile Átha Cliath 2019.
Lch. 99: Grianghraf: Andrey Mironov
Lch. 121: *Paradise* le Giovanni di Paolo (1445). Áras Cathrach Ealaíne, Nua-Eabhrac.
Lch. 135: Grianghraf (lár): Leabharlann Phoiblí Nua-Eabhrac.
Lch. 136: Grianghraf (ar bharr, ar chlé): Leabharlann Phoiblí Nua-Eabhrac.

Tá gach iarracht déanta ag na foilsitheoirí teagmháil a dhéanamh leo sin a bhfuil an cóipcheart acu ar ábhar ar baineadh úsáid as in *I nGrá Dé*. Má tharla sé gur sáraíodh an cóipcheart i gcás ar bith anseo, iarrtar ar shealbhóirí an chóipchirt dul i dteagmháil leis na foilsitheoirí, agus ceartóimid é a luaithe agus is féidir.

# Ceacht Oscailte:
# Ag cur tús lenár scoilbhliain nua

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Salm 106:1-3. Paidir lúcháire

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Is achomaire ar an soiscéal ar fad í An Phaidir (ChEC 2774).

*Urnaí Fhoirmeálta*

- An Phaidir

*Paidreacha Breise*

- Urnaí agus coinneal á lasadh
- Urnaí agus coinneal á múchadh

### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Iarrtar ar gach Críostaí a c(h)uid buanna féin a fhorbairt agus a c(h)uid freagrachtaí a chomhlíonadh le go mbeidh siad naofa (LG 39-41; AG 28).
- Bíonn meas ag Críostaithe ar chearta bunúsacha gach duine (ChEC 1944, 2479, 2507, 1782, 2106).

## SULA dTOSAÍONN TÚ

Dúirt Naomh Agaistín, 'Is breá le Dia gach duine againn amhail is nach raibh ann ach sinne amháin.' Is féidir leis seo a bheith ina chompord do na páistí agus iad ag tosú ar scoilbhliain nua. Is dóigh go mbeidh siad níos muiníní ina gcuid dóchas agus ionchais má bhraitheann siad sábháilte i ngrá Dé agus sa timpeallacht chúraim a sholáthraíonn na daoine fásta ina scoil. Is bealach tábhachtach é an cúram a sholáthraíonn na daoine fásta timpeall orthu chun go dtuigfeadh páistí grá agus cúram Dé.

Glaoitear ar gach duine againn na bronntanais agus na cumais, a thug Dia dúinn, a úsáid agus a fhorbairt, agus ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh, ionas go mbeimid chomh fearr agus is féidir linn a bheith. Sa cheacht seo treoraímid na páistí chun féachaint ar chuid de na bealaí inar féidir leo é seo a dhéanamh. Ainmneoidh agus roinnfidh na páistí cuid dá ndóchas agus a n-aislingí don bhliain deiridh atá acu sa bhunscoil.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Pribhléidí:** Buntáistí nó tairbhí speisialta a fhaighimid.
- **Freagrachtaí:** Na rudaí a iarrtar orainn a dhéanamh – tá siad cosúil le dualgais. Tá an fhreagracht ar Chríostaithe grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile.
- **Suáilcí:** Téarma a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar nósanna maithe a bhíonn ag daoine, a spreagann iad chun an rud ceart a dhéanamh. Léiríonn na suáilcí a bhíonn ag daoine go bhfuil bronntanais/tíolacthaí an Spioraid Naoimh ag obair ina saol.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog bheag páipéir do gach grúpa leanaí

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI TÚS A CHUR LE SCOILBHLIAIN NUA

Déan comhrá leis na páistí faoi scoilbhliain nua a thosú ag úsáid na gceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a bhfuil sibh ag tnúth leis inniu/don bhliain amach romhainn? Cén chaoi a mbeadh an bhliain seo difriúil ó bhlianta eile? Cén fáth go mbeadh sé difriúil? • An bhfuil sibh neirbhíseach nó imníoch faoi rud ar bith agus an bhliain nua seo á thosú agaibh? Más ea, b'fhéidir gur mhaith an imní a roinnt leis an rang.
- Conas a bheidh meas agat ar dhaoine eile sa rang i mbliana? (m.sh. meas a léiriú ar chreidimh daoine eile; riachtanais daoine eile a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh nuair is féidir; éist le tuairimí daoine eile; cuir daoine eile san áireamh i ngníomhaíochtaí/am súgartha; bheith ciúin le linn urnaí; comhoibrigh/bí díograiseach agus sibh ag obair le chéile).

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Beidh Cóineartú faighte ag na páistí i Rang a Cúig nó beidh an sacraimint á fáil acu níos déanaí i mbliana. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfaighimid seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh i Sacraimint an Chóineartaithe chun cabhrú linn ár bhfreagrachtaí mar lucht leanúna Íosa a chomhlíonadh sa bhaile, ar scoil agus lenár gcairde.

**Leid don mhúinteoir:** Is féidir an cód ranga a scríobh ar chairt, a thaispeáint ar bhalla an tseomra ranga nó sa spás urnaí, agus tagairt a dhéanamh dó go minic i rith na bliana.

## GNÍOMHAÍOCHT LE HAGHAIDH MACHNAIMH/CUMADÓIREACHTA

### ÁR gCÓD RANGA

**Nóta:** *Beidh bileog bheag páipéir ag teastáil uait do gach grúpa páistí.*

- Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi chód ranga agus cén fáth gur smaoineamh maith a bheadh ann ceann a bheith agaibh. Féach an féidir leo teacht ar aon fhocail eile chun cód ranga a chur in iúil (m.sh. comhaontú, rialacha, conradh, cúnant; d'fhéadfadh sé a rá go bhfuil fáilte roimh chuairteoirí chuig an rang).
- Má bhain do rang úsáid as an gclár, I nGrá Dé, i Rang a Trí, b'fhéidir go gcuimhneodh siad ar chód ranga a chur le chéile ag tús na bliana sin. Más ea, iarr orthu cuimhneamh ar conas a d'éirigh leo cloí leis an gcód sin.
- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar na fáthanna a bheadh ann, cód ranga nua a chruthú gach bliain (m.sh. páistí nua sa rang; beidh páistí níos sine agus níos aibí gach bliain; d'fhéadfadh cúinsí nua a bheith ann nach mór a chur san áireamh).
- Ansin iarr ar na páistí dul isteach i ngrúpaí beaga. Tabhair bileog páipéir do gach grúpa agus iarr orthu cúig nó sé rud a liostáil a mheasann siad a bheadh oiriúnach don chód ranga. Tabhair cúig nóiméad nó mar sin do na páistí chun é seo a dhéanamh.
- Tar éis do gach grúpa tuairisciú ar ais don rang lena gcuid moltaí, spreag na páistí chun aontú mar rang ar na míreanna is fearr a bheidh ina gcód ranga nua.

# PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh seisear páiste chun na paidreacha a léamh. Tá na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*coinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i láthair linn.

Táimid anseo anois i scoilbhliain nua. Táimid ar ais le chéile tar éis laethanta saoire fada an tsamhraidh. Bhí go leor eispéiris éagsúla againn le linn na laethanta saoire. Agus táimid tar éis fás agus athrú ar bhealaí éagsúla. Le linn na bliana amach romhainn, beidh go leor eispéiris eile againn agus leanfaimid orainn ag fás agus ag athrú. Tugaimid ár ndóchas agus ár n-eagla os comhair Dé anois. Is é an freagra ar na paidreacha ná '*Bí Linn, a Íosa*'.

**Léitheoir 1:** A Dhia ghrámhair, cuidigh linn socrú isteach agus muid ag tosú ar an mbliain nua seo. Cabhraigh linn a bheith cairdiúil leis na páistí eile inár rang agus inár scoil.
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Léitheoir 2:** Cuidigh linn breathnú ar aghaidh le dóchas agus le sonas as an bhliain atá romhainn.
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Léitheoir 3:** Gabhaimid buíochas as na teaghlaigh agus as na daoine go léir a thugann aire dúinn. Gabhaimid buíochas freisin as ár múinteoirí, ár CRSanna agus as gach duine a oibríonn inár scoil.
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Léitheoir 4:** Cabhraigh linn a bheith cineálta agus tuisceanach i rith na bliana agus dea-shampla a thabhairt do na páistí óga inár scoil.
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Léitheoir 5:** Cabhraigh linn cuimhneamh gur chruthaigh tú gach duine againn, agus gur thug tú bronntanais agus cumais ar leith dúinn uile.
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Léitheoir 6:** Cuidigh linn cuimhneamh ar na focail seo ó Naomh Caitríona de Siena agus muid ag iarraidh na bronntanais agus na cumais seo a úsáid i mbliana: 'Bí mar a shamhlaigh Dia go mbeifeá agus cuirfidh tú an domhan trí thine.'
**Gach duine:** Bí Linn, a Íosa.

**Múinteoir:** Glacaimid sos ar feadh tamaill chun a shamhlú cad atá in ann ag Dia do gach duine againn agus guímis chuig Dia. (*Sos*)

Anois guímis An Phaidir le chéile, an urnaí a thug Íosa féin dúinn, agus is achoimre é ar an Soiscéal iomlán.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh…) Áiméan.

**Amhrán:** 'I nGrá Dé' (téamamhrán)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

**Caith go maith libh féin!**

Tháinig tost ar an seomra ranga nuair a shiúil an príomhoide, Iníon Uí Cheallaigh isteach. Go dtí an nóiméad sin bhí an seomra ranga an-spreagúil agus na páistí ag réiteach a gcuid leabhar scoile nua, ag caint faoi laethanta saoire an tsamhraidh agus ag gearán go mbeadh orthu éirí go luath arís.

Agus an t-athrú ar leibhéal an torainn á bhraith aige, chas an tUasal Ó Nualláin, a bhí gnóthach ag cur cóipleabhair agus leabhair eile ar sheilfeanna, timpeall agus d'iarr sé, 'An ndearna sibh dearmad ar an méid a deirimid nuair a thagann cuairteoir isteach sa seomra?' 'Dia dhuit!' a dúirt an rang go léir le chéile. 'Go raibh maith agaibh,' arsa Iníon Uí Cheallaigh, agus í ag amharc timpeall agus aoibh gháire ar na haghaidheanna nua go léir. Shuigh na páistí go ciúin agus iad ar bís le tnúthán.

Lean Iníon Uí Cheallaigh ar aghaidh, 'Fáilte romhaibh go léir go Rang a Sé. Is bliain an-tábhachtach í seo do gach duine agaibh - an bhliain dheireanach agaibh sa bhunscoil. Tá ceist agam díobh a theastaíonn uaim go ndéanfadh sibh go léir machnamh uirthi: Cén aisling atá ag gach duine agaibh don bhliain atá romhaibh amach?'

Bhí ciúnas sa seomra. 'Ná bíodh imní oraibh,' arsa Iníon Uí Cheallaigh agus í ag gáire, 'níl mé ag iarraidh freagra a fháil láithreach. Is mian liom go ndéanfadh sibh machnamh ar an gcineál bliana ba mhaith libh a bheith agaibh - cad ba mhaith libh a fháil amach nó a bhaint amach le linn na bliana deiridh sa scoil seo. Tiocfaidh mé isteach arís an tseachtain seo chugainn agus is féidir libh na haislingí sin a roinnt liom. Ba mhaith liom go gcuirfeadh sibh in iúl dom cuid de na rudaí is cuimhin libh ó bhí sibh i Rang a Dó.

Shín Proinsias a lámh in airde agus dúirt, 'Bhí Iníon Dunphy againn an bhliain sin.' 'Agus bhíomar i bhfoirgneamh réamhdhéanta freisin', arsa Emma. 'Ghlacamar ár gCéad Chomaoineach,' a scairt Tomás ó chúl an tseomra.

'An-mhaith,' a dúirt Iníon Uí Cheallaigh. 'Anois, an féidir libh a rá liom cé a bhí i Rang a Sé an bhliain sin. Thosaigh na páistí ag glao ainmneacha amach. Luaigh páiste amháin an t-ainm 'Sorcha Uí Dochartaigh' agus dúirt le hIníon Uí Cheallaigh go raibh Sorcha ina peileadóir iontach agus gur scóráil



sí an cúl buaiteach in aghaidh scoil Naomh Aodhán. 'Chabhraigh Risteard Ó Dúghaill liom lá amháin nuair a thit mé sa chlós,' a dúirt Áine. Cuimhneoidh mé air i gcónaí mar gheall air sin. Bhí Fióna Uí Bhriain agus Marcas Mac Cumascaigh i seó na scoile. Bhí siad thar barr,' a dúirt Eoin.

'Is cuimhin liom rud éigin dona,' arsa Cormac. D'fhéach gach duine air. Thiomáin Bearnard Ó Donnabháin, Pól Ó Broin isteach sna sceacha agus fuair Pól dealg ina shúil. Ceapaim gur cuireadh Bearnard ar fionraí ar feadh lae.' Thosaigh gach duine ag gáire.

'Léiríonn sé sin an pointe is mian liom a dhéanamh,' a dúirt Iníon Uí Cheallaigh. 'Tá sibh i Rang a Sé anois. Seo í bhur mbliain. Beidh na páistí óga ag amharc oraibh agus cuimhneoidh siad ar na rudaí a dhéanfaidh sibhse agus ar an sampla a thabharfaidh sibh. Agus sibh ag dul timpeall na scoile i mbliana, beidh sibh mar eiseamláirí. Tá sé de dhualgas oraibh anois cinneadh a dhéanamh an mbeidh cuimhneamh oraibh as na rudaí maithe nó as na rudaí dona a dhéanann sibh. Ba mhaith liom go mbeidh sibh ar fad mar eiseamláirí maithe, ag tabhairt dea-shampla do na páistí óga sa scoil. Cuimhnigh ar an méid a deir Spiderman, "Tagann freagracht le cumhacht mhór." ' D'éist na páistí go cúramach.

'Tá ceist eile agam daoibh anois,' arsa Iníon Uí Cheallaigh. 'An féidir le duine ar bith rud amháin a ainmniú a bhfuil tú ag súil leis a dhéanamh mar pháiste i Rang a Sé? 'Beimid in ann imirt ar an bpáirc mhór,' arsa Leanne. 'Beidh cead againn teacht isteach ar scoil ag an doras tosaigh,' arsa Ben. 'Beimid inár gceannairí ag am sosa agus i rith cluichí,' arsa Seán. Agus lean

• • •

...

na moltaí go dtí gur ardaigh Iníon Uí Cheallaigh a lámh agus ghabh sí buíochas leo as a gcuid freagraí.

'Anois ba mhaith liom go ndéanfadh sibh machnamh ar na freagrachtaí a bheidh agaibh mar pháistí i Rang a Sé,' a d'fhógair Iníon Uí Cheallaigh. Bhí na páistí go léir níos ciúine anois, agus iad ag amharc timpeall ar a chéile chun a fháil amach cé a chuirfeadh a lámh suas ar dtús. 'Tá sé ceart go leor,' a dúirt Iníon Uí Cheallaigh, 'Ní gá dom liosta a fháil uaibh. Cuimhnigh air seo - tá bliain nua á tosú agaibh. Beidh Rang a Sé chomh maith i rith na bliana agus a dhéanfaidh sibh é. Beidh súile beaga ag féachaint oraibh ar mhaithe le dea-shampla a fháil. Caith go maith libh féin! Bíodh aisling mhór agaibh agus bainigí taitneamh as an mbliain.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, **atá ar leathanach 6 de leabhar na bpáistí freisin:**

- D'iarr Iníon Uí Cheallaigh ar na páistí machnamh a dhéanamh ar cheist áirithe. Cén cheist í sin?
- Cad iad na rudaí ar chuimhnigh na páistí orthu óna gcuid ama i Rang a Dó?
- Cad iad na cuimhní a bhí ag na páistí orthu siúd a bhí i Rang a Sé nuair a bhí siadsan i Rang a Dó?
- Luaigh roinnt de na **pribhléidí** a bhain le Rang a Sé a raibh na páistí ag súil leo?
- Cad iad na príomhrudaí ba thábhachtaí, dar le hIníon Uí Cheallaigh, faoina **bhfreagrachtaí** mar dhaltaí i Rang a Sé?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- Cén cineál aislingí a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí sa scéal don bhliain amach rompu, dar leat? An gceapann tú go dtiocfaidh a n-aisling go léir i gcrích? An cuma mura dtagann siad i gcrích? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- An bhfuil aon phribhléidí nó dualgais speisialta ag páistí Rang a Sé i do scoil? Cad iad? An bhfuil tú ag súil go mór leo? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Iníon Uí Cheallaigh nuair a dúirt sí, 'Beidh Rang a Sé chomh maith agus a dhéanann sibh é'? An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Cén fáth nó cén fáth nach naontaíonn tú?
- Spreag Iníon Uí Cheallaigh na páistí chun a bheith bródúil astu féin. Cad a cheap tú a bhí i gceist aici leis sin?
- An féidir libh smaoineamh ar aon samplaí den chaoi a bhféadfadh sibh, mar dhaoine aonair nó mar ghrúpa ranga, sibh féin a bheith bródúil i mbliana as an mbealach a ghníomhaíonn sibh agus a n-iompraíonn sibh, sibh féin?

**Déan aire na bpáistí a dhíriú ar an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 6 dá leabhar agus iarr orthu a gcuid machnaimh a roinnt leis an rang.**

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Cén Aisling atá agat?' a léamh ar leathanach 7 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' agus leis an gCleachtadh Dialainne a leanann é, sula dtéann siad ar aghaidh go dtí an cluiche.**

## CLUICHE

### TOMHAIS MO THAIBHREAMH!

- Tabhair cuireadh do gach páiste smaoineamh ar thaibhreamh amháin atá acu don bhliain amach rompu.
- Is é an tasc atá ag na páistí eile ná buille faoi thuairim a dhéanamh faoi thaibhreamh gach linbh.
- Le tosú, suíonn páiste deonach amháin ag barr an tseomra ranga agus tugann sé/sí leid amháin do na páistí eile faoina mbrionglóid (m.sh. 'Tá baint aige le spórt' nó 'Tá sé faoi rud éigin ba mhaith liom a dhéanamh ar an stáitse').
- Is féidir leis na páistí eile deich gceist a chur san iomlán chun a fháil amach cad é taibhreamh an pháiste dheonaigh, ach ní féidir leis an bpáiste sin ach 'tá' nó 'níl' a fhreagairt ar na ceisteanna.
- Má bhíonn an tomhas ceart ag páiste éigin, is féidir leis/léi suí ag barr an tseomra ina dhiaidh sin. Seachas sin, is féidir le páiste eile iad féin a chur ar fáil.

*Seo a leanas taibhrimh samplacha a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- Ár scoil a chur isteach i léig peile na scoileanna
- A bheith roghnaithe do chór na scoile
- Dul ar thuras scoile iontach
- Gan mórán obair bhaile a bheith acu
- Páirt a ghlacadh sa Chomórtas d'Eolaithe Óga
- Éirí go maith i scrúduithe an tsamhraidh
- Brat Glas a fháil don scoil
- traenáil Ghaelach/iománaíochta/rugbaí a bheith sa scoil
- Seó tallainne scoile a bheith ann

## AG CAINT LE CHÉILE

### I NDIAIDH AN CHLUICHE

- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar na taidhrimh atá roinnte acu trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:
    - An bhfuil ár n-aislingí uile fíor?
    - Conas a bhraitheann tú nuair nach dtagann do thaidhrimh i gcrích?
    - Cén chuma a bheadh ar an domhan dá dtiocfadh taidhrimh gach duine i gcrích an t-am ar fad? Cad a d'fhéadfadh a bheith go maith nó go holc faoin méid sin?
    - Nuair nach dtagann do thaidhrimh i gcrích díreach mar a theastaíonn uait, an gcuireann sé sin cosc ort taidhrimh a bheith agat? Cén fáth nó cén fáth nach gcuireann?

- Cuir i gcuimhne na bpáistí, nuair nach dtagann a dtaidhrimh i gcrích agus go mbíonn díomá orthu, gur cheart dóibh cuimhneamh go bhfuil Dia i gcónaí leo, ag cabhrú leo tosú arís. Ceann de thíolacthaí an Spioraid Naoimh ag an gCóineartú is ea tíolacadh an mhisnigh, rud a chabhraíonn linn gan géilleadh ach iarracht a dhéanamh arís agus arís eile.
- Ansin iarr ar na páistí 'Bíonn Dia Linn i gCónaí' a léamh ar leathanach 7 dá leabhar, a chuireann an sliocht seo a leanas as leabhar Íseáia, fáidh, san áireamh. Spreag na páistí chun an Cleachtadh Dialainne a dhéanamh a leanann an sliocht seo ina leabhar..

*Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair;*
*ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia.*
*Cuirimse neart ionat agus cuidím leat,*
*coinním suas le mo dheasláimh bhuach thú.* (Íseáia 41:10)

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. **Tá an dán seo ar leathanach 9 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Ranganna Éagsúla**
Baineann Gaeilge le caint agus éisteacht;
Le foghlaim conas léamh agus scríobh.
Sa Stair cloistear scéalta suimiúla,
N'fheadar ar tharla siad riamh?
'S é an tÁireamh bunús an Mhata,
Freagra ar gach fadhb agus ceist.
Eolaíocht a scrúdaíonn an cruthú,
Ag ceistiú a iontais le teist.

Is teanga dhifriúil í an Fhraincis:
Bonjour! Au revoir! C'est la vie!
Osclaíonn Tíreolaíocht ár súile
Don aeráid, don abhainn, don tír.
Baineann an Ceol le cumadóireacht:
Ag leanúint shéis an amhráin.
Teicneolaíocht a réitíonn fadhbanna:
Ábhar cabhrach nuair a bhíonn tú i sáinn.

Ach Reiligiún: cén foinse atá leis?
Ábhar ar a bhfuil clú agus cáil.
Cad a bhí le foghlaim anuraidh?
An teip nó pas 'bhí ar fáil?
An bhfuil am an Reiligiúin speisialta?
Mura bhfuil, cad is cúis leis an rás?
Agus anois, ag tús na bliana,
Go gcabhróidh ár gCreideamh linn fás!

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas:

- De réir an dáin, cad iad cuid de na rudaí a dhéanaimid/a fhoghlaimímid ón nGaeilge, Stair, Matamaitic, Eolaíocht, Fraincis, Tíreolaíocht agus Teicneolaíocht?
- Cad is 'séis an amhráin' ann?
- Ainmnigh na frásaí Fraincise a luaitear sa dán. An bhfuil a fhios agat cad is brí leo? (Dia duit, Slán, Sin é an saol!)
- Cén t-ábhar a gcuireann an file ceisteanna air seachas cur síos a dhéanamh air? Conas a thabharfá freagra ar aon cheann de na ceisteanna sin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- An aontaíonn tú go bhfuil rang Creidimh difriúil ó na hábhair eile a ndéanaimid staidéar orthu? Cén difríocht atá ann?
- Cad is maith leat nó nach dtaitníonn leat faoin rang Creidimh?
- Cad iad na cineálacha rudaí a fhoghlaimíonn tú/a dhéanann tú iniúchadh orthu sa rang Creidimh nach bhfoghlaimíonn tú/ndéanann tú iniúchadh orthu i ranganna eile?
- I nGrá Dé an t-ainm atá ar do leabhar Creidimh. Cad iad na rudaí a fhoghlaimíonn tú sa rang Creidimh a chuidíonn leat fás i ngrá?

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### ÁR BPRIBHLÉIDÍ AGUS ÁR BHFREAGRACHTAÍ

- Roinn na páistí ina mbeirteanna.
- Tabhair cuireadh do leath na bpáistí labhairt faoi agus liostáil cuid de na cearta nó na pribhléidí nó na buntáistí a bhaineann le bheith i Rang a Sé sa scoil seo. Tabhair cuireadh don leath eile labhairt faoi agus liostáil cuid de na freagrachtaí atá orthu agus iad ar na páistí is sinsearaí sa scoil.
- Tabhair cúpla nóiméad do na páistí plé a dhéanamh agus ansin cuir fáilte roimh aiseolas.
- D'fhéadfaí freagraí na bpáistí a léiriú ar chairt agus a thaispeáint sa spás urnaí ar feadh cúpla seachtainí.
- B'fhéidir gur mhaith leat tochailt níos doimhne ar an ábhar seo trí na ceisteanna seo a leanas a chur:
  - » An bhfuil na cearta/pribhléidí/buntáistí a thaitníonn linn i Rang a Sé níos tábhachtaí ná, nó chomh tábhachtach céanna lenár bhfreagrachtaí? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil siad? Cé acu díobh seo a théann chun tairbhe dúinn féin? Cé acu a théann chun tairbhe daoine eile?
  - » Cén fáth, dar leat, a bhfuil sé tábhachtach i gcónaí aird a thabhairt ar ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile? Cén fáth nó cén bhaint atá aige seo le maireachtáil mar Chríostaithe/ lucht leanúna Íosa?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### GLAONN ÍOSA AR A CHÉAD LUCHT LEANÚNA

Abair leis na páistí go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil faoi conas a ghlao Íosa ar a lucht leanúna (deisceabail) don chéad uair.

**Glaonn Íosa ar a chéad deisceabail (Matha 4:18-22)**

Ag siúl dó cois farraige na Gailíle, chonaic sé beirt dearthár, Síomón ar a dtugtar Peadar agus Aindrias a dheartháir, ag caitheamh eangacha san fharraige, mar iascairí a bhí iontu. Labhair sé leo: 'Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé iascairí ar dhaoine díbh.' D'fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é. Bhuail sé ar aghaidh, agus chonaic sé beirt dearthár eile, Séamas mac Zeibidé agus Eoin a dheartháir: bhí siad sa bhád in éineacht lena nathair, Zeibidé, ag cóiriú a gcuid líonta; agus ghlaoigh sé iad. D'fhág siad an bád agus a nathair láithreach agus lean siad é.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur mar seo a leanas:

- Cad a bhí á dhéanamh ag Peadar agus Aindrias nuair a chonaic Íosa iad?
- Cad a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh?
- Conas a d'fhreagair siad?
- Cé eile a ghlaoigh Íosa an lá sin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- Conas a mhothaigh na hiascairí, dar leat, nuair a ghlaoigh Íosa orthu an rud a bhí á dhéanamh acu a fhágáil agus é a leanúint?
- An gceapann tú gur cinneadh éasca a bhí ann dóibh a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé, 'déanfaidh mé iascairí ar dhaoine díbh'?
- Tá Íosa ag glaoch ort freisin é a leanúint. Conas a d'fhéadfá é seo a dhéanamh i rith na bliana seo i Rang a Sé, dar leat?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Beidh 'Ceist Mhór' amháin i ngach téama den chlár seo. Is í an aidhm atá ag an 'gCeist Mhór' ná na páistí a chur ag smaoineamh, ag caint agus ag éisteacht. Tá an próiseas seo níos tábhachtaí ná na freagraí a thiocfaidh. Nuair is féidir freagraí cearta a fháil, b'fhéidir go mbeidh ort moill a chur ort féin iad a thabhairt do na páistí. Ná bíodh imní ort freagraí nó conclúidí a sholáthar, mar is é an aidhm atá agat ná an plé a éascú agus spás a thabhairt le haghaidh iontais agus rannpháirtíochta.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### 'CEIST MHÓR'

- Sula dtosaíonn tú, bíodh na bunrialacha seo ar eolas ag na páistí:

  1. Beidh deis ag gach duine, ar mian leo, a dtuairimí a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Is luachmhar tuairim gach duine.

- Seo a leanas 'An Cheist Mhór':

  **An mbeadh sé go maith mura n-athródh aon rud riamh agus go bhfanfadh gach rud mar atá sé?**

- Spreag na páistí chun machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' ina dtost ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair seans do na páistí, ar mian leo a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit in a bhfuil siad ina suí).
- Treoraigh an díospóireacht ag úsáid ceisteanna mar: Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?
- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má thugann duine tuairim spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom smaoineamh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' – agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí lena chéile agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí freagraí a fháil ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun iad a spreagadh:

- Cad iad na bealaí a bhfuil tú mar an gcéanna nó difriúil leis an gcaoi a raibh tú cúig bliana ó shin? An féidir leat samplaí a thabhairt?
- An athraíonn gach duine de réir mar a fhásann siad? Cad a cheapfá a tharlódh mura n-athróimis de réir mar a théimid in aois? An gceapann tú gur rud maith é sin? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- Cad iad na rudaí eile timpeall orainn a athraíonn? Cad iad na bealaí ina athraíonn siad? An mbeadh sé go maith mura n-athródh na rudaí seo riamh? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- An gá rud éigin a athrú nó a chríochnú chun go dtiocfadh rud éigin eile chun cinn nó chun tosú? An féidir leat samplaí a thabhairt de rudaí a athraíonn nó a chríochnaíonn agus ansin go dtagann rud éigin nua chun cinn nó chun tosú? An rud maith/olc an t-athrú seo/an deireadh seo? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- Cén chuma a bheadh ar an saol mura n-athródh aon rud riamh?
- Cad a chabhraíonn linn dul i dtaithí le hathruithe nó fáilte a chur rompu?

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo – go háirithe ó na dearcaí éagsúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### 'CEIST MHÓR'

- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid smaointe faoi 'Cheist Mhór' an lae inniu a bhreacadh síos ina gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach – ag baint úsáid as focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## GNÍOMHAÍOCHT: 'LÁNA COINSIASA'

### CÉN ROGHA?

- Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi rialacha na scoile nó rialacha an tseomra ranga. Labhair faoi réasúnaíocht na rialacha seo: na páistí a choinneáil slán, rudaí a choinneáil eagraithe, a chinntiú go bhfoghlaimíonn siad, srl.
- Iarr ar na páistí an cód ranga a chum siad níos luaithe a thabhairt chun cuimhne. Cad a deir sé sin faoi rialacha?
- Ansin inis do na páistí nach mbíonn sé furasta uaireanta rialacha a leanúint. Is féidir leat a bheith an-soiléir ar cad is riail ann, ach fós gan

a bheith cinnte cibé ar cheart duit é a leanúint i gcásanna áirithe.
- Ansin léigh an sampla seo a leanas, a bheidh mar bhunús don ghníomhaíocht 'Lána Coinsiasa'.

Tá páistí Rang a Sé ag imirt peile ar pháirc na scoile le linn am sosa. Tá go leor páistí ó ranganna eile ag faire ar an gcluiche. De thaisme, buaileann Tomás an liathróid thar an mballa, atá in aice le bóthar gnóthach. Tá gach duine buartha le Tomás mar níl aon pheil eile acu agus bhí cluiche iontach á imirt acu. Deir rialacha na scoile nuair a théann liathróid thar an mballa go gcaithfidh na páistí fanacht go dtí deireadh an lae nuair a osclóidh Iníon Nic an Mhíle an geata cúil chun í a fháil. Níl cead ag éinne an balla a dhreapadh. Tá an múinteoir atá i bhfeighil an chlóis, nuair a tharlaíonn an eachtra seo, gnóthach ag tabhairt aire do leanbh atá gortaithe.

*Seo a leanas na treoracha don ghníomhaíocht drámaíochta 'Lána Coinsiasa':*
- Iarr ar na páistí smaoineamh ar chás Thomáis ina dtost ar feadh nóiméid.
- Roinn na páistí ina dhá ghrúpa. Inis do cheann de na grúpaí, beag beann ar a ndearcadh féin, go dteastaíonn uait go smaoineodh siad ar na cúiseanna go léir ar chóir do Thomas cloí le rialacha na scoile agus gan dreapadh thar an mballa chun an liathróid a fháil. Abair leis an ngrúpa eile smaoineamh ar na cúiseanna go léir ar chóir do Thomás an balla a dhreapadh agus an liathróid a fháil. Tabhair cúpla nóiméid do na páistí comhrá a dhéanamh le chéile.
- Roghnaigh páiste amháin chun ról Thomáis a ligean air/uirthi féin.
- Ansin, iarr ar na páistí dhá líne a dhéanamh atá ag seasamh os comhair a chéile: ceann amháin déanta as na páistí a spreagfaidh Tomás dreapadh thar an mballa agus an liathróid a fháil, agus an ceann eile déanta as na leanaí a inseoidh dó gan é sin a dhéanamh.
- Iarr ar an bpáiste atá i ról Thomáis siúl go mall síos lár an 'Lána' atá idir an dá líne. De réir mar a dhéanann sé/sí amhlaidh, tabharfaidh leanaí ón dá ghrúpa comhairle faoi cad ba chóir a dhéanamh nó a rá.
- Ag an deireadh, iarr ar an bpáiste atá i ról Thomáis an chomhairle is fearr a chuala siad a roinnt leis an rang, agus an cinneadh deiridh a thabhairt ar an ngníomh a dhéanfaidís sa chás sin.

Tar éis do na páistí an ghníomhaíocht a dhéanamh, déan comhrá leo a thuilleadh trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a úsáid:
- Cén fáth, dar leat, a bhfuil riail láidir ag scoil Thomáis maidir le gan dreapadh thar an mballa? An gceapann tú gur riail mhaith/fiúntach í?
- Cad iad na drochthorthaí a d'fhéadfadh a bheith ann - do Thomás agus do na leanaí eile, lena n-áirítear na leanaí níos óige atá ag breathnú air – dá rachadh Tomás thar an mballa agus trasna an bhóthair chun an liathróid a fháil?
- Cén fhreagracht atá ar pháistí cosúil le Tomás ó Rang a Sé ina leithéid de chás? Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a ngníomhartha ar leanaí níos óige?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*coinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i láthair linn.

Go raibh maith agat, a Thiarna, as bronntanas ár n-intinn.
Tugaimid ár smaointe faoi athrú agus tús nua os do chomhair.
Is cuimhin linn go ndúirt tú, 'Ná bíodh eagla oraibh, táim libh.'
Uaireanta bíonn athrú deacair. Iarrann sé orainn a bheith cróga.
Éilíonn sé go seasfaimid ar ár gcosa féin agus cinntí á dhéanamh againn.
Iarrann sé orainn muinín a bheith againn asat agus as sinn féin.
Cabhraigh linn do sholas treorach a leanúint.
Treoraigh sinn nuair atá deacrachtaí againn.
Neartaigh ár gcreideamh agus tabhair dóchas don todhchaí dúinn.
Ag tús na scoilbhliana nua seo, guímis le chéile chuig ár n-aingeal coimhdeachta.

**Gach duine:** Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta (A Aingil dhil Dé…)

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bliain mhór i saol an pháiste is ea Rang a Sé, lán d'athrú agus de ghealltúint. Molaimid do na páistí a bheith níos feasaí faoi na pribhléidí a thaitníonn leo mar na páistí is sinsearaí sa scoil agus freisin na freagrachtaí atá orthu anois, go háirithe i leith na leanaí níos óige a d'fhéadfadh breathnú orthu mar eiseamláirí. De réir mar a fhásann siad agus aibíonn siad agus má ghlacann siad le dúshláin nua, cuirimid i gcuimhne dóibh go bhfuil Dia leo i gcónaí agus ní gá go mbeadh eagla orthu.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is gné nua é an 'Laoch Críostaí' in I nGrá Dé a thugann deis do paistí foghlaim faoi shaol na naomh agus daoine inspioráideacha eile, ón am atá thart agus ón lá atá inniu ann, chun iad a spreagadh. Táthar ag súil go spreagfaidh an t-eolas, a chuirtear ar fáil faoi na daoine seo chomh maith leis na ceisteanna díospóireachta, na páistí chun naisc a dhéanamh idir a saol féin agus gnéithe de shaol na ndaoine inspioráideacha seo. D'fhéadfadh iniúchadh ar na daoine sin spreagadh a thabhairt do na páistí aithris a dhéanamh ar na buanna nó na luachanna Críostaí a léirigh na daoine seo nó a léiríonn siad ina saol laethúil.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### DÓNAL BREATHNACH (1996-2013)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Dónal Breathnach a léamh ar **leathanaigh 7-8 de leabhar na bpáistí.**
  - » Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 8 dá leabhar freisin**:
  - » Cad iad na **suáilcí**/buanna Críostaí a thaispeáin Dónal, dar leat, ina shaol?
  - » Dúirt Dónal: 'Bronntanas, seachas ceart, atá i ngach lá.' Cé go raibh sé an-tinn agus i bpian mhór go minic, chaith sé go leor ama ag cur in iúl do dhaoine nár chóir dóibh bronntanas na beatha a chur amú. Cad a insíonn sé seo duit faoin gcineál duine ab ea Dónal?
  - » Cad iad na bronntanais/tíolacthaí ón Spiorad Naomh a bhí le feiceáil ag gníomhú i saol Dhónail?
  - » Cén chaoi ar thaispeáin Dónal, trína bhriathra agus trína ghníomhartha, gur laoch Críostaí a bhí ann?
  - » Beatha Dhónail agus na rudaí a dúirt sé – cén spreagadh a thabharfadh siad duit agus tú ag tosú ar an scoilbhliain nua seo?

## PAIDIR

**Nóta:** *Tabhair cuireadh do na páistí seasamh nó suí i gciorcal. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh ag na hamanna cuí. Roghnaigh cúigear páiste chun na paidreacha aonair a léamh. Tá na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh ag páiste): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a léiríonn dúinn an tslí chun maireachtáil mar leantóir d'Íosa. Guímis le chéile chuig Íosa.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroí gach maidin agus oíche. Go seolfaimis an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu. Lig do do sholas ár n-urnaí a threorú go réidh agus go gcabhróidh sé linn fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan.

**Múinteoir:** Bailímid le chéile agus muid ag tosú ar ár scoilbhliain nua. Tá a fhios againn go bhfuil grá ag Dia dúinn uile. Chruthaigh Dia sinn agus an domhan iontach ina mairimid. Tugaimid ár ndóchas agus ár n-aislingí don bhliain atá romhainn i láthair Dé anois.

**Léitheoir 1:** A Dhia ghrámhair, is sinne an rang sinsearach sa scoil anois. Cabhraigh linn sampla maith a thabhairt inár bhfocail agus inár ngníomhartha. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, tá brionglóidí agus dóchas againn go léir don bhliain atá romhainn. Cabhraigh linn na bronntanais agus na cumais a thug tú dúinn a úsáid agus muid ag obair chun feabhas a chur orainn féin. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Tá go leor pribhléidí againn i Rang a Sé. Cabhraigh linn gan na pribhléidí sin a ghlacadh go deonach. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Chomh maith le pribhléidí, tá freagrachtaí orainn freisin, go háirithe i leith na páistí sa scoil atá níos óige ná sinne. Cabhraigh linn gníomhú go freagrach i rith na bliana, ionas go dtabharfaimid sampla maith do dhaoine eile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Tá páirt mhór ag cairde inár saol. Cabhraigh linn a bheith inár gcairde maithe dá chéile agus cairdeas a thaispeáint do na páistí óga inár scoil. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímis le chéile ag úsáid roinnt focal ó Salm 106.
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é;
toisc go maireann a bhuanghrá go brách.
Cé ar féidir leis éachtaí an Tiarna a fhógairt?
Cé a chraolfaidh a mholtaí go léir?
Is méanar don dream a choinníonn an ceart,
agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.
(Salm 106:1-3)

**Múinteoir:** Cabhraigh linn le linn na scoilbhliana nua seo iarracht a dhéanamh i gcónaí an rud ceart a dhéanamh. Déanaimid iad seo agus ár gcuid paidreacha go léir trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (agus an choinneal á mhúchadh ag páiste): De réir mar a fhéachaimid ar sholas ár gcoinneal ag dul in éag, go mbeimid go léir ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo a mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, le bheith gar do do sholas agus dod' ghrá. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Téama 1: Dia

Ceacht 1: Táimid cruthaithe ar dheilbh Dé .................................. 15
Ceacht 2: Déanaimid cumarsáid le Dia tríd an urnaí .................. 25

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN *CREIDEAMH* CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Is é Dia an grá.

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Ta Íosa go hiomlán daonna agus go hiomlán diaga (ChEC 464-9, 483; Col 1:15).
- Taispeánann Íosa dúinn céard leis is cosúil é Dia an tAthair (DV 4, 17; ChEC 151, 473, 458, 516, 571; Eoin 14:9-10; Mc 1:11; Eoin 6:38).

**Cruthú an Domhain**

- Tá caidreamh sainiúil, buan ag gach fear agus bean le Dia an Cruthaitheoir toisc gur cruthaíodh iad in íomhá agus i gcosúlacht Dé (Gein 1:27; ChEC 343, 355).

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Tá an cine daonna ar fad mar aon chlann amháin de bhrí gur chruthaigh Dia an duine ina íomhá agus ina chosúlacht féin (NA1, DP 28).
- Is é Íosa Críost slánaitheoir an chine dhaonna ar fad (Rómh 8:32; NA 2).

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Tá grá agus urraim ag Críostaithe don Bhíobla toisc gurb é Briathar Dé é.

**An Scrioptúr Naofa**

- Lúc 11:1-10. 'A Thiarna, múin dúinne guí'.
- Gein 1:27-28. Cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Is ionann urnaí agus intinn agus croí an duine a dhíriú ar Dhia nó achainní a dhéanamh ar Dhia (ChEC 2559, 2562-63).
- Is caidreamh pearsanta le Dia í an urnaí (ChEC 2558, 2565).
- Neartaíonn urnaí ár gcairdeas le hÍosa.
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh (ChEC 741, 2630, 2652; Rómh 8:26-27).
- Cuireann teagasc Íosa faoin urnaí an bhéim ar bhuanseasmhacht, ar bhuíochas agus dúil a bheith againn toil Dé a dhéanamh (Lúc 11:1-13; Lúc 18:1-8; ChEC 2611, 2731).
- Sa Phaidir tá an chéad trí achainne dírithe ar Dhia; tá na ceithre achainne eile dírithe ar ár riachtanais: iarrann siad go mbeimid beathaithe agus cothaithe, leigheasta ón bpeaca agus go mbeidh an bua ag an mhaith ar an olc (Mth 6:9-13; Lúc 11:2-4; ChEC 2857).

*Urnaí Fhoirmeálta*

- An Phaidir

*Paidreacha Breise*

- Cantaireachtaí Taizé
- Paidir ar an mBíobla a oscailt
- Paidir ar an mBíobla a dhúnadh

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is bronntanas ó Dhia é beatha an duine (Taisp 4:11; ChEC 295).
- Is é toil Dé é go mbeadh gach duine mar aon chlann amháin agus go gcaithfidís le chéile mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha. (GS 24, 32; LG 13).
- Is luachmhaire i bhfad pearsantacht an duine ná méid a mhaoine saolta (GS 35).

**OCG i gcomhthéacs Críostaí**

- Chruthaigh Dia daoine – iad fireann agus baineann agus b'shin plean Dé don chruthú.
- Tá an corp fireann agus an corp baineann ina mbealaí speisialta féin, déanta in íomhá agus i gcosúlacht Dé.
- Tá an chollaíocht go maith toisc gur bronntanas ó Dhia é (HS 11; LFL 28; HS 4, 11).
- Comhlíonann an chollaíocht plean Dé don ghrá (LFL 24).
- Is bronntanas iontach ó Dhia é an gnéas a bhfuil an cumas aige saol nua a ghiniúint sa chorp daonna. (HS 96).

# Ceacht 1: Táimid cruthaithe ar dheilbh Dé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cónaí orainn i ndomhan a thugann an-aire don íomhá, ina mbíonn níos mó tábhacht ag baint go minic le cuma rud éigin ná lena shubstaint. Mar gheall air seo, is féidir le daoine a bheith neamhchinnte faoin gcaoi a bhféachann siad agus, dá bharr sin, faoina bhféinmhuinín. Is minic gurb é muid féin a chur i gcomparáid le daoine eile an chéad chéim síos an staighre sleamhain sin féinmhuinín agus imní.

Sa cheacht seo treoraímid na páistí chun machnamh a dhéanamh ar an dínit is gné dhílis de gach saol daonna. Cruthaítear an duine in íomhá Dé agus seo bunús ár ndínit. Mar gheall air seo, tá dínit agus fiúntas againn nach féidir a thomhas. Má chruthaítear sinn in íomhá Dé, tá an cumas againn freisin a bheith níos cosúla le Dia, dá roghnóimis é sin a dhéanamh.

Tugann an ceacht seo íomhánna éagsúla de Dhia do na páistí agus tugann sé cuireadh dóibh freagra a thabhairt orthu. Cuirimid i gcuimhne dóibh, cé nach dtagann gach íomhá de Dhia gar do nádúr Dé, toisc go bhfuil Dia i gcónaí níos mó ná mar is féidir linn a shamhlú riamh, is féidir le híomhá de Dhia cabhrú lenár gcaidreamh le Dia a dhoimhniú. Agus cé go bhféadfadh cuspóir éagsúil a bheith ag gach íomhá dúinn, is í an t-aon íomhá beacht atá againn ná íomhá Mhic Dé, Íosa, a tháinig chun a thaispeáint dúinn cé hé Dia agus cén chuma atá ar Dhia. Tugann Íosa an léargas is fearr dúinn ar Dhia toisc go bhfuil Íosa, Mac Dé, daonna agus diaga. Nuair a mhair Íosa ar domhan, thaispeáin sé dúinn conas fás i gcosúlacht Dé agus barr ár gcumais a bhaint amach. Múineann Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí (423):

> Creidimid agus admhaímid gurb é Mac síoraí Dé i gcolainn dhaonna Íosa as Nazarat, a rugadh ina Ghiúdach ó iníon de chuid chlann Iosrael, i mBeithil, in aimsir an rí Héaród Mór agus an impire Céasar Augustus 1, a bhí ina shiúinéir ó cheird, a céasadh ar chros in Iarúsailéim, faoin ghobharnóir Pointias Píoláit, agus an t-impire Tiberius i réim. Creidimid agus admhaímid 'gur ó Dhia a ghabh sé amach' (Eoin 13:3), 'go dtáinig sé anuas ó neamh' (Eoin 3:13; 6:33), 'gur tháinig sé i gcolainn dhaonna' (1 Eoin 4:2), óir 'rinneadh feoil den bhriathar agus chónaigh sé inár measc, agus chonaiceamarna a ghlóir, a ghlóir mar Aonghin ón Athair, lán de ghrásta agus d'fhírinne … Óir Ghlacamar uile as a lánmhaireacht, sea, grásta ar ghrásta' (Eoin 1:14, 16)..

## EOCHAIRFHOCAL

- **Dínit:** An meas atá tuillte ag gach duine againn toisc gur páistí Dé sinn agus go bhfuilimid speisialta, mar sin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Scáthán beag amháin nó níos mó (don urnaí)

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BHEITH MAR 'ÍOMHÁ' DAOINE EILE

Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoi cathain agus cén fáth a bhféadfaí cur síos ar dhuine mar 'íomhá' duine eile, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad a chiallaíonn sé duit nuair a deir duine éigin leat gur 'íomhá' duine eile tú? Cad a cheapann tú a bhfuil siad ag tagairt dó nuair a deir siad a leithéid?
- An dóigh leat gur íomhá duine eile tú? Cé acu? Cén fáth, dar leat, gur íomhá an duine sin tú?
- An bhfuil aon duine sa rang seo, dar leat, atá mar íomhá duine éigin eile, siblín, tuismitheoir, duine cáiliúil b'fhéidir? Cé acu? Conas is íomhá den duine sin iad?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- Seachas dealramh a chur san áireamh, cad iad na bealaí eile a d'fhéadfadh duine a bheith mar 'íomhá' duine eile? (m.sh. pearsantacht, cáilíochtaí carachtar, buanna agus cumais)
- An gceapann tú gur 'íomhá' duine eile tú ar cheann ar bith de na bealaí 'eile' seo? Inis dúinn faoi sin.
- B'fhéidir nach mbeimis in ann muid féin a chur ag breathnú cosúil le duine eile ach is féidir linn bealach a fháil i gcónaí chun a bheith 'cosúil le' duine eile. Smaoinigh ar dhuine ar mhaith leat a bheith cosúil leis/léi i ndáiríre. Cad a chaithfeá a dhéanamh dá mbeifeá ag iarraidh a bheith cosúil leis an duine seo? Mar shampla, má bhí an duine seo ina pheileadóir iontach, nó ina phianódóir iontach? Cad mar gheall ar dhuine a dhéanann a neart chun cabhrú leo siúd atá i ngátar inár bpobal? Cad a chaithfeá a dhéanamh chun a bheith cosúil leo?

Anois léigh an scéal seo a leanas do na páistí, a insíonn dúinn faoi bheirt bhuachaill a bhí ag iarraidh a bheith cosúil le duine a raibh meas acu air, agus conas a chuaigh siad i mbun sin.

## SCÉAL

### Laoch Óráin agus Rian

Bhí Órán agus Rian i Rang a Sé agus bhí an-dúil acu sa spórt. Thug siad tacaíocht don bhfoireann chéanna agus don imreoir chéanna. Ní hamháin gur peileadóir dochreidte a bhí ann, ach chuir sé carthanas ar bun freisin a spreag peileadóirí gairmiúla chun céatadán dá bpá a thabhairt do dhaoine bochta. Rinne sé a lán oibre ag cur an charthanais seo chun cinn agus ag déanamh teagmháil le daoine bochta.

Bhreathnaigh Órán agus Rian ar mhórán clipeanna físe ar líne dá laoch chun iarracht a dhéanamh foghlaim uaidh. Bhreathnaigh siad ar an mbealach a rinne sé cleasanna peile! Ba chosúil go ndeachaigh sé thar imreoirí eile gan stró ar bith. Bhí cothromaíocht iontach aige. Dhéanfadh bogadh simplí dá ghualainn nó dá cromáin an bealach mícheart a chur ar imreoirí eile. Bhí áthas ar na buachaillí nuair a chuimhnigh siad ar an lá a bhfuair siad amach conas féachaint ar na clipeanna físe go mall agus ar deireadh thiar conas a rinne sé an méid a rinne sé. Tar éis dóibh faire a dhéanamh ar chlip físe rachadh siad taobh amuigh



chun cleachtadh. Le himeacht ama, bhí cuid de na cleasanna beaga go foirfe acu.

Chomh maith le bheith ag iarraidh aithris a dhéanamh ar a laoch ag an bpeil, theastaigh uathu a bheith cosúil leis mar dhuine. Léigh siad gach rud faoi agus d'éirigh leo aithne níos fearr a chur air. Bhain an chuid is mó dá bhlaganna le peil agus lena obair carthanachta. Thug siad …

…

faoi deara go raibh an chuma air go raibh tóir ag imreoirí eile air - na himreoirí a d'imir sé leo, na himreoirí a d'imir sé ina gcoinne, agus fiú a shean-chomhimreoirí. D'imir sé le aoibh gháire ar a aghaidh agus bhí an chuma air go raibh sé cineálta le gach duine. Bhí sé cineálta i gcónaí is cuma cén toradh a bhí ar an gcluiche.

Chun sampla a laoch a leanúint, theastaigh ó Órán agus Rian bealach a aimsiú chun a bheith flaithiúil agus cineálta do dhaoine i ngátar. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar feadh tamaill, shocraigh siad a gcairde a eagrú chun boscaí bróg a líonadh le haghaidh carthanais a sheolann bronntanais do leanaí ag an Nollaig. Nuair a luaigh siad an plean lena múinteoir, Iníon Uí Choileáin, bhí sí an-díograiseach agus spreag sí iad chun dul ar aghaidh leis. Bhí go leor oibre ann ach ba chuma leo mar bhí a fhios acu go ndéanfadh sé difear do shaol a lán leanaí.

Níor shamhlaigh Órán agus Rian riamh go n-éireodh chomh maith sin lena bplean. Chabhraigh a gcairde go léir leis an bhfocal a scaipeadh, ionas go raibh líon mór boscaí roimh ré le dul chuig an gcarthanas. Bhí an oiread sin acu gur shocraigh siad go ndéanfaidís é arís an bhliain seo chugainn. Scríobh siad litir chuig a laoch chun é a chur ar an eolas faoin mheas a bhí acu air agus a insint dó faoi na rudaí a bhí déanta acu ionas go mbeadh siad cosúil leis. Creid nó ná creid é scríobh sé ar ais. Rinne sé comhghairdeas leo as gach rud a bhí á dhéanamh acu agus bhí áthas air go raibh siad ag iarraidh a bheith ina bpeileadóirí maithe chomh maith le daoine maithe. Ba é an pleisiúr ba mhó ar fad ná gur sheol sé dhá gheansaí lena ainm agus a uimhir '8' ar chúl chucu. Bhí áthas ar na buachaillí a bheith ag imirt le hainm a laoch ar a gcúl agus a spiorad ina gcroíthe.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leo seo a leanas, atá **ar leathanach 10 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad iad an dá thré is mó a raibh meas ag Órán agus Rian orthu, maidir lena laoch?
- Cad a rinne siad chun a scileanna peile a fhoghlaim?
- Cén plean a bhí acu chun aithris a dhéanamh ar a fhlaithiúlacht i leith na mbocht? Agus cé a chabhraigh leo an plean seo a chur i gcrích?
- Cén cineál freagra a fuair siad ar a litir?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- Cén cineál duine é laoch na mbuachaillí, dar leat? Cén fáth a bhfuil an tuairim sin agat?
- Bhí na buachaillí ag iarraidh aithris a dhéanamh ar fhlaithiúlacht a laoch i leith na mbocht chomh maith lena scileanna peile. Cad a insíonn sé sin dúinn faoi na buachaillí agus an cineál daoine a bhí iontu?
- Fuair Órán agus Rian tacaíocht agus cúnamh lena dtionscadal óna múinteoir agus óna gcairde. An mbeadh sé indéanta dóibh a leithéid de rath a bhaint amach ina bplean gan cabhair ó dhaoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi thábhacht an phobail agus an chomhoibriú? Cén chaoi ar féidir linn i bhfad níos mó a bhaint amach nuair a oibrímid le chéile?
- Conas a cheapann tú a mhothaigh na páistí, a fuair na bronntanais, nuair a fuair siad amach, go raibh daoine eile tar éis an oiread sin trioblóide a chur orthu féin?
- An gceapann tú go mbeadh Dia sásta le gníomhartha na mbuachaillí? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

## PAIDIR

**Nóta:** *Beidh scáthán beag amháin (nó níos mó) ag teastáil, gur féidir leis na páistí a chur timpeall ag an am cuí. Roinn an rang i ndhá ghrúpa. Tá na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (ag *lasadh an choinneal*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i láthair linn.

Táim chun cuireadh a thabhairt daoibh an scáthán (na scátháin) a chur ar aghaidh ó dhuine go chéile ionas go mbeidh deis ag gach duine agaibh breathnú ar d'aghaidh ann sula dtugann tú an scáthán don pháiste in aice leat.

Nuair a fhéachann tú isteach sa scáthán, ba mhaith liom go gcuimhneoidh tú nach bhfuil san íomhá a fheiceann tú ach gné amháin duit féin - ní léiríonn sé an duine iomlán atá ionat, agus na cáilíochtaí go léir atá agat ó chruthaigh Dia tú. Tá i bhfad níos mó ionat ná an méid atá le feiceáil i scáthán nó i ngrianghraf. Baineann níos mó le gach duine ná an méid a fheiceann daoine eile nuair a fhéachann siad orainn.

Chruthaigh Dia gach duine againn ina íomhá féin; i bhfocail eile, chruthaigh Dia gach duine againn chun a bheith cosúil leis féin. Ní chiallaíonn sé sin go mbreathnaímid cosúil le Dia. Ciallaíonn sé gur íomhá de Dhia iad na cáilíochtaí maithe ar fad atá ionainn. Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid. (Sos)

Ní bhaineann tábhacht ar bith leis an gcuma atá orainn. Baineann tábhacht leis an duine atá taobh thiar den íomhá, agus cé chomh grámhar agus 'diaga' atá muid.

*Tabhair cuireadh do na páistí an scáthán/na scátháin a chur ar aghaidh go ciúin, ionas go mbeidh deis ag gach páiste amharc ar a íomhá féin.*

**Múinteoir:** Guímis go n-éireoidh linn a bheith níos cosúla le scátháin a léiríonn tréithe agus maitheas Dé.

**Grúpa 1:** Ar maidin agus san oíche…
**Grúpa 2:** Bímis cosúil le Dia sna rudaí a dhéanaimid.

**Grúpa 1:** Nuair a táimid sa bhaile nó lenár gcairde…
**Grúpa 2:** Bímis cosúil le Dia sna rudaí a dhéanaimid.

**Grúpa 1:** Nuair a bhímid ag gáire agus nuair nach mbíonn imní orainn…
**Grúpa 2:** Bímis cosúil le Dia sna rudaí a dhéanaimid.

**Grúpa 1:** Nuair a bhíonn daoine eile ag fulaingt ...
**Grúpa 2:** Bímis cosúil le Dia sna rudaí a dhéanaimid.

**Múinteoir:** Go raibh maith agat, a Dhia, as sinn a chruthú i do íomhá féin. Ba mhaith linn a bheith níos cosúla leatsa. Táimid níos cosúla leatsa nuair a bhíonn grá againn do dhaoine eile sa tslí is mian leat. Guímis le chéile anois sna focail a mhúin Íosa dúinn.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh…)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine*

# Foghlaimímis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuimhnigh cuireadh a thabhairt do na páistí Paidir ar an mBíobla a oscailt a rá roimh gach gníomhaíocht leis an Scrioptúr Naofa má bhraitheann tú go bhfuil sé oiriúnach é sin a dhéanamh. Mar an gcéanna, d'fhéadfá gach gníomhaíocht leis an Scrioptúr a chríochnú trí chuireadh a thabhairt do na páistí Paidir ar an mBíobla a dhúnadh a rá. Tá an dá phaidir ar fáil ar chúl leabhar na bpáistí.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TÁ DAOINE CRUTHAITHE AR DHEILBH DÉ

Sula léann tú an sliocht as na Scrioptúir ar chruthú an duine, cuir i gcuimhne scéal Órán agus Rian, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cén fáth gur theastaigh ó Órán agus Rian a bheith 'cosúil le' peileadóir ar leith? Cén gné den pheileadóir a thug orthu a bheith cosúil leis?
- An bhféadfaidís a bheith 'cosúil leis' go huathoibríoch? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfadh?
- Cad a bhí le déanamh acu chun go dtarlódh sé?
- An gceapann tú gurbh fhiú an iarracht a bhí le déanamh acu?

Anois léigh an sliocht as Leabhar Geineasas.

**Cruthú an duine (Geineasas 1:27-28)**

Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é.
Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad. Agus bheannaigh Dia iad á rá leo: 'Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air. Bíodh tiarnas agaibh ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir agus ar an uile dhúil bheo a chorraíonn ar talamh.'

Tar éis duit an sliocht as an Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur mar na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 10 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cén deilbh a theastaigh ó Dhia a bheadh ar dhaoine?
- Tar éis iad a bheannú, cén treoir a thug Dia do dhaoine?
- Chuir Dia daoine i bhfeighil ar rud áirithe – cén rud é sin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur mar:

- Cad a deir ár gcruthú in íomhá Dé, ár ndéanamh 'cosúil le Dia', faoi dhaoine? (m.sh. Tá rud an-speisialta fúinn a fhágann go bhfuilimid difriúil ó gach créatúr eile; tá cáilíochtaí maitheasa agus grá againn a léiríonn grá agus maitheas Dé; tá intleacht againn, mar sin tá an cumas againn smaoineamh agus eolas a bheith againn; tá sé de chumas againn a bheith cosúil le Dia maidir leis an gcaoi a n-iompraímid i dtreo daoine eile; is féidir linn an fhírinne a chuardach.)
- Cad a cheapann tú go gcaithfeá a dhéanamh chun a bheith níos cosúla le Dia? Cad iad na tréithe a bheadh ag teastáil uait? (m.sh. grá, trócaire, cineáltas, comhbhá, misneach... smaoinigh ar thorthaí agus ar thíolacthaí an Spioraid Naoimh)
- An féidir leat smaoineamh ar scéalta sa Bhíobla a thaispeánann dúinn cad é mar atá Dia? (m.sh. Maois agus an Tor ar Lasadh , na hOibrithe san Fhíonghort, an Mac Drabhlásach, an Bhean a Gabhadh in Adhaltranas, an Samárach Maith) Cad a insíonn na scéalta seo dúinn faoi Dhia?
- Chruthaigh Dia daoine ina íomhá féin, iad fireann agus baineann. Cad a insíonn sé seo dúinn faoi fhir agus mhná? (Cruthaítear iad uile in íomhá Dé agus dá bhrí sin tá siad uile comhionann. Níl ceachtar acu níos fearr ná an ceann eile.)
- Ainmnigh cuid de na rudaí atá mar an gcéanna faoi fhir agus mhná agus cuid de na rudaí atá difriúil. (Ceann de na difríochtaí idir fir agus mná ná difríocht ghnéasach. Tá an difríocht ghnéasach idir fir agus mná mar chuid de phlean Dé don chruthú. Is bronntanas ó Dhia

í. Toisc gur bronntanas ó Dhia í ár ngnéasacht, is maith an rud é. Is féidir le fir agus mná bronntanas a ngnéasachta a úsáid chun beatha nua a thabhairt ar domhan, mar chuid de phlean Dé. Ceann de na bealaí ina bhfuil daoine cosúil le Dia ná beatha nua a chruthú.)

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar an mbronntanas iontach seo a thug Dia do dhaoine - an cumas beatha nua a thabhairt isteach ar domhan agus cumhacht Dé féin a úsáid?
- An gceapann tú go bhfuil freagrachtaí ar bith ar dhaoine a ghabhann leis an mbronntanas seo? (An fhreagracht aire a thabhairt dá leanaí agus aire a thabhairt dóibh; an fhreagracht as beatha an duine a chosaint ón nóiméad a cheaptar saol nua. Seo é ceann de na rudaí a iarrann an Cúigiú Aithne orainn a dhéanamh freisin.)

**Tá an sliocht thuas ó Leabhar Geineasas ar leathanach 10 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ag barr leathanach 11 dá leabhar.**

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE BHEITH MAR 'ÍOMHÁNNA DÉ'

- Mínigh do na páistí go gciallaíonn rud a chruthú in íomhá Dé, á dhéanamh 'cosúil le Dia', go bhfuil rud éigin faoinár nádúr atá cosúil le Dia. An mó atá ar eolas againn faoi Dhia, is mó a thuigimid fúinn féin.
- Samhlaímid go léir rudaí ar bhealach difriúil. Má deirim an focal 'madra', mar shampla, beidh an pictiúr nó an íomhá a thiocfaidh in intinn gach duine difriúil. Tarlaíonn an rud céanna nuair a dhéanaimid iarracht Dia a shamhlú. Beidh íomhá difriúil de Dhia againn go léir.
- Cibé rud a shamhlaímid faoi Dhia, agus an chuma atá ar Dhia, ní féidir le íomhá atá againn inár n-intinn nó ar pháipéar, nádúr Dé a chur in iúl. An cúis le seo ná gur níos mó Dia ná an méid gur féidir linn a shamhlú riamh lenár n-intinní daonna. Mar sin féin, toisc go bhfuilimid cruthaithe in íomhá Dé - déanta le bheith cosúil le Dia - tá sé nádúrtha dúinn a bheith ag iarraidh teacht ar íomhánna éagsúla do Dhia agus iad a iniúchadh chun tuiscint níos fearr ar nádúr Dé a fháil.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Cruthaithe ar dheilbh Dé' a léamh ar leathanach 11 dá leabhar agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'**

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Íomhánna de Dhia' a léamh ar leathanach 12 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO ÍOMHÁ DE DHIA

Dírigh aire na bpáistí chuig an Cleachtadh Dialainne **ar leathanach 12 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh íomhá nó íomhánna de Dhia is fearr leo a chlárú sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.

## AG COMHRÁ

### FAOI CONAS IS É ÍOSA AN ÍOMHÁ IS FEARR ATÁ AGAINN DE DHIA

- Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a dtaispeánann Íosa dúinn an chuma atá ar Dhia níos fearr ná aon duine nó rud eile.
- Tabhair cuireadh do na páistí aon fhocail nó gníomhartha d'Íosa a thugann é seo chun cuimhne, mar shampla:
  - » Thug Íosa aird ar leith orthu siúd a bhí lag nó ag fulaingt. Leigheas sé daoine a bhí tinn. D'ardaigh sé mac na baintrí ón mbás. Thug sé bia dóibh siúd a raibh ocras orthu.
  - » Taispeánann an parabal a d'inis Íosa faoin Mac Drabhlásach dúinn go bhfuil Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn.
  - » Trí roghnú ithe le Zacháias, bhí Íosa ag taispeáint dúinn go bhfáiltíonn Dia roimh gach duine, fiú iad siúd a rinne peaca.
  - » Thaispeáin Íosa i gcónaí dóibh siúd timpeall air go raibh grá aige dóibh, agus d'iarr sé ar a lucht leanúna an rud céanna a dhéanamh. Dúirt sé, 'Tabhair grá dá chéile faoi mar a thug mise grá daoibhse.'
- Tabhair cuireadh do na páistí a rá conas is féidir leo aithris a dhéanamh ar shampla Íosa ina saol laethúil d'fhonn a bheith ina n-íomhánna níos fearr de Dhia.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Is é Íosa an íomhá is fearr atá againn de Dhia' a léamh ar leathanach 12 dá leabhar.**

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. **Tá an dán seo ar leathanach 13 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Saothar Ealaíne Dé**
Nach trua an domhan 'bheith gafa le híomhá?
Cén bhrí atá ann? Ní éasca a rá.
Feictear na botúin i ndreach agus i ndeilbh.
B'fhearr linn 'bheith difriúil agus teacht i seilbh.

'Cé mise?' a deirtear agus 'cá bhfuil mo thriail?'
'Bí tú féin', a deir Dia – 'sin bun barr an tsaoil.
Bíodh muinín agat asam, lá i ndiaidh lae.
Ná bac leis an amhras, 's tú Saothar Ealaíne
Dé!'

'Gan suim i gcruthanna! Féach agus amharc -
Mo dheilbh álainn féin atá i do radharc.
Ná ceistigh do luach, tá tú maorga go fíor,
Agus cuimhnigh air seo: bí tú féin go smior.'

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, bí ag comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Deir an file, 'Nach trua an domhan 'bheith tógtha le híomhá. Cén brí atá ann – ní éasca a rá.' An gceapann tú go mbíonn imní ar dhaoine an iomarca faoin gcuma atá orthu? An maith an rud é seo? Cén fáth?
- Cad is féidir a tharlú nuair a bhíonn daoine i gcónaí ag déanamh comparáid idir iad féin agus daoine eile?
- Dar leis an bhfile, cén chaoi a bhfreagraíonn Dia nuair a bhíonn daoine lán d'amhras agus nuair a chuireann siad ceisteanna cosúil le 'Cé mise?' agus 'Cad ba cheart dom a dhéanamh?'
- Cén chaoi a bhraitheann tú nuair a bhíonn a fhios agat go bhfuil tú cruthaithe in íomhá Dé, agus nach bhfuil le déanamh agat ach 'bí tú féin'; i bhfocail eile, bí ar an duine uathúil a bhfuil grá ag Dia dó/di agus gur chruthaigh Dia thú a bheith.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir leat do shúile a dhúnadh… Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi na rudaí uathúla a bhaineann leat. An é an cuma atá ort? ... An é an chaoi a bhfeidhmíonn tú? ... An é an chaoi a mbraitheann tú? An meascán de na nithe seo go léir atá ionat b'fhéidir? … Smaoinigh ar na rudaí maithe go léir fút nach bhfeicfidh daoine eile nuair a fhéachann siad ort, toisc gur rudaí iad a thagann ón gcroí… tá siad i bhfolach go domhain istigh… Cuir do lámh ar do chroí agus anáil go mall agus go domhain… Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as do chroí… agus as an ngrá go léir a thagann uaidh i leith daoine eile… Gabh buíochas le Dia as tú féin… Cuimhnigh go bhfuil tú cruthaithe in íomhá Dé… a bheith cosúil le Dia… Conas a thaithníonn sé sin leat? … Tá tú beannaithe… tá luach agat nach féidir a thomhas ... Gabh buíochas le Dia as tú a bheith cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé … Iarr ar Dhia cabhrú leat an íomhá agus an chosúlacht seo a léiriú dóibh siúd atá thart timpeall ort… Nuair a bheidh tú réidh, oscail do shúile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Cruthaítear daoine in íomhá Dé. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cáilíocht dhiaga laistigh de gach duine againn. Ní léiríonn an chuma atá orainn, a fheiceann daoine eile, an duine iomlán atá ionainn agus na toisí agus na cáilíochtaí go léir a théann chun duine uathúil a dhéanamh asainn – an duine a chruthaigh Dia go mbeimid. Tá íomhá dhifriúil againn uile de Dhia, agus cé go bhfuil go leor íomhánna, tuairiscí agus bealaí ann chun Dia a thuiscint, ní féidir le haon íomhá inár n-intinn nó ar pháipéar a chur in iúl go hiomlán cén chuma atá ar Dhia. An cúis le seo ná go bhfuil Dia níos mó ná an méid gur féidir linn a shamhlú riamh lenár n-intinn dhaonna. Is í an íomhá is fearr atá againn ar an gcuma atá ar Dhia ná Íosa. Trí aithris a dhéanamh ar Íosa, is féidir linn a bheith níos cosúla le Dia.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh ag na hamanna cuí. Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na sleachta ó na Scrioptúir agus na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*de réir mar a lasann páiste an choinneal*): Is siombail de sholas Chríost é an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn conas maireachtáil mar íomhá Dé. Guímis chuig Íosa le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroí gach maidin agus oíche. Táimid ag cur an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a mbímid ag smaoineamh orthu agus ag guí ar a son. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh chun cabhrú linn fás i do ghrá agus do chúram. Áiméan.

*Iarr ar na páistí seasamh don amhrán/iomann.*

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Guímid ar son an neart chun íomhá Dé a léiriú dóibh siúd timpeall orainn. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Léitheoir 1:** Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Colosaigh.

*Is íomhá den Dia dofheicthe é [Críost] agus céadghin gach dúile cruthaithe*
*mar is trídsean a cruthaíodh a bhfuil ar neamh*
*agus ar talamh bídís sofheicthe nó dofheicthe ...*
*Is trídsean agus dósan a cruthaíodh an t iomlán. Tá tosach aige orthu uile agus is ann a choinnítear ar bun iad... Mar is ann ab áil le lánmhaireacht iomlán Dé a bheith ina cónaí, agus is trídsean ab áil leis gach a bhfuil ar neamh agus ar talamh a thabhairt chun athmhuintearais leis féin, agus síocháin a dhéanamh leo trí fhuil a chroise.* (Colosaigh 1: 15-17, 19-20)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** Cabhraigh linn Dia a chur i láthair gach lá trínár bhfocail agus trínár ngníomhartha.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 3:** Cuidigh linn fás in íomhá agus i gcosúlacht Dé.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 4:** Cuidigh linn fás i ngrá agus in aontacht le chéile.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 5:** Cabhraigh linn a bheith cosúil le hÍosa.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha, agus as sinn a chruthú i do íomhá. Spreagtha ag do spiorad, go mairfimid i dtreo is go mbeadh sé níos éasca do dhaoine eile a fhios a bheith acu gur Dia grámhar thú. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar solas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid réidh le bheith mar íomhánna Dé, ag tabhairt solas agus grá Dé do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo a mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, do sholas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Déanaimid cumarsáid le Dia tríd an urnaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Dúirt Alfred Lord Tennyson (1809-92), 'More things are wrought by prayer than this world dreams of', agus dúirt Blaise Pascal (1623-62), 'All of humanity's problems stem from man's inability to sit quietly in a room alone.' Tagraíonn an dá shliocht thuas le tábhacht na hurnaí agus na buntáistí a bhaineann le paidreoireacht don chreideamh, don spiorad agus do fholláine daoine.

Tá sé dodhéanta gach a bhfuil ar eolas faoin urnaí a chur i láthair i gceacht amháin. Sa cheacht seo cabhróimid leis na páistí a thuiscint gurb í an urnaí ceann de na bealaí ina ndéanann daoine cumarsáid le Dia, agus tá go leor rudaí ag an urnaí i bpáirt leis an mbealach a ndéanaimid cumarsáid le daoine eile. Is í an urnaí ceann de na bealaí ina ndéanann Dia cumarsáid linne freisin. Tabharfaimid treoir do na páistí a fheiceáil nach ionann an urnaí agus foirmle a athrá arís agus arís eile; ach go mbaineann sí le labhairt ón gcroí, uaireanta ag baint úsáid as ár bhfocail féin, agus go minic ag caitheamh ama ag éisteacht le Dia. Seo a leanas a deir Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí faoin urnaí, 'Ach chun an áit a shainiú as a scairdeann an urnaí, labhraíonn na Scrioptúir uaireanta ar an anam nó an spiorad, ach níos minice ar an chroí (níos mó ná míle uair). Is é an croí a ghuíonn. Más fada an croí ó Dhia, is fás do fhriotal na hurnaí (uimhir 2562). Tabharfaimid an deis do na páistí taithí a fháil ar bhealaí éagsúla le guí, le súil go dtiocfaidh siad chun a thuiscint go bhfuil bealaí éagsúla ag gach duine le guí agus go bhfaighidh siad amach cén bealach chun guí is fearr a oireann dóibh féin.

Cuirfidh an ceacht seo traidisiún ársa ár sinsear, i leith na hurnaí, in aithne do na páistí freisin. Chreid na daoine a d'imigh romhainn go raibh sé éasca urnaí a dhéanamh as na tascanna laethúla a bhí acu. Cuirfidh an ceacht seo go leor smaointe ar fáil freisin faoi na bealaí éagsúla a bhféadfá guí le chéile mar rang

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Urnaí:** Is bealach í an urnaí chun cumarsáid a dhéanamh le Dia, le Muire nó leis na naoimh. Is féidir linn urnaí a dhéanamh os ard nó go ciúin, linn féin nó le daoine eile. Tá go leor bealaí éagsúla ann chun urnaí a dhéanamh agus go leor cineálacha éagsúla urnaí.
- **Urnaí ghutha:** Úsáid a bhaint as focail atá san urnaí ghutha. Déantar urnaí ghutha os ard nó go ciúin, linn féin nó le daoine eile.
- **Machnamh:** Bealach é seo chun guí a dhéanamh go ciúin ón gcroí. D'fhéadfá machnamh ar roinnt focal ón Scrioptúr nó ar urnaí fhoirmiúil, nó d'fhéadfadh smaoineamh ar ár gcaidreamh le Dia nó ar láithreacht Dé linn, a bheith san áireamh.
- ***Lectio Divina:*** Frása Laidine é seo a chiallaíonn 'Léitheoireacht Bheannaithe'. Is bealach an-sean é Lectio divina, ag dul siar go dtí an ceathrú haois, chun léamh agus guí leis an Scrioptúr Naofa.
- ***Visio Divina:*** Am a chaitheamh ag breathnú nó ag machnamh ar ghrianghraf, ar íocón, ar shaothar ealaíne, nó ar íomhá eile, agus sa tslí sin bualadh le Dia ar bhealach atá uathúil agus físeach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'Paidreacha dár nGníomhaíochtaí Laethúla' do gach grúpa, agus leathanach bán A4 do gach leanbh (Gníomhaíocht i Mairimis)
- Paidrín, leabhar urnaí, pictiúr naofa, Bíobla, coinneal agus cros/cros chéasta (Urnaí i Mairimis)

# Féachaimis ...

## DÉANAIMIS INIÚCHADH

### BEALAÍ A NDÉANANN DAOINE CUMARSÁID

- Roinn an rang i ngrúpaí. Mínigh dóibh gurb é aidhm na gníomhaíochta atá siad ar tí a dhéanamh ná roinnt de na bealaí éagsúla ina ndéanann daoine cumarsáid lena chéile i saol an lae inniu a ainmniú.
- Tabhair méid áirithe ama do na páistí smaoineamh ar a gcuid samplaí. Ba chóir iad a bhreacadh síos ar phíosa páipéir.
- Ansin scríobh teidil na cúig chatagóir seo a leanas ar an gclár bán. Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid samplaí a ghlaoch amach, ceann i ndiaidh a chéile, agus a rá cén chatagóir is fearr a oireann do gach sampla. Scríobh a gcuid samplaí faoi na teidil chuí.

**I bhfocail** *(m.sh. ag labhairt le duine eile, ag insint scéalta, ag canadh)*
**Scríofa** *(m.sh. téacsanna, ríomhphoist, litreacha, leabhair, dánta)*
**Na meáin shóisialta** *(m.sh. ardáin ar líne a úsáid)*
**Pictiúir** *(m.sh. léaráidí/líníochtaí, dearaí, pictiúir, grianghraif, siombailí)*
**Neamhbhriathartha** *(m.sh. comharthaíocht choirp, gothaí, gothaí gnúise, mím, gléas ceoil a sheinm, teanga chomharthaíochta, méar a dhíriú ar dhuine, féachaint sa tsúil)*

Tar éis duit samplaí na bpáistí a chlárú ar an gclár bán, labhair leis na páistí faoi na bealaí ina ndéanann siad cumarsáid, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cé na cineálacha cumarsáide is fearr leat a úsáid, agus cén fáth?
- Cé na cineálacha cumarsáide is annamh a úsáideann tú? Cén fáth atá le sin?
- Cé na cineálacha cumarsáide is fearr a oibríonn, agus cén fáth?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Ó thús fuair daoine bealaí chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile. Cén fáth, meas tú, a mhothaigh daoine i gcónaí an gá le cumarsáid a dhéanamh?
- Tá gá le roinnt cumarsáide ar chúiseanna praiticiúla, mar shampla, b'fhéidir go gcaithfimid treoracha a iarraidh agus muid i bhfad ó bhaile nó b'fhéidir go mbeidh orainn treoracha a iarraidh faoi conas rud a úsáid. Ach tarlaíonn cuid mhaith dár gcumarsáid toisc go dteastaíonn uainn a bheith i dteagmháil le daoine a bhfuil gaol againn leo, nó ba mhaith linn aithne níos fearr a chur ar dhaoine agus ár saol agus ár dtaithí a roinnt leo. An féidir leat roinnt daoine a ndéanann tú cumarsáid leo a ainmniú toisc go dtaitníonn sé leat é a dhéanamh, nó toisc go dteastaíonn uait aithne níos fearr a chur orthu?
- Cad a cheapfá a bheadh ann mura mbeifeá in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine, go háirithe leis na daoine a bhfuil gaol agat leo? Cén difríocht a dhéanfadh sé sin duitse? Le do chaidreamh leis na daoine sin? Cad a tharlaíonn de ghnáth nuair a stopann tú le bheith ag cumarsáid le duine?
- An féidir leat smaoineamh ar chúinsí ar bith ina bhfuil cumarsáid deacair? *(m.sh. le duine éigin lagéisteachta, nó le duine éigin ina chónaí i bhfad i gcéin, nó le duine a bhfuil teanga dhifriúil acu)* Cad is féidir le daoine a dhéanamh chun na deacrachtaí sin a shárú?

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Bealaí ina ndéanann daoine cumarsáid le chéile' ar leathanach 14 dá leabhar a léamh.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### DÉANAIM CUMARSÁID LE DAOINE EILE

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 14 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh léiriú a dhéanamh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach ar na bealaí éagsúla chun cumarsáid a neartaíonn a gcaidrimh le daoine eile a dhéanamh. Is féidir leo focail, líníochtaí agus/nó siombailí a úsáid.

# PAIDIR


**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar páiste chun na treoracha maidir leis na paidreacha agus na gothaí a thabhairt. Tá siad seo ar líne.*

*Comhartha na Croise*


**Múinteoir** (*coinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i láthair linn.

A Thiarna, bailímid chun comhrá a dhéanamh leat tríd an urnaí seo agus gabhaimid buíochas leat as a bheith in ann comhrá leat.
Tá a fhios againn nach dteastaíonn focail uainn i gcónaí chun comhrá a dhéanamh leat, agus uaireanta déantar na paidreacha is mó le gothaí nó i gciúnas ár gcroíthe.
Inár nguí inniu bainfimid úsáid as gothaí agus as machnamh ciúin. Is é an freagra tar éis gach urnaí chiúin ná: *A Thiarna, cloiseann tú urnaí ár gcroíthe*.

*Iarr ar na páistí na treoracha a thugann na léitheoirí a leanúint agus iad ag guí go ciúin.*



**Páiste 1:** Cuir do dhá lámh ar do lap, taobh le taobh, bosa na lámha i dtreo na spéire, agus tú ag guí go ciúin, ag iarraidh ar Dhia an méid atá uait. (*Bí ciúin ar feadh nóiméid.*)
**Gach duine:** A Thiarna, cloiseann tú urnaí ár gcroíthe.



**Páiste 2:** Cuir lámh amháin ar do chroí agus tú ag gabháil buíochas do Dhia go ciúin as na daoine agus na rudaí go léir a bhfuil tú buíoch astu. (*Bí ciúin ar feadh nóiméid.*)
**Gach duine:** A Thiarna, cloiseann tú urnaí ár gcroíthe.



**Páiste 3:** Crom do cheann agus coinnigh do cheann i do lámha chun a thaispeáint go bhfuil brón ort as do chuid éagóracha. Go ciúin, inis le Dia go bhfuil maithiúnas uait. (*Bí ciúin ar feadh nóiméid.*)
**Gach duine:** A Thiarna, cloiseann tú urnaí ár gcroíthe.



**Páiste 4:** Ardaigh do dhá lámh san aer, le bosa na lámha i dtreo na spéire, mar shiombail de mholadh agus ded' adhradh. Go ciúin, inis le Dia faoi mhéad do ghrá dó. (*Bí ciúin ar feadh nóiméid.*)
**Gach duine:** A Thiarna, cloiseann tú urnaí ár gcroíthe.

**Múinteoir:** Tugaimid ár gcuid paidreacha go léir le chéile anois agus An Phaidir á rá againn.
**Gach duine:** An Phaidir (Ár nAthair, atá ar neamh…)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HURNAÍ

Tosaigh trí a thabhairt chun cuimhne na cineálacha éagsúla cumarsáide a d'aithin na páistí inné.

Ansin tochail níos doimhne trí na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna den chineál céanna a chur chun cabhrú leis na páistí machnamh a dhéanamh ar urnaí mar bhealach chun cumarsáid a dhéanamh le Dia:

- Cad a thugaimid ar an gcumarsáid idir daoine agus Dia? *(Urnaí)*
- Cén fáth, dar leat, a dhéanann daoine guí? *(m.sh. guíonn daoine chun na rudaí a theastaíonn uathu a iarraidh ó Dhia; chun buíochas a ghabháil as na beannachtaí go léir ina saol; chun moladh agus onóir a thabhairt do Dhia, mar a dhéanaimid ag an Aifreann; chun maithiúnas a iarraidh ar a bpeacaí)*
- Conas a dhéantar comparáid idir an cumarsáid le daoine, ar na bealaí éagsúla atá aitheanta againn, agus an cumarsáid a dhéantar le Dia trí **urnaí**? Cén chaoi a bhfuil cumarsáid le Dia cosúil nó difriúil le cumarsáid a dhéanamh le daoine?
- An bhfuil sé níos éasca nó níos deacra cumarsáid a dhéanamh le Dia ná le daoine? Cén fáth, dar leat? *(Is féidir linn daoine eile a fheiceáil, rud a dhéanann éasca labhairt leo, ach ní féidir linn Dia a fheiceáil.)*
- Díreach faoi mar is féidir linn cumarsáid a dhéanamh le daoine ar bhealaí eile seachas focail a úsáid, an bhféadfá smaoineamh ar aon bhealaí eile ina bhféadfaimis cumarsáid a dhéanamh le Dia seachas 'ár gcuid paidreacha a rá' os ard? *(m.sh. labhairt le Dia inár bhfocail féin – amach os ard nó go ciúin; smaoineamh ar ár gcaidreamh le Dia; cumarsáid a dhéanamh le Dia trí líníochtaí/siombailí a chuireann ár mothúcháin in iúl; gníomhú ar bhealaí a bhfuil a fhios againn a bheidh taitneamhach le Dia)*
- Is féidir linn urnaí freisin trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta. Tá roinnt suíomhanna gréasáin ann a chuidíonn le daoine na meáin shóisialta a úsáid chun guí a dhéanamh *(m.sh. Sacred Space; Pray as You Go)*. Guímid fós ónár gcroí nuair a théimid i mbun urnaí ag úsáid uirlisí ar líne.
- Déanann Dia cumarsáid linn freisin. Cuireann Dia a ghrá in iúl dúinn trí dhaoine a bhfuil grá acu dúinn a thabhairt dúinn agus tríd an domhan ina mairimid a thabhairt dúinn. Spreagann Dia sinn freisin faoi rudaí ba cheart dúinn agus nár cheart dúinn a dhéanamh, trínár gcoinsiasa. An féidir leat smaoineamh ar am nuair a rinne Dia cumarsáid leat?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### THAISPEÁIN ÍOSA DÚINN CONAS URNAÍ

Sula léann tú an sliocht seo a leanas ón mBíobla, ina mhúineann Íosa dá dheisceabail An Phaidir a rá, iarr ar pháiste an t-alt dar teideal 'Thaispeáin Íosa dúinn conas urnaí a dhéanamh' a léamh os ard **as leathanach 14 dá leabhar**.

**Teagasc Íosa faoin urnaí (Lúcás 11:1-10)**

Aon lá amháin agus é in áit áirithe ag guí, nuair a stad sé, dúirt duine dá dheisceabail leis: 'A Thiarna, múin dúinne guí, amhail mar a mhúin Eoin dá dheisceabail.' Dúirt sé leo: 'Nuair a ghuíonn sibh, abraigí:

A Athair,
go naofar d'ainm;
go dtaga do ríocht;
ár n arán laethúil tabhair dúinn gach lá;
agus maith dúinn ár bpeacaí,
óir maithimid féin do chách a bhíonn i bhfiacha againn;
agus ná lig sinn i gcathú.'



Agus dúirt sé leo: 'Má bhíonn duine agaibh agus cara aige, agus go rachaidh sé chuige i lár na hoíche á rá leis: "A chara, tabhair trí builíní ar iasacht dom, óir tá cara dom tagtha chun mo thí as a bhóthar agus níl dada agam a chuirfinn os a chomhair"; agus go ndéarfaidh an fear istigh á fhreagairt: 'Ná bí do mo bhuaireamh, óir tá an doras dúnta anois agus mo chlann is mé féin sa leaba, ní féidir dom éirí chun iad a thabhairt duit'; - deirim libh, ach mura n-éirí sé agus iad a thabhairt dó de chionn gur cara dó é, mar sin féin, de chionn a mhínáirí atá sé, éireoidh agus tabharfaidh dó oiread is a bhíonn de dhíth air. Agus deirim libh, iarraigí, agus tabharfar daoibh; lorgaigí, agus gheobhaidh sibh; buailigí, agus osclófar daoibh. Óir gach aon duine a iarrann, glacann, agus an té a lorgann, faigheann, agus an té a bhuaileann, osclófar dó.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 15 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cad a bhí ar siúl ag Íosa sular labhair duine de na deisceabail leis?
- Cad a d'iarr an deisceabal ar Íosa a dhéanamh?
- Cén 'Eoin' a bhí i gceist, meas tú, nuair a d'iarr an deisceabal ar Íosa: 'A Thiarna, múin dúinne guí, amhail mar a mhúin Eoin dá dheisceabail'?
- Cén phaidir a mhúin Íosa dá dheisceabail?
- Sa chéad chuid den phaidir, a mhúin Íosa dá dheisceabail, mhúin sé dóibh Dia a mholadh, agus ansin mhúin sé dóibh an méid a bhí uathu a iarraidh ar Dhia. Cad iad na nithe ba chóir dóibh a iarraidh ar Dhia?
- Cad a dúirt Íosa a tharlaíonn, nuair a iarraimid rud éigin ar Dhia?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, ar theastaigh ó na deisceabail foghlaim conas guí a dhéanamh?
- Cad a cheapann tú faoi Íosa gur theastaigh ó na deisceabail foghlaim uaidh conas guí a dhéanamh? An gceapann tú go bhfaca siad torthaí na hurnaí i saol Íosa, agus gur theastaigh uathu guí ionas go mbeidís cosúil leis? Cén fáth nó cén fáth nár theastaigh uathu?
- D'inis Íosa an scéal dá dheisceabail faoin bhfear ar thug a chara leis an rud a bhí uaidh toisc gur choinnigh sé á iarraidh. Cad a cheapann tú a theastaigh ó Íosa go bhfoghlaimeoidis faoin urnaí ón scéal seo?
- Deir an sliocht seo ón Scrioptúr go raibh Íosa ag guí 'in áit áirithe'. Luann sleachta eile sa Bhíobla Íosa ag fáil áiteanna ciúin chun guí a dhéanamh. Cén fáth, dar leat, a bheadh sé cabhrach áiteanna faoi leith a bheith agat, cosúil le háiteanna ciúine, áiteanna ar féidir leat dul chun guí? Conas a d'fhéadfadh sé sin cabhrú leat guí a dhéanamh?
- Cén áit ar mhaith leat guí inti?
- Mhúin Íosa An Phaidir dá dheisceabail. Tá na focail a d'úsáid Íosa beagáinín difriúil ó na focail a úsáidimid, ach is í an phaidir chéanna í. An féidir leat na focail ón Phaidir atá ar eolas agat, a chur leis na focail atá ag teacht leis na focail den phaidir a mhúin Íosa dá dheisceabail?
- Cén fáth, dar leat, a ghuímid 'Ár nAthair' seachas 'Mo Athair', agus cén fáth, dar leat, a úsáidimid na focail 'dúinn' agus 'muid' sa phaidir seo seachas 'dom' agus 'Mise'? *(Is clann Dé sinn uile, agus mar sin guímid mar theaghlach seachas mar dhaoine aonair.)*

- Cad a léiríonn na focail seo a leanas ó Íosa faoin dearcadh atá ag Dia ar ár nguí?: 'Iarraigí, agus tabharfar daoibh; lorgaigí, agus gheobhaidh sibh; buailigí, agus osclófar daoibh'. An dtugann siad le fios go bhfuil Dia ag iarraidh orainn guí, agus go bhfreagróidh Dia ár gcuid paidreacha? Cén fáth nó cén fáth nach dtugann siad é sin le fios?

**Tá an scéal faoi Íosa ag múineadh a dheisceabail conas guí a dhéanamh ar leathanach 15 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin.**

## PÓSTAER 2

### CINEÁLACHA ÉAGSÚLA URNAÍ

Tosaigh trí a chur i gcuimhne na bpáistí go ndéanaimid cumarsáid agus og gcaithimid am leis na daoine a bhfuil grá againn dóibh mar go mbainimid taitneamh as a gcuideachta agus go dteastaíonn uainn bheith bainteach leo. Déanann an t-am a chaithimid le chéile ár gcairdeas/gcaidreamh leo a dhoimhniú agus cuireann sé áthas orainn. Ar an gcaoi chéanna, guímid le Dia ionas go mbeidh baint againn leis agus chun caidreamh níos dlúithe a dhéanamh leis. Agus muid ag guí, tuigimid go mbíonn Dia linn i gcónaí agus go n-éisteann sé lenár nguí agus go bhfreagraíonn sé muid.

Ansin taispeáin póstaer 2 do na páistí le hainmneacha agus mínithe gairid ar na cineálacha éagsúla urnaí

**Urnaí Adhartha:** Paidir ina adhraimid Dia, Cruthaitheoir gach uile dhuine agus Athair gach duine.

**Urnaí na hAchainí:** Paidir ina n-iarraimid rud éigin ar Dhia dúinn féin.

**Urnaí Idirghuí:** Paidir ina n-iarraimid rud éigin ar Dhia do dhuine eile.

**Urnaí Bhuíochais:** Paidir ina dtugaimid buíochas do Dhia as rud éigin nó duine éigin inár saol.

**Urnaí Mholta:** Paidir ina molaimid Dia as gach a rinne sé ar ár son.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO URNAÍ

- Tabhair cuireadh do na páistí ceann de na cineálacha urnaí a roghnú agus a nguí gairid féin den chineál sin a chumadh. Ba chóir dóibh an phaidir a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach faoin dteideal 'Mo Urnaí ________' *(ag cur cibé téarma is fearr a oireann dá nguí, m.sh. 'Adhartha', 'Achainí', 'Idirghuí', 'Bhuíochais' nó 'Mholta').*

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Bealaí Éagsúla chun Urnaí a Dhéanamh' a léamh ar leathanach 16 dá leabhar. Ansin spreag iad chun beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar an leathanach céanna.**

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL/TAISPEÁNTAS SLEAMHNÁN

### PAIDREACHA DÚCHAIS

- I gceann dá litreacha chuig na daoine a bhí ina gcónaí i dTeasaloinicé, scríobh Naomh Pól, 'Bígí ag guí gan staonadh' (1 Teasalónaigh 5:17).
- D'fhreagair ár sinsir, go háirithe iad siúd a bhí ina gcónaí i gceantair ina labhraíodh Gaeilge, an chomhairle seo ó Naomh Pól ar bhealach an-phraiticiúil: rinne siad cineál urnaí de gach gné dá saol laethúil. Bhí paidreacha ag na daoine sin a chuaigh le beagnach gach ócáid agus gach tasc a rinne siad. Bhí paidreacha speisialta ann a déarfaidís, mar shampla, agus iad ag bleán bó, ag éirí ar maidin nó ag dul a luí san oíche, tar éis sraothartach, ag bácáil aráin, ag déanamh leaba nó ag lasadh lampa. Is minic gur paidreacha gearra aon-líne a bhí sna paidreacha a bhí ag na daoine seo agus ghuigh siad go nádúrtha iad agus iad i mbun tascanna éagsúla.
- Léirigh an traidisiún seo gur chreid na daoine go raibh Dia an-ghar dóibh agus mar chuid dá saol laethúil. Chreid siad go bhféadfadh na gnáthrudaí a rinne siad gach lá a bheith mar phaidreacha agus go bhféadfaí iad a úsáid chun iad a tharraingt níos gaire do Dhia. Bhí tuiscint mhór acu ar láithreacht Dé agus chothaigh na paidreacha a spiorad agus iad i mbun a gcúraimí laethúla. Rinne an nós, paidir a nascadh le cúraimí a saol laethúil ar an mbealach seo, nach raibh a gcreideamh teoranta don Aifreann ar an Domhnach amháin. Ní raibh aon bhearna idir an méid a chreid na daoine faoi Dhia agus a saol laethúil. Nasc siad Dia ina gcuid gníomhaíochtaí laethúla agus ghuigh siad chomh nádúrtha amhail is dá raibh siad ag análú nó ag obair.
- Urnaí a bhí fiú i mbeannachtaí ár sinsir. Gnáth bheannacht is ea 'Dia duit' i nGaeilge agus an freagra air ná 'Dia is Muire duit'.
- Inis do na páistí go bhfuil tú anois chun cúpla sampla de urnaithe a ghuigh ár sinsir Éireannacha a roinnt. Taispeáin gach sleamhnán, ag taispeáint na paidreacha Gaeilge agus na haistriúcháin Bhéarla. Tabhair cuireadh do na páistí buille faoi thuairim faoi chathain agus cén fáth ar ghuigh na daoine gach paidir.

**Sleamhnán 1**

*Éirím suas le Dia,*
*Go n-éirí Dia liom.*
*Lámh Dé i mo thimpeall,*
*Ag suí is ag luí 's ag éirí dom.*

I arise with God,
May God rise with me.
God's hand around me,
In my sitting, my lying and my rising.

- Cathain agus cén fáth ar ghuigh daoine an urnaí seo? *(Paidir na maidine ag iarraidh ar Dhia a bheith leo i rith an lae)*

**Sleamhnán 2**

*Éirigh liom, a Dhia,*
*Fan liom i rith an lae,*
*Sa bhaile agus ar gach turas,*
*Ná lig dom dul ar strae.*

Arise with me, Lord,
Stay with me throughout the day,
At home and on each journey.
Don't let me go astray.

- Cathain agus cén fáth ar ghuigh daoine an urnaí seo? *(Paidir ag iarraidh ar Dhia iad a threorú, a thionlacan agus a chosaint ar thurais)*

**Sleamhnán 3**

*Lig do sholas i mo chroí agus m'anam.*

Let your light into my heart and soul.

- Cathain agus cén fáth ar ghuigh daoine an urnaí seo? *(Paidir ar oscailt na cuirtíní)*

**Sleamhnán 4**

*A Dhia, las tine i mo chroí le do ghrá agus do fuinneamh.*

Lord, light a fire in my heart with your love and your strength.

- Cathain agus cén fáth ar ghuigh daoine an urnaí seo? *(Paidir agus an tine á lasadh)*

Cé acu de na paidreacha dúchais seo is fearr leat? Cén fáth?

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN GCORÓIN MHUIRE

- Cuir i gcuimhne na bpáistí gur paidir speisialta in onóir na Maighdine Muire, máthair Íosa, atá sa Choróin Mhuire. Cuidíonn an Choróin Mhuire le daoine machnamh a dhéanamh ar eachtraí éagsúla i saol Mhuire agus Íosa. 'Séard atá i gceist leis an urnaí seo ná an Phaidir, Sé do Bheatha, a Mhuire, agus Glóir don Athair a rá arís agus arís eile.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil cuimhne acu ar aon cheann de na Rúndiamhra Glórmhara, Sólásacha nó Dólásacha den Choróin Mhuire a d'fhoghlaim siad roimhe seo. *(Cuirfear na Rúndiamhra Solasmhara i iúl dóibh i mbliana i gCeacht Séasúrach 4: Muire, Máthair Dé agus Ár Máthair.)*

**Tá rúndiamhra uile na Corónach Muire le fáil ar chúl leabhar na bpáistí.**

## SUIRBHÉ RANGA

### AN PHAIDIR IS FEARR LINN

- Déan suirbhé sa rang ag fiafraí de gach páiste cad í an phaidir is fearr leo, agus déan na freagraí a chlárú ar an gclár bán ionas go bhfeicfidh siad cad í an phaidir is mó a bhfuil gean uirthi sa rang.
- D'fhéadfá an suirbhé seo a leathnú chuig na ranganna go léir sa scoil agus/nó chuig na múinteoirí go léir sa scoil.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa ghníomhaíocht seo a leanas tugtar isteach coincheap nua – an cara ceisteach, ar a dtugaimid Fióna Fiosrach, a mholann dearcadh malartach ar an méid a bhí á iniúchadh ag na páistí le linn an cheachta. Bíonn deis ag na páistí a bhfreagraí ar an dearcadh malartach seo a phlé agus a thairiscint, agus, sa tslí seo, a gcreideamh a chur in iúl go soiléir.

Ba cheart go mbeadh an deis ag gach leanbh ar mian leis/léi labhairt gan páiste eile a chur isteach orthu. Tugtar cuireadh do na páistí freagra tosaigh láithreach a thabhairt ar an ráiteas/dúshlán a chuireann 'Fióna Fiosrach' i láthair, agus ansin obair i ngrúpaí chun freagra grúpa níos soiléire a chur i láthair. Ansin éisteann siad le ráiteas ó dhuine chreidmheach a léiríonn teagasc na hEaglaise Caitlicí. Ina dhiaidh sin, déanann na páistí a gcuid freagraí tosaigh féin a mheas i bhfianaise na faisnéise nua seo.

De réir mar a théann na páistí i dtaithí le 'Fióna Fiosrach' i dtéamaí ina dhiaidh seo, b'fhéidir go bhféadfaidís a rá cén cáineadh nó dúshlán a thiocfaidh as 'Fióna Fiosrach' sna ceachtanna amach anseo - agus, go deimhin, cad a d'fhéadfadh an freagra a bheith ann ó theagasc na hEaglaise. Mar an gcéanna, le himeacht aimsire, d'fhéadfadh siad a gcuid ceisteanna agus cáineadh féin a chur agus freagra mar rang a thabhairt orthu.

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó FIÓNA FIOSRACH

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin a gcéad fhreagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? Ar smaoinigh siad féin amhlaidh?

**'N'fheadar an fiú bheith ag guí. Níl mé cinnte go mbíonn toradh air.'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagra a thabhairt trí na fáthanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a chur i láthair



## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Mas maith leat is féidir do shúile a dhúnadh ... Rinneamar machnamh ar urnaí mar bhealach chun cumarsáid a dhéanamh le Dia agus am a chaitheamh leis ... Is iomaí bealach atá ann chun guí agus tá go leor rudaí ann a ndéanaimid guí fúthu… Samhlaigh tú féin ag caint le Dia… agus samhlaigh Dia ag éisteacht go haireach leat… Le do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, iarr cabhair ar Dhia maidir leis na rudaí a dteastaíonn cúnamh uait… Iarr cabhair Dé ar na daoine a mbraitheann tú go bhfuil sé de dhíth orthu… Inis do Dhia faoin méid a bhfuil tú buíoch as… agus faoi na rudaí a rinne tú a bhfuil brón ort ina leith… Inis do Dhia faoin ghrá atá agat dó… Cuimhnigh go bhfáiltíonn Dia roimh do chuid paidreacha agus go bhfreagróidh sé iad… Nuair a bheidh tú réidh, oscail do shúile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is bealach í an urnaí chun am a chaitheamh le Dia agus cumarsáid a dhéanamh leis. Is féidir linn guí chuig Muire agus chuig na naoimh freisin. Is minic a chaith Íosa am ag guí, agus bhí tionchar chomh mór sin ag an urnaí ar na deisceabail, gur iarr siad ar Íosa iad a mhúineadh chun urnaí a dhéanamh. Is é An Phaidir, a mhúin Íosa dá dheisceabail eiseamláir na hurnaí. Tá go leor bealaí éagsúla ann le guí a dhéanamh agus cineálacha, nó foirmeacha éagsúla, urnaí ann. Dúirt Naomh Pól, 'Guígí i gcónaí', agus cuidíonn traidisiún urnaí tíre ár sinsear linn a fheiceáil conas is féidir é seo a dhéanamh nuair a dhéanaimid urnaí a nascadh le tascanna éagsúla inár saol laethúil.

## CLEACHTADH URNAÍ

### PAIDREACHA DÁR NGNÍOMHAÍOCHTAÍ LAETHÚLA

**Nóta:** *Beidh cóip de* ***Phaidreacha dár nGníomhaíochtaí Laethúla*** *(lch 37) ag teastáil ó gach grúpa agus beidh leathanach folamh A4 at teastáil ó gach páiste.*

- Cuir i gcuimhne do na páistí gur aithin muintir na hÉireann, go háirithe san am atá thart, go bhféadfadh na gnáthrudaí a rinne siad gach lá, Dia a mheabhrú dóibh agus cabhrú leo fás níos gaire do Dhia. Mar shampla, d'úsáid siad lasadh coinnle mar seans chun guí ar son solas Chríost; deis a bhí ann dul ar thuras chun iarraidh ar Dhia dul in éineacht leo ar gach turas.
- Maidir leis an ngníomhaíocht seo, scríobhfaidh na páistí a gcuid paidreacha gearra féin, ar féidir iad a úsáid agus iad i mbun a gcúraimí laethúla, ar bhealach cosúil le cleachtas ár sinsear.
- Roinn an rang i ngrúpaí, déan cóip den teimpléad thuas a dháileadh ar gach grúpa, agus tabhair ceann de na cúig chatagóir atá ainmnithe ar an teimpléad do gach grúpa.
- Is é seo a leanas tasc na bpáistí:
  - » Cum paidir le chéile do gach mír sa chatagóir a tugadh dóibh.
  - » Ba chóir go mbeadh na paidreacha gearr agus furasta le cuimhneamh orthu.
  - » Ba cheart go mbeadh baint shoiléir ag na paidreacha leis an tasc a thugtar, ionas gur féidir iad a úsáid mar bhealach chun nascadh le Dia le linn cúrsaí an tsaoil laethúil, m.sh. 'A Thiarna, agus mé ag ceangal m'iallacha, go dtig leat an ceangal idir tú féin agus mise a dhéanamh níos mó.'
  - » Ba chóir do gach páiste a dhá nó trí cinn de na paidreacha is fearr leo a scríobh ar a leathanach féin.
- Má bhíonn an t-am agat, iarr ar na páistí na paidreacha a chum siad a roinnt leis na grúpaí eile.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### AN BRÁTHAIR LAWRENCE AN AISÉIRÍ

Léigh an cur síos seo ar Bhráthair Lawrence an Aiséirí do na páistí.

Rugadh Nicholas Herman sa Fhrainc sa bhliain 1614. Chuaigh sé isteach sna Cairmilítigh i bPáras mar bhráthair tuata agus ghlac sé an t-ainm reiligiúnach 'Lawrence an Aiséirí'. Chaith sé beagnach an chuid eile dá shaol laistigh de bhallaí na mainistreach, ag obair sa chistin agus, le blianta ina dhiaidh sin, mar ghréasaí ag deisiú cuarán.

D'oibrigh Lawrence le dúthracht mhór agus le háthas. Chaithfeadh sé uaireanta an chloig ag glanadh potaí, ag ullmhú béilí agus ag glanadh suas i ndiaidh na manach. Tríd an obair seo d'aimsigh sé cosán chun naofachta – mhothaigh sé go raibh Dia leis agus é i mbun a chuid oibre, agus thug sé seo mothú iontach síochána agus grá do Dhia dó. De réir a chéile thuig Lawrence gur phaidir a bhí ina chuid oibre!

Dúirt an Bráthair Lawrence, 'Níor chóir dúinn a bheith tuirseach traochta rudaí beaga a dhéanamh ar mhaithe le grá Dé. Ní fhéachann Dia ar fheabhas na hoibre, ach ar an ngrá lena ndéantar í.' Scaip an scéal go luath faoin gcaoi a raibh Lawrence in ann fás níos gaire do Dhia trí chúramaí a shaol laethúil, agus thosaigh cuairteoirí ag teacht chuige ag lorg treorach..

Tabhair cuireadh do fhreagraí pearsanta na bpáistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna cosúla leo a chur:

- Cad iad na buanna/luachanna Críostaí a léirigh an Bráthair Lawrence, dar leat, leis an mbealach a chaith sé a shaol?
- Cad iad na tíolacthaí ón Spiorad Naomh a d'fhéadfaí a fheiceáil ag obair i saol an Bhráthair Lawrence?
- Dúirt an Bráthair Lawrence, 'Níor chóir dúinn a bheith tuirseach de rudaí beaga a dhéanamh ar mhaithe le grá Dé. Ní fhéachann Dia ar fheabhas na hoibre, ach ar an grá lena ndéantar í.' Cad a insíonn na focail seo duit faoin gcineál duine ba ea an Bráthair Lawrence agus an méid a chreid ann?
- An féidir leat smaoineamh ar ghnáthrudaí ar bith a d'fhéadfá a dhéanamh gach lá 'ar mhaithe le grá Dé' - agus mar sin paidir a dhéanamh astu?
- Conas a léirigh an Bráthair Lawrence trína fhocail agus a ghníomhartha gur laoch Críostaí é?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh seachtar léitheoir. Tá na sleachta agus na paidreacha ar líne. Ba chóir go mbeadh paidrín, leabhar urnaí, pictiúr naofa, Bíobla agus cros/cros chéasta sa Spás Urnaí.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a léiríonn an bealach dúinn chun Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh againn, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Cuirimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a bhfuilimid ag smaoineamh orthu agus ag guí ar a son.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh ionas go mbeimid in ann fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan.

**Múinteoir:** Léiríonn an Bíobla, an paidrín, an leabhar urnaí, an pictiúr naofa agus an chros/chros chéasta sa spás urnaí roinnt de na bealaí éagsúla inar féidir linn guí.
D'fhoghlaimíomar an tseachtain seo gur bealach é 'Guí Taizé' chun guí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ciúnas agus cantaireacht, agus críochnóimid an téama seo trí sheirbhís urnaí Taizé a bheith againn. Agus an urnaí ar bun againn, cuimhnímid go mbíonn an Spiorad Naomh linn i gcónaí, ag cabhrú linn guí a dhéanamh.

Éistfimid anois le roinnt véarsaí ó Salm 106 – duan molta, buíochais. Seo a leanas an freagra ar véarsaí an tsailm: *Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, agus maireann a bhuanghrá go brách.*

**Léitheoir 1:** *Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é;*
*toisc go maireann a bhuanghrá go brách.*
*Cé ar féidir leis éachtaí an Tiarna a fhógairt? Cé a chraolfaidh a mholtaí go léir?*
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, agus maireann a bhuanghrá go brách.

**Léitheoir 1:** *Is méanar don dream a choinníonn an ceart,*
*agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.*
*Bí ag cuimhneamh orm, a Thiarna, bí go maith dom, as ucht do ghrá do do phobal.*
*Tar chugam, a Thiarna, le do chúnamh.*
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, agus maireann a bhuanghrá go brách.

**Léitheoir 1:** *Go bhfeice mé séan na ndaoine atá tofa agat,*
*go ndéana mé gairdeas faoi áthas do phobail; is go ndéana mé mórtas mar aon le d'oidhreacht.*
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é, agus maireann a bhuanghrá go brách.

**Léitheoir 2:** Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Teasalónaigh.

*Iarraimid oraibh, a bhráithre, ómós a thabhairt dóibh siúd atá ag saothrú go dian in bhur measc agus atá do bhur stiúradh in ainm an Tiarna agus atá ag tabhairt comhairle daoibh. Bíodh meas agus cion as cuimse agaibh orthu mar gheall ar a gcuid oibre. Mairigí le chéile go síochánta.*

*Impímid oraibh, a bhráithre, foláireamh a thabhairt do na daoine neamhchúiseacha, na daoine faiteacha a spreagadh, cabhrú leis na laga agus bheith foighneach le cách uile. Féachaigí chuige nach ndéanfaidh aon duine agaibh an t-olc in aghaidh an oilc. Cuirigí romhaibh an mhaith a dhéanamh i gcónaí dá chéile agus do chách eile.*

*Bíodh lúcháir oraibh i gcónaí. Bígí ag guí gan staonadh agus ag gabháil buíochais as gach ní; sin é an ní is áil le Dia uaibh in Íosa Críost.*
(1 Teasalónaigh 5:12-18)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Tá tost mar chuid den phaidir i Taizé. Mar sin beidh cúpla nóiméad ciúnais againn anois agus cuirimid fáilte roimh láithreacht Dé linn. (*Sos*)

**IARRATAIS**
**Léitheoir 3:** Dóibh siúd atá i bhfad ó bhaile, inimircigh, eisimircigh agus dídeanaithe. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Dóibh siúd atá ag stracadh leis an saol, go mbeidh cabhair agus trua le fáil acu. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 5:** Do gach duine sa rang agus dár dteaghlaigh agus dár gcairde uile, go mbeimid go léir ag fás i gcairdeas agus i ngrá Dé. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 6:** Go mbeimid gnóthach ag cosaint an phláinéid. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 7:** Go mbeimid aontaithe le traidisiúin Chríostaí eile, go mbeadh meas againn ar ár ndifríochtaí agus ar an méid atá comónta eadrainn. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímis le chéile anois mar aon phobal Críostaí amháin agus *An Phaidir* á rá againn.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh…)

**Múinteoir:** A Íosa, is mian leat go mbeadh na Críostaithe go léir aontaithe mar theaghlach amháin, teaghlach Dé. Cabhraigh linn a aithint go bhfuil na pobail Chríostaí éagsúla go léir ag taisteal chugat ar a mbealach uathúil féin.
Go mbeifeá i gcroílár gach a dhéanaimid agus go gcoimeádfaidh tú le chéile go grámhar sinn.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar an solas sa choinneal ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh againn, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, do sholas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Paidreacha dár nGníomhaíochtaí Laethúla

**Ar Maidin**
Ag éirí
Na cuirtíní á oscailt
Níochán
Gléasadh
Ag ceangal iallacha bróg
Ag ithe bricfeasta
Ag oscailt agus ag dúnadh doirse
Ag fágáil an tí

**Am Scoile**
Teacht ar scoil
Ag oscailt leabhar
Ag lasadh/múchadh an solas
Doirse a oscailt agus a dhúnadh
Ag ithe lóin
Ag fágáil na scoile

**Caithimh Aimsire**
Fearas a chaitheamh
Ag ceangal iallacha
Urnaí sula dtosaíonn tú
Urnaí ar chríochnú
Urnaí ar bhuachan
Urnaí ar chailliúint

**Aimsir**
Ar an ghrian a fheiceáil
Ar an ngealach a fheiceáil
Ar an mbáisteach a fheiceáil
Nuair a bhíonn sé gaofar
Nuair a bhíonn sé fuar
Nuair a bhíonn sé te
Agus an seaicéad á dhúnadh

**Sa Bhaile**
Cuidiú le béilí a ullmhú
Ag lasadh/múchadh an solas
Dúisigh/múch an fón
Dúisigh/múch an ríomhaire
Dúisigh/múch an teilifís
Ag scuabadh an urláir
Níochán agus triomú na gréithe
Ag cur éadaí amach le triomú

# Téama 2: An Cruthú

Ceacht 1: Briathar Dé atá sa Bhíobla .......................................... 41
Ceacht 2: Labhraíonn Dia linn tríd an gCruthú ............................ 51
Ceacht 3: Scéal Ádhaimh agus Éabha ........................................ 64

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Oibríonn an Spiorad Naomh i ngach duine againn agus san Eaglais trí na Scrioptúir, na sacraimintí agus na cairiosmaí, údarás teagaisc na hEaglaise, oibreacha carthanachta Críostúla, oibreacha spioradálta agus corpartha trócaire, urnaí srl (ChEC 687-747).

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Tá an Spiorad Naomh ag obair sa domhan iomlán (GS 22, 38).

**Cruthú an Domhain**

- Análann Spiorad Naomh Dé beatha sa domhan (Salm 33:6; 104:30; Gein 1:2; 2:7; ChEC 291, 703).
- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha go maith agus saor ó pheaca. Bhí siad sona de bhrí go raibh siad cairdiúil le Dia i bpárthas. Chuir Sátan cathú ar Ádhamh agus Éabha saol santach a roghnú agus peaca a dhéanamh (Gein 2-3; ChEC 355–84, 397, 415).
- Ní raibh siad umhal do Dhia agus chaill siad an naofacht a bhí acu ón tús. (ChEC 399). Tugtar 'Titim an Chine Dhaonna' air seo agus tugtar 'Peaca an tSinsir' ar an gcéad pheaca. (ChEC 355-86, 389, 417). Aistrítear Peaca an tSinsir ó Ádhamh agus Éabha go dtí gach duine beo (ChEC 403).
- Beirtear gach duine le Peaca an tSinsir, le claonadh i dtreo an pheaca agus slánú de dhíth orthu (ChEC 403, 419; GS 13).

## BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Tá grá agus urraim ag Críostaithe don Bhíobla toisc gurb é Briathar Dé é.
- Is é an Bíobla Briathar inspioráide Dé (DV 9, 24; ChEC 104). Ciallaíonn sé seo: (a) labhraíonn Dia go fírinneach linn tríd an Scrioptúr; (b) déanann teachtaireacht an Scrioptúir Naofa ciall do dhaoine as gach glúin; c) ní dhéanann an Bíobla aon bhotún nuair atá aon ghné den slánú i gceist. (DV 11; ChEC 107).
- Thug an Spiorad Naomh inspioráid do na scríobhneoirí daonna a scríobh leabhair an Bhíobla (DV 11; ChEC 76, 105-6, 134).
- Nuair a éistimid le Briathar Dé labhraíonn an Spiorad Naomh linn agus cabhraíonn sé linn Íosa a leanúint go dlúth inár saol laethúil.
- Déanann Dia cumarsáid linn trí na Scrioptúir Naofa, in oibreacha an chruthaithe, i bpearsa Íosa agus i síor-láithreacht an Spioraid. (DV 3, 4, 6, 12; ChEC 51-3, 60, 79, 104, 257; foilsiú ó Dhia).
- Labhraíonn Dia linn ar bhealach sainiúil i mBriathar Dé tríd an Scrioptúr Naofa agus trí Thraidisiún Sacráilte na hEaglaise Caitlicí (ChEC 80-3, 97; DV 10).
- Is í an Eaglais mar phobal le Traidisiún beo a sholáthraíonn an comhthéacs don léirmhíniú foirceadlach agus morálach ar an Scrioptúr Naofa (DV 10).

**An Scrioptúr Naofa**

- Salm 100:1–5. Ag glacadh buíochais.
- Salm 106:1-3. Paidir lúcháire.
- Gein 1:1-3. An chéad scéal de chruthú an domhain.
- Gein 3:1-13. Ní raibh Ádhamh agus Éabha umhal do Dhia

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- An Phaidir
- Gníomh Creidimh

*Paidreacha Breise*

- Paidir Naomh Proinsias Assisi

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is bronntanas ó Dhia é beatha an duine (Taisp 4:11; ChEC 295).
- Tá dínit agus cearta ag gach duine de bhrí go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé (GS 12, 26; ChEC 225, 356-57, 1907, 1701 ff., 1930, 2070).
- Is bronntanas de ghrá Dé é ár ndínit agus níl sé ag brath ar chine, inscne, stádas eacnamaíochta, éachtaí daonna ná ár n-áit sa sochaí.

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- An Caidreamh idir Creideamh agus Réasún.
- Cuntaisí Eolaíochta ar bhunús na cruinne atá ag teacht le cuntaisí neamh-eolaíochta sna Scrioptúir.
- Tá an Eolaíocht agus an Scrioptúr Naofa ag teacht le chéile chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar iontas chruthú Dé  (ChEC 37, 159, 283-9).

# Ceacht 1: Briathar Dé atá sa Bhíobla

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cur amach ag na páistí ar roinnt scéalta ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua. Gach bliain díríonn na páistí ar ghnéithe áirithe de shaol Íosa mar a chuirtear i láthair iad sna Soiscéil. I Rang a Trí d'fhéach siad ar struchtúr an Bhíobla. I Rang a Ceathair dhírigh siad ar an gceangal idir an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. I Rang a Cúig rinne siad scrúdú ar an gcaoi a ndéanann Dia cumarsáid lena mhuintir trí fháithe a roghnú chun a Bhriathar a labhairt leo.

Tá sé mar aidhm againn sa cheacht seo cur leis an tuiscint atá ag na páistí ar an mBíobla trí chabhrú leo machnamh a dhéanamh ar na stíleanna éagsúla scríbhneoireachta atá le fáil ann. Féachfaidh siad ar an gcaoi a gcuireann gach stíl an fhírinne in iúl ar bhealach dhifriúil, ionas gur féidir roinnt sleachta a léamh go liteartha, mar chuntais stairiúla, agus caithfear cinn eile a léamh agus a fhios acu nach cuntais stairiúla ar imeachtaí iad ach gur scríobhadh iad chun fírinne éigin a chur in iúl faoi Dhia nó faoi Íosa agus a theagasc. Treoraíonn an Eaglais sinn chun na téacsanna naofa a thuiscint i gceart.

Spreag Dia na scríbhneoirí naofa chun a chur in iúl cad a theastaigh uaidh go mbeadh ar eolas ag daoine faoi féin, fúthu féin agus faoin domhan. Cuireann na sleachta uile sa Bhíobla fírinne in iúl. Cuirimid béim ar an bhfíric go leanann Dia ag labhairt linn tríd an mBíobla. Múineann Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí: "Is é Dia a thug an inspioráid d'údair dhaonna na leabhar sácráilte. 'D'fhonn na leabhair shácráilte seo a cheapadh, roghnaigh Dia daoine a ndeachaigh sé ar a n-iontaoibh agus a gcuid acmhainní agus deiseanna á n-úsáid go hiomlán acu, i gcaoi go gcuirfidís síos i scríbhinn ina bhfíorúdair dóibh, ach eisean a bheith ag gníomhú iontu agus tríothu, gach a raibh i gcomhréir lena mhian, agus an méid sin amháin.'" (CCC, uimhir 106).

Cuirimid deiseanna ar fáil do na páistí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a spreag, agus a chothaigh Briathar Dé daoine. Táimid ag iarraidh go dtiocfaidh na páistí ar shiúl ón gceacht le tuiscint níos láidre ar ábharthacht, creidiúnacht agus tábhacht an Bhíobla i saol na gCríostaithe. Tá súil againn freisin go bhfaighidh siad frása nó dhó ón mBíobla a d'fhéadfadh cabhrú leo ina saol féin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Inspioráid:** Rud nó duine éigin a spreagann daoine eile chun gníomh ar leith a dhéanamh. Ba é Dia an inspioráid taobh thiar de na focail a scríobh scríbhneoirí naofa an Bhíobla. Faoi inspioráid an Spioraid Naoimh, scríobh siad an méid ar theastaigh ó Dhia a bheadh ar eolas ag daoine faoi féin, faoi na scríbhneoirí féin agus faoin domhan thart timpeall orthu.
- **Seánra:** Téarma a dhéanann cur síos ar stíl nó sórt ar leith scríbhneoireachta, ealaíne, ceoil nó scannáin. Tá go leor seánraí nó stíleanna éagsúla scríbhneoireachta sa Bhíobla, – parabail, sailm/amhráin agus téacsanna stairiúla, mar shampla.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den bhileog oibre 'Stíleanna Difriúla Scríbhneoireachta' do gach grúpa leanaí
- Bíobla an ranga
- Bíobla nó cóip den bhileog oibre 'Briathar Dé sa Bhíobla' do gach grúpa leanaí

# Féachaimis …

## DÉANAIMIS COMPARÁID

### STÍLEANNA DIFRIÚLA SCRÍBHNEOIREACHTA

**Nóta:** *Beidh cóip den bhileog oibre 'Stíleanna Difriúla Scríbhneoireachta' ag teastáil uait (lch 72) do gach grúpa leanaí.*

- Sula ndéantar na bileoga oibre a dháileadh, mínigh don rang go bhfuil siad chun scrúdú a dhéanamh ar roinnt stíleanna difriúla scríbhneoireachta agus ar an gcaoi a gcuirtear teachtaireachtaí agus fírinní in iúl tríd an bhfocal scríofa ar bhealaí éagsúla.
- Abair do na páistí go mbaineann na samplaí atá siad chun a léamh le breith linbh darb ainm di Chloe, agus go dtéann gach duine i ngleic leis an ábhar ar bhealach difriúil.
- Roinn na páistí i ngrúpaí de sheisear nó seachtar agus tabhair cóip den bhileog oibre do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do thriúr éagsúla ó gach grúpa gach píosa a léamh go ciúin dá ngrúpa.

Seo a leanas na samplaí ar an mbileog oibre:

**Sampla 1** (Fógra i nuachtlitir Chlub Peile an tSeanbhaile)

Comhghairdeas lenár gcúl báire Seán Ó Murchú agus a bhean Amy ar bhreith a dara linbh, a d'ainmnigh siad Chloe, san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais an 21 Bealtaine. Tá buachaill beag ag Seán agus Amy cheana féin, Jonah, atá ar ár bhfoireann 'Faoi bhun a cúig'. Guímid gach rath ar an teaghlach ar fad leis an leanbh nua, agus táimid ag tnúth le Chloe a fheiceáil i ndathanna dearg agus bán ón tSeanbhaile amach anseo!

**Sampla 2** (Scríofa ag seanmháthair Chloe)

> **Go raibh maith agat, a Dhia**
> Táimid réidh leis an bhfanacht,
> Chualamar a caoineadh beag,
> Tháinig an leanbh a rabhamar ag fanacht leis.
> Tá leicne a máthar aici,
> Tá súile a hathar aici.
> Tá gruaig rua aici – rud nach ionadh!
> Tá ladhracha foirfe aici,
> liopaí álainn agus srón beag bídeach.
> Chloe a bheidh mar ainm uirthi
> I gcuimhne aintín Chloe a fuair bás.
> 'Go raibh maith agat, a Dhia' as Chloe a bheith tagtha.

**Sampla 3:** (Sna fógraí teaghlaigh sa nuachtán)

**MURCHÚ, Chloe Áine** (Seanbhaile, Contae Mhaigh Eo) Rugadh 21 Bealtaine 2019.
Tá áthas ar Amy agus Seán Ó Murchú a fhógairt go bhfuil Chloe Áine, deirfiúr beag do Jonah agus céad gariníon do Mháire agus Séamas Ó Murchú, Seanbhaile agus Cáit agus Seán Ó Faoláin, Cóbh. Buíochas speisialta leis an bhfoireann iontach ar fad san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais i mBaile Átha Cliath.

Tar éis do na páistí na sleachta thuas a léamh, faigh a gcuid freagraí trí cheisteanna a chur:

- Cad atá i gcoiteann ag na sleachta scríbhneoireachta thuas?
- Cén fáth, dar leat, ar scríobhadh na sleachta seo ar bhealach difriúil? Ar roghnaíodh stíl na scríbhneoireachta i ngach cás mar gheall ar cé a cheap na scríbhneoirí a léifeadh é agus an cineál faisnéise a bhí na scríbhneoirí ag iarraidh a chur in iúl? Cén fáth nó cén fáth nár roghnaíodh?
- Dá mbeifeá ag iarraidh cuntas fíor a fháil ar an méid a tharla, cén píosa/píosaí a léifeá?
- Dá mbeadh aithne agat ar na daoine a raibh an leanbh acu, cén píosa a thaitneodh leat agus a léifeá arís b'fhéidir? Cén fáth, dar leat, a roghnófá an píosa sin seachas na cinn eile?
- Cén stíl scríbhneoireachta nó an cineál litríochta a léiríonn gach sliocht, dar leat? An gceapann tú go mbeadh sé oiriúnach d'fhógra an nuachtáin nó don fhógra ón gclub peile sonraí cosúil leo siúd atá le fáil sa dán a thabhairt? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Cén píosa a thugann an léargas is mó dúinn ar theaghlach an linbh nua agus ar an méid a bhí siad ag tnúth lena teacht.
- Cad a mhúin an cleachtadh seo duit faoi na fáthanna a bhféadfadh daoine stíleanna éagsúla scríbhneoireachta a roghnú chun aidhmeanna éagsúla a bhaint amach?

Críochnaigh trí insint do na páistí go bhfuil go leor cineálacha éagsúla scríbhneoireachta sa Bhíobla, agus, cosúil leis na sleachta scríbhneoireachta a rinneamar iniúchadh orthu thuas, cuireann gach ceann de na téacsanna Bhíobla fírinní agus teachtaireachtaí in iúl dúinn ar bhealaí éagsúla. An tseachtain seo déanfaimid iniúchadh ar chuid de na stíleanna éagsúla scríbhneoireachta sa Bhíobla agus na teachtaireachtaí agus na fírinní a chuireann siad in iúl dúinn.

## PAIDIR

**Nóta:** *B'fhéidir gur mhaith leat roinnt ceoil machnamhach a sheinm i rith an urnaí seo. Oscail an Bíobla ranga agus cuir in aice leis an gcoinneal é. Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*ag lasadh an choinneal*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia anseo linn.
A Thiarna, rinneamar machnamh ar an dóigh a gcuireann focail teachtaireachtaí in iúl ar bhealaí éagsúla.
Creidimid go labhraíonn tú linn tríd an mBíobla - gurb é an Bíobla do Bhriathar dúinn.
Oscail ár gcluasa, ár gcroíthe agus ár n-intinní ionas go n-éistfimid go cúramach le do Bhriathar.
Go bhfaighimis i do Bhriathar an inspioráid agus an spreagadh a theastaíonn uainn chun ár saol a chaitheamh sa tslí is mian leat. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir:** Táimid chun ár mBíobla a oscailt anois agus an P*aidir ar an mBíobla a oscailt* a rá le chéile.
**Gach duine:** Beannaigh mé, a Dhia, ionas
nuair a osclaím an Bíobla seo
go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí
do do Bhriathar.
Go gcothaí sé mé
faoi mar a chothaigh sé Íosa. Áiméan.

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh daoibh anois éisteacht le roinnt focal ón mBíobla agus machnamh a dhéanamh ar an gciall atá ag na focail seo duitse mar leantóir d'Íosa inniu.

**Léitheoir 1:** *'Bígí lúcháireach i gcónaí sa Tiarna. Deirim arís é: bíodh lúcháir oraibh!'* (Filipigh 4:4)
**Múinteoir:** Glacfaimis nóiméad anois chun smaoineamh go dteastaíonn ó Dhia go mbeimis lúcháireach agus sinn ag maireachtáil mar lucht leanúna Íosa. Glac sos ar feadh tamaill agus smaoinigh ar an dtábhacht a bhaineann le sin.

**Léitheoir 2:** *'Ghráigh mé thú le grá síoraí.'* (Irimia 31:3)
**Múinteoir:** Glacfaimis nóiméad anois chun smaoineamh go raibh grá ag Dia dúinn i gcónaí, agus go leanfaidh Dia ag tabhairt grá dúinn. Glac sos ar feadh tamaill agus smaoinigh ar an dtábhacht a bhaineann le sin.

**Léitheoir 3:** *'Ná bíodh buaireamh ar bhur gcroí.'* (Eoin 14:1)
**Múinteoir:** Glacfaimis nóiméad anois chun smaoineamh nach dteastaíonn ó Dhia go mbeadh imní orainn faoi rud ar bith, toisc go mbíonn Dia ann i gcónaí chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt dúinn. Glac sos ar feadh tamaill agus smaoinigh ar an dtábhacht a bhaineann le sin.

**Léitheoir 4:** *'Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.'* (Matha 28:20)
**Múinteoir:** Glacfaimis nóiméad anois chun smaoineamh go mbíonn Dia in éineacht linn i gcónaí. Glac sos ar feadh tamaill agus smaoinigh ar an dtábhacht a bhaineann le sin.

**Múinteoir:** Guímis paidir bhuíochais le chéile.
**Gach duine:** A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as bheith i láthair linn i do Bhriathar sa Bhíobla.
Tugann na focail seo compord agus spreagadh dúinn.
Cuidigh linn aithne níos fearr a chur ort trí do Bhriathar.
Go rachaidh fírinne do Bhriathar i dteagmháil lenár gcroíthe agus lenár n-intinní gach lá dár saol.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Múinteoir:** Agus an Bíobla á dhúnadh againn, guímis an *Paidir ar an mBíobla a dhúnadh* le chéile.
**Gach duine:** Beannaigh mé, a Dhia,
agus an Bíobla seo á dhúnadh agam
go gcoinneoidh mé do Bhriathar
i mo chroí agus i m'intinn
faoi mar a rinne Íosa. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### TRÁTH NA GCEIST AR AN MBÍOBLA

- Roinn na páistí i bhfoirne de thriúr nó ceathrar chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt, atá **ar leathanach 18 de leabhar na bpáistí freisin**. Déanann an tráth na gceist seo athbhreithniú ar a bhfuil foghlamtha ag na páistí cheana féin sna blianta roimhe seo.
- Iarr ar na páistí a gcuid freagraí, chomh maith leis na huimhreacha, a scríobh ar bhileog páipéir.

1. Tá an Bíobla roinnte ina dhá chuid. Ainmnigh iad.
2. Tá an Sean-Tiomna roinnte ina cheithre chuid. Ainmnigh iad.
3. Tá an Tiomna Nua roinnte ina cheithre chuid. Ainmnigh iad.
4. Ainmnigh an ceathrar Soiscéalaí.
5. Cé mhéad leabhar atá sa Sean-Tiomna?
6. Cé mhéad leabhar atá sa Tiomna Nua?
7. Ainmnigh trí scéal ón Sean-Tiomna.
8. Ainmnigh trí scéal ón Tiomna Nua.
9. Ainmnigh triúr carachtar ón Sean-Tiomna.
10. Ainmnigh triúr carachtar ón Tiomna Nua.

- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, iarr ar gach grúpa a mbileog a chur ar aghaidh chuig grúpa eile lena cheartú.
- B'fhéidir go mba mhaith leat na freagraí cearta ar **uimhreacha 1 go 6** a ghlaoch amach.
- Má bhíonn deacracht ar bith ag na páistí na freagraí ar **uimhreacha 7-10** a cheartú, is féidir leo na samplaí nach bhfuil siad cinnte fúthu a ghlaoch amach agus féachaint an féidir leis an rang a dhearbhú cibé an bhfuil na samplaí sin ceart nó mícheart.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE CINEÁLACHA ÉAGSÚLA LEABHAR SA BHÍOBLA

D'fhoghlaim na páistí cheana gur leabharlann leabhar atá sa Bhíobla (I nGrá Dé Rang a Ceathair). Thabhairt chun cuimhne, díreach mar a bhíonn go leor cineálacha éagsúla leabhar i leabharlann, go bhfuil go leor cineálacha éagsúla leabhar sa Bhíobla agus go leor stíleanna éagsúla scríbhneoireachta iontu.

Mínigh dóibh go mbeidh an chaoi a léimid leabhair áirithe sa Bhíobla difriúil ón gcaoi a léimid leabhair eile, ach go mbíonn na fírinní agus na teachtaireachtaí iontu uile fíor, ach iad curtha i láthair ar bhealaí éagsúla. Déan scrúdú breise air seo leis na páistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Ainmnigh cuid de na cineálacha leabhar a bheadh ar fáil i leabharlann. *(m.sh. stair, ficsean, rúndiamhair, ficsean eolaíochta, drámaíocht, grá, uafás, eolaíocht, neamhfhicsean, filíocht, fantaisíocht)*
- An mbeifeá ag súil go mbeadh an méid atá scríofa i leabhar staire fíriciúil/fíor? Cén fáth nó cén fáth nach mbeifeá?
- An mbeifeá ag súil go gcuirfí na focail i leabhar filíochta i láthair sa stíl chéanna leis na focail i leabhar eolaíochta nó i leabhar staire? Cén fáth nó cén fáth nach mbeifeá?
- Nuair a léann tú saothar ficsin, cosúil le gearrscéal nó úrscéal, an bhfuil tú ag súil gur eachtraí fíor iad na himeachtaí go léir a luaitear? An féidir fós fírinní agus ceachtanna a fhoghlaim ó scéalta den sórt sin, fiú munar tharla na himeachtaí a luaitear? An féidir leat smaoineamh ar roinnt samplaí d'fhírinní agus de cheachtanna a d'fhéadfaí a fhoghlaim ó scéalta ficsean?
- Chomh maith le saothair ficsin, an gceapann tú go bhféadfadh fírinní agus teachtaireachtaí a bheith san fhilíocht? An féidir leat smaoineamh ar aon samplaí de rudaí a d'fhoghlaim tú ó dhán?

Mínigh gur Briathar Dé atá sa Bhíobla agus go dtugann sé cuntas dúinn ar na rudaí go léir a theastaíonn ó Dhia a bheadh ar eolas againn faoi féin, fúinn féin agus faoin domhan ina mairimid. Sa Bhíobla foghlaimímid conas a choinnigh Dia na gealltanais a thug sé dár sinsir Abrahám agus Maois in aimsir an tSean-Tiomna. Gheall Dia do mhuintir Iosrael go mbeadh sé in éineacht leo

i gcónaí agus go dtaispeánfadh sé dóibh conas maireachtáil mar phobal tofa. Tugtar plean slánaithe Dé air seo. Síneann an gealltanas céanna dúinn inniu: bíonn Dia linn i gcónaí, ag cabhrú linn agus ag tabhairt treoir dúinn trí shampla Íosa, trí chumhacht an Spioraid Naoimh.

D'fhonn tuiscint a fháil ar a bhfuil á chur in iúl sa Bhíobla, cabhraíonn sé má choinnímid i gcuimhne go bhfuil roinnt leabhar sa Bhíobla fíorasach agus stairiúil, agus go bhfuil cinn eile fileata agus siombalach. Ag brath ar stíl na scríbhneoireachta, léimid gach leabhar ar bhealach difriúil. Cibé an bhfuil an scríbhneoir ag scríobh leabhar staire nó scéal siombalach, is é an tasc céanna atá againn: iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar a bhfuil Dia ag cur in iúl dúinn sa phíosa scríbhneoireachta seo.

- Tabhair cuireadh do pháiste an sainmhíniú ar 'Seánra' a léamh os ard ón 'Eochairfhocail' **ar leathanach 18 de leabhar na bpáistí.**

Uaireanta is tasc deacair é an bhrí atá le téacs bíobalta a dhéanamh amach. Uaireanta bíonn cabhair ag teastáil uainn chun tuiscint a fháil ar a bhfuil á rá ag Dia linn i sliocht áirithe den Scrioptúr. Cuireadh de chúram ar an Eaglais cuidiú linn é seo a dhéanamh. Tá daoine ceaptha ag an Eaglais chun staidéar a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh ar an Scrioptúr ionas gur féidir leo treoirlínte a thabhairt dúinn chun an méid atá Dia ag rá linn a léirmhíniú nó a fháil amach.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CLEACHTADH MEAITSEÁLA

- Cuir an ghníomhaíocht idirghníomhach seo in aithne trí insint do na páistí go gcaithfidh siad gach sliocht ó na Scrioptúir a mheaitseáil leis an stíl scríbhneoireachta ina bhfuil sé scríofa.
- Seo a leanas na stíleanna scríbhneoireachta atá i gceist thíos: **Stairiúil; Filíocht/Amhrán; Scéal; Parabal; Seanfhocail; Litreacha**.

**2 Ríthe 3:1, 4**
Tháinig Iahórám mac Ach____ i gcoróin ar Iosrael sa tSamáir san ochtú bliain déag de réimeas Iahóiseáfát, rí Iúdá, agus bhí sé dhá bhliain déag i réim …
Ba thógálaí caorach é Méisa rí Mhóáb agus dhíoladh sé céad míle uan agus an lomra ó chéad míle reithe le rí Iosrael mar cháin.

**Salm 22:2-3**
A Dhia liom, a Dhia liom, cad chuige ar thréig tú mé?
Is fada tú ó m'achainí agus ó bhriathra mo chneadaí.
Ní éisteann tú, a Dhia, nuair a ghlaoim ort sa lá:
Nuair a screadaim ort san oíche ní bhfaighim aon suaimhneas.

**Rút 1:1-4**
Le linn na mBreithiúna a bheith i réim tharla gorta sa tír agus d'imigh fear áirithe as Beithil Iúdá a chónaí i dtír Mhóáb, é féin, a bhean agus a bheirt mhac. Eilímeilic a bhí mar ainm ar an bhfear, Náoimí ar a bhean agus Machlón agus Cilión ar a bheirt mhac. Eafrátaigh ab ea iad ó Bheithil Iúdá agus thángadar go tír Mhóáb agus chuireadar fúthu ann. D'éag Eilímeilic, fear céile Náoimí agus fágadh ise agus a beirt mhac. Phósadarsan mná Móábacha, a raibh Orpá ar dhuine acu agus Rút ar an mbean eile. Mhaireadar ansiúd ar feadh deich mbliana nó mar sin.

**Matha 13:45-46**
'Nó fós, is cosúil ríocht na bhflaitheas le ceannaí a bhí ag lorg péarlaí breátha. Tharla aon phéarla amháin leis a bhí róluachmhar, agus d'imigh agus dhíol a raibh aige gur cheannaigh sé é.'

**Seanfhocal 10:12**
Gineann fuath achrann, ach cuireann an grá brat thar gach cóir.

**Eifisigh 1:1-2**
Mise Pól, aspal Íosa Críost de dheoin Dé ag beannú do na naoimh (in Eifeasas) atá dílis i gCríost. Grásta chugaibh agus síocháin ó Dhia, ár nAthair, agus ón Tiarna Íosa Críost.

**Iarr ar na páistí 'Stíleanna Difriúla Scríbhneoireachta sa Bhíobla' a léamh ar leathanaigh 18-19 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag gabháil leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo'.**

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN MBÍOBLA MAR FHOCAL INSPIORÁIDEACH DÉ

Cuir tús leis an gcomhrá seo trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar **'Inspioráid'** a léamh os ard as na 'Eochairfhocail' **ar leathanach 18 de leabhar na bpáistí.**

Múineann an Eaglais gur Dia a spreag scríbhneoirí an Bhíobla. Ciallaíonn an focal "spreagadh" misneach a thabhairt do dhuine chun rud éigin a dhéanamh nó chun cabhrú leis/léi a chreidiúint go bhfuil an cumas aige/aici rud éigin a dhéanamh. Nuair a deirimid gur spreag Dia na daoine a scríobh an Bíobla, ciallaíonn sé seo gur thug an Spiorad Naomh an eagna dóibh chun tuiscint a bheith acu agus chun cuntas a thabhairt ar a raibh Dia ag iarraidh a rá le daoine eile faoi féin, faoi na scríbhneoirí féin agus faoin domhan. Sin an fáth a ndeirimid gur Briathar Dé atá sa Bhíobla. Creidimid go spreagann an Spiorad Naomh sinn, freisin, trí Bhriathra an Bhíobla, chun maireachtáil sa tslí is mian le Dia.

Déan iniúchadh breise ar an bhfocal 'spreagtha' trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Dá ndéarfadh foireann spóirt gur spreag a gcóitseálaí iad, cad a chiallódh sé sin?
- Dá ndéarfadh ceoltóir gur spreag a múinteoir iad, cad a chiallódh sé sin?
- Má bhíonn duine spreagtha, an féidir leo creidiúint ar bith a ghlacadh as a bhfuil déanta acu? (Is féidir leo)
- Cad a chiallaíonn sé nuair a deirtear go mbíonn rud éigin nó duine éigin inspioráideach? Cad a thugann sé le fios? Cad as a dtagann inspioráid, dar leat?
- An bhfuil duine ar bith nó rud ar bith ann a thugann spreagadh duit? Conas a spreagann siad tú?

Scríobhadh an Bíobla mar chuntas creidimh ag daoine a chreid i nDia agus a spreag Dia chun scéalta agus fírinní tábhachtacha faoi féin agus faoi chaidreamh an duine le Dia a chur in iúl do dhaoine eile. Cé gur spreag Dia gach scríbhneoir den Bhíobla, scríobh gach scríbhneoir go difriúil ag brath ar cé dó a raibh siad ag scríobh agus cá as a tháinig siad. Cé nach bhfuil scéalta áirithe sa Bhíobla fíor go fíorasach, cuireann gach rud sa Bhíobla fírinne éigin in iúl a theastaigh ó Dhia go mbeadh ar eolas ag daoine.

- An féidir leat smaoineamh ar aon scéalta, seachas scéalta ón mBíobla, nach bhfuil fíor go fíorasach ach a chuireann fírinne in iúl faoin saol atá tábhachtach do dhaoine a bheith ar an eolas? *(m.sh. scéalta do leanaí agus fabhalscéalta Aesop, mar shampla The Ugly Duckling, The Tortoise and the Hare srl.)*

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Spreagann an Spiorad Naomh sinn tríd an mBíobla' a léamh ar leathanach 19 dá leabhar.**

# CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

## BRIATHAR DÉ SA BHÍOBLA

**Nóta:** *Beidh cóip den Bhíobla nó de na bileoga oibre 'Briathar Dé sa Bhíobla' (thíos) ag teastáil uait.*

- Roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair Bíobla nó cóip de na bileoga oibre 'Briathar Dé sa Bhíobla' *(lch 73)* do gach grúpa.
- Tabhair a trí nó ceithre cinn de na sleachta ón mBíobla thíos do gach grúpa. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh gach sliocht thíos tugtha do ghrúpa amháin ar a laghad.

| | | |
|---|---|---|
| 1. Lúcás 18:27 | 2. Matha 11:28 | 3. Irimia 31:3 |
| 4. 2 Corantaigh 12:9 | 5. Leabhar na Seanfhocal 3:6 | 6. Filipigh 4:9 |
| 7. 2 Corantaigh 9:8 | 8. Filipigh 4:13 | 9. Rómhánach 8:28 |
| 10. 1 Eoin 1:9 | 11. 2 Tiomóid 1:7 | 12. 1 Peadar 5:7 |
| 13. Rómhánach 12:3 | 14. Eabhraigh 13:5 | 15. Salm 100:5 |
| 16. Salm 103:17 | 17. Salm 138:7 | 18. Salm 106:3 |

- Is é an tasc atá ag na páistí ná gach véarsa atá liostaithe a fháil, é a léamh, agus labhairt le chéile go ciúin faoina bhfreagraí ar an gceist seo a leanas, a d'fhéadfá a scríobh/a thaispeáint ar an gclár bán:

  **'Conas a thabharfadh na focail seo sólás, spreagadh nó inspioráid do dhaoine?'**

- Chun cuidiú leis na páistí tuiscint a fháil ar na príomhtheachtaireachtaí / fírinní sna véarsaí ón mBíobla a ndearna siad iniúchadh orthu, d'fhéadfá na habairtí seo a leanas de na fírinní/teachtaireachtaí sna véarsaí sin, a thaispeáint ar an gclár bán.

**Focail chríonna ón mBíobla**

1. Tá gach rud indéanta do Dhia. Le Dia, níl aon rud dodhéanta. (Féach Lúcás 18:27)
2. Tabhair do chuid trioblóidí agus imní do Dhia, agus tabharfaidh Dia sólás duit. (Féach Matha 11:28)
3. Bhí grá riamh ag Dia duit agus leanfaidh Dia de ghrá a thabhairt duit. (Féach Irimia 31:3)
4. Is é grásta (cúnamh) Dé an méid atá uait. (Féach 2 Corantaigh 12:9)
5. Taispeánfaidh an Tiarna duit an bealach ceart le leanúint i do shaol. (Féach Seanfhocail 3:6)
6. Beidh Dia, a thugann suaimhneas duit, leat i gcónaí. (Féach Filipigh 4:9)
7. Tá Dia in ann níos mó a thabhairt duit ná mar a theastaíonn uait, duit féin agus le roinnt ar dhaoine eile. (Féach 2 Corantaigh 9:8)
8. Tá an neart agat aghaidh a thabhairt ar aon dhúshláin a thagann chugat I do shaol mar gheall ar an gcabhair a thugann Críost duit. (Féach Filipigh 4:13)
9. I ngach rud, oibríonn Dia ar mhaithe leo siúd a bhfuil grá acu dó. (Féach Rómhánaigh 8:28)
10. Má admhaímid ár bpeacaí do Dhia, maithfidh Dia dúinn iad. (Féach 1 Eoin 1:9)
11. Líonann Spiorad Naomh Dé muid le cumhacht, grá agus féinsmacht. (Féach 2 Tiomóid 1:7)
12. Fág do chuid imní go léir le Dia, mar go dtugann Dia aire duit. (Féach 1 Peadar 5:7)
13. Tabhair breithiúnas ort féin de réir méid an chreidimh a thug Dia duit. (Féach Rómhánaigh 12:3)
14. Ní fhágfaidh Dia thú go deo ná ní thréigfidh sé tú. (Féach Eabhraigh 13:5)
15. Tá Dia go maith; mairfidh a ghrá agus a dhílseacht duit go deo. (Féach Salm 100:5)
16. Má tá grá agus onóir agat do Dhia, beidh a ghrá agus a mhaitheas leat i gcónaí. (Féach Salm 103:17)
17. Nuair a bheidh trioblóidí mórthimpeall ort, coimeádfaidh Dia slán tú. (Féach Salm 138:7)
18. Má ghéilleann tú do Dhia agus má dhéanann tú an rud atá ceart, beidh tú sásta. (Féach Salm 106:3)

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Focail chríonna ón mBíobla' a léamh ar leathanach 19 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### INSPIORÁID ÓN MBÍOBLA

- Iarr ar na páistí ceann de na príomhtheachtaireachtaí/fhírinní, a bhfuil cuntas orthu thuas, a roghnú - ceann a thugann spreagadh, compord nó inspioráid dóibh. Tabhair cuireadh dóibh:

1) Achoimre nó an véarsa féin ón mBíobla a scríobh ag barr leathanaigh den Dialann don Oideachas Reiligiúnach, agus
2) Cuntas a choimeád, ag úsáid focail, léaráidí nó siombailí, ar an gcaoi a thugann an fhírinne seo ón mBíobla spreagadh, compord nó inspioráid dóibh.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos ar feadh nóiméid a ghlacadh. Is féidir libh bhur súile a dhúnadh… Samhlaigh tú féin ag oscailt Bíobla agus ag iarraidh ar Dhia tú a spreagadh agus na focail á léamh agat… Samhlaigh tú féin ag léamh an véarsa *'Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh'* … Smaoinigh ar an gcaoi a mbraitheann tú nuair atá a fhios agat go bhfuil Dia ag iarraidh ort do chuid trioblóidí go léir a thabhairt dó, agus go dtabharfaidh sé sólás duit … Ansin samhlaigh tú féin ag léamh, *'Cuimhnigh ar an Tiarna i ngach rud a dhéanann tú, agus taispeánfaidh sé an bealach ceart duit'* … conas a bhraitheann tú nuair atá a fhios agat go bhfuil Dia ann i gcónaí chun cabhrú leat agus tú a threorú? … Agus is iad na focail dheireanacha a léann tú sula ndúnann tú an Bíobla ná: *'Ní fhágfaidh mé go deo thú; Ní thréigfidh mé choíche thú. '*… Le do ghuth inmheánach gabh buíochas le Dia as an eagna agus na fírinní sa Bhíobla a thabhairt duit, chun compord agus spreagadh a thabhairt duit i do shaol mar leantóir Íosa… Nuair a bheidh tú réidh, oscail do shúile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Briathar spreagtha Dé atá sa Bhíobla. Spreag Dia na húdair dhaonna chun na rudaí a theastaigh uaidh a chur in iúl do dhaoine faoi féin, fúthu féin agus faoin domhan a scríobh. Leabhar é an Bíobla ar féidir linn dul chuige arís agus arís eile chun focail a fháil a thabharfaidh inspioráid, compord agus grá dúinn nuair is mó a theastaíonn siad uainn. Is leabharlann de leabhar é an Bíobla, le stíleanna liteartha éagsúla ann. Níl gach scéal sa Bhíobla fíor go litriúil, ach cuireann gach scéal fírinne nó teachtaireacht in iúl a theastaíonn ó Dhia go mbeadh ar eolas againn.

## LAOCH CRÍOSTAÍ


### NAOMH OSCAR ROMERO (1917-80)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Oscar Romero a léamh **ar leathanach 20 de leabhar na bpáistí**.
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 20 de leabhar na bpáistí**:
  - » Cad iad na suáilcí/na buanna Críostaí a shíleann tú a thaispeáin Naomh Oscar Romero sa bhealach ar mhair sé?
  - » Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i saol Oscar Romero.
  - » Dúirt Naomh Romero, 'Ní mór do na daoine a bhfuil guth acu labhairt ar son iad siúd nach bhfuil aon ghuth acu.' Cad a insíonn na focail sin duit faoin gcineál duine é Naomh Romero?
  - » Cén chaoi ar thaispeáin Naomh Oscar Romero, lena fhocail agus lena ghníomhartha, gur laoch Críostaí é?
  - » Conas a d'fhéadfadh a shaol agus na rudaí a dúirt sé spreagadh a thabhairt duit?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### BRIATHAR DÉ DOMSA!

- Cuir i gcuimhne do na páistí go mbíonn an chumhacht ag véarsa nó ag sliocht as an Scrioptúr daoine a spreagadh chun a saoil a athrú. Roinneann a lán daoine véarsaí inspioráideacha ón Scrioptúr ar a n-ardáin meán sóisialta. Cuireann daoine eile focail ón Scrioptúr inscríofa ar phlaic nó ar a mbróga chun fírinne nó eagna éigin a fuair siad sa Bhíobla a chur in iúl dóibh féin. Mar shampla, tháinig Naomh Proinsias Assisi ó theaghlach saibhir. Nuair a bhí sé ag freastal ar Aifreann lá amháin, chuala sé an sagart ag úsáid an sliocht seo a leanas ón Soiscéal de réir Mhata: 'Ná cuirigí chugaibh ór ná airgead geal ná airgead rua in bhur gcrios, ná tiachóg chun an bhóthair, ná an dá léine, ná cuaráin ná bata' (Matha 10: 9, 10). Mar sin thréig sé a shaol compordach agus ghlac sé saol bochtaineachta air féin. Thug sé aire dóibh siúd a bhí bocht agus tinn agus a raibh grá faoi leith acu don dúlra.




- Iarr ar na páistí véarsa a roghnú as an mBíobla trína mbraitheann siad go bhfuil Dia ag labhairt leo i ndáiríre – véarsa a bhraitheann siad a spreagfaidh iad.
- Ansin iarr orthu smaoineamh ar áit ina bhféadfaidís an véarsa seo a chlárú ionas go leanfadh sé ar aghaidh ag tabhairt spreagadh dóibh. Mar shampla, d'fhéadfaidís leabharmharc a dhéanamh trí phíosa cárta dronuilleogach a ghearradh amach agus an véarsa a scríobh air; d'fhéadfaidís é a scríobh ar mhaide mór líreacáin, a d'fhéadfaidís a choinneáil ina gcás peann luaidhe; d'fhéadfaidís é a scríobh ar chamán nó ar raicéad leadóige nó ar pheil; d'fhéadfaidís é a scríobh ar a mbuidéal

uisce nó ar bhanda láimhe; nó d'fhéadfaidís é a bheith ar a mála scoile nó ar scáthán sa bhaile.

- Tabhair am do na páistí a gcuid véarsaí a roghnú agus cinneadh a dhéanamh ar conas agus cá háit a scríobhfaidh siad iad. Toisc nach dócha go mbeidh na míreanna ag na páistí ar a scríobhfaidh siad a véarsa ón mBíobla leo sa rang, is féidir leo na focail a scríobh ar phíosa páipéir agus a gcuid smaointe a roinnt faoin gcaoi a scríobhfaidh siad agus a mhaisfidh siad iad leis an ngrúpa ranga.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh ag na hamanna cuí. Roghnaigh cúigear léitheoir. Tá na sleachta ó na Scrioptúir agus na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*de réir mar a lasann páiste an choinneal*): Is siombail de sholas Chríost é an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn conas maireachtáil mar íomhá Dé. Guímis chuig Íosa le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroí gach maidin agus oíche. Táimid ag cur an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a mbímid ag smaoineamh orthu agus ag guí ar a son. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh chun cabhrú linn fás i do ghrá agus do chúram. Áiméan.

*Iarr ar na páistí seasamh don amhrán/iomann.*

**Amhrán:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Guímid ar son an neart chun íomhá Dé a léiriú dóibh siúd timpeall orainn. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

**Léitheoir 1:** Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Colosaigh.

*Is íomhá den Dia dofheicthe é [Críost] agus céadghin gach dúile cruthaithe*
*mar is trídsean a cruthaíodh a bhfuil ar neamh*
*agus ar talamh bídís sofheicthe nó dofheicthe …*
*Is trídsean agus dósan a cruthaíodh an t iomlán. Tá tosach aige orthu uile agus is ann a choinnítear ar bun iad… Mar is ann ab áil le lánmhaireacht iomlán Dé a bheith ina cónaí, agus is trídsean ab áil leis gach a bhfuil ar neamh agus ar talamh a thabhairt chun athmhuintearais leis féin, agus síocháin a dhéanamh leo trí fhuil a chroise.* (Colosaigh 1: 15-17, 19-20)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** Cabhraigh linn Dia a chur i láthair gach lá trínár bhfocail agus trínár ngníomhartha.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 3:** Cuidigh linn fás in íomhá agus i gcosúlacht Dé.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 4:** Cuidigh linn fás i ngrá agus in aontacht le chéile.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Léitheoir 5:** Cabhraigh linn a bheith cosúil le hÍosa.
**Gach duine:** A Dhia ghrámhair, treoraigh sinn.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas na beatha, agus as sinn a chruthú i do íomhá. Spreagtha ag do spiorad, go mairfimid i dtreo is go mbeadh sé níos éasca do dhaoine eile a fhios a bheith acu gur Dia grámhar thú. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar solas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid réidh le bheith mar íomhánna Dé, ag tabhairt solas agus grá Dé do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo a mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, do sholas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: labhraíonn Dia linn tríd an gCruthú

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is minic gur maith leis an domhan ina mairimid tuairimí a dheighilt óna chéile. Bítear ag súil go mbeidh tú ar thaobh amháin nó ar an dtaobh eile, agus bíonn sé intuigthe nach féidir tuairim idir eatarthu a bheith agat. Tharla sé seo i go leor réimsí den tsochaí ach tharla sé go háirithe maidir leis an tuiscint ar an ngaol idir eolaíocht agus creideamh. Measann go leor go bhfuil an eolaíocht agus an creideamh i gcoinne a chéile. Níl sé seo fíor. Creidtear freisin nach féidir leat a bheith i d'eolaí agus creideamh a bheith agat, nó nach féidir creideamh a bheith agat agus a bheith i d'eolaí. Arís níl sé seo fíor. Aithníonn an Pápa Proinsias tábhacht an dá rud. In aitheasc d'eolaithe sa bhliain 2016 dúirt sé: 'Ní raibh riachtanas chomh soiléir riamh ann roimhe seo go mbeadh an eolaíocht ag freastal ar chothromaíocht éiceolaíoch dhomhanda nua.'

Sa cheacht seo déanaimid scrúdú ar fhírinne, eolaíocht agus creideamh agus an chaoi nach bhfuil siad i gcoinne a chéile ach, go gcomhlánaíonn siad a chéile agus is minic a théann siad chun sochair a chéile. Aithnímid gurbh é an pláinéad an chéad leabhar de fhoilsiú ó Dhia agus go raibh an ceart ag Naomh Proinsias nuair a dúirt sé gurb é an domhan fisiceach doras an domhain spioradálta.

Déanfaidh na páistí machnamh ar scéal an chruthaithe i leabhar Gheineasas ó thaobh an chreidimh agus ó thaobh na heolaíochta de. Foghlaimeoidh siad faoin dúil ar leith atá ag an Eaglais i leith na heolaíochta agus an taighde. Cuirfear i gcuimhne na bpáistí gur tíolacadh ón Spiorad Naomh é an t-iontas, agus an méid a bhíonn ionadh orainn agus a dhéanaimid staidéar ar an domhan timpeall orainn, is ea is fearr a bheimid in ann Dia, muid féin agus daoine eile a thuiscint, agus is fearr is féidir linn urraim a thabhairt do Dhia, dúinn féin agus don phláinéad.

Seo a leanas an méid a mhúineann Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí (295) faoi obair chruthaithe Dé: 'Creidimid gur chruthaigh Dia an domhan de réir a eagna. Níor tháinig sé ann de thoradh riachtanais éigin, de thoradh dallchinniúna, ná trí sheans. Creidimid go dtoscaíonn sé ó shaorthoil Dé arbh áil leis na créatúir a bheith páirteach ina bheith féin, ina eagna agus ina mhaitheas: "Óir is tú a chruthaigh an uile ní agus trí do thoil tháinig siad ann agus cruthaíodh iad" [Ap. 4:11]. "Nach líonmhar iad d'oibreacha, a Thiarna! Rinne tú gach ní le heagna" (Salm 104:24). "Is grámhar an Tiarna le gach aon neach, tá trua aige do gach dúil dá ndearna sé"' (Salm 145:9).

## EOCHAIRFHOCAL

- **An Cruthú:** Úsáidimid an téarma 'An Cruthú' chun cur síos a dhéanamh ar gach rud a chruthaigh Dia. Chruthaigh Dia an domhan 'as neamhní' agus roinn Dia an cruthú seo linn. Is cuid de chruthú Dé muid. Léiríonn áilleacht an chruthaithe áilleacht Dé, an Cruthaitheoir – áilleacht atá gan teorainn.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Don am urnaí deiridh: rud éigin ó d'acmhainní eolaíochta (m.sh. gloine formhéadúcháin, maighnéad); cruinneog (má tá ceann agat); fochupán ithreach; babhla uisce; piliúr/cúisín; an Bíobla ranga agus coinneal. Beidh pictiúir, siombailí nó mionsamhla (a rinne na páistí b'fhéidir) de na nithe seo a leanas: spéir; éin; iasc; an ghrian agus an ghealach; ainmhithe agus daoine.

# Féachaimis ...

## SCÉAL

### IONTAIS AN DOMHAIN

Roinn Bean Uí Chinnéide an rang ina mbeirteanna agus d'iarr sí orthu Iontais an Domhain a liostú. Ní raibh cead acu na freagraí a chuardach, agus ní bheadh obair bhaile ar bith ag an mbeirt a thug na freagraí is fearr. Ar ndóigh, níor theastaigh ó éinne aon obair bhaile a fháil, ach bhí cuid den rang díograiseach toisc go raibh Éire agus an Spáinn ag imirt i gcluiche mór ar an dteilifís an oíche sin.

Bhí Oisín agus Naoise ag obair le chéile. Ar dtús scríobh Naoise na huimhreacha a haon go dtí a seacht ar leathanach, mar bhí a fhios aici go raibh seacht gcinn de Iontais an Domhain ann. Sula raibh iontas amháin ainmnithe acu dúirt Oisín go raibh imní air. Mhínigh sé do Naoise gur cheap sé go raibh cúpla sraith dhifriúla de Iontais an Domhain ann. Dúirt sé go raibh Iontais an Domhain ársa ann, lena n-áirítear rudaí cosúil leis an bPirimid Mhór ag Giza agus Gairdíní Léibheann na Bablóine, ach bhí seacht n-iontas nua-aimseartha ar an domhan freisin, rudaí cosúil le Balla Mór na Síne agus an Taj Mahal ina measc.

Chuir sé seo Naoise ag smaoineamh agus chuimhnigh sí ar chlár a fheiceáil ar an dteilifís faoi iontais nádúrtha agus innealtóireachta an domhain. Mar sin bhí mearbhall orthu maidir leis an liosta ab fhearr a dhéanamh. D'fhéadfaidís roinnt iontais a ainmniú ó chatagóirí éagsúla ach shocraigh siad go mb'fhéidir go mbeadh sé níos fearr a liosta pearsanta féin a dhéanamh. Bhí siad ag súil go mbeadh a liosta pearsanta féin maith go leor chun an obair bhaile a bheith saor acu. Thosaigh siad ag obair le chéile agus d'ainmnigh siad na hiontais a bhí tábhachtach ina saol féin.

Ba iad Naoise agus Oisín an péire deireanach a chríochnaigh. Bhailigh Bean Uí Chinnéide bileoga na bpáistí agus d'iarr sí orthu athbhreithniú a dhéanamh ar thrialacha Dé hAoine fad is a bhí na liostaí á seiceáil aici. Tar éis di dul trí na freagraí, dúirt Bean Uí Chinnéide go raibh buaiteoir aici. Shiúil sí go dtí an clár bán agus thosaigh sí ag scríobh liosta na bhfreagraí a bhuaigh. Bhí na páistí trína céile nuair a scríobh Bean Uí Chinnéide ar an gclár bán: '1. Grá'.

D'fhéach na páistí go léir ar a chéile agus ionadh orthu - is é sin, gach duine



seachas Oisín agus Naoise, a raibh an-áthas orthu. D'fhéach siad de réir mar a lean Bean Uí Chinnéide ar aghaidh ag scríobh...

2. Teaghlach agus Cairdeas
3. An Dúlra
4. Radharc na Súl
5. An cumas cloisteáil
6. An cumas chun tadhall a dhéanamh
7. Mothúcháin

Ní raibh an rang sásta agus d'fhiafraigh siad cén fáth ar bhain an liosta seo amach. Mhínigh Bean Uí Chinnéide gur cheap sí ar dtús go mbeadh an bua ag an mbeirt a ainmneodh Iontais ársa an Domhain. Agus dúirt sí freisin nár éirigh le grúpa ar bith na seacht gcinn díobh sin a liostáil, agus nuair a léigh sí an liosta úrnua seo mheas sí gur smaoineamh álainn a bhí ann agus go raibh an bua tuillte aige. Faoin am seo bhí a fhios ag an rang cé acu a raibh an bua, mar bhí Naoise agus Oisín ag léim suas agus síos le háthas!

D'iarr Bean Uí Chinnéide ar an mbeirt acu insint don rang conas a d'éirigh leo liosta uathúil den sórt sin a scríobh. Mhínigh Oisín go raibh mearbhall orthu faoi cé Iontais an Domhain a bhí i gceist, mar a cheap siad go raibh roinnt liostaí ann, agus mar sin shocraigh siad ar liosta a dhéanamh de na hiontais ina saol féin. Dúirt sé, 'Rinneamar smaoineamh ar na rudaí iontacha go léir inár saol nach dtugaimid aird orthu, agus bhí sé deacair orainn an liosta a chúngú síos go seacht.' Agus dúirt Naoise, 'Ní gá airgead a chaitheamh nó taisteal i bhfad chun iontais an

• • •

...

domhain a luamar a fheiceáil, agus tá a fhios againn go bhfuil rudaí ar ár liosta nach bhfuil le fáil ag roinnt mór daoine ar domhan.'

Bhí deireadh leis na hagóidí faoin liosta a bhuaigh agus d'aontaigh na páistí eile anois gur cheart gur tháinig liosta Oisín agus Naoise ar dtús, mar gur spreag sé iad chun machnamh a dhéanamh ar na hiontais ina saol féin nár smaoinigh siad orthu cheana. Nuair a bhain an clog, ag rá go raibh an lá scoile thart, rith Oisín agus Naoise amach an doras, agus dúil orthu an cluiche a fheiceáil. Chas Oisín le Naoise agus dúirt sé, 'An bhfuil a fhios agat cén iontas eile a d'fhéadfadh a bheith ar an domhan?' 'Cad é sin?' A d'iarr Naoise. D'fhreagair Oisín, agus meangadh gáire ar a aghaidh, 'An bua a bheith ag Éire ar an Spáinn!'

Tar éis an scéal a chloisteáil, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na cinn seo a leanas, atá **ar leathanach 22 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cén tasc a thug Bean Uí Chinnéide don rang? Agus cén luach saothair a gheall sí don bheirt a bhuafadh?
- Cén fáth a raibh mearbhall ar Oisín agus Naoise ar dtús faoi na rudaí ba chóir dóibh a ainmniú ar a liosta?
- Cén sórt liosta a shocraigh Naoise agus Oisín a dhéanamh ar deireadh? Cén bunús a bhí lena liosta?
- Cad é an chéad rud a bhí ar liosta Oisín agus Naoise?
- Cad iad na rudaí eile a bhí ar an liosta acu?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Gairdíní Léibheann na Bablóine, an Phirimid i Giza agus Balla Mór na Síne – seo iad cuid d'Iontais an Domhain. Cén fáth a cheapann tú, go dtugtar Iontais an Domhain orthu?
- Cad a cheapann tú faoi na rudaí a d'ainmnigh Oisín agus Naoise mar Iontais an Domhain? An aontaíonn tú gur nithe lán-iontais na nithe seo? An minic a dhéantar neamhshuim de na nithe seo? Cén fáth nó cén fáth nach ndéantar?
- Cad iad na rudaí eile a chuirfeá le liosta Oisín agus Naoise? Is é sin le rá, cad iad na rudaí sa saol a chuireann iontas ort?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh léitheoir amháin. Tá an sliocht agus na freagairtí ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*coinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn. Go raibh maith agat, a Thiarna, as bronntanas ár n-intinní fiosracha.
**Gach duine:** Áiméan, Alleluia!

**Múinteoir:** Caithfimid cúpla nóiméid ag smaoineamh ar iontais ár gcruinne, iontais ár bplainéid, iontais na heolaíochta agus iontas láithreacht Dé linn.

(*Bíodh tost ann ar feadh cúpla nóiméid*)

**Múinteoir:** Éistimis anois le roinnt focal ó Salm 8, ina molann an salmóir Dia as an gcruthú (Salm 8:1, 3-5)

**Léitheoir:** *A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é d'ainm ar fud na cruinne!*
*Moltar do mhaorgacht os cionn na spéartha…*
*Nuair a fheicim na spéartha, saothar do mhéar - an ré agus na réaltaí a rinne tú -*
*cad is duine ann go dtógfá ceann de?*
*ná mac an duine go ndéanfá cúram de?*
*Rinne tú beagán níos lú ná dia é gur chuir tú barr glóire agus gradaim air.*

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Cabhraíonn eolaithe ar fud an domhain linn níos mó eolais a fháil faoin gcruinne agus faoinár bplainéad.
Is iomaí fionnachtana eolaíochta a rinne an domhan níos fearr agus níos sábháilte dúinn.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas le Dia as eolaithe, taighdeoirí agus gach duine a chaitheann a gcuid ama agus fuinnimh ag iarraidh rudaí a chabhróidh linn a fháil amach.

**Múinteoir:** Is minic a chuireann fionnachtana faoin domhan iontas orainn.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas le Dia as bronntanas an iontais a spreagann sinn ár n-intinní a oscailt. Is mar seo a fhoghlaimímid rudaí nua.

**Múinteoir:** Dá mhéad a fhoghlaimímid faoin domhan mórthimpeall orainn, is ea is mó a bheidh tuiscint againn ar Dhia agus orainn féin.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas le Dia as bronntanas an eolais agus na tuisceana.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as iontais an chruthaithe – gach gné den domhan agus dár saol.
Guímid go neartóidh na fionnachtana eolaíocha atá á ndéanamh, ár gcreideamh i nDia, a chruthaigh agus a thug dúinn gach atá againn.
**Gach duine:** Áiméan. Alleluia!

**Múinteoir:** Guímis an Gníomh Creidimh le chéile anois.
**Gach duine:** A Dhia liom,
Creidim ionat
agus i ngach a mhúineann d'Eaglais Naofa
mar gur tusa a dúirt
agus go bhfuil do Bhriathar fíor.
Is tusa an Críost, Mac Dé beo.
Is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
A Dhia, creidim, méadaigh ar mo chreideamh.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is í aidhm na gníomhaíochta idirghníomhaí seo ná chun cuidiú leis na páistí a fheiceáil go bhfuil bealaí éagsúla ann chun cur síos a dhéanamh ar an rud céanna. Ní gá go bhfuil míniú amháin níos fearr ná an ceann eile. Is fíor iad an dá mhíniú. Tá aidhmeanna éagsúla ag an dá ceann acu, agus uaireanta bíonn an dá mhíniú ag teastáil.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CLUICHE MEAITSEÁLA

- Sa ghníomhaíocht seo tugtar mínithe/tuairiscí éagsúla ar rud nó gníomh coitianta: míniú eolaíoch ar thaobh amháin, agus an míniú laethúil ar an dtaobh eile. Is é an tasc atá ag na páistí an dá mhíniú a scrúdú chun teacht ar a bhfuil siad ag tagairt dó:

| **Míniú laethúil** | **Míniú eolaíoch** | **Cad é?** |
|---|---|---|
| Ritheann tú chuige seo agus tugann tú cic maith dó. | Cuireann tú fórsa i bhfeidhm air seo nuair nach mbíonn sé ag gluaiseacht. Mar thoradh ar an bhfórsa seo bogann sé sa treo céanna leis an bhfórsa a chuirtear i bhfeidhm. | Ag ciceáil liathróid |
| Ólaimid é. Cabhraíonn sé le rudaí fás. Tá sé san fharraige freisin. | Is comhdhúil cheimiceach é atá comhdhéanta de dhá adamh hidrigine agus adamh ocsaigine amháin. H2O an t-ainm ceimiceach atá air. | Uisce |
| Seo rud a chuireann tú ar do bhia chun go mbeidh blas níos fearr air. | Tugtar clóiríd sóidiam air, ar comhdhúil ianach é a tháirgtear nuair a imoibríonn aigéad le bonn. | Salann |
| Seo rud a úsáideann tú le linn aimsir fhliuch chun tú féin a choinneáil tirim. | Slat lárnach atá ceangailte le slata níos lú, a bhfuil ábhar uiscedhíonach ceangailte léi. Nuair a osclaítear é déanann sé ceannbhrat a choimeádann duine tirim. | Scáth báistí |
| Cuireann tú brú ar lasc agus éiríonn an eilimint ag a bhun te chun an t-uisce a bheiriú. | Gabhann fuinneamh cinéiteach ón mhiotail tríd an leacht. Mar thoradh air seo tosaíonn na móilíní leachtacha ag crith níos tapa agus níos gasta go dtí go gcaitear amach iad i bhfoirm gaile. | Citeal á bheiriú |

Tar éis do na páistí an cleachtadh meaitseála a dhéanamh, déan comhrá faoi ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na cineálacha éagsúla mínithe a cuireadh i láthair thuas?
- Cén sort mínithe is dóichí a d'úsáidfeá dá n-iarrfaí ort cur síos a dhéanamh ar aon cheann de na nithe thuas? Cén fáth?
- Smaoinigh air seo: dá dtabharfadh duine agaibh míniú eolaíoch ar liathróid a chiceáil, agus go ndearna duine eile cur síos ar an rud céanna bunaithe ar an méid a chonaic siad nó a raibh taithí acu air, an mbeadh an dá fhreagra ceart? *(Bheadh)* An dtabharfadh an dá fhreagra cur síos ar an rud céanna? *(Thabharfadh)*
- An bhfuil freagra amháin níos fearr ná an freagra eile? *(Níl, tá an dá ceann ceart. Níl siad ach ag féachaint ar an rud céanna ó dhearcaí difriúla)*
- Dá mbeifeá ag caint le leanbh sé bliana d'aois, cén míniú a d'úsáidfeá? Cén fáth?
- Dá mbeifeá ag caint le heolaí, cén míniú a d'úsáidfeá? Cén fáth?

- Dá mbeifeá ag iarraidh an míniú is iomláine a thabhairt do dhuine, an roghnófá cineál amháin míniú seachas an ceann eile, nó an dtabharfá an dá chineál míniú dóibh? Cén fáth? *(Thabharfá an oiread mínithe agus is féidir, ionas go mbeadh eolas ag an duine faoin rud ó dhearcaí éagsúla.)*

Tochail níos doimhne trí chuireadh a thabhairt do na páistí an méid atá foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo a chur in iúl agus a rá conas a d'fhéadfadh siad breathnú ar mhínithe éagsúla ar an rud céanna as seo amach.

Críochnaigh leis na ráitis achoimre seo:

- Is féidir le mínithe éagsúla ar na rudaí céanna a bheith fíor, agus uaireanta bíonn míniúcháin éagsúla riachtanach.
- Comhlánaíonn mínithe den sórt sin a chéile agus ní thagann siad salach ar a chéile nó ní bhíonn siad in iomaíocht lena chéile.
- Go ginearálta tá an míniú a thugaimid bunaithe ar an méid a bhfeicimid agus a mbíonn taithí againn air níos tábhachtaí ná an míniú eolaíoch. Tá daoine tar éis peil a imirt agus a bheith ag caint faoi pheil ar feadh blianta agus ag baint taitneamh as gan a bheith ar an eolas faoin eolaíocht taobh thiar di nó tuairiscí eolaíochta a úsáid chun cur síos a dhéanamh uirthi. Mar sin féin, tá an míniú eolaíoch tábhachtach freisin.
- Ní mór dúinn cuimhneamh gur minic nach féidir le míniú eolaíoch nó le míniú pearsanta nó fiú míniú a spreagann creideamh in ann míniú iomlán a thabhairt ar rud. Tá gnéithe nó doimhneachtaí brí ag roinnt rudaí nach féidir a mhíniú go hiomlán.

**Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Bain Triail as ...' ar leathanach 22 de leabhar na bpáistí, a thugann cuireadh dóibh iarracht a dhéanamh cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht laethúil i dteanga chasta nó eolaíoch chuig leanbh eile agus féachaint an féidir leis an leanbh sin an méid atá á cur síos aige a dhéanamh amach.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuirfimid anois an méid atá foghlamtha ag na páistí ón ngníomhaíocht idirghníomhach i bhfeidhm ar dhá chuntas an chruthaithe is mó a bhfuil cur amach againn orthu: an cuntas eolaíoch, nó 'Teoiric na hOllphléisce', agus an cuntas creidimh a fhaighimid i Leabhar Gheineasas. Is sampla maith é an dá cheann seo a iniúchadh ar an gcaoi a gcomhlánaíonn reiligiún agus eolaíocht a chéile seachas dul in iomaíocht lena chéile.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### AN CUNTAS EOLAÍOCH AR AN GCRUTHÚ

Mínigh do na páistí go bhfuil go leor ar eolas againn faoi bhunús an domhain agus na cruinne, - buíochas don eolaíocht faoi seo. Mar shampla, tá a fhios againn, ó theileascóp Hubble, go bhfuil 10,000 milliún réaltra ar a laghad sa chruinne, agus go bhfuil 100,000 milliún réalta ar a laghad ag gach ceann acu! Tá a fhios againn go bhfuil an chruinne ag leathnú an t-am ar fad. Mar sin, sula mbeidh an t-ábhar seo críochnaithe againn inniu, beidh beagnach ceathrú milliún míle leathnaithe ag an chruinne i ngach treo.

Tabhair cuireadh do pháiste an sliocht 'Tá comhlánú ann idir an eolaíocht agus an creideamh' **ar leathanach 22 de leabhar na bpáistí** a léamh os ard.

Ansin iarr ar na páistí éisteacht leis an gcuntas eolaíoch seo a leanas faoin gcaoi ar tháinig an domhan i láthair, atá **ar leathanaigh 22-23 dá leabhar.**

**Teoiric na hOllphléisce**

Sna 1920idí, chuir an tAthair Georges Lemaître, sagart Íosánach ón mBeilg, míniú chun cinn faoin mbealach ar tháinig an chruinne i láthair. Luaigh a mhíniú, nó a theoiric, gur leathnaigh an chruinne amach ó phointe amháin, ó adamh beag bídeach amháin. Thug sé an téarma 'an t-adamh cianaosta' air seo. Ina chuid staidéar, luaigh sé go raibh méid ollmhór fuinnimh san 'adamh cianaosta' seo. Am éigin idir deich agus fiche billiún bliain ó shin, d'éirigh an t-adamh seo níos mó agus níos mó. Ón leathnú (pléascadh) leanúnach seo, cruthaíodh gach ábhar, fuinneamh, spás agus am de réir a chéile, chun cruth a chur ar an gcruinne is eol dúinn inniu. Ar dtús, bhí amhras ar go leor daoine faoi theoiric Lemaître. Ach ghlac daoine go forleathan leis níos déanaí. D'fhás 'Teoiric na hOllphléisce' atá againn inniu as obair agus fionnachtana Lemaître.

Tar éis do na páistí an téacs seo a chloisteáil/a léamh, seiceáil a dtuiscint trí roinnt ceisteanna athghairme/íochtair mar iad seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 23 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cé a d'aimsigh an teoiric a dtugaimid 'Teoiric na hOllphléisce' anois air?
- De réir na teoirice seo, leathnaigh an chruinne ó phointe amháin, ó adamh beag bídeach amháin. Cén t-ainm a thugaimid ar an adamh bunaidh seo?
- De réir na teoirice seo, cén toradh a bhí ar an leathnú nó ar an bpléascadh leanúnach a tharla?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An bhfuil sé deacair smaoineamh ar chruinne atá ag leathnú i gcónaí agus go bhfuil 10,000 milliún réaltra ann agus 100,000 milliún réalta ag gach réaltra acu? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An raibh iontas ort gur sagart a mhol 'Teoiric na hOllphléisce' ar dtús? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cén cineál míniú ar bhunús na cruinne a chuireann 'Teoiric na hOllphléisce' os ár gcomhair? An cuntas eolaíoch é nó cuntas a tháinig ó eispéireas laethúil duine ar an gcruinne? Cén fáth, dar leat?

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 23 dá leabhar.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### CUNTAS CREIDIMH AR AN GCRUTHÚ

Cuir i gcuimhne do na páistí, agus iad ag éisteacht leis an gcuntas creidimh seo faoi bhunús na cruinne ó Leabhar Gheineasas, go bhfuil níos mó ar eolas againn faoi bhunús an domhain agus na cruinne anois ná mar a bhí ag daoine in aimsir an tSean-Tiomna, mar thoradh ar na fionnachtana eolaíochta.

**Cruthú an Domhain (Geineasas 1:1-31, 2:1-3)**

I dtús báire chruthaigh Dia neamh agus talamh. Fásach folamh a ba ea an talamh agus bhí dorchadas ar aghaidh an duibheagáin, agus bhí gaoth Dé ag séideadh os cionn na n-uiscí. Dúirt Dia: 'Bíodh solas ann,' agus bhí an solas ann. Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas. Thug Dia 'lá' ar an solas agus 'oíche' ar an dorchadas. Ba shin an chéad lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: 'Bíodh firmimint i lár na n-uiscí agus scaradh sí na huiscí óna chéile.' Rinne Dia an fhirmimint agus scar sé na huiscí a bhí faoin bhfirmimint ó na huiscí a bhí os a cionn. Agus bhí sin amhlaidh. Thug Dia "neamh" ar an bhfirmimint. Ba shin an dara lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: 'Tagadh na huiscí go léir atá faoi neamh le chéile san aon áit amháin, agus bíodh an talamh tirim le feiceáil.' Agus bhí sin amhlaidh. Agus thug Dia 'tír' ar an talamh tirim, agus 'farraigí' ar na huiscí le chéile. Chonaic Dia gur mhaith sin. Dúirt Dia: 'Tugadh an talamh an fásra uaidh: An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.' Agus bhí sin amhlaidh. Thug an talamh an fásra uaidh: lusraí lena síol de réir a gcineáil, crainn toraidh lena síol ina dtoradh, de réir a gcineáil. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an tríú lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: 'Bíodh soilse i bhfirmimint neimhe chun an lá a scaradh ón oíche, agus bídís mar chomharthaí, do shéasúir, do laethe agus do bhlianta. Bídís ina soilse i bhfirmimint neimhe ag taitneamh ar an talamh.' Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia dhá sholas mhóra, an solas is mó chun an lá a rialú agus an solas is lú chun an oíche a rialú, agus na réaltaí mar an gcéanna. Chuir Dia i bhfirmimint neimhe iad le taitneamh ar an talamh, chun an lá agus an oíche a rialú agus an solas a scaradh ón dorchadas. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an ceathrú lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: 'Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi fhirmimint neimhe.' Chruthaigh Dia na míola móra agus gach uile dhúil chorraitheach bheo de réir a chineáil a chin ó rath na n-uiscí, agus an uile chineál éin a eitlíonn. Chonaic Dia gur mhaith sin. Bheannaigh Dia iad á rá: 'Bígí

...

torthach, agus téigí i líonmhaire, agus líonaigí uiscí na bhfarraigí; agus téadh an éanlaith i líonmhaire ar talamh.' Ba shin an cúigiú lá, an nóin agus an mhaidin.

Dúirt Dia: 'Tugadh an talamh uaidh gach uile dhúil bheo de réir a chineáil, eallach, péisteanna agus ainmhithe allta.'Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia an uile chineál ainmhí allta, an uile chineál eallaigh, an uile chineál péiste. Chonaic Dia gur mhaith sin.

Dúirt Dia: 'Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin, agus bíodh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir a shníonn ar an talamh.'
Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é.
Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad. Agus bheannaigh Dia iad á rá leo:
'Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air. Bíodh tiarnas agaibh ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir agus ar an uile dhúil bheo a chorraíonn ar talamh.' Dúirt Dia: 'Féach! Thugas daoibh gach uile lus le síol dá bhfuil ar chlár na talún, agus gach uile chrann le síol ina dtoradh; iadsan a bheidh ina mbia agaibh. Mar bhia ag na hainmhithe allta go léir, ag éanlaith an aeir go léir, agus ag na péisteanna go léir a bhogann ar talamh tugaim glas gach fáis.' Agus bhí sin amhlaidh. Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. Ba shin an séú lá, an nóin agus an mhaidin.

Críochnaíodh neamh agus talamh agus a gcóiriú go léir ar an gcuma sin. Ar an seachtú lá chríochnaigh Dia an obair a rinne sé. Scoir sé ar an seachtú lá den obair go léir a rinne sé. Bheannaigh agus naomhaigh Dia an seachtú lá mar scoir sé an lá sin den obair go léir a rinne sé sa chruthú.

Tar éis do na páistí an sliocht as Leabhar Gheineasas a chloisteáil, seiceáil a dtuiscint trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- De réir chuntais Gheineasas faoin gcruthú, cad a bhí 'ag séideadh os cionn na n-uiscí' i dtús báire? *(Spiorad/gaoth Dé)*
- Cad iad an chéad trí fhocal a cuireadh i mbéal Dé sa scéal seo – an chéad scéal sa Bhíobla? *('Bíodh solas ann')*
- De réir an chuntais seo, cá mhéad lá a thóg sé ar Dhia an talamh agus na créatúir uile a chruthú? *(sé)*
- De réir an chuntais seo, cad a chruthaigh Dia ar an séú lá? *(Daoine)*
- De réir an chuntais seo, cad a rinne Dia ar an seachtú lá? *(Scoir sé den obair)*
- De réir an chuntais seo, an raibh Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go gciallaíonn 'lá' sa sliocht thuas fiche uair an chloig go litriúil, nó cad eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist le 'lá' sa sliocht seo?
- De réir an scéil seo, ba iad na focail a labhair Dia ar an gcéad lá ná: 'Bíodh solas ann', agus ar an gceathrú lá chruthaigh Dia an ghrian agus an ghealach. Cén fáth go bhfeicfí na sonraí seo a bheith mícheart dá léifí an cuntas seo mar chuntas liteartha; i bhfocail eile, mar chuntas cruinn céim ar chéim ar an gcaoi ar tharla rudaí?
- Conas a chuirfeá scéal an chruthaithe i Leabhar Gheineasas i gcomparáid le 'Teoiric na hOllphléisce' faoin gcaoi ar cruthaíodh an domhan? Cén difríocht atá eatarthu?
- Is é Dia an príomhfhigiúr i scéal an chruthaithe i Leabhar Gheineasas, ach ní luaitear Dia i 'dTeoiric na hOllphléisce'. Tosaíonn an míniú eolaíoch le haon adamh amháin, a leathnaíonn thar na billiúin bliain agus a tháirgeann sa deireadh na heilimintí go léir ar domhan a bhfuil cur amach againn orthu anois. Ach, cá as a tháinig an t-adamh aonair? Cá bhféadfadh Dia a bheith sa mhíniú eolaíoch? An amhlaidh gurb é Dia a chruthaigh an t-adamh aonair.

**Tá leagan níos giorra de scéal an chruthaithe ó Leabhar Gheineasas ar leathanaigh 23-24 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 24.**

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN DÁ CHUNTAS FAOIN GCRUTHÚ

- Cuir i gcuimhne do na páistí gur féidir le mínithe ar an rud céanna a bheith difriúil ach mar sin féin d'fhéadfadh gach ceann a bheith fíor. Bíonn sé de nós ag daoine difriúla rudaí a mhíniú ar bhealach difriúil, nó uaireanta bíonn an tuairisc a thugaimid bunaithe ar cé leis a bhfuilimid ag labhairt. Bíonn amanna ann nuair a bhíonn míniú eolaíoch cabhrach nó riachtanach agus bíonn amanna ann nuair nach mbíonn sé oiriúnach.
- Cuir i gcuimhne do na páistí gur Briathar spreagtha Dé atá sa Bhíobla, agus gur cuntais chreidimh seachas fíricí iad cuid de na scríbhinní atá sa Bhíobla. Duine creidmheach ab ea gach scríbhneoir de na téacsanna sa Bhíobla. Chreid siad i nDia agus a bhí ag scríobh d'fhonn daoine a threorú chun creidimh. Nuair a bhíonn sliocht ar bith ón Scrioptúr á léamh, is cuma cén stíl scríbhneoireachta a úsáidtear, is é an tasc atá againn i gcónaí: iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar a bhfuil Dia ag cur in iúl dúinn.
- Mínigh nach raibh scríbhneoir an chuntais chruthaithe i Leabhar Gheineasas ag iarraidh leagan amach eolaíoch, maidir le conas a tharla gach rud, a thabhairt. Ina áit sin, bhí an scríbhneoir ag iarraidh na léitheoirí a thabhairt chun creideamh i nDia agus chun cabhrú leo muinín a bheith acu gur chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann mar bhronntanas, chun cabhrú linn a bheith páirteach ina shaol agus ina ghrá. Deir an Pápa Proinsias an rud céanna linn ina imlitir Laudato Si': Faoi Chúram a Thabhairt dár mBaile Coiteann, nuair a dúirt sé: 'Tugann cuntais an chruthaithe i Leabhar Gheineasas … le tuiscint go bhfuil saol an duine bunaithe ar thrí chaidreamh bunúsacha atá fite fuaite lena chéile: le Dia, lenár gcomharsa agus leis an talamh féin' (uimh. 66)
- Mínigh freisin cé nach raibh tuiscint eolaíoch ag scríbhneoirí chuntas Gheineasas chun cabhrú leo cur síos a dhéanamh faoin gcaoi ar cruthaíodh an domhan, rinne siad cur síos fós ar na gnéithe uile dár ndomhan a chruthaigh Dia – an ghrian, an ghealach, an spéir, an talamh, an fharraige, plandaí, ainmhithe agus daoine – mar sin comhlánaíonn a gcuntas leis an gcuntas eolaíoch seachas a bheith i gcoimhlint leis.
- Críochnaigh trí na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna den chineál céanna a chur ar na páistí:
  - » Cad iad na fírinní faoi Dhia, faoin bplainéad agus faoi dhaoine a cheapann tú a bhí údar Leabhair Gheineasas ag iarraidh a chur in iúl?

## TUGAIMIS FREAGRA

### DO RÁITEAS FIÓNA FIOSRACH

- Iarr ar na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? An raibh an smaoineamh seo riamh acu féin?

***'Is féidir míniú eolaíoch a thabhairt ar gach rud. Níl aon ghá le Dia.'***



- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagra a thabhairt trí na fáthanna a lua ina aontaíonn siad leis an ráiteas nó trí na cúiseanna a lua nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas.

## GLAC NÓIMÉAD

Ansin ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh… Tosaíonn scéal an chruthaithe sa Bhíobla nuair a deirtear go raibh 'Gaoth Dé ag séideadh os cionn na n-uiscí'. Samhlaigh ar feadh nóiméid go bhfuil an Spiorad Dé céanna ag bogadh thart timpeall ort… Glac anáil dhomhain isteach agus análaigh an Spiorad sin chugat … Tabhair cuireadh do Spiorad Dé do chroí agus do shaol a líonadh … Agus díreach mar a thug Spiorad Dé beatha do nithe éagsúla ón tús, iarr ar Spiorad Dé tú a bhogadh chun a bheith ar an duine is fearr is féidir leat a bheith … ag tabhairt grá agus cúraim Dé do dhaoine eile … Cuimhnigh gur chruthaigh Dia an domhan agus gach a bhfuil ann ... ach is féidir linn feabhas a chur an domhan sin nuair a ligimid do Spiorad Dé sinn a threorú ar an gcosán ceart … Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Don urnaí sa chuid 'Mairimis …' den cheacht seo beidh pictiúir, siombailí nó mionsamhla de na rudaí seo a leanas ag teastáil uait: spéir; farraige; éin; iasc; an ghrian agus an ghealach; ainmhithe agus daoine. Tá an teimpléad de na nithe seo ar fáil thíos a d'fhéadfadh na páistí a ghearradh amach sa bhaile nó ar scoil. Nó, d'fhéadfadh na páistí mionsamhla de na míreanna a dhéanamh. Beidh na míreanna seo a leanas ag teastáil freisin: rud éigin ó d'acmhainní eolaíochta (m.sh. gloine formhéadúcháin, maighnéad); cruinneog (má tá ceann agat); fochupán ithreach; babhla uisce; piliúr/cúisín; an Bíobla ranga agus coinneal.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rinneamar iniúchadh ar an ngaol idir eolaíocht agus creideamh trí scéal creidimh an chruthaithe i Leabhar Gheineasas a chur i gcomparáid leis an gcuntas eolaíoch ar conas a thosaigh an chruinne. Fuair na páistí amach go gcomhlánaíonn an dá chuntas a chéile seachas dul in iomaíocht lena chéile. Tá sé foghlamtha acu go nglacann an Eaglais le teoiric na héabhlóide agus le 'Teoiric na hOllphléisce', agus cuireann sí an eolaíocht chun cinn go gníomhach trí Réadlann na Vatacáine agus trí Acadamh Eolaíochta na Vatacáine. An cúis le seo ná go gcreideann ceannairí na hEaglaise gur an méid is féidir linn a thuiscint faoin eolaíocht agus faoin gcruinne, is mó is féidir linn aithne a chur ar Dhia.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### IONTAIS NA CRUINNE

- Cuir i gcuimhne na bpáistí gur tíolacadh ón Spiorad Naomh é 'Iontas agus Uamhan i Láthair Dé' a chuidíonn le Críostaithe eolas a bheith acu ar mhaorgacht Dé. Cuidíonn an tíolacadh seo le daoine iontais an chruthaithe timpeall orthu a aithint agus gan neamhshuim a dhéanamh de rud ar bith nó d'éinne ar bith.
- Tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar na rudaí sa chruthú a bhfuil siad buíoch astu agus a gcuireann i gcuimhne dóibh cé chomh iontach is atá Dia. Ansin iarr orthu cuid de na rudaí sin a aithint trí fhocail, líníochtaí agus/nó siombailí i leathanach sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MOLADH DÁR GCRUTHAITHEOIR

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 24 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh paidir nó dán moladh a scríobh do Dhia as iontais an chruthaithe.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** *Déan cinnte de go bhfuil na siombailí éagsúla atá liostaithe ag deireadh an cheachta roimhe seo réidh do am urnaí an lae inniu. D'fhéadfá éadach daite nó scairf a chur ar an urlár i lár an tseomra nó in áit oiriúnach eile don spás urnaí a bheidh agat don urnaí seo, ina gcuirfeadh na páistí na siombailí agus earraí eile. Nó d'fhéadfá bord a úsáid.*

## PAIDIR

**Nóta:** *I dtús báire cuir na míreanna seo a leanas ar éadach nó ar an mbord atá ullmhaithe agat: rud éigin ó do chuid acmhainní eolaíochta (m.sh. gloine formhéadúcháin, maighnéad); cruinne (má tá ceann agat); an Bíobla ranga agus an choinneal. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh ag na hamanna cuí. Déan deimhin de go bhfuil na siombailí agus na babhlaí uisce agus ithreach reidh ag na páistí chun iad a chur sa spás urnaí. Roghnaigh seisear léitheoir. Tá na sleachta ar líne.*



*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is é an chéad rud a dúirt Dia sa Bhíobla ná 'Bíodh solas ann'. Agus an choinneal á lasadh againn, tabharfaimis chun cuimhne an chéad lá den chruthú agus guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh againn, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche. Táimid ag cur an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a bhfuilimid ag smaoineamh orthu agus ag guí ar a son. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan.

**Léitheoir 1:** *Dúirt Dia: 'Bíodh firmimint i lár na n-uiscí agus scaradh sí na huiscí óna chéile.' Rinne Dia an fhirmimint agus scar sé na huiscí a bhí faoin bhfirmimint ó na huiscí a bhí os a cionn. Agus bhí sin amhlaidh. Thug Dia 'neamh' ar an bhfirmimint. Ba shin an dara lá, an nóin agus an mhaidin.* (Geineasas 1:6-8)
*(Cuireann páiste siombail na spéire sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an spéir os ár gcionn.

**Léitheoir 2:** *Dúirt Dia: 'Tagadh na huiscí go léir atá faoi neamh le chéile san aon áit amháin, agus bíodh an talamh tirim le feiceáil.' Agus bhí sin amhlaidh. Agus thug Dia 'tír' ar an talamh tirim, agus 'farraigí' ar na huiscí le chéile. Chonaic Dia gur mhaith sin. Dúirt Dia: 'Tugadh an talamh an fásra uaidh: An lusra lena shíol, an crann toraidh lena shíol ina thoradh, gach ceann de réir a chineáil ar an talamh.' Agus bhí sin amhlaidh. Thug an talamh an fásra uaidh: lusraí lena síol de réir a gcineáil, crainn toraidh lena síol ina dtoradh, de réir a gcineáil. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an tríú lá, an nóin agus an mhaidin.* (Geineasas 1:9-13)
*(Cuireann páistí babhla ithreach agus babhla uisce sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an talamh faoi bhun ár gcosa agus as an uisce a chothaíonn sinn.

**Léitheoir 3:** *Dúirt Dia: 'Bíodh soilse i bhfirmimint neimhe chun an lá a scaradh ón oíche, agus bidís mar chomharthaí, do shéasúir, do laethanta agus do bhlianta. Bídís ina soilse i bhfirmimint neimhe ag taitneamh ar an talamh.' Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia dhá sholas mhóra, an solas is mó chun an lá a rialú agus an solas is lú chun an oíche a rialú, agus na réaltaí mar an gcéanna. Chuir Dia i bhfirmimint neimhe iad le taitneamh ar an talamh, chun an lá agus an oíche a rialú agus an solas a scaradh ón dorchadas. Chonaic Dia gur mhaith sin. Ba shin an ceathrú lá, an nóin agus an mhaidin.* (Geineasas 1:14-19)
*(Cuireann na páistí siombailí na gréine agus na gealaí sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an ngrian agus as an ngealach, as a gcuid solais agus as a loinnir.

**Léitheoir 4:** *Dúirt Dia: 'Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi fhirmimint neimhe.' Chruthaigh Dia na míola móra agus gach uile dhúil chorraitheach bheo de réir a chineáil a chin ó rath na n-uiscí, agus an uile chineál éin a eitlíonn. Chonaic Dia gur mhaith sin. Bheannaigh Dia iad á rá: 'Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire, agus líonaigí uiscí na bhfarraigí; agus téadh an éanlaith i líonmhaire ar talamh.' Ba shin an cúigiú lá, an nóin agus an mhaidin.* (Geineasas 1:20-23)
*(Cuireann na páistí siombailí na n-éan agus na n-iasc sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as éin an aeir agus éisc na farraige.

**Léitheoir 5:** *Dúirt Dia: 'Tugadh an talamh uaidh gach uile dhúil bheo de réir a chineáil, eallach, péisteanna agus ainmhithe allta.' Agus bhí sin amhlaidh. Rinne Dia an uile chineál ainmhí allta, an uile chineál eallaigh, an uile chineál péiste. Chonaic Dia gur mhaith sin.*
*Dúirt Dia: 'Déanaimis an duine ar ár ndeilbh féin, ar ár gcosúlacht féin, agus bíodh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir a shníonn ar an talamh.'*
*Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin,*
*ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é.*
*Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad.*
*Agus bheannaigh Dia iad á rá leo: "Bígí torthach, agus téigí i líonmhaire agus líonaigí an talamh agus cuirigí smacht air. Bíodh tiarnas agaibh ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir agus ar an uile dhúil bheo a chorraíonn ar talamh." Dúirt Dia: "Féach! Thugas daoibh gach uile lus le síol dá bhfuil ar chlár na talún, agus gach uile chrann le síol ina dtoradh; iadsan a bheidh ina mbia agaibh. Mar bhia ag na hainmhithe allta go léir, ag éanlaith an aeir go léir, agus ag na péisteanna go léir a bhogann ar talamh tugaim glas gach fáis." Agus bhí sin amhlaidh. Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith. Ba shin an séú lá, an nóin agus an mhaidin.* (Geineasas 1:24-31)
*(Cuireann na páistí siombailí ainmhithe agus daoine sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as bronntanas na beatha agus as sinn a chruthú ar do dheilbh féin.

**Léitheoir 6:** *Críochnaíodh neamh agus talamh agus a gcóiriú go léir ar an gcuma sin. Ar an seachtú lá chríochnaigh Dia an obair a rinne sé. Scoir sé ar an seachtú lá den obair go léir a rinne sé. Bheannaigh agus naomhaigh Dia an seachtú lá mar scoir sé an lá sin den obair go léir a rinne sé sa chruthú. Sin iad*

*céatúsa neimhe agus talún nuair a cruthaíodh iad.*
(Geineasas 2:1-4)
*(Cuireann an páiste cúisín/piliúr sa spás urnaí.)*
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as bronntanas an tsosa agus as an gcaoi ina athbheochan sé muid agus tugann sé deis dúinn fás agus iontas a bheith orainn as do chruthú.

**Múinteoir:** I spiorad na Sabóide, glacaimis ár scíth ar feadh tamaill agus muid ag smaoineamh ar iontas an chruthaithe agus ar mhaitheas Dé.

*Sos ciúin ar feadh nóiméid.*

**Múinteoir:** Guímis.
**Gach duine:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as eagna ceannairí na hEaglaise, a threoraíonn muid chun do láithreacht a fheiceáil.
Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as an eagna agus an t-eolas a thugann tú do eolaithe agus iad ag cabhrú linn níos mó a fháil amach faoin domhan agus faoi do chruthú.
Neartaíonn léargais na hEaglaise agus na n-eolaithe ár gcreideamh i do chumhacht chruthaitheach.
Táimid buíoch díot as a bheith mar chuid de do chruthú.
Cabhraigh linn aire a thabhairt do do chruthú i gcónaí.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Múinteoir** (*agus an choinneal á mhúchadh ag páiste*): De réir mar a théann solas na coinnle in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo a mhúchadh againn, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, le bheith mar dhaoine a leanann do sholas agus do ghrá. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Scéal Ádhaimh agus Éabha

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cur amach ag na páistí ar scéal an chruthaithe as Leabhar Gheineasas. Is cuntas creidimh é an scéal i Geineasas seachas cuntas fíorasach, liteartha ar an gcaoi ar cruthaíodh an domhan agus na daoine ann. Theastaigh ó na húdair a chur in iúl gur chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Thar aon rud eile, chruthaigh Dia an duine ina íomhá féin agus thug sé freagracht dóibh as an gcuid eile dá chruthú. 'Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é. Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad … Chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go sármhaith '. (Geineasas 1:27, 31).

Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha, ár gcéad thuismitheoirí, i riocht maitheasa, ar a dtugaimid 'maitheas bunaidh'. Bhí gach cúis acu a bheith sásta, toisc gur chuir Dia gach rud a bhí ag teastáil uathu ar fáil dóibh. Níor leor é, áfach - theastaigh níos mó uathu. Ghéill siad don chathú agus pheacaigh siad. Tá scéal an chathaithe ag an nathair agus a bpeaca, ag ithe torthaí toirmiscthe, léirithe i gcuntas i Leabhar Gheineasas (Geineasas 3: 1-13). Ba é seo an chéad pheaca, Peaca an tSinsir, nó 'an Titim' mar a thugtar air go minic. Múineann Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí: 'Baintear feidhm as sainteanga shamhaltach i gcuntas an Turnaimh, ach deimhníonn sé eachtra bhunaidh, beart a tharla i dtús stair an duine. Tugann an Foilsiú cinnteacht an chreidimh dúinn go bhfuil stair iomlán an chine dhaonna faoi smál ag an chion bunaidh a rinne na Sinsir go saorálach'(uimh. 390).

Cuireadh 'Ádhamh agus Éabha' amach as Gairdín Éidin agus bhí siad faoi réir na dtrialacha go léir a bhaineann le bheith daonna, lena n-áirítear bás. Mar sin féin, níor thréig Dia Ádhamh agus Éabha agus a sliocht. Gheall Dia Slánaitheoir a sheoladh chun an cine daonna a shábháil ón bpeaca agus iad a thabhairt ar ais dá ghrá. Cuireann Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí in iúl an nasc atá ann idir ár dtuiscint ar Pheaca an tSinsir agus an Dea-Scéal gur tháinig Íosa chun slánú Dé a thabhairt do chách: "Foirceadal pheaca an tsinsir, is é atá ann, mar a dearfa, 'taobh cúil' an Dea-Scéala gurb é Íosa Slánaitheoir an uile dhuine, go bhfuil gá ag cách leis an slánú, agus go bhfuil an slánú á thairiscint do chách, a bhuí le Críost. Is maith atá a fhios ag an Eaglais, a bhfuil aigne Chríost aici, nach féidir tabhairt faoi fhoilsiú pheaca an tsinsir gan dochar a dhéanamh do rúndiamhair Chríost." (uimh. 389)

Bíonn streachailt ionainn uile idir mhaith agus olc, solas agus dorchadas (féach CEC, uimhir 1707). Fuaireamar claonadh Ádhaimh agus Éabha i dtreo an pheaca, i dtreo an leithleachais agus an bhróid. Beirtear muid le Peaca an tSinsir agus le gá don tslánú. Gheall Dia, áfach, go bhfuil sé de chumhacht ag an mhaitheas an t-olc a ruaigeadh. Le grásta Dé, is féidir linn go léir iompú ón olc agus i dtreo an mhaith.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Coinsias:** 'Guth Dé' istigh ionainn a chabhraíonn linn an rud ceart a aithint ón rud mícheart.
- **Peaca an tSinsir:** An peaca a rinne ár sinsir nuair nach raibh siad umhal do Dhia. Mar thoradh ar Pheaca an tSinsir, tagann gach duine ar an saol le claonadh aige/aici chun peaca a dhéanamh.
- **Cathú:** Tarraingt láidir i leith ruda a bhfuil a fhios againn atá mícheart.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileoga móra páipéir ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach grúpa

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI BHEITH AG SÚIL LE NÍOS MÓ

Déan comhrá leis na páistí faoin gclaonadh atá againn i gcónaí níos mó a bheith againn, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An bhfaca tú riamh cáca seacláide agus go raibh fonn ort píosa de a ithe cé go raibh tú lán go hiomlán? Cén fáth, dar leat, a tharla sé sin?
- Conas a mhothófá dá mbeadh cluiche PlayStation agat a bhí thar cionn, ach ansin go ndúirt do chara go bhfuair siad an t-eagrán nua le gnéithe breise? Cén fáth go mbraithfeá mar sin?
- Tabhair samplaí d'amanna nuair a mhothaigh tú go raibh níos mó uait ná mar a bhí agat. An raibh 'gá' le sin i ndáiríre?
- An gceapann tú go bhfuil sé éasca a bheith sásta leis an méid atá agat? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. **Tá an dán seo ar leathanach 29 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Caithfidh go bhfuil tuilleadh ann?**
Is maith liom mo bhróga nua,
Na cinn a roghnaigh mé
Ag siopadóireacht liom féin.
Tá siad gorm agus stríocach,
An sórt is fearr liom,
Ach tá amhras fós orm –
Caithfidh go bhfuil tuilleadh ann?

Fuair mé cluiche iontach
Gach duine ag caint faoi,
An ceann is déanaí.
D'imir mé ar feadh an lae
Nuair a bhí mo chara ann,
Ach tá amhras fós orm –
Caithfidh go bhfuil tuilleadh ann?

Ní bhíonn áthas riamh orm,
Is cuma cad a dhéanaim.
Feicim duine le rud níos fearr,
Le rud níos mó, le rud níos nuaí.
Tá neart fós agam
Níos mó ná a lán daoine eile,
Ach tá amhras fós orm –
Caithfidh go bhfuil tuilleadh ann?

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil a dtuiscint trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Cad iad na rudaí a fuair an file?
- Ar thaitin na bróga agus an cluiche leis an bhfile? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?
- Cad iad na focail a deir an file arís agus arís eile sa dán?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, a choinníonn an file a rá 'go gcaithfear go bhfuil tuilleadh ann'? Cad a cheapann tú a thugann sé seo le tuiscint dúinn faoi cé chomh sásta/comhlíonta atá sí lena saol? (m.sh. nach gcuireann na rudaí ábhartha ar fad áthas uirthi; go mbraitheann sí go bhfuil rud éigin ar iarraidh ina saol, spás nach féidir leis na rudaí seo a líonadh/shásamh)
- An bhfuil aon rud amháin ann a d'fhéadfadh an file a fháil a chuirfeadh áthas iomlán uirthi? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An mbraitheann tú riamh nach bhfuil tú sásta go hiomlán, cé go bhfuil go leor 'rudaí' agat? Cén fáth go bhfuil cúrsaí amhlaidh?
- Cad iad na cineálacha rudaí a chuireann áthas ar dhaoine i ndáiríre? Cad a chuireann áthas ortsa i ndáiríre?
- An mbíonn daoine sásta go hiomlán riamh? Labhair faoi seo. (D'fhéadfadh leis an díospóireacht seo teagmháil a dhéanamh leis an gclaonadh inár nádúr daonna gan a bheith sásta leis an méid atá againn, ach iarracht a dhéanamh i gcónaí níos mó a bheith againn. Ní peaca é seo; ina ionad sin, múineann an Eaglais Chaitliceach go bhfuil an dúil leanúnach seo i gcroí dhaoine, i ndáiríre is mian le Dia é.))

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Chruthaigh Dia gach duine againn mar dhuine uathúil. Tá grá aige do gach duine againn agus tá sé i gcónaí linn.
Iarrann Dia orainn maireachtáil ar bhealach a dhéanann an saol níos fearr do gach duine. Tá an tsaoirse againn freagra a thabhairt ar an nglao sin nó neamhaird a dhéanamh air.
Is é an freagra a bheidh againn ar na paidreacha inniu ná: *Molaimid thú, beannaímid thú, gabhaimid buíochas leat.*

**Léitheoir 1:** Go raibh maith agat, a Dhia ghrámhair, as iontas an chruthaithe. Neartaigh sinn agus muid ag iarraidh an domhan agus a chuid acmhainní go léir a chosaint.
**Gach duine:** Molaimid thú, beannaímid thú, gabhaimid buíochas leat.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, treoraigh ár roghanna agus ár gcinntí agus muid ag obair leat chun an domhan a dhéanamh níos fearr do gach rud beo.
**Gach duine:** Molaimid thú, beannaímid thú, gabhaimid buíochas leat.

**Léitheoir 3:** Uaireanta bíonn sé deacair an rud ceart a dhéanamh. Is minic a bhíonn fonn orainn maireachtáil ar bhealach santach.
A Dhia ghrámhair, cuidigh linn tuiscint a bheith againn as a bhfuil againn agus a bheith buíoch astu.
**Gach duine:** Molaimid thú, beannaímid thú, gabhaimid buíochas leat.

**Léitheoir 4:** A Dhia ghrámhair, uaireanta tá a fhios againn go bhféadfaimis a bheith níos fearr agus bíonn náire orainn.
Cuidigh linn do chuid maithiúnas a iarraidh agus iarracht a dhéanamh arís.
**Gach duine:** Molaimid thú, beannaímid thú, gabhaimid buíochas leat.

**Múinteoir:** Guímis *Paidir Naomh Proinsias Assisi* le chéile, agus sinn ag tabhairt ár bpaidreacha uile os comhair ár nAthair ghrámhair.
**Gach duine:** A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá,
Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, deonaigh gur mhó liom
Sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.

Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin is ea a mhaitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí sinn. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### ABOUT OUR TENDENCY TO BE SELFISH

- Cuimhnigh ar chomhrá an lae roimhe sin faoin gclaonadh atá againn a bheith ag iarraidh níos mó ná mar atá againn cheana féin.
- Iarr ar pháiste ansin an mhír dar teideal 'Tá claonadh ag daoine a bheith santach' a léamh os ard **ó leathanach 26 de leabhar na bpáistí**.
- Spreag na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' **ar leathanach 26 dá leabhar** sula dtéann tú ar aghaidh go dtí an Scrioptúr Naofa.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### RINNE ÁDHAMH AGUS ÉABHA NEAMHAIRD AR DHIA

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Ní crann torthaí amháin an crann i Geineasas 3:1-13; ach crann le fios na maitheasa agus an oilc atá ann freisin. Ní fadhb ann féin í an claonadh atá ann eolas a bheith againn ar an mhaith agus ar an olc. Ach baineann fadhb leis an tuairim gur féidir linn cinneadh a dhéanamh faoin méid atá go maith agus go holc.

Cuir i gcuimhne do na páistí go dtugann scéal an chruthaithe sa Bhíobla cur síos ar an gcaoi a raibh gach rud a bhí ag teastáil ó Ádhamh agus Éabha acu i nGairdín Éidin. Bhí cuideachta acu eatarthu féin, bhí créatúir uile an domhain acu le taitneamh a bhaint astu agus aire a thabhairt dóibh, agus bhí go leor le nithe acu. An t-aon treoir a thug Dia dóibh ná gan ithe ón gcrann i lár an ghairdín. Dá ndéanfaidís amhlaidh, gheobhadh siad bás. Ansin léigh an cuntas seo a leanas ón Scrioptúr ar an méid a tharla nuair a cuireadh cathú orthu agus nach raibh siad umhal do Dhia.


**Ní dhearna Ádhamh agus Éabha an rud a dúirt Dia leo (Geineasas 3:1-13)**

Ba ghlice an nathair nimhe ná aon ainmhí allta dá ndearna an Tiarna Dia agus dúirt sí leis an mbean: 'An ndúirt Dia libh gan ithe de thoradh aon chrainn sa ghairdín?'

Dúirt an bhean leis an nathair nimhe: 'Ní miste dúinn toradh na gcrann sa ghairdín a ithe: ach toradh an chrainn atá i lár an ghairdín, dúirt Dia faoi: "ná hithigí é agus na bainigí leis le heagla go bhfaigheadh sibh bás".'

Agus dúirt an nathair nimhe leis an mbean: 'Ní bhfaighidh sibh bás, ní bhfaighidh sin! Óir is eol do Dhia an lá a íosfaidh sibh dá thoradh sin, go n-osclófar bhur súile agus go mbeidh sibh cosúil le déithe agus fios na maitheasa agus an oilc agaibh.'

Chonaic an bhean gur mhaith le hithe toradh an chrainn, agus gur gheal leis an tsúil é agus gur dhíol dúile é ar son an fheasa a thug sé. Thóg sí, más ea, cuid dá thoradh agus d'ith é; thug sí cuid de chomh maith dá fear a bhí ina teannta, agus d'ith sé é. Osclaíodh a súile araon agus chonaiceadar go rabhadar nocht agus d'fhíodar duilleoga fige lena chéile agus rinneadar brait íochtair dóibh féin.



Chualadar fuaim an Tiarna Dia agus é ag siúl sa ghairdín i bhfionnuaire an lae agus chuaigh an fear agus an bhean i bhfolach ón Tiarna Dia i measc na gcrann sa ghairdín. Ach ghlaoigh an Tiarna Dia ar an bhfear: 'Cá bhfuil tú?' ar sé leis. D'fhreagair sé: 'Chuala mé do ghuth sa ghairdín agus bhí eagla orm mar go raibh mé nocht, agus chuaigh mé i bhfolach.'

'Cé dúirt leat,' ar seisean, 'go raibh tú nocht? An ag ithe a bhí tú den chrann a d'aithin mé duit gan ithe de?'

'An bhean a thug tú dom mar chéile,' arsa an fear, 'ise a thug toradh as an gcrann dom, agus d'ith mé é.'

Agus dúirt an Tiarna Dia leis an mbean: 'Cad é seo atá déanta agat?' D'fhreagair an bhean: 'Mheall an nathair mé agus d'ith mé.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 27 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cé acu crann ar thug Dia treoir d'Ádhamh agus Éabha fanacht amach uaidh? Agus cad a dúirt Dia a tharlódh dóibh dá mblaisfeadh siad de thoradh an chrainn sin?
- Cad a bhí le rá ag an nathair in aghaidh ráiteas Dé?
- Cén fáth ar ghéill Éabha? Cén fáth ar ith sí an toradh toirmiscthe? Cad a theastaigh uaithi a fháil?
- Cad a tharla nuair a d'ith Ádhamh agus Éabha araon cuid den toradh toirmiscthe?
- Cén fáth a ndeachaigh Ádhamh agus Éabha i bhfolach nuair a chuala siad Dia ag teacht?
- Cén leithscéal a thug Ádhamh do Dhia maidir leis an toradh toirmiscthe a ithe?
- Cén leithscéal a thug Éabha do Dhia maidir leis an toradh toirmiscthe a ithe?

Ansin tochail níos doimhne trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Cén crann a raibh cosc ar Ádhamh agus Éabha na torthaí a ithe? *(Crann an Eolais)* Cén fáth ar cuireadh cathú orthu ithe uaidh?
- Mínigh do na páistí gurb é **Peaca an tSinsir** an t-ainm a thugtar ar an gcéad pheaca a rinne Ádhamh agus Éabha. Rinne siad neamhshuim de Dhia. Bhí gach rud a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu acu ach ghníomhaigh siad go santach mar theastaigh níos mó uathu. Mar thoradh ar a bpeaca beirtear sinn go léir le Peaca an tSinsir agus tá claonadh againn gníomhú go santach agus ár riachtanais féin a chur chun tosaigh.
- Léiríonn an nathair sa scéal rud a bhíonn ag gach duine againn inár saol laethúil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le peaca má ligimid isteach é. An féidir leat ainm a thabhairt air sin? (**Cathú**)
- Cad a chabhróidh linn an fód a sheasamh nuair a chuirtear cathú orainn rud a dhéanamh a bhfuil a fhios againn atá mícheart? *(m.sh. iarrann daoine críonna cabhair ar Dhia agus cuireann siad iad féin ar an eolas faoi na rudaí a mhúineann an Eaglais faoin staid atá rompu; téigh chuig an Aifreann, guí chun cabhair a fháil; éist le guth ár* ***gcoinsiasa****)*
- Cad a nochtann an scéal seo faoi dhaoine? An gceapann tú go bhfuil eagna/ceachtanna ann maidir leis an mbealach ar chóir dúinn ár saol a chaitheamh? Cén eagna/ceachtanna?
- Ag deireadh an scéil seo cuireann Dia Ádhamh agus Éabha amach as an ngairdín agus caithfidh siad a bheith ag obair go crua chun maireachtáil agus pian a fhulaingt. Trí neamhshuim a dhéanamh de Dhia agus a bheith ag iarraidh a bheith cosúil leis, thug siad fulaingt agus pian orthu féin agus ar gach ball den chine daonna. Ach gheall Dia go sáródh maitheas lá amháin ar an olc. Is é an gealltanas seo tús scéal an tslánaithe. Conas a choinnigh Dia an gealltanas seo? *(Chuir Dia Íosa ar domhan chun sinn a shábháil.)*

**Tá scéal Ádhamh agus Éabha ag déanamh neamhshuim ar Dhia ar leathanaigh 26-27 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## GNÍOMHAÍOCHT 'CAOLSRÁID CHOINSIASA'

### CÉN ROGHA?

- Roghnaigh beirt pháistí le bheith mar Ádhamh agus Éabha agus iarr ar an gcuid eile den rang dhá líne a chruthú atá os comhair a chéile. Tabharfaidh líne amháin comhairle do Ádhamh agus Éabha an rud ceart a dhéanamh, agus tabharfaidh an líne eile comhairle de chineál santach.
- Mar shampla, d'fhéadfadh leanbh amháin sa líne a thairgeann drochchomhairle a rá, 'Ith na torthaí ón gcrann toirmiscthe – tá sé blasta.' D'fhéadfadh duine eile a rá, 'Taithneoidh sé leat, ní theastaíonn ó Dhia go mbeadh sé agat.'
- 'D'fhéadfadh leanaí sa líne a thugann comhairle ar an rud ceart a dhéanamh rud éigin cosúil le seo a rá, 'Caithfidh cúis mhaith a bheith ag Dia le rá leat gan é a ithe. Ná déan é!' Nó 'Tá go leor agat – tá go leor crainn eile ann'.
- Ag an deireadh, iarr ar Ádhamh agus Éabha a gcuid mothúchán a roinnt maidir leis na comhairlí uile.
- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar amanna ina saol nuair a bhíonn cathú orthu gníomhú go santach.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### NEAMHAIRD A DHÉANAMH DE CHOMHAIRLE MHAITH

Dírigh na páistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar leathanach 27 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh scríobh nó tarraingt faoi thréimhse nuair a thug siad neamhaird ar chomhairle mhaith agus ina dhiaidh sin ba mhian leo gur éist leis.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH PÓL

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Pól a léamh **ar leathanach 28 dá leabhar**.
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 28 dá leabhar freisin**:
  - » Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Naomh Pól sa tslí ar mhair sé?
  - » Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i mbeatha Naomh Pól.
  - » Dúirt Naomh Pól, 'Cibé rud a bhíonn sibh á dhéanamh, oibrígí le fonn faoi mar gur don Tiarna agus nach do dhaoine a bheadh sibh á dhéanamh.' Conas a spreagfadh na focail seo tú?
  - » Conas ar thaispeáin Naomh Pól gur laoch Críostaí é?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir na súile a dhúnadh … Samhlaigh go bhfuil tú i nGairdín Éidin … Is é an gairdín is áille dá bhfaca tú riamh … Tá bláthanna de gach dath ann … bolaigh iad … bain taitneamh as a gcuid cumhráin … Tá sruth milis ann … éist lena cheol bhinn … Tá dath gorm ar an spéir … agus éin ildaite ag eitilt inti … Tá ainmhithe ina luí sa scáth de chrainn torthaí ollmhóra le bláthanna ildaite … Mothaíonn tú sona, te, sábháilte … Seo a theastaíonn ó Dhia dúinn uile … taitneamh a bhaint as an gcruthú agus a ghrá a mhothú …

Tháinig Íosa ar domhan chun níos mó a insint dúinn faoi ghrá Dé agus chun a ghrá a thaispeáint dúinn i ngníomh … Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as áilleacht an chruthaithe … agus as a aon Mhac a sheoladh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas ba chóir dúinn maireachtáil ionas go mbainfimid taitneamh as an bheatha shíoraí le Dia ar neamh nuair a gheobhaimid bás … Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tar éis do Dhia an talamh a chruthú, chruthaigh sé fear agus bean ina íomhá agus ina chosúlacht féin chun aire a thabhairt don talamh agus taitneamh a bhaint as. Bhí gach rud a bhí ag teastáil uathu ag Ádhamh agus Éabha, ach ní raibh siad sásta. Agus mar sin rinne siad neamhshuim ar Dhia - pheacaigh siad. Rinne a bpeaca iad a scaradh ó ghrá Dé. Cé go raibh Dia brónach agus feargach faoina bpeaca, níor thréig sé iad – gheall sé go gcuideodh duine dá sliocht le gach duine an peaca agus an t-olc a shárú. Seo tús scéal an tslánaithe.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### PÓSTAEIR: 'AG MAIREACHTÁIL GO NEAMHLEITHLEACH'

**Nóta:** *Beidh bileoga móra páipéir ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil do gach grúpa.*

- Roinn na páistí i ngrúpaí beaga. Mínigh dóibh go ndéanfaidh gach grúpa póstaer a dhearadh a thaispeánfaidh cásanna tipiciúla sa saol laethúil inar féidir linn rogha a dhéanamh teagmháil a dhéanamh le daoine eile nó smaoineamh orthu agus gníomhú ar bhealach freagrach, nó is féidir linn a roghnú a bheith santach agus smaoineamh orainn féin amháin (m.sh. feicimid duine ag cailleadh airgid de thaisme ar an gcosán, agus gur féidir linn a roghnú é a phiocadh aníos agus é a thabhairt ar ais dóibh nó é a choinneáil; táimid díreach tar éis barra a ithe agus is féidir linn a roghnú an fillteán a ligean anuas ar an gcosán nó é a chur sa bhruscar; tugaimid faoi deara comharsa scothaosta ag iompar málaí siopadóireachta troma agus is féidir linn a roghnú cuidiú leis/léi nó siúl ar aghaidh).
- Nuair a bheidh a bpóstaeir críochnaithe ag na páistí, iarr ar pháistí éagsúla na híomhánna a chuir siad san áireamh a mhíniú don rang. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhunús le haghaidh díospóireachta ranga faoi conas is féidir linn go léir maireachtáil ar bhealach níos freagraí agus níos flaithiúla, rud a fhágann gurb iad riachtanais daoine eile agus cúram an chomhshaoil na tosaíochtaí is mó atá againn.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh ag na hamanna cuí. Roghnaigh ceathrar léitheoir. Tá an sliocht ón mBíobla agus na paidreacha ar líne.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost é an choinneal, a lasann an tslí ina leanaimid Íosa. Guímis le chéile chuig Íosa.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh againn, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche. Táimid ag cur an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a bhfuilimid ag smaoineamh orthu agus ag guí ar a son. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan.

**Múinteoir:** Agus sinn bailithe le chéile ag guí inniu cuimhnímid go dteastaíonn ó Dhia go mairfimis go síochánta leis an dúlra agus lena chéile.
Iarrann Dia orainn aire a thabhairt dá chéile agus maireachtáil go maith, ionas gur féidir linn a bheith bródúil as ár ngníomhartha.
Thaispeáin Íosa dúinn conas maireachtáil mar is mian le Dia dúinn.
Nuair a ghráimid Dia agus a chéile agus nuair a mhairimid ar an mbealach is mian le Dia, bímid sásta.
Is í an fhreagairt ar na paidreacha inniu ná: *Moladh go deo le Dia*.

**Léitheoir 1:** Uaireanta bímid leithleasach cosúil le hÁdhamh agus Éabha. Nuair atáimid mar seo, déanaimid peaca. A Dhia ghrámhair, cuidigh linn foghlaim ó na botúin a dhéanaimid agus casadh ar ais chugat chun maithiúnas a fháil nuair atá peaca déanta againn.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Léitheoir 2:** Scarann an peaca sinn ó ghrá Dé, ach chuir Dia a Mhac féin chugainn chun maithiúnas a thabhairt dúinn agus chun sinn a thabhairt ar ais chuig grá Dé.
Gabhaimid buíochas leat, a Dhia ár nAthair, as Íosa a sheoladh chugainn.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Léitheoir 3:** Is deacair aitheanta Dé a choinneáil agus is minic a chuirtear cathú orainn iad a bhriseadh.
Cabhraigh linn, a Dhia ghrámhair, a thuiscint gur tugadh na haitheanta dúinn chun biseach a chur orainn féin agus ar dhaoine eile.
**Gach duine:** Moladh go deo le Dia.

**Léitheoir 4:** Sliocht as céad litir Naomh Eoin.
*A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá. Mar seo a foilsíodh grá Dé inár measc gur sheol sé a aon Mhac sa saol le go mairimis-ne trídsean. Seo é an grá - ní gur thugamarna grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinne agus gur sheol uaidh a Mhac go mbeadh ina íobairt sásaimh ar ár bpeacaí.* (1 Eoin 4:7-10)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Tugaimid na paidreacha go léir atá inár gcroíthe trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (agus an choinneal á mhúchadh ag páiste): De réir mar a théann solas na coinnle in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo a mhúchadh againn, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, le bheith mar dhaoine a leanann do sholas agus do ghrá. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Stíleanna Difriúla Scríbhneoireachta

**Sampla 1 (Fógra i nuachtlitir Chlub Peile an tSeanbhaile)**

Comhghairdeas lenár gcúl báire Seán Ó Murchú agus a bhean Amy ar bhreith a dara linbh, a d'ainmnigh siad Chloe, san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais an 21 Bealtaine. Tá buachaill beag ag Seán agus Amy cheana féin, Jonah, atá ar ár bhfoireann 'Faoi bhun a cúig'. Guímid gach rath ar an teaghlach ar fad leis an leanbh nua, agus táimid ag tnúth le Chloe a fheiceáil i ndathanna dearg agus bán ón tSeanbhaile amach anseo!

**Sampla 2 (Scríofa ag seanmháthair Chloe)**

**Go raibh maith agat, a Dhia**
Táimid réidh leis an bhfanacht,
Chualamar a caoineadh beag,
Tháinig an leanbh a rabhamar ag fanacht leis.
Tá leicne a máthar aici,
Tá súile a hathar aici.
Tá gruaig rua aici – rud nach ionadh!
Tá ladhracha foirfe aici,
liopaí álainn agus srón beag bídeach.
Chloe a bheidh mar ainm uirthi
I gcuimhne aintín Chloe a fuair bás.
'Go raibh maith agat, a Dhia' as Chloe a bheith tagtha.

**Sampla 3: (Sna fógraí teaghlaigh sa nuachtán)**

**MURCHÚ, Chloe Áine** (Seanbhaile, Contae Mhaigh Eo) Rugadh 21 Bealtaine 2019. Tá áthas ar Amy agus Seán Ó Murchú a fhógairt go bhfuil Chloe Áine, deirfiúr beag do Jonah agus céad gariníon do Mháire agus Séamas Ó Murchú, Seanbhaile agus Cáit agus Seán Ó Faoláin, Cóbh. Buíochas speisialta leis an bhfoireann iontach ar fad san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais i mBaile Átha Cliath.

# Briathar Dé sa Bhíobla

1. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 27** sa sliocht seo a leanas:

   **Lúcás 18:** [24] Ar a fheiceáil amhlaidh d'Íosa, dúirt: 'Cad é chomh deacair is a bhíonn sé ar lucht an tsaibhris dul isteach i ríocht Dé! [25]Sea, is fusa do chamall dul trí chró snáthaide ná do dhuine saibhir dul isteach i ríocht Dé.' [26]Agus iad seo a chuala é, dúirt siad: 'Agus cé is féidir a shlánú?' [27]Dúirt sé: "Na nithe atá dodhéanta ag daoine, tá siad sodhéanta ag Dia.' [28]Ansin dúirt Peadar: 'Is é atá déanta againne: ár maoin shaolta a thréigean agus tusa a leanúint!" [29]Dúirt sé leo: "Deirim libh go fírinneach, níl aon duine a thréig teach ná bean ná deartháireacha ná tuismitheoirí ná clann mar gheall ar ríocht Dé, [30]nach bhfaighidh mórán uair níos mó san aimsir seo, agus an bheatha shíoraí sa saol atá le teacht.'.

2. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 28** sa sliocht seo a leanas:

   **Matha 11:** [25] San am sin labhair Íosa agus dúirt: 'Tugaim buíochas duit, a Athair, a Thiarna neimhe agus talún, de chionn mar a cheil tú na nithe seo ar lucht eagna agus éirime agus mar a d'fhoilsigh tú do naíonáin iad. [26]Sea, a Athair, óir is amhlaidh sin ba mhaith leat é. [27]Tá gach aon ní tugtha domsa ag m'Athair. Agus níl aithne ag aon neach ar an Mac ach amháin ag an Athair, ná níl aithne ag aon neach ar an Athair ach amháin ag an Mac agus an té ar toil leis an Mac a fhoilsiú dó. [28]Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh. [29]Tógaigí oraibh mo chuing agus tagaigí ar scoil chugamsa, mar táim ceansa uiríseal ó chroí, agus gheobhaidh sibh faoiseamh do bhur nanamacha; [30]óir tá mo chuing so-iompair agus m'ualach éadrom.'

3. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 3** sa sliocht seo a leanas:

   **Irimia 31:** [1]'Nuair a thiocfaidh an tam sin – a deir an Tiarna – beidh mise i mo Dhia ag clanna uile Iosrael: beidh siadsan ina bpobal agamsa.' [2]'Seo mar a deir an Tiarna: Fuair siad maithiúnas san fhásach, na daoine a chuaigh slán ón gclaíomh. Tá Iosrael ag tarraingt ar a scíth. [3]Nocht an Tiarna [dó], ó i bhfad i gcéin: ghráigh mé thú le grá síoraí, ar an ábhar sin is dochaite mo ghean ort. [4]Tógfaidh mé thú an athuair agus atógfar thú, a mhaighdean Iosrael. Beidh tú sciamhach arís, agus déanfaidh tú meidhir sa rince le do chuid tiompán.'

4. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 9** sa sliocht seo a leanas:

   **2 Corantaigh 12:** [7]Agus le heagla go gcuirfeadh na foilsithe iontacha sin an iomarca éirí in airde orm, cuireadh bior sa bheo ionam, teachtaire ó Shátan chun mé a ghreadadh ar shlí nach dtiocfadh aon éirí in airde orm. [8]D'agair mé an Tiarna faoi thrí é a chur díom, [9]ach is é a dúirt sé liom: 'Is leor duit mo ghrásta, mar is tríd an laige a thagann an neart chun foirfeachta.' Is móide is fonn liom dá bhrí sin a bheith ag maíomh as mo laigí le hionchas go luífeadh cumhacht Chríost orm. [10]Sin é fáth go bhfuilim sásta le mo laigí, leis na tarcaisní, na hangair, na géarleanúintí agus na cúngrachtaí a bhíonn le fulaingt agam ar son Chríost. Mar nuair a bhím lag, sin í an uair a bhím láidir.

5. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 6** sa sliocht seo a leanas:

   **Leabhar na Seanfhocal 3:** [5] Bíodh muinín agat as an Tiarna, agus ná bíodh iontaoibh agat as do thuiscint féin; [6]Bíodh aird agat air siúd cibé cúrsa ar a mbíonn tú, agus féachfaidh sé chuige go mbeidh do chosáin réidh. [7]Ná bí féin a mheas go bhfuil tú eagnaí, ach bíodh eagla an Tiarna ort, agus tabhair cúl leis an olc.

6. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 9** sa sliocht seo a leanas:

   **Filipigh 4:** [7] Agus sa tslí sin beidh síocháin Dé atá os cionn ár dtuisceana ag gardáil bhur gcroí agus bhur smaointe in Íosa Críost. [8]Mar fhocal scoir, a bhráithre, bíodh bhur naire ar an rud fíor, ar an rud uasal, ar an rud cóir, ar an rud naofa, ar an rud measúil, ar an rud creidiúnach, ar an rud atá suáilceach inmholta. [9]Má chuireann sibh i bhfeidhm an teagasc a mhúin mé daoibh agus a ghlac sibh uaim agus na nithe a chuala sibh nó a chonaic sibh mé a dhéanamh, beidh Dia na síochána faraibh.

7. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 8** sa sliocht seo a leanas:

**2 Corantaigh 9**: [7]Déanadh gach duine dá bhrí sin mar a bhí beartaithe ina chroí aige, agus déanadh sé sin gan doicheall gan éigean mar is geal le Dia an té a thugann go fáilteach. [8]Tá ar chumas Dé gach tabhartas a bhronnadh go fairsing oraibh, i dtreo go mbeadh lán bhur ndóthain agaibh den uile shórt i gcónaí agus fuílleach i gcomhair gach dea-chúise, [9]de réir mar atá scríofa: 'Roinn sé go fial ar na boicht, mairfidh a mhaoin go deo.' [10]An té úd a sholáthraíonn síol don síoladóir agus a thugann arán le hithe, soláthróidh sé an síol daoibhse chomh maith; méadóidh sé an síol agus iomadóidh sé torthaí bhur bhfíréantachta.

8. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 13** sa sliocht seo a leanas:

**Filipigh 4:** [11]Ní ag casaoid faoin ngannchúis atáim mar tá foghlamtha agamsa bheith sásta lena bhfuil agam. [12]Tá eolas agam ar an gcaolchuid agus ar an bhflúirse. Tá seantaithí agam ar gach sórt: ar an mórdhóthain agus ar an ocras, ar an bhflúirse agus ar an ngannchuid. [13]Táim in ann gach ní a dhéanamh le cabhair an té úd a thugann neart dom.

9. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 28** sa sliocht seo a leanas:

**Rómhánaigh 8:** [26]Ar an gcuma chéanna tagann an Spiorad i gcabhair orainn inár laige. Mar ní eol dúinn conas an ghuí féin a dhéanamh mar is cóir ach déanann an Spiorad idirghuí ar ár son le hosnaí nach féidir a chur i bhfocail, [27]agus an té úd a chiorann na croíthe, tuigeann sé cad is áil leis an Spiorad agus gur de réir toil Dé a dhéanann sé achainí ar son na naomh. [28]Tá a fhios againn chomh maith go gcomhoibríonn Dia san uile ní leo siúd a bhfuil grá acu dó agus a bhfuil glaoite aige orthu de réir a chomhairle.

10. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 9** sa sliocht seo a leanas:

**1 Eoin 1:** [7]Más sa solas, áfach, a shiúlaimid, faoi mar atá seisean sa solas, tá páirt againn lena chéile, agus glanann fuil Íosa Críost a Mhac ón uile pheaca sinn. [8]Má deirimid nach bhfuil aon pheaca orainn meallaimid sinn féin agus níl an fhírinne ionainn. [9]Má admhaímid ár bpeacaí, tá seisean dílis cóir agus maithfidh sé dúinn ár bpeacaí agus glanfaidh sinn ón uile olc.

11. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 7** sa sliocht seo a leanas:

**2 Tiomóid 1:** [6]Sin é an fáth a bhfuilim á chur i gcuimhne duit tabhartas Dé a athmhúscailt, an tabhartas úd a fuair tú nuair a chuir mise mo lámha ort. [7]An spiorad a thug Dia dúinn ní spiorad na meatachta é ach spiorad na fearúlachta agus an ghrá agus an fhéinsmachta. [8]Ná bíodh aon náire ort, dá bhrí sin, fianaise a thabhairt ar ár dTiarna agus ná bíodh aon náire ort fúmsa atá i mo phríosúnach ar a shon. Ní hea, ach fulaingse cruatan liom ar son an dea-scéil as ucht an chumais atá faighte agat ó Dhia.

12. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 7** sa sliocht seo a leanas:

**1 Peadar 5:** [5]Mar an gcéanna libhse is óige ná sin, bígí umhal do na seanóirí. Cuirigí umaibh, gach duine agaibh, an umhlaíocht i leith a chéile, mar 'cuireann Dia in aghaidh lucht an uabhair, ach bronnann sé a ghrásta ar lucht na humhlaíochta.' [6]Umhlaígí sibh féin dá bhrí sin faoi láimh chumhachtach Dé ionas go nardódh sé sibh i dtráth. [7]Caithigí bhur gcúram go léir suas air, óir tugann sé aire daoibh.

13. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 3** sa sliocht seo a leanas:

**Rómhánaigh 12:** [2]Ná leanaigí patrún an tsaoil seo ach cuirigí malairt meoin oraibh féin trí athnuachan aigne ar shlí go naithneodh sibh cad é is toil le Dia, cad é atá maith agus taitneamhach agus foirfe. [3]De bhrí an ghrásta a tugadh dom, is é a deirim leis an uile dhuine agaibh gan meas thar ceart a bheith ag aon duine air féin ach é féin a mheas go cothrom de réir tomhas an chreidimh a roinn Dia leis. [4]Faoi mar atá mórán ball san aon chorp amháin againn agus gan an cúram céanna ar aon bhall díobh.

14. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 5** sa sliocht seo a leanas:

**Eabhraigh 13:** [4]Bíodh meas ag an uile dhuine agaibh ar an bpósadh agus ná truaillítear é. Óir
tabharfaidh Dia daorbhreith ar lucht na drúise agus an adhaltranais. [5]Ná bíodh andúil agaibh san
airgead. Ach bígí sásta lena bhfuil agaibh. Óir, deir Dia féin: 'Ní thréigfidh mé thú go deo; ní fhágfaidh
mé san abar thú choíche.' [6]Mar sin de, ní miste dúinn a rá go muiníneach: 'Is é an Tiarna a thugann
cabhair dom, ní bheidh eagla dá laghad orm. Cad is féidir le haon duine a dhéanamh orm?'

15. Aimsigh agus léigh **véarsa 5** ón sliocht seo as Salm 100:

**Salm 100:** [1]Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile;
[2]fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

[3]Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann.
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.

[4]Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh.
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le caintící.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

[5]Nach maith é go deimhin an Tiarna;
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile.

16. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 17** ón sliocht seo as Salm 103:

**Salm 103:** [15]Is cosúil ré an duine le féar;
bláthaíonn sé amhail bláth an mhachaire.
[16]Téann sé ar ceal le leoithne gaoithe,
agus ní fios dá ionad féin é feasta.
[17]Ach maireann buanghrá an Tiarna go síoraí
don dream ar a mbíonn a eagla,
[18]agus a fhíréantacht do chlann a gclainne
nuair a chomhlíonann siad a chonradh go dílis,
agus go ndéanann siad de réir a thola.

17. Aimsigh agus cuir líne faoi **véarsa 7** ón sliocht seo as Salm 138:

**Salm 138:** [6]Dá airde é an Tiarna is cúram dó an tíseal;
ach breathnaíonn sé an tuaibhreach i bhfad uaidh.

[7]Bíodh go siúlaim i lár na trioblóide,
tugann tú beatha dom in aghaidh fraoch m'eascairde.
Síneann tú do lámh chugam do mo shaoradh;
agus fóirfidh tú orm le do dheasláimh.
[8]Cuirfidh an Tiarna chun cinn a bhfuil tosaithe aige dom.
Maireann do bhuanghrá go síoraí, a Thiarna;
ná caith dímheas ar shaothar do lámh.

18. Aimsigh, léigh agus cuir líne faoi **véarsa 3** ón sliocht seo as Salm 106:

**Salm 106:** [1]Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é;
toisc go maireann a bhuanghrá go brách.
[2]Cé ar féidir leis éachtaí an Tiarna a fhógairt?
cé a chraolfaidh a mholtaí go léir?
[3]Is méanar don dream a choinníonn an ceart,
agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.

# Téama 3: Íosa

Ceacht 1: Tugann Íosa cuireadh dúinn ár mbuanna a úsáid ........ 79
Ceacht 2: Iarrann Íosa orainn maithiúnas a thabhairt ................ 89
Ceacht 3: Taispeánann Íosa an bealach dúinn .............................. 97

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Oibríonn an Spiorad Naomh i ngach duine againn agus san Eaglais trí na Scrioptúir, na sacraimintí agus na cairiosmaí, údarás teagaisc na hEaglaise, oibreacha carthanachta Críostúla, oibreacha spioradálta agus corpartha trócaire, urnaí srl (ChEC 687-747).
- Tá Dia i láthair inár gcroí istigh 'mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid' (Gníomh 17:28; ChEC 300).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Taispeánann Íosa dúinn céard leis is cosúil é Dia an tAthair (DV 4, 17; ChEC 151, 473, 458, 516, 571; Eoin 14:9-10; Mc 1:11; Eoin 6:38).
- Bhí Íosa cosúil linne ar chuile bhealach ach nach ndearna sé aon pheaca (GS 22).

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Tugann an Spiorad Naomh bronntanais charasmatacha don Eaglais (LG 4, 7; ChEC 768).
- Tá bronntanas éigin ón Spiorad ag gach ball den Eaglais chun leanúint ar aghaidh le hobair Chríost agus chun go mbeidh Ríocht Dé láithreach, beo ó lá go lá (LG 12, 32: gairm bheatha).

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Cabhraíonn bronntanais agus cairiosma an Spioraid Naoimh le daoine toil Dé a dhéanamh (LG 7; DV 5; ChEC 768, 1266).

**Cruthú an Domhain**

- Beirtear gach duine le Peaca an tSinsir, le claonadh i dtreo an pheaca agus slánú de dhíth orthu (ChEC 403, 419; GS 13).

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá saoirse againn ár saol a threorú i dtreo na maithe, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, an fhírinne a chuartú.
- Tá saoirse againn freisin iompú ón mhaith agus cluas bhodhar a thabhairt do ghlaoch Dé agus do dhaoine eile.

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Nuair a éistimid le Briathar Dé labhraíonn an Spiorad Naomh linn agus cabhraíonn sé linn Íosa a leanúint go dlúth inár saol laethúil.
- Is é an Bíobla Briathar inspioráide Dé (DV 9, 24; ChEC 104). Ciallaíonn sé seo: (a) labhraíonn Dia go fírinneach linn tríd an Scrioptúr; (b) déanann teachtaireacht an Scrioptúir Naofa ciall do dhaoine as gach glúin; c) ní dhéanann an Bíobla aon bhotún nuair atá aon ghné den slánú i gceist. (DV 11; ChEC 107).

**An Scrioptúr Naofa**

- Mth 18:21-35. Parabal an tsearbhónta do-mhaitigh.
- Mth 25:14-30. Parabal na dtallann.
- Eoin 14:1, 4-12. Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.
- Salm 139. A Thiarna chuartaigh tú mé agus tá aithne agat orm.

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- An Fhaoistin Choiteann
- Paidir ag iarraidh Maithiúnais
- Gníomh Dóláis

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth é an Carghas chun aithrí agus athmhuintearas a dhéanamh, rud a chuireann i gcuimhne do Chríostaithe go ndúirt Íosa linn 'déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal' (SC 109; ChEC 540).

**Na Sacraimintí**

- Baintear úsáid as a lán téarmaí chun cur síos a dhéanamh ar shacraimint mhaithiúnais, ghrámhair Dé. Seo trí cinn acu: Faoistin, Aithrí, Athmhuintearas (ChEC 1423).

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Iarrtar ar gach Críostaí a c(h)uid buanna féin a fhorbairt agus a c(h)uid freagrachtaí a chomhlíonadh le go mbeidh siad naofa (LG 39-41; AG 28).

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Is féidir linn coimhlint a bheith againn idir ceart agus mícheart, an mhaith agus an t-olc, solas agus dorchadas (GS 13; ChEC 1707).
- Is bronntanas ó Dhia é an coinsias agus cabhraíonn linn an rud ceart a aithint thar an rud mícheart (GS 16, ChEC 1713, 1776ff).

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Is féidir le luachanna agus teagaisc Íosa cabhrú linn roghanna maithe a dhéanamh.
- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh (ChEC 1697).
- Cabhraíonn an liotúirge agus na sacraimintí le Críostaithe maireachtáil ar nós Íosa (ChEC 2030, 2047).
- Spreagann grá agus trócaire Dé Críostaithe chun maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile.

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Tá Íosa go mór in aghaidh na héagóra agus múineann sé dúinn conas maireachtáil de réir an chirt.

# Ceacht 1: Tugann Íosa cuireadh dúinn ár mbuanna a úsáid

## SULA DTOSAÍONN TÚ

I gceacht 1 déanaimid scrúdú ar Pharabal na dTallann i Matha 25:14-29. Sa pharabal seo insíonn Íosa scéal faoi thriúr seirbhíseach ar thug a máistir boinn óir dóibh uile. Rinne an chéad dá sheirbhíseach an chuid is mó d'airgead a máistir agus d'fhill siad ar ais chuige le tuilleadh boinn, ach toisc eagla a bheith air, chuir an tríú seirbhíseach a bhoinn faoi thalamh agus thug sé ar ais chuig a mháistir an méid céanna agus a tugadh dó.

Insíonn an parabal dúinn gur thug an máistir saibhreas 'do gach duine de réir an chumais a bhí ann'. Theastaigh uaidh go n-úsáidfeadh na seirbhísigh a gcumas d'fhonn úsáid mhaith a bhaint as na boinn. Tugann Dia leibhéil éagsúla cumais do gach duine againn, chomh maith le bronntanais agus buanna éagsúla. Tá Dia ag iarraidh orainn ár gcumas a úsáid chun na bronntanais agus na buanna sin a fhorbairt dúinn féin agus chun leasa daoine eile. Ar an mbealach sin, beimid ag cabhrú le feabhas a chur ar an domhan ar son gach duine a mhaireann ann.

Iarrann Dia ar gach duine againn a bheith ar an duine is fearr is féidir linn a bheith. Seo atá i gceist ag Dia dá leanaí ar fad. Sa pharabal seo deir an máistir, 'Go han-mhaith; dea-sheirbhíseach iontaofa thú: bhí tú iontaofa i mbun beagán nithe; ceapfaidh mé i do cheann thú ar mhórán.' Is cuimhin linn go mbíonn Dia in éineacht linn i gcónaí ar ár dturas agus muid ag fás chun bheith mar na daoine a chruthaigh Dia dúinn a bheith.

Trí mhachnamh a dhéanamh ar an bparabal seo, tá súil againn go dtiocfaidh na páistí chun meas a bheith acu ar a gcuid bronntanais agus buanna mar bhealach trínar féidir leo barr a gcumais a bhaint amach, agus iad á n-úsáid chun grá a thabhairt do Dhia agus dá gcomharsa.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Dílis:** Tacaíocht a thabhairt agus gealltanais a chomhlíonadh
- **Bua (carachtair):** Gné nó tréith uathúil ag duine: cineáltas, foighne, comhbhá srl.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'Ár mBronntanais ó Dhia' (thíos) do gach grúpa páistí
- Bileog mhór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach páiste

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### FAOI BHRONNTANAIS

Déan comhrá leis na páistí faoi bhronntanais, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad is bronntanas ann?
- Cad é an bronntanas is fearr nó is measa a fuair tú riamh? Inis dúinn faoi.
- Conas a bhraitheann tú nuair a fhaigheann tú bronntanas?
- Cad é an bronntanas is fearr a thug tú do dhuine riamh? Cén chaoi ar fhreagair an duine? Conas a mhothaigh tú i ndiaidh an fhreagairt a fháil?
- Uaireanta ní léir cad atá taobh istigh de bhronntanas clúdaithe. Inis dúinn faoi uair nuair a bhí iontas mór ort nuair a d'oscail tú bronntanas.
- Uaireanta cloisfidh tú daoine ag rá, 'Is é an smaoineamh an rud is tábhachtaí.' Cén chiall atá le seo? An aontaíonn tú le

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### BRONNTANAIS ATÁ SOILÉIR/DOILÉIR

- Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a dtugann Dia bronntanais agus buanna agus cumais éagsúla do gach duine againn. Bíonn bronntanais daoine áirithe an-soiléir do gach duine ón tús, mar shampla guth álainn amhránaíochta nó tallann le haghaidh líníochta nó péinteála. Nochtfaidh daoine eile a mbronntanais níos moille, de réir mar a úsáideann agus a fhorbraíonn siad na cumais agus na buanna éagsúla a thug Dia dóibh.
- Mínigh do na páistí gur bronntanais ó Dhia iad cáilíochtaí nó gnéithe de charachtar duine (cosúil le bheith cineálta, flaithiúil, grámhar, macánta). Is infheicthe dúinn na cáilíochtaí seo de réir mar a chuirimid aithne ar dhuine.
- Spreag freagraí na bpáistí le ceisteanna cosúil le:
  - An féidir leat roinnt samplaí de bhuanna agus de chumais atá soiléir/doiléir a thabhairt?
  - An féidir leat roinnt samplaí a ainmniú de cháilíochtaí nó de ghnéithe de charachtar duine a bheadh le feiceáil de réir a chéile, de réir mar a bheadh aithne níos fearr agat ar dhuine?
  - Cén chaoi a mbeadh cúrsaí dá mbeadh na bronntanais agus na cumais chéanna ag gach duine? An maith an rud é go bhfuilimid uile cumasach ar bhealaí éagsúla? Cén fáth nó cén fáth nach maith é?

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Bhronn Dia go leor buanna orainn' a léamh ar leathanach 30 de leabhar na bpáistí agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …'.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** *(agus an choinneal á lasadh)*: Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh ar feadh cúpla nóiméad agus smaoineamh ar bhronntanas amháin a thug Dia duit. B'fhéidir gur tallann nó cumas speisialta atá agat, b'fhéidir gur ceol nó spórt nó ealaín atá i gceist, nó b'fhéidir gur cáilíocht nó gné speisialta de do phearsantacht a smaoiníonn tú air. (*Sos*)

Smaoinigh ar conas a d'fhéadfá an bronntanas seo a úsáid chun freastal ar dhaoine eile. (*Sos*)

Le do ghuth inmhéanach, iarr ar an Spiorad Naomh tú a threorú chun bronntanais uathúla eile atá agat a aimsiú. (*Sos*)

Iarr ar Íosa cabhrú leat do bhronntanais a úsáid chomh maith agus is féidir leat. (*Sos*)
Nuair atá tú réidh, oscail do shúile agus guímid paidir bhuíochais le chéile as ár gcuid bronntanas.

**Gach duine:** Go raibh maith agat, a Dhia, as na bronntanais iontacha atá againn:
as an gceol an ealaín agus an pheil,
as cairde a éisteann agus a roinneann linn,
as misneach agus diongbháilteacht,
as an gcineáltas, comhbhrón agus cúram,
as an mhuinín agus an sonas a bhíonn orainn
toisc go bhfuil tú gar dúinn.
Go raibh maith agat a Dhia.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

Baineann an scéal 'Bronntanas Speisialta Nuru' le iompála a raibh bronntanas neamhghnách aige.

**Bronntanas Speisialta Nuru**

Iompála ón Afraic ba ea Nuru agus mhair sé lena theaghlach sa zú. Is cineál antalóp é iompála, ach tá sé i bhfad níos lú ná antalóip eile. Tá bronntanas an-speisialta ag iompálaí. Is féidir leo léim thar thrí mhéadar in airde agus chomh fada le deich méadar. Sula gabhadh Nuru chun cónaí sa zú, is minic a chuaigh sé i bhfeidhm ar na hainmhithe eile ar mhachairí na hAfraice trí léim ard a dhéanamh - ach le haghaidh spraoi amháin! Bhí Nuru an-bhródúil as a chuid beanna fada agus as a eireaball tiubh bán.

Ba bhreá le Neru féachaint ar na hainmhithe eile go léir sa zú, agus chuir sé iontas air na rudaí éagsúla a d'fhéadfadh siad a dhéanamh. In aice leis d'fhéadfadh sé na sioráif a fheiceáil ag ardú a muiníl chun beatha a bhaint as na crainn arda acáise agus a ngéaga a lúbadh le hól as an umar uisce. Bhí fál ard timpeall ar na sioráif, thart ar dhá mhéadar go leith ar airde, agus uaireanta dhéanfadh páistí iarracht bia a chaitheamh thairis, ach is annamh a d'éirigh leo.

I bhfad uaidh d'fhéadfadh Nuru na heilifintí a fheiceáil ag siúl. Rinne siad fuaimeanna trumpaireachta chun a laonna a ghlaoch chucu. D'fhéadfadh Nuru a gcuid starrfhiacla eabhartha a fheiceáil ag glioscarnach sa ghrian agus scamaill deannaigh ag ardú agus iad ag fuarú iad féin lena gcluasa. Bhí trinse uisce idir na heilifintí agus an pobal a bhí ar cuairt. Agus is minic a bhí na cuairteoirí fliuch de bharr gníomhaíocht na n-eilifintí.

Ba mhaith le Nuru féachaint freisin ar na cuairteoirí a tháinig go dtí an zú, go háirithe iad siúd a chuaigh ar aghaidh chuige féin. Thaitin na páistí leis ach go háirithe, mar bhí siad díograiseach agus spreagúil i gcónaí chun na hainmhithe éagsúla a fheiceáil agus chun foghlaim uathu. Léadh cuid acu an t-eolas ar an gcomhartha beag in aice leis. Thug sé



roinnt eolais faoi iompálaí agus rinne sé cur síos ar conas a d'fhéadfadh siad léim trí mhéadar in airde agus chomh fada le deich méadar. Uair sa lá ar a laghad chuirfeadh páiste ceist ar na daoine fásta a bhí in éineacht leo - ceist cosúil le seo, 'Ní chreidim gur féidir le iompálaí é sin a dhéanamh. Dá bhféadfaidís é sin a dhéanamh, ansin bheadh siad in ann léim amach as an áit seo, toisc nach bhfuil an fál an-ard ', agus ansin leanfadh siad ar aghaidh ag croitheadh a gceann chun féachaint ar chréatúr níos spreagúla. Chuir sé seo brón ar Nuru i gcónaí.

Bhí sé fíor go bhféadfadh le Nuru léim trí mhéadar in airde, díreach cosúil le gach iompála eile. Ba bhronntanas iontach é seo, ach níor úsáid siad riamh sa zú é agus mar sin bhí sé éasca iad a choinneáil i mbraighdeanas. Ní raibh an fál mórthimpeall ar Nuru agus a theaghlach ach aon mhéadar ar airde. Cé go bhféadfadh sé léim níos mó ná trí huaire an airde sin agus deich n-uaire an t-achar, ní léimfeadh Nuru ná a theaghlach an fál riamh mar ní léimeann iompálaí go hard agus go fada riamh nuair nach féidir leo a fheiceáil cá rachaidh a chosa i dtír. Mar sin, in ainneoin an chumais iontach seo, bhí Nuru agus a theaghlach i mbraighdeanas taobh thiar de fhál simplí adhmaid.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 30 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Luaigh na hainmhithe éagsúla sa scéal.
- Cad é an bua iontach atá ag iompálaí?
- Cén fáth a raibh sé deacair ar na páistí a chreidiúint go bhféadfadh iompálaí léim chomh hard agus chomh fada sin?
- Conas a mhothaigh Nuru nuair a d'imigh na páistí óna chlós, dar leat?

- Cén fáth a raibh faitíos ar Nuru léim thar an gclaí?
- Níor úsáid Nuru ná a theaghlach an bua speisialta a bhí acu. Cén tionchar a bhí ag an gcinneadh seo ar a shaol agus ar a theaghlach?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Dá n-úsáidfeadh Nuru a bhronntanas speisialta, cén difríocht a dhéanfadh sé dó, dar leat?
- Conas a mhothaigh Nuru, dar leat, nach raibh an bronntanas is mó a bhí aige á úsáid aige?
- Tá frása ann a deir, 'Ná faigh bás le do cheol fós ionat.' Cad is ciall leis sin? Cén chaoi a bhaineann sé leis an scéal seo, dar leat?
- Cad as a dtagann ár mbronntanais? An bhfuil sé tábhachtach ár mbronntanais a úsáid? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An bhfuil bronntanas agat nach n-úsáideann tú? Ar mhaith leat insint dúinn faoi, nó cén fáth nach n-úsáideann tú é?
- Ar chuir eagla riamh cosc ort rud a dhéanamh? Cad eile a chuirfeadh cosc ort ceann de do bhronntanais a úsáid? *(magadh ó dhuine eile, eagla go dteipfidh ort, easpa muiníne, easpa deiseanna)*
- An féidir leat smaoineamh ar theideal difriúil don scéal seo? Roinn aon teidil eile a thagann leat agus na cúiseanna atá agat lena roghnú.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### MÚINEANN ÍOSA DÚINN ÁR mBUANNA A ÚSÁID

D'úsáid Íosa parabail chun daoine a theagasc faoi Ríocht Dé. Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus tú ag léamh Parabal na dTallann ón Soiscéal de réir Mhatha.

**Parabal na dTallann (Matha 25:14-29)**

'Ar nós an duine a bhí ag dul ar an gcoigríoch: ghlaoigh sé ar a sheirbhísigh agus thaobhaigh leo a mhaoin; thug cúig thallann do dhuine acu, a dó do dhuine eile, aon tallann amháin do dhuine eile - do gach duine de réir an chumais a bhí ann - agus d'fhág an tír. Ní dhearna fear na gcúig thallann aon mhoill gan cur chun gnó leo agus cúig cinn eile a ghnóthú. Mar an gcéanna d'fhear an dá thallann; ghnóthaigh seisean dhá cheann eile. Ach chuaigh fear na haon tallainne amháin agus rinne poll sa talamh agus chuir sé airgead a mháistir i bhfolach.

Seal fada ina dhiaidh sin, tháinig máistir na seirbhíseach sin ag réiteach cuntas leo. Tháinig fear na gcúig thallann ina láthair agus thairg cúig thallann eile aige chuige agus ar seisean: 'A mháistir, d'fhág tú cúig thallann ar iontaoibh agamsa; seo duit cúig cinn eile a ghnóthaigh mé.' Labhair a mháistir leis: 'Go han-mhaith; dea-sheirbhíseach iontaofa thú: bhí tú **iontaofa** i mbun beagán nithe; ceapfaidh mé i do cheann thú ar mhórán; gabh isteach in aoibhneas do thiarna.'

Tháinig ina láthair ansin fear an dá thallann: 'A mháistir,' ar seisean, 'd'fhág tú dhá thallann ar iontaoibh agamsa: seo duit dhá cheann eile a ghnóthaigh mé.' Labhair a mháistir leis: 'Go han-mhaith: dea-sheirbhíseach iontaofa thú; bhí tú iontaofa i mbun beagán nithe; ceapfaidh mé i do cheann thú ar mhórán: gabh isteach in aoibhneas do thiarna.'



Tháinig ina láthair ansin an fear a fuair an t-aon tallann amháin: 'A mháistir,' ar seisean, 'bhí aithne agam ort gur duine crua thú, ag baint fómhair san áit nár chuir tú síol, agus ag cnuasach as an áit nach ndearna tú scaipeadh; agus le barr eagla, chuaigh mé ag cur do thallainne i bhfolach sa talamh. Seo duit í: tá do chuid féin agat.'

Dúirt a mháistir leis á fhreagairt: 'Drochsheirbhíseach leisciúil thú! Bhí a fhios agat go mbainim fómhar san áit nár chuir mé síol agus go gcnuasaím as an áit nach ndearna mé scaipeadh: ba cheart duitse mar sin mo chuid airgid a chur chun lucht gaimbín, agus nuair a thiocfainn gheobhainn mo chuid féin ar ais le hús. Bainigí de an tallann agus tugaigí í don duine a bhfuil na deich dtallann aige, óir, gach aon duine a mbíonn ní aige, tabharfar dó agus beidh fuílleach aige, ach an té a bhíonn gan ní, fiú amháin a mbíonn aige bainfear de é. '

Tar éis duit an scéal ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair mar seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 32 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth ar thug an fear sa scéal méideanna éagsúla airgid do gach seirbhíseach?
- Cad a rinne an chéad agus an dara seirbhíseach leis an méid a fuair siad?
- Cad a rinne an tríú seirbhíseach lena chuid airgid?
- Cén bua carachtair a mhol an fear sa chéad agus sa dara seirbhíseach? *(dílseacht)*

Mínigh do na páistí gur minic a mhínítear an parabal seo mar léiriú ar an mbealach a thugann Dia bronntanais agus buanna éagsúla agus leibhéil éagsúla cumais do gach duine. Tá Dia ag iarraidh orainn na bronntanais agus na buanna sin a úsáid agus a fhorbairt, agus gan iad a cheilt. Is féidir linn ár mbronntanais agus ár mbuanna a úsáid ar son ár leasa féin, chomh maith le freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile. Nuair a dhéanaimid amhlaidh, cabhraímid leis an domhan a dhéanamh ina áit níos fearr do gach duine agus déanaimid ár gcumas iomlán mar dhaoine a fhorbairt.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheapann tú a raibh súil ag an bhfear go ndéanfadh na seirbhísigh leis an airgead?
- Cén fáth, dar leat, a theastaíonn ó Dhia dúinn ár mbronntanais agus ár gcumas a fhorbairt agus a úsáid, agus gan iad a cheilt mar a cheilt an tríú seirbhíseach a chuid airgid?
- Cad a tharlaíonn dár mbronntanais ó Dhia nuair a úsáidimid iad agus iad a roinnt le daoine eile?
- Cad a tharlaíonn dár mbronntanais agus dár gcumas nuair a dhéanaimid iad a cheilt agus gan iad a úsáid nó a roinnt?
- An gcuireann an scéal seo agus an méid a mhúineann an scéal faoi Nuru an iompála i gcuimhne duit? Conas a dhéanann sé amhlaidh?
- An bhfuil do chuid bronntanas ar eolas agat? Ainmnigh ceann de na bronntanais sin agus tabhair sampla den chaoi a bhféadfá é a úsáid go maith.

**Tá Parabal na dTallann ar leathanaigh 31-32 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an parabal a léamh dóibh féin, chomh maith leis an réamhrá a thagann roimhe, agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### TÁ GACH DUINE AGAINN TALLANNACH!

**Nóta:** *Teastóidh cóip den bhileog oibre (lch 105) 'Ár mBronntanais ó Dhia' (thíos) ó gach grúpa.*

- Roinn na páistí i ngrúpaí de sheisear.
- Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil siad uile uathúil, le bronntanais agus buanna agus cumais éagsúla acu. Toisc gur tréimhse aistrithe é seo idir a mbliain deiridh sa bhunscoil agus an chéad bhliain den mheánscoil, is maith an t-am é machnamh a dhéanamh ar a gcuid bronntanas uathúla.
- Tabhair cóip den bhileog oibre do gach grúpa. Tabhair cuireadh do gach páiste smaoineamh go cúramach ar thréithe carachtar agus buanna gach duine de na páistí eile sa ghrúpa.
- Bí cinnte go roghnaíonn gach páiste duine amháin eile sa ghrúpa – gan páiste ar bith a fhágáil ar lár.
- Nuair a bheidh siad réidh, ainmneoidh gach páiste i ndiaidh a chéile tallann nó cumas (m.sh. sa cheol, san ealaín, sa spórt) a aithníonn siad atá ag an bpáiste a roghnaigh siad. Ag bun na bileoige oibre ainmneoidh siad cáilíocht carachtar (m.sh. foighneach, tuisceanach, cineálta, éisteoir maith) a aithníonn siad atá ag an bpáiste céanna.
- D'fhéadfadh ionadaí ó gach grúpa tuairisciú ar ais don rang, ag lua cuid de na bronntanais agus na cumais a luadh ina ngrúpa.

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá an dán seo **ar leathanach 33 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Bronntanas Dé**

Bhronn Dia bronntanais speisialta orainn chun cabhrú linn gach lá;
Cuid acu suite go domhain laistigh, cuid eile éasca a rá.

Is buanna iad a fhorbraímid, le cleachtadh, le cúram, le ham;
Is luachanna iad a chabhraíonn linn maitheas a scaipeadh le fonn.

Is minic gur cúis náire í a bheith i gcomparáid le daoine eile;
Tá bronntanais gach duine uathúil – níl aon bheirt mar an gcéanna.

Bí buíoch as na nithe a tugadh duit, le húsáid – beidh borradh leo;
Go raibh grá do Dhia 's do dhaoine eile ag fás i do chroí go deo.

Thug Dia a Aonmhac muirneach dúinn, le buanna agus teachtaireacht fhíor; Thug Íosa grá agus Dea-Scéala dúinn, agus leanann sé leis de shíor.

Mar sin, bí flaithiúil i gcónaí – le cleachtadh beidh sé níos fusa;
Mar an bronntanas is mó a bhronn Dia ort ná – 'Sea – fan leis! Sin TUSA.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, déan comhrá leo faoi ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a dhéanann an file cur síos ar na cineálacha éagsúla bronntanas a thugann Dia dúinn?
- Cad a deir sé faoi muid féin a chur i gcomparáid le daoine eile? Cén fáth nach smaoineamh maith é sin a dhéanamh?
- Cén sampla den chaoi ar úsáid Íosa a bhronntanais ar mhaith leis an bhfile go ndéanfar aithris air?
- Dar leis an bhfile cad é an bronntanas is fearr?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### NA BUANNA A BHRONN DIA ORM

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 32 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh cuid de na buanna agus na cumais agus na cáilíochtaí, a d'aithin páistí eile iontu, a chlárú sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. B'fhéidir gur mhaith leo bronntanais ar bith eile, nár luadh thuas, ag na páistí eile agus a aithníonn siad iontu féin a chur leis an liosta.

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó FIÓNA FIOSRACH

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin?

***'Níl sé cóir go bhfuil daoine áirithe níos cumasaí ná daoine eile. Ní féidir liom a thuiscint cén fáth nár thug Dia na bronntanais chéanna dúinn uile.'***

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagairt trí na fáthanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas a thabhairt nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a chur i láthair.



## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh… Smaoinigh ar thallann amháin nó ar cháilíocht speisialta carachtair a aithníonn tú ionat féin… Smaoinigh ar an mbealach a úsáideann tú an bronntanas seo chun cabhrú le daoine eile… Smaoinigh ar an mbealach a chuidíonn an bronntanas seo leatsa freisin… Le do ghuth inmheánach gabh buíochas le Dia as na bronntanais go léir atá faighte agat … Smaoinigh ar feadh nóiméid anois ar bhronntanas ar mhaith leat oibriú air nó a fheabhsú … Le do ghuth inmheánach iarr ar Dhia cabhrú leat an bronntanas seo a fhorbairt ionas gur féidir leat é a úsáid an méid agus is féidir leat… Mar fhocal scoir, gabh buíochas le Dia as na buanna agus na cáilíochtaí carachtair atá ag gach duine i do rang – cáilíochtaí a chuidíonn linn go léir rang iontach a bheith againn … Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Thug Dia bronntanais agus buanna agus cumais uathúla do gach duine againn. Tá Dia ag iarraidh orainn ár mbronntanais a úsáid agus a fhorbairt de réir ár gcumas, díreach mar a rinne an chéad dá sheirbhíseach i bParabal na dTallann lena mbronntanais. Níl Dia ag iarraidh orainn ár mbronntanais a cheilt, cosúil leis an tríú seirbhíseach sa pharabal. Iarrtar orainn a bheith inár seirbhísigh dílse trí cibé bronntanais a tugadh dúinn a úsáid chomh fada agus is féidir linn. Nuair a dhéanaimid é seo, táimid ag cabhrú chun feabhas a chur ar an domhan, mar a d'iarr Íosa orainn.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CÁILÍOCHTAÍ CRÍOSTAÍ

**Nóta:** *Beidh bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil ó gach páiste.*

- Mínigh do na páistí go dteastaíonn uait go ndéanfaidís íomhá a thaispeánann Críostaí. Taispeánfaidh a bpictiúr, ar bhealach éigin, cáilíochtaí duine a leanann Críost. Mar shampla, d'fhéadfaidís imlíne de dhuine le croí mór a tharraingt nó lena lámh sínte amach chun cabhrú le duine eile.
- Níor chóir do na páistí focail a úsáid don chleachtadh seo - líníochtaí agus siombailí amháin. Is féidir leo an oiread tréithe nó cáilíochtaí de Chríostaí agus is mian leo a léiriú. B'fhéidir gur mhaith leo breathnú siar ar an mbileog oibre a bhí acu níos luaithe le haghaidh smaointe ar cháilíochtaí carachtair a d'fhéadfaí cur síos orthu mar thréithe Críostaí.
- Nuair a bheidh an cleachtadh seo críochnaithe ag na páistí, iarr orthu a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus féachaint an féidir leis an rang na cáilíochtaí atá léirithe acu a ainmniú.



- Ag bun an leathanaigh b'fhéidir gur mhaith leo an fotheideal seo a scríobh: 'Go han-mhaith, dea-sheirbhíseach iontaofa thú!'

## PAIDIR

**Nóta:** Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn chun Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh againn, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche. Go seolfaimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a guímid ar a son. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Gach duine:** D'iarr mé neart ar Dhia … agus thug sé deacrachtaí dom chun mé a láidriú.
D'iarr mé eagna ar Dhia … agus thug sé fadhbanna dom le réiteach.
D'iarr mé rathúnas ar Dhia … agus thug sé na bronntanais dom chun é a thuilleamh.
D'iarr mé misneach ar Dhia … agus thug sé baol dom le sárú.
D'iarr mé grá ar Dhia ... agus thug sé daoine trioblóideacha dom chun cabhrú leo.
D'iarr mé fabhair ar Dhia … agus thug sé deiseanna dom.
Ní bhfuair mé rud ar bith a theastaigh uaim ... ach fuair mé gach rud a bhí uaim.
Déanaimid an phaidir seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

**Múinteoir** (*agus an choinneal á mhúchadh ag páiste*): Agus sinn ag féachaint ar solas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, do sholas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Iarrann Íosa orainn maithiúnas a thabhairt

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá gach duine againn ciontach in éagóir; peacaimid go léir. Sa cheacht seo cabhraímid leis na páistí teacht ar thuiscint níos doimhne ar thrócaire agus ar mhaithiúnas Dé. Tabharfaidh Dia maithiúnas dúinn nuair a admhaímid go ndearnamar an rud mícheart agus nuair a deirimid go bhfuil brón orainn. Iarrtar orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile, fiú má rinne siad cion orainn, díreach mar a thugann Dia maithiúnas dúinn. Scrúdaímid Parabal an tSeirbhísigh a bhí dian san éileamh agus freagairt an rí don seirbhíseach nár éirigh leis maithiúnas a thabhairt. Tríd an bparabal seo deir Íosa linn go gcaithfidh Dia linn ar an gcaoi chéanna agus a chaith an rí leis an seirbhíseach a bhí dian san éileamh mura maithimid na daoine a rinne cion orainn.

I Sacraimint an Athmhuintearais tugtar an deis dúinn ár bpeacaí a admháil agus tús úr a chur leis an saol. Faighimid maithiúnas Dé, atá ina mhúnla den chaoi a nglaotar orainn maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile. (Beidh na teidil 'aithrí' agus 'faoistin' cloiste cheana féin ag na páistí ar an sacraimint seo.) Iarrtar orainn féachaint ar Íosa mar eiseamláir maithiúnais. Bhí Íosa mall chun breithiúnas a thabhairt agus gasta chun maithiúnas a thabhairt. Ba é Íosa a mhúin An Phaidir dúinn, ina n-iarraimid ar Dhia 'Maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin'.

B'fhéidir gur maith an rud é athbhreithniú a dhéanamh ar an *Phaidir ag iarraidh Maithiúnais*, an *Phaidir tar éis Maithiúnais*, an *Gníomh Dóláis* agus an *Fhaoistin Choiteann*, a úsáidfear i rith na hurnaí sa cheacht seo. Tá na paidreacha seo go léir ar fáil ar chúl leabhar na bpáistí.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Trócaire:** Taispeánaimid trócaire nuair a mhaithimid do dhaoine eile an drochrud a rinne siad.
- **Sacraimint an Athmhuintearais:** Sacraimint ina ndéanaimid ár bpeacaí a admháil agus ina bhfaighimid maithiúnas Dé.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog de chárta nó páipéar A4 agus ábhair dathúcháin do gach páiste
- Saothar ealaíne na bpáistí 'Bealaí ina thugaimid maithiúnas'

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### CEART AGUS MÍCHEART

Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a thugann siad breith ar cad atá ceart agus cad atá mícheart, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An raibh deacracht agat riamh cinneadh a dhéanamh an raibh rud éigin ceart nó mícheart? Cén deacracht a bhí ann cinneadh a dhéanamh?
- Cad a chuidíonn linn cinntí maithe a dhéanamh? (Ár nguth inmheánach/ár gcoinsiasa) An bhfuil sé éasca i gcónaí ár nguth inmheánach a chloisteáil? Cén fáth go mbíonn sé deacair ár nguth inmheánach a chloisteáil uaireanta?
- An raibh a fhios agat riamh go ndearna tú rud éigin mícheart? Conas a mhothaigh tú faoi sin?

## SCÉAL



**Scéal Athmhuintearais**

Bhí an-áthas ar Rang a Sé i Scoil Naomh Iósaef nuair a d'fhógair Iníon Ní Dhonnchaidh go raibh sí chun comórtas a reáchtáil sa rang. Tugadh sé thicéad di le haghaidh ócáid mór spóirt a bheadh ar siúl ag deireadh na míosa. Bheartaigh sí chun an rang a roinnt i gcúig fhoireann, le seisear páiste i ngach foireann. Bheadh an bua ag an ngrúpa leis na pointí is mó agus gheobhadh siad na ticéid chun freastal ar an ócáid.

Ar ndóigh, an cheist a bhí ag gach duine ansin ná, 'Conas a fhaighimid na pointí?' Mar sin mhínigh Iníon Ní Dhonnchaidh na bealaí ina bhféadfaí pointí a bhaint amach - trí iompar maith, obair bhaile críochnaithe, binsí slachtmhara, ag caitheamh éide na scoile ina iomlán, srl. Bheadh ar gach ball den ghrúpa a dhícheall a dhéanamh, toisc go ndéanfaí pointí gach duine a chomhaireamh. D'fhéadfaí pointí a chailleadh chomh maith, mar sin bhí gach duine faoi bhrú.

Ag deireadh seachtaine rinneadh na pointí a chomhaireamh agus bhí an fhoireann ghorm ag buachan, ach ní le mórán. Bhí 55 pointe acu, bhí 50 pointe ag an bhfoireann ghlas agus bhí an trí fhoireann eile araon ar 45. Bhí áthas ar gach ball den fhoireann ghorm. Roghnaíodh leanbh difriúil gach seachtain chun na pointí a chlárú go laethúil ar an gclár bán idirghníomhach - roghnaíodh Ella ar dtús, ansin Marcas, agus ansin Saoirse agus, ar deireadh, Proinsias.

I seachtain a trí bhí na foirne fós gar go leor, mar sin nuair a tháinig an Aoine agus na pointí á gclárú, bhí ciúnas sa seomra. Bhí baill na foirne glasa cinnte go raibh siad chun tosaigh, ach nuair a chuir Saoirse an scór deiridh agus an t-iomlán bainte amach ar an gclár bán, bhí scairt ón bhfoireann dhearg toisc go raibh siad cúig phointe chun tosaigh. 'Fan nóiméad' a dúirt Pól. Bhí seisean an-mhaith le huimhreacha. 'Bhí mé ag coinneáil súil ar na scóir i mo chóipleabhar agus ba chóir don fhoireann ghlas a bheith chun tosaigh.' 'Déan na pointí a shuimiú arís', a mhol Iníon Ní Dhonnchaidh, agus nuair a rinneadh amhlaidh bhí an fhoireann dhearg fós chun tosaigh. 'Tá brón orm a Phóil', a dúirt Iníon Ní Dhonnchaidh, 'ach is cosúil go ndearna tú botún'- cé go raibh sí beagán amhrasach, mar ní minic a rinne Pól botún le huimhreacha.

Ag am sosa d'iarr Iníon Ní Dhonnchaidh ar Phól ar mhiste leis fanacht thiar sa seomra ranga chun a chuid uimhreacha a sheiceáil leis na huimhreacha a bhí aici féin. Díreach tar éis am sosa, chuir Iníon Ní Dhonnchaidh fáilte mhór roimh an rang. 'Tá fadhb againn,' a dúirt sí. Leis sin, thosaigh Saoirse ag gol. 'Mise a rinne é', a dúirt sí, 'd'athraigh mé na scóir ar an gclár. Tá brón orm. Theastaigh uaim go mbeadh an bua ag mo fhoireann.'

• • •

...

Bhí rí-rá sa seomra ranga agus bhí gach duine trína chéile leis an méid a tharla. Bhí roinnt leanaí ag scairteadh 'cuir amach as an gcomórtas iad', agus ghlaoigh páistí eile 'Caimiléir!' Mhol páiste éigin gur chóir Saoirse a chur ar fionraí. Ansin labhair Iníon Ní Dhonnchaidh. 'Tá rud éigin cearr déanta ag Saoirse anseo inniu agus tá a fhios agam go bhfuil sibh go léir trína chéile faoi. Sula gcinnfidh mé cad ba chóir dom a dhéanamh faoi, ba mhaith liom go ndéanfadh sibh uile bhur súile a dhúnadh agus smaoineamh ar rud éigin mícheart a rinne tú ar dhuine eile nó a ghortaigh duine eile - b'fhéidir duine de do thuismitheoirí, nó duine de do chomharsana.' Bhí ciúnas ann ar feadh tamaill agus ansin dúirt Iníon Ní Dhonnchaidh, 'Smaoinigh ar an duine a rinne tú cion air/uirthi. Cén tionchar a bhí ag do ghníomh orthu? Cén chaoi a cheap tú go bhfreagródh siad tú? Cad a tharla sa deireadh agus conas a mhothaigh tú faoin rud ar fad ina dhiaidh sin?'

Ba é Pól an chéad duine a chuir a lámh in airde. 'Thóg mise roinnt airgid ó sparán mo mhamaí mar theastaigh uaim rud a bhí ag mo chairde a cheannach ach ní raibh an t-airgead agam chun é a fháil. Fuair mo mháthair amach agus bhí náire orm. Dúirt mé go raibh brón orm agus nach ndéanfainn a leithéid arís.

Dúirt mo mháthair liom go mbeadh díomá uirthi dá ndéanfainn a léithéid riamh arís, ach dúirt sí go dtabharfadh sí maithiúnas dom ar an ócáid seo mar chreid sí go raibh brón orm as an méid a bhí déanta agam. Is ansin, bhí a fhios agam go raibh gach rud ceart go leor.' Ansin dúirt Pól, 'Mar sin, sílim gur cheart dúinn go léir maithiúnas a thabhairt do Shaoirse, mar tá amanna ann nach mór dúinn go léir a bheith maite.'

D'fhéach Iníon Ní Dhonnchaidh ar an rang agus d'fhiafraigh sí, 'An aontaíonn aon duine leis an méid a dúirt Pól?' D'aontaigh gach duine agus thug sé seo faoiseamh mór do Shaoirse.

D'fhéach Iníon Ní Dhonnchaidh ar fud an ranga arís agus dúirt sí, 'Tá sin socraithe anois, ach ná déan dearmad riamh ar an méid a tharla inniu, go háirithe nuair a bhíonn an rogha agat duine a mhaitheamh nó gan é a dhéanamh.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 34 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cén duais a bhí ann don fhoireann bhuaiteach?
- Conas a gheobhadh na páistí pointí dá bhfoireann?
- Cén fáth a ndearna Saoirse caimiléireacht?
- Cad a dúirt Saoirse nuair a aimsíodh a caimiléireacht?
- Sula ndearna Iníon Uí Dhonnchaidh cinneadh faoi cad ba cheart a dhéanamh le Saoirse, d'iarr sí ar na páistí machnamh a dhéanamh ar rud éigin. Cén rud?
- Cén scéal óna shaol féin a roinn Pól leis an rang?
- Cad a mhol Pól gur chóir don rang a dhéanamh maidir le Saoirse?
- Cad í an teachtaireacht deiridh a thug Iníon Uí Dhonnchaidh don rang?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** D'fhéadfadh go n-aithneodh páistí áirithe go pearsanta leis an suíomh ina raibh Saoirse féin, nó b'fhéidir go raibh orthu féin maithiúnas a thabhairt do pháiste nó do pháistí eile sa rang. Mar sin bí cúramach maidir leis na ceisteanna seo a leanas.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheapann tú a bhí Iníon Uí Dhonnchaidh ag iarraidh a bhaint amach trí na páistí a chur ag obair i bhfoirne chun pointí a fháil?
- Conas a bhraithfeá faoi Shaoirse dá mbeifeá sa rang sin, ach go háirithe dá mbeifeá sa ghrúpa ba chóir a bheadh ag bua ach ar bhealach éigin nach raibh na pointí agaibh?
- Cén fáth, dar leat, a d'admhaigh Saoirse na scóir a athrú? Cén chaoi a raibh Saoirse ag mothú agus í ag admháil go ndearna sí éagóir?
- An gceapann tú go ndearna sé difríocht nuair a dúirt Saoirse go raibh brón mór uirthi? Cén fáth nó cén fáth nach ndearna?
- An gceapann tú go ndearna an rang an cinneadh ceart maidir le maithiúnas a thabhairt do Saoirse agus an dara seans a thabhairt di? Cén fáth nó cén fáth nach ndearna?
- Conas a mhothaigh na páistí ina dhiaidh sin faoi na rudaí a tharla, meas tú?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### I MBRÓGA SHAOIRSE!

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 34 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh iad féin a chur i mbróga Shaoirse agus roinnt abairtí a chríochnú bunaithe ar an gcaoi ar mhothaigh sí ag na céimeanna éagsúla sa scéal.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh anois agus smaoinigh ar am nuair a rinne tú rud éigin mícheart. Smaoinigh ar an fáth ar ghníomhaigh tú ar an mbealach seo agus ar an dóigh ar mhothaigh tú ina dhiaidh sin. (*Sos*)

Tá Dia réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt dúinn nuair a admhaímid go bhfuilimid mícheart agus go bhfuil brón orainn. (*Sos*)

Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a oscailt anois, seasamh agus bhur gcinn a chromadh, mar a iarraimid maithiúnas ar Dhia. (*Abair an 'Paidir ag iarraidh Maithiúnais' le chéile*)

**Gach duine:** *Paidir ag iarraidh Maithiúnais* (A Dhia, ár nAthair, cabhraigh liom cuimhneamh ar na huaireanta …)

**Múinteoir:** Maitheann Dia ár bpeacaí dúinn agus léiríonn sé trócaire dúinn i Sacraimint an Athmhuintearais. Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh arís agus an uair seo smaoinigh ar dhuine éigin a rinne éagóir ort … duine a bhfuil sé deacair ort maithiúnas a thabhairt dóibh. (*Sos*)

Iarrtar orainn maithiúnas agus trócaire a thaispeáint do dhaoine eile faoi mar a thaispeáineann Dia maithiúnas agus trócaire dúinne. Nuair a guímid *An Phaidir* iarraimid ar Dhia: 'Maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin'. (*Sos*)

Le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cabhrú leat maithiúnas a thabhairt don duine a rinne éagóir ort … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### MÚINEANN ÍOSA DÚINN MAITHIÚNAS A THABHAIRT DO DHAOINE EILE

Anois léigh Parabal an tSeirbhísigh a bhí dian san éileamh mar atá sé ar fáil sa Bhíobla. Tabharfaidh sé seo deis do na páistí machnamh a dhéanamh ar theagasc Íosa faoi mhaithiúnas agus an chaoi a mbaineann sé lena saol féin.


**An Féicheamh a bhí Dian san Éileamh (Matha 18:21-35)**

Tháinig Peadar chuige ansin agus dúirt leis: 'A Thiarna, cé mhéad uair ba cheart dom pardún a thabhairt do mo bhráthair nuair a chiontaíonn i m'aghaidh? Go dtí seacht n-uaire?'

Dúirt Íosa leis: 'Ní go dtí seacht n-uaire a deirimse leat ach go dtí seacht n-uaire seachtód. 'Agus dá réir sin is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag rí arbh áil leis cuntais a réiteach lena chuid seirbhíseach. Agus i dtosach an réitigh dó, tugadh chuige duine a raibh deich míle tallann amuigh air. Agus ó tharla gan an t-íoc a bheith aige, d'ordaigh an máistir é a dhíol, agus a bhean agus a chlann agus a raibh aige, agus an t-íoc a dhéanamh. Mar sin, chaith an seirbhíseach é féin ar lár, agus ag umhlú dó dúirt: 'Bíodh foighne agat liom a mháistir, agus íocfaidh mé an t-iomlán leat.' Agus le barr trua, scaoil máistir an tseirbhísigh sin uaidh é agus mhaith na fiacha dó.

Ag dul amach don seirbhíseach sin, casadh air duine dá chomhsheirbhísigh a raibh céad déanar aige féin air, agus rug sé greim scóige air ag rá: 'Íoc a bhfuil amuigh ort!' Mar sin, chaith a chomhsheirbhíseach é féin ar lár ag achainí air: 'Bíodh foighne agat liom,' ar seisean, 'agus íocfaidh mé leat é.' Ach níorbh áil leis siúd é gan dul agus é theilgean i bpríosún nó go n-íocfadh sé na fiacha. Nuair a chonaic a chomhsheirbhísigh an méid sin, ghabh buaireamh mór iad, agus chuaigh siad ag insint an scéil ar fad dá máistir. Chuir an máistir fios air: 'A sheirbhísigh mhallaithe,' ar seisean, 'mhaith mé féin duitse na fiacha úd ar fad mar go ndearna tú achainí orm. Nár cheart go ndéanfása mar an gcéanna trócaire ar do chomhsheirbhíseach faoi mar a rinne mise trócaire ort?' Agus le barr feirge thug a mháistir suas do na céastúnaigh é nó go n-íocfadh sé na fiacha leis go hiomlán.

Sin é freisin mar a dhéanfaidh m'Athair neamhaí libhse ach mura maitheann gach duine agaibh dá bhráthair féin ó chroí.'



Tar éis duit an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair mar seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 35 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén cheist a chuir Peadar ar Íosa?
- Cén freagra a thug Íosa air?
- Cad a rinne an seirbhíseach sa scéal tar éis don rí na fiacha a bhí air a mhaitheamh dó agus é a ligean saor?
- Cad a rinne an rí nuair a chuala sé faoin rud a bhí déanta ag an seirbhíseach?
- Cad a dúirt Íosa faoina Athair ar neamh tar éis dó an scéal a insint?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh an seirbhíseach ag tús an scéil, dar leat, nuair a mhaith an rí a fhiacha?
- An gceapann tú go raibh sé éasca don rí maithiúnas a thabhairt don fhear seo? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cad a déarfá leis an seirbhíseach seo dá mbuailfeá leis tar éis don rí maithiúnas a thabhairt dó?
- Conas a dhéanfá cur síos ar an gcaoi ar chaith an seirbhíseach seo leis an seirbhíseach eile a d'iarr maithiúnas air?

- Cuimhnigh ar an gcaoi ar iarr Iníon Uí Dhonnchaidh sa scéal 'Scéal Athmhuintearais' ar na páistí sa rang cuimhneamh ar amanna nuair a rinne siad rud mícheart – agus ar an gcaoi ar fhreagair na daoine a ndearna siad éagóir orthu. Cén difríocht, dar leat, a d'fhéadfadh a bheith déanta dá gcuimhneodh an seirbhíseach a bhí dian san éileamh, sa scéal seo, go soiléir ar an gcaoi ar thug an rí maithiúnas dó agus gur léirigh sé trócaire dó?
- Cad a cheap tú a bhí Íosa ag iarraidh ar dhaoine foghlaim ón scéal seo?

**Tá Parabal an tSeirbhísigh a bhí dian san éileamh ar leathanach 35 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ag barr leathanach 36.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### BHÍ MÉ ANN!

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 36 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a shamhlú go raibh siad i láthair nuair a dhiúltaigh an seirbhíseach a bhí dian san éileamh maithiúnas a thabhairt dá chomhsheirbhíseach. Is féidir leo cuntas a scríobh faoin ócáid, ag lua na rudaí a chonaic siad, a chuala siad agus na smaointe a bhí acu.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Samhlaigh gur tusa an seirbhíseach a d'iarr maithiúnas ar an seirbhíseach a bhí dian san éileamh … San áit chiúin seo inar féidir leat labhairt le Dia le do ghuth inmheánach, smaoinigh ar am nuair a rinne tú rud mícheart agus go raibh súil agat go dtabharfaí maithiúnas duit. Cuimhnigh ar conas a mhothaigh tú … Bíonn Dia réidh i gcónaí le maithiúnas a thabhairt dúinn … Dúirt Íosa linn go mbíonn Dia ag súil go maithimid daoine eile faoi mar a thugann sé maithiúnas dúinn. Le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cabhrú leat an eagna agus an misneach a bheith agat i gcónaí maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a chiontaíonn tú … Gabh buíochas le Dia as a ghrá leanúnach agus as trócaire a thaispeáint dúinn … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Trí Pharabal an tSeirbhísigh a bhí dian san éileamh rinne na páistí iniúchadh ar thrócaire agus ar mhaithiúnas Dé agus faoi mar a iarrtar orainn trócaire a thaispeáint do dhaoine eile. Múineann an parabal seo dúinn eolas a chur ar ár laigí féin agus a bheith gasta maithiúnas a thabhairt. Tá Dia i gcónaí réidh le fáilte a chur romhainn ar ais chuige agus tús úr a thabhairt dúinn nuair a bhíonn brón orainn agus ár laigí a admháil. Chuireamar in iúl do na páistí gur féidir leo a bpeacaí a admháil do Dhia agus maithiúnas Dé a fháil i Sacraimint an Athmhuintearais.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### DÉAN CÁRTA MAITHIÚNAIS

**Nóta:** *Beidh bileog de chárta A4 nó páipéar agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.*


- Tabhair bileog páipéir nó cárta do gach páiste agus iarr orthu é a fhilleadh ina dhá leath.
- Mínigh dóibh go bhfuil siad chun 'Cárta Maithiúnas' a dhéanamh a thabharfaidh siad do dhuine a bhfuil aithne acu air/uirthi.
- Is féidir leo ceann amháin de dhá rogha a roghnú.

*Rogha 1:* Teachtaireacht maithiúnais a bheidh anseo do dhuine a rinne cion nó díobháil dóibh ar bhealach éigin.
*Rogha 2:* Iarrfaidh sé seo ar dhuine a ndearna siad cion nó díobháil dó/di maithiúnas a thabhairt dóibh.

- Ar aghaidh an chárta b'fhéidir gur mhaith leo an líne seo a scríobh ón *Phaidir:*

  **Maith dúinn ár bhfiacha ...**

Nó, in éineacht leis na focail sin, d'fhéadfaidís íomhá a tharraingt de dhaoine ag tabhairt barróg dá chéile.



- Ar an taobh istigh den chárta d'fhéadfaidís teachtaireacht ghearr a scríobh mar:

*Rogha 1:* Tugaim maithiúnas duit. Bímis cairde arís.
*Rogha 2:* Tá brón orm. Tabhair maithiúnas dom le do thoil.

- Tabhair cuireadh do na páistí a gcártaí a thabhairt abhaile leo ionas gur féidir leo iad a thabhairt nó a sheoladh chuig an duine a bhfuil sé beartaithe dóibh. Nó b'fhéidir go roghnóidh siad an cárta a thabhairt do pháiste eile sa rang.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH EOIN PÓL II (1920-2005)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Eoin Pól II a léamh **ar leathanach 36 dá leabhar**.
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 36 dá leabhar freisin**:
  - » Cad iad na buanna/luachanna Críostaí a thaispeáin Naomh Eoin Pól II nuair a thug sé maithiúnas don fhear a rinne iarracht é a mharú?
  - » Dúirt Naomh Eoin Pól II: 'Is é an maithiúnas an t-aon bhealach amháin chun na síochána.' Cad a léiríonn na focail seo duit faoin gcineál duine a bhí ann?
  - » Cé chomh maith agus a lean Naomh Eoin Pól II teagasc Íosa maidir le maithiúnas i bParabal an tSeirbhísigh a bhí dian san éileamh?
  - » D'fhill an fear, a rinne iarracht an Pápa a mharú, blianta ina dhiaidh sin chun bláthanna a leagan ar uaigh an Phápa. An gceapann tú go ndeachaigh maithiúnas an Phápa i bhfeidhm ar an bhfear? Cén fáth?
  - » Conas a spreagfadh gníomhartha maiteacha Naomh Eoin Pól II tú?

## PAIDIR

**Nóta:** *Iarr ar na páistí suí i gciorcal in aice leis an spás urnaí, agus a saothar ealaíne 'Bealaí a Thaispeánaimid Maithiúnas' acu. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh cúigear léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*):
Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a guímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Bailímid le chéile inniu chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhaithiúnas Dé agus chun casadh siar ónár bpeacaí. Is é an freagra ar ár nguí ná: *A Dhia, tabhair maithiúnas dúinn agus cabhraigh linn grá a roinnt.*

**Léitheoir 1:** Maidir leis na hamanna a bhíomar ag gníomhú ar bhealach a raibh a fhios againn go raibh sé mícheart.
**Gach duine:** A Dhia, tabhair maithiúnas dúinn agus cabhraigh linn grá a roinnt.

**Léitheoir 2:** Maidir leis na huaireanta a raibh olc agam le duine eile agus nár thug mé maithiúnas dóibh.
**Gach duine:** A Dhia, tabhair maithiúnas dúinn agus cabhraigh linn grá a roinnt.

**Léitheoir 3:** Maidir leis na hamanna a ghortaíomar daoine eile lenár bhfocail.
**Gach duine:** A Dhia, tabhair maithiúnas dúinn agus cabhraigh linn grá a roinnt.

**Léitheoir 4:** Maidir leis na hamanna a ghortaíomar daoine eile go fisiciúil.
**Gach duine:** A Dhia, tabhair maithiúnas dúinn agus cabhraigh linn grá a roinnt.

**Múinteoir:** Éistimis anois le roinnt véarsaí ó salm a dhéanann cur síos ar mhaithiúnas Dé.

**Léitheoir 5:** *As na duibheagáin a ghlaoim ort, a Thiarna;*
*éist, a Thiarna, le mo ghuí.*
*Go n-éiste do chluasa go haireach*
*le mo ghlór ag impí ort.*
*Má fhéachann tú ár gcionta, a Thiarna,*
*a Thiarna, cé rachaidh slán?*
*Ach is leat na peacaí a mhaitheamh;*
*ionas go riarfaí go humhal duit.*
(Salm 130:1-4)

**Múinteoir:** Guímis An Fhaoistin Choiteann le chéile anois.
**Gach duine:** *An Fhaoistin Choiteann* (Admhaím do Dhia uilechumhachtach…)

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas as maithiúnas Dé agus guímid go gcabhróidh Dia linn na bealaí uile a chur i bhfeidhm chun ár maithiúnas, a scríobhamar faoi ar ár mbileoga, a thaispeáint. Gach uair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais faighimid maithiúnas ó Dhia agus tugtar tús úr dúinn.
Guímis an Gníomh Dóláis le chéile anois.
**Gach duine:** *An Gníomh Dóláis* (A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom …)

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*):
De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Taispeánann Íosa an bealach dúinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Breathnaíonn ceacht na seachtaine seo ar an gcaoi a léiríonn Íosa an bealach dúinn - an bealach le maireachtáil i ngrá le Dia agus le daoine eile.

Cuirimid tús leis an gceacht le 'Ceist Mhór': 'Mura bhfuil a fhios agat cá bhfuil tú, an gciallaíonn sé sin go bhfuil tú caillte?' Cuidímid leis na páistí an cheist seo a scrúdú trí scéal darb ainm 'Ella ag siúl sa choill'. Sa scéal seo, cé go mb'fhéidir nach mbeadh a fhios ag Ella conas a bealach a fháil amach as an gcoill, ní mhothaíonn sí 'caillte' mar tá a fhios aici go bhfuil a seanathair ann chun í a chosaint agus a threorú.

Ansin cuirimid na páistí in aithne don sliocht as caibidil 14 den Soiscéal de réir Naomh Eoin ina bhfógraíonn Íosa dá dheisceabail gurb eisean 'an tslí, an fhírinne, agus an bheatha'. Cuirimid na páistí ar a suaimhneas nach gá dóibh riamh a bheith caillte nó ina n-aonar toisc go bhfuil Íosa leo i gcónaí. Is féidir leo muinín a bheith acu as Íosa, atá ann i gcónaí chun iad a chosaint agus a threorú agus an bealach le maireachtáil, mar is mian le Dia, a thaispeáint dóibh.

# Féachaimis ...

## DÉANAIMIS INIÚCHADH

### 'CEIST MHÓR'

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine ar mian leo, freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine chomh luachmhar le freagraí daoine eile.

- Is í an 'Cheist Mhór' ná:

***Mura bhfuil a fhios agat cá bhfuil tú, an gciallaíonn sé sin go bhfuil tú caillte?***

- Spreag na páistí chun machnamh ciúin a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí, ar mian leo, freagra a thabhairt ar an 'gCeist Mhór' agus é a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit a bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh an chiall ann go bhfuil siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?
- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le ráitis roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' – agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanann siad ciúin nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí freagraí a thabhairt ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna den chineál céanna chun iad a spreagadh:

- An féidir libh sampla a thabhairt de rud éigin nó duine a bheith caillte?
- An féidir le daoine a bheith caillte i ngan fhios dóibh féin?
- An mbíonn duine caillte ach amháin in áit nach bhfuil cur amach acu air? Cá háit eile a d'fhéadfadh duine a bheith caillte?
- Cén cineál rudaí a theastaíonn uait nuair a bhíonn tú caillte? An féidir leat samplaí a thabhairt? Conas a d'fhéadfadh gach ceann de na rudaí seo cabhrú leat nuair a bhíonn tú caillte?
- An féidir le daoine cabhrú leat nuair a bhíonn tú caillte? Conas?
- An féidir leat a bheith caillte nuair a bhíonn a fhios agat cá bhfuil tú? Cén chaoi?
- An féidir leat a bheith caillte gan a bheith caillte i ndáiríre? An féidir leat samplaí a thabhairt?

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo – go háirithe ó na dearcaí éagsúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AR AN 'GCEIST MHÓR'

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

# PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Go raibh maith agat, a Thiarna, as bronntanas ár n-intinn fiosracha.
Tugaimid ár gcuid smaointe agus mothúcháin faoi bheith caillte romhat.
Is cuimhin linn an dóigh a ndeachaigh tú chun na caoirigh chaillte a chuardach agus níor éirigh tú as go dtí gur tháinig tú orthu.
Tá go leor bealaí ann le go mbeimid caillte.
Bíonn misneach ag teastáil uainn nuair a bhraithimid caillte.
Bíonn chomhluadar ag teastáil uainn.
Bíonn do threoir ag teastáil uainn.
Go raibh maith agat, a Dhia, as do Mhac a sheoladh chugainn le bheith inár gcompánach agus inár dearthóir.
Tá súil againn go dtaispeánfaidh Íosa an bealach dúinn nuair atáimid caillte.
Go raibh maith agat as bronntanas ár n-aingeal coimhdeachta.
Guímis le chéile anois chun ár n-aingeal coimhdeachta.

**Gach duine:** *Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta*
(A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht …)

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

**Nóta:** *Tá an scéal seo ar leathanach 38 de leabhar na bpáistí.*

### ELLA AG SIÚL SAN FHORAOIS



Tráthnóna álainn san earrach a bhí ann. Bhí na crainn ag tosú ag caitheamh scáthanna fada agus bhí na héin ag glaoch ar a chéile de réir mar a rinne siad a mbealach abhaile go dtí barr na gcrann. Bhí Ella agus a seanathair ag siúl agus ag comhrá le chéile ar feadh beagnach uair an chloig.

Ba mhaith le hElla a bheith ag siúl sa choill lena seanathair. Bhí neart eolais aige faoi na plandaí go léir agus chuir sé a n-ainmneacha Laidine orthu. Mhínigh sé do Ella faoi ghnáthóga na n-ainmhithe agus d'fhéadfadh sé an chuid is mó de na héin a aithint trína n-amhrán. Chuir sé iontas ar Ella go bhféadfadh sé na crainn a aithint óna nduilleoga, agus bhí sí féin ag éirí níos fearr chun iad a aithint freisin.

'Ceapaim go bhfuil sé in am dúinn a bheith ag dul abhaile,' a dúirt Daideo, ag tabhairt faoi deara go raibh sé ag éirí dorcha. 'Beidh amhras ar do mháthair má bhímid déanach.'

'Ní bheidh amhras uirthi,' arsa Ella. 'Is breá léi mé a fheiceáil amach san aer úr agus ar shiúl ón dteilifís.'

'Ceart go leor,' arsa Daideo, agus miongháire ar a aghaidh, 'caithimid fiche nóiméad eile anseo.' Bhí áthas air go raibh spéis ag Ella sa dúlra mórthimpeall uirthi, agus thaitin sé leis an t-eolas a fuair sé i rith a shaoil a roinnt léi.

Nuair a shroich siad an abhainn, thaispeáin Daideo poll madra uisce di a bhí ar bhruach na habhann faoi chrann sailí. Mhínigh sé di go dtógann na madraí uisce a dtithe i gcónaí in áit atá faoi dhídean agus go mbíonn níos mó ná bealach isteach amháin ann i gcónaí ionas gur féidir leo éalú go héasca. Bhí ionadh ar Ella.

Shiúil siad ar aghaidh. Go tobann d'iarr Daideo uirthi, 'An bhfuil eolas na slí ar ais go dtí an bóthar agat?' 'Níl, níl leid agam,' a d'fhreagair Ella. Bhí imní ar Dhaideo anois agus dúirt sé, 'Táimid ar strae, más ea, Ella.'

D'fhéach Ella isteach ina shúile ciallmhara agus í ag gáire. Thóg sí a lámh agus dúirt, 'Níl, níl mise ar strae, a Dhaideo. Ní féidir liom a bheith ar strae. Táim leatsa.'

Mar sin chabhraigh siad lena chéile chun an cosán ar a tháinig siad a aimsiú arís. Rinne siad é seo trí na rudaí a thug siad faoi deara ar a mbealach a chuardach arís … agus sa deireadh shroich siad an baile.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 39 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth ar bhain Ella taitneamh as a bheith in éineacht lena seanathair?
- Ainmnigh aon cheann de na rudaí a chonaic, nó a chuala, Ella agus a seanathair le linn dóibh a bheith ag siúl tríd an gcoill.
- Cén fáth a ndúirt seanathair Ella go raibh sé in am dóibh dul abhaile?
- Cén fáth nár mhothaigh Ella go raibh sí ar strae, cé nach raibh siad cinnte faoin mbealach abhaile?
- Cad a chabhraigh leo a mbealach abhaile a aimsiú?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go raibh muinín ag Ella as a seanathair? Cén fáth?
- Cad a chiallaíonn sé nuair a deir tú go bhfuil muinín agat as duine?
- An gceapann tú go raibh grá ag seanathair Ella di? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Má tá muinín agat as duine, an laghdaíonn sé do eagla agus an dtugann sé níos mó muiníne duit? Cén fáth, dar leat?

**Tá an scéal 'Ella ag siúl sa choill' ar leathanach 38 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …'.**

# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## TAISPEÁNANN ÍOSA AN BEALACH DÚINN

Sa scéal seo a leanas ón Soiscéal de réir Eoin, insíonn Íosa dá dheisceabail go dtaispeánfaidh sé an bealach chuig an Athair dóibh agus go múinfidh sé dóibh na rudaí a chaithfidh siad a dhéanamh chun é a bhaint amach.

**Íosa, An Bealach chun an Athar (Eoin 14:6-12)**

Dúirt Íosa (lena dheisceabail): 'Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha.
Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa. Dá mbeadh aithne agaibh ormsa, d'aithneodh sibh m'Athair chomh maith. Tá aithne agaibh air feasta, agus tá radharc faighte agaibh air.'

Dúirt Pilib leis: 'A Thiarna, taispeáin dúinn an tAthair agus is leor dúinn sin.' Dúirt Íosa leis: 'An bhfuilim an fad sin aimsire, a Philib, in bhur measc agus gan aithne agat orm? An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair… Na briathra a labhraímse libh, ní uaim féin a labhraím iad, ach an tAthair atá ina chónaí ionamsa, eisean a dhéanann na hoibreacha. Creidigí uaimse é go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa. Nó murab é sin, creidigí mar gheall ar na hoibreacha féin. Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideann ionamsa, na hoibreacha a dhéanaimse, déanfaidh seisean iad chomh maith, agus déanfaidh sé oibreacha is mó ná iad; mar táimse ag dul chun an Athar.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair mar seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 39 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cad iad na focail a d'úsáid Íosa chun cur síos a dhéanamh air féin dá dheisceabail? Dúirt sé gurbh eisean …
- Bhí iontas ar dhuine de na deisceabail nuair a chuala sé focail Íosa. Cérbh é sin?
- Cé hé 'an tAthair' a ndéanann Íosa tagairt dó sa sliocht thuas?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Sa scéal 'Ella ag siúl sa choill,' bhí muinín ag Ella go bhfaigheadh a seanathair an bealach amach ón gcoill, mar sin ní raibh aon eagla uirthi. Cé a iarrann Íosa ar a dheisceabail muinín a bheith acu as chun iad a threorú ar an gcosán ceart?
- Dúirt Íosa, 'Is mise an tslí, an fhírinne, agus an bheatha; Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.' Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Íosa leis na focail sin? *(Nuair a dúirt sé leo, 'Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha', bhí sé ag tabhairt cuireadh dóibh an bealach a fháil chun an Athar trí amharc air agus aithris a dhéanamh air.)*
- Mura sheol Dia Íosa chugainn chun muid a threorú, chun 'an bealach' le maireachtáil a thaispeáint dúinn, an mbeadh sé níos deacra dúinn Dia a aimsiú nó tuiscint a fháil ar an gcaoi ar chóir dúinn maireachtáil? Cén fáth, dar leat?
- An féidir leat smaoineamh ar aon samplaí den 'tslí, den fhírinne, agus den bheatha' a léirigh Íosa dúinn trína fhocail agus a ghníomhartha?

**Tá an sliocht ó na Scrioptúir 'Íosa, an Bealach chuig an Athair' ar leathanach 39 de leabhar na leanaí. Spreag na páistí an sliocht a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 40.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Lig do do chosa a bheith réidh ar an urlár. Bí ar an eolas faoi d'anáil agus tú ag análú isteach agus amach … Samhlaigh duit féin an radharc sa scéal 'Ella ag siúl sa choill' agus Ella agus a seanathair ag breathnú ar an gcoill. Éist le fuaimeanna na n-éan agus le siosarnach na gcrann … Éist le comhrá sona Ella agus iad ag siúl le chéile … Déan iarracht a mhothú conas a bhraith Ella slán sábháilte i gcuideachta a seanathair … Smaoinigh ar dhuine éigin i do theaghlach a bhfuil aithne acu ort chomh maith is a bhí aithne ag seanathair Ella uirthi féin … Is minic a bhíonn a fhios acu conas a mhothaíonn tú fiú sula n-insíonn tú dóibh é … Tá aithne níos fearr ag Íosa orainn ná mar atá aithne againn orainn féin agus teastaíonn uaidh an bealach a thaispeáint dúinn chuig Dia an tAthair. Déanann na línte seo a leanas ó Salm 139 cur síos ar an mbealach a bhfuil aithne ag Dia orainn:

*Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé,*
*más luí dom, más suí dom, is eol duit é;*
*is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.*
*Más siúl dom, más suan dom, feiceann tú;*
*is eol duit mo shlite go léir.*
*Sula gcluintear focal ar mo theanga,*
*a Thiarna, is eol duit ar fad é.*
*Imdhruideann tú ar chúl is ar bhéal mé;*
*agus leagann tú do lámh orm de shíor.*

Coinnigh do shúile dúnta agus mothaigh suaimhneas ghrá Dé timpeall ort … Iarr ar Dhia a bheith leat ar scoil agus de réir mar a bhíonn tú ag obair, ag ligean do scíth agus ag súgradh … Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, guí ar son duine a bhfuil aithne agat orthu a d'fhéadfadh a bheith caillte nó éiginnte maidir leis an mbealach amach rompu ... éiginnte, mar shampla, faoi dhul go dtí an mheánscoil ... éiginnte faoi an féidir leo muinín a bheith acu as a gcairde ... éiginnte faoi cad atá le déanamh acu faoi rud éigin ... éiginnte faoi cá háit le cúnamh a lorg ... Mothaigh láithreacht agus cúram Dé sa chiúnas agus tú ag guí … Agus deireadh ag teacht leis an urnaí chiúin seo, gabh buíochas le Dia as Íosa a sheoladh chugainn chun an bealach a thaispeáint dúinn … Glac trí anáil dhomhain agus tú ag ullmhú le teacht ar ais chuig do lá ar scoil … Agus tú ag easanálú, lig amach aon rud atá ag déanamh buartha duit faoi láthair … Agus tú ag análú isteach, mothaigh solas ag teacht chugat mar a neartaíonn agus mar a chosnaíonn Dia tú, ag tabhairt misneach duit agus tú ag dul ar aghaidh leis an chuid eile de do lá… Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Díríonn an chuid seo den gceacht ar an gcaoi a mbeidh na páistí 'iontu féin' mar thoradh ar na léargais a fuair siad ó scrúdú na seachtaine.

Inár 'gCeist Mhór' rinneamar scrúdú ar an méid atá i gceist nuair a mhothaíonn duine a bheith caillte. Fuaireamar amach, nuair a bhíonn duine ann ar féidir linn muinín a bheith againn astu, nach gá dúinn a bheith caillte a thuilleadh. Dúirt Íosa, 'Is mise an tslí, an fhírinne, agus an bheatha.' Is féidir linn muinín a bheith againn as Íosa, agus a fhios againn nach mbeimid caillte i ndáiríre riamh toisc go mbíonn sé linn. Taispeánfaidh sé an bealach chuig an Athar ar neamh dúinn. Is eisean 'an tslí, an fhírinne, agus an bheatha'. Ciallaíonn sé seo má dhéanaimid aithris ar an mbealach a ghníomhaigh Íosa agus ar an mbealach a chaith sé le daoine, beimid ar an mbealach chuig an Athar.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH LOUISE DE MARILLAC (1591-1660)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Louise de Marillac a léamh **ar leathanach 40 dá leabhar**.
- Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 40 dá leabhar freisin**:
  - » Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Naomh Louise de Marillac sa bhealach ar mhair sí?
  - » Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i saol Naomh Louise de Marillac.
  - » Conas a léirigh Naomh Louise de Marillac gur laoch Críostaí a bhí inti?
  - » Dúirt Naomh Louise, 'Ní mór dúinn beatha Íosa Críost a bheith os ár gcomhair amach i gcónaí. Glaoitear orainn aithris a dhéanamh ar an mbeatha seo.' Cén chaoi a spreagfadh a beatha agus a saothar tú?

## PAIDIR

**Ullmhúchán:** *Bí cinnte go bhfuil saothar ealaíne na bpáistí dar teideal 'Lean Íosa!' ar taispeáint sa spás urnaí. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu. Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Tabhair chun cuimhne gurb é Íosa an tslí, an fhírinne agus an bheatha. A Thiarna, iarraimid ort an tslí a thaispeáint dúinn, chun cabhrú linn an fhírinne a leanúint agus chun ár saol a threorú.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir:** Éistfimid anois le sliocht ón Soiscéal de réir Eoin, ina n-insíonn Íosa dá dheisceabail go dtaispeánfaidh sé dóibh an bealach chuig an Athair agus go múinfidh sé dóibh cad is gá dóibh a dhéanamh chun dul ann. Deir Íosa na focail chéanna sin le gach duine againn inniu. Ní gá dúinn a bheith caillte agus eaglach riamh toisc go mbíonn Íosa linn i gcónaí chun an bealach a thaispeáint dúinn.

**Léitheoir 1:** Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Eoin.

**Gach duine:** Glóir duit, a Thiarna.

**Léitheoir 1:** *Dúirt Íosa [lena dheisceabail]:*
*'Is mise an tslí, an fhírinne agus an bheatha. Ní thagann aon duine go dtí an tAthair ach tríomsa.*
*Dá mbeadh aithne agaibh ormsa, d'aithneodh sibh m'Athair chomh maith. Tá aithne agaibh air feasta, agus tá radharc faighte agaibh air.' Dúirt Pilib leis: 'A Thiarna, taispeáin dúinn an tAthair agus is leor dúinn sin.' Dúirt Íosa leis: 'An bhfuilim an fad sin aimsire, a Philib, in bhur measc agus gan aithne agat orm? An té a chonaic mise, chonaic sé an tAthair. Conas, mar sin, a deir tú:*
*'Taispeáin dúinn an tAthair'?*
*Nach gcreideann tú go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa? Na briathra a labhraímse libh, ní uaim féin a labhraím iad, ach an tAthair atá ina chónaí ionamsa, eisean a dhéanann na hoibreacha.*
*Creidigí uaimse é go bhfuilimse san Athair agus an tAthair ionamsa. Nó murab é sin, creidigí mar gheall ar na hoibreacha féin.*
*Amen, Amen, a deirim libh, an té a chreideann ionamsa, na hoibreacha a dhéanaimse, déanfaidh seisean iad chomh maith, agus déanfaidh sé oibreacha is mó ná iad; mar táimse ag dul chun an Athar.*
*Cibé ní a iarrfaidh sibh i m'ainm déanfaidh mé é, i dtreo go dtabharfaí glóir don Athair tríd an Mac.*
*Má iarrann sibh aon ní orm i m'ainm, déanfaidh mé é.*
(Eoin 14:6-12)

Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Is é an freagra ar ár gcuid paidreacha inniu ná: A Íosa, tabhair eolas na slí dúinn.
**Gach duine:** A Íosa, tabhair eolas na slí dúinn.

**Léitheoir 2:** A Thiarna, cuidigh linn nuair a bhraithimid caillte agus aonarach.
**Gach duine:** A Íosa, tabhair eolas na slí dúinn.

**Léitheoir 3:** A Thiarna, cuidigh linn a bheith macánta inár bhfocail agus inár ngníomhartha uile.
**Gach duine:** A Íosa, tabhair eolas na slí dúinn.

**Léitheoir 4:** A Thiarna, cuidigh linn a bheith flaithiúil agus grámhar i leith daoine eile.
**Gach duine:** A Íosa, tabhair eolas na slí dúinn.

**Múinteoir:** Anois, le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia an méid atá uait inniu agus gabh buíochas leis as Íosa a sheoladh chugainn chun bheith inár gcara, ár gcúntóir agus ár dtreoraí. (*Sos*)

**Múinteoir:** A Thiarna, go bhfoghlaimeoimid ó do ghníomhartha. Go mbeimid spreagtha ag do chuid focal. Go bhféadfaimis siúl in éineacht leat.
**Gach duine:** Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ár mBronntanais ó Dhia

**Buanna agus Cumais**

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Tá____________________go maith ag ____________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

**Cáilíochtaí Carachtair**

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

Duine __________________is ea ____________________________. Is bronntanas ó Dhia é seo.

# Téama 4: An Aidbhint agus an Nollaig

Ceacht 1: An Aidbhint: Ullmhaímid chun fáilte a chur roimh ár Slánaitheoir ........ 174
Ceacht 2: An Nollaig: Ceiliúraimid breith Íosa ........ 185

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Bhí an oiread sin grá ag Dia dúinn gur chuir sé a Mhac Íosa ar an saol le go mbeadh sé daonna i ngach gné ach an peaca (an tIonchollú).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Is ionann Íosa agus "*Tá Dia linn*" (Ímeánúéil) (Eoin 3:16-17; DV 4; ChEC 484, 744).

**Muire**

- Ghlac Muire lena ról i bplean Dé don slánú nuair a ghlac sí go toilteanach lena cúram le a bheith mar mháthair Dé.

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Is é Íosa Críost slánaitheoir an chine dhaonna ar fad (Rómh 8:32; NA 2).

### BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Insíonn Scrioptúir na nEabhrach dúinn faoin am a bhíothas ag fanacht le teacht an tSlánaitheora, a tháinig chun críche i dteacht Íosa.

### AN SCRIOPTÚR NAOFA

*Breith agus Óige Íosa*

- • Mth 2:1-11. Féile na hEipeafáine: Ionannas Íosa nochtaithe.

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Ceiliúrann an Aidbhint agus an Nollaig gealltúint Dé don Slánaitheoir, a chomhlíonadh i gCríost, an Meisias (ChEC 524).
- Crann Ieise.
- Tráth í an Nollaig chun breith Íosa Críost, an Meisias, a cheiliúradh.
- Um Nollaig comhlíonann Dia a ghealltúint, Íosa a chur ar an saol, le bheith linn agus chun sonas agus síocháin a thabhairt don chine daonna.

# Ceacht 1: An Aidbhint: Ullmhaímid chun fáilte a chur roimh ár Slánaitheoir

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is í an Aidbhint tús bliain na hEaglaise agus is tréimhse ullmhúcháin an-tábhachtach í do bhreith Íosa. San Aidbhint tugaimid chun chuimhne an t-am nuair a bhí muintir an tSean-Tiomna ag fanacht le teacht an Mheisias. Ciallaíonn an focal 'Aidbhint' 'teacht' - tá Íosa, Slánaitheoir an domhain, ag teacht isteach inár gcroí.

Tá ceithre Dhomhnach san Aidbhint, atá cosúil le clocha míle ag marcáil na seachtainí roimh an Nollaig. Léiríonn na trí choinnle corcra agus an choinneal ar dhath an róis na seachtainí seo ar fleasc na hAidbhinte. Déantar coinneal amháin a lasadh gach Domhnach, agus an ceann daite á lasadh ar an tríú Domhnach, ar a dtugtar Domhnach an Ghairdis air. Déanaimid lúcháir ar an tríú Domhnach den Aidbhint toisc go bhfuil ár gcuid ama ag fanacht agus ag ullmhú beagnach thart - tá breith Íosa le feiceáil.

Rinne Íseáia, fáidh, tuar faoi bhreith Íosa, an Slánaitheoir, seacht gcéad bliain sular tharla sé. Mar sin, agus muid ag ullmhú chun breith Íosa a cheiliúradh, táimid ar aon intinn le muintir an tSean-Tiomna a chreid go gcuirfeadh Dia Meisias, Slánaitheoir chucu.

Sa lá atá inniu ann, is gnách go mbíonn íomhánna tuata den Nollaig, siopadóireacht, ceol agus féilte chun tosaigh i rith shéasúr na hAidbhinte. Is minic a bhíonn daoine tuirseach den fuadar ar fad sula dtagann an Nollaig. Tugtar dúshlán dúinn díriú ar fhíor-bhrí na Nollag, mar cheiliúradh ar chomhlíonadh ghealltanas Dé Slánaitheoir a sheoladh, agus am chun ár gcroí agus ár dtithe a ullmhú le haghaidh teacht Íosa.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Aidbhint:** An chéad séasúr sa Bhliain Liotúirgeach. Ciallaíonn an focal 'Aidbhint' 'teacht'. Ceithre seachtaine atá san Aidbhint. Críochnaíonn an Aidbhint ar Lá Nollag, nuair a cheiliúraimid breith Íosa. Le linn na hAidbhinte, iarrann an Eaglais orainn muid féin a ullmhú chun fáilte a chur roimh Íosa inár gcroí um Nollaig. Iarrann an Eaglais orainn smaoineamh ar dheireadh an domhain freisin, nuair a thiocfaidh Críost arís chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
- **Slánaitheoir:** Déanann an téarma seo cur síos ar 'duine a shábhálann'. Glaoimid ár Slánaitheoir ar Íosa toisc go bhfuair sé bás chun sinn a shábháil ónár bpeacaí agus chun sinn a thabhairt ar ais chuig Dia.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Brainse mór le go leor craobhóga air curtha i bpota trom. Beidh ort na siombailí a chuirtear ar Chrann Jesse a ghearradh amach (Féach leathanach 43 de leabhar na bpáistí)
- Páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI RUDAÍ A ULLMHAÍMID DÓIBH

Déan comhrá leis na páistí faoi na cineálacha rudaí a ullmhaíonn siad dóibh agus faoin gcaoi a n-ullmhaíonn siad, ag úsáid na gceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén cineál rudaí a ullmhaíonn tú dóibh - sa bhaile nó ar scoil? An féidir leat smaoineamh ar roinnt samplaí? Inis dúinn faoi chuid de na bealaí a ullmhaíonn tú le haghaidh rudaí.
- Cad iad na cineálacha rudaí a gcaithfidh tú fanacht leo? Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar am feithimh?
- An bhfuil rudaí áirithe ann atá níos fearr mar go gcaithfidh tú ullmhú dóibh, nó arbh fhearr leat dá bhféadfá gach rud a bheith agat láithreach, agus gan fanacht riamh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

## SCÉAL

### Ná Scrios an t-Iontas

Bhí an cúpla, Orla agus Cian, ag imirt FIFA ar an Xbox tráthnóna Dé Sathairn nuair a shiúil a máthair, Sorcha, isteach agus dúirt: 'Tar isteach sa chistin, tá rud éigin a theastaíonn uaim a rá libh.' 'Á, a Mham' a dúirt an bheirt ag gearán. 'Tabharfaidh mé cúig nóiméad daoibh,' a d'fhreagair a máthair, agus í ag siúl an doras amach. 'Gan aon argóintí!'

Nuair a tháinig siad isteach sa chistin, bhí ionadh ar an gcúpla nuair a chonaic siad a máthair agus a máthair mhór ina suí ag an mbord le mionghháire ar a n-aghaidheanna. 'Cén scéal?' arsa Orla. 'Suigh anseo in aice liom,' a dúirt a máthair mhór, ag léiriú an dá shuíochán ar gach taobh di ag an mbord. Shuigh an bheirt acu síos agus d'fhéach siad ar a chéile, agus ionadh orthu leis an méid a bhí ar siúl. 'Anois, a mháthair mhór, cén scéal atá ann?' arsa Cian.

'Tá ábhar iontais againn daoibh,' a dúirt a máthair, 'ach ní féidir linn a rá libh cad é atá ann go fóill.' 'Cén fáth?' a d'iarr an cúpla le chéile. 'Toisc gur rud speisialta atá ann, agus caithfimid roinnt ullmhúchán a dhéanamh ar dtús.' 'An bhfuil leanbh le bheith agat?' arsa Orla. 'Níl' a d'fhreagair a mam, ag gáire. Ansin ghháir siad go léir agus dúirt Cian, 'Á, abair linn, cad atá ann?' 'Caithfidh sibh a bheith foighneach,' a dúirt a máthair. 'Idir an dá linn, is é an chéad rud a chaithfimid a dhéanamh ná an garáiste a ghlanadh.' 'Ach tógfaidh sé sin i bhfad,' a dúirt Orla i nguth gruama,'tá súil agam gur fiú dúinn é.'

Mar sin, don chuid eile den tseachtain chabhraigh an teaghlach ar fad an garáiste a ghlanadh, go dtí go raibh sé thar a bheith glan sa deireadh.



Ar an Satharn ina dhiaidh sin shuigh an teaghlach ag bord na cistine arís chun an chéad chéim eile den iontas a phlé. 'Anois, ní féidir libh ach ceist amháin a chur orm faoin méid atá ag tarlú, mar sin bí cinnte go n-aontaíonn sibh ar an gceist,' arsa Mam, 'agus ansin ní bheidh sibh in ann ceist eile a chur go ceann seachtaine.' Thosaigh an cúpla ag cogar le chéile ar feadh cúpla nóiméad agus ansin d'iarr Cian, 'An bhfuilimid chun seomra a dhéanamh as an ngaráiste?' 'Níl,' arsa Mam. 'Ní sin atá i gceist.' Lig an cúpla osna astu. Lean a máthair, 'An tseachtain seo ní mór dúinn an fál a shocrú ar thaobh an tí agus é a phéinteáil. 'Ní maith liom a bheith ag fanacht,' arsa Orla. 'Geallaimid daoibh go mbeidh áthas oraibh,' arsa a máthair mhór, agus mionghháire uirthi.

Bhí an fál ag taobh an tí tar éis titim i stoirm le déanaí agus bhí sé fós ina luí ar an talamh. Le chéile phioc siad aníos é agus thiomáin siad na postaí ar ais isteach sa talamh. Ansin phéinteáil Cian agus Orla é, mar aon leis an ngeata. Bhí an obair críochnaithe ar an Aoine, agus dúirt Cian lena mháthair, 'Measaimid go bhfuil a fhios

• • •

againn cén iontas atá ann.' 'Ceart go leor,' a d'fhreagair sí, 'ach cuimhnigh, nach bhfuil ach ceist amháin agaibh, mar sin smaoinigh air.' 'An bhfuil ár gcol ceathracha ó Mheiriceá ag teacht ar cuairt?' a d'iarr Orla. 'Chualamar tú ag caint le Nóra ar an nguthán, agus an uair dheireanach a tháinig siad ar cuairt, ní raibh aon spás ann don charr a bhí ar cíos ach, mar sin beidh an garáiste ag teastáil uathu,' a mhol Cian. 'Is buille faoi thuairim maith é sin, ach níl sé ceart,' arsa a mháthair.

Ansin dúirt a máthair leo gurb é an jab deiridh a bheadh orthu le déanamh ná roinnt rudaí a cheannach sna siopaí. 'Ach ní féidir linn é sin a dhéanamh go dtí Dé Céadaoin,' a dúirt sí,'mar sin tá eagla orm go gcaithfidh sibh fanacht go dtí sin.' Bhí an cúpla trína chéile anois.

Níos déanaí an tráthnóna sin, tháinig a col ceathrar Fearghal ar cuairt. Bhí sé dhá bhliain níos sine ná an cúpla. D'iarr sé orthu teacht isteach sa seomra suí agus, ag laghdú a ghuth, dúirt sé, 'tá a fhios agam cén iontas atá ann. Ar mhaith libh go mbeadh sé ar eolas agaibh?' 'Ní hea, ná h'abair linn é,' arsa Cian agus Orla le chéile.

'Ná scrios an t-iontas,' arsa Cian, ag clúdach a chluasa. 'Ná h'inis aon rud dúinn,' a dúirt Orla. Bhí díomá ar Fearghal ach ní dúirt sé a thuilleadh.

Tháinig Dé Céadaoin ar deireadh. Rith Cian agus Orla as an scoil agus isteach leo sa charr. Bhí a máthair mhór chun tosaigh lena máthair agus, de réir mar a thiomáin siad ar aghaidh, d'fhiafraigh sí, 'An bhfuil sibh ar bís?' 'Táimid,' a d'fhreagair an bheirt acu le chéile.

Pháirceáil siad ag an ionad siopadóireachta díreach trasna ó siopa na bpeataí. 'An bhfuil peata le fáil againn?' a d'iarr siad le fonn. 'Bhuel tá, ach ní tharlóidh sé inniu,' a dúirt Mam. 'Ar dtús caithfimid coiléar, iall, conchró agus roinnt bia a fháil.' 'Madra?' a scairt an cúpla le chéile, agus d'fhéadfá a fheiceáil go raibh a máthair mhór ar bís le háthas.

An tseachtain dár gcionn chuaigh an teaghlach chuig tearmann na madraí chun a gcoileán nua a bhailiú. Bhí ainm roghnaithe ag na páistí di cheana féin - Dusky! Bhí an t-ainm oiriúnach, mar bhí sí bog agus órga le súile móra donna. D'inis an cúntóir ag an tearmann dóibh conas ba chóir dóibh aire a thabhairt don mhadra agus thug sé bileog treoracha dóibh faoi bheathú, feidhmiú agus oiliúint. Gheall an cúpla go dtabharfaidís aire mhaith do Dusky. Ansin thóg an bheirt seal sa charr Dusky a chuimilt ar an mbealach abhaile. 'Go raibh míle maith agat,' a dúirt siad arís agus arís eile. 'B'fhiú fanacht le Dusky.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na cinn seo a leanas, atá ar leathanach 42 de leabhar na bpáistí freisin:

- Cad iad na rudaí a bhí le déanamh ag na páistí chun ullmhú dá 'n-iontas'?
- Cad dó na hullmhúcháin, dar leis na páistí?
- Cérbh é Fearghal agus cén fáth a raibh díomá air?
- Cad a gheall an cúpla go ndéanfadh siad?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh an cúpla nuair a dúirt a Mam leo go raibh iontas aici dóibh ach nárbh fhéidir léi a rá leo cad a bhí i gceist láithreach? Ar tharla a leithéid duit riamh? Cathain/Conas?
- An gceapann tú go mbeadh na páistí sásta an garáiste a ghlanadh agus an fál a shocrú dá bhfaighidís an coileán láithreach? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- An gceapann tú go raibh an t-eispéireas ar choileán a fháil níos fearr nó níos measa trí bheith ag fanacht leis? Cén fáth, dar leat?
- An gceapann tú go raibh Fergal ag iarraidh an t-iontas a mhilleadh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú? Conas a dhéanfá cur síos ar mhothúcháin Fergal?
- D'aontaigh an cúpla gur fiú go mór fanacht le 'Dusky'. Cad iad na rudaí eile sa saol ar fiú fanacht leo? Cad iad na rudaí nach mór dúinn fanacht leo i ndáiríre? (m.sh. dul isteach sa mheánscoil; a bheith i do dhéagóir; lá an chluiche nó ócáid mhór eile)

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

Múinteoir (agus an choinneal á lasadh): Agus an choinneal á lasadh againn cuimhnímid go bhfuil Dia linn. Bímis ciúin agus socair agus sinn ag tabhairt an méid atá uainn os comhair an Tiarna.

**Léitheoir 1:** A Dhia ghrámhair, bíonn sé deacair a bheith foighneach uaireanta. Bíonn gach rud ag teastáil uainn láithreach bonn agus ní mian linn fanacht. Cabhraigh linn foghlaim conas muinín a bheith againn asat agus fanacht go foighneach. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Uaireanta bíonn sé deacair oibriú i dtreo an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach sa saol. A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn oibir go dian chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus leanúint ar aghaidh nuair a bhíonn sé deacair. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a bheith buíoch. Tá an oiread sin againn agus is minic nach mbíonn meas againn air. Teastaíonn níos mó agus níos mó uainn i gcónaí. Tabhair bronntanas an bhuíochais dúinn ionas gur féidir linn a fheiceáil cé chomh ámharach is atáimid. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Éistfimid anois leis na focail a d'úsáid an fáidh Íseáia chun labhairt faoin méid a tharlódh nuair a thiocfadh Íosa ar an saol.

**Léitheoir 4:** *Tá spiorad an Tiarna ag lonnú air,*
*spiorad na heagna agus na tuisceana,*
*spiorad na comhairle agus na cumhachta,*
*spiorad an eolais agus eagla an Tiarna.*
*(In eagla an Tiarna is ea tá a dhúil.)*
*Ní thugann sé breith de réir na cosúlachta,*
*ná ní chuireann tuairim de ar scéal scéil.*
*Ach déanann sé cóir agus ceart do na dealbha*
*agus tugann breithiúnas cothrom i leith dearóile na tíre.*
*Bata is ea a bhriathar a bhuaileann an t anduine,*
*agus gaoth an fhocail uaidh, maraíonn sé an t urchóideach.*
(Íseáia 11:2-4)

**Múinteoir:** *Guímis an Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta* le chéile anois.
Gach duine: A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

**Múinteoir:** Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOIN AIDBHINT

- Tosaigh tríd an bhfocal 'Aidbhint' a scríobh ar an gclár bán/dubh agus iarr ar na páistí an méid atá ar eolas acu faoi.
- Scríobh na focail a thugann na páistí duit timpeall an fhocail 'Aidbhint'. (*m.sh. 'ag fanacht', 'ullmhúchán', 'fleasc/coinnle Aidbhinte', 'roimh an Nollaig', 'ceithre sheachtain', 'Nollaig'*)
- Tabhair cuireadh do pháiste an sainmhíniú ar 'Aidbhint' sna 'Eochairfhocail' a léamh os ard **ar leathanach 42 de leabhar na bpáistí**.
- Tabhair an scéal 'Ná scrios an t-Iontas!' chun chuimhne ina raibh na páistí ag ullmhú agus ag fanacht le rud éigin speisialta. Fiafraigh de na páistí an gcuireann/conas a chuireann na himeachtaí sa scéal an Aidbhint i gcuimhne dóibh.
- Faoi dheireadh, tabhair cuireadh do pháiste an chuid dar teideal 'An Aidbhint: Tréimhse Feithimh agus Ullmhúcháin' a léamh os ard ó **leathanach 42 de leabhar na bpáistí.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### ULLMHAÍMID I RITH NA HAIDBHINTE

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 42 dá leabhar,** a thugann cuireadh dóibh stiallchartún a tharraingt le pictiúir a thaispeánann roinnt de na rudaí a dhéanann daoine le linn na hAidbhinte, chun breith Íosa a cheiliúradh um Nollaig. Is féidir leo focail a chur leis an stiallchartún más mian leo.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TAIRNGREACHTAÍ ÍSEÁIA

**Nóta:** Tá an dá shliocht as Íseáia ar fáil thíos, chomh maith leis an réamhrá seo a leanas orthu, **ar leathanach 43 de leabhar na bpáistí**. B'fhéidir go roghnófá páiste chun iad seo a léamh os ard as a leabhar.

Thart ar 700 bliain sular rugadh Íosa, thairngir Íseáia, fáidh, go dtabharfadh Dia Slánaitheoir do na daoine a thabharfadh síocháin agus grá dóibh. Dúirt Íseáia go dtiocfadh an Slánaitheoir ó shliocht Dháiví, Rí. Agus ba de shliocht Dháiví, Rí é Íosa, díreach mar a dúirt Íseáia, fáidh. I rith an Aifrinn, le linn na hAidbhinte, cloisimid go leor de na rudaí a dúirt Íseáia, chun na daoine a ullmhú do theacht an tSlánaitheora. Seo dhá ráiteas ó Íseáia:

**Tairngreachtaí Íseáia**

Óir rugadh leanbh dúinn, tugadh mac dúinn; tá an tiarnas ar a ghualainn, agus is é ainm atá air: 'Comhairleoir iontach', 'Dia láidir', 'Athair síoraí', 'Prionsa na síochána'. (Íseáia 9:5)

Tá bachlóg ag eascar as bun chrann Jesse, agus gas ag teacht óna fhréamh. (Íseáia 11:1)

Tar éis duit na sleachta ó Íseáia thuas a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- Tagann na sleachta seo as leabhar Íseáia, fáidh, sa Sean-Tiomna. An cuimhin leat cad is brí leis an bhfocal 'fáidh'? (*Duine éigin a labhraíonn ar son Dé*)
- An cuimhin leat ainmneacha aon fháithe eile ón mBíobla? (*B'fhéidir gur cuimhin leo Irimia nó Zacairiá nó Íona.*)
- Sa chéad sliocht thuas, cad iad na hainmneacha a dúirt Íseáia a thabharfaí ar an duine a bhí ag teacht?
- Cad a dhéanann comhairleoir? (*treoraíonn agus tugann comhairle*)
- Sa dara sliocht thuas, cad/cé a dúirt Íseáia a thiocfadh 'as bun chrann Jesse'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Thairngir Íseáia, fáidh, go dtiocfadh rí nua as sliocht Dháiví. An dóigh leat go raibh cuma rí ar Íosa nuair a rugadh é? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Ciallaíonn an focal 'Slánaitheoir', 'duine a shábhálann'. An dóigh leat gur shíl na daoine nuair a chonaic siad an leanbh Íosa gurbh é an Slánaitheoir a bhí geallta ag Dia? Cén fáth nó cén fáth nár shíl siad?
- B'fhéidir go raibh athrú intinne ag na daoine faoi Íosa níos déanaí, nuair a d'fhás sé agus nuair a thosaigh sé ag múineadh agus ag idirghníomhú leo? Dar leat, ar fhéach sé air mar an Slánaitheoir ansin? Cén fáth nó cén fáth nár fhéach?
- Athair Rí Dháiví ba ea Jesse. An gceapann tú go mbeadh Jesse agus Rí Dháiví bródúil as Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

**Tá an dá thuar ó Íseáia ar leathanach 43 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí iad seo a léamh arís dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugann an ghníomhaíocht seo a leanas deis do na páistí Crann Jesse simplí a dhéanamh sa rang. .

## GNÍOMHAÍOCHT

### CRANN JESSE

**Nóta:** *Beidh craobh mhór ag teastáil uait le go leor craobhóga uirthi curtha i bpota trom. Beidh ort siombailí a théann ar an gCrann Jesse (féach thíos) a tharraingt agus a ghearradh amach. Crochfaidh na páistí na siombailí seo ar an gcrann.*

- Taispeáin íomhá de Chrann Jesse ar an gclár bán, más féidir. Mínigh do na páistí gur bealach spraíúil é 'fréamhacha ríoga' Íosa a léiriú. Ba de shliocht Rí Dháiví é Íosa, agus ba é Jesse athair Rí Dháiví. Léiríonn an Crann Jesse scéal 'Pobal tofa Dé' suas go dtí an tráth ar rugadh Íosa.
- Tá sé shiombail déag ann agus, go hidéalach, ba chóir iad a chur ar an gcrann i ngrúpaí a ceathair thar sheachtainí na hAidbhinte. Ach, b'fhéidir go mbeadh sé níos praiticiúla iad a dháileadh de réir a chéile ar bhealach difriúil.
- Tabhair cuireadh do na páistí an téacs dar teideal 'An Crann Jesse' **ar leathanach 43 dá leabhar** a léamh. Tá liosta agus míniú de na siombailí ar fáil ar an leathanach seo.
- Ansin roinn na páistí ina mbeirteanna. Tabhair siombail amháin nó níos mó do gach péire (ag brath ar líon na leanaí i do rang). Ag an am cuí, iarr ar gach péire teacht ar aghaidh lena siombail(í) agus míniú a thabhairt don rang ar an méid a léiríonn sé (siad). Ansin is féidir leo an tsiombail/na siombailí a chrochadh ar an gcrann.

*Seo thíos na siombailí a théann ar an gCrann Jesse agus an méid a léiríonn siad, mar a chuirtear i láthair i leabhar na bpáistí iad:*

**Úll:** Ádhamh agus Éabha
**Áirc:** Naoi agus an tuile
**Colm:** Abrahám, athair phobal Dé
**Miodóg:** Íobairt Íosác
**Dréimire:** Dréimire Iacób
**Cruithneacht:** Cothaíonn Iósaef pobal Dé
**Bata:** Treoraíonn Maois pobal Dé as an Éigipt
**Táibléid chloiche:** Maois agus na Deich nAitheanta
**Scrolla:** Tairngreacht Íseáia
**Teach:** Teach Jesse i mBeithil
**Cláirseach:** Dáiví, Rí agus cruitire
**Coróin:** Solamh, Rí
**Casúr:** Iósaef, siúinéir
**Rós:** Muire, Máthair Íosa
**Clár scríbhneoireachta agus peann:** Eoin Baiste
**Réalta:** Íosa, Slánaitheoir an Domhain

## DÁN

**Dán**
Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá an dán **ar leathanach 45 den leabhar na bpáistí freisin.**

**Ullmhaigh an Bealach**
Ullmhaigh an bealach d'Íosa, oscail do chroí.
Ná cuir ar leataobh é.
Réitigh an tslí.
Cuimhnigh ar an bhfáth ar tháinig sé – cúis an ullmhaithe.
Sin féile na Nollag
Ina onóir, ainmnithe.

Mar aon leis an tsiopadóireacht, ná dearmad an guí
Go mbeidh síocháin ionainn
Lá breithe an Rí.
Canaimis carúil faoi bhreith ár dTiarna Íosa
Faoi na Magi 's na bronntanais
Bronntanais álainn na míosa.

Cuimhnigh ar na haoirí, a chreid na haingil ag canadh,
Agus a choimeád ina gcroí
An teachtaireacht a chuala siad.
Ullmhaigh do chroí d'Íosa ar bhealach an-speisialta.
Cuir áit ar fáil dó
Lá Nollag, lá a bhreithe.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- Sa chéad véarsa, cad a iarrann an file orainn cuimhneamh air agus muid ag ullmhú don Nollaig?
- Cad as a dtagann an t-ainm 'An Nollaig'?
- Sa dara véarsa, cad air a iarrann an file orainn guí a dhéanamh?
- Cén cineál amhrán a iarrann an file orainn a chanadh agus muid ag ullmhú do Lá Nollag?
- Cad is ciall leis an bhfocal 'Magi'? Cad iad na bronntanais a thug na Magi don leanbh Íosa?
- Cad a dúirt na haingil leis na haoirí? Cad a rinne na haoirí nuair a chuala siad an teachtaireacht seo?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Sa chéad véarsa deir an file, 'Cuimhnigh ar an bhfáth ar tháinig sé – cúis an ullmhaithe.' Cén fáth ar tháinig Íosa? (*Chun a thaispeáint dúinn conas é a leanúint, chun an bealach chuig an Athar a thaispeáint dúinn, chun ár bpeacaí a mhaitheamh*)
- Conas a d'fhéadfaimis ár gcroí a oscailt do theacht Íosa? Cad iad na hullmhúcháin a d'fhéadfaimis a dhéanamh le cur i gcuimhne dúinn gurb é Íosa an chúis a cheiliúraimid an Nollaig? (*m.sh. coinneal a lasadh, mainséar a eagrú, guí ag an mainséar, seol cártaí Nollag reiligiúnacha, téigh chuig seirbhís charúl)*
- Deir an file,

'Ná dearmad an guí
Go mbeidh síocháin ionainn
Lá breithe an Rí.
Conas a d'fhéadfá síocháin a thabhairt do dhaoine eile – dod' theaghlach, dod' chairde agus do do chomharsana - de bharr do chuid focal agus do ghníomhartha? An féidir leat samplaí a thabhairt?

- An cuimhin leat i gcónaí áit a chur in áirithe d'Íosa ar Lá Nollag? Conas a d'fhéadfá é sin a dhéanamh? (*m.sh. téigh chuig an Aifreann, guí ag an mainséar, cuir an naíonán Íosa sa mhainséar Lá Nollag*)

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar thuras Mhuire agus Iósaef go Beithil … Bhí Muire, a bhí ag súil le leanbh go han-luath, ag taisteal ar an asal … Iósaef ag siúl in aice léi … Caithfidh go raibh imní ar Iósaef … An mbeidís in am? ... An mbeidís in ann áit éigin a fháil le fanacht inti? ... An mbeadh an leanbh ceart go leor? …. An mbeadh Muire ceart go leor? ... Bhí orthu muinín a bheith acu as Dia ... Chreid siad go dtiocfadh an méid a bhí le rá ag an aingeal le Muire isteach fós … Bheadh mac ag Muire agus thabharfadh sí Íosa mar ainm air ... agus thabharfaí Mac an Dé is Airde air ... Iarr ar Dhia, le do ghuth inmheánach, cabhrú leat muinín a bheith agat as, mar a bhí ag Muire agus Iósaef… Iarr ar Dhia cabhrú leat dóchas a bheith agat agus tú ag ullmhú chun teacht Íosa ar domhan a cheiliúradh … Gabh buíochas le Dia as Íosa a sheoladh chugainn … Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí an Triúr Saoithe a lean an réalta go Beithil lán d'iontas. I rith na hAidbhinte teastaíonn uainn an t-ionadh sin a spreagadh arís agus ullmhú chun teacht an tSlánaitheora, Íosa Críost, a cheiliúradh inár saol. Thairngir Íseáia, fáidh, go dtiocfadh an Slánaitheoir ó theaghlach Rí Dháiví. Ba de shliocht Rí Dháiví é Íosa, agus ba é Jesse athair Rí Dháiví. Léiríonn an Crann Jesse scéal iomlán an Bhíobla ó Ádhamh agus Éabha go breith Íosa.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### SAMANTHA NIC GABHANN (1972-85)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Samantha Nic Gabhann a léamh **ar leathanach 44 de leabhar na bpáistí.**
- Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 44 dá leabhar freisin:**
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Samantha ina cuid gníomhartha?
- Ina litir chuig an gceannaire Sóivéadach, dúirt Samantha, 'Chuir Dia muid ar an domhan seo chun maireachtáil le chéile go síochánta agus gan troid a dhéanamh.' Cad a insíonn na focail seo duit faoin gcineál duine a bhí i Samantha agus faoi na nithe a chreid sí?
- Chuir Dia Íosa, ár Slánaitheoir, ar an domhan seo chun síocháin agus grá a thabhairt do gach duine. Cén dearcadh a bheadh ag Íosa ar na hiarrachtaí a rinne Samantha chun síocháin agus grá a scaipeadh, meas tú?
- Cén chaoi ar thaispeáin Samantha ina briathra agus ina gníomhartha gur laoch Críostaí gurbh ea í?
- Conas a spreagfadh na rudaí a rinne Samantha tú chun gníomhú - ar son na síochána nó ar chúis ar bith eile?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh seisear léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** I rith séasúr na hAidbhinte ullmhaímid chun breith Íosa a cheiliúradh. Is cuimhin linn go raibh daoine ag tnúth le slánaitheoir seacht gcéad bliain sular rugadh Íosa. Is ag an am sin a gheall Íseáia, fáidh, go dtiocfadh slánaitheoir.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Leabhar Íseáia, fáidh.

*Óir rugadh leanbh dúinn,*
*tugadh mac dúinn;*
*tá an tiarnas ar a ghualainn,*
*agus is é ainm atá air:*
*"Comhairleoir iontach", "Dia láidir",*
*"Athair síoraí", "Prionsa na síochána".* (Íseáia 9:5)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a bheith foighneach le linn séasúr na hAidbhinte, agus sinn ag ullmhú chun comóradh a dhéanamh ar theacht do Mhac, Íosa, ar an saol. Labhair Íseáia, fáidh, faoi seo i bhfad sular tharla sé. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a

bheith buíoch as teacht an Linbh Íosa ar an saol. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn muinín a bheith againn as Íosa faoi mar a bhí ag Muire. Chreid sí go dtarlódh an méid a dúirt an t-aingeal léi. Guímis le Muire cabhrú linn.
**Gach duine:** *'S é do Bheatha, a Mhuire …*

**Léitheoir 5:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn gan a bheith ar seachrán maidir leis na bronntanais a gheobhaimid um Nollaig, ach aird a thabhairt ar na rudaí ar féidir linn a thabhairt do dhaoine eile, go háirithe dóibh siúd atá i ngátar. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 6:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn cuimhneamh gurb é Íosa an chúis atá leis an séasúr seo agus nach mbeidh na fógraí agus an gealra go léir in ann an solas a thugann Íosa isteach inár saol a laghdú. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: An Nollaig: Ceiliúraimid breith Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

D'fhan muintir Ghiúdach Iosrael ársa, ar a dtugtar Iosraeilítigh nó Eabhraigh orthu freisin, ar feadh na nglúnta fada go gcomhlíonfadh Dia a gheallúint Slánaitheoir a sheoladh chucu a thabharfadh ar ais chuig Dia iad. Níor chaill siad an dóchas seo riamh. Chreid siad i gcónaí go gcomhlíonfadh Dia a gheallúint dóibh. D'inis siad scéal chúnant Dé leo do gach glúin nua leanaí - mar a thug Dia iad as sclábhaíocht san Éigipt agus mar a gheall sé Slánaitheoir, Meisias, a sheoladh chucu, a shábháilfeadh óna bpeacaí iad. Bhí siad i gcónaí ag faire ar chomharthaí go raibh an Slánaitheoir tagtha.

Rugadh Íosa i stábla i mBeithil. Ní raibh aon scol trumpaí ann, ní raibh ceiliúradh casta ann, ní raibh comharthaí saibhris ná cumhachta ann. Tháinig sé mar leanbh daonna a raibh cúram ag teastáil uaidh cosúil le haon leanbh eile. Ba thuismitheoirí simplí iad Muire agus Iósaef a raibh muinín acu go dtabharfadh Dia aire dóibh. Ón tús bhí cruatan agus brón ar eolas ag Íosa. Rugadh é i dteaghlach a chuir cumhacht eachtrach chun bóthar iad, gan áit ar fáil acu i dteach ósta agus iad mar dídeanaithe san Éigipt. Le linn a shaoil d'fhulaing sé ocras, tart, tuirse, díomá, fulaingt agus bás. Cuireann mainséar na Nollag i gcuimhne dúinn gur tháinig Mac Dé ar domhan i ndáiríre mar dhuine agus gur chónaigh sé mar dhuine linn.

Insítear scéal na Magi nó an Triúr Saoithe ón Oirthear, a leanann an réalta go dtí an stábla i mBeithil, sa Soiscéal de réir Mhatha. Baineann an focal 'magi' le hastralaíocht. Bheadh dian-staidéar déanta ag na fir seo ar na réaltaí. Bhí réalta neamhghnách tugtha faoi deara acu, agus sin an comhartha a bhí á lorg acu. Threoraigh sí iad chuig an naíonán a tháinig mar Shlánaitheoir an domhain uile - seasann an triúr strainséir 'don domhan uile'. Ba é Íosa an Meisias do na Gintlithe chomh maith leis na Giúdaigh. Bímid ag lorg fíorbhrí na Nollag sa scéal seo. Iarraimid ar na páistí ionadh agus iontas a dhéanamh ar mhíorúilt na breithe, ar mhíorúilt Dé a ghlac nádúr daonna, ar mhíorúilt an chúnaint, agus go ndéanfaidís adhradh, mar a rinne na magi, le dóchas agus muinín ina gcroí.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Iosraeilítigh:** Pobal ársa Giúdach Iosrael. Tugaimid an t-ainm Eabhraigh orthu freisin.
**Meisias:** Focal Eabhraise a chiallaíonn 'ungtha'. Ba é Íosa an Meisias a gheall Dia, trí na fáithe.
**Saoithe/Magi:** Na saoithe (fir chliste) ón Oirthear a lean an réalta go dtí an stábla i mBeithil inar rugadh Íosa.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Aon ábhair oiriúnacha is féidir leis na páistí a fháil ar scoil nó sa bhaile chun mainséar simplí a dhéanamh, m.sh. bosca beag; páipéar gearrtha i bpíosaí chun tuí a chur in iúl; cré, glantóirí píopaí, lár rollaí leithris, spóil le húsáid mar dhaoine.

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GEALLTANAIS

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid súl a dhúnadh agus gealltanas a thug siad do dhuine a thabhairt chun cuimhne. Ansin cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar mhaith le duine ar bith a smaointe a roinnt? Cad a gheall tú? Ar choinnigh tú do ghealluint? Cén fáth nó cén fáth nár choinnigh?
- Cén ciall atá le gealltanas a thabhairt? An mbíonn dílseacht ag teastáil?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach do chuid geallúintí a choinneáil? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Conas a bhraitheann tú nuair a bhriseann duine gealltanas a thug siad duit? An mbeadh muinín agat astu arís? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- An bhfuil teorainn ama le gealltanas? An mbíonn an gealltanas briste má thógann sé tamall fada chun é a choinneáil?
- Conas a bhraitheann tú nuair a chomhlíonann duine gealltanas nuair a cheap tú go bhféadfadh dearmad a bheith déanta air?

Faoi dheireadh, tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' **ar leathanach 46 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT FILÍOCHTA

### 'GEALLTANAS'

- Tabhair cuireadh do na páistí dán gairid a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach dar teideal 'Gealltanas'. D'fhéadfadh an dán a bheith faoi ghealltanas faoi leith a rinne siad, nó gealltanas a thug duine dóibh, nó d'fhéadfadh sé a bheith faoi ghealltanais i gcoitinne agus an bhrí a bhaineann leo.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CUIR MAINSÉAR LE CHÉILE

**Nóta:** *D'fhéadfá an ghníomhaíocht seo a thabhairt do na páistí mar obair bhaile. Is féidir leis na páistí aon ábhair oiriúnacha is féidir leo a fháil sa bhaile nó ar scoil a úsáid. Is féidir leis na hábhair a bheith an-bhunúsach, ionas go léireoidh na mainséir breith shimplí Íosa.*

- Tabhair cuireadh do na páistí a mainséir féin a dhéanamh as aon ábhair shimplí is féidir leo a fháil. Mar shampla, bosca beag; páipéar gearrtha i bpíosaí chun tuí a chur in iúl; cré, glantóirí píopaí, lár rollaí leithris, spóil le húsáid mar dhaoine.
- Ba mhaith an rud é tuismitheoirí agus teaghlaigh a bheith páirteach sa ghníomhaíocht seo nó an ghníomhaíocht ar fad a dhéanamh sa bhaile.
- D'fhéadfá cuireadh a thabhairt don sagart áitiúil na mainséir a bheannú nuair a bheidh siad críochnaithe.



## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Agus an choinneal á lasadh againn cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu, agus muid ag bailiú le chéile, smaoinímid ar na gealltanais atá déanta againn agus ar na gealltanais a rinneadh dúinn. Gheall Dia go seolfadh sé Slánaitheoir ar domhan. Choinnigh Dia an gealltanas seo trína aon Mhac, Íosa, a sheoladh mar leanbh beag bídeach chugainn.

Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh agus machnamh a dhéanamh ar na gealltanais a d'fhéadfá a dhéanamh ag an am seo …
Gealltanais go bhféadfá a dhéanamh le do theaghlach …
Gealltanais go bhféadfá a dhéanamh le do chairde ar scoil …
Gealltanais go bhféadfá a dhéanamh le Dia.

Anois, le do ghuth inmheánach, inis le Dia an méid a gheall tú a dhéanamh nó a athrú inniu. Iarr cabhair ar Dhia do chuid geallúintí a choinneáil. (*Sos*)
Nuair atá tú réidh, d'fhéadfá do shúile a oscailt.

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, tugaimid ár ndóchas agus an méid atáimid ag súil leis os do chomhair. Cabhraigh linn na gealltanais a dhéanaimid a choinneáil, agus muinín a bheith againn as na gealltanais a rinneadh dúinn.
Go mbeadh an neart againn maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a bhriseann a ngealltanais. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### SULA NDÉANANN TÚ SCRÚDÚ AR AN SCRIOPTÚR NAOFA

- Tabhair comhrá na bpáistí faoi gheallúintí chun chuimhne agus an gá atá ann go mbeadh muinín ag duine as gealltanas.
- Tabhair cuireadh do pháiste an sainmhíniú ar 'Iosraeilítigh' a léamh os ard ón 'Eochairfhocail' **ar leathanach 46 de leabhar na bpáistí**.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí gur gheall Dia do na hIosraeilítigh go gcuirfeadh sé Slánaitheoir, a thabharfadh síocháin agus grá don domhan. Bhí muinín ag na daoine as Dia, agus ar feadh na nglúnta fada lean siad orthu ag súil go gcomhlíonfaí an gealltanas seo.
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig an alt dar teideal 'Gealltanas Dé chun Slánaitheoir a Sheoladh', atá **ar leathanach 46 dá leabhar freisin**, sula dtéann siad ar aghaidh chuig an Scrioptúr Naofa.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA (1)

### GEALLTANAS DÉ CHUN SLÁNAITHEOIR A SHEOLADH

Tagraíonn an sliocht Scrioptúrtha seo a leanas as leabhar Míocá, fáidh, don gheallúint nó don chúnant a rinne Dia le muintir Iosrael ársa.

**Geallann Dia rialóir as Beithil (Míocá 5:1-4)**
Ach tusa, a Bheithil Eafrátá bíodh gur beag thú i measc chlanna Iúdá is asatsa a thiocfaidh chugam an té a bheidh ina cheann urra ar Iosrael, an té a dtéann a shinsearacht na cianta siar go dtí an t-am fadó. Sin é an fáth a dtréigfidh Dia iad go dtí go mbéarfar mac di siúd, a bhfuil tinneas clainne uirthi, ansin fillfidh na hIosraeilítigh a bhí ar deoraíocht. Seasfaidh sé go daingean agus beathóidh sé a thréad trí chumhacht an Tiarna agus le mórgacht ainm an Tiarna, a Dhia. Mairfidh siad go slán sábháilte mar leathnóidh a chumhacht amach ansin go críocha na cruinne. Beidh sé féin ina údar síochána.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair mar seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 46 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad a dúirt an Tiarna go dtabharfadh sé as Beithil?
- Cé hí, dar leat, an bhean atá le leanbh a thabhairt ar an saol?
- Cad is ciall le bheith 'ar deoraíocht'? Cérbh iad na daoine a bhí ar deoraíocht a luaigh Míocá, fáidh, sa scéal seo?
- Cad a tharlóidh, dar leis an bhfáidh, nuair a thiocfaidh an rialtóir atá geallta? Cad a thabharfaidh an rialtóir nua seo leis agus conas a fhreagróidh na daoine é?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An bhfeiceann tú aon leideanna sa sliocht seo a insíonn duit go raibh Míocá, fáidh, ag déanamh tuar faoi theacht Íosa? (*Beithil; teaghlach ársa Dháiví; beireann bean a mac*)
- An gceapann tú go raibh sé soiléir láithreach gurbh é Íosa an duine a gealladh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cén cineál duine a bhféadfadh daoine a bheith ag súil leis? (*m.sh. rí, duine láidir agus cumhachtach*)
- Ar comhlíonadh an gealltanas? Cén chaoi?
- Cé hiad na chéad daoine a d'aithin Íosa mar an duine a raibh an domhan ag fanacht leis? (*na haoirí agus an triúr saoithe/magi)*

**Tá an sliocht thuas ó leabhar Míocá ar leathanach 46 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin.**

# AN SCRIOPTÚR NAOFA (2)

## COMHLÍONTAR AN GEALLTANAS

Comhlíonadh gealltanas Dé in Íosa, an Meisias. Tabhair cuireadh do pháiste an sainmhíniú ar 'Meisias' a léamh os ard ón 'Eochairfhocail' **ar leathanach 47 de leabhar na bpáistí**. Ansin léigh an sliocht seo as an Soiscéal de réir Mhatha.

**Cuairteoirí ón Oirthear (Matha 2:1-2, 9-12)**

Nuair a bhí Íosa saolaithe i mBeithil Iúdáia in aimsir Héaróid rí, tháinig saoithe ón aird thoir go dtí Iarúsailéim ag fiafraí: 'Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach? Mar chonaiceamar a réalta ag éirí, agus thángamar ag déanamh ómóis dó.' ...

Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh. Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu. Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.

Agus ó fuair siad foilsiú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaród, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin.

Tar éis duit an sliocht ón Scrioptúr a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 47 de leabhar na bpáistí freisin**:

- Cérbh é an rí ar Iúdáia nuair a rugadh Íosa?
- Cad a bhí cloiste ag na saoithe faoi Íosa?
- Cá bhfios do na saoithe cá raibh an leanbh?
- Cad a rinne na saoithe nuair a chonaic siad an leanbh Íosa lena mháthair Muire?
- Cad iad na bronntanais a thug siad don pháiste?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith speisialta faoin réalta a chonaic an triúr saoithe? (*m.sh. Níos gile ná mar is gnách, níos mó, in áit neamhghnách, réalta nua, réalta a ghluais*)
- Cá háit, dar leat, a chuala na saoithe faoi leanbh a bheadh ina rí ar na Giúdaigh? (*m.sh. Scrioptúr, fáithe, ó bhéal go béal*) An gceapann tú gur chreid siad an gealltanas a tugadh do phobal na nGiúdach? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An gceapann tú go raibh na saoithe cinnte faoi theacht ar Rí na nGiúdach nuair a thosaigh siad ar a n-aistear? Cad iad na cáilíochtaí pearsanta a bheadh ag teastáil uathu agus iad ag imeacht ar an turas sin? (*m.sh. creideamh, dóchas, muinín, buanseasmhacht, diongbháilteacht, dóchas*)
- An gceapann tú gur aithin siad an leanbh mar an rí a bhí á lorg acu nuair a chonaic siad é? Cén fáth nó cén fáth nár aithin? An gceapann tú go raibh súil acu le rud éigin difriúil a fheiceáil? Cad a d'fhéadfadh a bheith ag súil leo a fheiceáil?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go raibh áthas orthu an leanbh Íosa a fheiceáil?
- An bhfuil a fhios agat cén ciall a bhaineann leis na bronntanais a thug siad leo? (*Creideann scoláirí gur léiriú é an t-ór ar ríogacht Íosa; go raibh an túis ina siombail dá ról sagartúil, agus gur siombail é an miorra dá bhás. Bhí airíonna leighis ag na bronntanais seo freisin.*)
- An bhfuil ainmneacha an triúr saoithe agat? (*Caspar, Baltazár agus Meilcíór*) Tá ainm eile ar na fir seo freisin - focal a bhfuil ceithre litir ann. An féidir leat cuimhneamh air sin? (*magi*)

**Tá scéal na magi ag tabhairt cuairte ar an leanbh Íosa sa stábla i mBeithil ar leathanach 47 de leabhar na leanaí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

# CLEACHTADH DIALAINNE

## AN TRIÚR SAOITHE

- Tabhair cuireadh do na páistí, i ngrúpaí de thriúr, an comhrá idir an triúr saoithe a shamhlú agus iad ag dul go Beithil. D'fhéadfaidís tosú mar seo:

## RÓLIMIRT

### AN TRIÚR SAOITHE

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 47 dá leabhar,** a thugann cuireadh dóibh sraith pictiúr den triúr saoithe a tharraingt agus iad ar a dturas chun cuairt a thabhairt ar an leanbh Íosa sa stábla i mBeithil. Is féidir leis na pictiúir rudaí a d'fhéadfadh a bheith feicthe/mothaithe acu ar an turas sin a thaispeáint.

**Rólimirt**
**An Triúr Saoithe**

**Baltazár:** An bhfaca tú an réalta sin san Oirthear? Ní raibh sé sin ann inné.
**Meilcíór:** Wow! Tá sé thar a bheith geal. Cad a chiallaíonn sé, dar leat?
**Caspar:** Bhuel, sílim …

- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla rólimirt a dhéanamh don chuid eile den rang.

## SCÉAL

B'fhéidir go gcuimhneoidh na páistí ar scéal Naomh Proinsias Assisi agus an chéad mhainséar ón gclár *I nGrá Dé* do Rang a Trí. B'fhéidir gur mhaith leat a gcuimhní cinn a bhogadh tríd an scéal sin a léamh arís.

### An Chéad Mhainséar

Ba é Naomh Proinsias Assisi a chuir an chéad mhainséar Nollag i láthair sa bhliain 1223. Tharla sé seo in Greccio san Iodáil, áit atá leathbhealach idir Assisi agus an Róimh. Seo mar a tharla:

Bhí cónaí in Greccio ar fhear darbh ainm Eoin, a bhí cairdiúil le Proinsias. Dúirt Proinsias leis go mba mhaith leis an Nollaig a cheiliúradh ar bhealach speisialta in Greccio – gur theastaigh uaidh dráma beag a dhéanamh faoin stábla i mBeithil an oíche a rugadh Íosa.

Rinne Eoin an méid a d'iarr Proinsias air agus, le cabhair ó dhaoine áitiúla, chuir sé an seit le chéile in aice leis an séipéal. Bhí asal agus ainmhithe eile ann, agus roinnt féar mar leapachas.

Oíche Nollag, tháinig Proinsias agus a chompánaigh – na Bráithre, agus fir agus mná na háite go léir le chéile, chun breith Íosa a cheiliúradh. Thug siad coinnle agus tóirsí leo chun an oíche a shoilsiú. Ghlac fir agus mná na háite páirt Mhuire, Iósaef, an leanbh Íosa, na haoirí agus an Triúr Saoithe. Beithil nua a bhí in Greccio an oíche sin nuair a rinne siad an tAifreann a cheiliúradh le chéile.

Ó shin i leith, scaip an nós Beithil a athchruthú i mbailte ar fud an domhain. Bíonn an-éileamh anois ar mhainséar na Nollag, le dealbha de na daoine sa scéal, in eaglaisí, i scoileanna, in ospidéil, in ionaid oibre agus in ionaid siopadóireachta.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- Cén plean a cheap Naomh Proinsias chun breith Íosa a cheiliúradh ar bhealach nua?
- Cén fáth ar úsáid siad ainmhithe sa mhainséar?
- Cad a thug na daoine leo?
- Cad iad na róil a bhí ag na daoine?
- Cén cineál áiteanna a bhunaigh daoine mainséir um Nollaig as sin amach?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú gur smaoineamh maith a bhí ann an mainséar a athchruthú? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Conas a d'fhéadfadh smaoineamh den sórt sin a bheith scaipthe ar fud an domhain Chríostaí ag an am nuair nach raibh aon teilifís, aon fhóin phóca agus aon nuachtáin ann?
- I do atlas nó ar an idirlíon, aimsigh na háiteanna atá ainmnithe sa scéal seo - Assisi, Greccio agus an Róimh..

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó FIÓNA FIOSRACH

**Don Ráiteas ó Fióna Fiosrach**

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/ nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin?

**'Ní dóigh liom gur chóir go mbeadh orainn dul chuig an Aifreann Lá Nollag. B'fhearr liom fanacht sa bhaile agus taitneamh a bhaint as mo bhronntanais.'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagairt trí na cúiseanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a chur I láthair.



## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Samhlaigh go bhfuil tú ag taisteal leis an Triúr Saoithe go Beithil … Feiceann tú réalta an-gheal … Cuireann sé iontas ort … Tá a fhios agat gur comhartha de rud fíor-iontach atá ann … Leanann tú an réalta … agus diaidh ar ndiaidh tagann tú chuig stábla ... Ní hé seo an áit a bhí tú ag súil leis go bhfaighidh tú 'Rí nua na nGiúdach' … Níl pálás, saibhreas, nó seoda ann … ach leanbh nuabheirthe i mbaclainn a mháthar ... Tá gach leanbh speisialta ... ach is féidir leat a thuiscint láithreach go bhfuil rud éigin fíor-iontach faoin leanbh seo ... Ar bhealach éigin tá a fhios agat gurb é an duine a raibh tú ag fanacht leis ... Slánaitheoir an domhain ... Gabh buíochas le Dia le do ghuth inmheánach as a Mhac a sheoladh chugainn chun sinn a shábháil … Iarr ar Dhia cabhrú leat fíorbhrí na Nollag a thuiscint i measc na siopadóireachta agus na maisiúchán agus an torainn go léir … Abair le hÍosa go bhfuil tú réidh chun fáilte a chur roimhe i do chroí an Nollaig seo … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Gheall Dia do na hIosraeilítigh go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chucu, a thabharfadh síocháin agus grá ar domhan. Bhí muinín ag na daoine as Dia, agus ar feadh na nglúnta fada lean siad orthu ag súil go gcomhlíonfaí an gealltanas seo. Comhlíonadh gealltanas Dé le teacht an tSlánaitheora Íosa. Is é an Meisias, a tháinig ar domhan mar leanbh beag bídeach, agus ceiliúraimid a bhreith um Nollaig.

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. Tá an dán seo **ar leathanach 49 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Brí na Nollag**
Fadó i mBeithil, rugadh buachaill óg;
Gan saibhreas, gan chlú, gan cháil.
Tháinig saoithe ón Oirthear le bronntanais a
thabhairt,
Agus braitheadh go raibh síocháin ar fáil.

Rinne na haingil faire agus é ina chodladh;
A nguthanna ag canadh go binn;
Ghabh Muire 's Iósaef buíochas le Dia
As an mbronntanas, a mac grámhar mín.

Faraor, ní bheadh só an tsaoil aige,
Ach ba mhinic a bheadh sé i mbaol;
Ach leanbh grámhar a bheadh acu
Ag scaipeadh grá Dé ina shaol.

Um Nollaig, ceiliúraimid breith Íosa Críost.
Sin fírinne na Nollag 's a brí.
Níl sna maisiúcháin Nollag ach comharthaí an
ghrá –
Grá a scaipimid ar gach duine ar gach slí.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil/a léamh, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é fíorbhrí na Nollag, dar leat? An mbaineann sé le bronntanais a thabhairt agus a fháil, nó le rud éigin eile difriúil?
- Conas a dhéanfá cur síos ar na rudaí is tábhachtaí faoin Nollaig?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### BRÍ NA NOLLAG

- Tabhair cuireadh do na páistí abairt amháin a scríobh ag barr leathanaigh nua sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach - abairt a thugann achoimre ar fhíorbhrí na Nollag, dar leo.
- Ansin iarr orthu an leathanach a mhaisiú le líníochtaí agus/nó le siombailí a léiríonn gnéithe reiligiúnacha na Nollag.
- B'fhéidir gur mhaith leat na samplaí seo a thabhairt dóibh:

'Chuir Dia a Mhac, Íosa, ar domhan chun sinn a shábháil.'
'Is gnách bronntanais a thabhairt do dhaoine faoi Nollaig.'
'Tagann Íosa inár gcroí um Nollaig.'

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH PROINSIAS ASSISI

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Proinsias Assisi a léamh **ar leathanach 48 dá leabhar.**
- Ansin tabhair cuireadh dóibh a bhfreagraí pearsanta a thabhairt trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 48 dá leabhar freisin:**
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Naomh Proinsias i rith a shaoil?
- Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i saol Naomh Proinsias.
- Dúirt Naomh Proinsias, 'Déan an Soiscéal a chraobhscaoileadh i gcónaí. Más gá, bain úsáid as focail.' Cad a insíonn na focail seo duit faoi Phroinsias agus faoin spreagadh a bhí aige chun an méid a rinne sé a dhéanamh?
- Conas a thaispeáin Naomh Proinsias lena bhriathra agus lena ghníomhartha gur laoch Críostaí é?
- Chaith Naomh Proinsias a shaol ag cabhrú le daoine bochta. Conas a spreagfadh a shaol tú?

## PAIDIR

**Nóta:** *Tabhair cuireadh do na páistí suí lena mainséir ar na binsí os a gcomhair. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh cúigear léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Léitheoir 1:** Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Matha.

*Nuair a bhí Íosa saolaithe i mBeithil Iúdáia in aimsir Héaróid rí, tháinig saoithe ón aird thoir go dtí Iarúsailéim ag fiafraí: "Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach? Mar chonaiceamar a réalta ag éirí, agus thángamar ag déanamh ómóis dó." Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh. Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu. Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra. Agus ó fuair siad foilsiú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaród, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin.* (Matha 2:1-2, 9-12)

Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Tugaim cuireadh daoibh anois umhlú síos go talamh, mar a rinne na saoithe roimh an rí nuabheirthe. Is é an freagra a bheidh ar na paidreacha inniu ná: Tiocfaimid agus umhlóimid síos dó.

**Léitheoir 2:** Go raibh maith agat, a Dhia ghrámhair, as do Mhac a sheoladh chugainn.
Cabhraigh linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag.
**Gach duine:** Tiocfaimid agus umhlóimid síos dó.

**Léitheoir 3:** Bhí aingil le feiceáil ag na haoirí agus thaispeáin siad an bealach don mhainséar inar rugadh Íosa dóibh.
Cabhraigh linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag.
**Gach duine:** Tiocfaimid agus umhlóimid síos dó.

**Léitheoir 4:** Lean na saoithe an réalta, a thug go dtí an stábla iad, áit a raibh an leanbh Íosa ina luí sa mhainséar. Thug siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.
Cabhraigh linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag.
**Gach duine:** Tiocfaimid agus umhlóimid síos dó.

**Léitheoir 5:** Agus muid mar lucht leanúna Íosa, cabhraigh linn na bronntanais seo a thabhairt dóibh siúd timpeall orainn: cineáltas agus áthas agus grá.
Cabhraigh linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag.
**Gach duine:** Tiocfaimid agus umhlóimid síos dó.


**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas le Dia as a Mhac, ár Slánaitheoir, a sheoladh chugainn.
Choinnigh Dia an gealltanas a rinne sé le muintir Iosrael agus le pobal an domhain.
Cuireann an mainséar i gcuimhne dúinn an nóiméad iontach sin nuair a tháinig Íosa ar domhan.
Iarraimid ar Dhia cabhrú linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag i mbliana.
Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.


**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# An Crann Jesse




**Úll:** Ádhamh agus Éabha



**Áirc:** Naoi agus an tuile



**Colm:** Abrahám, athair phobal Dé




**Miodóg:** Íobairt Íosác



**Dréimire:** Dréimire Iacób



**Cruithneacht:** Cothaíonn Iósaef pobal Dé



**Bata:** Treoraíonn Maois pobal Dé as an Éigipt



**Táibléid chloiche:** Maois agus na Deich nAitheanta



**Scrolla:** Tairngreacht Íseáia



**Teach:** Teach Jesse i mBeithil



**Cláirseach:** Dáiví, Rí agus cruitire



**Coróin:** Solamh, Rí



**Casúr:** Iósaef, siúinéir



**Rós:** Muire, Máthair Íosa



**Clár scríbhneoireachta agus peann:** Eoin Baiste



**Réalta:** Íosa, Slánaitheoir an Domhain

# Téama 5: Ceartas Sóisialta

Ceacht 1: Iarrtar orainn caitheamh go cothrom le daoine eile . 202
Ceacht 2: Iarrtar orainn aire a thabhairt don domhan .............. 213

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**An Cruthú**

- Chruthaigh Dia an duine le maireachtáil i gcaidreamh/i gcomaoin le Dia, le daoine eile agus leis an domhan (GS 12; GDC 139).

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

*Plean Grámhar Dé don Slánú*

- Míocá 6:6-8. Cad a theastaíonn ón Tiarna.

*Saol Poiblí Íosa*

- Lúc 16:19-31. Parabal an fhir shaibhir agus Lazaras.

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Neartaíonn urnaí ár gcairdeas le hÍosa.

*Paidreacha Breise*

- Ag guí ar son cearta daonna

### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Bíonn meas ag Críostaithe ar chearta bunúsacha gach duine (ChEC 1944, 2479, 2507, 1782, 2106).
- Tá ceart ag gach duine do na rudaí seo a leanas: bia, éadach agus dídean, oideachas, fostaíocht, meas, eolas cuí, a gcoinsias a leanúint, príobáideachas agus saoirse creidimh (GS 26; PT 11-27, 106).
- Is bronntanas de ghrá Dé é ár ndínit agus níl sé ag brath ar chine, inscne, stádas eacnamaíochta, éachtaí daonna ná ár n-áit sa sochaí.

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Iarrann an Tiarna orainn grá a thabhairt mar a thugann seisean, fáilte a chur roimh an stráinséar agus páistí agus na bochtáin a ghráú mar a dhéanfadh Críost (Mth 5:44; Lúc 10:27-37; Mc 9:37; Mth 25:40, 45; ChEC 1825, 1931-33).

**Dínit an Duine**

- Bíonn meas ag Críostaithe ar chearta bunúsacha gach duine (ChEC 1944, 2479, 2507, 1782, 2106).
- Tá ceart ag gach duine do na rudaí seo a leanas: bia, éadach agus dídean, oideachas, fostaíocht, meas, eolas cuí, a gcoinsias a leanúint, príobáideachas agus saoirse creidimh (GS 26; PT 11-27, 106).
- Is bronntanas de ghrá Dé é ár ndínit agus níl sé ag brath ar chine, inscne, stádas eacnamaíochta, éachtaí daonna ná ár n-áit sa sochaí.

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Iarrann an Tiarna orainn grá a thabhairt mar a thugann seisean, fáilte a chur roimh an stráinséar agus páistí agus na bochtáin a ghráú mar a dhéanfadh Críost (Mth 5:44; Lúc 10:27-37; Mc 9:37; Mth 25:40, 45; ChEC 1825, 1931-33).

# Ceacht 1: Iarrtar orainn caitheamh go cothrom le daoine eile

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Deir *Caiticiosma na hEaglaise Críostaí* linn 'Ba cheart a chaitheamh i dtraipisí, mar chontráil ar thionscnaimh Dé, gach cineál leithcheal a bhaineann le bunchearta na pearsan, bíodh sin bunaithe ar ghnéas, cine, dath an chraicinn, coinníol sóisialta, teanga nó creideamh (uimh. 1935). Mar sin féin, feicimid samplaí den idirdhealú inár gcultúr an t-am ar fad. Ní rud nua é an t-idirdhealú seo mar, fiú amháin in aimsir an Bhíobla, bhí go leor samplaí ann de dhaoine ag breathnú anuas ar dhaoine eile mar gheall ar an áit as ar tháinig siad nó cén aicme shóisialta lena bhain siad.

Beirtear gach duine againn ar íomhá agus ar chosúlacht Dé. Ar fud an tSean-Tiomna labhair na fáithe faoi dhínit agus comhionannas an duine. Mhúin Íosa go bhfuil dínit bunúsach i ngach duine. Dúirt sé go dtabharfar breithiúnas orainn, ar lá an bhreithiúnais, ar ár ngníomhartha i leith daoine eile, go háirithe i leith daoine ar an imeall agus ar an ngannchuid; cuirfear in iúl dúinn, 'sa mhéid go ndearna sibh é do dhuine den chuid is lú de na bráithre seo agamsa, is domsa a rinne sibh é' (Matha 25:40). Is minic a dhéanaimid idirdhealú i leith daoine eile mar gheall ar eagla agus aineolas, ach, mar Chríostaithe, iarrtar orainn teagmháil a dhéanamh le gach duine aonair agus meas a bheith againn orthu, cibé an bhfuil aithne againn orthu nó nach bhfuil, cibé acu is maith linn iad nó nach maith, agus fiú nuair nach bhfuil aon tóir air nó go mbíonn sé deacair é sin a dhéanamh.

Is sampla foirfe é Parabal an tSamáraigh Mhaith faoi cé chomh éagórach is atá sé breithiúnas a thabhairt ar dhaoine. Sa pharabal seo d'imigh baill an phobail, a raibh meas orthu, thar an bhfear gortaithe, ach stad an Samárach, nach raibh mórán meas air mar gheall ar a chine, agus thug sé aire dó. D'inis Íosa an scéal seo chun daoine a chur ar an eolas faoin mbealach inar féidir linn daoine eile a chur ar an imeall agus idirdhealú a dhéanamh orthu, uaireanta fiú in ainm reiligiúin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Idirdhealú:** Déileáil go míchothrom le duine ar leith nó le grúpa daoine mar gheall ar dhath craicinn, gnéas, reiligiún, náisiúntacht, eitneachas, cine nó tréithe pearsanta eile.
- **Na Samáraigh:** Daoine a bhí ina gcónaí sa tSamáir, a bhí mar phríomhchathair Ríocht Thuaisceart Iosrael in aimsir Íosa. Is beag meas a bhí ag comharsana na Samárach, na Giúdaigh, orthu.
- **Cearta an duine:** Cearta atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta agus a bhfuil gach duine ar domhan i dteideal iad a fháil.
- **Cearta sibhialta:** Cé go bhfuil ár gcearta daonna bunaithe ar ár ndínit mar dhaoine, tá cearta sibhialta bunaithe ar dhlíthe na tíre ina mairimid. Féachann cearta sibhialta lena chinntiú go gcaitear go cothrom le gach ball den tsochaí.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach leanbh nó grúpa leanaí.

# Féachaimis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Agus tú ag gabháil leis na comhráite éagsúla sa cheacht seo, tá sé tábhachtach a bheith íogair ó thaobh aon leanaí sa rang a d'fhéadfadh idirdhealú a bheith á dhéanamh orthu féin, mar shampla toisc go mbaineann siad le grúpa eitneach áirithe, cosúil leis an bPobal Taistealaithe, nó toisc go mbíonn an teaghlach acu ar an ngannchuid. Tá sé tábhachtach a thuiscint freisin go bhféadfadh baint a bheith ag leanaí áirithe sa rang le teaghlaigh a rinneadh idirdhealú orthu.

## AG COMHRÁ

### FAOI IDIRDHEALÚ

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar 'Idirdhealú' a léamh os ard ó na 'Eochairfhocail' **ar leathanach 50 de leabhar na bpáistí.**
- Cuir i gcuimhne na bpáistí an Aithne Nua ó Íosa a d'fhoghlaim siad faoi sa chlár *I nGrá Dé* roimhe seo faoin gcaoi ar chóir do dhaoine caitheamh le daoine eile:

'[Tabhair] grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile. '(Eoin 13:34)

- Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar dhaoine in Éirinn a d'fhéadfaí leatrom a dhéanamh orthu/caitheamh go héagórach leo (m.sh. An Pobal Taistealaithe, inimircigh/dídeanaithe, seandaoine, daoine gorma, leanaí, daoine ar an ngannchuid).
- Tabhair cuireadh do na páistí plé a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann idirdhealú nó éagóir ar dhaoine eile i gcoinne Aithne Nua Íosa, chun grá a thabhairt faoi mar a thug seisean é, agus nach dtugann sé meas ar dhínit gach duine.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Déileáil go míchothrom le daoine eile, nó leatrom a dhéanamh' a léamh ar leathanach 50 dá leabhar, agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## AG COMHRÁ

### FAOIN BPOBAL TAISTEALAITHE

- Tá an Pobal Taistealaithe mar chuid de shochaí na hÉireann leis na cianta. Tagann a n-ainm ón rogha atá acu maidir le stíl mhaireachtála fánach, atá ar cheann de na príomhthréithe a dhéanann idirdhealú idir an Pobal Taistealaithe agus 'daoine socraithe'. Tá a stair, a dtraidisiúin, a dteanga, a gcultúr agus a nósanna féin ag an bPobal Taistealaithe freisin.
- Tá an Pobal Taistealaithe ar cheann de na grúpaí inár sochaí a fhulaingíonn idirdhealú ina saol laethúil. Sula ndéanaimid iniúchadh ar an ngné sin de shaol an Phobail Taistealaithe, déanaimis comhrá faoi na traidisiúin agus na nósanna dearfacha atá acu, a thugann a bhféiniúlacht uathúil dóibh.
- D'fhéadfá na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur: »Cad atá ar eolas agat faoin bPobal Taistealaithe, mar shampla cá gcónaíonn siad, a dtraidisiúin, a gcultúr, srl? (*m.sh. leis na blianta bhog an Pobal Taistealaithe go traidisiúnta ó áit go háit agus bhí stíl mhaireachtála fánach acu, ach sa lá atá inniu ann tá cónaí ar go leor teaghlach den bPobal Taistealaithe i dtithe cosúil le baill den phobal socraithe, nó i gcarbháin ar shuíomhanna stad buan; Tá traidisiún saibhir ceoil agus scéalaíochta acu chomh maith; tá go leor den bPobal Taistealaithe oilte i gceardaíocht áirithe, a thugtar ar aghaidh tríd na glúnta; Tá a gcanúint féin acu; de ghnáth pósann siad ag aois níos óige ná baill den phobal socraithe*)
  - » An bhfuil aithne agat ar aon duine atá ina bhall den Phobal Taistealaithe? Inis dúinn faoin duine sin.
  - » Cén fáth, dar leat, ar thaitin leis an bPobal Taistealaithe bogadh ó áit go háit?
  - » An gceapann tú go mbraitheann baill den bPobal Taistealaithe go mbíonn ardmheas orthu cosúil le daoine eile in Éirinn sa lá atá inniu ann? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

## PAIDIR

**Nóta:** Roghnaigh triúr léitheoir.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Agus an choinneal á lasadh againn cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu déanaimid ár gcinn a umhlú agus guímid go gcabhróidh Dia linn deireadh a chur le hidirdhealú inár dtithe, inár scoileanna agus inár bpobail.

A Thiarna, cabhraigh linn bronntanas ár radhairc a úsáid chun go bhfeicimid go bhfuil gach duine cothrom agus speisialta. (*Sos*)

Cabhraigh linn bronntanas na héisteachta a úsáid chun an méid atá le rá ag daoine eile a chloisteáil agus chun seans a thabhairt dóibh, seachas réamhbhreith a thabhairt orthu. (*Sos*)

**Léitheoir 1:** Spreag sinn éisteacht le guth ár gcoinsiasa, A Thiarna, nuair a chloisimid nó nuair a fheicimid daoine a gcaitear go míchothrom leo. Tabhair misneach dúinn gníomhú nó labhairt ar a son.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 2:** Spreag sinn éisteacht le guth ár gcoinsiasa, A Thiarna, nuair a thuigimid go bhfuil breith á thabhairt againn ar dhaoine gan eolas ar bith a chur orthu.
Cabhraigh linn éisteacht leis na rudaí atá le rá ag daoine eile agus iad a chloisteáil sula thugaimid breith orthu.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 3:** Tabhair spreagadh dúinn éisteacht le guth ár gcoinsiasa, A Thiarna, nuair a mhothaímid dímheasúil i leith duine toisc gur chualamar rud éigin fúthu nó faoina dteaghlach.
Cabhraigh linn caitheamh le gach duine le meas.
Guímis chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Múinteoir:** Guímis *Paidir Naomh Proinsias Assisi* le chéile.
**Gach duine:** A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá,
Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, Deonaigh gur mhó liom
Sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.

Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin is ea a maitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí sinn.
Áiméan.

**Múinteoir:** Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal* Sa Bhaile *lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### PARABAL AN TSAMÁRAIGH MHAITH

Sula léann tú Parabal an tSamáraigh Mhaith do na páistí, mínigh dóibh go raibh go leor idirdhealaithe sa tsochaí tráth Íosa, díreach mar atá inniu ann. Bhraith Giúdaigh níos fearr ná na Samáraigh, na daoine a bhí ina gcónaí sa tSamáir tráth Íosa, agus nach mbeadh aon bhaint ag Giúdaigh leo. Ceapadh ag an am gurb iad na Samáraigh na daoine is lú seans go dtiocfadh siad i gcabhair ar dhuine. Sa pharabal seo, thug Íosa dúshlán don dearcadh agus don léiriú éagórach seo i leith na Samáraigh trí Samárach a dhéanamh mar laoch an pharabail agus é a chur chun cinn mar shampla maith den chaoi ar chóir do dhaoine maireachtáil le chéile. Mínigh do na páistí go raibh Léivíteach (a luaitear sa pharabal seo) ina bhall de threibh Léiví, ceann de dhá threibh déag Iosrael, a bhíodh ag freastal sa teampall de ghnáth.

**Parabal an tSamáraigh Mhaith (Lúcás 10:30-35)**
[D'inis Íosa an scéal seo]: 'Bhí fear ag dul síos ó Iarúsailéim go hIreachó, agus tharla i measc robálaithe é a rinne é lomadh agus é leadradh agus é a fhágáil ina ndiaidh leathmharbh. Ach …, bhí sagart ag dul síos an bóthar sin, agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis. Mar an gcéanna do Léivíteach: ar theacht chun na háite agus ar a fheiceáil dó, ghabh sé don taobh thall thairis.

Ach, Samárach a bhí ag gabháil an bóthar, tháinig sé mar a raibh sé, agus ar a fheiceáil dó, ghabh trua é, agus chuaigh sé anonn chuige agus chuir ceangal ar a chréachta, tar éis dó ola agus fíon a dhoirteadh iontu; chuir sé ar mhuin a bheithígh féin é, sheol go teach ósta é, agus rinne cúram de. Agus lá arna mhárach, thóg sé amach dhá dhéanar agus thug don óstóir iad agus dúirt: 'Déan cúram de, agus cibé méid a chaithfidh tú thairis sin, íocfaidh mé leat é ag filleadh dom.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 51 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cá raibh an fear ag dul nuair a rinne robálaithe ionsaí air?
- Cérbh é an chéad duine nár chuidigh leis an bhfear gortaithe?
- Cérbh é an dara duine nár chuidigh leis?
- Luaigh trí bhealach ar chabhraigh an Samárach leis an bhfear.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cé acu den triúr fear - an sagart, an Léivíteach nó an Samárach - a cheapfá a mbeadh súil ag na daoine, a bhí ag éisteacht le hÍosa, a chuideodh leis an bhfear gortaithe? Cén fáth?
- An gceapann tú go mbeadh iontas ar na daoine a bhí ag éisteacht le hÍosa gurbh é an Samárach a chuidigh leis an bhfear gortaithe? Cén fáth?
- Is minic a thug Íosa dúshlán don idirdhealú. An cuimhin leat aon scéalta eile ón mBíobla inar chabhraigh Íosa le daoine a bhí ag caitheamh go héagórach leo nó a ndearnadh neamhaird orthu sa tsochaí de ghnáth? (*m.sh. Íosa agus Zacháias, an bailitheoir cánach [Lúcás 19:1-10]; Íosa agus an Samárach mná ag an tobar [Eoin 4:4–26]; Leigheasann Íosa deichniúr atá ag fulaingt ón lobhra [Lúcás 17:11-19]; Fáiltíonn Íosa roimh leanaí [Marcas 10:13-16]*). Tabhair cuireadh do na páistí na rudaí is cuimhin leo faoi na scéalta seo ón mBíobla a roinnt.
- Dá n-iarrfaí ort parabal den chineál céanna a scríobh bunaithe ar ár sochaí inniu, a mbeadh an teachtaireacht chéanna aige leis an bparabal seo, cé a bheadh mar laoch an scéil agat?

**Tá Parabal an tSamáraigh Mhaith ar leathanach 51 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' agus leis an 'gCleachtadh Dialainne'.**

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá an dán seo **ar leathanach 53 de leabhar na bpáistí freisin.**

Níor Scairt Aon Duine 'Stad'
Bhí a fhios ag cách nach raibh sé cothrom,
Ach níor scairt aon duine 'Stad'.
Bhreathnaigh daoine a mhalairt de threo,
Gan tada a dhéanamh ná bheith ag caint leo,
Ag súil go n-imeodh sé i bhfad,
Ach níor scairt aon duine 'Stad'.

Bhí a fhios ag cách nach raibh sé cóir,
Ach níor sheas aon duine leo.
Tugadh aird go leor ar a gcuid fón póca,
Ag labhairt i gcogar le focail mhíshásta,
Ag siúl go tapa ar a sáimhín só,
Ach níor sheas aon duine leo.

Bhí a fhios ag cách nach raibh sé ceart,
Ach d'imigh an slua go neamhairdiúil thart.
Duine ar dhuine, d'imigh siad go tapa,
Gan aird a thabhairt orthu siúd ag caoineadh.
Gan am acu, ná spéis ná neart,
Agus d'imigh an slua go neamhairdiúil thart.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil a dtuiscint air ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é ábhar an dáin seo, dar leat? Cén fáth, dar leat?
- Luann an chéad véarsa den dán gur 'bhreathnaigh daoine a mhalairt de threo'. Cad is brí le sin? Cathain a mbeadh daoine ag 'breathnú ar a mhalairt de threo' seachas a bheith ag cabhrú leo?
- Cad is brí le 'níor sheas aon duine leo'? Ar sheas tú riamh le duine a bhí i dtrioblóid? Cad a tharla?
- Úsáidtear focal difriúil i ngach véarsa chun cur síos a dhéanamh ar an rud céanna. An féidir leat na focail sin a aimsiú? (*cothrom, cóir, ceart*)
- Ainmnigh cuid de na leithscéalta sa dán atá ag daoine gan cabhair a thabhairt.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An féidir leat smaoineamh ar shuíomhanna réalaíocha a mbeadh an dán seo ag tagairt dóibh?
- Conas a bhraitheann daoine nuair a bhíonn siad i dtrioblóid agus nach stopann aon duine chun cabhrú leo? Ar lorg tú cabhair riamh nó an raibh súil agat go gcabhródh duine leat ach níor tharla aon rud? Conas a mhothaigh tú?
- An raibh aiféala ort riamh nár chuidigh tú le duine? Inis dúinn faoi sin.
- Dúirt Martin Luther King, 'Sa deireadh thiar ní chuimhneoimid ar fhocail ár naimhde, ach ar chiúnas ár gcairde.' Ar mhothaigh tú gortaithe riamh ag ciúnas do chairde? Cad ba mhaith leat go ndéanfadh siad?

Iarrann Íosa orainn seasamh suas ar son an rud atá ceart, ní hamháin labhairt faoi. Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid súl a dhúnadh agus guí ar son misneach chun an rud atá ceart a dhéanamh, fiú nuair atá sé deacair.

## DRÁMA RANGA

### RÓLIMIRT AR AN BPARABAL

- Inis don rang go bhfuil siad chun rólimirt a dhéanamh ar Pharabal an tSamáraigh Mhaith.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla na róil seo a leanas a bheith acu:
  - » An fear a robáladh
  - » Na robálaithe
  - » An sagart
  - » An Léivíteach
  - » An Samárach
  - » An óstóir
- Tabhair cuireadh don chuid eile den rang a bheith ina lucht féachana.
- Tabhair am do na páistí a ndráma a ullmhú, agus ba chóir go mbeadh:
  - » An robáil - le roinnt comhrá ó na robálaithe b'fhéidir.
  - » An sagart agus an Léivíteach ag siúl thart, agus iad ag labhairt os ard faoin gcaoi a bhfuil siad ag mothú nuair a fheiceann siad an fear, agus ag rá cén fáth ar roghnaigh siad siúl thairis gan cuidiú leis. (*m.sh. tá a fhios agam gur chóir dom cabhrú leis ach tá deifir orm/tá eagla orm*).
  - » An méid atá le rá ag na breathnóirí agus an sagart agus an Léivíteach ag siúl thart, agus ach go háirithe a gcuid tuairimí nuair a fheiceann siad an Samárach ag teacht agus ag stopadh chun cabhrú (*m.sh. 'Níor chuidigh sé leis, toisc gur Samárach é!'*).
  - » An Samárach - a chuid smaointe nuair a fheiceann sé an fear agus an chúis go stopann sé (*m.sh. ba mhaith liom cuidiú leis an bhfear seo toisc go bhfuil sé gortaithe go dona. Ní féidir liom siúl thairis agus é a fhágáil ag fulaingt mar seo*).
  - » An comhrá idir an Samárach agus an fear

gortaithe.
  » An comhrá idir an Samárach agus an óstóir.
  » An comhrá idir an óstóir agus an fear gortaithe.
  » Na breathnóirí ag freagairt do gach píosa den rólimirt.

Tar éis do na páistí an rólimirt a dhéanamh, spreag iad chun smaoineamh níos doimhne ar an scéal trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Meas tú, conas a mhothaigh an fear gortaithe nuair a chonaic sé an sagart agus an Léivíteach ag teacht an chéad uair? Conas a mhothaigh sé nuair a d'imigh siad thairis gan cúnamh a thabhairt dó?
- Conas a mhothaigh an fear gortaithe nuair a chonaic sé an Samárach ag teacht? (*Cuir i gcuimhne do na páistí faoi mar a bhreathnaigh daoine eile ar na Samáraigh ag an am.*)
- Conas a mhothaigh an fear gortaithe nuair a thug an Samárach aire mhaith dó?
- An gceapann tú go gcuirfeadh an méid a tharla iontas ar an óstóir? Cén fáth nó cén fáth nach gcuirfeadh?
- Dá bhfeicfeadh an sagart agus an Léivíteach an méid a tharla tar éis dóibh siúl ar aghaidh, conas a bhraithfidís, dar leat? Cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar bhealach difriúil dá mbeadh an deis acu?
- An bhféadfadh an lucht féachana aon rud a dhéanamh? Dá bhféadfadh, cad é?

Tá Dia ag iarraidh orainn cuidiú leo siúd atá i ngátar. Iarrann sé orainn freisin gan breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile, go háirithe sula mbíonn aithne againn orthu. Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, gabh buíochas le Dia as gach rud maith i do shaol agus iarr air cabhrú leat a bheith cóir le daoine eile agus teagmháil a dhéanamh leo siúd atá i ngátar.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### 'CEIST MHÓR'

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bunrialacha i gcuimhne do na páistí:
  1. Beidh deis ag gach duine ar mian leis/léi freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach uile dhuine luachmhar.

**Cén fáth a ndéanann daoine idirdhealú i leith daoine eile?**

- Spreag na páistí le machnamh ciúin a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí, ar mian leo, freagra ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit a bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag úsáid ceisteanna cosúil le: Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?
- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh leis an méid a chuala siad roimhe sin, m.sh. 'Aontaím/ní aontaím le X', agus tabhair cúiseanna leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineofá ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí freagraí a fháil ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun iad a spreagadh:

- An bhfaca tú riamh idirdhealú á dhéanamh ar dhuine? Cad a tharla? Conas a mhothaigh tú nuair a chonaic tú é sin ag tarlú?
- An ndearna tú idirdhealú riamh ar dhuine? Cén fáth/cén fáth nach ndearna?
- An ndearna duine ar bith idirdhealú ort riamh? Cén chaoi? Cén fáth, dar leat?
- Cad iad na bealaí ina ndéanann daoine idirdhealú ar dhaoine eile? An mbíonn idirdhealú soiléir i gcónaí? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn? Cad iad na cineálacha idirdhealaithe nach bhféadfadh daoine eile a thabhairt faoi deara agus nach mbraitheann an duine féin é ach nuair a bhíonn deireadh tagtha leis an ngníomh éagórach?
- An bhfuil sé ceart/ceart riamh idirdhealú a dhéanamh ar dhuine? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- An mbíonn sé deacair uaireanta glacadh le

- grúpaí éagsúla sa tsochaí? Cén chaoi?
- An gcreideann tú go bhfuil an meas céanna tuillte ag gach duine? Cén fáth nó cén fáth nach gcreideann tú?
- Cén cineál rudaí a spreagann daoine idirdhealú a dhéanamh ar dhaoine eile? (*m.sh. eagla, easpa eolais fúthu, easpa muiníne*)

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ó na dearcaí éagsúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### FAOIN 'GCEIST MHÓR'

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

Nuair a tháinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda sa bhliain 1945, bhí rún daingean ag an bpobal idirnáisiúnta teacht ar bhunrialacha chun a chinntiú go gcosnófaí cearta daonna daoine sa todhchaí ionas go bhféadfaí aighneas a sheachaint. Is é atá sa Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine ná liosta de na cearta bunúsacha agus de na saoirsí a bhfuil gach duine i dteideal a fháil. D'ullmhaigh na Náisiúin Aontaithe é sa bhliain 1948.

Tabhair cuireadh do pháiste an 'Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine' a léamh os ard ó **leathanach 51 de leabhar na bpáistí**. Ansin dírigh aire na bpáistí chuig an achoimre seo a leanas ar ocht gcinn de na cearta daonna atá le fáil sa Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine, atá **ar leathanach 52 dá leabhar:**

**Airteagal 1:** Saolaítear gach duine saor agus cothrom maidir le dínit agus cearta.
**Airteagal 2:** Tá gach duine i dteideal na gceart agus na saoirsí go léir atá leagtha amach sa Dearbhú seo, beag beann ar chine, dath, gnéas, teanga, reiligiún nó aon difríocht eile.
**Airteagal 3:** Tá ceart ar bheatha, saoirse agus slándáil ag gach duine.
**Airteagal 13:** Tá ceart ar shaoirse gluaiseachta ag gach duine.
**Airteagal 17:** Tá sé de cheart ag gach duine maoin a shealbhú ina aonar agus in éineacht le daoine eile.
**Airteagal 25:** Tá sé de cheart ag gach duine caighdeán maireachtála a bheith acu atá dóthanach don tsláinte agus don fholláine.
**Airteagal 26:** Tá ceart ar oideachas ag gach duine.
**Airteagal 29:** Tá dualgais ag gach duine don phobal.

Seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Cé mhéad Airteagal ar fad atá san Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine?
- Cathain a ullmhaíodh agus a aontaíodh ar an Dearbhú seo?
- Cén fáth go raibh sé riachtanach liosta de chearta a chur le chéile a mbeadh aontú idirnáisiúnta fúthu ann.

Ansin déan tochailt níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An aontaíonn tú leis na cearta atá liostaithe ar leathanach 52 de do leabhar? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú?
- An féidir leat smaoineamh ar shampla a chonaic tú nó ar chuala tú faoi nár tugadh na cearta seo do dhuine nó do ghrúpa?
- Conas a mbeadh cúrsaí dá mbeadh liosta difriúil de chearta daonna ag gach tír?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### TRÍ CHEARTA DHAONNA THÁBHACHTACHA

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 52 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh trí cinn de na cearta daonna is tábhachtaí dar leo a roghnú, agus iad seo a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach faoin gceannteideal 'Trí Chearta Dhaonna Thábhachtacha'.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Samhlaigh gur tusa an fear gortaithe i bParabal an tSamáraigh Mhaith … Mothaigh an bóthar salach, míchompordach fút agus tú i do luí ansin ag fanacht le duine teacht agus cabhrú leat … Samhlaigh cé chomh eaglach agus imníoch a bhraitheann tú tar éis duit a bheith robálaithe … Anois samhlaigh conas a ardaíonn do chroí nuair a fheiceann tú sagart ag teacht i do threo … agus ansin an díomá a bhraitheann tú nuair a théann sé thart gan stad … Ansin ardaíonn do dhóchas arís nuair a fheiceann tú fear a aithníonn tú ón Teampall ag teacht i do threo ... ach siúlann sé ar aghaidh freisin … Ansin feiceann tú Samárach ag teacht agus tá tú cinnte, ó gach a chuala tú faoi na Samáraigh, nach gcabhróidh sé leatsa … ach cabhraíonn sé … agus tá tú chomh buíoch leis … Inniu iarraimid ar ár nAthair grámhar cabhrú linn gan breithiúnas a thabhairt ar dhaoine sula gcuirfimid aithne orthu … nó ar bhonn a bhfuil le rá ag daoine eile fúthu … Cuidigh linn teagmháil a dhéanamh leo siúd atá i ngátar … agus a thabhairt chun chuimhneamh go bhfuil cearta ag gach duine toisc gur ionann muid uile … Tabhair maithiúnas dúinn, a Thiarna, nuair a ghortaímid daoine eile de bharr ár ngníomhartha nó ár mbreithiúnas … Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Iarrtar orainn mar Chríostaithe meas a bheith againn ar chearta bunúsacha gach duine. Múineann an Eaglais go bhfuil sé de cheart ag gach uile dhuine, bia, éadaí agus foscadh, oideachas agus fostaíocht, meas, eolas cuí, gníomhú de réir a choinsiasa féin, príobháideachas agus saoirse reiligiúin, a bheith acu. Tá na cearta seo ag teacht leis an liosta de chearta an duine sa Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine a d'aontaigh an pobal idirnáisiúnta leo sa bhliain 1948. Nuair a dhéanaimid dochar do dhaoine bunaithe ar ráfla nó ar thuairimí, diúltaímid a gcearta daonna dóibh. Tá freagracht ag gach duine freisin seasamh leo siúd a bhfuil a gcearta daonna á ndiúltú dóibh nó neamhaird á dhéanamh orthu, agus obair chun aire a thabhairt do na daoine is soghonta sa phobal.

## GNÍOMHAÍOCHT

### CÁSANNA: 'AG CAITHEAMH GO CÓIR NÓ LE HIDIRDHEALÚ?'

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i mbeirteanna don ghníomhaíocht seo. Is é an tasc atá acu ná cinneadh a dhéanamh an bhfuil na cásanna a chuireann tú ina láthair cóir nó idirdhealaitheach.
- Léigh na cásanna ceann i ndiaidh a chéile do na páistí. Tabhair am dóibh comhrá a dhéanamh le chéile go ciúin faoi gach ceann acu agus teacht ar chinneadh maidir le ar caitheadh go cóir nó go hidirdhealaitheach leis na daoine atá i gceist.
- Tar éis do na páistí gach ceann de na cásanna a phlé ina mbeirteanna, bíodh comhrá ginearálta ann le fáil amach an bhfuil comhaontú ann maidir leis na gníomhartha a bhí cóir agus na cinn a bhí idirdhealaitheach.

**Cás 1:** Tá grúpa déagóirí ag teacht le chéile san ionad siopadóireachta. Tá siad gléasta i húdaithe agus briste spóirt. Tá siad go léir ag comhrá agus ag gáire. Tosaíonn siad ag rith suas an staighre beo agus é ag teacht anuas. Tuairiscíonn siopadóir do na gardaí iad as iompar frithshóisialta.

**Cás 2:** Siúlann triúr ban den Lucht Siúil isteach i siopa caife. Suíonn beirt acu síos, agus téann an tríú ceann chuig an gcuntar agus ordaíonn sí trí Americanos agus pióg úll. Deir freastalaí an tsiopa caife, 'Tá brón orm. Beidh oraibh imeacht. Ní bheidh mé ag freastal oraibh.'

**Cás 3:** Tagann beirt bhuachaill, ocht mbliana d'aois, isteach sa scuaine i siopa. Tá siad ag iarraidh milseáin a cheannach. Nuair atá an seans acu na milseáin a cheannach, glaonn duine fásta a ordú thar ghuaillí na mbuachaillí agus déantar freastal ar an duine fásta ar dtús.

**Cás 4:** Cuireann bean ón Afraic, atá ina cónaí in Éirinn, isteach ar phost rúnaíochta. Cuireann triúr dá cairde Éireannacha, a bhfuil na cáilíochtaí céanna acu, isteach ar an bpost céanna. Glaoitear an triúr ban Éireannacha faoi agallamh don phost ach níor glaodh an bhean ón Afraic.

**Cás 5:** Téann turasóir ar na Luas i mBaile Átha Cliath. Ní cheannaíonn sé ticéad. Nuair a thagann an cigire thart, deir an fear nach raibh a fhios aige go raibh ticéad ag teastáil uaidh. Gearrtar fíneáil air agus cuirtear as an Luas é.

**Cás 6:** Tá conraitheoir tógála áitiúil tar éis post a fhógairt do leictreoir. Leictreoir cáilithe is ea Méabh. Cuireann sí isteach ar an bpost. Ní ghlaoitear ach triúr fear faoi agallamh.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### AN TATHAIR ÉADBHARD Ó FLANNAGÁIN (1886-1948)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl an Athar Éadbhard Ó Flannagáin a léamh **ar leathanach 52 de leabhar na bpáistí**.
- Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:
  - » Cad iad na buanna/luachanna Críostaí a léirigh an tAthair Ó Flannagáin, dar leat, leis an mbealach a chaith sé a shaol?
  - » Cad iad na tíolacthaí ón Spiorad Naomh a d'fhéadfaí a fheiceáil ag gníomhú i saol an Athar Ó Flannagáin?

» Dúirt an tAthair Ó Flannagáin, 'Níl a leithéid de rud ann agus droch-bhuachaill.' Cad a insíonn na focail seo duit faoin gcineál duine a bhí san Athair Ó Flannagáin agus faoi na rudaí a chreid sé iontu?
» Conas a léirigh an tAthair Ó Flannagáin trína fhocail agus a ghníomhartha gur laoch Críostaí é?
» Chaith an tAthair Ó Flannagáin a shaol ag cabhrú le buachaillí óga ó chúlraí trioblóideacha. Cén chaoi a mbeifeá spreagtha ag a shaol agus ag na rudaí a dúirt sé?

## CLEACHTADH DIALAINNE

### SAMPLA DEN IDIRDHEALÚ

- Tabhair cuireadh do na páistí cuntas gairid a scríobh nó pictiúr a tharraingt sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach de thréimhse nuair a mhothaigh siad go ndearnadh idirdhealú orthu nó go bhfaca siad idirdhealú ag tarlú. (*m.sh. nach bhfreastalófaí orthu i siopa nuair ba chóir, ainmneacha gránna á tabhairt orthu, coinnithe amach ó chluiche.*)

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### PÓSTAER I GCOINNE AN IDIRDHEALAITHE

**Nóta:** *Beidh bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil do gach páiste nó grúpa.*

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí beaga nó ina n-aonair. Déan na hábhair ealaíne a dháileadh dá réir.
- Is é an tasc atá acu ná grúpa amháin daoine a roghnú a mbraitheann siad go ndéantar idirdhealú orthu in Éirinn, agus póstaer i gcoinne an idirdhealaithe a dhéanamh, a leagann béim nó a tharraingíonn aird ar an gcaoi a gcaitear go míchothrom leis an ngrúpa áirithe seo.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Leabhar Míocá.

*Míníodh duit, a dhuine, céard is maith*
*agus céard a iarrann an Tiarna ort.*
*Níl uaidh ach seo: an ceart a dhéanamh,*
*buanghrá a chothú*
*agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé.* (Míocá 6:8)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a bheith macánta nuair atáimid ag déileáil le daoine eile.
Cabhraigh linn meas a léiriú do dhaoine eile agus gan breithiúnas a thabhairt orthu agus a bheith cothrom agus macánta le gach duine.
A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** A Dhia ár nAthair, cabhraigh linn do ghrá agus do chúram a thaispeáint dóibh siúd mórthimpeall orainn.
Cabhraigh linn cuimhneamh go háirithe ar dhaoine nach bhfuil dóthain airgid acu le maireachtáil le dínit; daoine atá tinn nó ag fulaingt ar shlí ar bith; daoine a bhfuil uaigneas nó faitíos orthu, agus iad siúd go léir a bhfuil gá ar bith acu. Cabhraigh linn an méid is féidir linn a dhéanamh chun cabhrú leo.
A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn daoine eile a chur romhainn féin agus cuimhneamh gur iarr Íosa orainn cabhrú le daoine eile, mar a rinne sé. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Le chéile, cuimhnímid ar na hamanna go ndearnamar breithiúnas éagórach ar dhaoine eile … amanna nuair a rinneamar idirdhealú i leith duine eile … nó amanna nach raibh meas againn ar dhuine eile. Guímis anois an *Gníomh Dóláis* le chéile.
**Gach duine:** A Dhia, gabhaim buíochas leat as ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do dhaoine eile.
Cabhraigh liom mo shaol a chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís. Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Iarrtar orainn aire a thabhairt don domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Dúirt Ban Ki-Moon, iar-Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda sa bhliain 2015: 'Is muidne an chéad ghlúin ar féidir léi deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus an ghlúin dheireanach a d'fhéadfadh nithe a dhéanamh chun an tionchar is measa a bhaineann le hathrú aeráide a sheachaint. Tabharfaidh na glúnta atá le teacht breithiúnas géar orainn má theipeann orainn ár bhfreagrachtaí morálta agus stairiúla a chomhlíonadh.' Ag comhdháil aeráide na Náisiún Aontaithe sa Pholainn i mí na Nollag 2018, mhol na ceannairí domhanda go gcaithfimid 'gníomhú anois le misneach agus le réiteach ... nó, go sábhála Dia sinn, neamhaird a dhéanamh den fhianaise shoiléir atá ann, agus a bheith mar an ghlúin a rinne feall ar an gcine daonna agus ar ár bhfreagracht do na glúnta atá le teacht.'

Ní ceist chomhshaoil amháin atá san athrú aeráide; is ceist mhorálta í toisc go dtéann sí i gcion orainn uile, ach go háirithe ar na daoine is soghonta ar ár bplainéad. Cé go mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar dhaoine i ngach tír, is iad na daoine atá ina gcónaí sna tíortha is boichte ar domhan na daoine is measa a mbíonn tionchar ag triomaigh, tuilte, hairicíní srl orthu. Tuigimid anois gurb iad stíleanna maireachtála daoine sna náisiúin is saibhre ar domhan is cúis le go leor de na tubaistí a ndéanaimid cur síos orthu go minic mar 'tubaistí nádúrtha' nó 'gníomhartha Dé'. Mar Chríostaithe, iarrtar orainn freagra cóir a thabhairt agus muid ag déileáil leis an gcás seo.

Imlitir is ea *Laudato Si'* a scríobh an Pápa Proinsias faoi chúram a thabhairt don domhan, a dtugann sé 'ár mbaile coiteann' air. San imlitir seo díríonn sé aird ar an neamhionannas atá le feiceáil maidir le truailliú agus athrú aeráide ar na daoine is boichte ar domhan. Cuireann an Pápa Proinsias béim ar an 'gcaidreamh pearsanta atá ann idir na daoine bochta agus sobhristeacht an phláinéid' agus dearbhaíonn sé go bhfuil 'gach rud ar domhan ceangailte le chéile' (uimh. 16). Iarrann sé orainn maireachtáil go ciallmhar, smaoineamh go domhain agus grá a thabhairt go fial. I Leabhar Míocá, fáidh, mar fhreagra ar an gceist 'Céard a iarrann an Tiarna orainn?', cloisimid an freagra seo: 'an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú, agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé' (Míocá 6:8).

Tá staidéir eolaíochta ar an tuairim go bhfuil tionchar ag iompar daonna, a théann i bhfeidhm ar athruithe sa timpeallacht nádúrtha, ar aon chuid den chruinne, ar dhaoine ar fud an domhain ar fad. Aontaíonn an Pápa Proinsias le seo nuair a deir sé i *Laudato Si'* . 'Cruthaíonn téamh ... próiseas a dhéanann an scéal níos measa fós, agus a théann i bhfeidhm ar sholáthar acmhainní riachtanacha cosúil le huisce óil, fuinneamh agus táirgeadh talmhaíochta i réigiúin níos teo, agus a chuireann cuid de bhithéagsúlacht an phláinéid as feidhm' (uimh. 24) . Leanann an doiciméad ar aghaidh ag caint faoi oighearchaidhpeanna ag cúlú, cailliúint foraoisí trópaiceacha agus truailliú na n-aigéan. Bíonn tionchar acu seo go léir, cé gur iompar daonna is cúis leo, ar shaol daoine ar fud an domhain.

I bParabal 'An Fear Saibhir agus Lazaras' atá ar fáil sa cheacht seo (Lúcás 16:19-31), cloisimid faoin gcaoi nár thug an fear saibhir aird ar fháithe an ama. Chuir sé amú na deiseanna a bhí ar fáil aige chun cabhrú leo siúd a bhí i ngátar go dtí go raibh sé ródhéanach ar deireadh. D'fhéadfaimis, freisin, a bheith cúisithe as neamhaird a thabhairt ar na rabhaidh atá á gcloisteáil againn maidir leis na bagairtí ar ár bplainéad de bharr gníomhaíochta daonna. Táimid i mbaol na deiseanna atá ar fáil dúinn chun an cás a fheabhsú a chailleadh go dtí go mbeidh sé ródhéanach. Caithfidh na náisiúin is saibhre, gníomhú anois chun cabhrú leis na náisiúin is boichte ar domhan. Deir Seanfhocail 21:13 linn, 'An té a thugann cluas bhodhar d'éamh an bhochtáin nuair a ghlaofaidh sé féin ní éistfear leis.'

Tá 'ceartas aeráide' ar cheann de na dúshláin is práinní sa lá atá inniu ann. 'Séard atá i gceist ná torthaí an athraithe aeráide a iniúchadh, go háirithe ar na daoine is boichte ar domhan, agus freagra a thabhairt ar bhealach a fhéachann le ceartas agus staid níos fearr a bhaint amach.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Ceartas aeráide:** Baineann sé seo leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun staid na ndaoine is mó a bhfuil tionchar ag athrú aeráide orthu, a fheabhsú. Tuigimid anois gurb é stíl mhaireachtála na ndaoine i náisiúin shaibhre an domhain, Éire san áireamh, is cúis leis an gcuid is mó den athrú aeráide, agus gurb iad na daoine is boichte ar ár bpláinéad is mó atá thíos leis. Iarrtar orainn go léir ár n-iompar a athrú chun cabhrú lenár bpláinéad agus le pobal an domhain nuair atá an deis againn. Is é seo aidhm an cheartais aeráide.
- ***Laudato Si'*:** Frása Iodáilise a chiallaíonn 'Moladh Leat'; teideal litreach (imlitir) a scríobh an Pápa Proinsias, chuig pobal uile an domhain is ea *Laudato Si'*

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cúig Bhíobla, ceann do gach grúpa páistí
- Páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE HATHRÚ AERÁIDE AGUS GNÍOMHARTHA DAONNA

Déan comhrá leis na páistí faoin méid a thuigeann siad faoi athrú aeráide, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad é an difríocht idir an aimsir agus an aeráid? (*Tagraíonn an aimsir don atmaisféar/toscaí éagsúla a bhíonn againn, mar ghaoth, báisteach, teas, srl., thar thréimhse ghearr. Tagraíonn aeráid do na cineálacha/patrúin aimsire éagsúla a bhíonn againn thar thréimhse níos faide.*)
- Cén cineál aeráide atá againn in Éirinn? (*aeráid mheasartha*) Cad a chiallaíonn sé seo? (*measartha; gan a bheith ró-the agus gan a bheith ró-fhuar*)
- An cuimhin leat foghlaim faoi aon ghníomhartha daonna a théann i bhfeidhm *go dona* ar an aeráid - sa rang don Oideachas Reiligiúnach nó sa Tíreolaíocht? (*m.sh. breoslaí iontaise a dhó; crainn a ghearradh; an t-atmaisféar a thruailliú leis an múch a thagann ó ghluaisteáin; truailliú ó mhonarchana a chuireann ceimiceáin chontúirteacha isteach sa timpeallacht - bíonn leibhéil mhéadaithe dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar mar thoradh air seo go léir, rud a mhéadaíonn ar an dteocht. [téamh domhanda]*)
- An cuimhin leat foghlaim faoi aon ghníomhartha daonna a théann i bhfeidhm ar an aeráid *ar bhealach maith*? (*m.sh. níos lú uisce a úsáid; níos lú fuinnimh agus foinsí fuinnimh atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a úsáid le haghaidh breosla agus teasa; ag siúl agus ag rothaíocht seachas dul i gcarr; athúsáid agus athchúrsáil*)

Mínigh do na páistí gurb iad gníomhartha daoine sna háiteanna is saibhre den domhan is cúis le téamh domhanda agus athrú aeráide, ach mothaíonn daoine a bhfuil cónaí orthu sna háiteanna is boichte den domhan na hathruithe seo. Braitheann go leor de na daoine is boichte ar an bpláinéad ar acmhainní nádúrtha mar thalmhaíocht, iascaireacht agus foraoiseacht. Braitheann na daoine seo ach go háirithe ar ainmhithe le haghaidh feola agus bainne, mar sin nuair a fhaigheann ainmhithe bás mar thoradh ar easpa bia agus uisce, níl aon bhealach eile ag na daoine chun slí bheatha a bhaint amach agus tacú lena dteaghlaigh. Is minic nach mbíonn bealach isteach ag na daoine seo ar sheirbhísí sóisialta. Is minic a mbíonn orthu freisin a dtithe agus fiú a dtíortha a fhágáil ar thóir oibre agus bealaí eile chun slí bheatha a bhaint amach, ionas go mbeidh a dteaghlaigh in ann maireachtáil.

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 54 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AG DUL I NGLEIC LE HATHRÚ AERÁIDE

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 54 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh na ceithre ghníomh a mhol an físeán a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh chun cabhrú le hathrú aeráide, a chlárú sa Dialann Oideachas Reiligiúnach. Is féidir leo focail nó líníochtaí a úsáid.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AN DOMHAN AMACH ANSEO

- Tabhair cuireadh do na páistí samhlú agus comhrá a dhéanamh faoin gcuma a bheadh ar ár ndomhan i gceann caoga bliain mura ndéanaimid na hathruithe riachtanacha ar ár stíleanna maireachtála chun ár bplainéad a chosaint.
- Ansin iarr orthu íomhánna nó siombailí a tharraingt sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach ar an gcuma a cheapfadh siad a bheadh ar an domhan. B'fhéidir gur mhaith leo lipéid/fotheidil a úsáid chun a gcuid líníochtaí a mhíniú.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh triúr léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Agus an choinneal á lasadh againn cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Chruthaigh Dia an domhan na milliúin bliain ó shin. Tá glúnta daoine tar éis maireachtáil ar an domhan agus tar éis aire a thabhairt dó.
Tá athrú aeráide anois ann mar thoradh ar an damáiste a rinneadh don domhan ag na glúnta is déanaí.
Bíonn tionchar ag athrú aeráide orainn uile.
Bíonn tionchar ag an athrú aeráide, ach go háirithe, ar dhaoine i dtíortha bochta. Anois is arís, ní bhíonn mórán seans ag na boicht teacht slán de bharr athruithe aeráide.
Guímid go ndéanfaidh sinne i dtíortha saibhre iarracht, trínár ngníomhartha, an t-athrú aeráide a laghdú agus a thaispeáint go dtabharfaimid aire dóibh siúd a chónaíonn i dtíortha níos boichte.

**Páiste 1:** Cabhraigh linn a thaispeáint go dtabharfaimid aire don domhan agus do na daoine sna tíortha is boichte ar domhan trí athúsáid nó athchúrsáil a dhéanamh ar an méid is féidir linn, agus mar sin an méid dramhaíola a tháirgimid a laghdú. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Páiste 2:** Cabhraigh linn cúram don chomhshaol a chur roimh ár gcaoithiúlacht féin trí bheith ag siúl níos mó, trí rothaíocht a dhéanamh nó trí choras iompar poiblí a úsáid in ionad dul i gcarr. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Páiste 3:** Cabhraigh linn cuimhneamh ar an dtábhacht a bhaineann le plandaí agus le crainn don chomhshaol trí chur i gcuimhne dár dtuismitheoirí nó dár gcaomhnóirí crainn a chur agus glasraí a fhás, nuair is féidir, ionas go rachaidh ár dteaghlaigh i ngleic le hathrú aeráide. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímis le chéile anois an phaidir *Cúram don Domhan* atá foghlamtha againn cheana.
**Gach duine:** A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú an talamh, an spéir agus na farraigí dúinn.
Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann, ach do na haoiseanna atá le teacht freisin.
Ná milleadh aon phlean ná obair againne áilleacht do chruthaithe.
Seol do Spiorad chugainn chun cabhrú linn aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ


### ROIMH AN SCRIOPTÚR NAOFA

Sula dtéann tú ar aghaidh chuig scéal an fhir shaibhir agus an bacach Lazaras, labhair leis na páistí faoin méid a d'fhoghlaim siad sa cheacht roimhe seo faoi cheartas aeráide.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN FEAR SAIBHIR AGUS LAZARAS

**An Fear Saibhir agus Lazaras (Lúcás 16:19-31)**



(Dúirt Íosa lena dheisceabail): "Bhí fear saibhir ann a mbíodh corcra agus sról rómhín mar éadach air, agus é go taibhseach gach lá ag bord aoibhinn. Agus bhíodh duine bocht darbh ainm Lazaras ina luí le hais a gheata agus screamh othras air agus arbh é ba mhian leis a shá a fháil den sprúilleach a thiteadh ó bhord an fhir shaibhir; agus fós, bhíodh na gadhair féin ag teacht ag lí na n-othras aige. Ach ansin fuair an duine bocht bás, agus iompraíodh ag na haingil é go hucht Abrahám.

Fuair an fear saibhir bás freisin agus adhlacadh é. Agus in ifreann dó, d'ardaigh sé a shúile agus é i bpiolóidí, agus chonaic Abrahám i bhfad uaidh agus Lazaras ina ucht. Agus ghlaoigh sé amach: 'A athair Abrahám,' ar sé, 'bíodh trua agat dom, agus cuir Lazaras go dtomfadh sé barr a mhéire in uisce agus go bhfuaródh mo theanga, óir táim do mo chrá sa lasair seo.' Ach dúirt Abrahám: 'Cuimhnigh, a mhic, go bhfuair tusa do chuid féin de na dea-nithe le linn do bheatha, agus mar an gcéanna go bhfuair Lazaras na drochnithe. Ach anois tá seisean á shólású abhus, agus tusa do do chrá. Agus ina éagmais sin uile, tá duibheagán mór suite daingean idir sinne agus sibh, ionas nach féidir leo seo arb áil leo é dul anonn chugaibh agus nach ngabhtar anall trasna chugainne.' Dúirt seisean: 'Iarraim ort más ea, a athair, é chur go dtí teach m'athar - óir tá cúigear dearthár agam - chun go dtabharfadh sé fios an scéil dóibh d'eagla go dtiocfaidís sin freisin san áit seo na bpiolóidí.'

Dúirt Abrahám: 'Tá Maois acu agus na fáithe; éistidís leo sin.' Dúirt sé: 'Ní hea, a athair Abrahám, ach má théann duine ó na mairbh chucu déanfaidh siad aithrí.' Ach dúirt sé leis: 'Mura n-éisteann siad le Maois agus leis na fáithe, ní mó a ghéillfidh siad má éiríonn duine ó mhairbh.' "

Tar éis duit scéal an parabal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- Cén fáth ar tugadh Lazaras go doras an fhir shaibhir gach lá?
- Cá ndeachaigh Lazaras nuair a fuair sé bás?
- Cad is brí le 'Ifreann'? Cé a chuaigh go hIfreann?
- Cad a bhí an fear saibhir ag iarraidh rabhadh a thabhairt dá chúigear dearthár faoi?
- Cé a dúirt Abrahám gur chóir go n-éistfeadh deartháireacha an fhir shaibhir leis/leo?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- An gceapann tú go raibh sé cóir go raibh an fear saibhir ag fulaingt agus Lazaras ina sháimhín só ar neamh? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- An dóigh leat go raibh an fear saibhir in ifreann toisc go raibh sé saibhir, nó toisc nár roinn sé a shaibhreas leis na bochtáin?
- Cén fáth, dar leat, a bhí an fear saibhir ag iarraidh rabhadh a thabhairt dá dheartháireacha? Cén teachtaireacht, dar leat, ar theastaigh uaidh a thabhairt dóibh?
- Rinne an fear saibhir neamhaird ar rabhaidh Mhaois agus na bhfáithe nuair a bhí sé beo. Cén teachtaireacht ar thug sé neamhaird air? *(Ba chóir do dhaoine aire a thabhairt dá chéile,*

*go háirithe do na bochtáin agus dóibh siúd atá i ngátar.*)

- Glaoitear orainn, cosúil leis an fear saibhir sa scéal, chun aire a thabhairt dá chéile, go háirithe do na bochtáin agus dóibh siúd inár bpobal atá i ngátar. Cén nasc atá ann idir ár ngníomhartha dramhaíola, a dhéanann dochar don chomhshaol, agus ár nglao/freagracht aire a thabhairt do dhaoine bochta agus dóibh siúd atá i ngátar inár ndomhan?
- An gceapann tú go bhfuil daoine ag éisteacht leis na rabhaidh faoi athrú aeráide, agus faoin gcaoi a bhfuil athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar na daoine is boichte ar domhan, nó an bhfuil an baol ann go dtabharfaimid neamhaird ar na rabhaidh go dtí go mbeidh sé rómhall? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An gceapann tú dá mbeadh seans eile ag an bhfear saibhir ar domhan go n-athródh sé an bealach ina mhair sé? Conas a d'fhéadfadh sé athrú a dhéanamh?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Mínigh do na páistí gur eisigh na Náisiúin Aontaithe roinnt tuairiscí ag cur síos ar an scrios atá ag tarlú faoi láthair ar an gcomhshaol. B'fhéidir gur mhaith leat féachaint ar na tuairiscí is déanaí ó na Náisiúin Aontaithe ar líne agus roinnt de na rabhaidh a tugadh do mhuintir an domhain faoi láthair faoin bpráinn atá ann beart a dhéanamh chun ár bplainéad a shábháil. Tá sé tábhachtach agus tú ag déileáil leis an gceist seo nach gcuireann tú eagla ar na páistí a d'fhéadfadh a bheith imníoch faoina bhfuil ag tarlú dár bplainéad.

## SCÉALTA A BHAINEANN LE HATHRÚ AERÁIDE

- Tá na scéalta seo a leanas **ar leathanaigh 54 agus 55 de leabhar na bpáistí**. Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla na scéalta a léamh os ard agus ansin ceistigh na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna eile cosúil leo.

**Scéal 1: Gerardo Amantillo agus a bhean Jovita Ó Na Hoileáin, Fhilipíneacha**

Ar an 8 Samhain 2013, bhuail tíofún Haiyan na hOileáin Fhilipíneacha. Bhí Gerardo Amantillo agus a bhean Jovita sa bhaile nuair a bhuail an tíofún. Bhí siad ullamh le haghaidh stoirme, ach bhí an tíofún i bhfad níos measa ná sin. Bhasc an ghaoth a dteach. Ansin, bhris tonnta ollmhóra mórthimpeall orthu. Scriosadh a dteach go hiomlán, mar aon lena sealúchais go léir, seachas mála amháin giúirléidí. Is ar éigean a d'éirigh leo teacht slán – bhí orthu greim daingean a bhreith ar dhíon a gcomharsan. Ní fios cathain a bheidh siad in ann bogadh ar ais isteach ina dteach féin. Tá Trócaire ag cabhrú leo. Dhíbir tíofún Haiyan os cionn ceithre mhilliún duine as a dtithe.

- Conas a mhothófá dá mbeifeá in áit Gerardo agus Jovita, go háirithe dá mbeadh a fhios agat gur tharla cuid mhaith den athrú aeráide a bhí chomh tubaisteach sin ar do shaol, mar thoradh ar ghníomhartha daoine i dtíortha níos saibhre?




- Cén teachtaireacht, dar leat, a bheadh Gerardo agus Jovita ag iarraidh a thabhairt do dhaoine i dtíortha níos saibhre, Éire ina measc?
- Cad a déarfá le Gerardo agus Jovita dá mbeadh seans agat bualadh leo?
- Conas a bhraitheann siad, dar leat, faoin obair atá á dhéanamh ag eagraíochtaí cosúil le Trócaire, a chabhraíonn le daoine i gcásanna crua chun a saoil a atógáil?

**Scéal 2: Mechu Dayo ón Aetóip, san Afraic**
Ba mhinic blianta de thriomach san Aetóip, gan báisteach ar bith ag titim. Tá an scéal seo i bhfad níos measa anois mar gheall ar an athrú aeráide. Go minic, ní bhíodh dóthain plúir ag an mbean seo, Mechu Dayo, chun arán a bhácáil dá leanaí. Bhíodh eallach aici ar an bhfeirm ach, gan uisce, ní féidir ainmhithe a choimeád. Mhúin Trócaire do 170 teaghlach sa cheantar conas glasraí a fhás. Thug siad uirlisí do Mechu, agus do dhaoine eile, chun é seo a dhéanamh. Anois, tá Mechu in ann glasraí, cabáiste mar shampla, a fhás dá leanaí agus a cuid táirgí a dhíol sa mhargadh. Thochail Trócaire toibreacha nua sa cheantar chun an soláthar uisce a fheabhsú. Is féidir le Mechu uisce a thabhairt anois ón tobar ar asal agus glasraí a fhás, fiú nuair nach mbíonn aon bháisteach ann.

- Conas a mhothófá dá mbeifeá in áit Mechu Dayo, go háirithe dá mbeadh a fhios agat go bhfuil cuid mhaith den chruatan agus den fhulaingt a fhulaingíonn tú, ag iarraidh do theaghlach a bheathú, mar thoradh ar ghníomhartha daoine i dtíortha níos saibhre?



- Cén teachtaireacht, dar leat, a bheadh Mechu Dayo ag iarraidh a thabhairt do dhaoine i dtíortha níos saibhre, Éire ina measc?
- Cad a déarfá le Mechu Dayo dá mbeadh seans agat bualadh léi?
- Conas a mhothaíonn Mechu Dayo agus a pobal, dar leat, faoin gcabhair a thug Trócaire agus na daoine atá ag obair don charthanas sin dóibh?
- Conas a mhothaíonn Mechu Dayo agus a pobal faoi na daoine a bhailíonn airgead do charthanais cosúil le Trócaire?

**Scéal 3: Amos ón Gcéinia, san Afraic**
Tá Amos dhá bhliain déag d'aois agus is as an gCéinia é. D'fhás Amos agus a theaghlach go leor glasraí ar fheirm a bhí acu. D'ith siad a sáith de na glasraí agus dhíol siad an chuid eile ag an margadh. D'úsáid siad an t-airgead a thuill siad ó na glasraí chun rudaí eile a cheannach. Mar gheall ar an athrú aeráide, ní thagann an bháisteach ag an ngnátham i rith na bliana, agus mar sin, tá sé níos deacra orthu a gcuid glasraí a fhás. Mar thoradh air seo, thit ioncam an teaghlaigh agus níl dóthain airgid acu chun na rudaí a theastaíonn uathu a cheannach. Tá athair Amos tar éis bogadh go baile i bhfad ar shiúl chun post a fháil chun airgead a thuilleamh. Braitheann Amos uaidh a athair nuair atá sé ar shiúl.

- Conas a mhothófá dá mbeifeá in áit Amos, go háirithe dá mbeadh a fhios agat go bhfuil cuid mhaith den athrú aeráide, atá mar cúis leis an easpa báistí, mar thoradh ar ghníomhartha daoine i dtíortha saibhre?



**Photo credit: Jeannie O'Brien**

- Cén teachtaireacht, dar leat, a bheadh Amos ag iarraidh a thabhairt do dhaoine i dtíortha níos saibhre, Éire ina measc?
- Cad é a déarfá le Amos dá mbeadh seans agat bualadh leis? Cad ba mhaith leat a insint dó faoi do chuid iarrachtaí féin chun an comhshaol a chosaint agus athrú aeráide a laghdú?
- Conas a mhothaíonn Amos, dar leat, faoi obair eagraíochtaí cosúil le Trócaire, a chabhraíonn le daoine agus le pobail a bhíonn i gcruachás cosúil lena theaghlach féin?

## GNÍOMHAÍOCHT

### CUARDACH BÍOBLA

**Nóta:** Teastóidh cúig Bhíobla uait don ghníomhaíocht seo, ceann do gach grúpa páistí.
• Taispeáin na tagairtí seo a leanas ón tSean-Tiomna ar an gclár dubh/bán:
›› Geineasas 2:15
›› Léivític 25:3-4
›› Uimhreacha 35:34
›› Irimia 2:7
›› Seanfhocail 12:10

**Nóta:** Iarr ar na páistí na véarsaí thuas ó na Scrioptúir a aimsiú dóibh féin.

- Roinn an rang i gcúig ghrúpa agus iarr ar gach grúpa ceann de na tagairtí thuas a chuardach.
- Tabhair am don chuardach Bíobla agus ansin iarr ar pháiste amháin ó gach grúpa na rudaí a d'aimsigh siad a léamh amach.
- Mínigh gur aithin daoine, le fada an lá, go bhfuil ár gcaidreamh leis an domhan naofa, toisc go ndearna Dia an domhan agus gach rud ann. Cé gur rud nua é an t-eolas atá againn ar athrú aeráide, mar Chríostaithe tá sé de fhreagracht orainn aire a thabhairt don domhan toisc gur chruthaigh Dia é agus thug dúinn mar bhronntanas é. Tá Dia ag iarraidh orainn é a chur ar aghaidh i riocht maith do na daoine a thiocfaidh inár ndiaidh.

Seo a leanas na tagairtí ó na Scrioptúir:
**Geineasas 2:15:** Thóg an Tiarna Dia an duine agus chuir i ngairdín Éidin é chun é a shaothrú agus aire a thabhairt dó.
**Léivític 25:3-4:** Cuir síol i d'ithir ar feadh sé bliana, agus bearr d'fhiniúin agus cnuasaigh a toradh. Ach an seachtú bliain, bíodh sabóid shollúnta sosa, sabóid don Tiarna, ag d'fhearann; ná cuir d'ithir, agus ná bearr d'fhiniúin.
**Uimhreacha 35:34:** Ná truailligí an talamh ina gcónaíonn sibh, a mairimse ina chrioslach; óir mairimse, an Tiarna, i measc chlann Iosrael.
**Irimia 2:7:** Thug mé sibh go tír thorthúil, a ithe a torthaí agus a maitheasa.
**Seanfhocail 12:10:** Tugann an fíréan aire dá chuid stoic, ach is cruálach í trócaire an urchóidigh.

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Ba í Catherine Coen, páiste bunscoile, a scríobh an dán agus bhuaigh sé Duais i gComórtas Filíochta Trócaire agus Éigse Éireann 2017. Is é athrú aeráide téama an dáin. Tá an dán **ar leathanach 57 de leabhar na bpáistí freisin.**

**An Ollphéist sa Spéir**
Le scréachaíl, le screadach, le bualadh drumaí,
Agus caoineadh neamhthrócaireach le cloisteáil,
Rud dorcha, corcra, feargach é,
An Ollphéist sa spéir le feiceáil.

A claíomh geal ag sá,
Riamh agus choíche,
A gáire géar ag stróiceadh
Dhorchadas na hoíche.

Tosaíonn cath idir farraige 's spéir,
In achrann gan staonadh, gan stad,
Agus uafás leagtha ar muir 's ar tír,
Ar mhuintir na háite ar fad.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil/a léamh, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a d'fhéadfadh a bheith san 'Ollphéist sa Spéir', dar leat? Cén fáth, dar leat?
- Cad iad na focail a úsáideann an file chun cur síos a dhéanamh ar an 'ollphéist' seo?
- Cé leis a dtagraíonn 'muintir na háite ar fad', dar leat?
- Úsáidtear na focail 'uafás' agus 'achrann' sa véarsa deireanach faoi mhuintir na háite? Cad is cúis don achrann? Cad is cúis lena n-uafás?
- Conas a d'fhéadfaimis cabhrú le daoine atá ag fulaingt 'uafás' agus 'achrann' mar gheall ar thubaistí a éiríonn de bharr athrú aeráide?

## AG COMHRÁ

### FAOI THEACHTAIREACHT AN PHÁPA PROINSIAS IN *LAUDATO SI'*

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí an méid gur cuimhin leo a d'fhoghlaim siad faoi Laudato Si' ón bPápa Proinsias i Rang a Cúig a roinnt. (*m.sh. Is litir oscailte í Laudato Si' chuig muintir an domhain ina bpléann an Pápa Proinsias an damáiste atá á dhéanamh ag daoine don domhan agus ár bhfreagracht chun athruithe práinneacha a dhéanamh ar ár stíleanna maireachtála d'fhonn an pláinéad a chosaint. Déileálann sé le saincheisteanna mar athrú aeráide, easpa uisce glan, truailliú agus diúscairt mhíchúramach dramhaíola, cailliúint speiceas ainmhithe mar gheall ar ghníomhaíocht dhaonna, agus an meath i gcáilíocht shaol an duine mar thoradh ar na rudaí seo. Ina litir iarrann an Pápa Proinsias orainn oibriú le chéile chun aire a thabhairt don domhan, meas agus luach a chur air. Glaonn sé 'ár mbaile coiteann' ar an domhan*).
- Inis do na páistí gurb iad na focail 'Laudato Si' na chéad fhocail de phaidir cáiliúil le Naomh Proinsias Assisi.
- I Laudato Si' iarrann an Pápa Proinsias orainn a aithint go bhfuil gach rud inár ndomhan ceangailte le chéile. Tá torthaí ag ár

ngníomhartha agus ag ár roghanna maidir leis an gcaoi a gcaithimid leis an gcomhshaol do chodanna eile den phláinéad, agus go háirithe do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i dtíortha bochta, cosúil leis an Afraic, Meiriceá Theas agus na hOileáin Filipíneacha. Sampla eile de thorthaí ghníomhartha daoine is ea fásach na hAfraice fho-Shahárach, de bharr crainn a ghearradh síos chun slí a dhéanamh do bharraí airgid. Tá an rud céanna fíor faoi scriosadh na timpeallachta nádúrtha san Amasóin ar son na mianadóireachta.

- Inis do na páistí gurb iad trí cinn de na rudaí a iarrann an Pápa Proinsias orainn a dhéanamh i Laudato Si' ná 'mair go ciallmhar, smaoinigh go domhain agus tabhair grá go fial'.
- Scríobh an ceannteideal seo ar an gclár bán: '**Mair go ciallmhar; smaoinigh go domhain; tabhair grá go fial.**' Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar bhealaí ina bhféadfaidís maireachtáil go ciallmhar, smaoineamh go domhain agus grá a thabhairt go fial ar scoil maidir leis an bpláinéad a chosaint. Breac síos a gcuid smaointe i bhfrásaí simplí. D'fhéadfá iad a spreagadh, más gá, le rudaí mar: uisce a chaomhnú; coimeádáin phlaisteacha agus earraí eile a athúsáid; páipéar a athúsáid nár cuireadh i gcló ach ar thaobh amháin; athchúrsáil a dhéanamh ar rud nach féidir a athúsáid; soilse agus earraí leictreacha eile a mhúchadh nuair nach bhfuil siad ag teastáil; ag tabhairt aire do na plandaí agus na bláthanna i ngairdín na scoile, srl.
- Nuair a léirítear na smaointe go léir ar an gclár, iarr ar na páistí an smaoineamh is fearr leo a roghnú agus paidir ghearr a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach ag iarraidh ar Dhia cuidiú leo agus iad ag iarraidh an smaoineamh seo a chur i ngníomh agus a bpáirt a ghlacadh i gcosaint an phláinéid.

## TUGAIMIS FREAGRA

### CHUIG AN RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? An raibh an smaoineamh seo riamh acu féin?

**'Dá mbeadh grá ag Dia do mhuintir uile an domhain, ní ligfeadh sé don athrú aeráide tarlú!'**

» Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagairt trí na fáthanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a chur i láthair. .



## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Samhlaigh gur páiste dhá bhliain déag d'aois tú atá ina chónaí sna hOileáin Filipíneacha … Áit álainn í, lán le daoine sona … Bíonn an ghrian ag taitneamh beagnach gach lá ann agus is annamh a théann an teocht faoi bhun fiche céim … Ach tá stoirm ag teacht … tá gach duine ag rith timpeall go himníoch … ag socrú díonta na dtithe … agus ag cur glas ar na fuinneoga … Tá faitíos ort … tá eagla ort go ngortófaí baill do theaghlach … eagla go ndéanfar damáiste do do theach … Níl mórán agat, ach is breá leat do theach agus do theaghlach … De réir mar a éiríonn an ghaoth níos láidre tosaíonn tú ag guí … Samhlaigh focail na paidre… cad a d'fhéadfá a iarraidh ar Dhia?

Uaireanta freagraíonn Dia paidreacha daoine trí chineáltas na ndaoine a chreideann ann agus atá ag iarraidh a ghrá a roinnt le daoine eile … Is féidir linn cabhrú le daoine i dtíortha bochta agus grá Dé a thabhairt dóibh trí na hathruithe riachtanacha a dhéanamh inár saol chun torthaí athrú aeráide a laghdú … Nuair a tharlaíonn tubaistí, cosúil le tithe agus pobail a scriosadh le tuilte, is féidir linn airgead a bhailiú ionas gur féidir airgead a sheoladh chun cabhrú leis na pobail a d'fhulaing, atógáil a dhéanamh.

Gabhaimid buíochas le Dia as an iliomad bronntanas atá againn sa chuid seo den domhan saibhir a bhfuil cónaí orainn ann … agus iarraimid ar Dhia cabhrú linn a bheith aireach ar na daoine i dtíortha bochta atá ag fulaingt mar gheall ar ár stíleanna maireachtála … Agus ár nguth inmheánach á úsáid againn, guímid ar son na ndaoine sin anois … Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Caithfear ár bplainéad agus a mhuintir a chosaint ó thorthaí an athraithe aeráide, rud atá mar thoradh ar ghníomhaíocht dhaonna i dtíortha saibhre an domhain. Is ceist mhorálta í seo dúinn uile. Beidh tionchar ag an athrú aeráide ar gach tír, agus leanfaidh sé le bheith ag cur isteach orthu. Mar sin féin, is iad na daoine ó na tíortha is boichte ar domhan is mó a théann an t-athrú aeráide i bhfeidhm orthu. Tá a dtithe agus a slite beatha á scriosadh, ach go háirithe mar gheall ar ghníomhartha daoine i náisiúin níos saibhre.

Caithfimid gníomhú anois chun ár n-iompar a athrú d'fhonn an domhan álainn a thug Dia dúinn a chosaint agus chun a chinntiú go gcuirfimid ar aghaidh é i riocht maith do na glúnta atá le teacht. Is féidir le páistí scoile go leor a dhéanamh chun cabhrú le seo trí ghníomhartha beaga a dhéanamh ina saol laethúil chun dramhaíl a laghdú agus fuinneamh agus acmhainní nádúrtha a úsáid go ciallmhar agus ar bhealach a thugann aire don timpeallacht nádúrtha agus a chaomhnaíonn í.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### MO LORG CARBÓIN

**Nóta:** *Beidh páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil do gach páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí cúig bhealach nó níos mó a thaispeáint, ag úsáid íomhánna, focail agus/nó siombailí, ina ndéanfaidh siad iarracht a gcuid lorg carbóin a laghdú i mbliana - sa bhaile, ar scoil nó ina gcomharsanacht. Ba chóir dóibh teideal a chur ar a saothar ealaíne 'Mo Lorg Carbóin'.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### AN PÁPA PROINSIAS

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl an Phápa Proinsias a léamh **ar leathanach 56 dá leabhar.**
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 56 dá leabhar** freisin:

- Cén fáth, dar leat, ar thug an Pápa Proinsias Laudato Si' ar a imlitir – teideal a chiallaíonn 'Moladh Leat'? Cé dó, dar leat, a bhfuil sé ag tagairt sa teideal seo? Cad a insíonn sé seo duit faoin méid a chreideann sé?
- Is léir go bhfuil an Pápa Proinsias buartha faoin gcineál domhain a fhágfaimid do na glúnta atá le teacht. Tá sé ag iarraidh a dhícheall a dhéanamh chun a chinntiú nach scriosfar ár bplainéad amach anseo. Cad a insíonn sé seo duit faoin gcineál duine é?
- Conas a spreagfadh teachtaireacht an Phápa Proinsias tú, faoin ngá atá ann aire a thabhairt don domhan?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Agus muid ag guí inniu déanfaimid machnamh ar phaidir a scríobh an Pápa Proinsias. Iarrann an phaidir seo ar Dhia cuidiú linn ár ndícheall a dhéanamh chun an domhan a chosaint.

**Céim 1: LÉIGH**
*Sula léann tú an phaidir, tabhair cuireadh do na páistí a bheith ciúin agus socair, ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo:*

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh tamaill. D'fhéadfaí na súile a dhúnadh … Táimid anois chun éisteacht agus chun machnamh a dhéanamh ar roinnt línte ó phaidir a chuir an Pápa Proinsias ina imlitir *Laudato Si'*. Tugtar 'Paidir don Domhan Againn' ar an phaidir …… Beidh oraibh éisteacht go han-chúramach agus an phaidir á léamh agam chun an méid atá á rá ag Dia leat a chloisteáil sa phaidir seo … Déan iarracht dearmad a dhéanamh ar gach rud eile seachas focail na paidre. Léifidh mé an phaidir faoi dhó.

*Ansin léigh an phaidir go han-mhall.*

**Paidir don Domhan Againn**
A Dhia uile-chumhachtach, tá tú i láthair sa chruinne uilig
agus sa chréatúr is lú a chruthaigh tú.
Tugann tú barróg ghrámhar do gach rud atá ann.
Doirt amach orainn cumhacht do ghrá, go bhféadfaimis beatha agus áilleacht a chosaint.
Líon sinn le síocháin, go bhféadfaimis maireachtáil mar dheartháireacha agus deirfiúracha, gan dochar a dhéanamh do dhuine ar bith ...
Tabhair leigheas dúinn,
go bhféadfaimis an domhan a chosaint agus gan díobháil a dhéanamh dó,
go bhféadfaimis áilleacht a bheathú, in ionad truailliú agus léirscrios … Gabhaimid buíochas leat as a bheith linn gach lá.
Spreag sinn, guímid, agus muid ag streachailt ar son an cheartais, an ghrá agus na síochána.

*Glac sos ar feadh nóiméid tar éis an phaidir a léamh agus abair leis na páistí go léifidh tú arís í. An uair seo ba chóir duit a bheith ar an airdeall le haghaidh focail agus frásaí a thaithníonn leis na páistí… nó a chabhraíonn leo smaoineamh ar conas a ghlaoitear orthu aire a thabhairt don domhan.*

**Céim 2: MACHNAMH**
*Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar an phaidir atá siad tar éis a chloisteáil. Spreag iad chun a súile a choinneáil dúnta agus iad ag smaoineamh ar na focail nó na frásaí a sheas amach dóibh … nó faoi na smaointe a tháinig isteach ina n-intinn agus iad ag éisteacht.*

**Céim 3: GUÍ**
*Tabhair cuireadh do na páistí guí a dhéanamh, ag iarraidh orthu é sin a dhéanamh le ceisteanna nó moltaí ar nós:*

An bhfuil rud éigin ann ar mhaith leat a rá le Dia, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, faoin phaidir atá tú tar éis a chloisteáil? …
B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as an domhan agus na créatúir go léir a tugadh dúinn…
B'fhéidir gur mhaith leat a rá le Dia go ndéanfaidh tú do dhícheall aire a thabhairt don domhan as seo amach ...
Abair le Dia cibé smaointe nó ceisteanna atá i d'intinn …

*Bíodh cúpla nóiméad machnaimh ann.*

**Céim 4: ÉIST**
*Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leis an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith ag rá anois leo, ag baint úsáid as na focail seo nó focail cosúil leo:*

Anois beimid ciúin agus ag éisteacht leis an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith ag rá linn … B'fhéidir go bhfuil Dia ag insint dúinn faoi na rudaí is féidir linn a dhéanamh chun aire a thabhairt don domhan … fiú ar bhealaí bheaga … cosúil leis an méid dramhaíola a tháirgimid a laghdú trí athúsáid agus athchúrsáil … nó a bheith ag siúl nó ag rothaíocht nó ag taisteal ar bhus seachas i ngluaisteán chomh minic agus is féidir … nó a bheith cúramach gan bruscar a scaoileadh ar an gcosán nó i gclós na scoile …

*Bíodh cúpla nóiméad machnaimh ann.*

**Céim 5: GNÍOMHAIGH**
*Tabhair cuireadh do na páistí a súile a oscailt agus a gcuid smaointe a roinnt faoin gcaoi a bhféadfadh an phaidir seo iad a spreagadh chun iarracht a dhéanamh aire a thabhairt don chomhshaol nó tuiscint níos fearr a fháil ar acmhainní an domhain nádúrtha a thug Dia dúinn. B'fhéidir go bhfuil smaointe nua acu anois faoi conas a scaipfidh siad an teachtaireacht le daoine eile faoin ghá atá ann aire a thabhairt don domhan.*

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Téama 6: An Eaglais

Ceacht 1: Is teaghlach í an Eaglais .......... 233
Ceacht 2: Le chéile, déanaimid difríocht .......... 245
Ceacht 3: Pósadh Críostaí .......... 257
Ceacht 4: Traidisiúin eile sa teaghlach Críostaí .......... 268

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Tacaíonn an Eaglais leis an gcreideamh agus cothaíonn sé é (ChEC 181: Is 'gníomh eaglasta' é an creideamh).

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Is bronntanas de ghrá Dé é an Spiorad Naomh a chónaíonn sa chreidmheach (ChEC 733).

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Bhunaigh Íosa Críost an Eaglais chun Réimeas Dé a fhógairt agus chun leanúint ar aghaidh ag scaipeadh an Dea-Scéil -Grá sábhálach Dé dá dhaoine. (GS 45; LG 5, 9, 10, 17; cf. GS 32; ChEC 763; feidhm na hEaglaise**)**.
- Treoraíonn agus cosnaíonn an Spiorad Naomh an Pápa agus na heaspaig agus iad ag teagasc fíricí Chríost.
- Tá An Spiorad Naomh (Spiorad Íosa) i láthair chun an Eaglais a spreagadh agus a threorú go críoch na n-aoiseanna.
- Mar chomharba ar Naomh Peadar, is é an Pápa príomh aoire na hEaglaise (ChEC 880-882) Ar nós na haspail, múineann an Pápa agus na heaspaig an fhírinne faoi Chríost dúinn (ChEC 883, 888, 892).
- Tosaigh ar eolas a fháil ar Thraidisiúin Chríostaí eile a bhfuil lucht leanúna mór acu m.sh. Eaglais na hÉireann, na Meitidisteach agus na bPreispitéireach, Críostaithe Ceartchreidmheacha, Críostaithe Soiscéalacha, Cumann na gCarad, Eaglaisí le Gnásaíocht Oirthearach.
- Tá gach Críostaí páirteach i dtógáil Ríocht Íosa.
- Iarrtar ar gach Críostaí comhrá a dhéanamh le pobail reiligiúnacha eile agus cómhoibriú leo (DP 82).
- Iarrtar ar gach Críostaí a bheith mar fhinnéithe dá gcreidimh i gCríost le briathar agus le gníomh (DP 59, 82; EN5).
- Bíonn an Eaglais ag obair i dtreo aontacht na gCríostaithe (ChEC 855; Eoin 17:21).
- Is é an Baisteadh an nasc comónta a aontaíonn na Críostaithe uile (UR 22).
- Ta sé de dhualgas ar na Críostaithe ar fad oibriú agus guí ar son aontacht na gCríostaithe (ChEC 820).
- Is freagra í an ghluaiseacht éacúiméineach ar an nglaoch a thug Íosa Aiséirithe do na Críostaithe uile oibriú le chéile le bheith aontaithe mar Chorp Críost (UR 3).

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Ba chóir go léireofaí meas agus grá dóibh siúd nach bhfuil na cleachtais chéanna reiligiúnacha acu is atá againne (GS 28).
- Nuair a dhéanaimid comhrá le daoine nach Críostaithe iad bíonn deis againn a bheith fírinneach dár gcreideamh féin agus tuiscint a fháil ar chreidimh dhaoine eile.

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Gníomh 4:32-35. An Luath-Eaglais.
- Mth 28:16-20; Mc 16:14-18. Ag tabhairt údaráis do na deisceabail.
- Rút 1-4. Scéal Rút.
- 1 Cor 12:4-11. Éagsúlacht buanna.

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Gníomh Creidimh
- Gníomh Grá

Na Sacraimintí

- Is conradh eisiach agus saoil idir fear agus bean

é an Pósadh (GS 48; ChEC 1614).

- I sacraimint an Phósta láidríonn an Spiorad Naomh an grá agus an dílseacht idir fear agus a bhean chéile (GS 48; ChEC 1624).
- Tugann Sacraimint an Phósta grástaí agus beannachtaí speisialta do chúplaí pósta le go mbeidh siad in ann grá a thabhairt dá chéile, dá bpáistí, seirbhís a thabhairt do dhaoine eile agus pobal Críostaí a thógáil (GS 48; LG 11; ChEC 1534, 1641-54).

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is é toil Dé é go mbeadh gach duine mar aon chlann amháin agus go gcaithfidís le chéile mar dheartháireacha agus mar dheirfiúracha. (GS 24, 32; LG 13).

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Is ag an bPápa agus na heaspaig atá an t-údarás teagaisc san Eaglais agus treoraíonn siad sinn inár saol morálta.
- Cabhraíonn an liotúirge agus na sacraimintí le Críostaithe maireachtáil ar nós Íosa (ChEC 2030, 2047).
- Cúig Fhoraithne na hEaglaise:
- Freastalóidh tú ar an Aifreann ar Dhomhnaigh agus ar laethanta saoire fógartha eaglaise.
- Admhóidh tú do pheacaí sa bhfaoistin ar a laghad uair sa bhliain,
- Glacfaidh tú do Chruthaitheoir sa Chomaoineach Naofa i rith séasúr na Cásca, ar a laghad.
- Coinneoidh tú na laethanta saoire fógraithe eaglaise naofa.
- Tabharfaidh tú aird ar laethanta aitheanta troscadh agus tréanais (ChEC 2041).

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Tá misean faoi leith ag an Eaglais do na bochtáin, na heasláin agus iad siúd atá ar an imeall (ChEC 2448).

# Ceacht 1: Is teaghlach í an Eaglais

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Cé go bhfuilimid go léir an-difriúil mar dhaoine aonair, is é an rud amháin atá againn go coitianta ná gur cuid de theaghlach muid. Ní mar an gcéanna iad gach teaghlach. Ach is é an rud a aontaíonn agus a shainíonn mórchuid na dteaghlach ná nasc an ghrá atá ann idir na baill. Taispeánaimid grá inár dteaghlaigh trí bheith foighneach, cineálta agus maiteach. Is minic a labhraíonn ár ngníomhartha níos airde ná ár bhfocail.

D'fhás Íosa aníos i Nazarat agus bhí sé mar chuid de theaghlach a raibh cuma an-ghnáthúil air. Bheadh na rudaí go léir a dhéanann daoine de ghnáth lena theaghlach agus lena phobal déanta aige. Ní raibh a fhios ag daoine ina phobal gur Mac Dé a bhí ann, agus d'fhéach siad ar Mhuire agus Iósaef mar ghnáth-thuismitheoirí amháin.

Chuir Íosa, Muire agus Iósaef, a dtugaimid an Teaghlach Naofa orthu, a muinín i nDia. D'oibrigh siad go crua, thug siad adhradh do Dhia, bhí grá acu dá gcomharsana agus mhair siad ar aon dul leis an dúlra. Is féidir leis an Teaghlach Naofa a bheith ina eiseamláir do gach teaghlach.

Tá mothú muintearais lárnach dár bhfolláine. Dúirt an Pápa Proinsias, 'Is sa teaghlach a dhéantar daoine asainn. Is bríce é gach teaghlach i bhfoirgneamh na sochaí' (@ Pontifex). Foghlaimímid conas a bheith inár saoránaigh mhaithe agus inár gCríostaithe maithe inár dteaghlach féin. Díreach mar a choimisiúnaigh Íosa na deisceabail agus chuir sé amach ar domhan iad chun an Dea-Scéal a roinnt, fágaimid ár dteaghlaigh agus tógfaimid linn gach a bhfuil foghlamtha againn ansin, agus déanaimid é a roinnt le daoine eile cibé áit a théimid.

Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil go leor cineálacha éagsúla teaghlach ann inniu, agus níl athair agus máthair i ngach teaghlach atá pósta lena chéile agus iad ina gcónaí lena leanaí. Cé go múineann an Eaglais gur tiomantas eisiach ar feadh an tsaoil idir fear agus bean é an pósadh Críostaí, atá oscailte do bheatha nua, aithníonn an Pápa Proinsias in Amoris Laetitia, agus é ag seasamh leis an teagasc sin: 'Gabhaim buíochas le Dia go bhfuil go leor teaghlach ann, nach gceapann go bhfuil siad féin foirfe, ag maireachtáil i ngrá, ag comhlíonadh a nglaoch agus ag bogadh ar aghaidh, fiú má thiteann siad go minic ar an mbealach. Taispeánann machnaimh an tSionaid dúinn nach bhfuil aon steiréitíopa ann don teaghlach idéalach, ach gur mósáic dhúshlánach atá comhdhéanta de go leor réaltachtaí éagsúla, lena n-áthas, a ndóchas agus a bhfadhbanna go léir atá ann'(*Amoris Laetitia*, uimh. 57)

Is teaghlach í an Eaglais freisin. 'Is foinse í a thugann neart do shaol na hEaglaise, eispéireas an ghrá i dteaghlaigh' (*Amoris Laetitia*, 88). Is lucht leanúna Íosa muid agus táimid mar chuid de theaghlach na hEaglaise Caitlicí ar fud an domhain. Cé go bhfuil róil éagsúla againn uile sa teaghlach sin, tá ról ag gach duine againn i gCríost – daoine eile a thabhairt chun grá a thabhairt do Dhia agus chun grá a léiriú do dhaoine eile.

## EOCHARFHOCAL

- **Aitheasc aspalda:** Doiciméad, a scríobh an Pápa, ina bhfuil a theagasc ar ábhar ar leith. De ghnáth, cuireann an Pápa aitheasc aspalda ar fáil tar éis chruinniú na n-easpag, cruinniú a dtugaimid an téarma 'sionad' air.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog bán A4 agus ábhair dathúcháin do gach páiste.

# Féachaimis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Agus tú ag comhrá faoi theaghlaigh, tá sé tábhachtach cuimhneamh go bhfuil go leor cineálacha éagsúla teaghlach ann inniu agus d'fhéadfadh go mbeadh cásanna deacra teaghlaigh ag leanaí áirithe, mar shampla maireachtáil i gcóiríocht éigeandála nó sealadach, nó ag déileáil le scaradh tuismitheoirí, andúil, srl. Ina theannta sin, níl athair agus máthair i ngach teaghlach atá pósta agus ina gcónaí lena leanaí.

## AG COMHRÁ

### FAOI THEAGHLAIGH

Déan comhrá leis na páistí faoi theaghlaigh, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad a chiallaíonn an focal 'teaghlach' duitse?
- An mar an gcéanna iad gach teaghlach? Cad is féidir a bheith difriúil faoi theaghlaigh éagsúla?
- An bhfuil aon rud coitianta ag teaghlaigh?
- Cad é a déarfá gurb é an rud is fearr faoi bheith ag maireachtáil i dteaghlach?
- Cén cineál rudaí a fhoghlaimímid mar bhaill de theaghlach? (*m.sh. foghlaimímid conas cumarsáid a dhéanamh agus a roinnt le daoine eile, conas grá a fháil agus grá a thabhairt, meas a thaispeáint, a bheith macánta, maithiúnas a thabhairt agus maithiúnas a lorg, srl. Foghlaimímid faoi Dhia agus faoi conas guí a dhéanamh.*)

## SCÉAL

### Cad is Teaghlach ann?

Maidin Aoine a bhí ann. Bhí an tástáil litrithe ar siúl agus bhí an rang ciúin agus gach duine ag scríobh na focail a ghlaoigh Iníon Uí Bheolláin amach. Go tobann chuala siad glór an idirchum agus d'fhéadfaí an príomhoide, an tUasal Mac Coistealla, a chloisteáil ag rá, 'Gabh mo leithscéal, a mhúinteoirí. Tá fógra tábhachtach le déanamh agam.'

D'fhéach na páistí go léir ar an idirchum. Lean an tUasal Mac Coistealla, 'Tá sé beartaithe againn comórtas a reáchtáil, a bheidh oscailte do gach páiste sa scoil.' Bhí na páistí go léir ar bís agus iad ag féachaint ar a chéile. 'Is é téama an chomórtais ná CEIST, agus ba mhaith liom go mbainfí úsáid as an tsamhlaíocht chun an cheist seo a réiteach.' Bhí na páistí beagán trí chéile anois. 'Is féidir libh scéal nó dán a scríobh nó píosa ealaíne a chruthú. Is fúibh féin atá sé. Cibé acu a roghnaíonn gach duine a dhéanamh, ba chóir don saothar do fhreagra ar an gceist a léiriú. Beidh duaiseanna ann do gach catagóir, chomh maith le duais glan don bhuaiteoir sa scoil iomlán. Agus is í an cheist…,' stop an tUasal Mac Coisteala chun atmaisféar a chothú, 'Cad… is… teaghlach… ann?' Agus b'shin í an cheist. Bhí an rang ag éirí níos gasta anois, agus gach duine ag caint faoi na rudaí a d'fhéadfadh siad a scríobh nó a tharraingt. 'Bígí ciúin anois,' a dúirt Iníon Uí Bheolláin, 'cuirimid críoch



leis na litriúcháin seo ar dtús.'

Lá i ndiaidh lae bhí níos mó sonraí faoin gcomórtas ar fáil. Bheadh an spriocdháta i gceann coicíse. B'éigean na hiontrálacha a chur isteach in oifig an rúnaí. Cúig thicéad phictiúrlainne do gach catagóir a bheadh ar fáil mar dhuaiseanna, agus bheadh ciseán ollmhór de bhia agus deoch ar fáil don bhuaitheoir ghlan, mar aon leis na ticéid phictiúrlainne agus grianghraf teaghlaigh tógtha ag grianghrafadóir proifisiúnta.

I gceann seachtaine, bhí carn na n-iontrálacha ag fás in oifig an rúnaí. Bhí go leor comhrá sna seomraí ranga agus sa chlós mar a rinne na páistí comparáid idir scéalta

• • •

• • •

agus sonraí faoina dteaghlaigh. Tháinig roinnt leanaí ó theaghlaigh mhóra - bhí ochtar leanaí ag an teaghlach ba mhó; bhí deartháireacha nó deirfiúracha ag roinnt leanaí, agus ní raibh deartháireacha nó deirfiúracha ar bith ag cuid eile. Bhí roinnt leanaí ina gcónaí le seantuismitheoirí agus le tuismitheoirí altrama; bhí leasdeartháireacha agus leasdeirfiúracha nó col ceathracha ina gcónaí le teaghlaigh eile. Bhí leanaí ann a tháinig a dtuismitheoirí ó thíortha éagsúla, agus iad siúd a raibh a dteaghlach ina gcónaí sa chomharsanacht ar feadh i bhfad. Bhí leanaí uchtaithe ann agus leanaí ó theaghlaigh le dhá thuismitheoir agus le tuismitheoir amháin ann.

Ar deireadh, tháinig an lá chun na buaiteoirí a fhógairt. Bhí gach duine ar sceitimíní. Ag 11.30, nuair a bhí na páistí socraithe ar ais ina seomraí ranga tar éis sos na maidine, tháinig an tUasal Mac Coisteala ar an idirchum agus dúirt sé, 'Gabh mo leithscéal, a mhúinteoirí. Tá fógra tábhachtach le déanamh agam.' Bhí gach seomra ranga ciúin agus thug na páistí go léir a n-aird ar an idirchum.

'Bhí na hiontrálacha dár gComórtas Teaghlaigh thar barr,' a dúirt an tUasal Mac Coisteala. 'Bhí sé deacair buaiteoirí a roghnú, mar go raibh an caighdeán chomh hard sin.' Ansin thosaigh sé ag ainmniú na mbuaiteoirí. 'Ba iad "Tá Teaghlaigh Éagsúla Ann" agus "Tá Gach Teaghlach Tábhachtach" na scéalta a bhuaigh, agus ba iad "Is Teaghlach Sinne" agus "Mothúcháin Teaghlach" na dánta a bhuaigh.' Go dtí seo níor luadh aon bhuaitheoirí i seomra Iníon Uí Bheolláin agus bhí na páistí ag éirí míchompordach. 'Sa rannóg ealaíne,' a d'fhógair an tUasal Mac Coisteala, 'roghnaíodh dhá phictiúr álainn – "Tábhacht Teaghlach" an teideal ar phictiúr amháin, déanta ag Cathal Ó Doinn as rang an Uasail Ó Riain, agus an dara pictiúr dár teideal "Teaghlaigh go Deo", déanta ag Doireann Uí Maolmhuaidh ó rang Iníon Uí Bheolláin.' D'éirigh gáir ollmhór in airde agus rinneadh comhghairdeas le Doireann. Ansin d'fhéadfaí 'shhhhhh' a chloisteáil ó roinnt áiteanna sa seomra toisc go raibh gach duine ag iarraidh a fháil amach cé a bhuaigh an duais iomlán. 'Is é an buaiteoir glan ná… Diego Valdez ó na Naíonáin Shóisearacha. Tá croí ollmhór i lár pictiúir Diego… agus taispeánann sé seanfhear le bata siúil agus buachaill beag le madra. Agus is é an teideal ar an bpictiúr ná …. "Is é an Grá Croílár an Teaghlaigh". Maith thú, Diego. Táimid go léir an-bhródúil asat.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas, atá **ar leathanach 58 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén cheist a bhí mar bhunús an chomórtais?
- Cad iad na bealaí a bhféadfadh na páistí a bhfreagraí ar an gceist a chur i láthair?
- Cén duais a bheadh ag buaiteoir an chomórtais?
- Cén buaiteoir a tháinig ó rang Iníon Uí Bheolláin agus conas a chuir an páiste sin freagra na ceiste i láthair?
- Cén t-ainm a bhí ar an iontráil a bhuaigh, agus cad a thaispeáin sí?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh a bheith mar phríomhtheachtaireacht sna scéalta buaiteacha - 'Tá Teaghlaigh Éagsúla Ann' agus 'Tá Gach Teaghlach Tábhachtach'?
- Cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist sa dán darb ainm 'Mothúcháin Teaghlach'?
- Cad iad na gnéithe tábhachtacha a dhéanann teaghlach as grúpa daoine? Cén fáth, dar leat?
- An aontófá leis an ráiteas gur 'grá atá i gceist le teaghlach'? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontófá?
- An gceapann tú gur maith an rud é a bheith mar bhall do theaghlach? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith?
- Conas a bheadh cúrsaí muna bheifeá mar bhall do theaghlach?

**Spreag na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an gcéad ghníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 58 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### TEAGHLACH

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 58 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh íomhánna nó siombailí a tharraingt chun a chur in iúl cad a chiallaíonn 'teaghlach' dóibh.

# PAIDIR

**Nóta:** *Ba chóir go mbeadh a gcuid gcóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach os a gcomhair ag na páistí, agus iad oscailte ag an leathanach a thaispeáineann a gcuid léaráidí/siombailí ar an bhrí a bhaineann le 'teaghlach'. Roghnaigh triúr léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Agus an choinneal á lasadh againn, tugaimid ár dteaghlaigh go léir os comhair ár nDia, ár nAthair grámhar. Gabhaimid buíochas le Dia as na daoine go léir a thugann grá dúinn agus iarraimid ar Dhia cabhrú linn a bheith níos grámhara i leith na ndaoine inár dteaghlaigh.

**Léitheoir 1:** Is í comhairle an Phápa Proinsias maidir le conas ba cheart dúinn caitheamh le baill ár dteaghlach ná cuimhneamh i gcónaí ar 'le do thoil', 'buíochas' agus 'tá brón orm' a rá. Iarraimid ar Dhia cabhrú linn cuimhneamh ar an méid a chiallaíonn na focail shimplí seo. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímid ar son baill dár dteaghlaigh atá tinn nó brónach nó uaigneach. Iarraimid ar Dhia teacht i gcabhair orthu agus cabhrú linn agus muid ag iarraidh sólás a thabhairt dóibh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Tá pobal na scoile againn cosúil le teaghlach. A Dhia ghrámhair, beannaigh na daoine go léir inár scoil. Cabhraigh linn cabhrú lena chéile agus meas a bheith againn ar a chéile. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Le chéile, guímis paidir an phobail Chríostaí, an *Phaidir*.
**Gach duine:** Ár nAthair, atá ar neamh …

*Comhartha na Croise*

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE GRÁ TEAGHLAIGH

- Cuir tús leis an gcomhrá agus a iarraidh ar pháiste míniú an téarma 'Aitheasc aspalda' a léamh ón 'Eochairfhocal' **ar leathanach 58 dá leabhar.**
- Ansin inis do na páistí gur scríobh an Pápa Proinsias aitheasc aspalda dar teideal *Amoris Laetitia*, a chiallaíonn 'Aoibhneas an Ghrá'. Sa doiciméad seo labhraíonn an Pápa faoin aoibhneas a thugann an grá do theaghlaigh agus faoin gcaoi a gcothaíonn an grá teaghlaigh trí amanna deacra chomh maith le hamanna maithe. Is é an grá a fhaighimid inár dteaghlaigh ná bronntanas Dé dúinn. Is é grá Dé atá ann ag teacht chugainn trí ghrá agus chúram bhaill ár muintire.
- Tabhair cuireadh do na páistí samplaí a roinnt de chuid de na bealaí a léiríonn baill teaghlaigh a ngrá dá chéile go laethúil.
- Deir an Pápa Proinsias freisin go mbaineann gach duine le teaghlach. Tá teaghlaigh déanta de mháithreacha, aithreacha, mhic, iníonacha, aintíní, uncailí, chol ceathracha agus go leor eile. Téann teaghlaigh siar ar ais ar feadh blianta fada chuig seantuismitheoirí agus seanmháithreacha - agus síneann siad amach sa todhchaí nuair a fhásfaidh baill teaghlaigh suas agus nuair a bheidh leanaí dá gcuid féin acu. Tá baill uile an teaghlaigh ceangailte lena chéile.

**Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Is é an grá bunús an teaghlaigh' a léamh ar leathanach 58 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Íosa agus an Teaghlach Naofa' a léamh ar leathanach 59 dá leabhar.**

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá an dán seo **ar leathanach 61 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Nazarat**
Loinnir na n-iasc
San eangach faoi bhrat,
Caint na bpáistí
Ar shráideanna Nazarat,
Crónán an raibí
Sa tsionagóg ársa,
Méileach na gcaorach,
'S tafann an mhadra.

Boladh, torann is fuadar,
Ón gcearnóg ar mearaí,
Béicíl na gceannaithe,
Ag díol a gcuid earraí,
Fuaim na n-iasachtóirí,
Le dornáin óir,
Béicíl an asail,
Le daoine ar a thóir.

Gáire na mban
Ag comhrá ag an tobar,
Na páistí ag éisteacht
Leis na fir atá gan obair,
Guthanna ón teach ósta
Ina bhfuil bia 's deoch ar fáil,
Saighdiúir ina sheasamh
Ag faire ar an dáil.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Cén íomhá is fearr leat ón dán?
- Cad iad na sonraí sa dán a chuireann in iúl duit gur áit dheas í Nazarat chun cónaí inti?
- Cad is raibí ann agus cá mbíonn sé ag seanmóireacht?
- Cén fáth, dar leat, go raibh na páistí ag éisteacht leis na fir?
- An féidir leat cúig fhuaim a léirítear sa dán a ainmniú? An gcuireann siad leis an atmaisféar? Cén chaoi?

Ansin tochailt níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go mbeadh Nazarat ina áit mhaith le bheith ag fás ann? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Ba chumarsáidí maith é Íosa - ba bhreá leis scéalta a insint. An bhfuil aon leideanna sa dán a chabhraigh le hÍosa a bheith ina chumarsáidí maith?
- An raibh tú riamh in áit, a bhí cosúil ar bhealach éigin, leis an gceann a léirítear sa dán? Más ea, inis dúinn faoin eispéireas sin.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AN ÍOMHÁ IS FEARR LIOM

- Léirigh an íomhá is fearr leat ón dán i do Dhialann don Oideachas Reiligiúnach.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TEACHTAIREACHT FAOIN nGRÁ

Sula léann tú an sliocht seo a leanas ó chéad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh abair leis na páistí go roghnaíonn go leor lánúineacha an sliocht seo a léamh ag a searmanas pósta.

**An Grá (1 Corantaigh 13:4-8)**

Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach. Ní áil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith. Bíonn sé lán d'fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d'fhoighne. Rachaidh an fháidheoireacht ar ceal, rachaidh na teangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní, ach ní rachaidh an grá i léig go deo.



Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 59 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad a deir Naomh Pól faoi nádúr an ghrá agus faoin méid a dhéanann an grá?
- Cad a deir Naomh Pól, sa sliocht seo, faoin méid nach bhfuil grámhar nó faoin méid nach ndéanann an grá?
- Cé na focail a úsáideann Naomh Pól le taispeáint nach gcríochnaíonn an fíorghrá riamh?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An bhfuil sé éasca a bheith foighneach i gcónaí? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cén bealach is fíor a rá go mbíonn 'Grá lách'? (*Baineann an grá le níos mó ná mothúchán - baineann sé leis an gcaoi a gcaithimid le daoine eile.*)
- Cad a chiallaíonn sé nuair a deir Naomh Pól nach ndéanann 'grá maíomh'? An raibh éad ort riamh le duine i do theaghlach? Cén fáth? Cén tionchar a bhí ag d'éad le do chaidreamh leo/do ghrá dóibh?
- Cad is brí le 'ní dhéanann grá mórtas'? (*Bheith lán duit féin; ag déanamh gaisce le daoine eile*)
- Cén tionchar a bheadh ann dá mbeifeá lán duit féin ar an ngrá idir baill teaghlaigh?
- I dteaghlach, conas is féidir linn a thaispeáint nach 'rachaidh an grá i léig go deo'? (*m.sh. nuair a thagann cásanna deacra chun cinn, mar shampla breoiteacht, dífhostaíocht, andúil, argóint, srl., ní stopaimid de ghrá a thabhairt don duine; ina ionad sin, éistimid, labhraímid agus déanaimid iarracht cabhrú*)
- Cén ceann de na cáilíochtaí grá a luann Naomh Pól an gceapann tú go mbeadh sé deacair ort é a chleachtadh? Cén fáth?
- Dá bhféadfá cáilíocht amháin a roghnú ar mhaith leat go gcleachtadh daoine i do leith, cén ceann a roghnófá? Cén fáth a roghnófá an ceann sin?
- An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a chonaic tú nó nuair a chuala tú faoi dhaoine a chleachtaigh cuid de na cáilíochtaí grá seo? Inis dúinn faoi na samplaí sin.

**Tá sliocht ó na Scrioptúir faoi ghrá ó chéad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh ar leathanach 59 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an sliocht a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh Faoi seo ...**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### 'BÍONN AN GRÁ ...'

**Nóta:** *Beidh bileog bán A4 agus ábhair dathúcháin ag teastáil ó gach páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí ceann de na cáilíochtaí grá a luann Naomh Pól ina chéad litir chuig na Corantaigh a roghnú, cáilíocht ar mhaith leo taithí a fháil fuithi ó na daoine a bhfuil grá acu dóibh - go háirithe baill a dteaghlaigh. Spreag na páistí an cháilíocht sin a léiriú sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach ag úsáid focail, íomhánna agus/nó siombailí.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar an teaghlach ar bhain Íosa leis ... Samhlaigh an grá a roinn baill an Teaghlaigh Naofa lena chéile sa teach i Nazarat ... Samhlaigh an t-áthas a bhí ar Mhuire agus ar Iósaef agus iad ag féachaint ar Íosa ag glacadh a chéad chéimeanna ... Samhlaigh mar a thug Muire aire d'Íosa agus é ag imirt lena chairde sa chlós … agus mar a thaispeáin Iósaef go foighneach dó conas uirlisí an tsiúinéara a úsáid … Samhlaigh cé chomh bródúil agus a mhothaigh siad nuair a bhí Íosa ina dhéagóir, agus iad ag breathnú air ag fás mar an duine cineálta grámhar a gcloisimid faoi sna scéalta sa Bhíobla … Samhlaigh na paidreacha a dúirt Muire, Iósaef agus Íosa le chéile, sa bhaile agus sa tsionagóg … agus sna scéalta a d'inis siad agus iad ag ullmhú agus ag roinnt bia lena gcomharsana agus le gaolta eile ... Anois smaoinigh ar do theaghlach féin ... smaoinigh ar na hamanna maithe a roinn sibh le chéile ... Le do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, gabh buíochas le Dia as bronntanas do theaghlaigh … bronntanas na ndaoine a thugann aire dúinn … bronntanas an ghrá. Iarr ar an Teaghlach Naofa aire a thabhairt duit féin agus do do theaghlach gach lá … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Baineann gach duine againn le cineálacha éagsúla teaghlach, agus ciallaíonn 'teaghlach' rudaí difriúla do dhaoine difriúla. Bhí Íosa mar bhall de theaghlach freisin, agus roinn sé gach rud a bhaineann le saol an teaghlaigh. Baineann an teaghlach le grá. In *Amoris Laetitia* (Aoibhneas an Ghrá), cuireann an Pápa Proinsias béim ar thábhacht an teaghlaigh sa lá atá inniu ann agus ar an gcaoi a gcaithfimid oibriú le bheith cineálta, maiteach agus foighneach inár dteaghlaigh. Is é an grá an rud a nascann baill teaghlaigh le chéile, agus is gá an grá sin a chothú ionas go bhfásfaidh sé.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sna blianta roimhe seo d'fhoghlaim na páistí faoi pharóistí agus deoisí. Is teaghlach mór amháin é an pobal Críostaí ar fud an domhain, lena thraidisiúin éagsúla, le creidimh agus nósanna agus cleachtais roinnte le chéile. Dúirt an Pápa Proinsias in *Amoris Laetitia*: 'Is teaghlach de theaghlaigh í an Eaglais, saibhrithe i gcónaí ag saol na n-eaglaisí baile sin go léir' (uimh. 87).

## AG COMHRÁ

### FAOI CONAS IS TEAGHLACH Í AN EAGLAIS

- Mínigh do na páistí go bhfuil go leor codanna i dteaghlach na hEaglaise. Tá sé comhdhéanta díobh siúd a thagann le chéile chun adhradh a dhéanamh, chomh maith leo siúd a fhreastalaíonn ar Dhia trí bheith ag obair ar son na hEaglaise, cibé acu easpaig, sagairt, deagánaigh iad, baill d'oird rialta nó daoine tuata. D'fhreastail bunaitheoirí na n-ord rialta, na ngluaiseachtaí agus na gcumann reiligiúnacha ar an Eaglais trí ghrúpaí d'fhir agus de mhná a bhunú a dhéanfadh freastal ar an Eaglais ar bhealaí éagsúla: trí oideachas a chur ar dhaoine óga, trí aire a thabhairt do dhaoine atá tinn, trí chúram a thabhairt dóibh siúd ach go háirithe atá bocht agus a dteastaíonn cúnamh uathu; agus trí guí ar son rath na hEaglaise agus a misean. Is é an Pápa ceann an teaghlaigh seo ar domhan. Bímid inár mbaill de theaghlach na hEaglaise nuair a bhaistear muid.
- Ghlaoigh an Pápa Proinsias 'teaghlach de theaghlaigh' ar an Eaglais. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na teaghlaigh uile ar fud an domhain atá ina mbaill den Eaglais mar chuid de theaghlach 'mór' amháin ar a dtugtar an Eaglais air. Na pobail go léir a bhailíonn le chéile chun adhradh a dhéanamh ina eaglaisí áitiúla ar fud an domhain, is cuid de theaghlach 'mór' iad seo. Tá ár bpobal paróiste áitiúil mar chuid den teaghlach mór céanna. Agus mar sin is 'teaghlach de theaghlaigh' í an Eaglais.
- Is cuma cá háit ar domhan iad, roinneann baill de theaghlach na hEaglaise na creidimh chéanna agus ceiliúrann siad a gcreideamh trí dhul chuig an Aifreann agus páirt a ghlacadh ann. Ar fhreastal tú riamh ar an Aifreann i dtír eile? Cad a bhí mar an gcéanna leis an gceiliúradh sa bhaile? Cad a bhí difriúil?
- Cosúil le haon teaghlach, caithfidh baill na hEaglaise oibriú le chéile ionas go mbeidh siad aontaithe i ngrá le Dia agus lena chéile.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Is Teaghlach de Thaighligh í an Eaglais' a léamh ar leathanach 59 dá leabhar, agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 60.**

## LAOCHRA CRÍOSTAÍ

### NAOMH JOACHIM AGUS NAOMH ÁINE

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl Naomh Joachim agus Naomh Áine a léamh **ar leathanach 60 dá leabhar**.
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 60 dá leabhar** freisin:
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a chothaigh Naomh Áine agus Naomh Joachim ina n-iníon, Muire?
- Cá bhfios dúinn gur chabhraigh creideamh a tuismitheoirí le Muire muinín a bheith aici as Dia?
- Dúirt an t-eolaí, Albert Einstein, tráth: 'Ní bealach eile teagaisc é sampla a thabhairt. Is é an t-aon bhealach amháin é chun teagasc a dhéanamh.' An dóigh leat go n-aontódh Naomh Joachim agus Naomh Áine leis? An aontaíonn tusa leis? Cén fáth?
- Cén chaoi ar thaispeáin Naomh Joachim agus Naomh Áine trína ngníomhartha gur laochra Críostaí a bhí iontu?
- Cén spreagadh a bhainfeá as a gcreideamh, agus as a muinín as Dia?

## PAIDIR

**Nóta:** *Más féidir, iarr ar na páistí suí i gciorcal, le coinneal sa lár. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Léitheoir 1:** Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

*Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, mícheadfach ná agrach. Ní áil leis an éagóir ach is aoibhinn leis an mhaith. Bíonn sé lán d'fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d'fhoighne. Rachaidh an fháidheoireacht ar ceal, rachaidh na teangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní, ach ní rachaidh an grá i léig go deo.*

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas ár dteaghlaigh. Cabhraigh linn a bheith foighneach agus cineálta leo siúd a bhfuil grá acu dúinn. Guímid chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 3:** Chuir an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn cé chomh tábhachtach is atá sé 'le do thoil', 'buíochas'' agus 'tá brón orm' a rá. Go ndéanfaimis iarracht cuimhneamh ar na focail shimplí seo. Guímid chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Léitheoir 4:** Baineann ár scoil, ár bparóiste agus ár dteaghlaigh go léir le haon teaghlach amháin - an Eaglais.
A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a bheith cairdiúil agus fáilteach i leith na ndaoine go léir a mbuailimid leo toisc gur páistí Dé iad. Guímid chun an Tiarna.
**Gach duine:** A Thiarna, éist lenár nguí.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Le chéile, déanaimid difríocht

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Bhunaigh Íosa an Eaglais agus choimisiúnaigh sé na haspail chun dul amach agus deisceabail a dhéanamh de gach duine ar domhan. Thug Íosa ceannaireacht na hEaglaise do Pheadar. Mar chomharbaí Pheadair agus na n-aspal, tá sé de chúram ar an bPápa agus ar na heaspaig an Eaglais a threorú inniu. 'Ciallaíonn an focal *Eaglais* na daoine a bhailigh Dia in aon phobal amháin, faoi threoir na n-easpag inniu, ar comharba na nAspal iad agus arb é Easpag na Róimhe, an Pápa, a cheann. Baineann an téarma *Eaglais* freisin le pobail gheografacha ar leith ar a dtugtar deoise. Baineann sé freisin leis na foirgnimh ina mbailíonn pobal Dé le haghaidh na Sacraimintí, ach go háirithe an Eocairist, agus baineann sé le teaghlaigh freisin, a dtugtar eaglaisí teallaigh orthu' (Caiticiosma Caitliceach Éireannach do Dhaoine Fásta [ICCA], 125). Is é misean an Phápa agus na n-easpag, agus ár misean mar bhaill den Eaglais, ná teacht Ríocht Dé a fhógairt agus leanúint le hobair Íosa trí Dea-Scéala grá sábháilte Dé a chraobhscaoileadh do gach duine. 'De bharr a féiniúlachta féin agus i bpearsa a cuid ball go léir, tá [an Eaglais] seolta amach chun rúndiamhair chomaoin na Tríonóide Naofa a fhógairt lena fianacht, a chur i ngníomh agus a scaipeadh' (*Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*, uimh. 738).

Chuir Íosa na haspail amach chun Ríocht Dé a chraobhscaoileadh agus chun daoine a leigheas. Ghlac daoine difriúla róil éagsúla, ach gheall Íosa dóibh go mbeadh an Spiorad Naomh in éineacht leo mar chúntóir acu. 'Ach an tAbhcóide, an Spiorad Naomh, a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse, múinfidh seisean an uile ní daoibh, agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh, ar inis mise daoibh' (Eoin 14:26). Tá an Spiorad Naomh céanna le baill na hEaglaise inniu agus muid ag leanúint ar aghaidh le misean Íosa. Chuir an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn go nglaoitear orainn oibriú le chéile agus siúl le chéile sa chreideamh. Dúirt sé, 'Tarlaíonn aontacht nuair a shiúlaimid le chéile' (Homaile ar Shollúntas Iompú Naomh Pól, 25 Eanáir 2015).

Glaoitear ar an Eaglais grá, comhbhá agus maithiúnas Íosa a thaispeáint do gach duine. Baineann an glao sin le gach ball den Eaglais. Thug an Tiarna Íosa foláireamh dá lucht leanúna, go ndéanfaidís iad féin a scaradh uaidh féin, mura dtabharfaidís aire do na boicht agus dóibh siúd a bhíonn ar an ngannchuid - a gcuid deartháireacha agus deirfiúracha. Mar a dúirt an Pápa Proinsias, 'Glaoitear orainn Críostaithe, aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha, teagmháil a dhéanamh léi, í a mhothú muid féin agus céimeanna praiticiúla a ghlacadh chun í a mhaolú' (Teachtaireacht don Charghas, 2014). Nuair a thugaimidne, pobal Dé atá mar bhaill den Eaglais, freagairt le grá, le trua agus le maithiúnas i leith gach duine a mbuailimid leo, agus go háirithe i leith na ndaoine bochta agus iad siúd a bhíonn ar an ngannchuid, déanaimid fíordhifríocht agus cuidímid le Ríocht Dé a thógáil ar domhan.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Diodaiché:** Ainm lámhscríbhinne ársa a bhí mar chineál leabhar rialacha don phobal luath-Chríostaí; ceapann saineolaithe go dtéann stair na lámhscríbhinne siar go dtí an t-aonú céad.
- **Aitheanta na hEaglaise:** Rudaí nach mór dúinn a dhéanamh mar gur baill den Eaglais muid.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach grúpa.

# Féachaimis …

## AG COMHRÁ

### FAOI CHUMHACHT MANAÍ

Déan comhrá faoi chumhacht mana trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a dhéanann mana? Cén aidhm atá leis? (*m.sh. spreagann sé sinn; cuidíonn linn cuimhneamh ar luachanna eagraíochta/club; aontaíonn sé daoine chun cuspóir a bhaint amach; fógraíonn sé táirge agus tugann sé deis do dhaoine é a cheannach; cuidíonn sé le daoine páirt a ghlacadh i bhfeachtas mór*).
- Conas a d'fhéadfadh mana cabhrú le daoine mothú go bhfuil siad aontaithe le daoine eile agus go mbaineann siad le feachtas éigin?
- Cad é an mana is fearr leat? Cén chiall atá aige duit? Conas a spreagann sé tú nó an mbraitheann tú dá bharr?

## SCÉAL

Sa scéal seo feicfidh na páistí sampla den chumhacht inspioráideach a d'fhéadfadh a bheith ag mana.

### Le chéile, déanaimid difríocht

Maidin bhreá ghrianmhar a bhí ann agus na páistí ó Rang a Sé i Scoil Naomh Críostóir lasmuigh de dhoras na scoile ag fanacht ar an mbus. Bhí lá a dturais scoile tagtha agus bhí sceitimíní áthais ar na páistí. Bhí a lán de na tuismitheoirí bailithe chun slán a fhágáil leo. Bhí gáir mhór le cloisteáil nuair a tháinig an bus mórthimpeall an choirnéil agus nuair a stad sé in aice leis an gcosán. Bhí an príomhoide, Bean Uí Riain, ina seasamh in aice le hIníon Uí Mhuireagáin agus Síle, an CRS. Chuir Bean Uí Riain a lámh in airde chun go mbeadh gach éinne ciúin. 'Tá súil agam go mbeidh lá iontach agaibh go léir,' ar sise, 'Déan an méid a deir na teagascóirí daoibh agus, thar aon rud eile, bígí ag faire amach dá chéile.' Ansin chas Iníon Uí Mhuireagáin chuig an rang agus dúirt, 'Cloisimis ár mana le chéile anois… ' Agus leis sin dúirt na páistí go léir 'LE CHÉILE DÉANAIMID DIFRÍOCHT', agus iad ag dul isteach sa bhus ar bís le háthas.

Bhí sé thart ar caoga ciliméadar chuig an Ionad Eachtraíochta agus bhí go leor cainte agus gáire agus amhránaíochta ann agus iad ag taisteal tríd an tuath. Go tobann chualathas bang ard agus chroith an bus iomlán ó thaobh go chéile sular tháinig sé chun stad go tobann. D'fhéadfaí cúpla scread a chloisteáil, agus tost ina dhiaidh sin. Go han-tapa labhair an tiománaí isteach sa micreafón. 'Fanaigí in bhur suíocháin, coinnigh na criosanna sábhála oraibh agus bígí socair. Agus ná bíodh imní oraibh, beidh gach rud ceart go leor. Tá ceann de na boinn séidte, ach beidh sé curtha in eagar sar i bhfad.'

Thóg Iníon Uí Mhuireagáin an micreafón ansin agus d'fhiafraigh sí, 'An bhfuil



gach duine ceart go leor?' Ansin shiúil sí tríd an bhus féachaint an raibh na páistí ceart go leor. Buíochas le Dia, toisc go raibh crios sábhála ar gach duine, níor gortaíodh éinne. Stop an bus go haisteach, leath ar an imeall féir agus leath ar an mbóthar. Bhí an doras i gcoinne crainn. Ansin d'fhógair Iníon Uí Mhuireagáin, 'Beidh orainn an bus a fhágáil tríd an mbealach amach éigeandála.'

Bhí roinnt de na páistí ag caoineadh, agus bhí eagla orthu go léir. Shiúil Iníon Uí Mhuireagáin tríd an mbus go dtí an bealach amach éigeandála agus ansin léirigh sí do na páistí conas a dhreapfaidís go cúramach tríd agus go gcabhródh sí leo. Bhí páiste amháin, Seosamh Ó Fearail, ina shuí in aice leis an slí amach. De ghnáth bheadh Seosamh ag amadaíocht sa rang, ach ní raibh sé ar an ócáid seo. Gan mhoill, d'imigh sé amach tríd an mbealach amach éigeandála agus sheas sé in aice le hIníon Uí Mhuireagáin ag cuidiú leis na páistí eile teacht

• • •

...

go sábháilte síos go talamh. Faoi dheireadh bhí gach duine amuigh. Ba mhór an faoiseamh é nuair a bhí gach páiste slán sábháilte.

Go gairid bhí páistí ag roinnt a lónta pacáilte leo siúd a raibh a lónta tar éis titim go dtí an urlár, agus thairg daoine eile léinte nó seaicéid dóibh siúd a raibh a gcuid éadaí fliuch nó salach. Thosaigh Aisling Uí Shíocháin ag canadh amhráin, agus sar i bhfad bhí gach duine ag canadh. Chuir an tiománaí bus glaoch teileafóin chun a fháil amach an bhféadfaí bus eile a fháil.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin d'fhógair an tiománaí nach raibh bus mór eile ar fáil. Ach bhí mionbhus ar fáil agus bheadh sé in ann teacht go tapa agus dhá thuras a dhéanamh, ach dá bharr sin ní bheadh ach tréimhse ghearr san Ionad Eachtraíochta ag leath den rang. Ní raibh Iníon Uí Mhuireagáin cinnte cad ba cheart dóibh a dhéanamh. 'Conas a thiocfaimid go léir abhaile?' a d'iarr sí ar an tiománaí. 'Tig liom bus mór a fháil anois agus gach duine a thabhairt abhaile anois,' a dúirt an tiománaí, 'ach tá aistear eile le déanamh aige, mar sin ní féidir leis gach duine a thabhairt chuig an Ionad Eachtraíochta. Is féidir leis an mionbhus an dá thuras a dhéanamh agus ansin is féidir le cóiste mór gach duine a bhailiú san iarnóin. Is fút féin atá sé.

Sula raibh an t-am ag Iníon Uí Mhuireagáin freagra a thabhairt, scairt duine éigin, 'Cad é mana na scoile?' D'fhreagair gach duine: 'LE CHÉILE DÉANAIMID DIFRÍOCHT'. 'Seasaimis an fód le chéile ansin,' arsa Fióna, 'fiú má chiallaíonn sé sin nach dtig linn dul chuig an Ionad Eachtraíochta.' Lig an cuid eile den rang gáir mhór amach ag aontú le Fióna, fad is a d'fhéach Iníon Uí Mhuireagáin orthu le meas. D'aontaigh sí go rachadh gach duine abhaile le chéile chomh luath agus a thiocfadh an cóiste mór.

Meánlae a bhí ann nuair a tháinig an bus ar ais isteach i gcarrchlós na scoile. Bhí Bean Uí Riain ag fanacht leo. 'Táim chomh bródúil as sibh go léir,' a dúirt sí. 'Chuir Iníon Uí Mhuireagáin glaoch orm agus dúirt sí liom conas a chabhraigh sibh go léir le chéile, agus chuir sibh bhur thuras ar ceal ionas go bhféadfadh sibh go léir cloí le chéile. Mhair sibh de réir mana na scoile inniu. D'eagraigh mé turas eile Dé Céadaoin seo chugainn don Ionad Eachtraíochta díobh.'

Agus leis sin d'éirigh gáir iontach ón rang agus ina dhiaidh sin scairt siad 'LE CHÉILE DÉANAIMID DIFRÍOCHT', de réir mar a léim na páistí suas agus síos agus greim ar a chéile sula ndeachaigh siad ar ais go dtí a seomra ranga.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 62 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cá raibh na páistí ag dul ar a dturas scoile?
- Cad a tharla a chuir eagla ar gach duine?
- Conas a d'éirigh leis na páistí tuirlingt den bhus?
- Cén fáth ar shocraigh an rang gan dul chuig an Ionad Eachtraíochta an lá sin?
- Cén mana a bhí ag an scoil?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a bhí i gceist ag Bean Uí Riain nuair a dúirt sí, 'bígí ag faire amach dá chéile?'
- An gceapann tú gur fhreagair na páistí go maith don éigeandáil? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad a cheapann tú faoin gcúis le cinneadh na bpáistí gan dul chuig an Ionad Eachtraíochta? An gceapann tú gur cinneadh santach nó neamhleithleasach a bhí ann? Cén fáth?
- Cad a bhí i gceist ag Bean Uí Riain nuair a dúirt sí, 'Mhair sibh de réir mana na scoile inniu'? An gceapann tú go raibh an ceart aici? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cén fáth, dar leat, a raibh tionchar chomh mór sin ag mana na scoile ar na páistí? An féidir leat smaoineamh ar aon abairt ón mBíobla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhaoine ar an mbealach a dhéanann mana go minic? (*m.sh. 'Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin'; 'De réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna'; 'Bíodh grá agaibh do bhur naimhde'*.)

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo' ar leathanach 62 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### MANAÍ DÁR RANG

**Nóta:** Beidh bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil do gach grúpa.

- Tabhair cuireadh do na páistí dul isteach i ngrúpaí beaga.
- Is é an tasc atá acu ná smaoineamh ar mana dá rang a d'fhéadfadh gach duine sa rang aontú leis agus a spreagfadh iad chun gníomhú ar bhealach go mbeadh a rang ina áit níos fearr do gach duine.
- Cuir i gcuimhne do na páistí gur chóir dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathar i gcónaí, mar sin caithfidh a mana a bheith réalaíoch agus rud gur féidir leis an rang a chleachtadh gach lá. Ba chóir go molfadh sé rud éigin ar féidir le gach duine sa rang obair air le chéile.
- Déan an páipéar a dháileadh ar gach grúpa. Tabhair cuireadh do na páistí a mana a scríobh amach agus é a mhaisiú le chéile.
- Nuair a bheidh a gcuid oibre críochnaithe ag na páistí, iarr ar ionadaí ó gach grúpa a mana a chur i láthair an ranga agus a rá conas a bhfuil súil acu go spreagfadh an mana baill an ranga nó go mbeidh tionchar aige orthu.

## PAIDIR

**Nóta:** *Más féidir, iarr ar na páistí suí i gciorcal, le coinneal sa lár. Léifidh páiste amháin ó gach grúpa mana an ghrúpa ag an am cuí. De réir mar a léitear mana gach grúpa, casfaidh na páistí eile i dtreo an ghrúpa sin.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*ag lasadh an choinneal*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Phléamar an tábhacht a bhaineann le manaí agus an chaoi a bhfuil sé tábhachtach beart a dhéanamh de réir ár mbriathar. Agus a fhios againn go bhfuil an Spiorad Naomh réidh i gcónaí chun cabhrú linn an rud ceart a dhéanamh má iarraimid cabhair air, tabharfaimid ár manaí i láthair Dé agus iarraimid ar an Spiorad Naomh cuidiú linn iad a chur i gcrích.

**Léitheoir 1:** Is é mana ár ngrúpa ná …
Go gcuirfimid an mana seo i gcrích gach lá. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** Is é mana ár ngrúpa ná …
Go gcuirfimid an mana seo i gcrích gach lá. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

*Lean ort go dtí go mbeidh deis ag gach grúpa a mana a roinnt leis an rang.*

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn ár saol a chaitheamh mar is mian leat.
Cabhraigh linn grá a thaispeáint trínár ngníomhartha chomh maith lenár gcuid focal.
I bhfocail Míocá, fáidh, cabhraigh linn
*an ceart a dhéanamh,*
*buanghrá a chothú*
*agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé.*
Seo é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT A THABHAIRT CHUN CUIMHNE

### 'LE CHÉILE, DÉANAIMID DIFRÍOCHT'

Tabhair an scéal 'Le chéile, déanaimid difríocht' agus na teachtaireachtaí atá mar bhunús leis an scéal sin, chun cuimhne. Mínigh do na páistí gur tháinig Íosa ar domhan chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil i ngrá le Dia agus lena chéile. Rinne focail agus gníomhartha Íosa difríocht mhór i saol daoine.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### MISEAN Á THABHAIRT DO NA HASPAIL

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus tú ag léamh an scéil ón Soiscéal de réir Mhatha faoin gcaoi, tar éis d'Íosa éirí ó mhairbh, a thug sé misean do na hAspail chun dul amach i measc an phobail agus Briathar Dé a chraobhscaoileadh. Bhí Iúdás marbh cheana féin ag an am sin.

**Íosa á tháispeáint féin do na deisceabail (Matha 28:16-20)**

D'imigh an t-aon deisceabal déag leo go dtí an Ghailíl, go dtí an sliabh a cheap Íosa mar ionad coinne dóibh, agus ar a fheiceáil dóibh d'umhlaigh siad dó, ach go raibh amhras ar chuid acu. Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: "Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh. Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil."

Tar éis duit an sliocht ón Soiscéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair cosúil leo seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 62 dá leabhar freisin:**

- Cad a rinne an t-aon aspal déag nuair a chonaic siad Íosa ar an gcnoc?
- Conas a mhothaigh roinnt de na haspail nuair a chonaic siad Íosa?
- Cad a d'iarr Íosa ar na haspail a dhéanamh?
- D'iarr Íosa ar na haspail daoine a bhaisteadh in ainm ...?
- Cén saghas teagaisc a d'ordaigh Íosa do na haspail a thabhairt do na daoine?
- Cén sort dóchais agus spreagadh a thug Íosa dá aspail?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Insíonn an sliocht thuas dúinn go raibh amhras ar chuid de na haspail. Cad is brí le seo? Céard faoi a raibh amhras orthu, meas tú? An mbeadh amhras ortsa freisin faoi Íosa a fheiceáil? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- D'ordaigh Íosa do na haspail: 'Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil' (Matha 28:19-20). An bhfuilimid curtha san áireamh nuair a luann Íosa 'na náisiúin uile'? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuilimid?
- Sa lá atá inniu ann baisteann sagairt agus deagánaigh daoine 'in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh'. Conas a thaispeánann sé seo an ceangal idir sagairt an lae inniu agus na haspail? Is féidir le daoine tuata freisin, i gcás éigeandála, leanaí a bhaisteadh má tá siad i mbaol báis.
- Dúirt Íosa: 'Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.' Cad a chiallaíonn an gealltanas seo dúinn?
- Conas a rinne na haspail 'difríocht', dar leat, nuair a rinne siad mar a d'iarr Íosa orthu a dhéanamh? Conas a rinne an méid a rinne siad difríocht inár saol?

**Tá scéal Íosa ag coimisiúnú na n-aspal ar leathanach 62 de leabhar na leanaí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 63.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### CÉARD Í AN EAGLAIS?

- Tabhair cuireadh do na páistí trí nóiméad a thógáil chun a léiriú ina nDialann don Oideachas Reiligiúnach cad a chiallaíonn 'An Eaglais' dóibh. Ná tabhair leideanna dóibh faoi na rudaí a d'fhéadfadh siad a tharraingt.
- Nuair a bhíonn an t-am caite, fiafraigh cé mhéad páiste a tharraing foirgneamh, agus cá mhéad a tharraing rud éigin eile.
- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcuid léaráidí a mhíniú don rang. Tabhair cuireadh dóibh na rudaí a roghnaigh siad a tharraingt a phlé, agus cén fáth a rinne siad an rogha sin.
- Cuir i gcuimhne do na páistí, cé go nglaoitear 'an Eaglais' ar an bhfoirgneamh ina mbailímid, is sinne, Pobal Dé, an Eaglais i ndáiríre. Is lucht leanúna Íosa muid inniu, díreach mar a bhí na haspail agus luath-dheisceabail Íosa san am atá thart.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Rinne na hAspail Difríocht' a léamh ar leathanach 63 dá leabhar. Ansin iarr a gcuid freagraí ar na ceisteanna a leanann an píosa sin.**

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na bunrialacha seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine ar mian leo freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

Is í an 'Cheist Mhór' ná:
**Dá dtabharfadh Íosa cuairt ar ár bparóiste, cad iad na moltaí a d'fhéadfadh sé a dhéanamh, chun cabhrú linn, mar bhaill den Eaglais, a theachtaireacht a roinnt agus a leanúint inniu?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí freagraí a fháil ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna chun iad a spreagadh:

- Céard í an Eaglais? An féidir leat cuid de na daoine éagsúla a bhaineann le teaghlach na hEaglaise a ainmniú?
- Cá bhfeiceann tú baill na hEaglaise ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orainn? An féidir leat roinnt samplaí a thabhairt de na cineálacha rudaí a dhéanann na baill seo den Eaglais/Críostaithe chun 'difríocht' a dhéanamh i mbeatha daoine eile? Cén 'difríocht' a dhéanann siad?
- An féidir leat smaoineamh ar rudaí eile a d'fhéadfadh baill na hEaglaise a dhéanamh chun 'difríocht a dhéanamh' - ina dtithe, ina scoileanna, ina bpobail, ina n-ionaid oibre, nó cibé áiteanna ina mbíonn siad?
- Cén ról a bhíonn ag an urnaí chun cuidiú le baill na hEaglaise 'difríocht a dhéanamh'?
- Cén ról atá ag bailiú le daoine eile chun cuidiú le baill na hEaglaise 'difríocht a dhéanamh'?
- Conas is féidir leat cabhrú le 'difríocht a dhéanamh' - leat féin nó le daoine eile?

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo – ach go háirithe ó na dearcaí éagsúla a chuala siad.

# CLEACHTADH DIALAINNE

## CEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

# FOGHLAIMÍMIS

## FAOIN DIODAICHÉ

**An Diodaiché**

Ar feadh i bhfad bhí a fhios ag scoláirí go raibh lámhscríbhinn ann a d'úsáid na luath-Chríostaithe, mar aon leis na Soiscéil agus litreacha Naomh Pól, mar lámhleabhar nó mar leabhar rialacha chun maireachtáil ar an mbealach a thaispeáin Íosa dóibh. Ach no léan, ní raibh aon chóip de le fáil. Samhlaigh an lúcháir a bhí orthu nuair a fuarthas cóip sa bhliain 1873. Chuaigh an chóip áirithe seo, a scríobhadh i nGréigis, siar go 1056, agus mar sin mhair sí ar feadh breis agus ocht gcéad bliain. Scríobhadh an Diodaiché bunaidh, áfach, céad nó dhá céad bliain tar éis Críost a bheith ar domhan.

Go gairid aistríodh an Diodaiché go Béarla. Mhínigh sí na rialacha maireachtála a bhí ag na luath-Chríostaithe, conas ba chóir dóibh baisteadh agus conas ba chóir dóibh guí. Thar aon rud eile, mhol sí do gach Críostaí grá a thabhairt dá chéile agus caitheamh le daoine eile mar ba mhaith leo go gcaithfí leo féin. Thug sí treoracha maidir leis an gcaoi ar chóir dóibh baill nua a bhaisteadh in ainm an Athar, agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. Chuir sí béim freisin ar thábhacht na hurnaí laethúla.

Tugann an Diodaiché léargas iontach dúinn ar shaol na luath-Eaglaise agus ar iarrachtaí na luath-Chríostaithe maireachtáil mar a d'iarr Íosa orthu.

Tar éis duit an tuairisc a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísealoird a chur cosúil leo seo a leanas:

- Céard í an Diodaiché?
- Cén teanga ar scríobhadh an chóip den lámhscríbhinn a fuarthas sa bhliain 1873? Agus cá fhad a mhair sí sular fuarthas í?



- Cathain a scríobhadh an Diodaiché bunaidh?
- An bhféadfá roinnt de na rudaí a fuair na luath-Chríostaithe rialacha fúthu sa Diodaiché a ainmniú?
- Cén sort léargas a thugann an Diodaiché dúinn?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad is lámhscríbhinn ann?
- An bhfuil eolas agat faoi aon lámhscríbhinní ársa eile? (*m.sh. Leabhar Cheanannais, Scrollaí na Mara Mairbhe, Leabhar Dharú*) An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi conas nó cé a scríobhadh na lámhscríbhinní seo?
- An bhfuil sé deacair ort 2000 bliain ó shin a shamhlú? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil? Conas a d'fhéadfadh lámhscríbhinn cosúil leis an Diodaiché cabhrú linn tuiscint a fháil ar an saol a bhí ann ar ais ansin?
- An iontach an rud é go bhféadfadh lámhscríbhinn ársa a bheith fós ann? Cad a insíonn sé sin dúinn faoin gcaoi ar scríobhadh nó ar cuireadh an lámhscríbhinn i bhfolach?
- An gceapann tú gur cheap na daoine a scríobh an Diodaiché go raibh a dteachtaireacht tábhachtach? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. **Tá an dán ar leathanach 65 de leabhar na bpáistí freisin.**

**An Eaglais, Pobal Dé**
Scaipeann Pobal Dé grá,
Guíonn Pobal Dé,
Cabhraíonn siad le chéile, lá i ndiaidh lae.
Bailíonn Pobal Dé,
Go minic ag déanamh troscaidh,
Daoine eile san áireamh i gcónaí rompu.

Tá Pobal Dé cineálta,
Tá Pobal Dé láidir,
Oibríonn siad, maireann siad, chomh maith agus is féidir.
Tá Pobal Dé dílis,
Tá Pobal Dé ceart,
Gnáthdhaoine iad, idir laigí agus neart.

Pobal tofa muid,
Le misean againn roimh ré,
Tús maith a chur le Ríocht álainn Dé.
Íosa i gcónaí linn,
Is an Spiorad ionainn ag fás,
Sin í an chúis a bhfuair ár Slánaitheoir bás.

Tar éis do na páistí an dán a léamh/a chloisteáil, seiceáil a dtuiscint trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- An féidir leat cúig rud a insíonn an dán dúinn faoi na rudaí a dhéanann Pobal Dé, a ainmniú?
- An bhféadfá cúig rud a insíonn an dán dúinn faoi na cineálacha daoine atá i bPobal Dé, a ainmniú?
- Cé atá 'i gcónaí linn'?
- Cé atá 'ionainn ag fás'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a d'fhéadfaimis, mar Phobal Dé, cabhrú lena chéile gach lá?
- Cad iad na cásanna ina bhféadfaimis, mar Phobal Dé, 'daoine eile a chur san áireamh' agus muid féin a chur ar deireadh?
- Cén pobal/teaghlach lena mbainimid mar Phobal Dé?
- Cén chaoi ina bhfuilimid mar Phobal tofa? Cén fáth gur toghadh muid?
- Cad é 'an chúis a bhfuair ár Slánaitheoir bás'? An gceapann tú gur rud é seo ba cheart dúinn a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nár ceart dúinn?

## FOGHLAIMÍMIS

### FAOI AITHEANTA NA HEAGLAISE

- Tabhair cuireadh do pháiste an sainmhíniú ar '**Aitheanta na hEaglaise**' a léamh os ard ó na 'Eochairfhocail' ar leathanach 62 dá leabhar.
- Mínigh do na páistí go nglaotar orainn, mar bhaill den Eaglais, ár gcreideamh agus ár gcomaoineach le Dia agus le daoine eile a neartú trí na sacraimintí. Cuireann an Eocairist, faoistin, troscadh agus tabhairt dóibh siúd atá i ngátar Íosa i láthair inár saol. Nuair a bhíonn daoine ag obair le chéile, bíonn Íosa i láthair leo.
- Ansin léigh go mall tríd an liosta agus na nótaí seo a leanas ar Aitheanta na hEaglaise, ag stopadh i ndiaidh gach ceann acu chun ligean do na páistí a dtuairimí a roinnt maidir le cé chomh maith agus a mhaireann daoine inniu, iad féin san áireamh, de réir na nAitheanta seo - agus na cinn atá éasca nó deacair a choimeád, agus cén fáth.
- **Freastal ar Aifreann ar an Domhnach agus ar Lá Saoire Eaglasta.** *(Iarrann an Eaglais orainn go ndéanfaimis an Domhnach difriúil ó laethanta eile na seachtaine toisc gur ghlac Dia sos óna chuid oibre cruthaithe ar an seachtú lá agus gur éirigh Íosa ó mhairbh Domhnach Cásca. Bealach amháin is féidir linn an Domhnach a dhéanamh naofa ná freastal ar an Aifreann. Nuair a théimid ar Aifreann, tá sé tábhachtach go nglacfaimis páirt sna paidreacha, go n-éistfimid leis na sleachta ón mBíobla, go nglacfaimid an Comaoineach Naofa agus, más féidir, páirt a ghlacadh in Ullmhú na mBronntanas.)*
- **Faoistin a fháil uair amháin, ar a laghad, sa bhliain.** *(Cé go n-iarrann an Eaglais ar gach duine againn ár bpeacaí a admháil uair sa bhliain ar a laghad, tá sé tábhachtach ach go háirithe dóibh siúd a rinne peaca tromchúiseach, Faoistin nó Sacraimint an Athmhuintearais a fháil uair sa bhliain ar a laghad.)*
- **Corp Chríost a ghlacadh um Cháisc.** *(Ciallaíonn sé seo Comaoineach Naofa a ghlacadh idir Dhomhnach Cásca agus Domhnach na Tríonóide. Iarrann an Eaglais ar dhaoine Comaoineach Naofa a ghlacadh uair sa bhliain ar a laghad chun cabhrú leo fanacht gar do Dhia.)*
- **Tacaíocht airgeadais a thabhairt don Eaglais.** *(Ciallaíonn sé seo tacú leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i do phobal Eaglais áitiúil. Is féidir le duine é seo a dhéanamh trína gcuid ama, a mbronntanais agus a mbuanna a thabhairt, nó trí thacaíocht airgeadais a thabhairt. Tá deis ann ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh*

*ag an Aifreann.)*

- **Troscadh agus staonadh (ó ithe agus ól) ar Chéadaoin an Luaithrigh agus Aoine an Chéasta.** *(Iarrann an Eaglais ar dhaoine in Éirinn dhá lá troscaidh agus staonadh a choimeád: Céadaoin an Luaithrigh agus Aoine an Chéasta. D'ithfeadh duine, ar mian leis/léi an aithne seo ón Eaglais a chomhlíonadh, níos lú a ithe ar na laethanta sin, mar shampla trí bhéile iomlán amháin agus dhá bhéile níos lú a bheith aige/aici, agus gan aon fheoil a ithe.)*

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Samhlaigh gur ball de na luath-Chríostaithe tú … Chuala tú na haspail ag labhairt faoi bheatha Íosa … faoin gcaoi ar thug sé grá Dé dóibh siúd ar fad ar bhuail sé leo, go háirithe do dhaoine a bhí bocht nó tinn nó a bhí ag fulaingt … mar a d'inis sé scéalta a thug ar dhaoine smaoineamh ar an gcaoi ar chóir dóibh maireachtáil … agus conas a ghlaoigh sé na páistí chuige, fiú nuair a bhí daoine eile á dtiomáint uaidh.

Uaireanta bhí sé deacair ar na luath-Chríostaithe 'bealach Íosa' a leanúint, díreach mar a bhíonn sé deacair orainn … Ba mhinic a bhí sé deacair orthu a bheith cineálta, grámhar agus maitheach ... díreach mar a bhíonn sé orainn. Uaireanta rinne siad dearmad guí a dhéanamh, mar a dhéanaimid … Ach theastaigh uathu Íosa a leanúint agus maireachtáil mar a d'iarr sé orthu, agus bhí siad sásta fiú a mbeatha a thabhairt ar son an chreidimh …

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cabhrú leat agus tú ag iarraidh maireachtáil mar a d'iarr Íosa … B'fhéidir gur mhaith leat a rá le Dia go bhfuil brón ort faoi na hamanna ar theip ort … agus maithiúnas Dé a iarraidh … B'fhéidir gur mhaith leat an neart agus an misneach a iarraidh chun triail a bhaint as 'bealach Íosa' arís agus arís eile … agus, thar aon rud eile, chun grá Dé a thaispeáint do na daoine mórthimpeall ort … Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is í an Eaglais Pobal Dé. Thug Íosa bronntanas na hEaglaise dúinn agus chuir sé na haspail amach chun deisceabail a dhéanamh de gach éinne. Rinne na luath-Chríostaithe iarracht maireachtáil mar a d'iarr Íosa orthu. Rinne siad difríocht do shaol daoine eile a bhí ann ag an am sin, chomh maith leis na glúnta a bhí le teacht, trí Bhriathar Dé a scaipeadh agus an Dea-Scéal a roinnt.

Leanann an Eaglais, Pobal Dé, ar aghaidh leis an traidisiún céanna inniu. Díreach cosúil leis na luath-Chríostaithe, déanaimid ár ndícheall grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile ar an mbealach a léirigh Íosa dúinn agus, mar thoradh ar sin, déanaimid difríocht do shaol na ndaoine timpeall orainn.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### COMHLUADAR NA hEAGLAISE

**Nóta:** *Beidh bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin ag teastáil do gach grúpa.*

- Tabhair cuireadh do na páistí foirmiú i ngrúpaí beaga.
- Is é an tasc atá acu ná léiriú a dhéanamh ar an bpáipéar, ag úsáid dathanna, íomhánna agus/nó focail, ar an gcaoi ar féidir leo féin agus a gcairde a bheith ina mbaill dílse de phobal na hEaglaise.
- Tabhair cuireadh dóibh liosta Aitheanta na hEaglaise a léamh **ar leathanach 63 dá leabhar**, a d'fhéadfadh roinnt smaointe a thabhairt dóibh.
- B'fhéidir go gcabhródh na páistí, atá críochnaithe go luath, póstaer a ullmhú a deir 'Is Sinne Comhluadar na hEaglaise', a d'fhéadfadh a bheith mar bhratach don saothar ealaíne go léir.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### AN tSIÚR CONSILIO (RUGADH 1937)

- Tabhair cuireadh do na páistí an phróifíl ar an tSiúr Consilio a léamh **ar leathanach 64 dá leabhar.**
- Ansin tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur, atá **ar leathanach 64 dá leabhar freisin:**
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin an tSiúr Consilio sa rogha a rinne sí maidir lena saol?
- Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh atá le feiceáil ag gníomhú i saol na Siúrach Consilio.
- Chuir an tSiúr Consilio a muinín i Muire maidir lena haisling a chur i gcrích. Cad a insíonn sé seo duit faoin gcineál duine atá inti? Cad a spreagann í chun cabhrú le daoine eile?
- Conas a thaispeánann an tSiúr Consilio, ina briathra agus ina gníomhartha, gur laoch Críostaí í?
- Cén spreagadh a thugann an tSiúr Consilio duitse?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh triúr léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

Inniu cuimhnímid ar na luath-Chríostaithe. Spreag saol Íosa iad agus bhí siad cróga go leor chun leanúint ar aghaidh ag maireachtáil mar a d'iarr sé orthu agus ag scaipeadh na Dea-Scéala.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Gníomhartha na nAspal.

*Bhí buíon na gcreidmheach ar aon aigne agus ar aon intinn le chéile. Ní deireadh aon duine acu liom ná leat faoina chuid maoine mar bhí gach ní i bpáirt acu. Bhí na haspail go lándícheallach ag tabhairt fianaise ar aiséirí Chríost agus bhí grásta Dé go fras orthu uile. Agus ní raibh duine ar bith acu ar an ngannchuid: iad siúd a raibh talamh nó tithe acu, dhíolaidís amach iad agus thugaidís suas a luach do na haspail agus roinntí amach ar chách é de réir mar bhíodh sé ina ghá.*
(Gníomhartha 4:32-35)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas.
**Gach duine:** Glóir duit, a Thiarna.

*Agus dúirt sé leo: "Imígí faoin domhan uile agus fógraígí an soiscéal don chruthaíocht uile. An té a chreidfidh agus a bhaistfear, slánófar é; ach an té nach gcreidfidh, daorfar é."*

Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Léitheoir 3:** Go raibh maith agat, a Dhia, as an Eaglais, a tugadh dúinn trí Naomh Peadar agus na haspail. Cabhraigh linn mar a dhéanaimid iarracht difríocht a dhéanamh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Ag an Aifreann, nuair a guímid *Guí an Phobail*, guímid i gcónaí ar son na hEaglaise. Guímis inniu ar son na hEaglaise agus ar son Phobail Dé. Cabhraigh linn a thuiscint go bhfuil páirt againn go léir an Dea-Scéala a scaipeadh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímis an *Gníomh Creidimh* le chéile anois.
**Gach duine:** A Dhia liom,
Creidim ionat
agus i ngach a mhúineann d'Eaglais Naofa
mar gur tusa a dúirt
agus go bhfuil do Bhriathar fíor.
Is tusa an Críost, Mac Dé beo.
Is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
A Dhia, creidim, méadaigh ar mo chreideamh.

**Múinteoir:** Déanaimid an ghuí seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Pósadh Críostaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

I Leabhar Geineasas léimid gur chruthaigh Dia fir agus mná as grá, ina íomhá féin agus ina chosúlacht féin, ionas go ndéanfaidís aithris ar a ghrá dóibh tríd an grá céanna a léiriú dá chéile. Cruthaíodh fir agus mná ar chomhchéim lena chéile agus leis an dínit céanna.

Tháinig plean Dé do bhuaine an phósta le chéile de réir a chéile. Cé gur cheadaigh Maois colscaradh, mhúin Íosa go bhfuil an pósadh doscaoilte. Dúirt Íosa, 'An ní a cheangail Dia, ná scaoileadh duine é' (Matha 19:6). Sa lá atá inniu ann, tá an pósadh ar cheann de shacraimintí na hEaglaise.

Is comharthaí infheicthe de ghrásta dofheicthe iad na sacraimintí. Ciallaíonn an focal 'sacraimint' 'comhartha naofa'. Nuair a cheiliúraimid na sacraimintí, bíonn Críost linn ar bhealach an-speisialta agus uathúil. Tugann na sacraimintí an grásta dúinn buanseasmhacht a dhéanamh trí dheacrachtaí agus trí dhúshláin. Agus grásta á bhronnadh acu, éilíonn na sacraimintí creideamh gníomhach orainn freisin, agus toilteanas ár gcreideamh a dhoimhniú tríd an sacraimint. Dá bhrí sin, tá ullmhúchán chun gach sacraimint a fháil, lárnach chun a bheith oscailte agus fáilteach roimh an deis ghrásta.

Déanann an Eaglais Chaitliceach ceiliúradh ar sheacht sacraimintí, atá roinnte i dtrí chatagóir. Is iad an Baisteadh, an Eocairist agus an Cóineartú, Sacraimintí na hIonadachta Críostaí. Is iad Sacraimint an Athmhuintearais agus Ola na n-easlán na Sacraimintí Leighis. Agus is iad Sacraimint an Oird Choisricthe agus Sacraimint an Phósta na Sacraimintí ag Seirbhís na Comaoine. Cé go marcálann siad seo go léir tráthanna tábhachtacha nuair a bhíonn Críost i láthair i ndáiríre do na daoine a fhaigheann iad, tá Sacraimint an Phósta uathúil sa mhéid is go mbaineann sé le fear agus bean dul i gcúnant lena chéile. Múineann an Eaglais Chaitliceach go bhfuil an cúnant seo eisiach agus ar feadh a saoil. Aontaíonn an fear agus an bhean a théann isteach go saor sa chúnant seo grá a thabhairt dá chéile go heisiach don chuid eile dá saol. "An conradh seo a dhéanann na céilí go saorálach, fágann sé d'oibleagáid orthu é a choinneáil aonta agus doscaoilte. 'An ní a cheangail Dia, ná scaoileadh duine é'" (ChEC, uimh. 2364). Tá an sagart ina fhinné ar an gcúnant seo agus glaonn sé beannachtaí an Spioraid Naoimh ar an lánúin.

Is léiriú é an caidreamh idir fear agus bean atá aontaithe i bpósadh ar an ngaol atá ann idir Críost agus an Eaglais. Múineann *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*: 'Tá sacraimint an Phósta ina comhartha d'aontacht Chríost agus na hEaglaise. Tugann sé de bhua don lánúin an grá céanna a thabhairt dá chéile a thug Críost don Eaglais. Sa tslí sin, tugann grásta na sacraiminte grá daonna na lánúine chun foirfeachta, comhfhortaíonn a n-aontacht doscaoilte agus seolann iad chun naofachta ar chonair na beatha síoraí' (ChEC, uimh. 1661). Trí Shacraimint an Phósta éiríonn an lánúin ina gcomhartha de ghrá Dé. Tugann sé seo brí bhreise do gach rud a dhéanann siad.

Ní mór dúinn a bheith mothálach don réaltacht atá ann go bhfuil go leor teaghlaigh ina gcónaí inniu i gcásanna nach ionann iad agus an t-idéal seo atá ag an Eaglais Chaitliceach. Tá roinnt leanaí ina gcónaí i dteaghlaigh aontuismitheora, agus i roinnt cásanna teaghlaigh le tuismitheoirí nach bhfuil pósta, agus uaireanta bíonn roinnt tuismitheoirí scartha óna chéile. In *Amoris Laetitia* admhaíonn an Pápa Proinsias na cásanna seo agus, cé go seasann sé le teagasc na hEaglaise faoi phósadh mar thiomantas ar feadh an tsaoil idir fear agus bean, luann sé ó thuairisc a tháinig ón tSeanaid ar Ghairm agus Misean an Teaghlaigh (2015) agus mhol sé dúinn 'breithiúnais nach gcuireann san áireamh castacht cásanna éagsúla a sheachaint' (*Amoris Laetitia*, uimhir 296). Leanann sé ar aghaidh, 'Dúirt Aithreacha an tSionaid nach dtugann an Eaglais neamhaird ar na heilimintí dearfacha sna cásanna sin nach gcomhfhreagraíonn go fóill nó nach gcomhlíonann a teagasc ar phósadh a thuilleadh' (*Amoris Laetitia*, uimh. 291).

Tá searmanas an phósta Chaitlicigh lán de shiombalachas. Sa cheacht seo déanaimid iniúchadh ar na siombailí a bhaineann le pósadh agus a dtábhacht. Tá cuid de na siombailí seo cosúil leo siúd atá le feiceáil i Reiligiúin Dhomhanda eile, agus baineann cuid eile acu leis an gCríostaíocht amháin ó thús. Déanaimid iniúchadh freisin ar chumhacht leanúnach an ghrá agus ar an gcaoi ar féidir leis gach deacracht a shárú. Mar a dúirt an Pápa Proinsias, 'Tá níos mó i gceist le pósadh ná faisean tapa; tá tábhacht leanúnach aige '(*Amoris Laetitia*, uimhir 131).

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Conradh:** Is comhaontú é conradh. Comhaontuithe dlí is ea formhór na gconarthaí - tá na daoine sna conarthaí faoi cheangal an dlí iad a choinneáil. Is féidir le daoine conarthaí neamhfhoirmiúla (cinn nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna) a dhéanamh freisin.
- **Cúnant:** Conradh nó comhaontú idir daoine, nó idir duine/daoine agus Dia. Cúnant idir fear baiste agus bean bhaiste atá sa phósadh Críostaí. Cuireann an conradh seo a ngrá in iúl dá chéile agus do Dhia. Tá Dia ina fhinné ar an ngealltanas nó ar an gconradh seo i Sacraimint an Phósta.
- **Tiomantas:** Toilteanas agus gealltanas do chuid ama agus fuinnimh a chaitheamh le rud a d'aontaigh tú a dhéanamh. Is sampla é an pósadh de chonradh nó de chúnant lena mbaineann tiomantas.
- **Sacraimint an Phósta:** fear baiste agus bean bhaiste ag glacadh le cúnant/conradh ar feadh an tsaoil le chéile. Dearbhaíonn an lánúin go poiblí a dtiomantas agus a ngealltanas a bheith grámhar agus dílis dá chéile go dtí go bhfaighidh siad bás, agus fáilte a chur roimh aon leanbh a roghnóidh Dia a bhronnadh orthu.
- **Grásta:** Bronntanas de ghrá Dé a chabhraíonn linn ár saol a chaitheamh ar an mbealach a thaispeáin Íosa dúinn. Ceann de na bealaí ina dtagann grásta chugainn ná trí na sacraimintí.

# Féachaimis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa bhliain 2015 vótáil muintir Phoblacht na hÉireann chun pósadh comhghnéis a dhéanamh dleathach. Cé go múineann an Eaglais Chaitliceach nach féidir pósadh sacraiminte a cheiliúradh de réir mar is ceart ach idir fear agus bean, aithníonn an Eaglais an ceart dlíthiúil atá ag saoránach pósadh i gcásanna eile, mar shampla i gcaidrimh den ghnéas céanna. Cáineann an Eaglais Chaitliceach homafóibe agus idirdhealú ar bhonn claonadh gnéasach. In agallamh ar bord eitleáin, dúirt an Pápa Proinsias faoi dhaoine homaighnéasacha, 'Má tá duine aerach agus ag cuardach an Tiarna agus má tá dea-thoil aige/aici, cé mise chun breithiúnas a thabhairt air/uirthi?' Tá sé tábhachtach sa seomra ranga a bheith inghlactha agus uileghabhálach le páistí ó gach cineál cúlra teaghlaigh agus claonadh gnéasach.

## AG COMHRÁ

### FAOI CHONARTHAÍ

Sula dtosaíonn tú ar an gcomhrá, iarr ar pháiste an sainmhíniú ar 'Conradh' a léamh os ard ón 'Eochairfhocail' **ar leathanach 66 de leabhar na bpáistí.**

Ansin déan comhrá leis na páistí faoi chonarthaí, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Ar chuala tú riamh faoi dhuine ag síniú conradh dlíthiúil? (*m.sh. peileadóirí, daoine ag ceannach tí, ceoltóirí agus comhlachtaí ceoil*)
- An maith an rud iad conarthaí dlí? Cén fáth nó cén fáth nach maith? (*m.sh. tá a fhios ag gach duine cad atá le déanamh acu agus cad a bheifear ag súil leis; tá na daoine atá i gceist cosanta ag an dlí; níl sé furasta conarthaí dlí a bhriseadh*)
- Is féidir le daoine conarthaí nach bhfuil chomh foirmiúil a dhéanamh freisin - conarthaí nach bhfuil siad faoi cheangal an dlí iad a choinneáil, ach bíonn súil leis go gcoinneoidh siad iad fós toisc go bhfuil gealltanas tugtha acu do dhuine go ndéanfaidh siad amhlaidh. An féidir leat smaoineamh ar chonradh den sórt sin a d'fhéadfá a dhéanamh le duine éigin?
- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach nuair a dhéanann tú conradh le duine go ndéanann tú é sin de do dheoin féin agus nach gcuireann aon duine eile brú ort é a dhéanamh?
- Cad a tharlaíonn má bhriseann duine conradh dlíthiúil? Cad iad na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann? (*m.sh. fíneáil; cion coiriúil; tréimhse i bpríosún*)
- Cén toradh a d'fhéadfadh a bheith ann dá bhrisfí conradh neamhfhoirmiúil neamhdhleathach? (*m.sh. teip ar mhuinín - b'fhéidir nach gcuirfeadh an duine muinín ionat arís; duine eile a bheith gortaithe; damáiste do chairdeas*)

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 66 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT OBAIR BHAILE

### MO CHONRADH

- Tabhair cuireadh do na páistí conradh a chur le chéile a d'fhéadfaidís a dhéanamh lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí féin - mar shampla, ag baint le cúram peataí, obair tí, airgead póca, féachaint ar an idirlíon agus ar an teilifís, nó rud éigin eile cosúil leis sin. Spreag an páistí chun labhairt lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí faoi ábhar a 'gconartha' sula scríobhfaidh siad isteach sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach é agus sula síníonn an dá pháirtí é.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inár n-urnaí inniu cuimhnímid ar an gcúnant a rinne Dia leis na hIosraeilítigh, a Phobal Tofa, in aimsir an tSean-Tiomna. Gheall Dia dóibh go mbeidís ina phobal aige féin agus go mbeadh sé ina Dhia acu. Thabharfadh Dia aire dóibh agus iad a choinneáil slán óna naimhde. Bheadh ar na hIosraeilítigh dlíthe Dé a choimeád, mar atá leagtha síos sna Deich nAithne. Cé nach raibh na daoine dílis dá gcúnant le Dia, bhí Dia dílis dó i gcónaí.

**Léitheoir 1:** A Dhia ghrámhair, cabhraigh linn a bheith dílis do na comhaontuithe agus na gealltanais a dhéanaimid.
Nuair a dhéanaimid tiomantas, cuidigh linn cloí leis fiú nuair atá sé deacair é sin a dhéanamh. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 2:** A Dhia ár nAthair, bíonn sé deacair uaireanta gealltanas a choinneáil.
Is minic a bhíonn cathú orainn ár ngealltanais a bhriseadh.
Cabhraigh linn ár gcuid geallúintí a choinneáil i gcónaí. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** A Dhia ghrámhair, cuidigh linn maithiúnas a thabhairt nuair a bhriseann duine gealltanas a thug siad dúinn. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** A Dhia ár nAthair, go raibh maith agat as do ghealltanas a choinneáil grá agus aire a thabhairt dúinn i gcónaí, is cuma cad a dhéanaimid. Tá a fhios againn gur féidir linn muinín a bheith againn asat do chuid geallúintí a choinneáil. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Chuir Dia a aon Mhac, Íosa chugainn, chun an cúnant a rinne sé le gach duine a athnuachan. Rinne Dia é seo chun méid a ghrá dúinn a thaispeáint.
Gabhaimid buíochas le Dia as a bheith dílis dá chuid geallúintí i gcónaí agus as a bheith trócaireach linn nuair nach mbímid dílis dó. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Déanaimid an ghuí seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOI DHÍLSEACHT

Déan comhrá leis na páistí faoi dhílseacht agus a bhfuil i gceist léi, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad a chiallaíonn sé a bheith dílis do dhuine, dar leat? An féidir leat smaoineamh ar aon fhocail eile a chiallaíonn an rud céanna? (*m.sh. iontaofa, is féidir brath air/uirthi*)
- Tá 'dílseacht' ar cheann de thorthaí an Spioraid Naoimh. An féidir leat cuimhneamh (ón gclár *I nGrá Dé* ón bhliain seo caite) ar thorthaí eile an Spioraid Naoimh? (*grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, féinsmacht*)
- An féidir leat smaoineamh ar roinnt samplaí den chaoi a d'fhéadfadh duine a bheith dílis do dhuine eile?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### SCÉAL A BHAINEANN LE GRÁ AGUS LE DÍLSEACHT

Sula léann tú an scéal seo do na páistí, mínigh dóibh gur as Leabhar Rút é, atá ar cheann de na leabhair stairiúla sa Sean-Tiomna.

**Scéal Rút (Rút 1:1-17)**

Le linn na mBreithiúna a bheith i réim tharla gorta sa tír agus d'imigh fear áirithe as Beithil Iúdá a chónaí i dtír Mhóáb, é féin, a bhean agus a bheirt mhac. Eilímeilic a bhí mar ainm ar an bhfear, Náóimí ar a bhean agus Machlón agus Cilión ar a bheirt mhac. Eafrátaigh ab ea iad ó Bheithil Iúdá agus thángadar go tír Mhóáb agus chuireadar fúthu ann. D'éag Eilímeilic, fear céile Náóimí agus fágadh ise agus a beirt mhac. Phósadarsan mná Móábacha, a raibh Orpá ar dhuine acu agus Rút ar an mbean eile. Mhaireadar ansiúd ar feadh deich mbliana nó mar sin. Ansin fuair Machlón agus Cilión bás, agus fágadh an bhean gan mac den bheirt, gan fear.

Chuir sí féin agus baintreacha a mac faoi réir ansin le filleadh as tír Mhóáb óir d'airigh sí i dtír Mhóáb gur tháinig an Tiarna i gcabhair ar a mhuintir agus gur thug bia dóibh. Ansin d'imigh sí féin agus a beirt bhan mic ón áit ina raibh cónaí orthu, agus chuir siad chun bóthair ar ais go tír Iúdá. Dúirt Náóimí lena beirt bhan mic: 'Ar ais libh, gach duine agaibh, go teach a mháthar. Go raibh an Tiarna lách dílis libh faoi mar a bhí sibhse leis an muintir atá sa chré, agus liomsa. Go ndeonaí an Tiarna go bhfaighidh sibh baile, gach duine agaibh beirt, le céile fir ina theach.'

Agus phóg sí iad, ach chromadarsan ar ghol go fuíoch. 'Fillfimid leat,' ar siad, 'fillfimid sin, go dtí do mhuintirse.'

Ach dúirt Náóimí: 'Ní mór daoibh dul ar ais, a iníonacha liom. Cad ab áil libh teacht



liomsa? … Ná déanaigí, a ógmhná, mar go ngoillfeadh sé go mór orm ar bhur son-sa gur tógadh lámh an Tiarna i mo choinne.'

Bhris a ngol arís orthu agus ghoileadar go fuíoch. Ansin phóg Orpá máthair a céile [agus d'imigh uaithi chun a muintire féin]; ach chloígh Rút léi go dlúth. Dúirt Náóimí [le Rút] ansin: 'Féach i leith orm anois. Siúd í bean do dhearthár imithe ar ais chun a muintire féin agus chun a dé féin. Imighse leat chomh maith agus lean bean do dhearthár.'

Ach d'fhreagair Rút: 'Ná bí ag tathant orm imeacht uait agus filleadh gan a bheith feasta i do chuideachta: óir cibé áit a rachaidh tusa, is ann a rachaidh mise, agus cibé áit a mbainfidh tusa fút, is ann a bhainfidh mise fúm; siad do mhuintirse is muintir domsa, agus is é do Dhia is Dia domsa. Fód do bháis, fód mo bháis-se, agus láthair m'adhlactha. Go ndéana an Tiarna seo agus siúd liom, agus a thuilleadh fós, dá scarfadh fiú an bás ó chéile sinn!"

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 67 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth ar fhág Eilímeilic, Náóimí agus a gclann mac Iúdá?
- Cá ndeachaigh siad?
- Ainmnigh na mná a bhí pósta le mic Náóimí.
- Cén fáth ar iarr Náóimí orthu filleadh ar ais chuig a máithreacha?
- Cén fáth ar fhan Rút le Náóimí?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh Rút, Orpá agus Náóimí nuair a fuair a fir chéile bás?
- Dá mbeifeá in áit Náóimí, conas a mhothófá nuair a dúirt Rút gur theastaigh uaithi fanacht leat?
- Cad a bhí i gceist ag Rút, dar leat, nuair a dúirt sí 'siad do mhuintirse is muintir domsa'?
- Cad iad na cáilíochtaí a déarfá a bhí ag Rút? Cén cineál duine a bhí inti, dar leat? (*m.sh. dílis, iontaofa, tiomanta, cineálta, comhbhách*)
- Conas a bhraith Náóimí, meas tú, nuair a thuig sí go raibh Rút ag iarraidh fanacht léi? (*m.sh. buíoch, faoiseamh uirthi, ionadh uirthi*)
- Is minic a léitear an scéal seo ag searmanais bainise. Cén fáth, dar leat?
- An bhfuil aon smaoineamh agat faoin gcaoi ar tháinig deireadh leis an scéal seo? An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sula gcríochnóidh tú an scéal, déan an ghníomhaíocht 'Lána Coinsiasa' seo a leanas leis na páistí. Spreagfaidh an ghníomhaíocht 'Lána Coinsiasa' na páistí chun an rogha a bhí le déanamh ag Rút a scrúdú. Ansin beidh deis agat deireadh an scéil a roinnt leis na páistí.

## LÁNA COINSIASA

### CÉN ROGHA?

- Roghnaigh páiste amháin chun áit Rút a thógáil, agus iarr ar an gcuid eile den rang dhá líne a chruthú atá os comhair a chéile.
- Tabharfaidh líne amháin comhairle do Rút maidir le cén fáth ar chóir di Náóimí a fhágáil agus dul ar ais chuig a teaghlach féin. Tabharfaidh an líne eile comhairle maidir le cén fáth ar chóir di fanacht le Rút.
- Mar shampla, d'fhéadfadh páiste sa líne atá ag spreagadh Rút chun imeachta, a rá, 'Ná fan léi. Tá an mí-ádh ag siúl léi. Ní bheidh rath ort má fhanann tú léi.' D'fhéadfadh duine eile a rá, 'Ní phósfaidh aon fhear eile tú má fhanann tú léi.'
- D'fhéadfadh páiste sa líne eile a rá, mar shampla: 'Fan le Náóimí. Bhí sí go maith duit' nó 'Ná fág í chun aire a thabhairt di féin.'
- Ag an deireadh, iarr ar Rút a cuid smaointe a roinnt faoin gcomhairle éagsúil a fuair sí.
- Tar éis do na páistí an ghníomhaíocht a chríochnú, iarr orthu machnamh a dhéanamh ar amanna ina saol nuair a bhí cinneadh deacair le déanamh acu.

Ansin b'fhéidir gur mhaith leat a rá leis na páistí go gcríochnaíonn an scéal mar seo a leanas:

Chuaigh Rút ag obair sna páirceanna chun cabhrú le Náóimí. Is ansin a bhí úinéir na bpáirceanna, fear darb ainm Boaz, an-chineálta léi agus bhí meas aige ar an mbealach a chabhraigh sí le Náóimí. Dúirt sé le Rút: "Insíodh dom go hiomlán an uile ní dá ndearna tú ar son mháthair do chéile ón uair a fuair d'fhear bás; mar a d'fhág tú d'athair agus do mháthair agus do thír dhúchais i do dhiaidh agus gur tháinig tú go muintir nárbh aithnid duit roimhe seo. Go gcúití an Tiarna do shaothar leat, agus go dtuga an Tiarna Dia Iosrael luach saothair iomlán duit ós rud é gur tháinig tú ag lorg dídine faoi scáth a sciathán." (Rút 2:11-12)

Bhí Rút dílis do Náóimí. Mar thoradh air sin, bheannaigh Dia Rút le fear céile maith. Phós sí féin agus Boaz agus bhí mac acu darbh ainm Óbaed. Tugadh luach saothair do Náóimí toisc go raibh sí in ann aire a thabhairt do Óbaed leo. Bhí Óbaed ina athair ar Jesse, a bhí ina athair ag an Rí Dáiví agus ina sinsear d'Íosa.

**Tá an scéal faoi dhílseacht Rút do Náóimí ar leathanach 66 de leabhar na bpáistí. Spreag iad chun an scéal a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is modh é *Visio divina* (Laidin = 'Féachaint dhiaga') chun guí a dhéanamh trí íomhánna nó meáin amhairc a úsáid, a d'fhéadfadh a bheith ar eolas ag na páistí ón gclár *I nGrá Dé* ó Rang a Ceathair. Tá athrú an-simplí curtha ar fáil againn ar an modh thíos chun na páistí a chur ag obair arís le *visio divina*. Is féidir leis na páistí féachaint ar íomhá an phictiúir *But Ruth Clave Unto Her* le Brian Kershisnik **ar leathanach 67 dá leabhar**, nó b'fhéidir go roghnófá an íomhá a thaispeáint ar an gclár bán.

## GNÍOMHAÍOCHT URNAÍ

### VISIO DIVINA

Seo treoracha, céim ar chéim, chun na páistí a threorú chun guí ag úsáid *visio divina:*


**Céim 1.** Féach go cúramach ar an íomhá, a thaispeánann Rút ag tabhairt barróg do Náóimí fad is atá Orpá ag siúl uathu.

**Céim 2.** Agus tú ag féachaint ar an íomhá, lig do do shúile fanacht leis an gcéad rud a thugann tú faoi deara. Déan iarracht do shúile a choinneáil ó bheith ag féachaint ar chodanna eile den phictiúr. Bí ag análú go domhain agus lig duit féin breathnú go géar ag an gcuid sin den íomhá ar feadh nóiméid nó mar sin. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá ina dtost*.)

**Céim 3.** Anois lig do do shúile féachaint ar an íomhá iomlán. Glac do chuid ama agus féach ar gach cuid den phictiúr. Féach ar na sonraí go léir. Déan machnamh air ar feadh nóiméid nó dhó. (*Tabhair roinnt ama do na páistí díriú ar an íomhá ina dtost.*)

**Céim 4.** Smaoinigh ar do fhreagra ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na mothúcháin atá agat agus tú ag féachaint ar an íomhá?
- Cad a bhí an t-ealaíontóir ag iarraidh a chur in iúl, dar leat? Cad iad na mothúcháin a léirítear ann?
- Cad iad na mothúcháin a spreagann sé ionat? Conas? Cén fáth?
- Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, glac nóiméad chun guí ar son pé rud a thagann isteach i d'intinn agus tú ag féachaint ar an bpictiúr.



**Céim 5.** Anois, agus do ghuth inmheánach á úsáid agat, inis do Íosa na smaointe agus na mothúcháin a thagann chugat agus tú ag smaoineamh/ féachaint ar an íomhá. (*Lig cúpla nóiméad le haghaidh urnaí ciúin agus machnaimh.*)

Ansin iarr ar na páistí a nguí a thabhairt chun críche trí bhuíochas a ghabháil go ciúin le Dia as na daoine a bhfuil grá acu dóibh agus as Íosa a sheoladh chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a thabhairt.

## AG COMHRÁ

### FAOI PHÓSADH SAN EAGLAIS CHAITLICEACH

- Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoina dtaithí ar phóstaí. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu:
  - » Cad ba mhó a thaitin leat faoin bhainis a fhreastail tú uirthi?
  - » Cad is féidir leat a thabhairt chun cuimhne faoin searmanas bainise? An cuimhin leat aon rud a dúirt an lánúin? Rud ar bith a dúirt an sagart nó an deagánach?
  - » An cuimhin leat aon cheann de na siombailí a úsáideadh le linn an tsearmanais bainise? Cad a léiríonn na siombailí sin, dar leat?
- Ansin mínigh do na páistí go dtuigeann an Eaglais Chaitliceach pósadh ar bhealach ar leith. Tá **Sacraimint an Phósta** ar cheann de sheacht sacraimintí na hEaglaise Caitlicí. Le linn searmanas pósta Caitliceach, bíonn Críost leis an lánúin ar bhealach an-speisialta agus faigheann siad **grásta** agus beannachtaí speisialta chun cabhrú leo na gealltanais a thugann siad ar lá a bpósta a chomhlíonadh.
- 'Séard atá i gceist le pósadh Caitliceach ná dearbhú foirmiúil, **poiblí** faoi ghrá na lánúine dá chéile. Múineann an Eaglais Chaitliceach go bhfuil an pósadh **buan** - is banna é nach féidir a bhriseadh. Cuireann an lánúin a **dtiomantas** i leith an ghrá in iúl agus fanann siad **dílis** dá chéile go dtí go bhfaigheann siad bás. Iarrann an Séú hAithne, 'Ná déan drúis', go bhfanfaidh fear céile agus bean chéile dílis dá chéile go dtí go bhfaighidh siad bás. Mhúin Íosa: "Nár léigh sibh go ndearna an Cruthaitheoir ó thús iad fireann agus baineann agus go ndúirt: 'Mar gheall air sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean, agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu.' Dá réir sin, ní beirt iad feasta ach aon cholainn amháin. Dá bhrí sin, an ní a cheangail Dia ná scaoileadh duine é" (Matha 19:4-6). Leanann an Eaglais Chaitliceach ag múineadh an t-idéal seo den phósadh inniu. In *Amoris Laetitia*, deir an Pápa Proinsias, 'Gabhaim buíochas le Dia go maireann a lán teaghlach, atá i bhfad ó a bheith foirfe, i ngrá, agus go gcomhlíonann siad a nglaoch agus go mbogann siad ar aghaidh, fiú má thiteann siad go minic ar an mbealach' (*Amoris Laetitia*, uimh. 57)
- Iarrann an Eaglais freisin ar lánúin phósta fáilte a chur roimh leanaí ar bith a d'fhéadfadh Dia a bhronnadh orthu agus grá a thabhairt dóibh. Iarrann an Eaglais orthu aire a thabhairt dá leanaí trí iad a choinneáil slán agus a riachtanais choirp go léir a sholáthar. Iarrann an Eaglais orthu freisin a gcuid leanaí a theagasc faoi Dhia agus faoi ghrá Dé do gach duine againn. Tá an sagart nó an deagánach ina fhinné ar na geallúintí a thugann an lánúin dá chéile. I Sacraimint an Phósta faigheann an lánúin an grásta chun grá a thabhairt dá chéile go dílis, fiú nuair a bhíonn an saol crua acu.
- Príomhghné de shearmanas pósta Caitliceach is ea malartú **fáinní** agus **gealltanais phósta**. Scrúdaigh an siombalachas taobh thiar d'fháinní agus de ghealltanais phósta trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:
  - » Conas a dhéanfá cur síos ar fháinne? (*m.sh. ciorclach, gan tús ná deireadh leis*)
  - » Cén fáth, dar leat, a d'fhéadfadh fáinne a bheith ina shiombail mhaith don phósadh? Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh sé a léiriú? (*m.sh. comhartha de ghrá gan staonadh na lánúine dá chéile; comhartha de ghrá dílis; comhartha de ghrá gan staonadh Dé don lánúin*)
  - » Aon fhocal eile agat in ionad 'gealltanas'? (*m.sh. móid*)
  - » Cad a ghellann an lánúin atá ag pósadh san Eaglais Chaitliceach a dhéanamh? (*Déanann lánúineacha gealltanais sollúnta os comhair Dé agus gach duine atá i láthair chun grá agus onóir a thabhairt dá chéile don chuid eile dá saol, chun fanacht dílis dá chéile, agus fáilte a chur roimh leanaí ar bith a bheidh acu.* Cúnant *atá sna gealltanais seo - conradh an-speisialta ina iarrtar ar Dhia a bheith mar fhinné. Is mionn os comhair Dé iad na gealltanais sollúnta seo fanacht dílis dá chéile.*)
- Mínigh do na páistí go lasann an lánúin **coinnle aontachta** uaireanta le linn searmanas pósta Caitlicigh. Bíonn trí choinneal ann de ghnáth: a choinneal féin ag an bhfear agus ag an mbean agus an tríú ceann sa lár, a lasann an lánúin tar éis dóibh a gcuid gealltanais a dhéanamh. Siombailíonn soilsiú na gcoinnle aontacht na lánúine. Siombailíonn sé freisin gur beirt fós iad a bhfuil tiomantas déanta acu gach rud is féidir a dhéanamh chun fanacht aontaithe lena chéile ar feadh an chuid eile dá saol.
- Mar fhocal scoir, cuir i gcuimhne do na páistí nach bhfuil sa lá bainise ach tús chonradh na lánúine. Éilíonn an tiomantas a bhaineann le pósadh Caitliceach go gcaithfidh an fear agus an bhean maireachtáil gach lá dá saol ar bhealach atá dílis agus fíor dá bpáirtí pósta. Ciallaíonn sé a bheith dílis agus grámhar dá chéile nuair a bhíonn siad ar an ngannchuid chomh maith le nuair a bhíonn siad ar muin na muice - díreach mar a bhí Rút dílis dá máthair chéile Náóimí, cé go raibh sé deacair uirthi. B'fhéidir go gciallódh sé aire a thabhairt do do chéile nuair a bhíonn siad tinn nó sean nó in ísle brí. D'fhéadfadh go mbeadh i gceist grá a thabhairt do leanaí agus an creideamh a mhúineadh dóibh. An chiall atá le bheith ag

maireachtáil go dílis i bpósadh Caitliceach, ná cuimhneamh ar ghrásta Sacraimint an Phósta agus Dia a choinneáil i lár an phósta.

**Tabhair cuireadh do na páistí 'PÓSADH SAN EAGLAIS CHAITLICEACH' a léamh ar leathanach 67 dá leabhar agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …'.**

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

- Iarr ar na páistí cuntas an Bhíobla ar Bhainis Chána (Eoin 2:1-10) a léamh os ard, atá **ar leathanach 68 de leabhar na leanaí**.
- Ansin seiceáil a dtuiscint trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 68 dá leabhar freisin:**
- Cé leis a ndeachaigh Íosa chun na bainise?
- Cad a d'inis máthair Íosa dó faoin bhfíon?
- Cad a dúirt Íosa leis na seirbhísigh a dhéanamh?
- Cad a tharla don uisce sna soithí cloiche tar éis do na seirbhísigh iad a líonadh?
- Cad a dúirt an fear a bhí i bhfeighil na féile leis an bhfear nuaphósta tar éis dó an fíon nua a bhlaiseadh?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé, 'Níl m'uairse tagtha fós'?
- Cad é an mhíorúilt a rinne Íosa? An gceapann tú gur míorúilt thábhachtach é seo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 68 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### CUM DÁN

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 68 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh dán acrastach a chumadh ag úsáid litreacha an fhocail 'PÓSADH'.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh anois sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar na sacraimintí a rinne tú a cheiliúradh go dtí seo … do Bhaisteadh, nuair a rinneadh leanbh Dé duit agus ar cuireadh fáilte romhat isteach sa teaghlach Críostaí … do Chéad Chomaoineach Naofa, nuair a fuair tú Corp Chríost den chéad uair le do theaghlach agus le do chairde … do Chéad Fhaoistin, nuair a fuair tú maithiúnas ó Dhia … Go gairid amach anseo rachaidh tú faoi lámh an Easpaig agus gheobhaidh tú tíolacthaí an Spioraid Naoimh chun tú a neartú agus a threorú chun maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn … Amanna speisialta grásta atá i gceiliúradh na sacraimintí ... amanna nuair a bhíonn Dia i láthair inár saol ar bhealach an-speisialta ... Gabhaimis buíochas le Dia as grásta na sacraimintí.

Thug Íosa aithne nua dúinn … grá a thabhairt dá chéile … Dúirt sé, 'Mar a thug mé grá daoibh, mar sin ní mór daoibh grá a thabhairt dá chéile. '… Déanann Sacraimint an Phósta ceiliúradh ar ghrá agus tiomantas na lánúine dá chéile agus fáiltíonn sé roimh ghrásta Dé ina gcuid aontas …

Guímis ar son gach lánúin phósta … go neartóidh Dia a ngrá dá chéile … go mbeannaí Dia a dteaghlaigh … agus go dtabharfaidh sé neart, misneach agus creideamh dóibh nuair a bhíonn an saol go crua acu … Nuair a bheidh tú réidh, is féidir leat na súile a oscailt..

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sa cheacht seo rinneamar iniúchadh ar a bhfuil i gceist leis an gcúnant pósta de réir theagasc na hEaglaise Caitlicí. D'fhoghlaim na páistí go léiríonn na siombailí a úsáidtear le linn Sacraimint an Phósta tiomantas agus dílseacht an ghrá phósta agus an áit speisialta atá curtha in áirithe do Dhia i bpósadh Críostaí. Maidir le Caitlicigh, banna buan atá sa phósadh idir fear baiste agus bean bhaiste nach féidir a bhriseadh. Tagann an banna seo i gcrích tríd an gcúnant a dhéanann an lánúin lena chéile. Bíonn an sagart i láthair mar fhinné sa searmanas poiblí. I measc na ngealltanas pósta tá oscailteacht do bhronntanas leanaí agus gealltanas iad a thógáil le grá Dé.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo chualamar scéal Rút. Is eiseamláir í Rút de dhuine a léirigh dílseacht agus tiomantas. Éistimis uair amháin eile le focail Rút le Náóimí.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Leabhar Rút.

*Ach d'fhreagair Rút:*
*"Ná bí ag tathant orm imeacht uait agus filleadh gan a bheith feasta i do chuideachta:*
*óir cibé áit a rachaidh tusa,*
*is ann a rachaidh mise,*
*agus cibé áit a mbainfidh tusa fút,*
*is ann a bhainfidh mise fúm;*
*siad do mhuintirse is muintir domsa,*
*agus is é do Dhia is Dia domsa."* (Rút 1:16-17)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Léitheoir 2:** Gabhaimid buíochas le Dia as na tráthanna speisialta grásta inár saol atá marcáilte ag na sacraimintí. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 3:** Iarraimid ar Dhia cuidiú linn a bheith dílis dár ngealltanais, mar a rinne Rút. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Léitheoir 4:** Iarraimid ar Dhia gach lánúin phósta a bheannú, go háirithe iad siúd atá pósta le déanaí. Go gcabhróidh grásta Dé leo tríd na droch-amanna agus na hamanna maithe. A Thiarna, éist linn.
**Gach duine:** A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

**Múinteoir:** Guímis an *Gníomh Grá* le chéile.
**Gach duine:** A Dhia liom,
Gráim thú ó mo chroí go hiomlán,
Ó m'anam go hiomlán, agus le mo neart iomlán.
A Thiarna, méadaigh ár ngrá.
Cabhraigh linn chun grá a thabhairt dá chéile.
Áiméan.

**Múinteoir:** Déanaimid an ghuí seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Traidisiúin eile sa teaghlach Críostaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Cé a shamhlódh go bhféadfadh an Eaglais Chaitliceach, ag a bhfuil thart ar 2.2 billiún ball scaipthe aici ar fud an domhain anois, a bheith tosaithe ag Íosa nuair a ghlaoigh sé ar líon beag deisceabail a ngnáthshaol a fhágáil agus é a leanúint?

Bhí an Eaglais amháin a bhunaigh Íosa aontaithe den chuid is mó le míle bliain. Sa bhliain 451 bhí easaontas ann idir baill den Eaglais Chaitliceach san Oirthear agus san Iarthar. Mar thoradh air seo bhí an chéad scoilt san Eaglais Chaitliceach, ar a tugadh 'siosma'. Ansin, le linn Siosma Mór an Iarthair sa bhliain 1054, scoilteadh brainsí thiar agus thoir na hEaglaise óna chéile le difríochtaí polaitiúla agus diagachta. Cúig chéad bliain ina dhiaidh sin rinne an Reifirméisean Protastúnach deighilt níos mó agus bunaíodh sainchreidimh Críostaí nua nach raibh i gcumann iomlán leis an Eaglais Chaitliceach. Leanann an Eaglais Chaitliceach, mar aon le traidisiúin eile, ag iarraidh na deighiltí a scarann na sainchreidimh Críostaí éagsúla, a leigheas.

Cuireadh na páistí ar an eolas cheana féin i dtaobh chúig eaglais Chríostaí sa chlár *I nGrá Dé* i Rang a Ceathair. Sa cheacht seo déanaimid an tuiscint sin a fhorbairt agus iad a chur in aithne do thraidisiún Chumann na gCarad. Cuidímid leis na páistí a thuiscint, cé go bhfuil sainaicmí creidimh agus traidisiúin Chríostaí éagsúla sa teaghlach Críostaí ar fud an domhain, go bhfuil Críost go léir mar chroílár agus mar inspioráid acu. Déanaimid iniúchadh ar chuid de na rudaí atá ag an Eaglais Chaitliceach i gcomhpháirt leis na sainaicmí creidimh agus na traidisiúin Chríostaí eile sin, chomh maith leis na difríochtaí a scarann ó chéile iad. Breathnaímid freisin ar obair an éacúiméineachais, a fhéachann le haontacht i measc na gCríostaithe uile, a theastaíonn ó Íosa don Eaglais, a bhaint amach, trí dialóg agus trí chomhoibriú. Féachann an Ghluaiseacht Éacúiméineach, le Críostaithe de shainaicmí creidimh éagsúla a bheith páirteach, ní hamháin sa dialóg ach freisin ag obair le chéile ar shaincheisteanna is ábhar imní náisiúnta agus domhanda, agus ar thionscadail ina gceantair áitiúla freisin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Sainaicme chreidimh:** Sainaicme chreidimh Chríostaí - pobal a bhfuil a eagraíocht agus a chleachtais féin aige, a bhfuil a chomhaltaí baiste, a chreideann in Íosa agus a leanann a theagasc.
- **Éacúiméineachas:** Téarma a úsáidimid chun cur síos a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéanann Críostaithe chun aontacht a bhaint amach i measc na dtraidisiún agus na sainaicmí creidimh Críostaí éagsúla.
- **An Reifirméisean Protastúnach:** Mar thoradh ar dheighilt agus ar easaontas laistigh den Eaglais san Iarthar, scar roinnt daoine ón Eaglais Chaitliceach Rómhánach agus bhunaigh siad sainaicmí Protastúnacha. Aithníonn staraithe an dáta a chuir Martin Luther a Nócha a cúig Tráchtas ar dhoras na hArdeaglaise in Wittenberg, sa Ghearmáin, sa bhliain 1517, mar thús an Reifirméisin Phrotastúnaigh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Liathróid olann
- Páipéar ealaíne agus pinn luaidhe/marcóirí daite do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS NA NITHE A NASCANN MUID LE CHÉILE

- Tosaigh trí a mhíniú do na páistí, cé go bhfuil siad uile uathúil agus difriúil, go bhfuil go leor i gcoiteann acu le daoine eile freisin - agus níl san áireamh amháin na rudaí a fheiceann siad nuair a fhéachann siad ar a chéile, cosúil le gruaig daite den chineál céanna, nó craiceann, nó súile, nó éadaí.
- Tabhair cuireadh do na páistí roinnt samplaí de na rudaí atá i gcoiteann acu a roinnt. Spreag iad a bheith chomh cruthaitheach agus is féidir leo agus gan rudaí atá soiléir a lua.
- Ansin inis dóibh, sa chluiche atá siad ar tí a imirt, go n-aithneoidh siad cuid de na rudaí a nascann iad le chéile, agus go n-úsáidfidh siad liathróid olla chun an ceangal sin a léiriú.

## CLUICHE

### DÉANAIMIS CEANGAL LE CHÉILE!

**Nóta:** *Beidh liathróid olla uait.*

Tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal. Sula dtosaíonn tú, mínigh conas a oibreoidh an cluiche:

1. Tabharfaidh tú an liathróid olla do pháiste amháin sa chiorcal.
2. Féachfaidh an páiste seo ar dhuine díreach os a c(h)omhair sa chiorcal; ainmnigh rud éigin atá i bpáirt acu le chéile; coinnigh deireadh na holla le lámh amháin, agus ansin caith an liathróid olla chuig an duine sin leis an lámh eile.
3. Munar féidir leis an bpáiste smaoineamh ar rud éigin láithreach, is féidir leo ceist thapa nó dhó a chur ar an duine a bhfuil siad ag féachaint air/uirthi chun rud atá i bpáirt acu a aithint.
4. Má theipeann ar pháiste greim a fháil ar an liathróid olla, nó má thiteann an liathróid olla trí thimpiste, is féidir le páiste eile in aice láimhe í a thógáil aníos agus í a thabhairt dóibh - ionas go mbeidh an liathróid olla i gcónaí i lámha an té a bhí i gceist ó thús.
5. Ansin leanann an páiste leis an nós imeachta céanna, .i. féachann sé/sí ar pháiste atá díreach os a c(h)omhair sa chiorcal, ainmníonn sé/sí rud atá i bpáirt acu leis an bpáiste sin, coinníonn sé/sí deireadh na holla le lámh amháin, agus ansin caitheann sé/sí an liathróid olla chuig an bpáiste sin lena lámh eile.
6. Más féidir, níor cheart d'aon pháiste na ráitis a dhéanann páistí eile faoi na rudaí atá i gcoiteann acu a athrá.
7. Leanfaidh an cluiche ar aghaidh go dtí go mbeidh deis ag gach páiste an liathróid olla a fháil agus í a chaitheamh chuig páiste eile.

**Nóta:** Nuair a bhíonn an cluiche críochnaithe, ba chóir do gach páiste a sh()reangán olla a choinneáil teann agus, nuair a thugann an múinteoir an t-ordú, é a leagan síos ar talamh - chun an 'cruth' a bhí air a choinneáil. Úsáidfear é seo le linn na hurnaí.

Faoi dheireadh an chluiche, beidh gach duine 'ceangailte' le chéile. Ag an bpointe seo, cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna ar na páistí:

- Ar fhoghlaim sibh aon rud nua faoina chéile ón gcleachtadh seo? Cad a d'fhoghlaim sibh?
- Ar fhoghlaim sibh aon rud a chuir iontas oraibh? Cad é sin?
- Cén chuma atá ar an bpatrún a chruthaíomar, meas sibh? (*m.sh. líontán damhán alla nó spócaí rotha*)
- Cad a deir an patrún atá cruthaithe againn faoi na daoine sa rang seo? (*m.sh. go bhfuil baint againn uile le chéile; go bhfuil rud éigin ag nascadh muid le chéile; go bhfuil go leor againn i bpáirt lena chéile*)
- An gceapann sibh gur maith an rud é aire a thabhairt ar an méid atá i bpáirt againn le daoine eile? Cén fáth nó cén fáth nach maith? Cén fáth go gcabhródh sé linn aird níos fearr a thabhairt ar an méid atá i bpáirt againn le chéile?
- Cad a tharlódh dá n-imreofá an cluiche seo le baill do theaghlaigh, nó le haon ghrúpa eile lena mbaineann tú, cosúil le club spóirt, gasóga nó grúpa ceoil? An gceapann tú go mbeadh gréasán den chineál céanna agat ar deireadh?
- Cad faoi na daoine a bhailíonn le chéile ag an Aifreann? An ndéarfá go bhfuil siad ceangailte

ar go leor bealaí freisin? Cén cineál rudaí a d'fhéadfadh iad a nascadh le chéile?

**Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar leathanach 70 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh cúpla ceist a fhreagairt faoi na rudaí a d'fhoghlaim siad ón gcluiche 'Déanaimis Ceangal le chéile!' Ansin spreag iad chun cúpla nóiméad a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …'.**

## PAIDIR

**Nóta:** *Más féidir, iarr ar na páistí suí i gciorcal timpeall an ghréasáin atá déanta acu. Roghnaigh páiste chun an sliocht ón Scrioptúr a léamh.*

*Comhartha na Croise*

*Siúil isteach i lár an 'ghréasáin' agus bog an olann beagán óna chéile ionas go mbeidh tú in ann an choinneal a chur sa lár.*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

An tseachtain seo beimid ag féachaint ar theaghlaigh chreidimh Chríostaí eile agus ar an gcaoi a bhfuilimid mar Chaitlicigh ceangailte leo. Seasann an choinneal a lasadh do Chríost, atá i gcroílár gach teaghlaigh Chríostaí.
Tugtar Críostaithe orainn mar go leanaimid Íosa Críost. Cé go mb'fhéidir go bhfuil ár ndifríochtaí againn, táimid go léir aontaithe i ngrá Chríost. Éistfimid anois le sliocht ó litir Naomh Pól chuig na hEifisigh a chuireann i gcuimhne dúinn an tsíocháin a cheanglaíonn na Críostaithe go léir le chéile in aontacht an Spioraid Naoimh.

**Léitheoir:** Sliocht as litir Naomh Pól chuig na hEifisigh.

*[Bígí] lán d'uirísle, de láchas agus d'fhoighne. Cuirigí suas go carthanach le chéile agus déanaigí bhur ndícheall chun an aontacht a thagann ón Spiorad a choimeád faoi cheangal na síochána. Aon chorp amháin agus aon Spiorad amháin atá ionaibh faoi mar nach bhfuil ach aon dóchas amháin agaibh ó fuair sibh bhur ngairm ó Dhia. Níl ann ach aon Tiarna amháin, aon chreideamh amháin agus aon bhaisteadh amháin. Níl ann ach aon Dia amháin atá ina Athair ag cách: é os cionn cách agus ag gníomhú i gcách agus istigh i gcách uile.* (Eifisigh 4:2-6)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Fuaireamar amach inniu tríd an gcluiche 'Déanaimis Ceangal le chéile!' go bhfuil baill ár ranga go léir aontaithe le chéile, agus ag an am céanna tá gach duine againn uathúil agus difriúil. Glacaimis sos ar feadh tamaill le buíochas a thabhairt as na bealaí éagsúla ina bhfuilimid aontaithe le chéile. (*Sos*)

Tá an rud céanna fíor i gcás na Críostaithe go léir ar fud an domhain. Táimid go léir ceangailte le chéile i ngrá Íosa toisc go bhfuilimid go léir baiste le chéile i gCríost. Mar sin, suímis le chéile go ciúin ar feadh tamaill agus gabhaimid buíochas as na rudaí go léir atá i bpáirt againn le baill eile den teaghlach Críostaí. (*Sos*)

*Bíodh cúpla nóiméad ann le haghaidh machnaimh sula dtagann críoch leis an urnaí.*

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Roimh an Suipéar Déanach ghuigh Íosa an phaidir seo dá Athair maidir lena lucht leanúna: 'ionas go mba aon iad go léir' (Eoin 17:21). Éacúiméineachas an t-ainm a thugtar ar an obair a dhéanann Críostaithe, ó shainaicmí creidimh éagsúla le chéile, chun an aontacht a ghuigh Íosa ar a son a bheith ann don Eaglais. Tá a lán foghlamtha ag na páistí cheana féin faoi theagasc na hEaglaise Caitlicí sna cláir éagsúla in *I nGrá Dé*. Sa cheacht seo beimid ag díriú ar na traidisiúin agus ar na sainaicmí creidimh eile atá mar chuid den teaghlach Críostaí ar fud an domhain. Scrúdóimid an difríocht atá eatarthu agus an Eaglais Chaitliceach agus an méid atá i bpáirt acu léi.

## AG COMHRÁ

### FAOI SHAINAICMÍ CREIDIMH CRÍOSTAÍ

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar 'Sainaicme chreidimh' a léamh os ard ó na 'Eochairfhocail' **ar leathanach 70 dá leabhar.**
- Ansin iarr ar pháiste an sliocht dar teideal 'Go leor Sainaicmí Creidimh san aon Teaghlach Críostaí amháin' a léamh os ard **ar leathanach 70 dá leabhar**. Seo a leanas an téacs atá le feiceáil ar an leathanach sin i leabhar na bpáistí:

Bhunaigh Íosa Eaglais amháin, agus theastaigh uaidh go mbeadh na Críostaithe go léir aontaithe agus ag obair le chéile mar chomhaltaí den Eaglais. Tháinig na **sainaicmí creidimh** nó na pobail chreidimh éagsúla ar an saol de bharr easaontais agus deighiltí laistigh den Eaglais. Bhain daoine bríonna difriúla as teagasc Íosa, agus bhí tuairimí difriúla acu faoi rialacha na hEaglaise, agus faoin mbealach ar chóir dóibh a gcreideamh Críostaí a cheiliúradh. Mar sin, ní raibh siad aontaithe go hiomlán a thuilleadh agus shocraigh cuid acu dul ar aghaidh leo féin.

Sa bhliain 1054, tharla deighilt mhór idir baill na hEaglaise Caitlicí sa chuid sin den domhan a tugadh iarthar Impireacht na Róimhe uirthi agus an chuid sin a tugadh oirthear Impireacht na Róimhe uirthi. Ba as an deighilt sin a tháinig na hEaglaisí Ceartchreidmheacha. Níor ghlac siad leis an bPápa mar cheannaire na hEaglaise a thuilleadh, agus mar sin níl siad aontaithe go hiomlán leis an Eaglais Chaitliceach Rómhánach. Is iad Eaglaisí Caitliceacha an Oirthir na pobail sin san Oirthear a d'athbhunaigh aontacht leis an Eaglais Chaitliceach Rómhánach, ach a bhfuil a dtraidisiúin agus a gcleachtais féin acu.

Sa séú haois déag, chuir sagart Gearmánach, darbh ainm Martin Luther, liosta de na nócha is a cúig teagasc ón Eaglais Chaitliceach nár aontaigh sé leo, ar dhoras an tséipéil in Wittenberg, sa Ghearmáin. Chuir sé sin tús le tréimhse dheacair díospóidí agus cáinte idir ceannairí na hEaglaise agus diagairí sa Róimh agus sa Ghearmáin. Bhí na himeachtaí seo mar thús ar an **Reifirméisean Protastúnach** agus mar thús leis an bProtastúnachas.

Sna blianta ina dhiaidh sin, scoilt an Protastúnachas ina sainaicmí éagsúla. Is iad na sainaicmí Protastúnacha is mó a bhfuil eolas againn orthu in Éirinn inniu ná Eaglais na hÉireann, an Eaglais Mheitidisteach agus an Eaglais Phreispitéireach. Sa lá atá inniu ann, aithníonn na hEaglaisí go léir na botúin a rinne siad san am atá thart agus is mian leo a bheith níos aontaithe lena chéile anois.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Seo deis ina bhféadfá, más féidir, cuireadh a thabhairt do dhuine ó shainaicmí creidimh Críostaí éagsúla chun cuairt a thabhairt ar an seomra ranga agus labhairt leis na páistí faoina gcreideamh agus a gcleachtais.

## SEISIÚN TOBSMAOINTEOIREACHTA

### SAINAICMÍ CREIDIMH IN ÉIRINN

- Tabhair cuireadh do na páistí ainmneacha an oiread sainaicmí creidimh Críostaí in Éirinn agus is féidir leo a ghlaoch amach. Scríobh na hainmneacha ar an gclár dubh/bán.
- Nuair a bheidh an cleachtadh críochnaithe acu, cuir ainmneacha ar bith atá fágtha amach acu, leis an liosta. Seo iad na príomh-sainaicmí creidimh Críostaí atá in Éirinn faoi láthair: an Eaglais Chaitliceach, Eaglais na hÉireann, an Eaglais Phreispitéireach, na Críostaithe Ceartchreidmheacha, Críostaithe Soiscéalacha, Meitidistigh, baill de Chumann na gCarad agus baill de Eaglaisí Caitliceacha an Oirthir.
- Fiafraigh de na páistí an bhfuil aithne acu ar bhaill ó aon cheann de na sainaicmí creidimh éagsúla seo. Má bhíonn, iarr orthu aon rud atá ar eolas acu faoi chleachtais agus faoi chreidimh na sainaicmí creidimh éagsúla sin a roinnt.
- Cuideoidh an léaráid shimplí, atá **ar leathanach 71 de leabhar na bpáistí**, leis na páistí an chuma atá ar an dteaghlach Críostaí a shamhlú.

**AN TEAGHLACH CRÍOSTAÍ**

- An Eaglais Chaitliceach Rómhánach
- Eaglaisí Ceartchreidmheacha
- Sainaicmí Protastúnacha /Leasaithe

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### CORP CHRÍOST IS EA AN EAGLAIS

D'úsáid Naomh Pól íomhá chorp an duine, lena chuid baill éagsúla, chun léiriú a thabhairt ar an mbealach a bhfuil gach ball den Eaglais nasctha le chéile. Díreach mar a chuireann na baill éagsúla den chorp leis an gcorp ar fad, cuireann Críostaithe ar leith le teaghlach na hEaglaise freisin. Ghlaoigh Naomh Pól Corp Chríost ar an Eaglais..

**Corp amháin agus go leor ball ann (1 Corantaigh 12:12, 15-16, 18-20, 25-27)**

Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála céanna ag Críost é...

Má deir an chos: 'Toisc nach lámh mé, ní bhainimse leis an gcorp,' ní fhágann sin nach cuid den chorp í. Nó má deir an chluas: 'Toisc nach súil mé, ní bhainimse leis an gcorp,' ní fhágann sin nach cuid den chorp í... Faoi mar atá, áfach, shocraigh Dia gach ball ar leith de na baill bheatha sa chorp de réir mar ab áil leis féin é. Dá mba aon bhall amháin an t-iomlán acu, cá mbeadh an corp? Is amhlaidh mar atá an scéal, áfach: tá mórán ball ann agus aon chorp amháin.

Chuir Dia an corp le chéile sa tslí gur thug sé breis den ghradam don bhall a bhí á cheal, ar shlí nach mbeadh aon deighilt sa chorp ach go mbeadh na baill ag déanamh an chúraim chéanna dá chéile. Dá chionn sin, má bhíonn tinneas ar bhall amháin bíonn na baill go léir i gcomhphian leis, agus má bhíonn ball faoi mheas, bíonn na baill go léir ag déanamh comhghairdis leis.

Is sibhse corp Chríost agus is ball dá chuid gach duine ar leith agaibh.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair cosúil leo seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 71 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cé nach mbaineann an sliocht thuas úsáid as an bhfocal 'Eaglais', déanann sé cur síos ar an Eaglais. Cad leis a gcuireann an sliocht thuas an Eaglais i gcomparáid?
- Cé a chuir gach ball ar leith i gcorp an duine?
- Cé na baill éagsúla den chorp atá luaite sa sliocht thuas?
- De réir Naomh Pól, cad a tharlaíonn nuair a bhíonn ball amháin den chorp ag fulaingt?
- De réir Naomh Pól, cad a tharlaíonn nuair a mholtar ball amháin den chorp?
- De réir Naomh Pól, cad leis a mbaineann gach duine againn?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Tá an focal 'amháin' le feiceáil go leor sa sliocht

gairid seo. Deir Naomh Pól go bhfuil go leor codanna ann ach corp 'amháin'. Cad iad na codanna éagsúla atá san Eaglais?

- Cén chiall a bhaineann leis an bhfocal 'amháin'? An gciallaíonn sé go bhfuilimid uile mar an gcéanna? An féidir linn a bheith aontaithe agus fós difriúil?
- Má smaoiníonn tú ar na sainaicmí creidimh Críostaí éagsúla atá ainmnithe againn, conas a d'fhéadfaí an teachtaireacht sa sliocht seo a chur i bhfeidhm orthu? Conas is cuid de chorp amháin iad? Cén corp é sin?
- Cad a cheap tú a bhí Naomh Pól ag iarraidh a chur in iúl faoin Eaglais, faoin gcaidreamh ba cheart a bheith ann idir baill na hEaglaise? Cén cineál Eaglaise ar theastaigh uaidh a fheiceáil? Cén caighdeán, dar leat, a bhí sé ag cur an bhéim air? (*aonacht*)
- Labhraíonn Naomh Pól faoi gan deighilt a bheith sa chorp. Tarlaíonn roinnt i ngach teaghlach. Cén cineál rudaí a dhéanaimid chun iarracht a dhéanamh deighiltí laistigh dár dteaghlaigh a chosc nó a leigheas? Conas a d'fhéadfadh cuid de na gníomhartha céanna seo cuidiú le scoilteanna a leigheas laistigh den teaghlach Críostaí ar fud an domhain?

**Tá teagasc Naomh Pól faoin Eaglais ar leathanach 71 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an sliocht a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 72.**

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CREIDIÚINTÍ ATÁ COMÓNTA IDIR CRÍOSTAITHE GO LÉIR

Roinn an liosta seo a leanas de na creidiúintí atá comónta idir Críostaithe go léir leis na leanaí:

- Creideann gach Críostaí sa Tríonóid - Dia amháin i dtrí Phearsa diaga: Athair, Mac agus Spiorad Naomh.
- Creideann na Críostaithe uile gur ghlac Mac Dé nádúr daonna agus gur mhair sé inár measc. Creideann siad freisin go raibh Íosa, ag an am céanna, go hiomlán daonna agus go hiomlán diaga.
- Creideann na Críostaithe uile go bhfuair Íosa, ár Slánaitheoir, bás ar an gCrois chun sinn a shábháil ónár bpeacaí agus gur ardaigh Dia an tAthair é chun beatha nua san Aiséirí.
- Trí chreideamh in Íosa Críost, Mac Dé, faighimid maithiúnas ó Dhia agus mairimid i gcaidreamh ceart le Dia.
- Creideann na Críostaithe uile go dtiocfaidh Críost arís faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.
- Creideann na Críostaithe uile go bhfuil beatha ann tar éis bháis.
- Creideann na Críostaithe uile go mbeidh beatha shíoraí acu siúd, le Dia ar neamh, atá dílis d'Íosa Críost agus dá theagasc.
- Creideann na Críostaithe uile gur Briathar Dé atá sa Bhíobla.
- Creideann na Críostaithe uile go bhfuil an Spiorad Naomh ag obair san Eaglais agus i ngach creidmheach.
- Creideann na Críostaithe uile gur thug Íosa Críost an misean don Eaglais an Soiscéal a chraobhscaoileadh agus deisceabail a dhéanamh de mhuintir an domhain go léir go dtí go dtiocfaidh sé arís faoi ghlóir ag deireadh an ama.

## GNÍOMHAÍOCHT

### CLUICHE 'BUILLE FAOI THUAIRIM'

**Nóta:** *Beidh cóip den teimpléad thíos ag teastáil uait do gach grúpa leanaí. Tá sé luaschárta ar an teimpléad. Beidh péire siosúr amháin ag teastáil ó gach grúpa freisin.*

- Roinn an rang i ngrúpaí de sheisear.
- Tabhair cóip amháin den teimpléad do gach grúpa. Tabhair cuireadh do pháiste i ngach grúpa na sé luaschártaí a ghearradh amach.
- Iarr ar na páistí a gcártaí leis an taobh scríbhneoireachta a chur síos ar a mbinsí, iad a mheascadh agus ansin ceann a thabhairt do gach ball den ghrúpa.
- Tabhair cuireadh do gach leanbh a gcárta féin a léamh go ciúin agus eolas a chur ar a 'gcarachtar'.
- Is í an aidhm atá ag na páistí eile sa ghrúpa ná buille faoi thuairim a thabhairt faoin sainaicme chreidimh Chríostaí lena mbaineann gach carachtar. Cuireann na páistí ceisteanna chun cabhrú leo creideamh an charachtair a nochtadh.
- Tá na ceisteanna a d'fhéadfadh siad a chur agus na creidimh éagsúla atá san áireamh liostaithe thíos.

*Ceisteanna Samplacha*:

Ar baisteadh tú?
An mbailíonn baill de phobal do chreidimh chun urnaí ar lá áirithe? Cén lá?
Cá mbailíonn sibh?
An bhfuil an Bíobla tábhachtach i do chreideamh?
An bhfuil sacraimintí ag do phobal creidimh?
Cé na sacraimintí?
An ndéanann sibh guí?
Cad a dhéanann sibh don Charghas?

**Is iad na sainaicmí creidimh Críostaí atá ainmnithe ar an teimpléad ná:** Meitidisteach, Preispitéireach, Caitliceach, Eaglais Cheartchreidmheach, Eaglais na hÉireann, Cumann na gCarad

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa bhliain 1910 d'fhreastail ionadaithe ó go leor sainaicmí creidimh Protastúnacha ar Chomhdháil Misinéireachta Domhanda i nDún Éideann, a thosaigh ag obair le chéile chun aontacht a bhaint amach i measc na bpobal éagsúla Críostaí ar fud an domhain. Ó shin i leith, tá an Ghluaiseacht Éacúiméineach láidir agus leanann a cuid oibre ar aghaidh.

## AG COMHRÁ

### FAOIN ÉACÚIMÉINEACHAS

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an téacs dar teideal 'Éacúiméineachas' a léamh os ard **ar leathanach 72 dá leabhar**.
- Ansin labhair leis na páistí faoin éacúiméineachas trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:
  - » Conas a d'fhéadfaí aontacht i measc Críostaithe a bhaint amach, dar leat? (*m.sh. trí labhairt, éisteacht lena chéile, tuiscint a fháil ar a chéile, oibriú le chéile, guí le chéile*)
  - » An gceapann tú go gcaithfeadh aon cheann de na traidisiúin nó de na sainaicmí creidimh Críostaí a dtuairimí agus a gcreideamh a dhiúltú nó a athrú go hiomlán d'fhonn a bheith cairdiúil leis na baill eile den teaghlach Críostaí? Cén fáth nó cén fáth nach gcaithfeadh?
  - » Cad a cheapann tú atá comónta ag mórchuid na gCríostaithe? (*m.sh. Baisteadh, Críost, adhradh, urnaí*)

## OBAIR THIONSCADAIL

### SAINAICMÍ CRÍOSTAÍ EILE


Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Oibre Thionscadail' **ar leathanach 72 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh eolas a fháil faoi shainaicmí Críostaí eile ina gceantar féin agus scríobh faoi cheann acu ag úsáid na gceannteideal atá curtha ar fáil ina leabhar.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### EALAÍN FOCAL FAOIN CHRÍOSTAÍOCHT

**Nóta:** *Beidh páipéar ealaíne agus pinn luaidhe/ marcóirí daite ag teastáil do gach páiste.*

- Tabhair an gníomhaíocht ealaíne focal ón gceacht ar an Aidbhint chun cuimhne. B'fhéidir go bhfuil roinnt samplaí agat fós ón ngníomhaíocht sin ar taispeáint sa seomra ranga.
- Taispeáin ar an gclár bán sampla faoin gcaoi ar féidir ealaín focal a chruthú trí fhocail a chur le chéile sa chaoi is go bhfuil siad cosúil le cruth áirithe. Tá baint ag an gcruth deiridh agus ag na focail a úsáidtear chun an cruth a chruthú.
- Tabhair cuireadh ansin do na páistí a n-ealaín focal féin a dhéanamh ag úsáid focail a bhaineann leis an gCríostaíocht. Ba cheart go mbeadh baint éigin ag an gcruth a chumann siad leis an gCríostaíocht, mar shampla, séipéal, crois mhór, Bíobla, srl.




- Má bhíonn deacracht ag na páistí teacht ar focail, b'fhéidir go molfá cuid acu seo chun iad a spreagadh: Íosa, an Bíobla, an Nollaig, Baisteadh, Cóineartú, Carghas, Creideamh, Paidir, Siombailí, Pápa, Martin Luther, Caitliceach, Reifirméisean, Ceartchreidmheach, Cumann na gCarad, Eaglais, Paidir, Eocairist, Troscadh, Grá, Carghas.

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/ nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn? An raibh a léithéid de smaoineamh acu féin riamh cheana?

**'Is cur amú ama é bheith ag obair le daoine ó shainaicmí creidimh Críostaí eile!'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a chur le chéile ar an ráiteas a rinne Fióna Fiosrach. Is féidir leo freagairt trí na fáthanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a chur i láthair.



## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Suigh ceartdíreach i do shuíochán agus cuir do chosa ar an urlár. Tabhair aire dod' análú agus análaigh go domhain … Samhlaigh duit féin go dtéann tú isteach i séipéal ina bhfuil bailiú de shainaicmí creidimh Críostaí éagsúla … Feiceann tú gur thosaigh na daoine ag argóint … Fanann tú ag an doras, tá eagla ort dul isteach … Tagann Íosa agus fanann sé ag an doras freisin ... Tá cuma brónach air ... Tarraingíonn tú gar dó agus fiafraíonn tú de cén fáth go bhfuil sé trína chéile ... Míníonn sé go dteastaíonn uaidh go mbeadh na sainaicmí creidimh Críostaí go léir aontaithe in aon Eaglais amháin ... Déanann tú comhrá leis faoin gcaoi ar féidir leis seo tarlú ... Déanann tú iarracht sólás a thabhairt dó ... agus deir tú leis go ndéanfaidh tú do dhícheall aontacht a thógáil le baill de shainaicmí creidimh Críostaí eile … Is cosúil go bhfuil sé sásta é seo a chloisteáil … Ansin cromann sé a cheann agus guíonn sé go ciúin ar feadh cúpla nóiméad sula n-imíonn sé … Go tobann tugann tú faoi deara gur stop na daoine ag argóint … tá siad ag caint anois faoin méid atá comónta acu … Ansin feiceann tú iad ag tairiscint comhartha na síochána dá chéile ... Cuireann sé seo áthas ar do chroí agus braitheann tú níos éadroime agus níos sona ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Sa bhliain 1054 tharla deighilt mhór idir Eaglaisí Ceartchreidmheacha an Oirthir agus Eaglais na Róimhe. Ansin, i ndiaidh an Reifirméisin, bunaíodh roinnt sainaicmí creidimh Críostaí éagsúla. Tá difríochtaí diagachta agus difríochtaí eile idir na sainaicmí creidimh Críostaí, is cúis le coimhlint uaireanta agus le deighilt eatarthu, ach tá go leor i gcoiteann acu freisin. Ghlaoigh Íosa orainn go léir a bheith mar aonad amháin agus caithfimid ár ndícheall a dhéanamh chun an aontacht seo a bhaint amach. Oibríonn an Ghluaiseacht Éacúiméineach chun baill uile an teaghlaigh Chríostaí a aontú.

## PAIDIR

**Nóta:** *Más féidir, iarr ar na páistí suí i gciorcal sa seomra ranga nó i seomra eile. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ochtar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** San urnaí a bhí againn go gairid ó shin bhíomar ceangailte le cordaí olann. Inniu, nílimid ceangailte le cordaí olann a thuilleadh ach táimid ceangailte le chéile le cordaí an ghrá. Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil gach reiligiún Críostaí aontaithe le chéile i solas Chríost. Inár n-urnaí inniu guímid go ndéanfaidh an Spiorad Naomh cordaí an ghrá idir Críostaithe níos láidre agus go gcabhróidh sé linn a bheith mar theaghlach amháin Dé – faoi mar a bhí i gceist ag Íosa nuair a bhí sé ar an saol.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Léitheoir 1:** Sliocht as Céad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

*Is aonad an corp agus mórán ball ann, ach dá líonmhaire iad na baill ní dhéanann siad uile ach aon chorp amháin. Is é an dála céanna ag Críost é … Má deir an chos: "Toisc nach lámh mé, ní bhainimse leis an gcorp," ní fhágann sin nach cuid den chorp í. Nó má deir an chluas: "Toisc nach súil mé, ní bhainimse leis an gcorp," ní fhágann sin nach cuid den chorp í … Faoi mar atá, áfach, shocraigh Dia gach ball ar leith de na baill bheatha sa chorp de réir mar ab áil leis féin é. Dá mba aon bhall amháin an t-iomlán acu, cá mbeadh an corp? Is amhlaidh mar atá an scéal, áfach: tá mórán ball ann agus aon chorp amháin … Ar shlí nach mbeadh aon deighilt sa chorp ach go mbeadh na baill ag déanamh an chúraim chéanna dá chéile. Dá chionn sin, má bhíonn tinneas ar bhall amháin bíonn na baill go léir i gcomhphian leis, agus má bhíonn ball faoi mheas, bíonn na baill go léir ag déanamh comhghairdis leis. Is sibhse corp Chríost agus is ball dá chuid gach duine ar leith agaibh.*
(1 Corantaigh 12:12, 15-16, 18-20, 25-27)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Is é an freagra ar na sleachta inniu ná: *Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.* Agus an freagra seo á rá agat, déan do lámha a shíneadh amach mar chomhartha go bhfuil gach duine á cur san áireamh agat.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 2:** Deir Naomh Pól gur corp amháin atá i mbaill na hEaglaise – Corp Chríost. Tá go leor codanna ag an gcorp seo, ach oibríonn na codanna sin go léir le chéile chun Corp Críost a chur chun cinn.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 3:** A Thiarna, cabhraigh le gach duine againn ár ndícheall a dhéanamh chun Corp Chríost a chur chun cinn.

**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 4:** Ní ionann a bheith aontaithe agus a bheith mar an gcéanna. Táimid difriúil, ach is féidir linn a bheith aontaithe fós.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 5:** A Thiarna, cuidigh linn gan damáiste a dhéanamh don chreideamh agus don ghrá a nascann sinn le daoine eile.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 6:** Nuair atáimid aontaithe agus difriúil, bíonn spás ann i gcónaí chun difríocht a chothú.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 7:** A Thiarna, cuidigh linn i gcónaí meas a bheith againn ar ár ndifríochtaí agus cabhraigh linn na rudaí atá i gcoiteann againn a neartú.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Léitheoir 8:** Iarraimid ar an Spiorad Naomh na Críostaithe go léir a thabhairt le chéile, mar is lucht leanúna Íosa muid uile.
**Gach duine:** Táimid aontaithe i gCríost; le Críost tá ár gcuid oibre críochnaithe.

**Múinteoir:** I spiorad na haontachta, tabharfaimid comhartha síochána dá chéile.

*Cuireann a mbíonn i láthair in iúl ar shlí dhúchasach go bhfuil síocháin, muintearas agus grá eatarthu.*

**Múinteoir:** Ní thiocfaidh aontacht Chríostaí ann ach amháin trí ghníomhú agus trí urnaí le cabhair Dé. Guímid ar son na Críostaithe éagsúla inár scoil agus i bpobal an pharóiste. Go mbeimis go léir páirteach i dtógáil na haontachta. (*Sos*)

Iarraimid ar Dhia cabhrú linn anois agus sinn ag guí an *Phaidir* - urnaí atá roinnte ag na Críostaithe go léir. Sula ndéanaimid amhlaidh, tabhair chun cuimhne nach bhfuil na focail 'mise', 'mo' ná 'mé féin' ar fáil sa *Phaidir*; ach ina n-ionad sin, guímid 'dúinn', 'sinn' agus 'd'ár' toisc go n-iarrtar orainn a bheith aontaithe le Dia agus lena chéile. Cuirfimid an líne bhreise san áireamh freisin – líne a ghuíonn dár gcuid deartháireacha agus deirfiúracha Críostaí nuair a deir siad an *Phaidir*.

**Gach duine:** Ár nAthair, atá ar neamh …
Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol. Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*):
De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Síle is ainm dom** agus tá mé aon bhliain déag d'aois. Is **Meitidisteach** mé. Baisteadh mé mar leanbh agus glacaim an Eocairist. Socraíonn tuismitheoirí cathain is féidir le leanaí Comaoineach a fháil, mar sin thosaigh mé ag glacadh Comaoineach nuair a bhí mé seacht mbliana d'aois. Rachaidh mé faoi lámh an Easpaig go luath amach anseo. Buailimid le chéile ar an Domhnach sa séipéal agus léimid ón mBíobla. Leanaimid sampla Íosa Críost. Déanaimid troscadh le linn an Charghais.

**Proinsias is ainm dom** agus tá mé dhá bhliain déag d'aois. Is **Preispitéireach** mé. Buailimid le chéile ar an Domhnach sa séipéal. Níl ceannaire nó easpaig againn ach tá ministrí againn. Baisteadh mé mar leanbh agus gheobhaidh mé an Eocairist agus an Cóineartú le chéile go luath amach anseo. Creidimid gurb é an Bíobla an leabhar is tábhachtaí atá ann. Leanaimid sampla Íosa Críost. Déanaimid troscadh le linn an Charghais.

**Fióna is ainm dom** agus tá mé breis is trí bliana déag d'aois. Is **Caitliceach** mé. Baisteadh mé mar leanbh. Téim chuig an Aifreann ar an Domhnach i séipéal ina mbíonn sagart i gceannas ar an searmanas. Ghlac mé an Chéad Chomaoineach Naofa nuair a bhí mé naoi mbliana d'aois agus rachaidh mé faoi lámh an Easpaig go luath amach anseo. Léimid ón mBíobla ag an Aifreann agus leanaimid sampla Íosa. Déanaimid troscadh le linn an Charghais.

**Alsandar is ainm dom** agus tá mé dhá bhliain déag d'aois. Is ball mé den **Eaglais Cheartchreidmheach**. Fuair mé Sacraimintí na hIonadachta Críostaí, - Baisteadh, Cóineartú agus Eocairist, nuair a bhí mé i mo naíonán. Téimid go dtí an séipéal Dé Domhnaigh, áit a bhfuil an tseirbhís faoi stiúir ag sagart. Leanaimid sampla Íosa agus léimid ón mBíobla. Déanaimid troscadh le linn an Charghais.

**Sorcha is ainm dom** agus tá mé dhá bhliain déag d'aois. Is ball mé **d'Eaglais na hÉireann**. Seo ceann de na sainaicmí creidimh Protastúnacha. Téimid go dtí an séipéal Dé Domhnaigh. Uaireanta bíonn Eocairist ann ach ní bhíonn sí ar fáil i gcónaí. Ghlac mé mo chéad Eocairist nuair a bhí mé aon bhliain déag d'aois agus chuaigh mé faoi lámh an easpaig ag an am céanna. Léimid ón mBíobla sa bhaile agus sa séipéal agus leanaimid sampla Íosa Críost. Déanaimid troscadh le linn an Charghais.

**Seán is ainm dom** agus tá mé dhá bhliain déag d'aois. Is ball de **Chumann na gCarad** mé. Níl aon sagairt nó ministrí i gCumann na gCarad. Creidimid go dtugann ár 'solas istigh' treoir dúinn. Ní baistear muid agus ní dhéanaimid an Eocairist a cheiliúradh. Bailímid le chéile i dteach cruinnithe simplí. Guímid go príobháideach agus le chéile. Uaireanta léimid ón mBíobla agus leanaimid sampla Íosa Críost. Ní dhéanaimid troscadh le linn an Charghais.

# Téama 7: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc

Ceacht 1: Cuimhnímid ar pháis agus ar bhás Íosa....................... 293
Ceacht 2: An Cháisc: Údar ár nDóchais ........................................ 305

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Ciallaíonn an t-ainm Íosa 'sábháileann Dia' in Eabhrais (ChEC 430, 452).
- Aiséirí Íosa: Go fisiciúil agus bunathraithe (ChEC 631-58).

**Cruthú an Domhain**

- Glanann an Baisteadh Peaca an tSinsir trí bhás Chríost. Iompaíonn an Baisteadh ar ais chun Dé sinn ach tá an claonadh i dtreo an pheaca ionainn i gcónaí agus teastaíonn cúnamh ghrásta Dé uainn (ChEC 405-410).

**An Bheatha Shíoraí**

- Gheobhaidh an corp bás ach aiseireoidh sé arís (athnuaite) ag críoch na n-aoiseanna. (Aiséirí na colainne cf. LG 48; ChEC 998-90, 1020).

## BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Ag an gcéad bhéile de Cháisc na nGiúdach, gheall Dia go sábhálfadh sé a dhaoine ó sclábhaíocht san Éigipt (Eacs 12:1-14) agus go mbeathódh sé iad san fhásach agus iad ar an mbealach go dtí an Tír Tairngire (Eacs 16:4-18). Tugtar an Sean-Chonradh ar seo. Déanadh an Conradh a cheiliúradh agus a athnuachan gach bliain ag Cáisc na nGiúdach nuair a dhéantaí uan a íobairt.
- Chuir Íosa tús leis an gConradh Nua nuair a rinne sé Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh lena dheisceabail ag An Suipéar Déanach (Mth 26:17-30) agus thug sé a chorp agus a chuid fola féin in ionad uain, nuair a fuair sé bás ar ár son ar an gCrois (seo é an fáth go dtugtar 'Uan Dé' ar Íosa). Bímid mar chuid den Chonradh Nua nuair a bhímid ag ceiliúradh an Aifrinn, díreach mar a tharla ag an Suipéar Déanach nuair a dúirt Íosa: 'Seo í mo chuid fola, fuil an nua thiomna shíoraí. Doirtfear í ar bhur son agus ar son an chine dhaonna chun maithiúnas na bpeacaí. Déanaígí é seo i gcuimhne ormsa'.

**An Scrioptúr Naofa**

*Páis agus Bás Íosa*

- Mth 26:20-30. An Suipéar Déanach.
- Mth 27:27-61. Céasadh, bás agus adhlacadh Íosa.
- Mc 15:16-47. Céasadh, bás agus adhlacadh
- Lúc 22:47-53; Mc 14:10-11. Mc 14:32-50. Brath Iúdáis agus gabháil Íosa.
- Lúc 23:26-31 An Bóthar go Calvaire.
- Lúc 23:34-43 Más é an Meisia é, sábháladh sé é féin.

*Aiséirí agus Deascabháil Íosa*

- Eoin 20:1-10. Máire Mhaigdiléana agus Peadar ag an tuama.
- Eoin 21:1-14. Thaispeáin Íosa é féin arís do na deisceabail.

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Gníomh Dóchais
- Comhgháir Chuimhneacháin 1 [Rúndiamhair an Chreidimh]

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Is siombal de ghrá Íosa dá dhaoine í an Chrois Chéasta.
- Tugtar 'Tréan' -i.e. trí lá -na Cásca ar Dhéardaoin na Comaoineach, Aoine an Chéasta agus Domhnach Cásca.
- Cuirtear tús leis an Tréan le hAifreann an tSuipéir Dhéanaigh ar thráthnóna Dhéardaoin na Comaoineach agus críochnaíonn sé le Paidir an Tráthnóna ar Dhomhnach Cásca.
- Tráth í an Cháisc chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhás agus ar Aiséirí Íosa, ar a ghlóiriú agus ar theacht an Spioraid Naoimh (ChEC 1163).
- Ceiliúrtar Aiséirí Íosa um Cháisc: an bua ag an mbeatha ar an mbás, an mhaith ar an olc.
- Cuireann Coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn gur aiséirigh Íosa Críost ó mhairbh agus go bhfuair sé an bua ar an bpeaca agus ar an mbás.

**Na Sacraimintí**

- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa.
- I ndeasghnáth an Chóineartaithe ungtar an clár éadain le Criosma naofa, leagann an ministéir lámha ar cheann an iarrthóra agus deir na focail seo: 'ungaím tú le bronntanas an Spioraid Naoimh' (ChEC 1295, 1320).
- Úsáideann an Cóineartú na comharthaí seo: leagan lámh ar an iarrthóir, ungadh, comhartha na síochána (ChEC 1293-96, 1299, 1301).
- Sa Chóineartú séalaítear Críostaithe le bronntanas an Spioraid Naoimh a léiríonn go mbaineann siad le Críost (ChEC 1296).
- Tráth atá sa Chóineartú geallúintí an Bhaiste a thabhairt chun cuimhne agus iad a athnuachan.
- Tugann Íosa Aiséirithe a Spiorad dúinn i sacraimint an Chóineartaithe.
- Bronntanais agus torthaí an Spioraid Naoimh (ChEC 1831, féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí).
- Is é an t-easpag a bhíonn mar mhinistéir ag sacraimint an Chóineartaithe de ghnáth, ach is féidir leis an dualgas seo a thabhairt do shagart más gá. (ChEC 1312).
- Beannaíonn an t-easpag an Criosma naofa don deoise ar fad ag Aifreann an Chriosma ar Dhéardaoin na Comaoineach (ChEC 1297).

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tá trí shuáilce diaga ann: creideamh, dóchas agus carthanacht (ChEC 1813).
- Le dóchas, santaímid an bheatha shíoraí le muinín as Dia agus na grástaí a thugann sé dúinn. (ChEC 1843).

# Ceacht 1: Cuimhnímid ar pháis agus ar bhás Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn ceacht na bliana seo faoin gCarghas, ar Íosa mar an Té a sheol Dia ar domhan chun daoine a shábháil óna bpeacaí. Is é Íosa an Slánaitheoir, an Meisias, an Té a Roghnaíodh. Baineann an ceacht seo le téama an tslánaithe. Cuidímid leis na páistí a thuiscint go dtógann Íosa, trína bhás ar an gCrois, ár bpeacaí, ár mothú ciontachta agus gach a bhfuil diúltach inár saol. Cuireann Íosa bealach an ghrá agus na saoirse ar fáil dúinn. Tosaíonn an ceacht trí iarraidh ar na páistí smaoineamh ar dhaoine a shábhálann daoine eile ar bhealaí éagsúla, agus ar an bhfáth go ndéanann siad amhlaidh, agus críochnaíonn sé trí iad a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina shábhálann Íosa.

Is é croílár an cheachta seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí na Seachtaine Móire agus na Cásca. Rinne na páistí staidéar ar an ngné seo de shaol Íosa i ngach clár sa tsraith *I nGrá Dé*, mar sin tá sé réasúnach glacadh leis go bhfuil leibhéal áirithe eolais roimh ré acu ar an ábhar. Tugann an ceacht seo, na páistí trí phríomhscéalta na Seachtaine Móire ag úsáid meán na healaíne. Trí fhéachaint go géar ar phictiúir éagsúla ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, tá súil againn gur féidir leis na páistí dul i mbun na scéalta faoi pháis agus bás Íosa ar bhealach nua samhlaíoch. I ndiaidh gach amharc ar na pictiúir cuirtear na téacsanna Scrioptúir a spreag iad ar fáil, ach dírímid go príomha ar na pictiúir.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An Pháis:** Na laethanta deiridh i saol Íosa. Thosaigh an Pháis nuair a chuaigh Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim. Chríochnaigh an Pháis nuair a chéas na saighdiúirí Íosa ar Chnoc Chalvaire.
- **Gairdín Gheitséamainí:** An gairdín ag bun Chnoc na nOlóg. Chuaigh Íosa chun guí ann nuair a bhí an Suipéar Déanach thart.
- **Golgatá:** Ainm an chnoic ar a bhfuair Íosa bás ar an gCros. Tugaimid Calvaire air freisin.
- **Turas/Stáisiúin na Croise:** An turas deiridh a rinne Íosa go dtí a bhás ar an gCros. Tá an turas le feiceáil mar phíosa ealaíne sna ceithre Stáisiún déag. Cuireann gach Stáisiún eachtra ar an turas sin i gcuimhne dúinn.
- **Tréan na Cásca:** Tugtar Tréan na Cásca (téarma a chiallaíonn trí lá) ar Dhéardaoin na Comaoineach, Aoine an Chéasta agus Domhnach Cásca. Tosaíonn an Tréan le hAifreann Thráthnóna Shéire an Tiarna ar Dhéardaoin na Comaoineach agus críochnaíonn sé le hUrnaí an Tráthnóna, Domhnach Cásca.

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### DAOINE A SHÁBHÁLANN

Imir an cluiche idirghníomhach seo, áit a ndéanann na páistí iarracht an clog a shárú agus iad ag roghnú ó liosta daoine a ghlaofaidís i gcás éigeandála ar leith.

Tar éis na gníomhaíochta, labhair leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Ba iad na daoine a luamar a chuideodh i gcás éigeandála linn ná: fir/mná múchta tine, garda, paraimhíochaineoirí, oibrithe tarrthála sléibhe agus oibrithe tarrthála aeir agus farraige. An bhfuil aithne ag duine ar bith ar dhuine a dhéanann an cineál seo oibre?
- Glaoimid 'seirbhísí éigeandála' uaireanta ar an gcineál cabhrach a sholáthraíonn na daoine seo. Ar ghlaoigh tú féin, nó duine a bhfuil aithne agat orthu, ar bhall de na seirbhísí éigeandála riamh? Cad a tharla?
- Ar mhaith leat bheith ag obair i gceann de na seirbhísí éigeandála? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- An gceapann tú go bhféadfadh sé a bheith contúirteach oibriú in aon cheann de na seirbhísí éigeandála? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Cén fáth, dar leat, a roghnaíonn daoine obair den chineál seo a dhéanamh?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar oibrithe 'sna seirbhísí éigeandála?
- Cad a tharlódh dá gcinnfeadh gach duine sna seirbhísí éigeandála go raibh sé ró-dheacair nó ró-chontúirteach an cineál sin oibre a dhéanamh níos mó?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### CROS NÓ CROS CHÉASTA A DHÉANAMH

- Tabhair obair bhaile do na páistí cros nó cros chéasta a dhéanamh sa bhaile an tseachtain seo. Mínigh dóibh gurb é 'cros chéasta' an t-ainm a úsáidimid chun cros ar a bhfuil íomhá d'Íosa uirthi, a chur in iúl. Níor chóir dóibh ach ábhair atá sa bhaile acu a úsáid.
- Beidh ar na páistí na crosa nó na crosa céasta a thabhairt ar scoil leo níos déanaí sa tseachtain, mar go n-úsáidfear iad ag an urnaí (Stáisiúin na Croise).

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu chaitheamar roinnt ama ag caint faoi oibrithe seirbhíse éigeandála. Tugaim cuireadh daoibh bhur súile a dhúnadh agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar an obair a dhéanann na daoine seo. (*Sos*)

Conas a dhéanfá cur síos ar dhaoine cosúil le Captaen Dara Mac Giolla Phádraig, a chabhraíonn le daoine eile nuair atá siad i mbaol? (*Sos*)

An raibh am riamh ann nuair a bhí tú i mbaol? Cé a chabhraigh leat? (*Sos*)

Go ciúin, guímid buíochas ar son gach duine a oibríonn sna seirbhísí éigeandála a bhíonn ag obair chun daoine atá i mbaol a shábháil. (*Sos*)

Guímid ar a son agus ar son a dteaghlaigh, go bhfillfidh siad abhaile go sábháilte i gcónaí. (*Sos*)

Tugaimid chun chuimhne freisin an Captaen Dara Mac Giolla Phádraig agus na baill eile de chriú Tarrthála 116. Guímid ar son a dteaghlach freisin, go mbeidh suaimhneas acu uile. (*Sos*)

Dúirt Íosa, 'Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde' (Eoin 15:13).

Go mbeidh a luach saothair ar neamh sa teach síoraí acu siúd a thugann a n-anamacha ar son daoine eile. (*Sos*)

A Dhia, ár nAthair ghrámhair,
beannaigh iad siúd a théann i gcabhair ar dhaoine eile.
Tá buíochas ar leith ag dul dóibh as a gcúnamh, agus go mbeidh a fhios acu i gcónaí go mbíonn tusa leo.
Ag deireadh gach lá, tabhair abhaile go sábháilte iad dá dteaghlaigh.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Iarr ar na páistí a súile a oscailt.*

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Toisc go bhfuil na pictiúir a ndéanfaidh na páistí iniúchadh orthu sa cheacht seo i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann, b'fhéidir go smaoineofá ar thuras ranga a eagrú chuig an nGailearaí le linn an Charghais má tá sé gar dod' scoil. Má bhíonn seans ag na páistí na pictiúir seo a fheiceáil sa Ghailearaí méadóidh sé a suim sna saothair ealaíne iontacha seo.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### FÉACH AGUS FREAGAIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Coimisiúnaíodh *The Last Supper* agus an pictiúr a théann leis, *The Multiplication of the Loaves and Fishes*, d'Eaglais Naomh Pól Lasmuigh de na Ballaí sa Róimh. Cuireann Lanfranco an Suipéar Déanach i láthair amhail is go bhfuil sé ag tarlú (trí fhuinneog shamhailteach) i seomra taobh leis. Is é Íosa an pointe geal i lár an phictiúir, agus bogann na deisceabail ina threo ón dorchadas isteach sa solas. Cheannaigh Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an phictiúr seo, in éineacht le *The Multiplication of the Loaves and Fishes*, sa bhliain 1856. Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi ar shuíomh Gréasáin Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

- Tosaigh trí na soilse a mhúchadh agus *The Last Supper* (ar líne) le Lanfranco a thaispeáint.
- Tabhair dhá nóiméad iomlán go ciúin do na páistí le breathnú ar an bpéintéireacht. Ansin, gan an phéintéireacht a phlé nó aon eolas a thabhairt do na páistí faoi, tabhair cuireadh dóibh a rá leis an duine in aice leo cad é an ghné is suntasaí den phéintéireacht, dar leo.
- Iarr ar roinnt páistí an ghné den phéintéireacht a bhí an-spéisiúil, dar leo, a roinnt leis an rang agus féachaint an aontaíonn daoine eile leo.
- Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:
  - » Cé mhéad aspal a fheiceann tú sa phictiúr? An bhfuil siad uile le feiceáil go soiléir? Cén fáth, dar leat, ar phéinteáil an t-ealaíontóir iad ar an mbealach seo?



*The Last Supper* by Giovanni Lanfranco (1624-25)

- » Cé hé an t-aspal atá sa chúinne ar thaobh na láimhe deise den phictiúr? Cén fáth, dar leat, a léirítear é ar an mbealach seo?

Sa sliocht seo a leanas ón Scrioptúr Naofa cloisfidh na páistí cuntas ar an Suipéar Déanach ón Soiscéal de réir Mhatha.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN SUIPÉAR DÉANACH

Inis do na páistí go gcuireann an sliocht ó na Scrioptúir, atá siad ar tí a chloisteáil, síos ar an eachtra a spreag péintéireacht Lanfranco den Suipéar Déanach. Tabhair cuireadh dóibh féachaint ar an bpéintéireacht ar líne agus tú ag léamh an tsleachta agus machnamh a dhéanamh ar an gcuid den Suipéar Déanach atá á léiriú i ndáiríre ag Lanfranco (*m.sh. an amhlaidh nuair a bhí na haspail ag bailiú le haghaidh an bhéile, nó nuair a thóg Íosa an t-arán, nó nuair a nocht Íosa go raibh feall le himirt air?*).

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Go traidisiúnta, thuig an Eaglais gurbh iad an dáréag aspal a bhí in éineacht le hÍosa le linn a bhéile deireanach ar domhan. San aistriúchán seo a leanas ar scéal an bhéile sin, tugtar 'a dheisceabail' ar na daoine a bhí in éineacht le hÍosa ag an mbéile deireanach sin. B'fhéidir go mbeidh ort a rá leis na páistí gur 'deisceabail' Íosa iad na haspail freisin, agus go ndéantar tagairt dóibh i roinnt aistriúcháin ar an mBíobla, mar an 'dáréag deisceabal' seachas an 'dáréag aspal'.

**Déanann Íosa béile Cháisc na nGiúdach a cheiliúradh lena dheisceabail (Matha 26:20-30)**

Nuair a bhí an tráthnóna ann, shuigh sé chun boird in éineacht leis an dáréag deisceabal. Agus le linn dóibh bheith ag ithe, dúirt: 'Deirim libh go fírinneach, braithfidh duine agaibh mé.'

Agus ó ba mhó é a mbuaireamh, thosaigh siad, gach duine acu, ag fiafraí de: 'An mise é, a Thiarna?' D'fhreagair sé: 'Duine a thum a lámh sa mhias i mo theannta,' ar seisean, 'sin é a dhéanfaidh mé a bhrath. Tá Mac an Duine ag imeacht, de réir mar atá scríofa mar gheall air, ach is mairg don duine úd trína mbraitear Mac an Duine. B'fhearr don duine sin nach mbéarfaí riamh é.'

D'fhreagair Iúdás, fear a bhraite, agus dúirt: 'An mise é, a Raibí?' Dúirt Íosa leis: 'Tá sé ráite agat.' Le linn dóibh bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris, agus á thabhairt do na deisceabail dó, dúirt: 'Tógaigí, ithigí: is é seo mo chorp.'

Agus thóg sé cupa, agus ar altú dó, thug dóibh é ag rá: 'Ólaigí uile as seo, óir is í seo m'fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son mórán chun peacaí a mhaitheamh. Deirim libh, ní ólfaidh mé as seo amach den sú seo na fíniúna go dtí an lá sin a n-ólfaidh mé ina fhíon nua libhse é i ríocht m'Athar.'

Tar éis dóibh an t-iomann a chanadh, chuaigh siad amach go dtí Cnoc na nOlóg.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 74 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cé a cheiliúir an Suipéar Déanach le hÍosa?
- Cad a dúirt Íosa go ndéanfadh duine amháin a bhí i láthair ag an mbéile?
- Cad a rinne Íosa leis an arán le linn an bhéile? Cad a dúirt sé faoin arán?
- Cad a rinne Íosa leis an bhfíon le linn an bhéile? Cad a dúirt sé faoin bhfíon?
- Cá ndeachaigh Íosa agus na deisceabail i ndiaidh an bhéile?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh Íosa dar leat le linn an bhéile, nuair a bhí a fhios aige go raibh duine de na deisceabail chun feall a dhéanamh air?
- Cén fáth, dar leat, ar bhrath Iúdás a chara agus a mhúinteoir?
- Cad a chuireann focail agus gníomhartha Íosa nuair a ghlac sé an t-arán agus an fíon agus iad a roinnt, i gcuimhne duit?
- Ón méid a dúirt Íosa ag an mbéile seo, an gceapann tú go raibh a fhios aige cad a bhí in ann dó? Cé na focail a thugann le tuiscint go raibh a fhios aige?
- An cuimhin leat ainm na háite ag bun Cnoc na nOlóg a ndeachaigh Íosa agus a dheisceabail ann tar éis an Suipéar Déan? Cad a rinne siad ansin?

**Tá an sliocht thuas ón Soiscéal de réir Mhatha ar leathanach 74 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 75 sula ndéanann siad an 'Cleachtadh Dialainne'.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cheiliúir Íosa agus a dheisceabail an Suipéar Déanach le linn fhéile Cháisc na nGiúdach. Is féasta Giúdach é Cáisc na nGiúdach a cheiliúrtar go bliantúil chun cuimhne a thabhairt ar an gcaoi ar shaor Dia clann Iosrael óna sclábhaíocht san Éigipt. Sula ndearna na hIosraeilítigh éalú ón Éigipt, d'iarr Dia orthu fuil uain a chur ar ursaineacha a dtithe ionas go rachadh Aingeal an Bháis thar a gcuid tithe. Tá a fhios againn ó na Scrioptúir go ndearna Íosa agus a theaghlach agus a chairde Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh gach bliain. Cosúil leis na Giúdaigh go léir, bheidís tar éis uan a íobairt chun fuil an uain, a d'úsáid a sinsir san Éigipt, a chur i gcuimhne dóibh. Ag an Suipéar Déanach, roinn Íosa arán agus fíon lena lucht leanúna. Dúirt sé, 'Tógaigí, ithigí: is é seo mo chorp' agus 'Ólaigí uile as seo, óir is í seo m'fhuilse'. Bhí a fhios aige go raibh sé ag dul chun báis ar an gCros, áit a thabharfadh sé a chorp agus a fhuil dóibh féin agus do gach duine. Ag an Suipéar Déanach, bhí Íosa ag déanamh nasc idir íobairt an uain in aimsir an tSean-Tiomna agus a íobairt féin ar an gCrois, rud a tharlódh ar Aoine an Chéasta. Sin é an fáth go dtugtar 'Uan Dé' ar Íosa.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### IONTRÁIL DIALAINNE

- Tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú go raibh siad mar chuid den dáréag aspal ag an Suipéar Déanach, agus gur fhág siad an suipéar ar feadh nóiméid, chun scríobh ina ndialann faoi, sular fhág siad chun dul chuig Gairdín Geitséamainí ar Chnoc na nOlóg. Tabhair cuireadh dóibh cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar mhothaigh siad, m.sh. cad a cheap siad a bhí le tarlú? An raibh siad neirbhíseach agus eaglach? Cén eagla ba mhó a bhí orthu? srl.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### BRATH AGUS GABHÁIL ÍOSA

Cuir i gcuimhne na bpáistí go ndeachaigh Íosa, tar éis an Suipéar Déanach, go Gairdín Geitséamainí chun guí a dhéanamh. Is ann a gabhadh é. Insíonn an cuntas seo ón Soiscéal de réir Lúcáis faoin gcaoi ar bhrath Iúdás Íosa.

**Brath agus gabháil Íosa (Lúcás 22:47-53)**

Le linn dó bheith ag caint, tháinig slua; agus bhí, ag siúl rompu amach, an fear ar a dtugtaí Iúdás, duine den dáréag, agus dhruid sé sin isteach le Íosa chun é a phógadh. Dúirt Íosa leis: 'A Iúdáis, an le póg a bhraitheann tú Mac an Duine?'

Nuair a chonaic a mhuintir cad a bhí chucu, dúirt siad: 'A Thiarna, an mbuailfimid buille chlaíomh?' Agus bhuail duine acu seirbhíseach an ardsagairt agus bhain sé an chluas dheas de. Labhair Íosa agus dúirt: 'Ligigí dóibh; is leor an méid sin,' agus bhain sé leis an gcluais agus rinne slán í.

Ansin dúirt Íosa leo sin a bhí tagtha ina choinne, uachtaráin na sagart agus captaein an Teampaill agus seanóirí: 'An amhlaidh is robálaí mé gur tháinig sibh amach i mo choinne le claimhte agus le bataí? Nuair a bhínn in éineacht libh gach lá sa Teampall, níor leag sibh lámh orm. Ach is í bhur n-uairse í seo, agus cumhacht an dorchadais.'

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ord íochtair cosúil leo seo a leanas a chur, atá **ar leathanach 75 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Conas a léirigh Iúdás do na saighdiúirí cérbh é Íosa?
- Cad a rinne duine de na deisceabail le seirbhíseach an ardsagairt, nuair a chonaic sé an méid a bhí ag tarlú?
- Cad a dúirt Íosa leis?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh Íosa nuair a bhrath Iúdás é?
- Cén fáth, dar leat, nár theastaigh ó Íosa go gcosnódh a chairde é trína gcuid claimhte a úsáid?
- An gceapann tú go raibh aiféala ar Iúdás riamh faoin méid a rinne sé? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé: 'Ach is í bhur n-uairse í seo, agus cumhacht an dorchadais.'?
- Ní dhearna Íosa iarracht rith nó dul i bhfolach uathu siúd a bhí ag teacht chun é a ghabháil agus a mharú. Cén fáth, dar leat, nach ndearna? (*Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun a bheatha a thabhairt mar íobairt dúinn uile. Trína bhás ar an gCrois, thaispeáin sé bealach nua dúinn le maireachtáil - bealach an ghrá.*)

**Tá scéal brath agus gabháil Íosa tógtha ón Soiscéal de réir Lúcáis ar leathanach 75 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa léiriú a rinne Albert Gleizes ar an gCéasadh, ábhar na gníomhaíochta seo a leanas, feictear an Mhaighdean agus leantóir Íosa a bhfuil féasóg aige. Insíonn an Scrioptúr dúinn gurbh é Naomh Eoin an t-aon leantóir d'Íosa a bhí i láthair ag an gCéasadh.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### FÉACH AGUS FREAGAIR

- Mar a rinne tú cheana, tosaigh trí na soilse a mhúchadh agus léiriú 'Gleizes' ar an gCéasadh (ar líne) a thaispeáint.
- Tabhair dhá nóiméad iomlán ina dtost do na páistí le breathnú ar an bpéintéireacht. Ansin, gan an phéintéireacht a phlé nó aon eolas a thabhairt do na páistí faoi, tabhair cuireadh dóibh a rá leis an duine in aice leo cad é an ghné is suntasaí den phéintéireacht, dar leo.
- Iarr ar roinnt páistí an ghné den phéintéireacht a thaitin go mór leo a roinnt leis an rang agus féachaint an aontaíonn páistí eile leo.
- Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:
  - » Tá an phéintéireacht seo difriúil ó thaobh stíle de leis an gceann eile a bhreathnaíomar air. Cén stíl is fearr leat? Cén fáth?
  - » An féidir leat an bheirt a aithint atá in éineacht le hÍosa sa phictiúr seo? (*Muire, Máthair Íosa agus Naomh Eoin*)
  - » Samhlaigh gur tusa Muire. Conas a bhraitheann tú ag an nóiméad seo, dar leat?



*Crucifixion* le Albert Gleizes (c. 1935)

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### AN CÉASADH

Inis do na páistí gur sliocht ó na Scrioptúir, atá siad ar tí a chloisteáil, faoin gCéasadh ón Soiscéal de réir Mharcais. Tosaigh trí cur i gcuimhne na bpáistí, gur chuir Pointias Pioláit breith an bháis ar Íosa, tar éis é a ghabháil i nGairdín Geitséamainí. Ba é seo tús na Páise.

**Déantar magadh agus céasadh ar Íosa (Marcas 15:16-32)**

Rug na saighdiúirí leo é isteach sa taobh istigh den chúirt, is é sin an préatóiriam, agus ghlaoigh siad an cathlán go léir le chéile. Chuir siad brat corcra uime, agus rinne siad coróin dheilgneach a fhí agus a chur air. Agus thosaigh siad ar bheannú dó: 'Sé do bheatha, a Rí na nGiúdach!' Agus bhí siad á bhualadh sa cheann le giolcach agus ag caitheamh seilí air, agus ag teacht ar a nglúine ag déanamh ómóis dó. Agus tar éis dóibh fonóid a dhéanamh faoi, bhain siad de an brat corcra, agus chuir siad a chuid éadaigh féin air. Agus sheol siad amach é chun é a chéasadh.

Agus duine a bhí ag gabháil an bhóthair, ag teacht ón tuath, Síomón, Círéineach, athair Alastair agus Rufus, chuir siad d'fhiacha air a chros a iompar. Agus rug siad leo é go dtí an áit Golgatá - a chiallaíonn Áit an Chloiginn.

Agus bhí fíon, a raibh miorr tríd, á thabhairt acu dó, ach níor ghlac sé é. Chéas siad é agus roinn siad a chuid éadaigh eatarthu, á gcur ar chrainn féachaint cén balla bhéarfadh gach duine. Ba é an tríú huair é nuair a chéas siad é. Agus bhí inscríbhinn a chúise scríofa: 'Rí na nGiúdach.' Agus chéas siad beirt robálaithe mar aon leis, duine acu ar a dheis agus duine acu ar a chlé. Agus comhlíonadh an scrioptúr a deir: 'Cuireadh ar aon bhuíon leis na mallaitheoirí é.'

Bhí lucht an bhealaigh ag tabhairt achasáin dó, ag croitheadh a gceann agus ag rá: 'Ahá! Tusa a leagfadh Teampall Dé agus a thógfadh é i dtrí lá! Saor thú féin! tar anuas ón gcros!'

Bhí uachtaráin na sagart ag fonóid faoi sa tslí chéanna eatarthu féin, in éineacht leis na scríobhaithe. 'Shaor sé daoine eile,' a deiridís, 'ní féidir leis é féin a shaoradh. Tagadh an Críost, Rí Iosrael, anuas ón gcros feasta chun go bhfeicfimis agus go gcreidfimis.' Iad seo a bhí á gcéasadh mar aon leis, bhí siad á aithisiú freisin.

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 76 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén magadh a rinne na saighdiúirí faoi Íosa nuair a thug siad isteach sa chúirt é? Cad a rinne siad? Cad a dúirt siad?
- Chuir na saighdiúirí iachall ar Shíomón rud áirithe a dhéanamh. Cad é sin?
- Cén t-ainm a bhí ar an áit ar céasadh Íosa?
- Cad a rinne na saighdiúirí tar éis dóibh Íosa a chéasadh?
- Cé eile a céasadh taobh le hÍosa?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, a rinne na saighdiúirí céasadh ar Íosa ar an mbealach a thuairiscíonn Marcas?
- Dúirt an comhartha a chuir siad ar an gCros, 'Rí na nGiúdach'. An ndúirt Íosa riamh gur Rí na nGiúdach é? (*Ní dúirt*) Mar sin ar cúisíodh agus ar gearradh breith ar Íosa go bréagach? (*Sea*)
- Dúirt na hardsagairt agus na múinteoirí gur shábháil Íosa daoine eile, ach nach bhféadfadh sé é féin a shábháil. Cad iad na himeachtaí, sa Bhíobla, a d'fhéadfadh siad a bheith ag tagairt dóibh nuair a dúirt siad gur shábháil Íosa daoine eile? (*Iad siúd ar leighis Íosa iad. Thóg Íosa Lazaras agus iníon Iárais ar ais ón mbás*.)
- An gceapann tú go bhféadfadh Íosa a shaol féin a shábháil dá mba mhian leis? Más amhlaidh a bhí, cén fáth nach ndearna sé é sin?
- Chomh maith leis na daoine a shábháil sé i rith a shaoil ar domhan, cén bealach ar shábháil Íosa gach duine againn atá á leanúint? (*Shábháil Íosa sinn ónár bpeacaí trí bhealach nua le maireachtáil agus bealach nua le grá a thabhairt, a thaispeáint dúinn.*)

Críochnaigh trí a chur in iúl do na páistí gur féidir leo páis agus bás Íosa a chomóradh lena bpobal paróiste ar Déardaoin na Comaoineach agus ar Aoine an Chéasta. Tabhair cuireadh do pháiste 'TRÉAN NA CÁSCA' a léamh os ard **ó leathanach 76 dá leabhar.**

**Tá cuntas an Chéasta, ón Soiscéal de réir Mharcais, ar leathanaigh 75-76 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí é a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 76.**

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cuir i gcuimhne na bpáistí na crosa nó na crosa céasta, a rinne siad sa bhaile, a thabhairt ar scoil ionas go mbeidh siad acu do sheirbhís urnaí Stáisiún na Croise. D'fhéadfá a iarraidh ar shagart an pharóiste an mbeadh sé sásta saothar ealaíne na bpáistí a thaispeáint sa séipéal le linn searmanas Aoine an Chéasta.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Oibríonn baill de na seirbhísí éigeandála chun iad siúd atá i mbaol a shábháil. Síleann go leor daoine gur 'laochra' is ea iad. Laoch ba ea Íosa freisin. Ba Slánaitheoir an domhain é. Trína chuid focal agus a ghníomhartha thaispeáin sé bealach nua don domhan le maireachtáil agus bealach nua le grá a thabhairt. Thaispeáin sé a ghrá ar an mbealach is mó agus is féidir trína pháis agus a bhás, a d'fhulaing sé ar ár son.

## AG COMHRÁ

### FAOI ÍOSA ÁR SLÁNAITHEOIR

Tosaigh trí chabhrú leis na páistí cuimhneamh ar an méid a d'fhoghlaim siad faoin dTitim agus faoi Pheaca an tSinsir i gceacht an Charghais i mbliana, trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- I dtosach, nuair a chruthaigh Dia an domhan, an raibh peaca ann? (*Ní raibh*)
- Cathain a tháinig an peaca ar domhan? (*Nuair a rinne Ádhamh agus Éabha neamhaird de Dhia*)
- Cad a thugaimid ar an nóiméad nuair a rinne Ádhamh agus Éabha peaca? (*An Titim*)
- Cad a thugaimid ar an gcéad pheaca? (*Peaca an tSinsir*)
- An bhfuil baint ar bith ag Peaca an tSinsir linn? (*Beirtear gach duine againn le Peaca an tSinsir*)

Ansin léigh amach na hailt seo faoin gcaoi a múineann Íosa dúinn iompú ónár bpeacaí agus a bheith slán:

**Is é Íosa ár Slánaitheoir**

Ciallaíonn an t-ainm 'Íosa' 'Sábhálann Dia'. Le linn a shaoil ar domhan, mhúin Íosa do dhaoine conas iompú óna bpeacaí agus a bheith sábháilte. Mhúin sé do dhaoine faoi bhealach nua le maireachtáil nach raibh i gceist leis ach grá amháin - grá do Dhia, grá don chomharsa agus grá dóibh féin.

Níor stop Íosa de ghrá a thabhairt nuair a bhí an saol deacair aige, fiú nuair a bhí an bás in ann dó. Cé go raibh sé neamhchiontach, lig sé é féin a thabhairt dá naimhde agus a mharú. Thug Íosa a bheatha uaidh go toilteanach chun éagóir Ádhamh agus Éabha a mhaitheamh agus chun sinn a shábháil ónár bpeacaí. Sin é an fáth go dtugaimid 'ár Slánaitheoir' ar Íosa.

Nuair a bhaistear muid, bímid saor ó Pheaca an tSinsir, a tugadh dúinn ó Ádhamh agus Éabha. Tugann an baisteadh muid ar ais chuig Dia. Táimid fós in ann an peaca a dhéanamh, áfach, agus mar sin leanaimid orainn ag iarraidh cúnamh Dé chun saol an ghrá a leanúint.

Cuir i gcuimhne do na páistí gur cuimhin linn mar a thug Íosa a bheatha ar ár son nuair a deirimid le linn *Rúndiamhair an Chreidimh* ag an Aifreann:

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn,
tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí .

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Beidh cleachtadh ag na páistí ar Stáisiúin na Croise ón gclár *I nGrá Dé* ó Rang a Cúig. Roimh an am urnaí, ina ndéanfaidh na páistí machnamh ar gach ceann de na ceithre Stáisiún Déag, d'fhéadfá a chur in iúl dóibh go marcálann gach Stáisiún pointe ar thuras deiridh Íosa go dtí a bhás ar an gCros. Má tá do scoil in aice le séipéal, b'fhéidir gur mhaith leat cuairt a thabhairt le do rang roimh an am urnaí agus iarraidh ar na páistí breathnú ar Stáisiúin na Croise chun a gcuimhní cinn faoi na rudaí a tharla ag gach pointe ar thuras deiridh Íosa 'a bhogadh.

# PAIDIR

## TURAS NA CROISE

**Nóta:** *Cruthaigh atmaisféar urnaitheach tríd an seomra a dhéanamh dorcha agus trí cheol machnamhach a sheinm sa chúlra. Beidh na crosa a rinne na páistí sa bhaile ag teastáil. Más féidir, cuir cros ag ceithre phointe déag sa seomra. Roghnaigh ceathrar léitheoir déag, a sheasfaidh in aice le cros agus iad ag léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu cuimhnímid ar an turas a thug Íosa go Golgatá, áit ar céasadh é agus a fuair sé bás. Déanann na ceithre stáisiún déag an turas deiridh sin a mharcáil.

Gach uair a deirim, *'Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú!'*, is é an freagra a bheidh agaibh ná: *'Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros'.*

**Múinteoir:** An Chéad Stáisiún: *Daortar Íosa chun báis.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 1:** Dhaor Pointias Píoláit Íosa chun báis. Cé nach raibh an pionós seo tuillte aige, ghlac Íosa lena fhulaingt agus lena bhás as méid a ghrá dúinn.
A Thiarna, lig dúinn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir in aghaidh éagothroime agus éagóir.

**Múinteoir:** An Dara Stáisiún: *Leagtar an chros ar Íosa.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 2:** Cuireann na saighdiúirí an Chros throm ar ghuaillí Íosa. Ní mór gur mhothaigh sé go raibh meáchan an domhain á iompar aige.
A Thiarna, lig dúinn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir in amanna deacra.
**Múinteoir:** An Tríú Stáisiún: *Titeann Íosa den chéad uair.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 3:** Tá Íosa tuirseach, traochta. Titeann sé faoi mheáchan na Croise.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a thitimid. Cabhraigh linn éirí agus iarracht a dhéanamh arís.

**Múinteoir:** An Ceathrú Stáisiún: *Casann Íosa ar a mháthair.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 4:** Feiceann Muire an phian ar aghaidh Íosa. Ba mhaith léi compord a thabhairt dó.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a fheicimid daoine eile ag fulaingt. Cabhraigh linn turas a dhéanamh leo, mar a rinne Muire leatsa.

**Múinteoir:** An Cúigiú Stáisiún: *Cuidíonn Síomón Círéineách le hÍosa chun a chros a iompar.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 5:** Tá a fhios ag na saighdiúirí go bhfuil Íosa ró-tuirseach chun a Chros a iompar a thuilleadh, mar sin faigheann siad fear darbh ainm Símón chun cabhrú leis. Le linn a shaoil ar domhan, chabhraigh Íosa le daoine eile.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a fheicimid daoine eile a dteastaíonn ár gcabhair uathu.

**Múinteoir:** An Séú Stáisiún: *Glanann Veronica aghaidh Íosa.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 6:** Ag féachaint ar fhulaingt Íosa, tagann bean darb ainm Veronica chun cinn agus déanann sí clár éadain fuilteach Íosa a ghlanadh le héadach.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a fheicimid daoine eile i ngátar.

**Múinteoir:** An Seachtú Stáisiún: *Titeann Íosa den dara huair.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 7:** Titeann Íosa arís. Is deacair meáchan na Croise a iompar.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a mhothaímid nach féidir linn dul ar aghaidh.

**Múinteoir:** An tOchtú Stáisiún: *Labhraíonn Íosa le mná Iarúsailéim.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 8:** Ar a thuras, tagann Íosa ar ghrúpa ban. Tá siad brónach toisc go bhfuil sé ag fulaingt mar seo. Deir Íosa leo gan a bheith ag caoineadh ar a shon ach aire a thabhairt dá chéile.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a bhíonn rudaí deacair orainn.

**Múinteoir:** An Naoú Stáisiún: *Titeann Íosa den tríú huair.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 9:** Bíonn sé ró-dheacair d'Íosa leanúint ar aghaidh, agus titeann sé den tríú huair faoi mheáchan na Croise.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir, fiú nuair a bhraithimid éadóchasach.

**Múinteoir:** An Deichiú Stáisiún: *Baintear a chuid éadaigh d'Íosa.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 10:** Agus é ídithe agus i bpian, sroicheann Íosa an áit ina bhfuil sé le bás a fháil. Baineann na saighdiúirí a chuid éadaigh de.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir chun ómós a thabhairt do gach duine.

**Múinteoir:** An tAonú Stáisiún Déag: *Táirneáltar Íosa den chros.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 11:** Samhlaigh pian Íosa agus é tairneáilte den Chros. Bhraith sé fiú gur thréig Dia an tAthair é. Scairt sé amach, 'Mo Dhia, mo Dhia, cén fáth ar thréig tú mé?
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir chun maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a ghortaigh muid.

**Múinteoir:** An Dara Stáisiún Déag: *Faigheann Íosa bás ar an gcros.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Léitheoir 12:** Ar deireadh, tá pian Íosa thart. Cromann sé a cheann agus faigheann sé bás. Thug Íosa a shaol as méid a ghrá dúinn uile.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir ag tabhairt grá do dhaoine eile.

**Múinteoir:** An Tríú Stáisiún Déag: *Baintear corp Íosa anuas den chros.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 13:** Baintear corp Íosa anuas den Chros. Níl mórán daoine ann chun brón a dhéanamh ar a shon.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir nuair a fhaigheann gaol nó cara againn bás.

**Múinteoir:** An Ceathrú Stáisiún Déag: *Leagtar corp Íosa sa tuama.*
Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.
**Gach duine:** Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

**Léitheoir 14:** Soláthraíonn Iósaef as Aramatáia an tuama ina leagtar corp Íosa. Chaith Íosa a shaol a bheith cineálta agus trócaireach do dhaoine eile.
A Thiarna, cabhraigh linn do shampla a leanúint agus a bheith cróga agus láidir chun ár gcúnamh a thabhairt dóibh siúd atá i ngátar.

**Múinteoir:** A Íosa, ár múinteoir agus ár gcara, thug tú do shaol chun ár bpeacaí a bhaint uainn. Go bhféadfaimis ár saol a chaitheamh chun buíochas a ghabháil leat trí do ghrá a leanúint.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: An Cháisc: Údar ár nDóchais

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa chéad litir chuig na Corantaigh cuireann Naomh Pól i gcuimhne dúinn 'mura bhfuil Críost aiséirithe … tá bhur gcreideamhsa gan bhonn' (1 Corantaigh 15:14). Agus múineann *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí* dúinn: 'Is é atá san Aiséirí i dtús báire deimhniú ar gach a ndearna agus gach ar theagasc Críost féin. Déantar comhdhearbhú ar na fírinní uile, fiú an chuid is doshroichte ag an aigne dhaonna, má tá an cruthú deiridh úd ar a údarás diaga a bhí geallta aige á chur inár láthair ag Críost trí éirí ó mhairbh dó' (ChEC, uimh. 651). Gan an Aiséirí, ní raibh in Íosa ach fáidh eile a tháinig, a mhair agus a fuair bás. Is é an tAiséirí an eochair dár gcreideamh agus dár ndóchas.

Díríonn an ceacht seo ar an Aiséirí mar an foinse dóchais atá ann don chine daonna. 'Séard atá sa dóchas Críostaí ná an dóchas 'trínar mian le duine gealltanais Dé maidir le rudaí atá le teacht a chomhlíonadh agus a bheith ag súil leo' (ICCA, uimh. 557) mar sin is dóchas difriúil é ón mian ginearálta go mbeidh rudaí níos fearr sa todhchaí nó go bhfaighimid an rud is mian linn a fháil. Mínímid do na páistí gur féidir linn a bheith cinnte, mar thoradh ar an Aiséirí, gur féidir le Dia aon rud a shárú – go fiú an bás. Bíonn Dia linn i gcónaí, agus is cuma cén cásanna ina bhféadfaimis a bheith ann, is féidir linn a bheith ag brath ar chabhair (grásta) Dé chun muid a chur tríd. Sin é an fáth go gcreideann Críostaithe go bhfuil dóchas i ngach cás, fiú sna cásanna sin ina léirítear éadóchas. Tá geallúintí Dé maidir le rudaí maithe le teacht fíor dúinn uile, i gcónaí. Múineann *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*: 'Is é Aiséirí Chríost *comhlíonadh na ngealltanas* a rinneadh sa Sean-Tiomna agus a rinne Íosa é féin le linn a shaoil ar talamh. Taispeánann an ráiteas "de réir na Scrioptúr" gur chomhlíon Aiséirí Chríost na fáistiní sin' (ChEC, uimh. 652).

Shíl na haspail agus deisceabail eile Íosa nach raibh aon dóchas ann tar éis bhás Íosa. Ach ba é freagra Dé ar chruálacht agus ar éagóir páis agus bás Íosa ná é a ardú chun beatha nua. Níorbh é an bás an deireadh d'Íosa, ná ní deireadh é dóibh siúd a mhaireann mar a lucht leanúna: cé go bhfaighidh ár gcoirp bás, beimid uile aiséirithe ag deireadh an ama. Seo foinse ár ndóchas.

Sa cheacht seo cuirimid roinnt cásanna an-deacra i láthair, lena n-áirítear eispéiris ar chogadh agus breoiteacht thromchúiseach, agus spreagaimid na páistí an dóchas atá iontu a aimsiú. Mar is amhlaidh le gach ceacht, is fearr a bheidh a fhios agatsa, an múinteoir, conas an t-ábhar seo a láimhseáil má tá pointí mothálachta ann do leanaí áirithe i do rang. Mar thoradh ar an iniúchadh seo ar chreideamh agus ar an saol tá 'Ceist Mhór' an téama seo: 'An mbíonn dóchas ann i gcónaí, i *ngach* cás?' Maidir le Críostaithe, is é an freagra i gcónaí ná 'Bíonn'.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **An tAiséirí:** Maidin Dhomhnach Cásca, trí lá tar éis chéasadh Íosa, thug Dia an tAthair beatha nua d'Íosa i gcorp glórmhar. Tugtar an tAiséirí air seo.
- **Dóchas Críostaí:** Ciallaíonn dóchas Críostaí go gcreidimid go mbíonn Dia i gcónaí linn, agus gur féidir linn brath ar chabhair (grásta) Dé chun sinn a neartú, is cuma cad a tharlaíonn. Tá dóchas Críostaí bunaithe ar an tuiscint go mbeidh beatha nua síoraí againn le Dia ar neamh, tar éis dúinn bás a fháil.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE COGADH CATHARTHA NA SIRIA

Tosaigh trí mhapa ar líne den Mheánoirthir a thaispeáint do na páistí. Cuidigh leo an tSiria a aimsiú agus na tíortha timpeall uirthi a ainmniú. Ansin tabhair comhthéacs éigin do na páistí faoi chogadh cathartha na Siria:

- Thosaigh cogadh sa tSiria sa bhliain 2011, agus tá sé ar siúl tráth ar fhoilsíodh an lámhleabhar seo (2019).
- Cuireadh tús leis an gcogadh toisc go raibh daoine míshásta le fianaise chearta daonna uachtarán na Siria Bashar al-Assad, ach anois tá roinnt grúpaí Siriaigh ag cogadh i gcoinne a chéile. Tugtar cogadh cathartha air seo.
- Sa bhliain 2016 measadh go raibh leath mhilliún duine maraithe i gcogadh na Siria, agus gur gortaíodh beagnach dhá mhilliún (Ionad na Siria um Thaighde Beartais).
- Bhí thart ar 22 milliún duine ina gcónaí sa tSiria sular thosaigh an cogadh. Sa bhliain 2016 mheas na Náisiúin Aontaithe gur cuireadh iallach ar 5 mhilliún de na daoine sin an tSiria a fhágáil, agus b'éigean do 6 mhilliún eile a dtithe a fhágáil, ach go raibh siad fós sa tSiria.
- Thairg go leor tíortha ar fud an domhain, Éire san áireamh, tithe do dhídeanaithe Siria ar cuireadh iallach orthu a dtír dhúchais a fhágáil agus nach raibh áit le dul acu.

Dírigh aire na bpáistí chuig **leathanach 78 dá leabhar**, áit a bhfeicfidh siad roinnt grianghraf a bhaineann le cogadh cathartha na Siria. Ansin cuidigh leis na páistí a shamhlú cén saol atá ag sibhialtaigh Siria a bhí gafa sa chogadh, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat, atá **ar leathanach 78 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad é an rud is measa, dar leat, maidir le maireachtáil i zón cogaidh ar nós na Siria?
- Cén rud is mó a chuirfeadh as duit dá mbeadh ort do theach, do scoil agus do phobal a fhágáil? Cén t-ábhar imní is mó a bheadh ort maidir le cur fút in áit nua - i dtír nua, fiú?
- Nuair a bhí Íosa ina naíonán, bhí air a thír dhúchais a fhágáil le Muire agus Iósaef toisc go raibh a shaol i mbaol. Cén fáth?

Críochnaigh trí a rá leis na páistí gur féidir le daoine ar fud an domhain iad féin a fháil i gcásanna an-deacra - ní go minic déanta acu féin - a fhágann go mbíonn sé deacair orthu dóchas agus brí a fháil i measc a bpéine. Ach tá dóchas ann i gcónaí, agus an tseachtain seo beimid ag fiosrú an dóchais uathúil is féidir lenár gcreideamh a thabhairt dúinn, go háirithe nuair a bhíonn an saol go crua againn. Tá dóchas Críostaí le feiceáil go háirithe um Cháisc - séasúr an dóchais!

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, iarr ar na páistí cúpla nóiméad a thógáil chun machnamh ciúin a dhéanamh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid ... Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar na scéalta a chuala sibh sa cheacht seo faoi dhaoine a bhí orthu a dtíortha féin a fhágáil chun dídean agus sábháilteacht a lorg in áiteanna eile ... Samhlaigh conas mar atá sé do dhaoine den sórt sin ... Guímid go sáróidh an tsíocháin agus an ceartas an choimhlint agus an brón go léir a chaithfidh daoine a fhulaingt nuair a fhaigheann siad iad féin i gcásanna den sórt sin ... Iarraimid ar Dhia na daoine sin a líonadh leis an dóchas a thiocfaidh as creidiúint i ngealltanais Dé go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí ... Nuair a bheidh sibh réidh, oscail na súile.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh beirt léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

A Dhia ár nAthair, chuir tú do Mhac chun cónaí inár measc ar domhan. Thaispeáin sé dúinn conas grá a thabhairt duit agus dá chéile.
Líon sé sinn le dóchas agus gheall sé go mbeadh rudaí maithe le teacht dóibh siúd go léir a mhaireann mar a d'iarr sé.
Is é an freagra ná: *A Thiarna, líon na daoine go léir le do dhóchas agus do ghrá.*

**Léitheoir 1:** A Thiarna, cabhraigh linn éisteacht le scéalta na ndaoine atá ag fulaingt ar fud an domhain inniu, inár dtír féin agus i dtíortha, ar nós an tSiria, áit a raibh cogadh le gairid.
Tabhair misneach dúinn cabhrú leis na daoine sin ar cibé bealaí is féidir linn.
**Gach duine:** A Thiarna, líon na daoine go léir le do dhóchas agus do ghrá.

**Léitheoir 2:** A Thiarna, go bhféadfaimis cuimhneamh ar an dóigh a raibh grá ag Íosa do dhaoine eile, agus muid ag cur fáilte roimh dhaoine a lorgaíonn tearmann agus sábháilteacht inár bpobail.
**Gach duine:** A Thiarna, líon na daoine go léir le do dhóchas agus do ghrá.

**Múinteoir:** Cuirimid críoch leis an urnaí anois agus an *Gníomh Dóchais* a rá.
**Gach duine:** Cuirim mo dhóchas ionat
mar táim cinnte de do ghealltanais.
Saor sinn, a Thiarna, ó gach olc.
Tabhair dúinn síocháin lenár linn,
agus sinn ag súil go lúcháireach
le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### SAMHLÚ (ROIMH OBAIR AR AN SCRIOPTÚR NAOFA)

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid súl a dhúnadh agus an radharc seo a shamhlú agus tú ag cur síos air:

An tráthnóna atá ann. Tá an ghrian ag dul faoi ... agus tá an domhan ag moilliú.

Tá na faoileáin fós ag eitilt, ag lorg bia sula dtagann deireadh leis an lá ...

Tá tú ar an trá, ag suí ar an ngaineamh ... I bhfad uait, ar clé, tá seachtar fear ina suí le chéile, lena gcosa trasna ar a chéile. Tá cuid de na fir ag féachaint amach ar an bhfarraige. Tá cuid eile acu ag breathnú síos. Ní féidir leat a dhéanamh amach an bhfuil siad ina gcodladh nó nach bhfuil.

Os comhair na bhfear, ar imeall an uisce, tá bád. Bogann sé beagáinín le lapáil na dtonnta ...

Is féidir leat beagán den méid atá á rá ag na fir a chloisteáil, agus foghlaimíonn tú ainmneacha triúr acu: Síomón Peadar, Tomás agus Natanael.

Cloiseann tú giotaí dá gcomhrá, agus tuigeann tú go bhfuil siad ag caint faoi Íosa, a cuireadh chun báis. Seo a leanas an méid a chloiseann tú:

'B'fhéidir nár cheart dúinn é a chreidiúint riamh.'

'Bhí muinín againn as. Cheapamar go mbeadh sé linn ar feadh i bhfad.'

'D'fhágamar gach rud ar a shon, agus anois tá sé imithe.'

'Tá brón mór orm. Tá cuma éadóchasach ar rudaí anois toisc nach bhfuil sé linn a thuilleadh.'

'Cad atá le déanamh againn anois? Conas is féidir linn leanúint ar aghaidh gan cabhair uaidh?'

'Ní féidir liom filleadh ar an saol a bhí agam cheana.'

'Nuair a d'éag sé, fuair píosa dínn bás leis.'

Anois samhlaigh tú féin ansin leo ... Samhlaigh gur fhág tusa, freisin, do shean saol d'fhonn Íosa a leanúint ... agus anois tá sé imithe ... Samhlaigh cé chomh brónach agus éadóchasach a bhraitheann tú ... díreach cosúil leis na fir sin a bhí bailithe ar an trá ...

*Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid súl a oscailt. Inis dóibh nach raibh an scéal chomh éadóchasach agus a cheap na fir sin. Sa scéal seo a leanas ón Scrioptúr Naofa, cloisfidh siad conas a d'athraigh an cás éadóchasach sin go scéal dóchasach.*


## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TAISPEÁNANN ÍOSA É FÉIN DO NA DEISCEABAIL

**Taispeánann Íosa é féin do na deisceabail (Eoin 21:1-14)**

Ina dhiaidh sin thaispeáin Íosa é féin arís do na deisceabail ag Muir Thibirias, agus seo mar a thaispeáin: Bhí i bhfochair a chéile: Síomón Peadar, Tomás an Leathchúpla, Natanael ó Chána na Gailíle, agus clann Zeibidé, agus beirt eile dá dheisceabail. Dúirt Síomón Peadar leo: 'Táimse ag dul ag iascach.'

'Rachaimidne leat,' ar siad. D'imigh siad mar sin agus isteach sa bhád leo, ach an oíche sin níor rug siad ar bhreac. Nuair a tháinig an mhaidin, bhí Íosa ina sheasamh ar an trá, ach ní raibh a fhios ag a dheisceabail gurbh é Íosa é. Dúirt Íosa leo: 'Níl aon iasc agaibh, an bhfuil, a



chlann ó?' 'Níl,' ar siad á fhreagairt.

Dúirt sé leo: 'Cuirigí an eangach amach ar dheis na loinge, agus gheobhaidh sibh iasc.' Rinne siad cor dá bhrí sin agus láithreach bhí ag

...

• • •

teip orthu an eangach a tharraingt, bhí an oiread sin iasc inti.

Ansin an deisceabal ab ionúin le Íosa, dúirt sé le Peadar: 'Is é an Tiarna é.' Nuair a chuala Peadar dá bhrí sin gurbh é an Tiarna é, chuir sé a bhrat uime - mar bhí sé gan é - agus chaith sé é féin isteach san fharraige.

Ach tháinig na deisceabail eile sa long mar níorbh fhada ón talamh iad, ach timpeall dhá chéad banlámh; agus tharraing siad an eangach lán d'iasc ina ndiaidh. Nuair a tháinig siad i dtír mar sin, chonaic siad arán ansiúd agus tine ghualaigh agus iasc uirthi. Dúirt Íosa leo: 'Tugaigí anseo cuid de na héisc a ghabh sibh anois.'

Ansin chuaigh Peadar ar bord agus tharraing sé an eangach i dtír, agus í lán d'éisc mhóra, céad agus caoga a trí díobh; agus bíodh go raibh siad chomh mór sin níor bhris an eangach. Dúirt Íosa leo: 'Tagaigí agus ithigí.' Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine de na deisceabail a fhiafraí de: 'Cé hé thú féin?' mar go raibh fhios acu gurbh é an Tiarna é. Tháinig Íosa agus thóg an t-arán agus thug dóibh é, agus mar an gcéanna leis an iasc.

Is é sin anois an tríú huair a thaispeáin Íosa é féin do na deisceabail tar éis dó aiséirí ó mhairbh.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí roinnt ceisteanna athghairme/ísle a chur cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá **ar leathanach 80 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cé mhéad iasc ar rug na deisceabail orthu i rith na hoíche?
- Cad a dúirt Íosa Aiséirithe leo a dhéanamh leis an eangach? Agus cad a tharla nuair a rinne siad mar a d'iarr sé?
- Cérbh é an chéad duine a thuig gurbh é Íosa a bhí ar an trá?
- Cé a léim isteach san uisce?
- Conas a tháinig na deisceabail eile i dtír?
- Cad a chonaic siad nuair a tháinig siad i dtír?
- Cé mhéad iasc ar rug siad orthu?
- Céard a rinne Íosa Aiséirithe leis na héisc a thug na deisceabail dó?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Conas a mhothaigh na fir, dar leat, agus iad ina suí ansin ar an gcladach an tráthnóna sin?
- Cén fáth, dar leat, a shocraigh Síomón Peadar dul ag iascaireacht?
- Cén fáth, dar leat, a shocraigh na fir gníomhú ar chomhairle an strainséara a bhí ina sheasamh ar an gcladach?

**Tá scéal faoi Íosa Aiséirithe a bheith le feiceáil ag an seachtar deisceabal ar leathanach 79 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 80.**

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### FÉACH AGUS FREAGAIR

- Tosaigh trí na soilse a mhúchadh agus an pictiúr *Miraculous Catch of 153 Fish* le Duccio a thaispeáint (ar líne).
- Tabhair dhá nóiméad iomlán ina dtost do na páistí le breathnú ar an bpéintéireacht. Ansin tabhair cuireadh dóibh a rá leis an duine in aice leo cad é an ghné is suntasaí den phictiúr, dar leo.
- Iarr ar roinnt páistí an ghné den phéintéireacht, a bhí tionchar aige orthu, a roinnt leis an rang agus féach an aontaíonn páistí eile leo.



*Miraculous Catch of 153 Fish* le Duccio di Buoninsegna (an ceathrú céad déag)

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cé mhéad duine sa phictiúr is féidir leat a ainmniú?
- Cad air atá gach fear ag féachaint, nó ag déanamh?
- Féach ar an mbeirt fhear a bhfuil na líonta acu. Cad is féidir leat a rá ón mbealach a bhfuil siad suite faoin méid iasc atá sa líontán?
- Féach ar Íosa. An dtugann tú faoi deara aon rud a insíonn dúinn go bhfuil an phictiúr seo de radharc tar éis an Aiséirí? (*Na marcanna ó na tairní ina lámha*)

## DÁN

Tosaigh trí mheabhrú leis na páistí conas a mhothaigh cairde Íosa agus a mháthair Muire i ndiaidh a bháis. Cuir i gcuimhne dóibh gur thréig na haspail gach rud a bhí acu chun páirt a ghlacadh le Íosa ina mhisean, agus anois
bhí sé imithe. Caithfidh gur chaill siad gach dóchas agus muinín a bhí acu sa todhchaí. Caithfidh gur cheap siad go raibh focail agus gníomhartha maithe uile Íosa in aisce. Ach athbhunaíodh a ndóchas nuair a thuig siad gur éirigh sé ó mhairbh agus go raibh sé leo arís ar bhealach nua glórmhar. Níor thréig sé iad, ach bheadh i gcónaí leo anois. Ansin tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus an dán seo á léamh agat. Tá an dán **ar leathanach 81 de leabhar na bpáistí.**

**Is féidir linn aiséirí freisin!**
Mo léan an tubaiste, ár gceannaire muirneach básaithe,
Grá agus leigheas scaipthe, a mhisean críochnaithe.
Ár gcroí briste brúite, an í seo an chríoch?
Ach tá iontas mór ag teacht ó Dhia ina ríocht!

Agus muid in ísle brí, d'aiséirigh ár Slánaitheoir,
Ar an mbás 's ar an eagla, chuaigh Íosa ar a dtóir.
Chreid Muire 's na haspail, ach bhí amhras ar Thomás,
Anois le himeacht aimsire tá an creideamh fós ag fás.

Ní féidir leis an mbás an bheatha a shárú,
Ná leis an dorchadas an solas a laghdú.
Beidh an bua ag an dóchas ar éadóchas an chine,
Maolófar crá croí daonna, tabharfar cúram don duine.

Go deo deo arís ní bheidh scaradh ná dobhrón,
Bíodh do chroí in airde agat, tráthnóna, maidin is lón.
Agus Íosa aiséirithe, tá an t-aiséirí dúinn uile,
Ar an mbás 's ar an eagla, 's ar réimsí uile na cruinne.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, déan comhrá faoi agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid aige:
• Conas a mhothaigh na deisceabail tar éis d'Íosa bás a fháil? Cén fáth an gceapann tú gur bhraith siad mar seo?
• Cén eachtra iontach a tharla a chuir deireadh lena n-eagla agus a thug sólás mór dóibh?
• Sa tríú véarsa, cad a deir an file a thiocfaidh in ionad an dorchadais agus an éadóchais, mar gheall ar Aiséirí Íosa?
• Cén fáth, dar leat, a deir an file 'Go deo deo arís ní bheidh scaradh ná dobhrón'? (*Toisc gur aiséirigh Íosa ó na mairbh, creidimid go mbeidh sé mar an gcéanna dóibh siúd a leanann é. Creidimid sa bheatha shíoraí agus nach féidir leis an ngrá bás a fháil choíche*.)
• Sa véarsa deireanach léimid, 'Agus Íosa aiséirithe, tá an t-aiséirí dúinn uile, / Ar an mbás 's ar an eagla, 's ar réimsí uile na cruinne'. Cad a chiallaíonn an file, dar leat leis seo? An gceapann tú gur teideal maith é 'Is féidir linn aiséirí freisin!' don dán? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- • Cad é teachtaireacht an dáin seo, meas tú? An teachtaireacht dearfach nó diúltach atá ann? Conas a bhraitheann tú tar éis an dán a léamh?

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/ nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn siad leis? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin?

**'Ní chreidim gur éirigh Íosa ó mhairbh. Ní thagann daoine ar ais ar an saol.'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas ó 'Fióna Fiosrach'. Is féidir leo freagairt trí na cúiseanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a thabhairt.



## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### DÓCHAS CRÍOSTAÍ

- Tosaigh trí mheabhrú arís conas a mhothaigh na deisceabail agus iad ina suí ar an gcladach an tráthnóna sin sular tháinig Íosa Aiséirithe ina láthair. D'fhéadfadh an focal 'éadóchasach' a bheith in oiriúint dóibh. Bhí siad cinnte go raibh Íosa imithe uathu.
- Bhí a fhios ag Dia an tAthair gur maraíodh Íosa go héagórach, tar éis é a bheith cúisithe go bréagach agus tréigthe fiú ag na deisceabail atá anois ag caoineadh a bháis. Agus ba é freagra Dé ar an éagothroime agus ar an éagóir ná an cás a chur ar ceal: 'Ní hea' a rá leis an bhfuath a bhí mar thoradh ar Íosa á mharú; 'Ní hea' a rá le gráin na saighdiúirí. Ba é freagra Dé ar bhás Íosa ná Íosa a ardú ó mhairbh go saol nua glórmhar.
- Bhí Aiséirí Íosa fisiceach agus bunathraithe. Trí Íosa a ardú chun beatha nua, thaispeáin Dia dúinn nach bhfuil sé i gceist go bhfanfadh rudaí gan dóchas. Mar gheall ar an Aiséirí, is féidir linn a bheith cinnte gur féidir le Dia aon rud a shárú – go fiú an bás. Sin é an fáth go gcreideann Críostaithe go mbíonn dóchas ann i gcónaí - fiú amháin i gcásanna a d'fhéadfadh cuma éadóchasach a bheith orthu. Tá Dia linn i gcónaí, agus gheall Dia dúinn go bhfuil rudaí maithe le teacht.
- Dúirt Íosa féin linn, cé go bhfaighidh ár gcoirp bás, ardófar arís muid go beatha shíoraí nua má leanaimid bealach an ghrá a thaispeáin sé dúinn. Seo í an chúis atá leis an dóchas Críostaí atá againn.
- Ag an gCáisc déanaimid Aiséirí Íosa 'a cheiliúradh: bua na beatha thar an mbás, an mhaith thar an olc.
- Cuireann Coinneal na Cásca, a fheicimid ag soilsiú sa séipéal um Cháisc, aiséirí Íosa Críost i gcuimhne dúinn agus go bhfuil an bua faighte aige ar an mbás agus ar an bpeaca.
- Téann an Cháisc agus an dóchas i lámh a chéile. Tréimhse dóchais atá sa Cháisc!

**Tabhair cuireadh do pháiste TRÉIMHSE DÓCHAIS Í AN CHÁISC! a léamh os ard ó leathanach 80 dá leabhar, a thugann achoimre ar na nótaí thuas.**

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:
• An raibh tú féin nó duine a bhfuil aithne agat orthu, riamh i suíomh a raibh cuma éadóchasach air? An féidir leat a rá linn conas a mhothaigh tú féin/siad ag an am agus cén fáth?
• An féidir leat smaoineamh ar am nuair a bhí suíomh éadóchasach ann ach gur éirigh go maith leis ar deireadh?
• Conas a bhraitheann tú faoin ngealltanas go n-ardófar arís go saol nua síoraí muid i ndiaidh ár mbás? An bhfuil sé éasca nó deacair ort é sin a chreidiúint? Cén fáth?
• Cad a chiallódh sé do do shaol, dar leat, má chreid tú i ndáiríre nárbh é an saol seo deireadh an scéil? An dtabharfadh sé dóchas duit? Cén fáth nó cén fáth nach dtabharfadh?

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Uaireanta bíonn daoine i gcásanna a mbíonn cuma éadóchasach orthu. Bíonn sé an-deacair orthu a chreidiúint go n-oibreoidh gach rud amach ar deireadh. Caithfidh gur mhothaigh na haspail, na deisceabail, agus cairde eile Íosa mar sin nuair a fuair Íosa bás. Nuair a fuair siad amach go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh, agus go mbeadh sé leo arís ar bhealach nua, d'fhill a ndóchas.

Is é an t-Aiséirí foinse ár ndóchas freisin. Toisc gur Críostaithe muid, creidimid go bhfuil dóchas le fáil i ngach suíomh - fiú amháin i gcásanna a bhfuil cuma éadóchasach orthu - toisc go bhfuil a fhios againn go bhfuil Dia linn i gcónaí agus is féidir le Dia gach rud a shárú, go fiú an bás. Chruthaigh Dia an méid sin nuair a d'ardaigh sé Íosa go beatha nua. Tá ár ndóchas Críostaí bunaithe ar an gcreidiúint go gcomhlíonfaidh Dia na gealltanais a rinne sé maidir leis na rudaí atá le teacht.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### DÓCHAS A CHOINNEÁIL BEO

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar '**Dóchas Críostaí**' san 'Eochairfhocail' **ar leathanach 78 de leabhar na bpáistí** a léamh amach os ard.
- Ansin léigh amach na scéalta seo a leanas, ceann i ndiaidh a chéile, do na páistí. Glac sos mar a léirítear, chun comhrá a dhéanamh faoi na cúinsí ina bhfaigheann na daoine iad féin agus chun labhairt faoin gcaoi a thagann dóchas Críostaí chuig daoine trí ghrá agus cineáltas daoine eile, fiú sna suíomhanna is deacra. Cuir béim ar an gcaoi, cé gur féidir le daoine a bheith ag maireachtáil i gcúinsí an-deacra, go gcreideann Críostaithe go mbíonn dóchas i gcónaí ann.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** D'fhéadfadh go mbeadh roinnt páistí sa rang ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála nó i gcásanna dúshlánacha eile. Tá sé tábhachtach go mbeifeá tuisceanach faoi seo agus tú ag plé Suíomh 1 thíos.

**Suíomh 1:** Tá sé gar don Nollaig, agus níl teach faighte ag Nia agus a teaghlach fós chun cónaí ann. Tá siad ag fanacht i gcóiríocht éigeandála i dteach ósta, agus ní maith le Nia a bheith ag smaoineamh ar an Nollaig. Níl aon áiseanna ag an teaghlach chun Dinnéar na Nollag a ullmhú, áit ar bith le crann a chur in airde, agus ní féidir leo a iarraidh ar dhaoine cuairt a thabhairt orthu toisc nach bhfuil go leor spáis ann.

*• Agus tú tuisceanach i leith páistí atá ina gcónaí le heaspa dídine, glac sos chun an cás a phlé. Tabhair cuireadh do na páistí rudaí éagsúla a mholadh a d'fhéadfadh dóchas a thabhairt dóibh siúd atá ag fulaingt mar seo.*
*• Ansin lean ort ag léamh faoi Nia agus a teaghlach …*

Cloiseann máthair Nia faoi charthanas áitiúil atá ag soláthar dinnéar na Nollag agus cóisir do dhaoine a bhíonn i gcúinsí deacra ag an am seo den bhliain. Insíonn sí do Nia agus a deirfiúracha faoi. Cé nach ionann é agus an Nollaig a cheiliúradh ina dteach féin, aontaíonn siad go léir go mbeadh sé i bhfad níos fearr ná a bheith ina suí i seomra sa teach ósta ar feadh an lae. Téann siad a chodladh Oíche Nollag ag tnúth le taitneamh a bhaint as cuideachta daoine eile lá arna mhárach.

*• Tabhair cuireadh do na páistí trácht a dhéanamh ar an gcaoi ar bhraith na daoine thuas faoin gcabhair a fuair siad ó dhaoine eile. An ndéarfadh na páistí gur mhothaigh siad dóchas Críostaí?*

**Suíomh 2:** Ba í Enestina Muyeye an cailín naoi mbliana d'aois a bhí sa phictiúr ar aghaidh bhosca Trócaire sa bhliain 2014. D'úsáid Trócaire scéal Enestina chun aird a tharraingt ar na deacrachtaí a bhí aici féin agus ag a teaghlach. Tá siad ina gcónaí sa Mhaláiv, san Afraic, agus tá tionchar mór ag athrú aeráide ar a saol, go háirithe ar an mbealach isteach atá acu chuig uisce glan.

*• Glac sos chun an cás a bhaineann le daoine cosúil le Enestina a phlé. Tabhair cuireadh do na páistí rudaí a mholadh a d'fhéadfadh daoine eile a dhéanamh chun dóchas a thabhairt dóibh siúd a bhíonn i gcásanna den tsórt sin. B'fhéidir gur féidir leo scéalta eile a thabhairt chun cuimhne a chuala siad faoi dhaoine nó faoi phobail a fuair cúnamh ó Thrócaire.*
*• Ansin lean ort ag léamh faoi chás Enestina …*

Sa bhliain 2014 bhailigh Trócaire ocht milliún euro do pobail cosúil leis an cheann ina maireann Enestina. Bailíodh gach pingin rua ó bhoinn a cuireadh isteach 'sna céadta mílte de bhoscaí Trócaire. Sa bhliain 2018 rinne Uachtarán na hÉireann, Mary Robinson, cuairt ar shráidbhaile Enestina chun féachaint ar an dul chun cinn a bhí déanta le cabhair ó Thrócaire. Thaispeáin Enestina droichead nua di a nascann an sráidbhaile le baile eile anois, áit a bhí scoite amach roimhe seo. Thaispeáin sí bloc scoile nua di freisin, a bhí tógtha leis an airgead ó Thrócaire, ionas go bhféadfadh le níos mó de na páistí áitiúla oideachas a fháil, agus córas nua uisciúcháin ionas gur féidir le feirmeoirí a gcuid barraí a uisciú i rith na bliana. Tugann Enestina an teachtaireacht seo a leanas chuig na páistí in Éirinn: 'Tá feabhas tagtha ar a lán anois, ach tá go leor dúshláin eile i mo sráidbhaile ... Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht agus bhur gcúram.'

• *Tabhair cuireadh do na páistí trácht a dhéanamh ar an gcaoi a gceapann siad go mbraitheann na daoine i bpobal Enestina faoin gcabhair a fuair siad ó Thrócaire. Ar bhraith an pobal sin dóchas Críostaí?*

**Suíomh 3:** Seanfhear ochtó bliain d'aois is ea Muiris atá ina chónaí leis féin in árasán i mBaile Átha Cliath. Fuair a bhean chéile Máire, bás, na blianta fada ó shin agus ní raibh clann acu. Tá neachtanna agus nianna aige a thagadh ar cuairt chuige ach nach dtagann níos mó - bíonn siad gnóthach lena dteaghlaigh féin. Déanann Muiris iarracht a bheith gnóthach gach lá, ag dul ag siúl agus ag dul chuig na siopaí, ach is minic a bhíonn sé an-uaigneach.

• *Glac sos chun cás Mhuiris a phlé. Tabhair cuireadh do na páistí rudaí a mholadh, a d'fhéadfadh daoine eile a dhéanamh, chun dóchas a thabhairt dóibh siúd cosúil le Muiris.*
• *Ansin lean ort ag léamh faoi Mhuiris ...*

Lá amháin mhol an sagart i bparóiste Mhuiris dó gur mhaith an rud é teagmháil a dhéanamh le heagraíocht ar a dtugtar Cairde na Seanóirí uirthi. Grúpa é seo a chuireann daoine scothaosta, atá ina gcónaí leo féin, i dteagmháil le daoine eile a thabharfaidh cairdeas agus cluas na héisteachta dóibh, agus deiseanna chun nasc a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Ghlac Muiris comhairle an tsagairt agus chuaigh sé i dteagmháil le Cairde na Seanóirí. Tá sé an-sásta go ndearna sé amhlaidh. Deir sé, 'Tagann ball de Chairde na Seanóirí ar cuairt chugam Maidin Dé Sathairn de ghnáth. Tá madra beag aici a thugann sí léi nuair a thagann sí ar cuairt agus tugann sí an páipéar léi freisin. Ócáid speisialta é nuair a thagann sí ag deireadh na seachtaine.'

• *Tabhair cuireadh do na páistí trácht a dhéanamh ar an gcaoi ina fhaigheann Muiris agus daoine eile dá léithéid, tairbhe as cabhair agus tacaíocht eagraíochtaí cosúil le Cairde na Seanóirí. An dtugann eagraíochtaí cosúil le Cairde na Seanóirí dóchas Críostaí do dhaoine cosúil le Muiris?*

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

- Is í an cheist mhór ná:

**An bhfuil dóchas ann i gcónaí, i ngach cás?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí teacht ar fhreagraí ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun iad a spreagadh:
• Smaoinigh ar chás an-deacair a d'fhéadfadh a bheith ag duine … Cad a thabharfadh dóchas don duine sa chás sin? Conas a d'fhéadfadh daoine eile cuidiú le dóchas a thabhairt don duine sa chás sin?
• An gceapann tú go bhfuil dóchas tábhachtach do Chríostaí? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
• Cad is príomhfhoinse don dóchas Críostaí? Cad ann a chreidimid, a thugann cúis dóchais dúinn, is cuma cén cuma atá ar chúrsaí?
• An gceapann tú go dtugann Aiséirí Íosa dóchas dúinn nuair a bhíonn cúrsaí deacair againn? Cén fáth nó cén fáth nach dtugann?

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ó na dearcaí difriúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AN CHEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## PAIDIR

**Nóta:** *I rith an urnaí seo, iarr ar na páistí suí i gciorcal thart ar choinneal amháin. Las an choinneal agus ansin dorchaigh an seomra a oiread agus is féidir. Beidh sé sholas oíche uait a chuirfear timpeall lár an chiorcail, a lasfaidh tú, ceann ar cheann, ag na hamanna cuí le linn na hurnaí. Roghnaigh beirt pháistí chun na sleachta ón Soiscéal a fhógairt agus seisear páiste chun na paidreacha a léamh.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** An tseachtain seo cuireadh scéal na Cásca i gcuimhne dúinn. Tosaíonn scéal na Cásca sa dorchadas, díreach mar atáimid sa dorchadas inniu. Bhí cairde Íosa sa dorchadas freisin. D'fhág siad gach rud le hÍosa a leanúint agus le bheith páirteach ina mhisean chun Ríocht grá, ceartais agus síochána Dé a thabhairt i gcrích. Agus anois bhí sé imithe. Agus fágadh iad gan dóchas ar bith. Ach tháinig Dia i gcabhair orthu, agus thug sé dóchas dóibh agus do lucht leanúna Íosa. Éistimis le scéal na Cásca arís anois.

**Léitheoir 1:** Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.
**Gach duine:** Glóir duit, a Thiarna.

**Léitheoir 1:** *Agus an chéad lá den tseachtain tháinig Máire Mhaigdiléana go moch, agus an dorchadas fós ann, chun an tuama agus chonaic sí an líog aistrithe ón tuama. Rith sí ansin agus tháinig sí go dtí Síomón Peadar agus go dtí an deisceabal úd eile ab ionúin le Íosa. "Thóg siad an Tiarna as an tuama," ar sí leo, "agus níl a fhios againn cár chuir siad é."* (Eoin 20:1-2)

**Léitheoir 2:** *Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama. Chrom siad a mbeirt ar rith in éineacht agus rith an deisceabal eile níos luaithe ná Peadar agus is é is túisce a tháinig go dtí an tuama. Nuair a chrom sé síos chonaic sé na línéadaí ina luí ansiúd, ach ní dheachaigh sé isteach. Ansin tháinig Síomón Peadar ina dhiaidh agus chuaigh sé isteach sa tuama, agus chonaic sé na línéadaí agus an brat a bhí ar a cheann - ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin. Ansin an deisceabal eile, a tháinig ar dtús chun an tuama, chuaigh sé isteach agus chonaic agus chreid sé. Óir níor thuig siad go fóill an scrioptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh. Ansin d'imigh na deisceabail abhaile arís.* (Eoin 20:3-10)

**Léitheoir 2:** Soiscéal an Tiarna.
**Gach duine:** Moladh duit, a Chríost.

**Múinteoir:** Féach ar an gcoinneal anseo i lár ár gciorcail. Léiríonn an choinneal sin an dóchas a thug Dia an tAthair dúinn agus Íosa á aiséirí ó na mairbh. Tá an choinneal sin ag tabhairt go leor solais dúinn. Tá sí cumhachtach. Léiríonn na coinnle beaga timpeall na coinnle móire sin, an dóchas gur féidir le daoine eile a thabhairt dúinn, agus gur féidir linn a thabhairt dá chéile. (*Sos*)

Guímis le chéile. De réir mar a deirtear gach paidir, lasfaidh mé coinneal bheag. Féach faoi mar a fhásfaidh an dóchas de réir mar a leathnaíonn an solas. Is é an freagra ar gach paidir ná: *Éist lenár nguí.*

**Léitheoir 3:** Guímid ar son ár dtuismitheoirí agus ár gcúramóirí.
Is minic a thugann siad an dóchas a theastaíonn uainn nuair a bhímid thíos.

A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las solas oíche.*

**Léitheoir 4:** Guímid ar son ár múinteoirí agus ár gcúntóirí riachtanais speisialta.
Go mbeidh dóchas acu i gcónaí gur féidir linn leanúint orainn ag foghlaim agus ag fás.
A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las an dara solas oíche.*

**Léitheoir 5:** Guímid ar son ár gcóitseálaithe spóirt; go leanfaidh siad ag tabhairt spreagadh dúinn gan éirí as.
A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las an tríú solas oíche.*

**Léitheoir 6:** Guímid ar son na ndaoine atá tinn. Go gcreidfidh siad go bhfuil Dia leo.
A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las an ceathrú solas oíche.*

**Léitheoir 7:** Guímid ar son dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn; go mbeidh siad dóchasach agus muiníneach as grá Dé dóibh.
A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las an cúigiú solas oíche.*

**Léitheoir 8:** Guímid ar son na ndaoine a bhaineann lenár bparóiste; na teaghlaigh go léir a chónaíonn anseo, dár sagairt, dár mhúinteoirí agus dóibh siúd go léir a fhreastalaíonn ar ár bpobal, go bhféadfaimis muinín a bheith againn as grá agus cúram leanúnach Dé do gach duine againn.
A Thiarna, i do thrócaire…
**Gach duine:** Éist lenár nguí.

*Las an séú solas oíche.*

**Múinteoir:** A Dhia ghrámhair, cruthaitheoir an domhain, d'ardaigh tú do Mhac, Íosa Críost, go beatha nua.
Nuair a chreid a chairde go léir nach raibh dóchas ar bith ann, rinne tú éacht. Doirt amach bronntanas an dóchais ar gach duine againn atá bailithe anseo, ionas go bhféadfaimis é a roinnt lenár dteaghlach agus lenár gcairde, ach go háirithe nuair atá an saol deacair orainn.
Déanaimid an phaidir seo trí Chríost, ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir:** Déanaimid ceiliúradh ar Aiséirí Íosa gach Domhnach trí dhul ar Aifreann agus, ar bhealach ar leith, trí dhul ar Aifreann ar Dhomhnach na Cásca. Tráth é an Cháisc chun bás agus aiséirí Íosa a cheiliúradh. Tráth dóchais é, go deimhin!

*Comhartha na Croise*

# Téama 8: An Eocairist

Ceacht 1: Gabhaimid buíochas ag an Aifreann ........................... 325
Ceacht 2: Ag an Aifreann cuimhnímid ar íobairt íosa ................. 335

**Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).**

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

## AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Cé go raibh sé saor ó pheaca (agus ní fhéadfadh sé peaca a dhéanamh go deo), thóg Íosa an fhreagracht as ár bpeacaí agus fuair sé bás chun sinn a shábháil. Toisc gur Dia é, bhí Íosa in ann a shaol a thabhairt ar ár son go pearsanta agus go haonarach, agus shábháil a íobairt an domhan uile (ChEC 604-608).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Tiocfaidh Íosa Críost ina ghlóir chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh agus chun flaithis nua agus chun domhan nua a chruthú (Mth 25:31-46; Taisp 21:1; ChEC 729, 1040).

**Cruthú an Domhain**

- Gheall Dia go gcuirfeadh sé slánaitheoir chugainn chun an cine daonna a shábháil ó pheaca (ChEC 55-8, 385-90, 399, 409-10, 412, 416-19).

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá Ríocht Dé i láthair ar domhan go rúndiamhrach; Nuair a thiocfaidh an Tiarna ag críoch na n-aoiseanna déanfar foirfe é (GS, 39; GDC 102; ChEC 1042-60, 2816).

## BRIATHAR DÉ

**An Bíobla**

- Déanann an Scrioptúr Naofa cur síos ar stair an tslánaithe, mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh. Tá na trí 'mhór ócáid' i stair an tslánaithe san am atá caite (eachtraí ón Sean-Tiomna) san aimsir láithreach (an slánú a thosaigh le teacht Chríost agus a leanann ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann) agus amach romhainn (an '*parousia*', nuair a thiocfaidh Críost arís agus beidh 'Dia bun agus barr chuile scéil') (DV2, 14, 15; LG 9, 113, 48, AG3).
- Chuir Íosa tús leis an gConradh Nua nuair a rinne sé Cáisc na nGiúdach a cheiliúradh lena dheisceabail ag An Suipéar Déanach (Mth 26:17-30) agus thug sé a chorp agus a chuid fola féin in ionad uain, nuair a fuair sé bás ar ár son ar an gCrois (seo é an fáth go dtugtar 'Uan Dé' ar Íosa). Bímid mar chuid den Chonradh Nua nuair a bhímid ag ceiliúradh an Aifrinn, díreach mar a tharla ag an Suipéar Déanach nuair a dúirt Íosa: 'Seo í mo chuid fola, fuil an nua thiomna shíoraí. Doirtfear í ar bhur son agus ar son an chine dhaonna chun maithiúnas na bpeacaí. Déanaígí é seo i gcuimhne ormsa'.

**An Scrioptúr Naofa**

- Salm 100:1-5. Ag glacadh buíochais.
- Iúidit 16:13-16. Canfaidh mé iomann nua do mo Dhia.
- 1 Sam 2:1-2. Tá mórtas croí orm sa Tiarna.
- Eoin 15:1-17. An Fhíniúin Fhíor.

## LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhgháir Chuimhneacháin 1 [Rúndiamhair an Chreidimh]

**Na Sacraimintí**

- Bronnann na sacraimintí grásta orainn ach tá orainn a bheith gníomhach inár gcreideamh agus ár gcreidimh a neartú trí na sacraimintí. (ChEC 1128).

**An tAifreann**

*Láithreacht na hEocairiste*

- Táimid in ann freagra a thabhairt ar láithreacht Íosa Críost sa taibearnacal trí urnaí agus adhradh (PO 5, 18; ChEC 1378, 1381).
- Deabhóidí speisialta don Sacraimint Ró-Naofa: m.sh. Beannú na Naomh-Shacraiminte; an uair bheannaithe.

*Íobairt Chuimhneacháin*

- Is í beatha agus bás Íosa Críost (a íobairt) a

bhronntanas don Athair ar son slánaithe an chine dhaonna.

- Ní hamháin go bhfuil ar Chríostaithe aithris a dhéanamh ar Íosa, ach tá orthu a bheith aontaithe go dlúth leis. Thug Íosa cuireadh dá dheisceabail agus dá chairde a bheith aontaithe leis ina ofráil eisiach ar son an domhain uile (DP 86; c.f. SC 48). In íobairt an Aifrinn ofráileann Íosa é féin do Dhia an tAthair agus ofráilimid sinn féin ina theannta don Athair (LG 11; ChEC 1330, 1368, 1362-72; Lúc 22: 19-20).
- Is í an Eocairist cuimhneachán Cháisc Chríost, is é sin, an saothar slánaithe a chuir beatha, bás agus aiséirí Chríost i gcrích. (ChEC 1409).

*5. Gealltanas na Beatha Síoraí*

- Tugann Íosa Críost an Eocairist dúinn mar ghealllúint go mbeimid leis go glórmhar sna flaithis mar dúirt sé 'Is mise an t-arán beo a tháinig anuas ó neamh, má itheann aon duine an t-arán seo, mairfidh sé go deo (Eoin 6:51; SC 8; ChEC 1323, 1419).

*6. Struchtúr an Aifrinn*

- Nuair a ofráilimid an tAifreann Naofa, cuirimid íobairt shlánaithe Chríost i bhfeidhm chun cabhrú leis na beo agus na mairbh.

# Ceacht 1: Gabhaimid buíochas ag an Aifreann

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn an chláir *I nGrá Dé*, rinne na páistí staidéar beacht ar an gciall agus ar structhúr an Aifrinn. Sa chéad cheacht den téama seo tógaimid céim siar agus an tAifreann a shuíomh i gcomhthéacs stair an tslánaithe, curtha i láthair na bpáistí mar amlíne bhronntanas Dé, ón gcruthú go dtí an slánú agus, faoi dheireadh, go dtí dara teacht Íosa, nuair a gheobhaidh na daoine a lean Íosa bronntanas na beatha síoraí. Tá an Chros ag croí na líne ama seo, áit ina raibh Íosa mar uan íobartach ar Chalvaire, d'fhonn an bealach a oscailt dúinn chun teacht le chéile le Dia arís. Mar sin beidh go leor athbhreithnithe sa cheacht seo ar ábhar atá clúdaithe ag na páistí cheana féin sa chlár roimhe seo.

Tugann freastal ar an Aifreann inniu an deis dúinn an grásta a fháil, a bhain Íosa dúinn ar an gCros, agus tugann sé deis dúinn a bheith inár gcomhoibrithe le hÍosa chun an domhan a shábháil, trínár mbronntanais féin a thairiscint lena íobairt, ag Ullmhú na mBronntanas. Trí chabhrú leis na páistí a thuiscint gur bronntanas ó Dhia iad ár slánú agus institiúid na hEocairiste, beimid ag súil go mbeidh tuiscint agus meas níos doimhne acu ar an Aifreann. Tugtar cuireadh do na páistí freisin machnamh a dhéanamh ar a bhfreagra pearsanta féin chuig bronntanais Dé, le fócas faoi leith ar an gcaoi a bhféadfaidís freagairt le linn an Aifrinn.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Ullmhú na mBronntanas:** Tarlaíonn sé seo ag tús Liotúirge na hEocairiste. Tugann baill den phobal bronntanais aráin agus fíona chuig an altóir. Déanfar na bronntanais seo a athrú go Corp agus Fuil Íosa Críost, a ghlacaimid sa Chomaoineach Naofa. Is féidir bronntanais eile ar mhaithe le riachtanais na hEaglaise agus na mbocht a thairiscint freisin.
- **Coisreacan:** An t-ainm ar an gcuid sin den Aifreann, nuair a athraíonn an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost. Tarlaíonn an Coisreacan i rith Phaidir Eocairisteach an Aifrinn.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa beag páipéir agus peann luaidhe do gach páiste. Ciseán chun na páipéir a bhailiú ann.

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### FAOI BHRONNTANAIS

Déan comhrá leis na páistí faoi bhronntanais a thabhairt agus a fháil, ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é an bronntanas is fearr a fuair tú riamh?
- Cad is bronntanas maith ann?
- Cén fáth, dar leat, a thugaimid bronntanais?
- An bhfuil bronntanais ann nach bhfuil baint ar bith acu le hairgead? An féidir leat roinnt samplaí de bhronntanais a thabhairt nach mbíonn airgead i gceist acu?
- Conas a fhreagraíonn tú nuair a thugtar bronntanas duit?
- Má thug tú bronntanas an-speisialta do dhuine, conas ar mhaith leat go bhfreagródh siad?
- Roimh dheireadh na bliana seo beidh Sacraimint an Chóineartaithe ceiliúrtha agat. I Sacraimint an Chóineartaithe faighimid seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh. (Má tá an Cóineartú faighte cheana féin ag na páistí, d'fhéadfá cuireadh a thabhairt dóibh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a liostáil.)
- Conas is féidir linn buíochas a thaispeáint as na bronntanais atá faighte againn?
- Cé acu is fearr - bronntanais a thabhairt nó a fháil?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Bronntanais' a léamh **ar leathanach 82 dá leabhar.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### BRONNTANAIS Ó DHIA

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 82 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh machnamh a dhéanamh ar na bronntanais a thug Dia dóibh agus ansin scríobh fúthu nó íomhánna a tharraingt de chuid de na bronntanais sin sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

- Is í an cheist mhór ná:

**Cad é an bronntanas is fearr nach féidir le hairgead a cheannach?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí teacht ar fhreagraí ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun iad a spreagadh:

- Cad iad na bronntanais is mó a bhfuil tú buíoch astu? Bronntanas na beatha? An ghrá? Do theaghlach? As cairdeas? As sonas?
- Cad a bheadh níos tábhachtaí duit ar do lá breithe – bronntanas daor a fháil nó cairde agus teaghlaigh a bheith agat chun ceiliúradh a dhéanamh agus spraoi a bheith agat leo?
- Más mian leat a thaispeáint do bhall teaghlaigh an grá atá agat dóibh, cad a dhéanann tú? An mbíonn airgead ag teastáil uait chun grá a thaispeáint?
- An féidir le hairgead na rudaí fíorthábhachtacha a cheannach?

Ag deireadh na díospóireachta tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ó na dearcaí difriúla a chuala siad..

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AN CHEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roinn an rang ina dhá ghrúpa, agus tógfaidh gach ceann acu casadh ag léamh véarsaí ó Salm 100:1-5.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Léifimid roinnt véarsaí anois ó Salm 100, atá ar fáil i Leabhar na Salm sa Sean-Tiomna.

**Grúpa 1:** Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile;
fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

**Grúpa 2:** Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann.
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.

**Grúpa 1:** Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh.
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le cainticí.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

**Grúpa 2:** Nach maith é go deimhin an Tiarna;
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile.

**Múinteoir:** Gabhaimid buíochas leat, a Dhia, as do mhaitheas dúinn. An féidir leat smaoineamh ar chúig rud ar mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia astu inniu? Glacaimid cúpla nóiméad go ciúin anois le machnamh a dhéanamh ar na rudaí sin agus buíochas a ghabháil le Dia astu. Is féidir leat do shúile a dhúnadh más mian leat.

*Tabhair roinnt ama do na páistí.*

**Múinteoir:** Cuirimid críoch lenár nguí inniu agus na focail a mhúin Íosa dúinn a rá le chéile.
**Gach duine:** Ár nAthair, atá ar neamh …

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a caitheamh ag machnamh go ciúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Bí ar an eolas faoi láithreacht Dé leat ag an nóiméad seo ... Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thug Dia duit … Bronntanas na beatha … Bronntanas den domhan álainn seo a bhfuil cónaí againn ann ... Bronntanas a chuid cairdis ... Bronntanas Slánaitheora chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil saor ón bpeaca, grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt do dhaoine eile … Bronntanas na hEocairiste … Bronntanas an Spioraid Naoimh ... Bronntanas na beatha síoraí agus sonas leis go deo ar neamh má roghnaíonn tú é a leanúint agus cas ar shiúl ón bpeaca ... Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile é a chloisteáil, tabhair freagra do Dhia i do chuid focal féin ... Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

## AG COMHRÁ

### ULLMHÚ NA MBRONNTANAS: AG TAIRISCINT ÁR MBRONNTANAIS DO DHIA

Roinn an t-eolas agus na ceisteanna seo a leanas leis an páistí:

- Is é an bronntanas is mó a thug Dia dúinn ná a Mhac Íosa, a fuair bás chun sinn a shábháil ónár bpeacaí, agus a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa. An féidir leat smaoineamh ar an gcaoi ar mhaith leat freagra a thabhairt ar an mbronntanas seo?
- An cuimhin leat cad is brí leis an bhfocal 'Eocairist'? (*buíochas*). Is é an tAifreann an phaidir bhuíochais is mó atá againn chuig Dia as a bhronntanais go léir, agus ach go háirithe as bronntanas Íosa, a fuair bás chun sinn a shábháil. Nuair a théimid ar Aifreann is féidir linn páirt a ghlacadh sa phaidir bhuíochais seo chuig Dia.
- Tar éis Liotúirge an Bhriathair, agus ag tús Liotúirge na hEocairiste, is ea a tharlaíonn **Ullmhú na mBronntanas**. Seo an t-am nuair a tugann baill den phobal an t-arán agus an fíon, a dhéanfar a athrú isteach i gCorp agus i bhFuil Íosa Críost, agus a fhaighimid sa Chomaoineach Naofa, chuig an altóir. Is féidir bronntanais a thabhairt chuig an altóir freisin chun cabhrú le riachtanais na mbocht agus na hEaglaise.
- Le linn Ullmhú na mBronntanas cuireann an sagart braon uisce isteach i gcailís an fhíona. Léiríonn sé seo na hofrálacha uainn féin, ár mbronntanais chomh maith lenár bhfadhbanna agus ár n-imní, faoi mar a ofráil Íosa é féin ar an gCros.
- Tréimhse atá in Ullmhú na mBronntanas freisin nuair is féidir linn bronntanais phearsanta ár ngrá a thairiscint agus buíochas ónár gcroí a thabhairt do Dhia. Beidh tú ag foghlaim níos mó faoi seo níos déanaí sa cheacht seo.

D'fhonn tuiscint na bpáistí a fhorbairt ar an gcaoi a nglaoitear ar dhaoine páirt a ghlacadh ag an Aifreann, mínigh dóibh gur le linn Ullmhú na mBronntanas ag an Aifreann, tá seans againn ár mbronntanais phearsanta féin a thairiscint do Dhia freisin. Tá go leor cineálacha éagsúla bronntanas ann is féidir linn a thairiscint do Dhia, agus ní gá na bronntanais seo a bheith ina mbronntanais fhisiciúla. Is bronntanais iad a chuirimid ar fáil ó chiúnas ár gcroí. Mar shampla, is féidir linn na nithe seo a leanas a thairiscint:

- An t-am a chaithimid ag guí
- Roghnú ár gcoinsiasa a leanúint
- Maithiúnas a thabhairt do dhuine a ghortaigh muid
- Ár n-iarrachtaí an rud atá ceart a dhéanamh
- Ár n-obair scoile
- Gach ar féidir linn a bhaint amach trí úsáid a bhaint as ár mbronntanais phearsanta agus as ár mbuanna
- Ár mbuarthaí agus ár bhfadhbanna

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/ nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn siad leis? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin?

**'Ní bhaineann tábhacht leis na bronntanais phearsanta is féidir liom a thairiscint do Dhia le linn Ullmhú na mBronntanas ag an Aifreann. Ní dócha go rachaidh siad i bhfeidhm ar Dhia!'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas ó 'Fióna Fiosrach'. Is féidir leo freagairt trí na cúiseanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a thabhairt.



**Ó Leabhar na bPáistí**
Iarr ar na páistí an t-alt dar teideal **AG AN AIFREANN DÉANAIMID CUMARSÁID LE DIA TRÍNÁR nURNAÍ** a léamh. Iarr orthu **leathanaigh 83-84 a léamh freisin**.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO PHAIDIRSE AG AN AIFREANN

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 84 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh nóta a dhéanamh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach ar aon phaidreacha ar mhaith leo a rá an chéad uair eile a bheidh siad ag an Aifreann.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ó thús ama, bhí Dia ag iarraidh bronntanas a ghrá a roinnt linn. Chruthaigh Dia an domhan agus thug bronntanas na beatha agus bronntanas a chairdis dúinn. Roghnaigh Ádhamh agus Éabha dul ar shiúl ón gcairdeas seo - rinne siad neamhaird de Dhia agus roghnaigh siad an rud mícheart a dhéanamh (peaca). Ó shin i leith, tá peaca, fulaingt agus bás mar chuid de scéal an duine.

Ach mar sin féin, bhí grá chomh mór sin ag Dia do dhaoine nár thréig sé riamh iad. Lean sé air ag tairiscint a chairdeas dóibh agus rinne sé cúnaint leo chun cabhrú leo fanacht dílis dó, ach bhris na daoine a ngealltanais do Dhia go rialta. Ar deireadh, chuir Dia Slánaitheoir chun daoine a shaoradh ón bpeaca agus ón olc. Fuair Íosa bás ar an gCros ar ár son. D'fhreagair Dia an tAthair le híobairt Íosa trína ardú ó na mairbh.

Sular fhill Íosa ar an Athair ar neamh thug sé bronntanas na hEocairiste dúinn, áit ar féidir linn a ghrá a fháil. Má roghnaímid glacadh le gealltanas agus le bronntanas an tslánaithe agus chun maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn, is féidir linn dul isteach le Dia ar neamh nuair a fhaighimid bás. Ag an Aifreann tá an deis againn guí le buíochas a ghabháil as gach a rinne Dia dúinn. Trínár mbronntanais féin a aontú le bronntanas Íosa, is féidir linn páirt a ghlacadh i bplean Dé chun an domhan a shábháil.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO FREAGRA AR BHRONNTANAIS DÉ

- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid smaointe agus machnaimh a scríobh faoi na bronntanais éagsúla atá acu, agus an míniú atá orthu, sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.
- Nó, b'fhéidir gur mhaith leis na páistí íomhánna nó siombailí a tharraingt le bronntanais Dé a léiriú.

## PAIDIR

**Nóta:** *Seinn ceol machnamhach sa chúlra le linn na hurnaí seo. Cuir an chros chéasta in áit fheiceálach sa spás urnaí. Cuir ciseán os comhair na croise. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Beidh píosa beag páipéir agus peann luaidhe ag teastáil ó gach páiste.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

*Tabhair píosa beag páipéir agus peann luaidhe do gach páiste.*

**Múinteoir:** Táim ag tabhairt cuireadh daoibh anois bronntanas a léiriú ar an bpíosa páipéir ar mhaith libh a thairiscint do Dhia ag an gcéad Aifreann eile a dtéann sibh chuige. Beidh sibh ag cur na píosaí páipéir seo sa chiseán. Ní fheicfidh aon duine eile an méid atá scríofa agat, agus ní gá duit d'ainm a chur ar an bpáipéar - ach cúpla focal ag ainmniú nó ag cur síos ar an méid a bheidh á thairiscint agat do Dhia. Is féidir leat pictiúr a tharraingt freisin.

*Tabhair roinnt ama do na páistí go ciúin chun machnamh a dhéanamh ar an rud ba mhaith leo a thairiscint do Dhia; mar shampla, a bheith cabhrach do dhaoine eile, nó roinnt ama a caitheamh ag guí, a mbronntanais agus a gcuid buanna a úsáid chun bheith faoi mar is mian le Dia iad a bheith, srl.*

**Múinteoir:** Nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat do bhealach a dhéanamh go ciúin chuig an spás urnaí, do thairiscint a chur sa chiseán, agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag guí go ciúin roimh an gcros chéasta.

*Spreag na páistí chun timpeallacht chiúin a choinneáil go dtí go mbíonn deis ag gach páiste a mbronntanas a*

*thabhairt suas agus paidir a rá le hÍosa.*

**Múinteoir:** Cuirfimid deireadh lenár n-urnaí inniu trí Phaidir Hanná a ghuí le chéile ó leabhar Samúéil, fáidh, as an tSean-Tiomna.
**Gach duine:** *Tá mórtas croí orm sa Tiarna. Cuireadh breis le mo neart sa Tiarna.*

*Níl aon neach naofa mar an Tiarna*
*- níl aon neach seachas thú -*
*Níl carraig mar ár nDia.* (1 Samúéil 2:1-2)

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Ag an Aifreann cuimhnímid ar íobairt Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo caithfimid súil níos géire ar an Aifreann agus muid ag cuimhneamh ar íobairt Íosa. Ábhar teibí a bhíonn in íobairt go minic, mar sin tugtar sampla phraiticiúil do na páistí le scéal Naomh Maximilian Kolbe, a ghlac áit phríosúnaigh eile a bhí daortha chun báis in Auschwitz. Thug íobairt Maximilian bronntanas na beatha don príosúnach sin. Tugtar bronntanas na beatha síoraí dúinn uile de bharr íobairt Íosa ar an gCros.

Molaimid do na páistí teagmháil a dhéanamh le paidreacha Liotúirge na hEocairiste agus, ar an gcaoi sin, gnéithe na híobartha a fheiceáil iontu. Insítear an Parabal faoin Fhíniúin Fhíor do na páistí chun coincheap Phobail Dé mar Corp Chríost a léiriú.

## EOCHARFHOCAL

- **Íobairt:** Déanann duine íobairt nuair a dhéanann sé/sí rud atá an-deacair ar mhaithe le duine eile. Is minic a bhíonn baint ag íobairt le staonadh ó rud a thaitníonn linn, ar mhaithe le duine eile. Rinne Íosa íobairt mhór nuair a fuair sé bás ar an gCros ar ár son. Ó bhunú na hEaglaise go dtí an lá atá inniu ann, fuair go leor Críostaithe bás ar son an chreidimh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar ealaíne agus ábhair dathúcháin do gach páiste (faoi dhó)

# Féachaimis ...

## SCÉAL

**Féirín Lá Breithe**

Fáisc Eilís an t-uisce as a cuid gruaige agus í ag feitheamh ag geata na scoile dá máthair. Bhí deireadh anois leis na laethanta snámha, agus bheadh gnáth corpoideachas ar fáil an tseachtain seo chugainn. Le dhá mhí anuas ba é an ceacht snámha buaicphointe na seachtaine d'Eilís. Thaitin an t-uisce léi agus thug sé fuinneamh di. Ach bhí deireadh leis anois go ceann bliana eile.

Ar deireadh, tháinig a máthair. 'Bhuel, conas a bhí an snámh inniu - an bhfuair tú do shuaitheantas?' a d'iarr sí, fad is a dhún Eilís an doras.

'Sea, fuair mé é. Bhí an snámh go maith,' a d'fhreagair Eilís. Bhí ciúnas sa charr ar an turas abhaile. De ghnáth chuir Eilís an raidió ar siúl agus bheadh sí ag canadh leis na popamhráin is déanaí, ach ní dhearna sí é seo inniu. Stán sí amach an fhuinneog agus chas sí a gruaig idir a méara. Bhí imní ar a máthair. 'An bhfuil rud éigin cearr leat?' A d'fhiafraigh sí, nuair a stop siad ag solas dearg.

'Dúirt an traenálaí liom go bhfuilim nádúrtha san uisce agus gur chóir dom smaoineamh ar bhéim níos mó a leagan ar an snámh. D'iarr sí orm ar mhaith liom a bheith páirteach sa chlub snámha,' a d'fhreagair Eilís.

'Wow, tá sé sin go hiontach!' A dúirt a máthair, 'Shíl mé go mbeadh áthas ort dá bharr sin - cén fáth mar sin go bhfuil brón ort?

'Ní bheidh mé in ann é a dhéanamh...' arsa Eilís, ag caint trína fiacla, agus í ag féachaint amach an fhuinneog. 'Costas mór atá i gceist... idir trealamh snámha agus táille traenála. Agus chomh maith leis sin, bailíonn siad le chéile trí mhaidin sa tseachtain ag a sé a chlog.



Tá sé ceart go leor do na páistí a chónaíonn sa bhaile, ach táimid leathuair an chloig ar shiúl. Fiú dá mbeadh an t-airgead agaibh, ní ceart a iarraidh ortsa nó ar Dhaidí éirí ag a cúig a chlog ar maidin. Tá a fhios agam cé chomh maith is a thaithníonn an codladh leis an mbeirt agaibh. Mar sin nílim chun é a dhéanamh.'

Chuir Mam brú ar lámh Eilís agus d'athraigh sí ábhar na cainte. 'Ar mhaith leat cabhrú liom an císte a bhácáil do do lá breithe amárach nuair a théimid abhaile?' Chuir sin aoibh ghháire ar ais ar aghaidh Eilís.

Tar éis 'Lá Breithe Sona' a chasadh an tráthnóna ina dhiaidh sin, thóg Daid pacáiste mistéireach amach. 'Lá breithe sona Eilís,' a dúirt sé, 'seo bronntanas uaimse agus ó do mháthair.'

D'oscail Eilís an bronntanas - mála spóirt gorm a bhí ann! Bhí 'Club Snámha Sóisearach Pháirc an Chaisleáin' scríofa i litreacha móra buí ar thaobh an mhála.

'Cad é seo' a scairt Eilís, 'an bhfuil sibh dáiríre? Beidh ar dhuine agaibh éirí ag a cúig a chlog trí mhaidin in aghaidh na seachtaine!'

Thug Daid barróg di. 'Is fiú duit é,' a dúirt sé.

'Agus ní miste liom íobairt a dhéanamh do dhuine a bhfuil grá agam di,' a dúirt a máthair, agus thug sí barróg mhór di freisin.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ó ord íseal a chur orthu cosúil leis na cinn seo a leanas, atá **ar leathanach 86 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth a raibh Eilís mishásta ag tús an scéil?
- Cad iad **na híobairtí** a bheadh le déanamh ag a tuismitheoirí dá mbeadh Eilís le dul isteach sa chlub snámha?
- Cén bronntanas lá breithe a thug tuismitheoirí Eilís di?
- Cén fáth ar cheap a tuismitheoirí gurbh fhiú íobairtí a dhéanamh ar a son?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

• Cad a cheapann tú faoin mbronntanas lá breithe a thug tuismitheoirí Eilís di?

- Cad iad na híobairtí eile a d'fhéadfadh a bheith le déanamh ag tuismitheoirí Eilís ionas go mbeadh sí in ann páirt a ghlacadh sa chlub snámha?
- Cén íobairt a bhí Eilís réidh le déanamh dá tuismitheoirí? (*Bhí sí ullamh gan dul isteach sa chlub snámha toisc nár theastaigh uaithi go mbeadh ar a tuismitheoirí éirí go luath chun í a*

*iompar chuig traenáil.)*

- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a rinne duine éigin íobairt ar do shon? Cad a rinne siad? Conas a d'fhreagair tú? Conas a mhothaigh tú de bharr an méid a bhí déanta acu?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a rinne tú íobairt ar son duine eile? Cén fáth go ndearna tú sin? An féidir leat cur síos a dhéanamh ar conas a mhothaigh sé?

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### FOCAIL BHUÍOCHAIS

- Iarr ar na páistí machnamh a dhéanamh ar conas a bhraith siad tar éis do dhaoine eile íobairtí a dhéanamh ar a son. An bhfuil duine ar bith, ach go háirithe, a thagann chun cuimhne?
- Tabhair cuireadh dóibh ansin nóta gairid buíochais a scríobh chuig an duine sin. Is féidir leo an nóta a thabhairt don duine, nó is féidir leo é a chur sa spás urnaí.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** (*agus an choinneal á lasadh*) Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Éistimis anois le cúpla véarsa as Leabhar Iúidit ón tSean-Tiomna. (Iúidit 16:14-17)

**Léitheoir 1: '***Canfaidh mé iomann nua do mo Dhia.*
*A Thiarna, is mór é thú agus is glórmhar,*
*Is éachtach thú i neart, agus ní féidir thú a chloí.'*

**Léitheoir 2:** *'Go bhfóna do chruthaíocht go léir duit,*
*Óir labhair tú agus rinneadh iad.*
*Sheol tú do spiorad uait agus chum sé iad.*
*Níl aon duine ann a d'fhéadfadh cur i gcoinne do ghlóire.'*

**Léitheoir 3:** *'Creathfar na sléibhte óna mbonn*
*Ina meascán leis na huiscí.*
*Leáfaidh na carraigeacha romhat*
*Faoi mar a dhéanfadh an chéir.*
*Ach beidh tú trócaireach i gcónaí*
*Leis an muintir ar a bhfuil eagla romhat.'*

**Léitheoir 4:** *'Is suarach é gach íobairt mar ofráil chumhra.*
*Agus sé is lú ar fad ná an tsaill d'íobairt loiscthe.*
*An té ar a bhfuil eagla ar an Tiarna, beidh tathag ann go brách.'*

**Múinteoir:** Inniu gabhaimid buíochas le Dia as na híobairtí go léir a rinne daoine eile ar ár son. Caithfimid cúpla nóiméad go ciúin chun guí a dhéanamh ar son na ndaoine inár saol a bhfuil an oiread sin grá acu dúinn go ndéanann siad íobairtí ar ár son.

*Tabhair roinnt ama do na páistí paidir a rá go ciúin.*

**Múinteoir:** Cuirimid críoch lenár nguí inniu agus na focail a mhúin Íosa dúinn a rá le chéile.
**Gach duine:** Ár nAthair, atá ar neamh …

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH MAXIMILIAN KOLBE (1894-1941)

B'fhéidir go gcuideoidh scéal Maximilian Kolbe agus an íobairt a rinne sé ar mhaithe le fear eile, leis na páistí tuiscint níos doimhne a fháil ar íobairt Íosa do gach duine againn.

**Laoch Críostaí: Naomh Maximilian Kolbe (1894-1941)**

Ba shagart Polannach é Maximilian Kolbe. Bhí sé ina chónaí i mainistir sa Pholainn nuair a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda. Rinne arm na Gearmáine ionsaí ar an bPolainn. Tugadh an t-ainm 'Naitsithe' ar shaighdiúirí na Gearmáine. D'fhan Maximilian sa mhainistir agus thug sé féin agus na bráithre eile dídean do na Giúdaigh a bhí ag iarraidh éalú ó na Naitsithe. Ar deireadh, ghabh na Naitsithe Maximilian agus cuireadh chuig an sluachampa géibhinn é in Auschwitz.

Fad is a bhí sé ansin, d'éirigh le líon beag príosúnach éalú. Chun eagla a chur ar na príosúnaigh eile agus lagmhisneach a chur orthu maidir le héalú, roghnaigh na gardaí Naitsíocha deichniúr fear le marú. Scread duine de na fir a roghnaíodh, fear darbh ainm Franciszek, 'Mo bhean chéile, mo pháistí!' D'impigh sé ar na gardaí gan é a mharú ar mhaithe lena leanaí. Chuala an tAthair Maximilian impí Franciszek agus bhí brón air agus trua aige dó. Sheas sé suas agus d'iarr sé ar an ngarda an bhféadfadh sé áit Franciszek a ghlacadh. D'aontaigh an garda, agus cuireadh an tAthair Maximilian go dtí an buncar chun bás a fháil leis an naonúr eile.

Gan bia nó uisce, fuair na príosúnaigh bás, duine ar dhuine. Rinne an tAthair Maximilian pé rud a d'fhéadfadh sé a dhéanamh chun cabhrú leis na fir eile, agus ghuigh sé leo. Ba é an tAthair Maximilian an fear deireanach a fuair bás.

D'fhreastail Franciszek Gajowniczek, an príosúnach sin ar shábháil Naomh Maximilian é, ar an searmanas inar dearbhaíodh gur naomh é an tAthair Maximilian. Dúirt Franciszek: 'Ba mhaith liom mo bhuíochas as bronntanas na beatha a chur in iúl.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/den ord níos ísle a chur orthu, cosúil leo seo a leanas, atá ar fáil **ar leathanach 87 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth, dar leat, ar thairg Maximilian áit an fhir a daoradh chun báis a ghlacadh? An gceapann tú go raibh tionchar ag a chreideamh i nDia ar a chinneadh?
- Cén fáth, dar leat, nach raibh eagla ar Maximilian bás a fháil?
- Conas a mhothaigh Franciszek nuair a chonaic sé go raibh Maximilian chun a áit a thógáil, dar leat?
- Conas a léirigh Maximilian trína ghníomhartha gur laoch Críostaí a bhí ann?
- Thug Maximilian a bheatha go toilteanach chun Franciszek a shábháil. Cé a rinne a bheatha a íobairt go toilteanach ar son cách?

Ansin roinn na pointí seo leis na páistí:

- Tabhair an t-amlíne, a bhain le bronntanais Dé ón tseachtain seo caite, chun cuimhne agus faoi mar a rinne muintir ársa Iosrael iarracht rudaí a chur i gceart le Dia trí íobairt a ofráil.
- Ansin chuir Dia a Mhac Íosa chun cónaí inár measc. Thug Íosa a shaol ar ár son ar an gCros go bhféadfaimis a bheith saor ón bpeaca agus ón mbás. Sin é an fáth a dtugaimid ár Slánaitheoir ar Íosa.
- Mar gheall ar a bhás ar an gCros chun sinn a shábháil, is féidir le gach duine againn súil a chaitheamh ar an mbeatha shíoraí, rud a chiallaíonn sonas le Dia ar neamh go deo, má mhairimid mar a d'iarr sé orainn trí ghrá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile.
- Sula bhfuair sé bás, thug Íosa bronntanas na hEocairiste dúinn. Gach uair a théimid ar Aifreann agus a ghlacaimid an Comaoineach Naofa faighimid a Chorp agus a Fhuil, agus bíonn Íosa i láthair linn, díreach mar a bhí sé leo siúd a bhí ag an Suipéar Déanach.
- Ag an Aifreann cuimhnímid ar an íobairt a rinne Íosa ar ár son. Thug Naomh Tomás Acain 'Sacraimint an Ghrá' ar an Eocairist. An bhfuil tuairim ar bith agat faoin bhfáth gur thug sé an t-ainm seo uirthi?
- An dtugann tuiscint ar an nasc atá ann idir Íobairt Íosa ar ár son agus an tAifreann tuiscint níos fearr duit ar bhrí an Aifrinn? Cén fáth nó cén fáth nach dtugann?

Críochnaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí a lámha a chur le chéile, a súile a dhúnadh agus tú ag guí chuig Naomh Maximilian Kolbe:

A Naomh Maximilian Kolbe, thug tú do shaol mar íobairt
ionas nach mbainfí fear céile agus athair óna theaghlach.
Baineann gach duine againn le teaghlaigh.
Cuidigh linn a thuiscint gur fiú íobairtí a dhéanamh dár dteaghlaigh.
Bí linn, a Naomh Maximilian, agus muid ag guí ar son riachtanais ár dteaghlach. Áiméan.

**Tá scéal Naomh Maximilian Kolbe le fáil freisin ar lch 86 de leabhar na bpáistí. Spreag an páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ... ar leathanach 87.**

## CLEACHTADH DIALAINNE

### MO FHREAGRASA AR ÍOSA

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 87 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a gcuid freagraí pearsanta a thabhairt d'Íosa as a shaol a íobairt ar ár son.

### CUIMHNÍMID AR ÍOBAIRT ÍOSA AG AN AIFREANN

Iarr ar na páistí 'Cuimhnímid ar íobairt Íosa ag an Aifreann' a léamh ó leathanach 87 dá leabhar.

## DÁN

Iarr ar na páistí 'Cuimhnímid ar íobairt Íosa ag an Aifreann' a léamh **ó leathanach 87 dá leabhar.**

**Dán**

Cuir an dán thíos in aithne do na páistí. Tá an dán seo **ar leathanach 89 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Ag an Aifreann, cuimhnímid**

Ag an Aifreann, cuimhnímid
Ar ráiteas Íosa,
'Déanaigí é seo i gcuimhne orm.'
A bhás, a bheatha,
A ghrá, a shlánú.
Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.

An Eocairist mar chuimhne
Ar íobairt mhór Íosa –
Chun sinn a shábháil ónár bpeacaí.
Comhartha speisialta
Leis na cianta.
Déanaigí é seo i gcuimhne orm.

Ag an Aifreann, cuimhnímid
Ar ráiteas Íosa,
'Fillfidh mé arís, geallaim daoibh.'
Mhol sé dá chairde
É a fhógairt ó na harda.
Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil a gcuid tuiscint air ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cé na focail a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach arís agus arís eile atá sa dán seo?
- Ainmnigh trí rud a luaitear sa dán seo a rinne Íosa ár Slánaitheoir.

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil leo seo a chur:

- Cén chuid den Aifreann a chloisimid na focail 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'?
- Deir an dán go bhfuair Íosa bás 'chun sinn a shábháil ónár bpeacaí'. Cad is brí le sin? An ndéanann daoine peacaí fós? Cén bealach a ndéantar peacaí a mhaitheamh? Cé a thugann maithiúnas dúinn nuair a cheiliúraimid Sacraimint an Athmhuintearais? (*Dia, tríd an sagart*)
- Cén fáth a ndeir an dán go bhfillfidh Íosa arís anseo'? Cad is ciall le seo, dar leat? Cathain a fhillfidh Íosa ar ais arís?

# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## ÍOSA AGUS CORP CHRÍOST

Sa Pharabal faoin Fhíniúin Fhíor, déanann Íosa comparáid idir é féin agus fíniúin, agus baill na hEaglaise le géaga na fíniúna sin. Sula léann tú an parabal, iarr ar pháiste 'Corp Chríost' a léamh os ard **ó leathanach 88 de leabhar na bpáistí.**

**Parabal faoin Fhíniúin Fhíor (Eoin 15:1, 4-5, 7-10, 16-17)**

'Mise an fhíniúin fhíor, agus is é m'Athair an saothraí … Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh. Faoi mar nach féidir don ghéag toradh a thabhairt uaithi féin, mura bhfanann sí san fhíniúin, sin mar nach féidir daoibhse, mura bhfanann sibh ionamsa.

Mise an fhíniúin, sibhse na géaga; an té a fhanann ionamsa, agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh; óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh …

Má fhanann sibh ionamsa agus má fhanann mo bhriathra ionaibh, iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh agus déanfar daoibh é. Tugadh glóir do m'Athair sa mhéid go dtugann sibhse toradh mór uaibh, agus go mbeidh sibh in bhur ndeisceabail agamsa. Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá. Má choinníonn sibh m'aitheanta, fanfaidh sibh i mo ghrá, faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar, agus a fhanaim ina ghrá …

Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh; i dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.'

Tar éis do na páistí an parabal a chloisteáil, déan iniúchadh air agus na nótaí agus na ceisteanna seo a leanas á n-úsáid agat:

- Nuair a fhaighimid an Comaoineach Naofa, bímid cothaithe agus neartaithe le bheith mar Chorp Chríost ar domhan, cosúil leis na géaga a bhíonn neartaithe ag an bhfíniúin.
- Dúirt Íosa nuair a fhanfaimid aontaithe leis, go gcuirfimid 'torthaí' ar fáil, díreach mar a tháirgeann an fhíniúin fíonchaora. Chuir Íosa síos ar an 'toradh' seo mar 'an cineál toradh a mhaireann', agus a thagann nuair a thugaimid 'Grá dá chéile'. Cén 'toradh' a d'fhéadfadh Íosa a bheith ag smaoineamh air anseo? (*m.sh. grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht*)
- Conas a dhéanann aon cheann de na 'torthaí' seo a roinnt, le difríocht a dhéanamh inár saol? Difríocht i saoil daoine eile?

**Tá an Parabal faoin Fhíniúin Fhíor ar leathanach 88 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag an páistí é a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo … '.**

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Taispeánann scéal Maximilian Kolbe an tionchar gur féidir le bheith ag duine nuair atá sé/sí ullamh chun riachtanais daoine eile a chur os comhair a gcuid riachtanas féin agus íobairtí agus roghanna neamhleithleacha a dhéanamh ar mhaithe le daoine eile. Rinne Íosa an íobairt deiridh nuair a rinne sé a shaol a íobairt ar son gach duine againn, ionas go mbeimid in ann beatha i gcomaoin le Dia a roghnú, anois agus tar éis dúinn bás a fháil. Ceiliúrann Liotúirge na hEocairiste agus cuimhníonn sé ar íobairt Íosa ar ár son, agus tugann an tAifreann deis dúinn taithí a fháil ar bhrí na híobartha seo agus ar a tábhacht dár saol don lá atá inniu ann. Nuair a fhaighimid Íosa sa Chomaoineach Naofa, tugtar misean dúinn - maireachtáil mar Chorp Chríost ar domhan. Cuireann an Parabal faoin Fhíniúin Fhíor i gcuimhne dúinn gur féidir linn an misean sin a chur i gcrích agus grá Dé a thabhairt do dhaoine eile trí bheith aontaithe le hÍosa.

## AG COMHRÁ

### FAOI PHAIDIR NAOMH PROINSIAS ASSISI

- Inis do na páistí go raibh roinnt smaointe ag Naomh Proinsias Assisi faoin gcaoi a bhféadfadh sé a bheith mar bhall den Fhíniúin Fhíor agus na 'torthaí' den chaidreamh sin a thabhairt do dhaoine eile.
- Léigh an phaidir seo a leanas a scríobh Naomh Proinsias, **atá ar fáil freisin sna 'Paidreacha' ar chúl leabhar na bpáistí.**

**Paidir Naomh Proinsias Assisi**
A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá,
Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, deonaigh gur mhó liom sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.
Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin is ea a mhaitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí sinn. Áiméan.

Tar éis do na páistí an phaidir a chloisteáil/a léamh, déan comhrá mar gheall air agus na ceisteanna seo nó a leithéid á n-úsáid agat:

- Cad a bhí i gceist ag Proinsias, dar leat, nuair a d'fhiafraigh sé de Dhia 'cuisle a shíochána' a dhéanamh de? An mbeadh an rud céanna uait freisin?
- Cad a bhí Proinsias ag iarraidh a 'cur' ar domhan? Cé acu de na rudaí seo ba mhaith leat a 'cur' nó a mhéadú i do shaol? Conas a d'fhéadfadh níos mó de aon cheann de na rudaí seo athrú nó difríocht a dhéanamh do do shaol?
- Dúirt Proinsias, 'Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn.' An aontaíonn tú leis seo? Conas a thabharfá míniú ar seo?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### 'TORTHAÍ NA FÍNIÚNA' INÁR SAOIL

**Nóta:** Beidh páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil do gach páiste.

- Tabhair bileog páipéir ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach páiste. Iarr orthu an teideal 'Torthaí na Fíniúna' a scríobh ag barr a leathanaigh.
- Tabhair cuireadh dóibh ansin smaoineamh ar roinnt cáilíochtaí maithe nó gnéithe dá bpearsantachtaí a tháinig ó bheith ag maireachtáil mar lucht leanúna Íosa agus ba mhaith leo a roinnt le daoine eile, mar shampla a gcuid grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht, srl.
- Spreag na páistí chun imlínte torthaí a tharraingt a fhásann ar fhíniúnacha, mar shampla caora fíniúna, trátaí nó cíobhaíonna. Tabhair cuireadh dóibh ainm a thabhairt agus/nó cur síos a dhéanamh ar/nó timpeall gach toradh ar na rudaí maithe a thagann ó bheith ina lucht leanúna Íosa agus maireachtáil mar a d'iarr sé orainn.
- Nuair a bheidh na páistí críochnaithe, bailigh gach saothar ealaíne agus cuir sa spás urnaí iad. Úsáidfear iad i rith na hurnaí ag deireadh an cheachta.

## PAIDIR (LE hEALAÍN)

*Mar ullmhúchán:*

- *Scríobh an frása seo a leanas ar an gclár: 'Is brainse den Fhíor-Fhíniúin mé. Is comhalta de Chorp Chríost mé.'*
- Abair leis na páistí go gcaithfidh siad roinnt ama ag machnamh ar an ráiteas seo agus toradh ealaíne a chruthú i ndiaidh an mhachnaimh.
- Tabhair bileog pháipéir ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach páiste.
- Roghnaigh páiste chun an sliocht ón Scrioptúr a léamh.
- Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.
- Tabhair cuireadh do gach páiste a saothar ealaíne 'Torthaí na Fíniúna' a thógáil ón spás urnaí agus é a choinneáil gar dóibh, mar beidh sé ag teastáil uathu le linn na hurnaí.
- Iarr ar na páistí a bheith ciúin mar ullmhúchán don urnaí.
- B'fhéidir gur maith an rud é ceol machnamhach a sheinm sa chúlra chun atmaisféar urnaí a chothú.

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.

Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.

Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram. Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo, rinneamar machnamh ar an íobairt a rinne Íosa ar ár son trí bhás a fháil ar an gCros chun sinn a shábháil ónár bpeacaí. Fuair sé bás ionas go mbeadh beatha againn agus go mairimis go sona leis go deo, má roghnaímid é a leanúint agus maireachtáil sa tslí a d'iarr sé orainn. Sa Soiscéal de réir Naomh Eoin deir Íosa, 'Má ardaítear mise ón talamh tarraingeoidh mé gach duine chugam féin' (Eoin 12:32).

Éistimis arís leis an méid a dúirt Íosa faoin gcaoi a bhfuil gaol eadrainn faoi mar atá ag an fhíniúin agus a ghéaga.

**Léitheoir:** *Mise an fhíniúin fhíor, agus is é m'Athair an saothraí … Fanaigí ionamsa, agus mise ionaibh. Faoi mar nach féidir don ghéag toradh a thabhairt uaithi féin, mura bhfanann sí san fhíniúin, sin mar nach féidir daoibhse, mura bhfanann sibh ionamsa.*
*Mise an fhíniúin, sibhse na géaga; an té a fhanann ionamsa, agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh; óir gan mise, ní féidir daoibh aon ní a dhéanamh …*

*Má fhanann sibh ionamsa agus má fhanann mo bhriathra ionaibh, iarrfaidh sibh cibé ní is mian libh agus déanfar daoibh é. Tugadh glóir do m'Athair sa mhéid go dtugann sibhse toradh mór uaibh, agus go mbeidh sibh in bhur ndeisceabail agamsa. Faoi mar a thug an tAthair grá domsa, thug mise grá daoibhse chomh maith. Fanaigí i mo ghrá. Má choinníonn sibh m'aitheanta, fanfaidh sibh i mo ghrá, faoi mar a choinnigh mise aitheanta m'Athar, agus a fhanaim ina ghrá …*

*Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt agus go mairfeadh bhur dtoradh; i dtreo, cibé ní a d'iarrfadh sibh ar an Athair i m'ainm, go dtabharfadh sé daoibh é. Is iad seo m'aitheanta daoibh: sibh a thabhairt grá dá chéile.* (Eoin 15:1, 4-5, 7-10, 16-17)

**Múinteoir:** Tóg nóiméad ciúin anois chun machnamh a dhéanamh ar do chaidreamh le hÍosa.

Ar mhaith leat a bheith aontaithe le hÍosa chomh dlúth is atá an fhíniúin aontaithe lena ngéaga?

Ar mhaith leat a rá le hÍosa, 'Is géag mise den Fhíor-Fhíniúin. Táim mar chomhalta de Chorp Chríost'? (*Sos*)

Más rud é gur mhaith leat é seo a rá le hÍosa, tóg roinnt ama anois chun é a rá go healaíonta. Is féidir leat pictiúir nó siombailí a tharraingt nó focail a úsáid.

*Lig do na páistí am a chaitheamh ag tarraingt nó ag scríobh de réir mar is mian leo.*

**Múinteoir:** Féach anois ar an saothar ealaíne 'Torthaí na Fíniúna' a rinne tú níos luaithe. Tugaim cuireadh duit dhá cheann de na 'torthaí' a roghnú - na cáilíochtaí maithe sin de do phearsantacht atá forbartha agat trí Íosa a leanúint - agus le do ghuth inmheánach abair le hÍosa go ndíreoidh tú ar na 'torthaí' sin a thairiscint do dhaoine eile i rith na seachtaine seo chugainn. (*Sos*)

**Múinteoir:** Guímis *Paidir Naomh Proinsias Assisi* le chéile anois.
**Gach duine:** A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá,

Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, deonaigh gur mhó liom
Sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná a fháil.

Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin is ea a mhaitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa bheatha shíoraí sinn. Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Téama 9: Moráltacht

Ceacht 1: Sárshaothar Dé is ea gach duine againn! .................. 357
Ceacht 2: Thug Dia saorthoil dúinn .............................................. 368
Ceacht 3: Is féidir linn lonrú ar nós Íosa .................................... 380

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Is féidir leis an taithí a fhaighimid ar an olc, ar an bhfulaingt, ar an éagóir agus ar an mbás dúshlán a thabhairt don chreideamh reiligiúnach. (ChEC 164).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Taispeánann Íosa dúinn céard leis is cosúil é Dia an tAthair (DV 4, 17; ChEC 151, 473, 458, 516, 571; Eoin 14:9-10; Mc 1:11; Eoin 6:38).
- Bhí ardmheas ag Íosa ar mhná (FC 22).

**Cruthú an Domhain**

- Tá caidreamh sainiúil, buan ag gach fear agus bean le Dia an Cruthaitheoir toisc gur cruthaíodh iad in íomhá agus i gcosúlacht Dé (Gein 1:27; ChEC 343, 355).
- Beirtear gach duine le Peaca an tSinsir, le claonadh i dtreo an pheaca agus slánú de dhíth orthu (ChEC 403, 419; GS 13).
- Glanann an Baisteadh Peaca an tSinsir trí bhás Chríost. Iompaíonn an Baisteadh ar ais chun Dé sinn ach tá an claonadh i dtreo an pheaca ionainn i gcónaí agus teastaíonn cúnamh ghrásta Dé uainn (ChEC 405-410).

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Leanann daoine pósta Críost nuair a thugann siad iad féin dá chéile go hiomlán le grá agus seirbhís. Sa phósadh geallann fear agus bean grá a thabhairt dá chéile agus a bheith dílis dá chéile ar feadh an chuid eile dá saol. 'Uime sin, fágann an fear a athair agus a mháthair agus cloíonn sé lena bhean, agus déanann aon fheoil amháin díobh'(cf. Gein 2:24) agus ar an mbealach seo beidh siad in ann beatha nua a thabhairt ar an saol, comhartha de mhaitheas, eagna agus plean grámhar an Chruthaitheora (LF 52).
- Déanann an Eaglais naoimh de dhaoine faoi leith de bhrí go raibh siad an-naofa agus go bhfuil sí cinnte go bhfuil siad sna flaithis agus de bhrí gur eiseamláirí a gcuid naofachta dúinn ar fad (ChEC 2683).

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá saoirse againn ár saol a threorú i dtreo na maithe, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, an fhírinne a chuartú.
- Tá saoirse againn freisin iompú ón mhaith agus cluas bhodhar a thabhairt do ghlaoch Dé agus do dhaoine eile.

### BRIATHAR DÉ

**An Scrioptúr Naofa**

- Salm 104. Ag tabhairt moladh do Dhia an Cruthaitheoir.
- Salm 106:1-3. Paidir lúcháire.
- Eoin 8:12. 'Is mise solas an tsaoil.'
- Lúc 15:11-32. An Mac Drabhlásach.
- Mth 5:44. 'bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí;'

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí**

- Glaonn Dia ar gach duine gan staonadh chun bualadh Leis Féin (ChEC 2591).
- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thógaimid. (ChEC 2567; GS 18).

*Paidreacha Breise*

- Benedictus

**Na Sacraimintí**

- Tá cur síos déanta ag Íosa ar phróiséis an athruithe agus an aithreachais sa pharabal

faoin mhac drabhlásach (ChEC 1439; RP 5, 10, 26).

- Nuair a dhéanaimid peaca, déanaimid dochar don chaidreamh atá againn le Dia agus leis an bpobal, Corp Chríost.
- Nuair a ghlacann Críostaithe sacraimint na hAithrí/an Athmhuintearais, faigheann siad maithiúnas ó Dhia ar na cionta a rinne siad ina aghaidh agus ag an am céanna déantar athmhuintearas leis an Eaglais a ghortaigh siad lena bpeaca. (LG 11).

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Is bronntanas ó Dhia é beatha an duine (Taisp 4:11; ChEC 295).
- Tá dínit agus cearta ag gach duine de bhrí go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé (GS 12, 26; ChEC 225, 356-57, 1907, 1701 ff., 1930, 2070).

**Saoirse agus Freagracht an Duine**

- Glaonn Dia orainn agus tá an saoirse againn é a fhreagairt (gairm bheatha).
- Is féidir linn coimhlint a bheith againn idir ceart agus mícheart, an mhaith agus an t-olc, solas agus dorchadas (GS 13; ChEC 1707).
- Is bronntanas ó Dhia é an coinsias agus cabhraíonn linn an rud ceart a aithint thar an rud mícheart (GS 16, ChEC 1713, 1776ff.).
- Is breithiúnas é an coinsias a chabhraíonn linn an mhaith a aithint agus freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha (ChEC 1781).

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh (ChEC 1697).
- Déanann Críostaithe rudaí maithe de bhrí gurb é sin an rud ceart le déanamh agus de bharr an ghrá atá acu do Íosa (ChEC 1828).
- Ordaíonn teagasc Íosa ar an ngrá dúinn gortaithe a mhaitheamh, ár naimhde a ghráú agus guí ar son ár ngéarleantóirí (Mth 5:44; Mth 6:14; Lúc 6:27-29; GS 28).
- Thug Íosa rabhadh dúinn go scriosann fearg agus fuath sinn (Mth 5:22; ChEC 2302).

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Múineann Íosa dá lucht leanúna meas, caoinfhulaingt agus comhbhá a bheith acu do dhaoine eile.
- Cuireann Íosa dínit na mban chun cinn (MD 12-13).
- Tá Íosa go mór in aghaidh na héagóra agus múineann sé dúinn conas maireachtáil de réir an chirt.
- Scéalta faoi eiseamláirí áitiúla, fiú daoine ar chomh aois leo féin, a léiríonn na cinntí agus na gníomhartha a fhéadfadh páistí aithris a dhéanamh orthu ina saol morálta féin.

# Ceacht 1: Sárshaothar Dé is ea gach duine againn!

## SULA DTOSAÍONN TÚ

I saol páiste an lae inniu is minic a thugtar meas do dhaoine de réir a rath, clú, áilleacht nó tóir. Uaireanta is féidir leis an atmaisféar ar líne a bheith criticiúil nó breithiúnach. Cad a bheadh le rá ag Dia faoi seo go léir? Is féidir le guthanna níos láidre inár saol, guth Dé a chiúiniú, ach is mian le gach duine againn guth Dé a chloisteáil agus é ag rá linn 'tá tú luachmhar ...', 'tugaim grá duit ...' 'cuireann tú áthas orm ... ', 'is tú mo pháiste muirneach ... '.

Sa cheacht seo tugaimid cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an méid a cheapann Dia fúthu, agus chun comparáid a dhéanamh le seo agus le haon dearcadh diúltach eile a thagann chucu. Tá sé tábhachtach chun am agus spás a thabhairt do na páistí éisteacht le Dia ag labhairt ina gcroí, agus sa tslí sin ligean do Dhia teachtaireacht spreagúil a thabhairt dóibh.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Dínit:** An meas atá tuillte ag gach duine againn mar gur páistí Dé muid agus, mar sin, go bhfuilimid uile speisialta.
**Geanmnaíocht:** Déanann Críostaithe geanmnaíocht a chleachtadh nuair a dhéanann siad iarracht a bheith modhúil ina n-iompar, ina gcuid éadaí agus ina gcuid cainte. Cabhraíonn bua na geanmnaíochta linn meas a bheith againn ar ár gcorp féin agus ar chorp daoine eile. Baineann tábhacht ar leith leis an ngeanmnaíocht nuair a bhíonn dlúthchumann ag beirt lena chéile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach bán agus ábhair dhathúcháin do gach páiste
- Nóta greamaitheach ar ardchaighdeán (m.sh. Post-Its) do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'An domhan a fheiceáil trí shúile Dé' do gach páiste

# Féachaimis …

## SCÉAL

**Nóta:** Scéal é seo faoi bheirt pháiste a aimsíonn pictiúr luachmhar de thaisme i ngailearaí ealaíne. Ba chóir go dtabharfadh an scéal tuiscint mhaith do na páistí faoin bhrí atá le bheith luachmhar, nó faoi ní nach féidir a fháil ar ais.

### Toradh an Áidh

Treoraí turais iontach ab ea Aindriú - cairdiúil, lách agus bhí sé in ann beocht a chur sna pictiúir sa ghailearaí ealaíne. Threoraigh sé an rang tríd an spás mór taispeántais thuas staighre sa ghailearaí. Stop Lana ar feadh nóiméid chun radharc níos fearr a bheith aici ar phictiúr beag ar an mballa os a comhair. Ghlaoigh Craig uirthi, 'Brostaigh ort Lana, táimid ag imeacht!' 'Féach ar seo,' a d'fhreagair sí, 'is ó 1647 an pictiúr seo – nach dochreidte é sin!' 'Tá cinnte,' a d'aontaigh Craig, 'ach ar aghaidh linn sula mbeidh na páistí eile imithe.' Go deimhin, bhí an rang iomlán imithe as radharc anois. Bhí an áit achrannach go leor agus sar i bhfad bhí an bheirt pháiste ar strae.

'Cloisim guthanna ag teacht ón áit thall, Craig,' arsa Lana, ag pointeáil chuig doras a bhí mar bhealach isteach go pasáiste dorcha. 'An bhfuil tú cinnte?' a d'iarr Craig. Shiúil siad go ciúin síos an pasáiste ag iarraidh na guthanna a leanúint, ach tháinig siad chuig staighre a bhí ag dul suas agus síos. 'Rachaimid in airde,' a mhol Craig, 'is féidir linn teacht ar ais mura bhfuil siad ann.' Níor thug barr an staighre misneach dóibh. Pasáiste dorcha eile a bhí ann, le deannach agus gréasáin damhán alla i ngach áit. 'Ní maith liom an áit seo,' a dúirt Lana. Chuaigh Craig ar aghaidh agus bhrúigh sé doras ar oscailt a bhí leath oscailte cheana féin. Bhí an focal 'Aircív' scríofa ar an doras.

Bhí deannach ar gach rud sa seomra. 'Is cosúil nach raibh aon duine istigh anseo leis na blianta,' a dúirt Craig. Bhí seilfeanna ar na ballaí, agus bhí gach seilf lán go hard le nuachtáin. 'Ó, is aircív nuachtán atá ann,' a dúirt Lana. 'Thar barr! N'fheadar an bhfuil aon nuachtáin acu ó 1916 a d'fhéadfaimis a úsáid dár dtionscadal staire. Ní bheadh a léithéid ag aon duine eile!'

'Níl mé cinnte an cóir dúinn lámh a leagan ar rud ar bith,' a dúirt Craig go neirbhíseach.

Bhí Lana tosaithe ar sheilf amháin agus chuardaigh sí trí charnán nuachtán chun teacht ar an dáta ceart. Ansin thug sí rud éigin toirtiúil faoi deara faoi bhun na nuachtán. 'Cad é seo?' Tharraing Craig amach é. Pacáiste mór cothrom a bhí ann, clúdaithe le páipéar donn agus ceangailte le téad. Bhí seoladh scríofa air: Na hUasail Galloway agus Hunt, Athchóiritheoirí Proifisiúnta Iomhánna, 23 Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath 2.

'Ó wow, is pictiúr é!' a scairt Lana. 'N'fheadar cén fáth ar fágadh anseo é. B'fhéidir gur chóir dúinn é a thaispeáint do Aindriú. Cad é a cheapann tú?' 'Déanfaimid é,' d'aontaigh Craig, 'cé go bhféadfadh sé seo muid a chur i dtrioblóid mhór!'

Síos an staighre a chuaigh siad, ar aghaidh go dtí an bunurlár, ag iompar an phacáiste mór eatarthu. Nuair a shroich siad an bealach isteach, chonaic siad an chuid eile den rang ina suí ar na binsí taobh leis an mballa. Bhí an múinteoir, an tUasal Ó Muirí, míshásta. 'Seo anois sibh,' a dúirt sé, ag tabhairt sracfhéachaint orthu agus iad ag siúl chuige féin agus Aindriú. 'Cá raibh sibh?' a d'iarr sé. 'Agus cad é sin atá agaibh?' 'Tá brón orainn a mhúinteoir, chuamar ar strae, ach féach cad a fuaireamar!' D'ardaigh siad an pacáiste in airde.

'Cá bhfuair sibh é seo?' a d'iarr Aindriú, agus é ag glacadh an phacáiste agus ag féachaint ar an seoladh air. 'Bhí sé san aircív nuachtán a fuaireamar thuas staighre,' d'fhreagair Lana. 'Bhí sé i bhfolach faoi charn nuachtán.'

Scaoil Aindriú an téad agus d'fhill sé an páipéar ar ais go réidh chun canbhás i bhfráma iontach a thaispeáint. Bhí an cuma air gur portráid de theaghlach a bhí ann, cé go raibh na dathanna imithe i léig. Ach anois bhí dath geal dearg ar aghaidh Aindriú. 'Ó, go sábhála Dia sinn!' a scairt sé, agus rith sé trasna go dtí an deasc fáiltithe agus rug sé ar an micreafón don idirchum. 'An féidir leis an Ollamh Ní Bhreithiún teacht go dtí an deasc tosaigh LÁITHREACH, tá sé seo PRÁINNEACH!' a scairt sé, agus clúdaigh na páistí a gcluasa de bharr torann a ghutha. D'fhéach Craig agus Lana ar a chéile. 'An dóigh leat go bhfuil sé seo go maith nó an mbeidhimid i dtrioblóid?' arsa Lana. 'Níl a fhios agam,' d'fhreagair Craig, go neirbhíseach.

Díreach ansin tháinig bean mhífhoighneach

…

...

síos an staighre. 'Tá súil agam go bhfuil tábhacht ag baint le seo, Aindriú,' a dúirt sí. 'Tá cinnte, a Ollaimh,' a dúirt Aindriú, 'tá na páistí seo tar éis an Vermeer, a chuaigh ar iarraidh caoga bliain ó shin, a aimsiú!' 'Ó go sábhála Dia sinn!' arsa an tOllamh Ní Bhreithiún, agus í ar bís, cosúil le Aindriú. 'Ní féidir liom é a chreidiúint, tar éis na blianta sin go léir!' 'Cén fáth go bhfuil sibh ar bís – an pictiúr luachmhar atá ann?' a d'iarr Lana. 'Luachmhar?' a d'fhreagair Aindriú, 'tá sé ríluachmhar!'

Dhá sheachtain ina dhiaidh sin bhí na páistí ar ais sa ghailearaí ealaíne mar aíonna onóra. Bhí suíocháin tosaigh acu don searmanas nochta. Bhí an seomra lán le príomh-ealaíontóirí agus léirmheastóirí ealaíne na hÉireann agus bhí Nuacht RTÉ ag tuairisciú beo ón ngailearaí. Ar deireadh, tháinig an nóiméad. Thug an tOllamh Ní Bhreithiún óráid ghearr, sular tharraing sí an cuirtín veilbhit siar go bródúil chun an phéintéireacht a nochtadh. Líonadh an seomra le gártha mollta, ansin sheas gach duine agus thug siad bualadh bos. Ní raibh Lana agus Craig cinnte cén tábhacht a bhain leis an ócáid, ach bhí an-áthas orthu faoi thoradh an áidh.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur cosúil leo seo a leanas, atá le fáil **ar lch 90 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Conas a tharla sé go raibh Craig agus Lana scartha ón ngrúpa?
- Cad a bhí Lana ag súil le fáil i gcartlann an nuachtáin?
- Cé chomh sean agus a bhí an pictiúr a fuair siad, agus cé a rinne é a phéinteáil?
- Cén cur síos a rinne Aindriú ar an bpictiúr nuair a d'iarr Lana air an raibh sé luachmhar?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a chiallaíonn sé nuair a deirtear go bhfuil rud éigin gan phraghas? Cad a dhéanann péintéireacht, dar leat, gan phraghas? An féidir leat smaoineamh ar aon fhocal eile a chiallaíonn an rud céanna?
- Seachas pictiúir, cad iad na cineálacha rudaí eile an gcuirtear síos orthu mar 'gan phraghas' nó luachmhar?
- An bhfuil aon rud nó duine ar bith i do shaol a chuirfeá síos air/uirthi mar 'gan phraghas' nó luachmhar? (*Spreag na páistí le smaoineamh ar rudaí nach féidir le hairgead a cheannach – cosúil leis na daoine ina saol, teaghlach, cairdeas, srl.)* Cén fáth go bhfuil na rudaí/daoine seo 'gan phraghas' dar leat?
- Tugann gailearaithe ealaíne an-aire dá bpictiúir toisc go bhfuil a fhios acu go bhfuil gach pictiúr uathúil agus nach féidir a chur ar ais. Conas a thugann tú aire do na rudaí luachmhara i do shaol a d'aithin tú thuas - na rudaí nach féidir le hairgead a cheannach?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** (*agus an choinneal á lasadh*) Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Cuimhnímis ar chuid de na bronntanais luachmhara atá againn mar dhaoine - na rudaí agus na daoine nach féidir le hairgead a cheannach. B'fhéidir gur grá tuismitheora nó dlúthchairdeas atá i gceist. B'fhéidir gur na hócáidí a roinnimid le daoine eile atá i gceist. (*Sos*)

Tugaim cuireadh do gach duine agaibh, ar mian leo é sin a dhéanamh, chun bronntanas luachmhar amháin a ainmniú a bhfuil tú buíoch as. Tar éis duit do bhronntanas a ainmniú, d'fhéadfadh an rang iomlán freagairt leis na focail seo ó Salm 104: *Beidh mé ag canadh don Tiarna fad a mhairfidh mé … is sa Tiarna a dhéanfaidh mé gairdeas.* (Salm 104:33, 34)

*Duine i ndiaidh a chéile ainmníonn na páistí bronntanas luachmhar ina saol.*

**Gach duine:** Beidh mé ag canadh don Tiarna fad a mhairfidh mé … is sa Tiarna a dhéanfaidh mé gairdeas.

*Nuair a bhíonn gach duine críochnaithe, abair an* Glóir don Athair *le chéile.*

*Comhartha na Croise*

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

# Foghlaimímis …

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne do na páistí. Tá an dán seo **ar leathanach 93 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Mise - i ndáiríre!**
Ní Oíche Shamhna amháin a chaithimid maisc,
Ach minic go leor - nuair a bhímid i sáinn.
Tá eagla orainn uile a léiriú do dhaoine
An méid atá ionainn - faoi cheilt - i ndáiríre.

Cuirimid faoi cheilt an imní, an eagla,
I bhfolach go domhain, bíonn brón agus deora.
Ligimid orainn go bhfuil gach rud go breá,
Ach mothaímid ar strae, ó lá go lá.

Daoine eile – tá siad láidir agus sona.
Cad chuige mar sin go mothaím go dona?
Déanaimid dearmad go bhfuil masc acu freisin,
Masc agamsa, agatsa, agus aigesean.

Is minic gurb iad na maisc a chaithimid,
A choimeádann muid faoi ghlas istigh.
Gafa taobh thiar díobh, gan aon duine linn,
Téann an creideamh i léig, an t-amhras i méid.

Bainimis dínn na maisc a chaithimid,
Mar cinnte, tacaíonn ár gcairde linn!
Nach iontach an domhan a bheadh againn uile,
Dá mbeadh fíoraithne ag gach duine orainn.

Ní bhacann Dia le maisc, le cluichí,
Tugann sé a ghrá dúinn, i gcónaí, de shíor.
Creideann sé ionam, tuigeann sé mé.
Ní gá aon mhasc – le Dia, táim saor.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, déan comhrá faoi agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid aige:

- Cad a chiallaíonn an file le 'maisc', dar leat? An gceapann tú go bhfuil sé ag caint faoin gcineál maisc a chaithimid Oíche Shamhna?
- Cén cineál rudaí a deir an file a gcuireann daoine i bhfolach taobh thiar de na 'maisc' a chaitheann siad? Cén saghas rudaí nach bhfuil siad ag iarraidh go bhfeicfeadh daoine eile?
- Cad ba mhaith leis an bhfile go gcuimhneoimid air nuair a fhéachaimid ar dhaoine eile - go háirithe agus muidne ag smaoineamh go bhfuil siad níos sona ná muidne agus mar sin féachaimid go géar orainn féin?
- Cad a chiallaíonn an file, dar leat, nuair a deir sé 'Is minic gurb iad na maisc a chaithimid,/A choimeádann muid faoi ghlas istigh'? Conas a d'fhéadfadh na maisc a caithimid sinn a choimeád faoi ghlas?
- An gcaithimid go léir maisc den sórt sin? An féidir leat smaoineamh ar rudaí eile a dhéanann daoine iarracht iad a cheilt, ag tabhairt 'aghaidh' difriúil don domhan ón gcineál duine atá iontu?
- An gcaitheann tú masc agus tú ag caint le Dia, nó an ligeann tú do Dhia an fíordhuine atá ionat a fheiceáil?
- Sa Bhíobla deir Naomh Pól linn gur 'Is dá dhéantúis sinn mar gur cruthaíodh i gCríost Íosa sinn' (Eifisigh 2:10). I measc na gcréatúr ar fad a chruthaigh Dia ba iad daoine amháin a cruthaíodh in íomhá Dé. Mar sin is féidir linn a rá gur sárshaothar Dé atá ionainn. Cad a insíonn sé sin dúinn faoin gcaoi a fhéachann Dia orainn? An gceapann tú go bhfeiceann Dia níos faide ná na maisc a chaithimid? Cén fáth go bhfuil an tuairim sin agat?
- Conas a bhraitheann sé a chloisteáil go bhfuil tú luachmhar i radharc Dé, gur tusa a shárshaothar, agus go gcuireann tú aoibhneas air? Conas a bhraitheann sé nuair a thuigeann tú nach gá duit masc ar bith a chaitheamh nuair a labhraíonn tú le Dia?
- Cén chuma a bheadh ar an domhan, dar leat, munar chaith duine ar bith an cineál maisc atá an file ag cur síos air sa dán seo? Cad a bheadh ag teastáil chun saol mar sin a thabhairt i gcrích?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Bíodh a fhios agat go bhfuil Dia ag féachaint ort … agus ag gáire fút … Deir Dia, 'Nach iontach go bhfuil tú ann … Is luachmhar tú agus tá grá agam duit … Is tú mo shárshaothar … Tá tú 'gan phraghas' i mo shúile … Ní féidir le duine eile do áit a thógáil … Duine uathúil atá ionat … An mbeidh tú cairdiúil liom?' Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, tabhair freagra do Dhia i d'fhocail féin… Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### TÁIMID LUACHMHAR IN AGHAIDH DÉ

Tá go leor sleachta sa Bhíobla a léiríonn dúinn cé chomh luachmhar agus atáimid in aghaidh Dé. Seo a leanas samplaí ón Sean-Tiomna agus ón Tiomna Nua.

Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é.
Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad.
(Geineasas 1:27)

Tá an Tiarna, do Dhia, i do lár
mar laoch caithréimeach;
déanfaidh sé gairdeas go spleodrach mar gheall ort.
Athnuafaidh sé thú le neart a ghrá;
tógfaidh sé gártha áthais ar do shon
faoi mar a dhéantar ar lá an tsollúntais.
(Zafainiá 3:17)

Nach maith é go deimhin an Tiarna;
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile. (Salm 100:5)

Anois, seo mar a deir an Tiarna,
do Chruthaitheoirse ...
ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú…
Is luachmhar thú i mo shúile. (Íseáia 43:1, 4)

Nach mbíonn na gealbhain leathphingin an péire? Agus ní thitfidh gealbhan acu as an aer gan fhios do bhur nAthair. Maidir libhse, fiú amháin ribí bhur gcinn tá siad uile comhairthe. Mar sin, ná bíodh aon eagla oraibh; is mó is fiú sibhse ná dá liacht na gealbhain!
(Matha 10:29-31)

Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh ...
(Eoin 3:16)

Breathnaígí cad é mar ghrá a thug an tAthair dúinn! go nglaofaí clann Dé orainn, agus is amhlaidh sinn. (1 Eoin 3:1a)

Tugaimisne grá, mar gur thug seisean grá dúinne ar dtús. (1 Eoin 4:19)

Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh. (Rómhánaigh 5:8)

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Tá gach duine againn luachmhar i láthair Dé!' ar leathanach 90 dá leabhar a léamh agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### IS BREÁ LE DIA MÉ!

**Nóta:** Beidh leathanach bán agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

- Sula dtosaíonn tú ar an ngníomhaíocht, cuir i gcuimhne na bpáistí méid an ghrá atá ag Dia dóibh. Toisc gur chruthaigh Dia ár gcoirp, tá gach duine againn uathúil agus difriúil. Mar sin, iarrtar orainn caitheamh lenár gcoirp féin agus le coirp daoine eile le meas. Conas a dhéanaimid é seo? (*m.sh. trí muid féin a ghléasadh go cuí i gcónaí; trí labhairt go measúil faoinár gcoirp féin agus faoi choirp daoine eile; seachain féachaint nó ag taispeáint íomhánna a thugann dímheas do chorp duine ar bith*)
- Nuair a thugaimid meas dár gcorp féin agus do choirp daoine eile tá geanmnaíocht á cleachtadh againn.
- Iarr ar pháiste an sainmhíniú ar 'Geanmnaíocht' sna 'Eochairfhocail' **ar leathanach 90 dá leabhar** a léamh amach.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí na focail 'Is breá le Dia mé!' a scríobh ag barr an leathanaigh, agus imlíne díobh féin a tharraingt ar an leathanach.
- Ansin iarr orthu a shamhlú cad is breá le Dia futhu (*m.sh. cad iad na gnéithe carachtair agus pearsantachta is aoibhinn le Dia; a gcoirp agus na tréithe agus na cumais fhisiciúla atá acu; na cumais agus na buanna a chuireann áthas ar Dhia iad a fheiceáil á úsáid, srl*).
- Tabhair cuireadh dóibh ansin scríobh timpeall an imlíne cuid de na cáilíochtaí atá acu agus go bhfuil Dia an-sásta leo (*m.sh. a n-aoibh gháire chairdiúil, an acmhainn grinn atá acu, a gcineáltas, a gcairdeas le Dia, a gcairdeas le daoine eile, srl.*)
- • Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid oibre a roinnt leis an rang más mian leo.

## GNÍOMHAÍOCHT LE SUAITHEANTAIS/GREAMÁIN

### MAR A FHEICEANN DIA MÉ!

**Nóta:** Beidh nóta greamaitheach ar ardchaighdeán ag teastáil uait (m.sh. Post-It) do gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar an léaráid atá **ar leathanach 91 dá leabhar**, ina bhfuil na focail seo:

**Luachmhar, Ríluachmhar, Sárshaothar, Dil, Uathúil, Ionúin, Álainn**

- Mínigh do na páistí gur seo cuid de na focail a d'fhéadfadh Dia a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar gach duine acu, toisc gurb é sin an chaoi a bhféachann Dia orthu.
- Tabhair nóta greamaitheach do gach páiste agus iarr orthu ceann de na focail seo a roghnú agus é a scríobh ar an nóta greamaitheach. Ansin tabhair cuireadh dóibh an focal a ghreamú ar a g(h)eansaí/léine.
- Is féidir leis na páistí na lipéid seo a chaitheamh le linn ranganna Oideachas Reiligiúnach i rith na seachtaine, agus lasmuigh den rang más mian leo.

## AG COMHRÁ

### FAOI NA TEACHTAIREACHTAÍ A THUGAIMID AGUS A FHAIGHIMID

**Nóta:** *Is é aidhm na gníomhaíochta seo ná go dtuigfeadh na páistí cé chomh luachmhar agus atá siad le Dia, agus ar an gcaoi sin ag cabhrú leo diúltú le tráchtanna diúltacha ó dhaoine eile a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh.*

- Agus an ghníomhaíocht roimhe seo a úsáid agat, déan comhrá faoi chuid de na teachtaireachtaí dearfacha agus diúltacha a thugann agus a fhaigheann na páistí óna chéile - agus an chaoi atá siad seo i gcomparáid leis an mbealach a fhéachann Dia ar gach duine acu.
- B'fhéidir gur mhaith leat na ceisteanna seo a leanas a úsáid chun an díospóireacht a threorú:
  - » Féach ar an bhfocal a roghnaigh tú (thuas), focal chun cur síos Dé i do leith a chur in iúl, agus tabhair chun cinn na gnéithe dearfacha díot féin a d'aithin tú a chuir aoibhneas ar Dhia. Cá háit eile a bhfaigheann tú moladh agus spreagadh den chineál sin de ghnáth? (*m.sh. cairde nó teaghlach, nó ar scoil b'fhéidir*)
  - » Conas a bhraitheann tú fút féin nuair a fhaigheann tú tacaíocht nó spreagadh den chineál seo? Agus conas a bhraitheann tú faoi na daoine sin a thugann spreagadh nó tacaíocht den chineál seo duit?
  - » An bhfuil duine ar bith i do shaol faoi láthair a dtugann tú spreagadh nó moladh mar seo dóibh? An bhfuil duine ar bith i do shaol a dtabharfá spreagadh nó moladh den chineál seo dóibh, amach anseo?
  - » An gcloiseann tú focail nó teachtaireachtaí riamh dírithe ort, nach dtugann tacaíocht nó spreagadh duit? B'fhéidir go bhfuil siad seo gruama, criticiúil nó éadóchasach. An féidir leat roinnt samplaí a thabhairt? (*m.sh. Níl tú maith go leor; conas a d'fhéadfá a bheith chomh hamaideach le sin? tá tú gan mhaith; tá tú leadránach*)
  - » Cén tionchar atá ag focail/teachtaireachtaí diúltacha den sórt sin ort?
  - » Cá bhféadfá teacht ar theachtaireachtaí diúltacha den chineál seo?
  - » Ar thug tú teachtaireachtaí diúltacha den sórt sin do dhaoine eile riamh? An ndúirt tú rudaí diúltacha fút féin riamh?
  - » Conas a cheapann tú go mbeadh Dia ag iarraidh ort labhairt fút féin agus faoi dhaoine eile? (*m.sh. le moladh agus spreagadh a thabhairt; ag díriú ar na pointí maithe; ag cabhrú leo tosú arís tar éis botúin*)
  - » Thaispeáin Íosa dúinn conas is mian le Dia go gcaithimid le daoine eile. An féidir leat smaoineamh ar roinnt rudaí a dúirt agus a rinne Íosa a léirigh grá agus spreagadh i leith daoine eile? (*m.sh. an scéal faoi Íosa agus na páistí; scéal Zacháias*)
  - » Thug Íosa achoimre ar a theagasc go léir faoi conas ba chóir dúinn caitheamh le daoine eile sna Biáide. Cad is cuimhin leat ó Rang a Cúig faoi na rudaí a mhúin Íosa sna Biáide? Cad iad na cáilíochtaí a spreag Íosa do dhaoine a fhorbairt?
  - » Dá ndéarfadh duine éigin rud diúltach leat, cad a cheapann tú a d'iarrfadh Dia ort a dhéanamh? (*Tiontaigh ón diúltachas sin, ná tabhair aire dó, agus roghnaigh cuimhneamh ar cé chomh luachmhar is atá tú i radharc Dé*.)

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Conas ba chóir dúinn caitheamh lena chéile?' ar leathanach 91 dá leabhar a léamh agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## GNÍOMHAÍOCHT GHRÚPA

### ÍOMHÁ DÉ ORAINN A BHAINT AMACH

- Taispeáin na ceannlínte nuachta seo a leanas ar an gclár bán/dubh:

**Tarrtháladh buachaillí as uaimh sa Téalainn tar éis trí sheachtain faoi thalamh**
**Thángthas ar fear aosta beo i bhfoirgneamh tréigthe, seachtain tar éis na tine**
**Tógadh grúpa imirceach chuig an ospidéal tar éis teacht orthu i leantóir i Ros Láir**
**Bronnadh saoránacht Fhrancach ar fhear tar éis dó bloc árasán a dhreapadh chun beatha linbh a shábháil**

- Roinn na páistí i ngrúpaí agus tabhair cuireadh do gach grúpa ceann de na scéalta thuas a phlé ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas:
  - » Cé na codanna de na scéalta seo a thaispeánann go gcaitear le daoine toisc go bhfuil siad luachmhar, ríluachmhar agus grámhar? Cén dearcadh a bheadh ag Dia, dar leat, ar na cásanna seo?
  - » Cé acu de na scéalta seo a thaispeánann go gcaitear le daoine uaireanta amhail is nach bhfuil siad luachmhar ar bhealach ar bith? Conas a cheapfá go bhfeicfeadh Dia ar a leithéid?
  - » Cén dearcadh a d'fhéadfadh a bheith ag na daoine i ngach ceann de na scéalta seo fúthu féin, faoi dhaoine eile agus faoi Dhia mar thoradh ar an méid a tharla sna ceannlínte thuas?
- Tar éis roinnt ama a thabhairt do na grúpaí díospóireacht a dhéanamh ar na ceannlínte nuachta éagsúla, iarr orthu cúpla nóiméad a thógáil go ciúin agus smaoinigh ar an na ceisteanna seo a leanas:
  - » Más sárshaothar luachmhar Dé mé, cad é an difríocht ba cheart go ndéanfadh sé sin don chaoi ina iompraím mé féin?
  - » Má tá gach duine in aice liom chomh luachmhar céanna le Dia, cén chaoi ar chóir dom caitheamh leo?
- Tabhair cuireadh anois do na páistí a gcuid freagraí don dá cheist sin a roinnt leis an rang. Cláraigh freagraí na bpáistí ar an gclár bán/dubh - agus bíodh na freagraí seo ar fáil don chéad ghníomhaíocht chomhrá eile. *(D'fhéadfadh na smaointe seo a bheith san áireamh – caitheamh le meas leo féin agus le daoine eile, a bheith uasal maidir leis an gcaoi a gcaitheann siad le daoine eile, gan a bheith dímheasúil le daoine eile, gan breithiúnas a thabhairt ar dhaoine toisc go bhfuil siad difriúil, srl.)*

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AG MAIREACHTÁIL MAR SHÁRSHAOTHAR DÉ

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 91 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh scríobh nó tarraingt faoin gcaoi a labhróidh siad agus a n-iompróidh siad iad féin as seo amach le go mbeidh siad in ann maireachtáil mar shárshaothar Dé.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá go leor díospóireachta ann faoi conas leanaí a chosaint, ó dhamáiste a d'fhéadfadh a bheith díobhálach dóibh, ó ghnéithe éagsúla de na meáin shóisialta. Cé go mb'fhéidir nár mhaith leis an múinteoir go mbeadh cuntas sna meáin shóisialta ag páistí bunscoile, is é fírinne an scéal é go bhfuil na cuntais seo ag formhór na leanaí sna ranganna sinsearacha sa bhunscoil. D'fhéadfadh an ghníomhaíocht chomhrá seo a leanas cabhrú leis na páistí a bheith níos criticiúla agus níos machnamhaí faoina dtaithí ar a bheith 'ar líne', agus níos feasaí faoi conas déileáil le rudaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach dóibh má thagann siad orthu.

## AG COMHRÁ

### FAOI CONAS A CHAITEAR LE DAOINE AR NA MEÁIN SHÓISIALTA

**Nóta:** *Taispeáin freagraí na bpáistí ar an dá cheist ón ngníomhaíocht roimhe seo ar an gclár bán idirghníomhach.*

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste an sainmhíniú ar 'Dínit' san 'Eochairfhocail' **ar lch 90 de leabhar na bpáistí** a léamh.
- Ansin déan comhrá leis na páistí faoina gcuid taithí ar an gcaidreamh a bhíonn acu ar líne/ar na meáin shóisialta, ag baint úsáid as na ceisteanna seo a leanas nó ceisteanna den chineál céanna:
  - » Sa ghníomhaíocht ghrúpa roimhe seo d'aithin tú conas ba chóir dúinn caitheamh lena chéile toisc go bhfuilimid uile luachmhar le Dia. Nuair a bhí tú ar na meáin shóisialta, ar thug tú na dearcaí faoi deara, a thugann

meas do dhínit daoine eile? Abair linn faoi na samplaí a chonaic tú.

» An féidir leat smaoineamh ar shamplaí nár tugadh meas do dhínit daoine eile agus gur caitheadh le daoine eile le neamhshuim? (*B'fhéidir go mbeidh seans agat bulaíocht ar líne a iniúchadh, íomhánna mí-oiriúnacha a phostáil ar líne, agus aon eispéiris dhiúltacha a bhí ag na páistí sa rang*.)

» An dóigh leat go seasann an bealach ina léirítear daoine ar na meáin lena ndínit?

» Cén cineál dearcaí a thagann tú orthu nuair a bhíonn tú ar líne - ar na meáin shóisialta nó ar láithreáin ghréasáin nuachta, srl.?

» Conas is mian leat tú féin a chur i láthair ar líne? Cén teanga, creideamh, dearcaí agus íomhánna ar mhaith leat a léiriú nuair a bhíonn tú ar na meáin shóisialta?

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### BEALACH DÉ AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Tabhair cuireadh do na páistí na míreanna ar an liosta thíos a eagrú sa dá chatagóir seo a leanas: (1) na gníomhartha siúd a mbeadh Íosa páirteach leo dá ma an rud é go raibh sé ar na meáin shóisialta, agus (2) na gníomhartha sin nach mbeadh Íosa páirteach leo.

- Seas taobh le duine a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air/uirthi
- Déan ráitis dhiúltacha faoin gcruth atá ar dhuine éigin
- Roinn dea-scéalta
- Bíodh droch-chaint agat
- Bí ag magadh faoi dhaoine
- Cúlchaint a dhéanamh
- Daoine a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh
- Bréaga a insint faoi dhuine eile
- Tabhair amach faoi dhaoine
- Dírigh ar thréithe maithe duine
- Inis do gach duine faoi bhotún a rinne duine éigin
- Déan teagmháil le duine a bhfuil cara de dhíth air/uirthi

Pléigh an ghníomhaíocht leis na páistí. Taispeánann an dá liosta dhá bhealach éagsúla chun breathnú ar agus déileáil le daoine: (1) Bealach Dé, a dhíríonn ar dhínit agus luach gach duine, agus (2) bealach diúltach, a fheictear uaireanta sna meáin nó ar líne, agus a thugann breith ar dhaoine de réir critéir cosúil le cáil, dathúlacht, rath, saibhreas, srl.

Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna ar na páistí:

- Cén bealach chun féachaint ar dhaoine agus chun déileáil leo is fearr leat? Cén fáth?
- An raibh taithí agat ar an dá bhealach? Inis dúinn faoin eispéireas a bhí agat.
- Cén bealach ar mhaith leat a mbeadh ar fáil ag na daoine mórthimpeall ort ó do chuid focal agus gníomhartha? Cén fáth a mbeadh sin uait?

Tabhair cuireadh do na páistí 'An Pápa Proinsias agus na Meáin Shóisialta' **ar leathanach 92 dá leabhar** a léamh agus beagán ama a chaitheamh ag plé le an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo … '.

## GNÍOMHAÍOCHT CHOINSIASA

### CÉN ROGHA?

- • Roghnaigh beirt pháiste a fheidhmeoidh mar chairde de dhuine a bhfuil a grianghraf díreach feicthe acu ar na meáin shóisialta. Is grianghraf de chailín nua sa scoil atá ann.
- • Tabhair cuireadh don chuid eile den rang dhá líne os comhair a chéile a dhéanamh. Tabharfaidh líne amháin comhairle don bheirt chara an rud ceart a dhéanamh, agus spreagfaidh an líne eile iad chun a bheith gránna. Siúlfaidh an bheirt chara trí na línte ag éisteacht leis an gcomhairle.
- • Mar shampla, d'fhéadfadh páiste amháin sa líne a thugann comhairle dona a rá, 'Abair le gach duine gan "is maith liom" a thabhairt dá pictiúr', agus d'fhéadfadh duine eile a rá, 'Tarraing starrfhiacla ar a grianghraf agus roinn é leis an oiread daoine agus is féidir leat'.
- • D'fhéadfadh leanaí sa líne a thugann comhairle maith a rá lena gcairde, 'Tá sí nua don scoil. Abair "is maith liom" lena pictiúr', nó 'Bí deas léi! Conas a bhraithfeá dá mbeifeá ina háit?'
- • Ag an deireadh, tabhair cuireadh don bheirt chara a roinnt conas mar a bhraith siad faoin gcomhairle éagsúil.
- • Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar amanna ina gcuid saol nuair a cuireadh cathú orthu a bheith suarach le daoine eile in ionad a bheith cineálta leo.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá gach duine luachmhar in aghaidh Dé. Cruthaíodh muid mar bhronntanas dá chéile. Nuair atá sé seo ar eolas againn is féidir leis dul i bhfeidhm go mór ar dhearcadh duine i leith é/í féin agus i leith daoine eile. I saol an lae inniu, áfach, is minic gur féidir teachtaireachtaí diúltacha a fháil a chuireann amhras ar ár bhféinmheas. Is trí bheith ag éisteacht níos mó leis an méid a insíonn an Spiorad Naomh dúinn, agus diúltú a thabhairt do theachtaireachtaí diúltacha, a bhaineann an bonn dár ndínit, a thagann fás sa bheatha Chríostaí. Rinne na páistí iniúchadh freisin ar conas is féidir na meáin shóisialta a úsáid ar bhealach dearfach nó ar bhealach diúltach.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### LEABHARMHARC

**Nóta:** *Teastóidh píosa cárta dronuilleogach uait agus roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste.*

- Tabhair cuireadh do na páistí ceann de na frásaí thíos a roghnú, agus a n-ainm féin a chur leis:
  [Ainm], is tú sárshaothar Dé!
  [Ainm], tá tú luachmhar le Dia. Tá grá ag Dia duit!
  [Ainm], is iontach an rud é go bhfuil tú ann!
- Tabhair píosa cárta do gach páiste. Iarr orthu leabharmharc a ullmhú ag úsáid an frása thuas a roghnaigh siad. Is féidir leo é a mhaisiú ar bhealach ar bith is mian leo.
- Mol don leanaí an leabharmharc a chur in áit a fheicfidh siad é gach lá agus sa tslí sin grá Dé a chur in iúl dóibh go laethúil.

## GNÍOMHAÍOCHT

### AN DOMHAN A FHEICEÁIL TRÍ SHÚILE DÉ

**Nóta:** Beidh cóip den teimpléad thíos – 'An domhan a fheiceáil trí shúile Dé' – ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.

**An Domhan a fheiceáil trí shúile Dé**

- Éist go cúramach lena bhfuil le rá ag daoine eile.
- Bí réidh le daoine.
- Ná cuir isteach nuair a bhíonn duine eile ag caint.
- Iarr ar dhuine scothaosta a insint duit faoin saol a bhí acu nuair a bhí siad ar scoil.
- Bí cairdiúil le páiste nach bhfuil aithne agat orthu.
- Fiafraigh de bhall teaghlaigh cén chaoi a ndeachaigh an lá leo agus éist leis an bhfreagra.
- Abair rud éigin moltach faoi dhuine eile.
- Cuir cabhair ar fáil le duine rud éigin a dhéanamh.
- Déan an fód a sheasamh le duine a bhfuil spraoi á bhaint astu.
- Smaoinigh ar rud éigin moltach faoi dhuine nach dtaitníonn leat.
- Roghnaigh gan breathnú ar theachtaireachtaí ar na meáin shóisialta nó ar íomhánna a bhfuil sé d'aidhm acu duine a ghortú nó a chiontú.

- Tosaigh trína rá leis na páistí go bhfuil gach duine acu uathúil agus luachmhar in aghaidh Dé agus go bhfuil meas tuillte acu. Is mar seo a bhreathnaíonn Dia orthu, agus is mar sin ba chóir go bhfeicfeadh daoine eile iad freisin. Mar an gcéanna, ba cheart dóibh breathnú agus caitheamh le daoine eile mar dhaoine uathúla agus luachmhara agus go mbíonn meas tuillte acu. An tseachtain seo, agus an ghníomhaíocht seo ar siúl againn, táimid chun dúshlán a thabhairt dúinn féin an bealach smaointeoireachta sin a chur i ngníomh.
- Tabhair cóip den teimpléad 'An domhan a fheiceáil trí shúile Dé' do gach páiste.
- Léigh tríd an liosta pointí leis na páistí agus tabhair cuireadh dóibh a fheiceáil cé mhéad is féidir leo a chleachtadh i rith an deireadh seachtaine, agus é mar aidhm acu a chur in iúl do dhaoine eile cé chomh luachmhar agus uathúil is atá siad.
- Is féidir leo tic a chur in aice le gach mír thuas gach uair a dhéanann siad é a chleachtadh.
- B'fhéidir gur mhaith leis na páistí a gcuid smaointe féin a chur leis an liosta thuas.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh naonúr léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Bíonn Dia ag iarraidh orainn guí a dhéanamh i gcónaí, ag tabhairt cuireadh dúinn sinn féin a bheith ina láthair. Glacaimid nóiméad anois chun aire a thabhairt do dhearcadh ghrámhar Dé orainn. (*Sos*)

Tá go leor sleachta sa Tiomna Nua agus sa Sean-Tiomna a chuireann i gcuimhne dúinn cé chomh luachmhar is atáimid in aghaidh Dé. Éistimis le cuid acu anois.

**Léitheoir 1:** *Chruthaigh Dia an duine ar a dheilbh féin, ar dheilbh Dé is ea a chruthaigh sé é. Fireann agus baineann is ea a chruthaigh sé iad.* (Geineasas 1:27)

**Léitheoir 2:** *Nach mbíonn na gealbhain leathphingin an péire? Agus ní thitfidh gealbhan acu as an aer gan fhios do bhur nAthair. Maidir libhse, fiú amháin ribí bhur gcinn tá siad uile comhairthe. Mar sin, ná bíodh aon eagla oraibh; is mó is fiú sibhse ná dá liacht na gealbhain!* (Matha 10:29-31)

**Léitheoir 3:** *Óir ghráigh Dia an domhan chomh mór sin gur thug sé a Aonghin Mic uaidh …* (Eoin 3:16)

**Léitheoir 4:** *Breathnaígí cad é mar ghrá a thug an tAthair dúinn! go nglaofaí clann Dé orainn, agus is amhlaidh sinn.* (1 Eoin 3:1a)

**Léitheoir 5:** *Tugaimisne grá, mar gur thug seisean grá dúinne ar dtús.* (1 Eoin 4:19)

**Léitheoir 6:** *Ach cruthaíonn Dia an grá atá aige dúinn trí Chríost a fháil bháis ar ár son agus sinn fós inár bpeacaigh.* (Rómhánaigh 5:8)

**Léitheoir 7:** *Tá an Tiarna, do Dhia, i do lár*
*mar laoch caithréimeach;*
*déanfaidh sé gairdeas go spleodrach mar gheall ort.*
*Athnuafaidh sé thú le neart a ghrá;*
*tógfaidh sé gártha áthais ar do shon*
*faoi mar a dhéantar ar lá an tsollúntais.* (Zafainiá 3:17)

**Léitheoir 8:** *Nach maith é go deimhin an Tiarna;*
*maireann a bhuanghrá go brách.*
*Is dílis é ó ghlúin go chéile.* (Salm 100:5)

**Múinteoir:** Tugaimid moladh agus buíochas duit, a Thiarna, as do ghrá agus do chúram leanúnach dúinn.
Le do thoil, cabhraigh le gach duine againn eolas domhain a fháil ar mhéad do ghrá dúinn.
In éineacht le hÍosa guímid duit sna focail a mhúin sé dúinn.
**Gach duine:** *An Phaidir* (Ár nAthair, atá ar neamh …)

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Thug Dia saorthoil dúinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Scrúdaíonn an ceacht seo coincheap na saoirse agus nach ionann saoirse agus an cumas gach rud a roghnaíonn duine a dhéanamh, ach an cumas agus an toilteanas an rud atá ceart agus maith a roghnú. Deir *Caiticiosma hEaglaise Caitlicí*: 'Dá mhéad a dhéanann an duine an mhaith, is amhlaidh is mó is saor dó. Níl d'fhíorshaoirse ann ach seirbhís na maithe agus na córach. Mí-úsáid den tsaoirse is ea é an easumhlaíocht agus an t-olc a roghnú agus seolann sé ionsar "sheirbhís an pheaca"' (ChEC, uimhir 1733).

Tá an rogha ag gach duine idir an ceart agus an mícheart, idir roghnú maith agus peaca a dhéanamh, gach lá. Ní bhíonn sé éasca i gcónaí an rud atá ceart a roghnú, ach céim níos faide ar an mbealach chun na saoirse atá i ngach rogha ceart. Ina theannta sin bíonn grásta Dé ann i gcónaí chun cabhrú linn agus muid ag tabhairt aghaidh ar na roghanna laethúla seo, agus bíonn maithiúnas Dé ann nuair a dhéanaimid an rud atá mícheart agus aithrí a dhéanamh.

Bronntanas ó Íosa Críost atá san fhíor-shaoirse. Faighimid saoirse trí chabhair a iarraidh uaidh, trí iontaoibh a bheith againn as a thrócaire agus a ghrá, trí pé rud a chuireann bac orainn a thabhairt dó agus trí mhuinín a bheith againn as go gcabhróidh sé linn teacht in inmhe. Labhraíonn Naomh Pól faoin streachailt dhaonna seo idir roghanna maithe agus droch-roghanna nuair a deir sé ina litir chuig na Rómhánaigh, 'An mhaith is áil liom ní dhéanaim í, ach an t-olc nach áil liom is é a dhéanaim'(Rómhánaigh 7:19).

Ceann de na cumais is neamhghnách atá ag an duine ná an rogha saor a dhéanamh chun maithiúnas a thabhairt nuair a dhéantar éagóir air/uirthi. Cuirtear béim ar seo sa cheacht seo. Dúirt Íosa, 'An duine agaibh atá gan pheaca bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh cloch'(Eoin 8:7). Is iad maithiúnas agus leisce breithiúnas a thabhairt, saintréithe na Críostaíochta. Deir na daoine a thugann maithiúnas go dtagann saoirse in éineacht leis. Tar éis dó a bheith i bpríosún go héagórach ar feadh seacht mbliana is fiche, dúirt Nelson Mandela, 'Agus mé ag siúl an doras amach i dtreo geata na saoirse, bhí a fhios agam mura bhfágfainn mo chuid searbhais agus fuath taobh thiar díom, go mbeinn fós istigh i bpríosún.'

## EOCHAIRFHOCAIL

**Saorthoil:** Thug Dia saorthoil dúinn. Is féidir linn an rud atá ceart agus maith a roghnú agus a dhéanamh, nó an rud atá mícheart nó olc a dhéanamh. Nuair a roghnaímid an rud atá mícheart, roghnaímid peaca a dhéanamh; is ansin a bhainimid mí-úsáid as bronntanas na saorthola.
**Coinsias:** 'Guth Dé' istigh ionainn a chabhraíonn linn a fháil amach an bhfuil rud ceart nó mícheart.
**Fairisínigh:** Comhaltaí de sheict grúpa reiligiúnach Ghiúdach, in aimsir Íosa, a chomhlíon na dlíthe reiligiúnacha go beacht.
**Adhaltranas:** Caidreamh gnéis idir beirt, duine ar a laghad acu pósta le duine eile.
**Duine a dhaoradh:** A rá go bhfuil duine ciontach as rud éigin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach A4 do gach páiste
- Cóipeanna den script a théann leis an dráma 'An bhean gafa in adhaltranas', píosaí páipéir brúite le chéile chun clocha a léiriú, agus ciseán
- Leathanach A4, bileog de pháipéar síoda dubh agus gliú do gach páiste

# Féachaimis ...

## SCÉAL

Scrúdaíonn an scéal seo tábhacht rialacha agus an fáth a bhfuil siad againn.

**Rialacha nó Easpa Rialacha**

Nuair a ghlaoigh an clog le haghaidh am lóin, bhí an tUasal Ó Dúghaill ag dul i léig nuair a smaoinigh sé ar bhabhta eile argóintí agus troideanna faoin gcluiche sacair laethúil. Léim na páistí as a suíocháin agus chuaigh siad díreach chuig cófra na gcluichí chun an liathróid a fháil. 'Is AGAMSA a bheidh an chéad chic den liathróid inniu,' arsa Jake. 'Níl sé sin ceart,' arsa Sorcha 'mar faigheann tusa an chéad chic i gcónaí!' Coimeád Seán an liathróid in airde fad is a chuaigh sé trí na paistí eile.

Ní raibh áthas ar an Uasal Ó Dúghaill, ach ansin tháinig smaoineamh chuige. 'Tagaigí anseo, gach duine!' a dúirt sé. Stop siad i lár na hargóinte chun breathnú air. 'Anois, tá riail nua agam don chluiche sacair inniu - an t-aon riail amháin, i ndáiríre. Is féidir libh an rud is mian libh a dhéanamh, níl aon rialacha ann. Mar sin ná bí ag teacht chugamsa ag gearán faoi dhuine ag briseadh na rialacha.' Bhí na páistí go léir ciúin anois agus iad ag siúl amach sa chlós.

Ní raibh tús maith leis an gcluiche. Shocraigh Megan ar an liathróid a chur suas a geansaí agus í a iompar isteach sa chúl, ag fógairt go raibh a foireann chun tosaigh le cúl anois. Níor bhac an tUasal Ó Dúghaill leo ar chor ar bith ach thosaigh sé ag siúl timpeall an chlóis ag caint leis na páistí ó Rang a Trí a bhí ag scipeáil ag geata na scoile. Ar ais ar an bpáirc, rinne Jake taicil rugbaí ar Pheadar, an cúl báire, agus scóráil sé cúl eile. 'Dhá chúl in aghaidh a náid!' a dúirt sé, agus cuairt ghaisce á dhéanamh aige.

'Níl sé sin cothrom!' arsa Peadar. 'Nach



cuma,' a d'fhreagair Jake, 'is féidir liom cibé rud is maith liom a dhéanamh, - sin a dúirt an múinteoir.' Bhí Sorcha ar buile anois. Rug sí ar an liathróid agus chaith le Aindriú í. Thug seisean cic don liathróid agus chuir trasna na líne í. 'Cúl!' a scairt sé. 'Ní hea, bhí sé sin leathan!' arsa Megan. 'Níl aon rialacha ann, Megan – cúl a bhí ann mar sin a deirim,' d'fhreagair Aindriú.

Bhí gach duine ar buile anois agus bhí ruaille buaille ar an bpáirc. Go tobann bhí a fhios ag Seán cad ba cheart a dhéanamh. 'Anois éistigí, ÉISTIGÍ gach duine!' agus thóg sé an liathróid ó Aindriú. Thug gach duine aire anois dó. 'Éistigí, dúirt an tUasal Ó Dúghaill go bhféadfaimis ár rogha rud a dhéanamh. Bhuel, ba mhaith liom cluiche ceart sacair a imirt leis na gnáthrialacha – cé eile a bheidh in éineacht liom?' Duine i ndiaidh a chéile, d'ardaigh na páistí a lámha.

Níor chuala an tUasal Ó Dúghaill an méid a dúirt Seán leis na páistí eile, ach d'fhéach sé go cúramach agus an cluiche á atosú. De réir mar a chic Seán an liathróid chuig Sorcha, tháinig aoibh gháire mór ar aghaidh an Uasail Ó Dúghaill. 'Maith thú,' a dúirt sé leis féin.

Tar éis duit an scéal a léamh, scrúdaigh tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur cosúil leo seo a leanas, atá **ar lch 94 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth nach raibh mórán suime ag an Uasal Ó Dúghaill sa chluiche sacair?
- Cad faoi a raibh na páistí ag argóint?
- Dúirt an tUasal Ó Dúghaill nár chóir go mbeadh ach aon riail amháin acu don chluiche. Cén riail í sin?
- Cad a tharla mar thoradh ar an 'riail' nua seo?
- Cén réiteach a bhí ag Seán?
- Cad a tharla nuair a d'fhill siad ar na 'gnáthrialacha'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Ar theastaigh uait riamh an rud ba mhaith leat a dhéanamh i rith cluiche? Cén fáth?
- Bhí saoirse ag na páistí an bealach a roghnú chun an cluiche a imirt. An ndearna siad roghanna maithe? Cad iad na drochroghanna a rinne siad? Agus
- cén toradh a bhí ar na drochroghanna sin?
- Faoi dheireadh shocraigh na páistí go raibh siad ag iarraidh imirt de réir na rialacha agus cluiche

sacair ceart a bheith acu. Cén fáth, dar leat, a rinne siad é sin? An gceapann tú gur cinneadh maith a bhí ann? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad atá foghlamtha agat ón scéal seo faoi rialacha agus cén fáth a bhfuil siad againn?


**Spreag na páistí chun beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 94 dá leabhar.**

## GNÍOMHAÍOCHT: LÍNÍOCHT AGUS MACHNAMH

### RANG SCOILE GAN AON RIALACHA

**Nóta:** Beidh leathanach A4 ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí lá a shamhlú ar scoil nuair nach bhfuil aon rialacha ann, agus iarr orthu pictiúr a tharraingt de na rudaí a shíleann siad a d'fhéadfadh a bheith sa seomra ranga ar an lá sin.
- Nuair a bheidh a gcuid pictiúir críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh labhairt faoina bhfuil tarraingthe acu ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:
  - » Cad atá ag tarlú i radharc an tseomra ranga a tharraing tú?
  - » Cén fáth ar shamhlaigh tú go mbeadh na páistí ag gníomhú ar an mbealach sin mura mbeadh rialacha ann?
  - » An é sin a dhéanfá mura mbeadh rialacha ann? Cén fáth nó cén fáth nach ndéanfá?
  - » Cad atá ar siúl ag an múinteoir i do phictiúr?
  - » An é sin a shamhlófá a dhéanfadh an múinteoir mura mbeadh rialacha ann? Cén fáth nó cén fáth nach samhlófá é sin?
  - » An é sin an chaoi ar mhaith leat an scoil a bheith an t-am ar fad? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
  - » Ar tharraing duine ar bith pictiúr de rudaí maithe ag tarlú nuair nach raibh aon rialacha ann? Cad a insíonn sé sin dúinn faoin mbealach a mbreathnaímid ar rialacha agus an chúis atá leo? (*D'fhéadfá iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas le rialacha leis an rang: dea-iompar a chur chun cinn; cosaint in aghaidh drochiompair; timpeallacht oiriúnach foghlama a chruthú; chun cabhrú le gach páiste a bpoitéinseal a bhaint amach*.)



  - » Mura raibh rialacha ann, an dóigh leat go mbeadh a fhios fós agat cad ba cheart duit agus nár cheart duit a dhéanamh? Cad a d'fhéadfadh cabhrú leat? (*D'fhéadfá an deis seo a úsáid chun dul ar ais ar an méid a d'fhoghlaim siad faoin* gcoinsias *mar guth Dé istigh ionainn, guth a chuidíonn linn a fháil amach an bhfuil rud éigin ceart nó mícheart. D'fhoghlaim na páistí faoi seo i dTéama 5 den Chúigiú Rang sa chlár I nGrá Dé.*)
  - » An éisteann tú i gcónaí leis an méid a deir do choinsias leat? Cén fáth nó cén fáth nach n-éisteann tú?

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh beirt léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu éistimid le roinnt véarsaí ó Salm 106, - urnaí ardmholadh chuig Dia atá sa salm seo. Is é an freagra ar na sleachta ná: *Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.* (Salm 106:1)

**Léitheoir 1:** *Cé ar féidir leis éachtaí an Tiarna a fhógairt? Cé a chraolfaidh a mholtaí go léir?* (Salm 106:2)
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

**Léitheoir 2:** *Is méanar don dream a choinníonn an ceart, agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.* (Salm 106:3)
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

**Múinteoir:** Tugaimid buíochas duit, a Thiarna, as

do dhlí a chur inár gcroíthe agus as ár gcoinsiasa a thabhairt dúinn ionas go mbeidh a fhios againn an rud ceart le déanamh.
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

Iarr ar oibrithe deonacha cuid de na 'rialacha' a choimeádann siad a ainmniú agus a bhfuil siad buíoch astu, mar shampla rudaí a d'fhoghlaim siad ó na Deich nAithne. Is é an freagra gach uair ná:
**Gach duine:** Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; toisc go maireann a bhuanghrá go brách.

*Nuair a bhíonn gach duine críochnaithe, abair an* Glóir don Athair *le chéile.*

*Comhartha na Croise*

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LE RIALACHA SEACHTRACHA I GCOINNE COINSIASA

Cuir an scéal agus an ghníomhaíocht ealaíne ó inné i gcuimhne na bpáistí. Mínigh an t-idirdhealú idir rialacha seachtracha agus an 'guth istigh' a insíonn dóibh ceart ó mhícheart, .i. a gcoinsias. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu:

- Ag deireadh an scéil, thug Seán cuireadh do gach duine chun cluiche sacair a imirt ag úsáid na gnáth rialacha. Ar chiallaigh sé sin go mbeidís go léir ag imirt de réir na rialacha agus nach mbeadh níos mó argóintí ann? Cén fáth nó cén fáth nár chiallaigh?
- Fiú nuair a bhíonn rialacha ann, an bhfuil tú fós saor a roghnú an ceart leat cloí leo nó nach bhfuil? (*Tugtar* saorthoil *ar an mbronntanas seo*.)
- Tá na rialacha, cosúil leis na rialacha a bhaineann le spóirt agus scoil, lasmuigh dúinn, agus is féidir linn cinneadh a dhéanamh iad a choimeád nó gan iad a choimeád. Ach tarlaíonn an tslí ina úsáidimid ár saorthoil, is ina dhéanaimid cinntí éagsúla taobh istigh dínn. An bhliain seo caite d'fhoghlaim tú gur féidir leat smaoineamh ar do choinsias mar 'guth istigh ionat' a insíonn duit cad atá ceart agus cad atá mícheart. Is féidir lenár gcoinsias cabhrú linn roghanna maithe a dhéanamh. An féidir leat smaoineamh ar am nuair a d'inis do choinsias duit cérbh é an rud ceart le déanamh, agus gur roghnaigh tú é sin? Inis dúinn faoi sin. Cén deireadh a bhí ar an scéal?

## AG COMHRÁ

### FAOI CONAS IS FÉIDIR LIOM MO CHOINSIAS A CHUR AR AN EOLAS

Leathnaigh an comhrá roimhe seo trí díospóireacht a dhéanamh ar conas is féidir linn ár gcoinsias a chur ar an eolas, ag tagairt do na Biáide agus do na Deich nAitheanta, ag úsáid na nótaí agus na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas is féidir linn cabhrú lenár gcoinsias, dar leat, chun a fháil amach cad atá ceart agus cad atá mícheart? (*Táimid in ann ár gcoinsias a chur ar an eolas trí éisteacht lena mhúineann an Eaglais agus trí Bhriathar Dé a léamh sa Bhíobla; Is féidir linn éisteacht leo siúd timpeall orainn a bhfuil níos mó taithí acu ná mar atá againn agus atá in ann comhairle a thabhairt dúinn faoin méid atá ceart agus cad atá mícheart, mar shampla ár dtuismitheoirí, na sagairt inár bparóiste agus ár múinteoirí; cabhróidh an Spiorad Naomh linn freisin chun roghanna maithe a dhéanamh, go háirithe an 'breithiúnas cóir' – ceann de thíolacthaí an Spioraid Naoimh; Is féidir linn guth na céille a úsáid freisin chun cuidiú linn cinneadh a dhéanamh ar a bhfuil ceart agus ar a bhfuil mícheart*.)
- Tugann na Biáide agus na Deich nAitheanta treoirlínte dúinn maidir le conas is féidir linn maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn. Cuimhnímis ar na Deich nAitheanta agus ar na Biáide anois, a d'fhoghlaimíomar i Rang a Cúig.
- Tabhair cuireadh do pháiste/pháistí na Deich nAithne, atá **ar leathanach 94 dá leabhar**, a léamh amach os ard.

***Na Deich nAitheanta***

1. Is mise an Tiarna do Dhia, ná tabhair déithe bréige i mo láthair.
2. Ná tabhair ainm an Tiarna do Dhia gan fáth.
3. Cuimhnigh lá na Sabóide a naomhú.
4. Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair.
5. Ná déan marú.
6. Ná déan adhaltranas.
7. Ná déan goid.
8. Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.
9. Ná santaigh bean do chomharsan.
10. Ná santaigh cuid do chomharsan.

- Rinne na páistí machnamh ar ocht gcinn de na Deich nAitheanta i Ranganna a Ceathair agus a Cúig. Iarrann an **Séú Aithne** ar fhir chéile agus ar mhná céile an cúnant a rinne siad ar lá na bainise a chomhlíonadh trí bheith dílis dá chéile go dtí an bás. Le linn Sacraimint an Phósta, geallann fear agus bean grá a thabhairt dá chéile, agus dá chéile amháin, don chuid eile dá saol. Nuair a theipeann ar an bhfear nó ar an mbean an tiomantas seo a choimeád, agus gan fanacht dílis dá chéile, déanann siad adhaltranas. Geallann an lánúin freisin fáilte a chur roimh, agus grá a thabhairt d'aon leanaí a bheidh acu, ón nóiméad a gcintear i mbroinn na máthar iad.
- Iarrann an **Naoú Aithne** orainn nach ceart

dúinn an rud nach féidir linn a bheith againn a shantú. Nuair a thugann lánúin gealltanas dá chéile sa phósadh, ní ceart dóibh, dá bhrí sin, fonn caidreamh gnéis a bheith acu le duine eile. Iarrann an Naoú Aithne orainn freisin caitheamh lenár gcoirp agus le coirp daoine eile le meas i gcónaí. Ciallaíonn sé seo suáilce na geanmaíochta a chleachtadh i gcónaí, rud a chuireann ar ár gcumas grá a thabhairt do dhaoine eile gan iad féin ná a gcoirp a íosghrádú ar bhealach ar bith.

- Sna Biáide, cuireann Íosa dearcthaí agus luachanna maithe inár láthair a theastaíonn uaidh go gcuirfimis i bhfeidhm inár saol. Bealaí maithe atá sna Biáide chun maireachtáil ar domhan. Má mhairimid de réir na mBiáide, bainfimid an bheatha shíoraí amach le Dia ar neamh. Trína chuid focal agus a ghníomhartha, thaispeáin Íosa dúinn conas maireachtáil de réir na mBiáide. Nuair a mhairimid leis na dearcthaí seo, beimid agus beidh daoine eile sásta, agus sa tslí sin beidh taithí againn ar an fhíor-shaoirse.
- Tabhair cuireadh do pháiste/pháistí na Biáide, atá **ar leathanach 95 dá leabhar**, a léamh amach os ard.

**Na Biáide (Matha 5:3-12)**
Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad,
óir is leo ríocht na bhflaitheas.
Is méanar do lucht an dobróin,
óir sólásófar iad.
Is méanar dóibh seo atá ceansa,
óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.
Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu,
óir sásófar iad.
Is méanar do lucht na trócaire,
óir déanfar trócaire orthu.
Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí,
óir feicfidh siad Dia.
Is méanar do lucht síochána a dhéanamh,
óir glaofar clann Dé orthu.
Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas.
Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa. Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' atá ar leathanach 95 dá leabhar.**

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

- Is í an cheist mhór ná:

**An maith i gcónaí é rialacha a bheith ann?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí teacht ar fhreagraí ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun iad a spreagadh:

- Cad is maith faoi rialacha a bheith againn? Conas a chabhraíonn rialacha linn?
- Abair nach raibh a leithéid de rud ann mar rialacha. Conas an bhféadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar ghnéithe éagsúla dár saol? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí ina dtiocfadh cíor thuathail nó contúirt mar thoradh ar easpa rialacha?

- An mbíonn amanna ann nuair a chuireann rialacha isteach ar an méid a bheadh á iarraidh agat nó ar an méid a theastódh uait a dhéanamh? (*m.sh. D'fhág an múinteoir an seomra ranga chun glaoch fóin práinneach a thógáil sa seomra foirne. Thug sí treoracha don rang leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre agus gan a gcuid binsí a fhágáil. Ansin feiceann tú deatach ag teacht ó seomra na gcótaí atá in aice le do sheomra ranga. An cóir duit an riail a bhriseadh sa chás seo agus do bhinse/sheomra a fhágáil d'fhonn éigeandáil a fhógairt agus cabhair a fháil?*)
- B'fhéidir go mbíonn rialacha go maith de ghnáth, ach ní mór dúinn a bheith ar an eolas go mbíonn amanna ann nuair is féidir nó nuair is gá iad a bhriseadh. Cad a déarfá faoi sin? An aontófá leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontófá leis?
- Inis do na páistí go ndéanann daoine rialacha éagóracha uaireanta, a d'fhéadfadh cearta an duine a shárú. Tá sé seo ag tarlú inniu in go leor áiteanna ar fud an domhain.

Ag deireadh na díospóireachta, tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ón na dearcthaí difriúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AR AN GCEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann do Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### MÚINEANN ÍOSA DÚINN GAN BREITHIÚNAS A THABHAIRT AR DHAOINE EILE

Inis do na páistí go bhfuil tú chun scéal a léamh ón mBíobla faoin méid a tharla nuair a tháinig Íosa ar slua mór daoine a bhí ar tí pionós a ghearradh ar bhean a bhí gafa in adhaltranas. Sula léann tú an scéal, iarr ar na páistí na sainmhínithe ar '**Adhaltranas**', '**Fairisínigh**' agus '**Duine a dhaoradh**' a léamh ón 'Eochairfhocail' atá **ar lch 94 de leabhar na bpáistí**.

**An bhean gafa in adhaltranas (Eoin 8:1-11)**

Agus chuaigh Íosa go Cnoc na nOlóg. Bhí sé ar an bhfód arís sa Teampall go moch ar maidin, agus tháinig na daoine go léir chuige agus shuigh sé síos agus thosaigh ar iad a theagasc. Thug na scríobhaithe agus na **Fairisínigh** bean ar rugadh uirthi in **adhaltranas** agus chuir siad ina seasamh i lár baill í agus dúirt siad leis: 'A mháistir, rugadh ar an mbean seo i gcoir féin an adhaltranais. D'ordaigh Maois dúinn sa dlí bás a imirt ar a leithéidí seo le clocha. Cad deir tú más ea?' Dúirt siad an chaint sin á phromhadh, chun go mbeadh rud éigin acu le cur ina leith.

Ach chrom Íosa síos agus thosaigh sé ag scríobh lena mhéar ar an talamh. Ós rud é nach ndeachaigh aon stad orthu ach á cheistiú, d'éirigh sé suas agus dúirt leo: 'An duine agaibh atá gan pheaca, bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh clocha léi.' Agus chrom sé síos arís agus bhí ag scríobh ar an talamh. Arna chlos sin dóibh d'imigh siad leo ina nduine is ina nduine ag tosú leis na seanóirí, agus ag dul síos go dtí deireadh; agus fágadh Íosa ina aonar agus an bhean ina seasamh i lár baill. D'éirigh Íosa suas agus dúirt sé léi: 'A bhean, cá bhfuil siad? Nár **dhaor** aon duine thú?'

'Ní dhearna aon duine, a dhuine uasail,' ar sí.

Dúirt Íosa léi: 'Ná ní dhaoraimse thú ach oiread. Imigh leat agus ná déan peaca arís as seo amach.'

Tar éis duit an sliocht ó na Scrioptúir a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ceisteanna ón ord níos ísle cosúil leo seo a leanas, a chur. Tá siad **ar leathanach 96 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cé a thug an bhean chuig Íosa, agus cén choir ar chuir siad ina leith?
- Conas a d'fhreagair Íosa na daoine seo? Cad a rinne sé? Cad a dúirt sé?
- Cad a rinne na daoine nuair a chuala siad an méid a dúirt Íosa?
- Cad a dúirt Íosa leis an mbean tar éis do na daoine imeacht?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, a dúirt Íosa, 'An duine agaibh atá gan pheaca, bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh clocha léi?' Cad a bhí á dhéanamh aige, dar leat?
- Cad a scríobh Íosa ar an talamh, dar leat?
- Cén fáth nár chaith duine de na Fairisínigh nó na Scríobhaithe cloch léi?
- Cad a cheapann tú a bhí Íosa ag iarraidh go

bhfoghlaimeodh daoine, faoin gcaoi ar chóir dúinn caitheamh le daoine eile? (*Dúirt Íosa leis an mbean gan peaca a dhéanamh arís ach níor dhaor sé í. Ní dhearna sé sampla di ach an oiread os comhair na ndaoine eile. Bhí Íosa réidh i gcónaí chun maithiúnas a thabhairt, agus mar sin ba chóir dúinn a bheith réidh maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a chiontaíonn nó a dhéanann éagóir inár gcoinne. Ba chóir dúinn a bheith ar an eolas i gcónaí faoinár lochtanna féin. Ní cóir dúinn a bheith ró-thapa breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile. Ach, ba cheart dúinn a bheith gasta maithiúnas a thabhairt.*)

- Cén cineál cásanna atá inniu ann ina bhféadfaimis a bheith ró-thapa le daoine eile a mheas nó a dhaoradh?

**Tabhair cuireadh do na páistí 'THAISPEÁIN ÍOSA BEALACH NA FÍORSHAOIRSE DÚINN' ar leathanach 95 dá gcuid leabhar a léamh agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 96.**

## AN DRÁMA

### AN BHEAN GAFA IN ADHALTRANAS

**Ullmhúchán:** *Bíodh píosaí páipéir brúite le chéile, chun clocha a léiriú, ina lámha ag na páistí a ghlacfaidh páirteanna na bhFairisíneach agus na Scríobhaithe. Beidh ciseán uait do na clocha. Tá téacs den dráma le fáil thíos.*

*Tabhair na róil seo do pháistí aonair:*
• Íosa
• An bhean a rinne adhaltranas
• An Fairisíneach a labhróidh le linn an dráma

*Tabhair na róil seo do ghrúpaí móra:*
• Grúpa na bhFairisíneach agus na Scríobhaithe a thugann an bhean chuig Íosa agus atá réidh le clocha a chaitheamh léi
• Daoine sa Teampall a tháinig chun éisteacht le teagasc Íosa
• Dhá ghrúpa, a sheasfaidh do 'Slua 1' agus 'Slua 2'. Breathnóidh agus béicfidh siad óna gcuid suíochán

**An Dráma:**
*Tosaíonn an dráma agus Íosa ag múineadh grúpa daoine a chruinnigh chun é a chloisteáil sa Teampall.*

*Téann grúpa Fairisíneach agus Scríobhaithe isteach sa Teampall leis an mbean a chuir siad adhaltranas ina leith. Láimhseálann duine de na Fairisínigh an bhean go garbh, sula gcaitheann sé go talamh í in aice le hÍosa.*

**Fairisíneach:** A mhúinteoir, gabhadh an bhean seo in adhaltranas. De réir ár nDlí, d'ordaigh Maois go gcaithfear clocha léi chun í a chur chun báis. Anois, cad a deir tusa?

*Téann Íosa síos ar a ghlúine agus tosaíonn sé ag scríobh teachtaireachta lena mhéar ar urlár an Teampaill.*

**Slua 1:** Caithimis clocha léi!

*Leanann Íosa leis ag scríobh lena mhéar ar an talamh.*

**Fairisíneach:** Cad atá le déanamh againn leis an mbean seo?

**Slua 2:** Caith clocha léi, caith clocha léi!

*Ullmhaíonn an slua a gcuid 'clocha' agus coinníonn an bhean a ceann cromtha gan tada a rá, mar atá sí ag fanacht lena bhfuil in ann di.*

**Íosa** (*ag seasamh in airde agus ag labhairt i nguth socair*)**:**
An duine agaibh atá gan pheaca, bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh clocha léi.

*Cromann Íosa síos arís agus leanann sé air ag scríobh ar an talamh lena mhéar.*

*Duine ar dhuine, cuireann na páistí, a bhfuil 'clocha' acu, isteach sa chiseán iad. Siúlann siad ansin go dtí áit eile sa seomra, ionas go bhfágtar Íosa ina aonar leis an mbean.*

**Íosa** (*ina sheasamh arís agus ag labhairt go díreach leis an mbean*)**:**
Cá bhfuil siad? An bhfuil aon duine fágtha chun tú a dhaoradh?

**An Bhean:** Níl aon duine, a dhuine uasail.

**Íosa:** Ná ní dhaoraimse thú ach oiread. Imigh leat agus ná déan peaca arís as seo amach.

## AG COMHRÁ

### I NDIAIDH AN DRÁMA

Déan comhrá leis na páistí faoin léargas atá faighte acu ón bparabal, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Cén duine nó grúpa sa dráma a bheifeá i do sheasamh leo dá mbeifeá ann nuair a tharla an eachtra seo? An mbeifeá leo siúd a bhí bailithe sa Teampall chun Íosa a chloisteáil ag múineadh? Nó an mbeifeá le slua na bhFairisíneach agus na Scríobhaithe a thug an bhean os comhair Íosa? Nó b'fhéidir go mbeifeá i measc na sluaite a scairt amach gur cóir clocha a chaitheamh leis an mbean? Nó b'fhéidir go mbeadh comhbhrón agus trua agat leis an mbean, mar a bhí ag Íosa?
- An gceapann tú go bhfuil sé níos éasca na lochtanna agus na laigí a fheiceáil i ndaoine eile seachas ionainn féin? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cén fáth, dar leat, nár theastaigh ó Íosa go mbeadh daoine gasta le breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

An tseachtain seo bhog na páistí ó bheith ag breathnú ag rialacha seachtracha chun machnamh a dhéanamh ar an tsaoirse atá acu chun na leideanna óna 'ngnuth istigh', a gcoinsias, a leanúint. Is iad na Deich nAitheanta na rialacha a thug Dia dúinn chun muid a choinneáil ar an gcosán leis an rud atá ceart agus maith a dhéanamh. Cuireann ár gcoinsias i gcuimhne dúinn na rialacha seo a leanúint. Thug Íosa na Biáide dúinn chomh maith, chun go gcuirfimid dearcthaí agus luachanna maithe i bhfeidhm inár saol. Is gealltanas ó Íosa iad na Biáide freisin, más rud é go mairimid ar an mbealach a ndéanann siad cur síos air, go mbeidh an bheatha shíoraí le Dia againn ar neamh. D'fhoghlaim na páistí, cé nach mbíonn sé éasca i gcónaí an rud atá ceart a dhéanamh, nuair a roghnaíonn siad an rud ceart is féidir leo a bheith ag brath ar an Spiorad Naomh chun misneach agus breithiúnas cóir a thabhairt dóibh chun cabhrú leo an cinneadh ceart a roghnú. Scrúdaigh siad an coincheap go tagann fíor-shaoirse as an rud atá maith a dhéanamh, agus go mbíonn easpa saoirse mar thoradh ar pheaca a roghnú.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### AG LEÁ ÁR GCROÍTHE CLOICHE

**Nóta:** *Beidh leathanach A4, bileog de pháipéar síoda dubh agus gliú ag teastáil ó gach páiste.*

- Déan na hábhair ealaíne a dháileadh amach.
- Iarr ar na páistí cruth croí mór a tharraingt i lár an leathanaigh. Ansin tabhair cuireadh dóibh píosaí beaga den pháipéar síoda dubh - a léireoidh clocha – a bhrú le chéile agus a ghreamú don 'chroí'.
- Mínigh do na páistí go seasann na 'clocha' don chruatan go léir a fhásann inár gcroíthe nuair a chaithimid go dona le daoine eile. Tabhair scéal na mná a bhí gafa in adhaltranas chun cuimhne, agus faoi mar a bhí daoine réidh le clocha a chaitheamh léi - go dtí gur chuir Íosa in iúl dóibh gur chóir go mbeadh siad mall chun breithiúnas a thabhairt agus gasta chun maithiúnas a thabhairt.
- Nuair a bheidh an chuid seo den ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, iarr orthu focail dearfacha a scríobh timpeall an chroí a léiríonn an bealach ar chóir do dhaoine caitheamh le daoine eile. Ba chóir go mbeadh na bealaí seo contrártha le breithiúnas gasta agus cáineadh a thabhairt, m.sh. bí cineálta, bí socair, taispeáin cúram grámhar, bí mall breithiúnas a thabhairt ar dhaoine eile, bí gasta chun maithiúnas a thabhairt.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Beidh roinnt machnaimh chiúin againn inniu. Socraigh go compordach sa suíochán agus ná bí ar seachrán. Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a dhúnadh.

*Tabhair deis do na páistí iad féin a shocrú sula ndúnann siad a súile.*

**Múinteoir:** An tseachtain seo rinneamar machnamh ar an dóigh ar féidir le peaca sinn a choinneáil ó bheith saor. Tagann an tsaoirse cheart chugainn nuair atáimid go maith. Dá mhéad a

dhéanaimid an rud atá go maith, is ea is saoire a bhímid. Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid. (*Sos*)

Teastaíonn ó Íosa go mbeimid saor, agus gheall sé go gcabhródh sé linn. Smaoinigh ar na mothúcháin a bhíonn agat uaireanta agus a chuireann cosc ort a bheith saor.
Mothúcháin cosúil le: fearg, fuath, éad, tú féin a chur i gcomparáid le daoine eile, dul i ngleic le bulaíocht, le cúlchaint, le féiniúlacht… (*Sos*)

Anois samhlaigh tú féin ag seasamh ag crosbhóthar agus dhá chosán os do chomhair amach. Téann cosán amháin chuig saoirse, agus tá sé cosúil leis an áit is áille a chonaic tú riamh… Is é an bealach chun an cosán sin a bhaint amach ná tríd an rud maith a dhéanamh. (*Sos*)

Téann an cosán eile chuig áit atá dorcha agus míchairdiúil … áit nach bhfuil aon ghrá ann. (*Sos*)

Go tobann cloiseann tú duine ag siúl i do threo. Casann tú. Íosa atá ann. Déanann sé aoibh gháire agus cuireann sé a lámh chugat. 'Is mise an bealach,' a deir sé. (*Sos*)

Nuair a ghlacann tú a lámh, siúlann tú ar an gcosán go saoirse le hÍosa.

Caith cúpla nóiméad ag roinnt do chuid smaointe agus mothúcháin le hÍosa agus tú ag siúl ar an gcosán leis. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir do shúile a oscailt.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Is féidir linn lonrú ar nós Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is féidir béim mhór a chur ar dhaoine cáiliúla i sochaí an lae inniu, agus is féidir é seo a fheiceáil sna brionglóidí saoil a bhíonn ag páistí uaireanta - a bheith cáiliúil mar amhránaí nó mar imreoir sacair mar shampla. An aisling atá ag Íosa dúinn tá sí níos mó ná seo - tugann sé cuireadh do gach duine againn a bheith mar fhórsa maith a athróidh an domhan. Sa cheacht seo iarraimid ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an gciall a bhaineann le bheith mar réalta, sa chiall ina bheadh an focal sin in úsáid ag Íosa, agus ar mhaith leo glacadh le cuireadh Íosa chun solas a lonrú ina onóir ar domhan. Rinne na páistí machnamh cheana ar an gcaoi ar iarr Naomh Pól ar an Filipigh go mbeidís ag lonrú mar réaltaí toisc gur lucht leanúna Íosa iad (Filipigh 2:15).

Mar phointe tosaigh, tugtar cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil Íosa mar sholas an domhain. Dúirt Íosa, 'Is mise solas an tsaoil. An té a leanfaidh mise, ní shiúlfaidh sé sa dorchacht, ach beidh aige solas na beatha' (Eoin 8:12). Chuir Dia an tAthair a Mhac Íosa ar domhan chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a bheith againn ionas go mbeimid in ann ár n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach mar dhaoine a cruthaíodh in íomhá agus i gcosúlacht Dé. Íosa Dúirt, 'Tháinig mé chun go mbeadh an bheatha acu, agus go mbeadh sí acu go fial' (Eoin 10:10). Faoi mar a scaipeann na criostail i gcrann solais an solas timpeall an tseomra, is mar sin an thugann Íosa cuireadh dúinn a sholas a lonrú ar domhan.

## EOCHAIRFHOCAIL

**Naomh:** Duine a chaith saol maith ag tabhairt grá do Dhia agus do dhaoine eile, a fuair bás i ngrásta Dé agus atá anois ar neamh. Is féidir le gach duine bheith ina naomh, ach tugann an Eaglais an teideal oifigiúil 'Naomh' do roinnt daoine – tugaimid an téarma 'canónú' air seo. Is eiseamláirí iad na naoimh seo dúinn inniu.
**Beannaithe:** An teideal a thugann an Eaglais do dhaoine a fuair bás, nár dearbhaíodh fós mar naomh (nach bhfuil canónaithe go fóill), ach a aithníonn an Eaglais go bhfuil siad ar an mbealach chun bheith ina naomh mar gur chaith siad saol maith, trí ghrá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog cárta A4 do gach páiste; criáin nó pastail ola i ndathanna geala; péint dhubh agus scuaba péinteála; leacht níocháin; roinnt rudaí géara sábháilte le haghaidh eitseála, m.sh. peann luaidhe daite, caipín biro, sleamhnán gruaige, cipín fiacla, briogún bambú

# Féachaimis …

## SCÉAL

**Fíoraíodh Aisling Jamie!**

Chas Jamie ina leaba ospidéil agus d'fhéach sé ar an gclog ar bharr an locair. Ceathrú tar éis trí, an t-am a bhí ann. Bhí uair a chloig eile le teacht sula dtabharfadh a chara Seán cuairt air. Bhí Jamie san ospidéal ar feadh dhá sheachtain cheana féin. Bhí súil aige go mbeadh sé sa bhaile roimhe seo ach bhí air fanacht san ospidéal le haghaidh tuilleadh tástálacha. Chuir an t-uaigneas go mór isteach air - tháinig a mháthair agus a athair agus a sheanmháthair isteach chomh minic agus ab fhéidir leo, ach bhí jabanna acu go léir i rith an lae, mar sin chaith Jamie a lán ama ina aonar.

Bhíodh Jamie ag brionglóideach faoin méid a bheadh ar siúl ag a rang ar scoil – ba gheal leis nach raibh sé i láthair do na trialacha Béarla agus Matamaitice, ach ní raibh sé ann don turas ranga go Páirc an Chrócaigh freisin! Theastaigh ó Jamie a bheith ar ais ar scoil. Shocraigh sé nach ndéanfadh sé gearán arís eile faoi bheith leamh! Rud amháin a bhí ina ábhar buartha dó beagán, ná go mb'fhéidir go mbeadh sé taobh thiar sa Mhatamaitic – níor thaitin an t-ábhar sin go mór leis ach níor theastaigh uaidh a bheith caillte go hiomlán nuair a thiocfadh sé ar ais ar scoil ar deireadh thiar. Buíochas le Dia, bhí Seán go maith ag Matamaitic, agus níos fearr fós ag míniú rudaí, agus bhí sé ag tabhairt mioncheacht Matamaitice do Jamie gach lá ionas go bhféadfadh sé coinneáil suas leis an rang.

'Ar deireadh,' a dúirt Jamie, nuair a chonaic sé Seán ag teacht isteach sa bharda, ag iompar an leabhar Matamaitice agus bosca lóin sobhlasta óna mháthair. Thosaigh an bheirt bhuachaill ag ithe brioscaí fad is a bhí an ceacht Matamaitice ar siúl acu. Ansin, nuair a rinne Jamie roinnt de na suimeanna leis féin, shuigh Seán ar ais agus d'inis sé an nuacht ón scoil dá chara. Bhí Jamie ag gáire nuair a chuala sé faoi eachtraí Toby, hamstar an ranga, a bhí tar éis éalú as an gcliabhán san oíche agus a choinnigh gach duine gnóthach á cuardach an lá ar fad. Faoi dheireadh bhí sé i mála scoile Shona, ag ithe a ceapairí.

Díreach sula raibh ar Sheán imeacht, tháinig máthair Jamie isteach agus í ar



bís. 'Ar chuala tú an nuacht?' d'iarr sí, 'Tiocfaidh Conchúr Ó Deá isteach anseo amárach chun cuairt a thabhairt ar na leanaí breoite, agus tá sé chun Corn Mhig Uidhir a thabhairt leis!'

'Wow!' a scairt an bheirt bhuachaill le chéile. Ba é Conchúr Ó Deá an peileadóir is mó a thaitin leis na buachaillí, agus bhí póstaeir ag an mbeirt acu greamaithe ina seomraí codlata. 'Nach iontach an méid sin, an dtig liom teacht freisin?' a dúirt Seán. 'Is oth liom a rá, a Sheáin, nach féidir leat toisc go bhfuil sé ag teacht ar a deich a chlog ar maidin, mar sin beidh tú ar scoil. Ach tógfaimid roinnt pictiúr chun a thaispeáint duit.'

Dhá sheachtain ina dhiaidh sin, d'fhill Jamie ar scoil. Bhí áthas air a bheith ar ais, agus bhí áthas air freisin nach raibh sé caillte sa Mhata – buíochas ó chroí le Seán. Bhí Iníon Uí Riain an-tógtha leis, 'feicim go raibh do chuid obair bhaile á dhéanamh agat, an-mhaith! Cheap mé nach mbeadh aon obair bhaile déanta san ospidéal agat leis an sceitimíní go léir faoi Chonchúr Ó Deá agus Corn Mhig Uidhir!' Thosaigh Jamie ag gáire. 'Ar mhaith leat roinnt grianghraf a thabhairt isteach agus cuntas a thabhairt don rang faoi chasadh le do réalta féin?' a dúirt sí. 'Sea, ba bhreá liom é sin a dhéanamh,' a d'fhreagair Jamie.

An lá ina dhiaidh sin, sheas Jamie os comhair an chláir bháin agus thaispeáin sé taispeántas sleamhnán don rang ón lá ar thug Conchúr Ó Deá cuairt ar an ospidéal. 'Ba eispéireas iontach é chun bualadh le mo laoch peile,' a mhínigh Jamie, 'agus brionglóid a bhí ann lámh a leagan ar Chorn Mhig Uidhir!'

Tar éis duit an scéal a léamh, tástáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna athghairme/ord níos ísle a chur cosúil leo seo a leanas, atá **ar lch 98 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cá fhad a bhí Jamie san ospidéal?
- Cén rud is mó a chuir isteach air faoi bheith san ospidéal?
- Cén ócáid mhór scoile a tharla nuair a bhí Jamie san ospidéal?
- Bhí imní ar Jamie go mb'fhéidir go dtitfeadh sé siar sa Mhatamaitic. Conas a rinne Seán cinnte nach dtarlódh sé sin?
- Cén scéala iontach a d'fhógair máthair Jamie?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Ar bhuail tú riamh le réalta spóirt nó le duine éigin cáiliúil? Inis dúinn faoi sin.
- Cad a chuireann réalta ar dhuine?
- Bhí an-áthas ar Jamie bualadh lena réalta Conchúr Ó Deá, ach ar tháinig aon réalta eile chun cuairt a thabhairt ar Jamie san ospidéal? Cad a chuir réalta ar Sheán?
- Ar mhaith leat cara cosúil le Seán a bheith agat? Cén fáth?
- Ar mhaith leat a bheith i do chara cosúil le Seán? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- Cé hiad na 'réaltaí' i do shaol?
- An bhfuil aon duine ann a bhreathnaíonn ort mar réalta? Cén fáth a ndéanann siad amhlaidh?
- Cad iad na rudaí praiticiúla a d'fhéadfá a dhéanamh d'fhonn go bhféachfadh duine eile ort mar réalta?

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo' ar lch 98 dá leabhar.**

**Ansin iarr ar pháiste 'Cé hIad na "Fíor-Réaltaí"? ' a léamh os ard ó leathanach 98 dá leabhar.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir:** Go raibh maith agat, a Íosa, as na réaltaí readacha inár saol. Chuir Naomh Pól i gcuimhne do lucht leanúna Íosa: [Ní mór daoibh a bheith] '*chomh feiceálach ina measc le soilse na cruinne*' (Filipigh 2:15).

Glacaimid nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar mhaitheas daoine eile - tuismitheoirí, deartháireacha agus deirfiúracha, seantuismitheoirí, cairde, agus iad siúd go léir a chabhraíonn linn inár saol... (*Sos*)

Gabhaimid buíochas leat, a Dhia ghrámhair, as na daoine maithe go léir a chuir tú inár saol.

*Comhartha na Croise*

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOI ÍOSA MAR SHOLAS AN TSAOIL

Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a bhfuil Íosa mar Sholas an tSaoil, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Conas a dhéanfá cur síos ar Sheán sa scéal? (*m.sh. cineálta, tuisceanach, dílis*) Smaoinigh ar na daoine i do shaol a d'aithin tú mar réaltaí. Cad iad na tréithe carachtair atá ag na daoine sin?
- An cuimhin leat anuraidh, gur chaith tú tamall ag smaoineamh ar an gcineál duine ba mhaith leat a bheith? Conas atá ag éirí leat leis sin?
- Ceann de na hainmneacha ar Íosa sa Bhíobla ná 'réalta gheal na maidine'. An gceapann tú gur ainm oiriúnach d'Íosa é sin? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú? Conas a bhí Íosa ina réalta i saol daoine?

Dúirt Íosa, 'Is mise solas an tsaoil. An té a leanfaidh mise, ní shiúlfaidh sé sa dorchacht, ach beidh aige solas na beatha' (Eoin 8:12).

- Cén siombail atá againn chun a chur in iúl dúinn gurb é Íosa solas an domhain? (*Coinneal na Cásca*)
- Dá gcruthófá do shiombail féin chun Íosa mar 'solas an domhain' a léiriú, cad a dhéanfá?

Bhí Naomh Pól ar dhuine d'aspail Íosa. Nuair a bhí sé ag scríobh chuig grúpa Críostaithe tar éis d'Íosa a bheith aiséirithe ó mhairbh agus a bheith imithe ar neamh, dúirt se leo, 'go mbeadh sibh chomh feiceálach ... le soilse na cruinne' (Filipigh 2:15). Is mar an gcéanna an teachtaireacht seo dóibh siúd go léir a roghnaíonn Íosa a leanúint inniu. Iarrann Íosa ar a lucht leanúna go léir a bheith ag lonrú ar domhan cosúil le réaltaí, agus gheall sé go dtabharfadh sé a sholas féin do gach duine a leanann é.

- Ar mhaith leat an glao seo a fhreagairt? Conas a mhothófá faoi Íosa a leanúint agus a bheith ag lonrú mar réalta ar domhan?

## GLAC NÓIMÉAD

**Nóta:** *Las an choinneal agus cuir sa spás urnaí í.* Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Féach ar an gcoinneal ar lasadh sa spás urnaí ... Cuireann sé seo Íosa i gcuimhne dúinn, arb é solas an domhain é ... Is eisean an solas nach féidir leis an dorchadas a shárú riamh … Ar mhaith leat fáilte a chur roimh an solas sin i do shaol? A Íosa, cuir do sholas ag lasadh inár gcroí le do thoil … agus inár dtithe … agus inár gcairdis …


Tugann Íosa cuireadh duit a sholas a léiriú do dhaoine eile … An é seo rud ba mhaith leat a dhéanamh? A Íosa, taispeáin linn conas a bheith inár réaltaí geala ar domhan ... Cuidigh linn do sholas a léiriú do gach duine a mbuailimid leo ... Tá a fhios againn gur féidir linn é seo a dhéanamh trí bheith ionraic … iontaofa … dílis … cóir … cineálta … neamhleithleach … foighneach … éisteacht le daoine eile ... agus a bheith dóchasach agus a bheith cróga …

Dún na súile ar feadh nóiméid agus, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis d'Íosa conas a bhraitheann tú faoi bheith ag lonrú mar réalta cosúil leis ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### LONRAIGH, COSÚIL LE HÍOSA

**Nóta:** *Beidh bileog cárta A4 ag teastáil uait do gach páiste; criáin nó pastail ola i ndathanna geala; péint dhubh agus scuaba péinteála; leacht níocháin; roinnt rudaí géara sábháilte le haghaidh eitseála, m.sh. peann luaidhe daite, caipín biro, sleamhnán gruaige, cipín fiacla, briogún bambú.*



- Tabhair bileog cárta do gach páiste agus iarr orthu é a dhathú le crián nó le pastail ola. Ba chóir dóibh a chinntiú go mbíonn gach cuid den pháipéar clúdaithe le bloic

sholadacha de dhathanna éagsúla.

- Iarr ar na páistí péinteáil thar na dathanna éagsúla le péint dhubh. Cuideoidh cúpla braon de leacht níocháin, a chuirtear leis an bpéint, len é a ghreamú thar na dathanna éagsúla.
- Fad is atá na páistí ag fanacht leis an bpéint dhubh a thriomú, tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar bhealaí inar féidir leo solas Íosa ar domhan a léiriú. Spreag iad chun rudaí pearsanta a roghnú a dhéanfaidh siad, seachas smaoineamh ar nithe teibí.
- Nuair a bheidh an phéint dhubh triomaithe, taispeáin do an páistí conas cruthanna agus litreacha a eitseáil isteach sa phictiúr tríd an bpéint dhubh a scriosadh amach agus na dathanna geala thíos a nochtadh. Tabhair cuireadh dóibh réalta a dhéanamh ar an leathanach, le gathanna solais ag taitneamh as. Is féidir leo lipéid a chur ar roinnt de na gathanna solais ag léiriú a gcuid smaointe faoi conas is féidir leo solas Íosa ar domhan a lonrú.
- D'fhéadfadh na páistí a bheidh críochnaithe go luath cabhrú le teideal mór a dhéanamh don taispeántas ealaíne, agus na focail 'Is é Íosa Solas an Domhain' a eitseáil ar leathanach, agus é a mhaisiú mar is cuí leo.
- Nuair a bheidh na páistí críochnaithe lena saothar ealaíne, agus, más féidir, é a bheith curtha ar taispeáint sa seomra ranga, spreag iad chun breathnú ar gach ceann de na réaltaí a rinne daoine eile, agus smaoinigh ar na smaointe éagsúla go léir atá léirithe ar an gcaoi a bhféadfaidís lonrú ar domhan cosúil le hÍosa.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí, gach uair a roghnaímid rud éigin maith, go mbímid ag lonrú mar réalta ar domhan. Tugann Íosa cuireadh dúinn é a leanúint i gcónaí, éisteacht lenár gcoinsias agus an rud ceart a roghnú.

D'fhéadfá roinnt díospóireachta a dhéanamh anois faoi na rudaí éagsúla a d'fhéadfadh bac a chur orainn ó bheith ag lonrú cosúil le réaltaí ar domhan, ag úsáid ceisteanna cosúil leo seo:

- An gceapann tú go n-éiríonn linn i gcónaí lonrú ar domhan cosúil le hÍosa? Cad a d'fhéadfadh bac a chur orainn?
- Mas siombail í an phéint dhubh sa saothar ealaíne cad dó a sheasann sí?
- Cad iad na roghanna a d'fhéadfaimis a dhéanamh a dhéanfadh gathanna an tsolais ag teacht amach as ár réaltaí a laghdú? (*m.sh. b'fhéidir nuair a bhímid mífhoighneach, nuair a dhéanaimid roghanna santacha, nuair a bhímid santach nó éadmhar, nuair a thugaimid masla do dhaoine eile, nuair a insímid bréaga, nuair a bhíonn fearg orainn, nó nuair a bhímid ag maoimh*)
- An cuimhin leat an focal a thugaimid ar rud/gníomh nuair a roghnaímid dul i gcoinne ár gcoinsias nó iompú ó Dhia agus rud mícheart a dhéanamh? (*Tugaimid 'peaca' air - an rud atá mícheart a roghnú d'aon ghnó.*)
- Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh Íosa a rá faoi na hamanna sin nuair nach mbíonn ár réaltaí ag lonrú go geal, nuair a roghnaímid an peaca?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### PARABAL: AN MAC DRABHLÁSACH

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur tháinig Íosa chun Dea-Scéala a thabhairt dúinn. Tabhair cuireadh dóibh éisteacht leis an bParabal faoin Mac Drabhlásach agus féach an féidir leo a fháil amach cad é an Dea-Scéala a thugann Íosa ann.

**Parabal: An Mac Drabhlásach (Lúcás 15:11-32)**

Dúirt sé freisin: 'Bhí fear ann a raibh beirt mhac aige. Agus dúirt an duine ab óige acu lena athair: "A athair, tabhair dom an chuid den sealúchas atá ag titim chugam." Agus roinn sé a mhaoin shaolta eatarthu. Agus i gcionn beagán laethanta, tar éis don mhac ab óige gach ní a bhailiú le chéile, d'imigh sé ar an gcoigrích go tír i gcéin, agus scaip a shealúchas ansiúd, ag tabhairt a shaoil go drabhlásach. Nuair a bhí gach aon ní caite aige, tháinig gorta millteach sa tír sin, agus thosaigh sé féin bheith in uireasa. D'imigh sé agus rinne fostú le duine de mhuintir na tíre sin, agus chuir seisean faoina chuid talún é ag aoireacht mhuc. Agus ba é ba mhian leis a bholg a líonadh de na féithleoga a d'itheadh na muca, agus ní thugadh aon duine dó iad.

Ach tháinig sé chuige féin agus dúirt: "Cá liacht de lucht tuarastail ag m'athair a bhfuil fuílleach aráin acu, agus mise anseo ag fáil bháis den ghorta! Cuirfidh mé chun bóthair agus rachaidh mé chun m'athar agus déarfaidh mé leis: A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm; déan díom mar a bheadh duine de do lucht tuarastail." Chuir sé chun bóthair ag triall ar a athair.

Ach le linn dó fós bheith i bhfad uaidh, chonaic a athair é agus ghabh trua é, agus rith sé chuige, á chaitheamh féin ar a bhráid agus á mhúchadh le póga. Dúirt an mac leis: 'A athair, pheacaigh mé in aghaidh na bhflaitheas agus i do láthairse; ní fiú mé feasta go dtabharfaí mac duit orm.' Ach dúirt an t-athair lena sheirbhísigh:

• • •

...

'Beirigí amach gan mhoill an éide is uaisle agus cuirigí air í, agus cuirigí fáinne ar a mhéar agus cuaráin ar a chosa, agus tugaigí libh an lao biata agus maraígí é, agus bímis ag ithe agus ag aoibhneas; óir bhí an mac seo agam marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é." Agus thosaigh siad ag déanamh aoibhnis.

Bhí an mac ba shine aige ar fud na talún, agus nuair a tháinig sé i ngar don teach, chuala an ceol agus an rince. Ghlaoigh sé chuige duine de na giollaí agus d'fhiafraigh de cad é an rud é seo a bhí ar bun. Dúirt seisean leis: "Do dheartháir a bheith tagtha, agus mharaigh d'athair an lao biata de chionn go bhfuair sé ar ais slán é." Ach bhí fearg air agus níorbh áil leis dul isteach. Tháinig a athair amach ag achainí air. Ach dúirt sé lena athair á fhreagairt: "Féach féin a bhfuilim de bhlianta ag seirbhís duit agus ní dheachaigh mé riamh thar do réir, agus riamh níor thug tú dom mionnán gabhair chun go ndéanfainn aoibhneas le mo chairde. Ach an mac seo agat nuair a tháinig sé, tar éis do mhaoin shaolta a ídiú le striapacha, mharaigh tú an lao biata dó." Ach dúirt sé leis: "A mhic, bíonn tusa liom i gcónaí, agus gach a bhfuil agam is leat; ach bhí sé ceart aoibhneas a dhéanamh agus áthas, óir bhí an deartháir seo agat marbh agus tá sé beo arís, bhí sé caillte agus fuarthas é."'

Tar éis duit an scéal a léamh, tabhair cuireadh do dhuine de na páistí suí os comhair an ranga agus ról an mhic drabhlásaigh a ghlacadh. Ansin tabhair cuireadh don chuid eile de na páistí ceisteanna a chur air faoin gcúis ar fhág sé teach a athar, faoin méid a rinne sé agus é ar shiúl, agus cén fáth ar shocraigh sé filleadh.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur ar an rang:

- Conas a mhothaigh an tAthair, dar leat, nuair a d'iarr a mhac a chuid den sealúchas a thabhairt dó?
- Conas a dhéanfá cur síos ar an mac ag an gcéim seo den scéal?
- Níos déanaí, cloisimid gur tháinig an mac 'chuige féin'. Cad a chiallaíonn sé sin?
- Cad a insíonn an fháilte a fhaigheann sé óna athair dúinn faoin gcineál duine a bhí ina athair?
- Cad a cheapann tú faoi fhreagairt an mhic ba shine? An bhfuil trua agat leis? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Ag deireadh an scéil, an ndéarfá go raibh a fhios ag an bheirt mhac go rabhadar beirt luachmhar dá nathair? Cén fáth nó cén fáth nach ndéarfá?
- Tarlaíonn an patrún céanna - de bheith caillte agus aimsithe - inár gcaidreamh le Dia. Uaireanta téimid ag cuardach aoibhnis in áiteanna dona agus peacaimid. Ansin iarrann ár gcoinsias orainn a admhail go bhfuil an rud mícheart déanta againn. Bíonn rogha le déanamh againn ag an pointe sin - is féidir linn iompú ar ais chuig Dia, nó is féidir linn leanúint ar aghaidh ag iompú ó Dhia trínár ngníomhartha.
- Nuair a d'inis Íosa an scéal seo theastaigh uaidh go mbeadh níos mó le tuiscint ag daoine faoi mhaithiúnas Dé - trí smaoineamh ar an gcaoi a thug an t-athair maithiúnas dá mhac. Cad iad na tréithe atá ag Dia a thaispeántar sa scéal seo?
- Nuair a d'fhill an mac drabhlásach ar a athair agus maithiúnas a iarraidh air, d'fhéadfaí 'tiontú' a thabhairt air seo, rud a chiallaíonn iompú ó rud éigin agus athrú iompair a chur i bhfeidhm. Nuair a pheacaímid, tugann Dia cuireadh dúinn casadh ar ais chuige. Cad é an sacraimint trínar féidir linn maithiúnas a iarraidh ar Dhia toisc gur chasamar uaidh, agus go ndearnamar daoine eile agus muid féin a ghortú trínár bpeacaí? (*Sacraimint an Athmhuintearais*)
- Cad a tharlaíonn dúinn nuair a ghlacaimid páirt i Sacraimint an Athmhuintearais agus nuair a dhéanaimid ár bpeacaí a admháil? (*Tugann Dia maithiúnas dúinn tríd an sagart. Athbhunaíonn sé seo ár gcaidreamh agus ár gcairdeas le Dia agus leo siúd a bhí gortaithe ag ár bpeacaí.*)

**Tá Parabal an Mhic Drabhlásaigh ar lch 99 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an nGníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...... ar leathanach 100.**

## DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. Tá an dán seo **ar leathanach 101 de leabhar na bpáistí freisin.**

**An tAthair Grámhar**
Fadó fadó, bhí fear saibhir ann
Le talamh 'gus saibhreas go leor.
Bhí beirt mhac aige agus bród ina chroí.

Don bheirt sin, bhí a ghrá an-mhór.

Ghlac an mac ab óige a oidhreacht is d'fhág.
D'fhéach an t-athair ar a mhac ag imeacht.
Bhreathnaigh le brón gur imigh sé as radharc
Ach bhí uaigneas agus briseadh croí le teacht.

Mhéadaigh a bhrón nuair a chuala sé faoi
Na scéalta a scaip a chomharsana thart.
Ach fós, bhí a ghrá láidir agus domhain.
'Tá sé caillte, ach sar i bhfad, beidh sé ceart.'

Gach lá d'fhan go brónach le filleadh a mhic,
'Tiocfaidh sé ar ais, táimse cinnte.'
Ansin, lá amháin, chonaic i bhfad uaidh
A mhac, gan mhaoin, gan sláinte, cráite.

Rith an t-athair go fonnmhar chuige,
Thug siad barróg mhór ghroí dá chéile.
B'ionadh le cách nuair a chonaic siad
An grá is gan srian ar an bhféile.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CAD É AN DEA-SCÉAL?

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a eagrú agus liosta de theachtaireachtaí Íosa a mbaineann 'Dea Scéala' leo a chur le chéile. D'fhéadfaidís tagairt a dhéanamh do Pharabal an Mhic Drabhlásaigh agus don mhéid d'fhoghlaim siad ó na ceachtanna is déanaí nó ón gclár i gcoitinne.
- Iarr ar gach grúpa a liostaí a roinnt leis an rang. Ón méid seo uile, cuir liosta ranga le chéile a bheidh gach duine sásta leis.
- D'fhéadfá cuid díobh seo a leanas a áireamh i liosta an ranga mura bhfuil siad ann cheana féin:
  - » Tá gach duine againn luachmhar in aghaidh Dé
  - » Fiú má dhéanaimid botúin, is breá le Dia sinn agus is maith leis muid a bheith gar dó
  - » Nuair a pheacaímid, fanann Dia orainn le filleadh air
  - » Chuir Dia Íosa ar domhan chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil
  - » Ba mhaith le hÍosa sinn a thabhairt isteach i dteaghlach Dé
  - » Ní thugann Dia suas orainn riamh
  - » Ba mhaith le Dia maithiúnas a thabhairt dúinn
  - » Teastaíonn ó Íosa go mbeimis go léir inár réaltaí, ag lonrú ar domhan
  - » Cabhraíonn tíolacthaí an Spioraid Naoimh, a fhaighimid ag an gCóineartú, linn maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn.
  - » Is féidir linn a bheith inár réaltaí trí mhaireachtáil cosúil le hÍosa
  - » Tá ár bpeacaí maite i Sacraimint an Athmhuintearais
- Faoi dheireadh, iarr ar na páistí an bhfuil aon duine ann ar mhaith leo an Dea-Scéala seo a roinnt leo. B'fhéidir gur mhaith leo an liosta a léiriú sa seomra ranga, nó é a thabhairt abhaile agus é a phlé lena dtuismitheoirí.

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn siad leis? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin?

**'Is fearr a bheith i do phopréalta ná a bheith ag lonrú cosúil le hÍosa. Níl aon luach saothair iontach ann as a bheith i do réalta den chineál sin.'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas ó 'Fióna Fiosrach'. Is féidir leo freagairt trí na cúiseanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a thabhairt.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá dóchas agus aislingí ag gach duine againn maidir leis an saol. Tá dóchas agus aislingí ag Dia dúinn freisin. Glaonn Dia orainn Íosa a leanúint agus, sa tslí sin, a bheith inár réaltaí geala, ag lonrú ar domhan. De ghnáth bíonn an cineál réalta a iarrann Dia orainn an-difriúil leis na réaltaí a fheicimid agus léimid futhu sna meáin. Tugann Íosa cuireadh dúinn maireachtáil le grá agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile. Gach uair a roghnaímid rud maith a dhéanamh nó a rá, tugaimid níos mó solais isteach ar domhan. Uaireanta roghnaímid peaca a dhéanamh agus ansin déantar an solas inár saol a mhaolú. Ach tá dea-scéal ag Íosa dúinn - tháinig sé chun ár bpeacaí a mhaitheamh dúinn agus chun sinn a thabhairt ar ais chuig grá Dé. Nuair a chasaimid ar ais chuig Dia inár gcroí, tagann Dia chun bualadh linn le trócaire agus maithiúnas. Tá aithne mhaith ar cuid de réaltaí Dé ar domhan, agus tá aithne ar cuid eile acu ar neamh amháin. Cloisimid faoi bheatha na naomh chun sinn a spreagadh agus chun a thaispeáint dúinn cad iad na rudaí áille atá in ann dúinn tar éis Íosa a leanúint.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### AN SOISCÉAL A LEANÚINT

- Iarr ar na páistí bheith i ngrúpaí agus deich mbealach a aimsiú ina bhféadfaidís maireachtáil de réir an tSoiscéil; i bhfocail eile, ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orthu.
- Tabhair cuireadh do gach grúpa a liosta a roinnt leis an rang nuair a bheidh sé críochnaithe acu.
- Ansin iarr ar na páistí cuid de na smaointe a mhol siad nó a chuala siad, go bhféadfaidís a chur i bhfeidhm ina saol a roghnú, agus iad seo a chlárú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach faoin gceannteideal 'Bealaí inar féidir liom an Soiscéal a leanúint'.

## LAOCH CRÍOSTAÍ

### NAOMH THÉRESE LISIEUX 'BLÁITHÍN ÍOSA' (1873-97)

- Tabhair cuireadh do na páistí próifíl de Naomh Thérèse Lisieux **ar leathanach 100 dá leabhar a léamh.**
- Tabhair cuireadh dá bhfreagraí pearsanta ansin trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu. Tá na ceisteanna seo a leanas **ar leathanach 100 dá leabhar freisin:**
- Cad iad na buanna/suáilcí Críostaí a thaispeáin Naomh Thérèse ina saol, dar leat?
- Ainmnigh tíolacthaí an Spioraid Naoimh a bhí le feiceáil i saol Thérèse.
- Cén chaoi ar thaispeáin Naomh Thérèse lena briathra agus lena gníomhartha gur laoch Críostaí í?
- Dúirt Naomh Thérèse, 'Cuimhnigh nach bhfuil aon rud beag i súile Dé. Gach rud a dhéanann tú, déan go grámhar é.' Ar mhaith leat a 'bealach beag' a chleachtadh chun grá do Dhia a thaispeáint trí na briathra agus na gníomhartha beaga i do shaol laethúil? Smaoinigh ar na cineálacha rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh nó a rá. Ansin tosaigh ar bheart a dhéanamh de réir do bhriathair!

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Sa 'Phaidir' thíos úsáidtear urnaí a dtugtar an Benedictus, nó Amhrán Zacairiá uirthi. Ba é Zacairiá athair Eoin Baiste agus tugann an phaidir seo na focail a dúirt Zacairiá chun chuimhne dúinn nuair a d'fhill bua na cainte chuige tar éis dó a mhac Eoin a ainmniú. Tógtar an phaidir ón Soiscéal de réir Lúcáis (Lúcás 1: 68-79). Tá an leagan seo den phaidir cloiste ag na páistí cheana féin i Rang a Cúig.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh seisear léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Tabharfaimid ár bpaidreacha chuig Íosa anois. Is é an freagra ná: A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 1:** Go mbeimid go léir ar an eolas gur luachmhar sinn in aghaidh Dé.
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 2:** Inár dteaghlaigh, cabhraigh linn grá a roghnú.
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 3:** Ba mhaith linn úsáid mhaith a bhaint as na bronntanais agus an tsaoirse a thug tú dúinn.
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 4:** Nuair a bhíonn roghanna deacra romhainn …
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 5:** Cabhraigh linn iarracht a dhéanamh i gcónaí an grá a roghnú thar an bhfuath.
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Léitheoir 6:** A Íosa cuir do bheannacht ar ár rang, agus cabhraigh linn lonrú mar is mian leat.
**Gach duine:** A Íosa, bí mar sholas dúinn!

**Múinteoir:** Guímis *An Benedictus* (Amhrán Zacairiá) le chéile anois.
**Gach duine:** *Moladh don Tiarna, Dia Iosrael,*
*óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt;*
*agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar*
*i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach -*
*de réir mar a labhair*
*trí bhéal a naomhfháidh anallód -*
*mar shaoradh dúinn ónár naimhde*
*agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,*
*ag déanamh trócaire mar sin ar ár n-aithreacha,*
*agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa -*
*ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair -*
*go dtabharfadh sé dúinn,*
*tar éis ár saortha as láimh ár naimhde,*
*bheith ag seirbhís dó gan eagla,*
*i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair gach lá dár saol.*

*Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde,*
*óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,*
*ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal*
*trí mhaithiúnas a bpeacaí*
*de chionn trócaire chroí ár nDé*
*a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,*
*chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis;*
*chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.* (Lúcás 1:68-79)

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# An Domhan a fheiceáil trí shúile Dé

- Éist go cúramach lena bhfuil le rá ag daoine eile.
- Bí réidh le daoine.
- Ná cuir isteach nuair a bhíonn duine eile ag caint.
- Iarr ar dhuine scothaosta a insint duit faoin saol a bhí acu nuair a bhí siad ar scoil.
- Bí cairdiúil le páiste nach bhfuil aithne agat orthu.
- Fiafraigh de bhall teaghlaigh cén chaoi a ndeachaigh an lá leo agus éist leis an bhfreagra.
- Abair rud éigin moltach faoi dhuine eile.
- Cuir cabhair ar fáil le duine rud éigin a dhéanamh.
- Déan an fód a sheasamh le duine a bhfuil spraoi á bhaint astu.
- Smaoinigh ar rud éigin moltach faoi dhuine nach dtaitníonn leat.
- Roghnaigh gan breathnú ar theachtaireachtaí ar na meáin shóisialta nó ar íomhánna a bhfuil sé d'aidhm acu duine a ghortú nó a chiontú.

# An Dráma: An Bhean Gafa in Adhaltranas

*Tosaíonn an dráma agus Íosa ag múineadh grúpa daoine a chruinnigh chun é a chloisteáil sa Teampall.*

*Téann grúpa Fairisíneach agus Scríobhaithe isteach sa Teampall leis an mbean a chuir siad adhaltranas ina leith. Láimhseálann duine de na Fairisínigh an bhean go garbh, sula gcaitheann sé go talamh í in aice le hÍosa.*

**Fairisíneach:** A mhúinteoir, gabhadh an bhean seo in adhaltranas.  De réir ár nDlí, d'ordaigh Maois go gcaithfear clocha léi chun í a chur chun báis. Anois, cad a deir tusa?

*Téann Íosa síos ar a ghlúine agus tosaíonn sé ag scríobh teachtaireachta lena mhéar ar urlár an Teampaill.*

**Slua 1:** Caithimis clocha léi!

*Leanann Íosa leis ag scríobh lena mhéar ar an talamh.*

**Fairisíneach:** Cad atá le déanamh againn leis an mbean seo?

**Slua 2:** Caith clocha léi, caith clocha léi!

*Ullmhaíonn an slua a gcuid 'clocha' agus coinníonn an bhean a ceann cromtha gan tada a rá, mar atá sí ag fanacht lena bhfuil in ann di.*

**Íosa** (*ag seasamh in airde agus ag labhairt i nguth socair*)**:**
An duine agaibh atá gan pheaca, bíodh sé ar an gcéad duine ag caitheamh clocha léi.

*Cromann Íosa síos arís agus leanann sé air ag scríobh ar an talamh lena mhéar.*

*Duine ar dhuine, cuireann na páistí, a bhfuil 'clocha' acu, isteach sa chiseán iad. Siúlann siad ansin go dtí áit eile sa seomra, ionas go bhfágtar Íosa ina aonar leis an mbean.*

**Íosa** (*ina sheasamh arís agus ag labhairt go díreach leis an mbean*)**:**
Cá bhfuil siad? An bhfuil aon duine fágtha chun tú a dhaoradh?

**An Bhean:** Níl aon duine, a dhuine uasail.

**Íosa:** Ná ní dhaoraimse thú ach oiread. Imigh leat agus ná déan peaca arís as seo amach.

# Téama 10: Cóineartú

Ceacht 1: Cumhacht an Spioraid Naoimh .................................. 401
Ceacht 2: Torthaí an Spioraid Naoimh ........................................ 413
Ceacht 3: Deasghnáth an Chóineartaithe .................................. 421
Ceacht 4: Difríocht a dhéanamh i ndiaidh an Chóineartaithe ... 430

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Déantar Cóineartú a cheiliúradh ag amanna éagsúla i bparóistí éagsúla. Ullmhúchán atá sa téama seo chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh agus ba chóir tús a chur leis trí sheachtain sula ndéanann na páistí an sacraimint a cheiliúradh.

## Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Nuair a bhí Íosa glóirithe tar éis a Aiséirí chuir sé a Spiorad chucu siúd a chreid ann (ChEC 690).
- Chuir Íosa aiséirithe An Spiorad Naomh chugainn nuair a baisteadh sinn.
- Bhronn Íosa an Spiorad go fial ar a dheisceabail, mar a bhí geallta ag an Athair (LG 5).

**Rúndiamhair an Spioraid Naoimh**

- Tá an Spiorad Naomh ag obair sa domhan iomlán (GS 22, 38).
- Tá an Spiorad Naomh gníomhach agus i láthair gach áit sa domhan a bhfuil daoine ag obair ar son an chirt, na síochána, cearta daonna agus ag tabhairt aire don chruthú.
- Seo iad bronntanais an Spioraid Naoimh: eagna, tuiscint, breithiúnas cóir, misneach, eolas, cráifeacht agus iontas agus eagla i láthair Dé (Ís 11:2-3; ChEC 1831, 1845).
- Cabhraíonn bronntanais agus cairiosma an Spioraid Naoimh le daoine toil Dé a dhéanamh (LG 7; DV 5; ChEC 768, 1266).
- Seo iad torthaí an Spioraid Naoimh: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, dea-chroí, dílseacht, séimhe agus féinsmacht (ChEC 736, 1832; Gal 5:2-23).

**Rúndiamhair na hEaglaise/Ríochta**

- Tugann an Spiorad Naomh an chumhacht don Eaglais leanúint ar aghaidh le misean Íosa (ChEC 747, 852).

**Traidisiúin Reiligiúnacha Eile**

- Ba chóir go léireofaí meas agus grá dóibh siúd nach bhfuil na cleachtais chéanna reiligiúnacha acu is atá againne (GS 28).
- Níl aon áit san Eaglais do dhaoine a dhéanann leatrom ar dhaoine de bharr a gcine, a ndath nó a reiligiún (NA 5).

### BRIATHAR DÉ

**Urnaí**

- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn urnaí a dhéanamh (ChEC 741, 2630, 2652; Rómh 8:26-27).

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Paidreacha do shearmanas an Chóineartaithe.

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Um Chincís déanann an Eaglais ceiliúradh ar an ngeallúint a thug Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig na haspail chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ar talamh, agus iad ag fanacht lena theacht athuair ar lá an bhreithiúnais.

**Na Sacraimintí**

- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa.
- I ndeasghnáth an Chóineartaithe ungtar an clár éadain le Criosma naofa, leagann an ministéir lámha ar cheann an iarrthóra agus deir na focail seo: 'ungaím tú le bronntanas an Spioraid Naoimh' (ChEC 1295, 1320).
- Úsáideann an Cóineartú na comharthaí seo:

leagan lámh ar an iarrthóir, ungadh, comhartha na síochána (ChEC 1293-96, 1299, 1301).

- Sa Chóineartú séalaítear Críostaithe le bronntanas an Spioraid Naoimh a léiríonn go mbaineann siad le Críost (ChEC 1296).
- Tráth atá sa Chóineartú geallúintí an Bhaiste a thabhairt chun cuimhne agus iad a athnuachan.
- Tugann Íosa Aiséirithe a Spiorad dúinn i sacraimint an Chóineartaithe.
- Bronntanais agus torthaí an Spioraid Naoimh (ChEC 1831, féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí).
- Is é an t-easpag a bhíonn mar mhinistéir ag sacraimint an Chóineartaithe de ghnáth, ach is féidir leis an dualgas seo a thabhairt do shagart más gá. (ChEC 1312).
- Beannaíonn an t-easpag an Criosma naofa don deoise ar fad ag Aifreann an Chriosma ar Dhéardaoin na Comaoineach (ChEC 1297).
-

## MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé**

- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh (ChEC 1697).
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le daoine grá a thabhairt don mhaith agus an t-olc a sheachaint (ChEC 1810).

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Tá gach cineál leatrom, bíodh sé bunaithe ar inscne, cine, dath, coinníol sóisialta, teanga nó reiligiún in aghaidh toil Dé (GS 29).
- Tá misean faoi leith ag an Eaglais do na bochtáin, na heasláin agus iad siúd atá ar an imeall (ChEC 2448).
- Cuir san áireamh: ceisteanna an cheartais sa phobal áitiúil: timpeallacht, eacnamaíocht, cultúir, politiciúil, bonneagair, sóisialta m.sh. cúram na sean, daoine gan dídean, ceisteanna comhionannais, bochtanas, tomhaltachas agus an timpeallacht.
- Staidéar a dhéanamh ar eagraíochtaí a oibríonn ar son na síochána agus an cheartais ar fud an domhain (m.sh. Trócaire, Cumann na Croise Deirge, An Coimisiún Caitliceach ar son an Cheartais, na Síochána agus na hÉiceolaíochta, Lá Idirnáisiúnta na mBan srl).
- Scéalta faoi eiseamláirí áitiúla, fiú daoine ar chomh aois leo féin, a léiríonn na cinntí agus na gníomhartha a fhéadfadh páistí aithris a dhéanamh orthu ina saol morálta féin.
- Cuir san áireamh eiseamláirí a raibh a ngníomhartha morálta frith-chultúrtha (m.sh. ceannairí na sufraigéidí).
- Scéalta faoi Chríostaithe comhaimseartha a mhaireann de réir a gcreidimh reiligiúnacha.

# Ceacht 1: Cumhacht an Spioraid Naoimh

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sular imigh Íosa óna aspail agus filleadh ar neamh, d'iarr sé orthu leanúint ar aghaidh leis an obair a bhí tosaithe aige ar domhan. Bhí a fhios aige gur tasc deacair a bhí sa mhéid seo, ach gheall sé go mbeadh sé i gcónaí leo. Gheall sé freisin go n-iarrfadh sé ar an Athair an Spiorad Naomh a chur chucu le bheith mar chúntóir agus mar threoraí acu.

Tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail ag an gCincís. Líonadh iad go léir leis an Spiorad Naomh agus athraíodh go hiomlán mar dhaoine iad i ndiaidh an eispéiris. Ní raibh eagla orthu a thuilleadh, agus, ina ionad sin, bhí fonn orthu an Dea-Scéal a roinnt go díograiseach agus d'inis siad do dhaoine eile faoi na hiontais a rinne Dia ina saoil agus ar domhan. Thug an Spiorad gach rud dóibh - gach bronntanas – a bhí uathu le maireachtáil mar Chríostaithe. Agus is mór an tionchar a bhí ag na baill seo ón luath Eaglais ar an domhan agus ar gach glúin ó shin i leith.

Gach bliain, ar fhéile na Cincíse, a cheiliúrtar caoga lá tar éis na Cásca, ceiliúrann an Eaglais comhlíonadh an ghealltanais a thug Íosa go seolfadh sé an Spiorad Naomh dá dheisceabail chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ar domhan.

Mar Chríostaithe, creidimid go dtugtar an Spiorad Naomh céanna dúinn ag an mBaisteadh, agus go dtugtar iomláine agus tíolacthaí an Spioraid Naoimh dúinn ag an gCóineartú. Is féidir leis an Spiorad Naomh cabhair agus spreagadh a thabhairt dúinn faoi mar a chuidigh agus a spreag sé lucht leanúna Íosa ó thús.

Chuala na páistí scéal na Cincíse sa chlár *I nGrá Dé* i ranganna a hAon agus a Dó. Scrúdaigh siad tíolacthaí an Spioraid Naoimh go mion i Rang a Cúig. Sa cheacht seo déanaimid athbhreithniú agus cuirimid leis an méid atá ar eolas ag na páistí faoin gCincís agus faoi thíolacthaí an Spioraid Naoimh.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Múintear páistí faoi Shacraimint an Chóineartaithe i Rang a Cúig agus i Rang a Sé. Tá aistriúchán nua ar Dheasghnáth an Chóineartaithe ullmhaithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Bhéarla sa Chorparáid Liotúirge. Níor ghlac Comhdháil Easpagúil na hÉireann leis an aistriúchán nua seo go fóill le húsáid in Éirinn, agus mar sin is é an t-aistriúchán den deasghnáth ó 1978 atá in úsáid in Éirinn faoi láthair agus atá ar fáil i *I nGrá Dé*. B'fhéidir go mbeidh an t-aistriúchán nua ar fáil amach anseo, agus má tá beidh sé ar fáil anseo ar líne. San aistriúchán nua, ainmnítear ceithre cinn de sheacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh go difriúil. Cé nach bhfuil an fhoclaíocht nua do thíolacthaí an Spioraid Naoimh in úsáid go fóill in Éirinn, luaitear iad i lúibíní tar éis an tsean- aistriúcháin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Tíolacthaí an Spioraid Naoimh:** Eagna, Tuiscint, Breithiúnas cóir [Comhairle], Misneach [Neart], Eolas, Urraim [Diagantacht], agus Iontas agus Uamhan i láthair Dé [Eagla an Tiarna].
- **Féile na Cincíse:** Déantar an fhéile seo a cheiliúradh caoga lá tar éis Dhomhnach Cásca. Déanann sí comóradh ar an gcéad Chincís, an lá a tháinig an Spiorad Naomh anuas ar na haspail agus ar dheisceabail eile in Iarúsailéim. Spreag an Spiorad Naomh iad chun an Dea-Scéala a chraobhscaoileadh go poiblí den chéad uair.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den 'Agallamh le Scríbhneoir Sárdhíola' do gach páiste. Tá an t-agallamh le fáil thíos.

# Féachaimis …

## SCÉAL (AGALLAMH)

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is agallamh ficseanúil é an 'Agallamh le Scríbhneoir Sárdhíola' a phléann ábhar na bulaíochta ar scoil agus an chaoi ar dhéileáil páiste amháin leis.

**Nóta:** Beidh cóip den agallamh ag teastáil ó gach páiste.

- Déan na cóipeanna den script a dháileadh ar na páistí.
- Tabhair cuireadh do thriúr páiste an script a léamh os ard. Léifidh páiste amháin an nóta tosaigh, léifidh páiste eile ceisteanna an agallóra ón iris *Réaltsolas*, agus glacfaidh an tríú páiste páirt Siobhán, an t-údar sárdhíola.

### Agallamh le Scríbhneoir Sárdhíola

Tá cáil ar Siobhán Ní Mháille ar fud an domhain as a cuid úrscéalta fantaisíochta. Rugadh agus tógadh i gContae na Mí í, agus anois is cosúil gurb í an bhean Éireannach is saibhre ar an bpláinéad, tar éis na milliúin cóipeanna dá leabhair a dhíol. Nuair a bhuail foireann *Réaltsolas* le Siobhán an tseachtain seo, bhí áthas orainn a fháil amach go bhfuil sí cineálta, dea-bhéasach agus dar nós féin. De réir mar a nochtaigh ár n-agallamh eisiach, ní raibh an saol go breá ag Siobhán nuair a bhí sí ar scoil. Ansin, lá amháin, d'athraigh an méid sin go léir.

**Réaltsolas: Siobhán, gabhaimid buíochas leat as bualadh linn. Nach iontach go bhfuil tú ar ais in Éirinn arís?**
**Siobhán:** Tá, is iontach an rud é a bheith sa bhaile arís. Caithim an chuid is mó de mo chuid ama ag maireachtáil sna Stáit Aontaithe anois.

**Réaltsolas: An iontach an rud é a bheith cairdiúil le líon mór amhránaithe agus aisteoirí cáiliúla?**
**Siobhán:** Tá cairde maithe agam, buíochas le Dia agus chuir go leor daoine fáilte romham. Ach tá go leor cairde agam sa bhaile anseo fós in Éirinn, cuid acu a bhfuil aithne agam orthu ón mbunscoil.

**Réaltsolas: Ar thaitin an bhunscoil leat?**
**Siobhán:** Bhuel, thaitin an scoil liom féin agus bhí múinteoirí an-mhaith agam inti. Ach ní raibh an saol go breá agam ar scoil. I ndáiríre, rinneadh bulaíocht orm.

**Réaltsolas: Tá sin uafásach! Cad a tharla?**
**Siobhán:** Bheul, níor tharla eachtra ar bith. Bítear ag fonóid fúm i gcónaí. Ní raibh an-tóir orm ar scoil. Bhí mé ciúin agus dea-



bhéasach agus ba mhaith liom gearrscéalta a léamh agus a scríobh. Fiú amháin, thógfainn peann luaidhe agus leabhar nótaí amach sa chlós liom ag am lóin agus bheinn ag scríobh nó ag scriobláil, ach stop mé nuair a bhí mé thart ar dheich mbliana d'aois.

**Réaltsolas: Cén fáth ar stad tú?**
**Siobhán:** Toisc go raibh na páistí eile ag fonóid fúm i gcónaí. Ba mhaith le páistí eile ainmneacha a ghlaoch orm, mar shampla 'amadán', 'leadránaí', 'peata an mhúinteora' agus a léithéid. Chuir mé críoch leis an scríbhneoireacht ar fad, ní hamháin i gclós na scoile, toisc go raibh mé chomh tuirseach den magadh. Bhí cruatan an tsaoil ag cur isteach orm.

**Réaltsolas: Bhuel, is léir gur thosaigh tú ag scríobh arís ag am éigin!**
**Siobhán:** Thosaigh mé! Ní raibh ann ach rud amháin a tharla ar lá amháin a d'athraigh gach rud domsa. Is cuimhin liom go maith é. Bhí mé ar scoil agus bhí mé an-íseal i ndáiríre. Bhí na bulaithe thar a bheith go holc liom an tseachtain sin agus ní dhearna mé scríbhneoireacht ar bith, ach bhí an iomarca eagla orm tosú arís ar

• • •

...

eagla go mbeadh siad níos measa. Rinne mé iarracht fanacht sa bhaile an lá sin - dúirt mé le mo mháthair go raibh mé tinn, ach d'áitigh sí go rachainn ar scoil. Agus is cuimhin liom siúl isteach sa seomra ranga an mhaidin sin agus mo cheann a leagan ar an deasc. Bhraith mé mo chorp ar fad a bheith trom agus ídithe. Agus ansin thug mo mhúinteoir, Bean Patel, cailín nua isteach inár rang. Bhí a teaghlach díreach tar éis teacht isteach sa cheantar. Chonacthas go raibh sí an-sásta, agus is cuimhin liom breathnú uirthi agus ag smaoineamh, 'Ba mhaith liom a bheith cosúil léi.' Bhí an t-aon suíochán breise sa rang in aice liom, mar sin d'iarr Bean Patel uirthi suí ann.

**Réaltsolas: Cad a tharla ina dhiaidh sin?**
**Siobhán:** Bhuel, ar ndóigh, d'inis na bulaithe léi neamhaird a thabhairt orm, gur amadán a bhí ionam agus nach mbeinn in ann labhairt léi ar aon nós mar go mbeadh mo cheann greamaithe i leabhar. Mar sin ní raibh mé ag breathnú uirthi fiú. Bhí faitíos orm go mbeabh sí cairdiúil leo agus go ndéanfadh sí fonóid fúm freisin.

**Réaltsolas: Agus an ndearna sí amhlaidh?**
**Siobhán:** Ní dhearna ar chor ar bith! Ag am sosa thosaigh sí ag caint liom agus chuir sí ceisteanna orm fúm féin. Dúirt sí go raibh áthas uirthi toisc gur thaitin liom a bheith ag scríobh, agus dúirt sí liom gan a bheith buartha faoin méid a cheap duine ar bith eile. Bhí an chuma uirthi go raibh sí ciallmhar agus tuisceanach. Ansin, sa chlós, theastaigh ó na cailíní a raibh an-tóir orthu labhairt léi, agus labhair sí leo, ach níor thug sí neamhaird orm. Nuair a dúirt siad léi gur leadránaí a bhí ionam, bhí an-mhisneach aici agus dúirt sí leo nach raibh sé ceart labhairt faoi dhaoine eile mar sin. Ní raibh sí dímheasúil leo ar chor ar bith. D'inis sí leo gur chóir dóibh stopadh. Ní fhéadfaidís é seo a chreidiúint. Ní raibh taithí acu a léithéid a chloisteáil.

**Réaltsolas: Wow! Is cosúil gur cara iontach a bhí inti! Agus, ar thug sí spreagadh duit tosú ag scríobh arís?**
**Siobhán:** Sea, go díreach. Dúirt sí liom nach ceart stop a chur le rud éigin a raibh grá agam dó toisc nár thaitin sé le daoine eile nó nár thuig siad é. Níl a fhios agam cén cumhacht a bhí aici, ach chabhraigh sí liom a bheith an-chróga. Tar éis na comhairle agus an spreagadh sin, ní raibh eagla orm mo leabhar nótaí a thabhairt chuig an gclós níos mó. Ní raibh eagla orm a thuilleadh. Bheartaigh mé, dá ndéanfadh na bulaithe fonóid fúm arís, go ndéarfainn leo fás aníos, nó go ndéarfainn an múinteoir fúthu. Ní raibh eagla orm a thuilleadh a bheith ag scríobh ó shin i leith.

**Réaltsolas: Is cosúil gur athraigh lá amháin do shaol i ndáiríre?**
**Siobhán:** Cinnte! Ní bheinn i mo scríbhneoir dá bhfanfainn sa bhaile an lá sin. B'eispéireas é a d'athraigh mo shaol.

Tar éis do na páistí an scéal/agallamh a chloisteáil, seiceáil a dtuiscint trí cheisteanna cosúil leo seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna **ar leathanach 102 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén fáth a raibh Siobhán in ísle brí sular tháinig an cailín nua chuig an scoil?
- Bhí eagla ar Shiobhán rud áirithe a dhéanamh? Cad é sin?
- Cad a rinne an cailín nua a chabhraigh le Siobhán?
- Cén tionchar a bhí ag gníomhartha an chailín nua ar Shiobhán?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a cheapann tú faoin mbealach ina raibh páistí áirithe ag caitheamh le Siobhán i gclós na scoile? Conas an ndéanfá cur síos ar a gcuid gníomhartha? Cén fáth a gceapann tú go mbíonn daoine ag gníomhú mar sin?
- Cad a cheapann tú faoin gcaoi ar dhéileáil an cailín nua leis na páistí a bhí ag déanamh bulaíochta ar Shiobhán? An gceapann tú go raibh an ceart aici labhairt leo agus a iarraidh orthu stopadh, nó an gceapann tú gur chóir di neamhaird a thabhairt orthu agus leanúint ar aghaidh ag caint le Siobhán? Cén fáth a bhfuil an tuairim sin agat?
- Cad a cheapann tú faoin gcomhairle a thug an cailín nua do Shiobhán?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an gcailín nua - an cineál duine a bhí inti?
- Cad a tharlódh do Shiobhán, dar leat, muna dtiocfadh an cailín nua isteach ina rang an lá úd? Cén slí bheatha a bheadh aici, dar leat?
- An cuimhin leat am nuair a dúirt duine éigin rud éigin duit nó nuair a rinne duine éigin rud éigin duit a raibh tionchar mór aige ort, díreach mar a rinne teacht an chailín nua seo tionchar mór ar Shiobhán? Abair linn faoi sin.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### NÓIMÉAD A D'ATHRAIGH MO SHAOL

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 102 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh smaoineamh ar nóiméad áirithe a bhí an-tábhachtach ina saol agus a scríobh nó a tharraingt faoi sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu chualamar scéal faoi eachtra a d'athraigh an saol do dhuine óg amháin. Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar eachtra a d'athraigh do shaol, nó a raibh tionchar mór aige ort. (*Sos*)

Smaoinigh ar na daoine a bhí in éineacht leat ag an am sin. (*Sos*)

Más eispéireas sona a bhí ann, cén chaoi ar chabhraigh na daoine eile leis sin? (*Sos*)

Más eispéireas deacair nó míshásta a bhí ann, cé a chabhraigh leat? Cén chaoi ar chabhraigh siad? (*Sos*)

Cuimhnigh go bhfuil Dia linn i gcónaí. Bíonn Dia linn nuair a bhíonn an saol go maith againn agus nuair a bhíonn deacrachtaí againn. Bíonn Dia linn agus muid gortaithe agus nuair a bhíonn áthas orainn. Cuirimid fáilte roimh láithreacht Dé leat go ciúin anois. (*Sos*)

A Dhia ghrámhair,
gabhaimid buíochas leat as a bheith linn i gcónaí.
Ná déanaimid dearmad riamh
go mbíonn tú linn nuair atáimid thuas seal agus thíos seal.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Iarr ar na páistí a súile a oscailt.*

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### FAOI AMANNA A ATHRAÍONN ÁR SAOIL

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí cuid de na chuimhneacháin atá acu a d'athraigh an saol acu. B'fhéidir go bhféadfá roinnt chuimhneacháin oiriúnacha ó d'eispéireas féin a roinnt leis an rang.
- Ansin spreag na páistí chun a shamhlú gur ball den dáréag aspal atá iontu, agus ansin smaoinigh ar imeachtaí éagsúla a d'athraigh a saoil (*m.sh. glaoch Íosa orthu; cuid de mhíorúiltí Íosa a fheiceáil; bás Íosa; taispeántaí Íosa tar éis a Aiséirí*).
- Inis do na páistí go raibh an Chincís ar cheann de na ócáidí a d'athraigh saol na naspal. Chuala na páistí scéal na Cincíse roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé*. Tabhair cuireadh dóibh an méid is féidir leo a thabhairt chun cuimhne faoin gCincís a roinnt leis an rang.
- Tabhair cuireadh do pháiste amháin an sainmhíniú ar '**Féile na Cincíse**' a léamh os ard ó na 'Eochairfhocail' **ar lch 102 dá leabhar**.

## AN SCRIOPTÚR NAOFA


### AN CHÉAD CHINCÍS

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht agus tú ag léamh scéal teacht an Spioraid Naoimh ar na haspail ó nGníomhartha na nAspal.

**Teacht an Spioraid Naoimh (Gníomhartha na nAspal 2:1-12, 14, 22, 32-33, 38, 41-42)**

Nuair a tháinig Lá Cincíse bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. Agus de phreib tháinig glór ón spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu; agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh.

Bhí Giúdaigh dhiaganta ó gach cine faoin spéir ag cur fúthu in Iarúsailéim agus nuair a chualathas an glór úd chruinnigh an slua agus iad ar mearbhall de bhrí gur chuala gach duine a theanga féin á labhairt acusan. Bhí ionadh agus alltacht orthu: 'Féach,' ar siad, 'nach Gaililigh iad seo go léir atá ag caint? Conas a tharlaíonn go gcloiseann gach duine againne iad ag labhairt inár dteanga dhúchais féin? Táimid Pairtigh ann agus Méidigh agus Eilimítigh, áitritheoirí na Measpatáime agus Iúdáia agus Chapadóise, agus Phontais agus na hÁise, Frigia agus Paimfíle, áitritheoirí na hÉigipte agus chríocha na Libia thart faoi Chuiréiné, cuairteoirí ón Róimh idir Ghiúdaigh agus iompaithigh, Créitigh agus Arabaigh, agus cloisimid iad seo ag cur síos inár dteangacha féin ar éachtaí Dé.' Bhí alltacht agus mearbhall orthu go léir agus deiridís le chéile: 'Cad is ciall leis



seo?'

Ansin d'éirigh Peadar ina sheasamh i gcuideachta an Aon Duine Dhéag agus labhair leo de ghuth ard: 'A fheara Iúdá,' ar seisean, 'agus a mhuintir uile Iarúsailéim, bíodh a fhios agaibh é seo agus tugaigí cluas dá bhfuil á rá agamsa: "A fheara Iosrael, éistigí leis na briathra seo: Fear ab ea Íosa Nazórach ar thug Dia féin teastas daoibh air leis na míorúiltí agus na héachtaí agus na fearta a rinne Dia tríd fad a bhí sé in bhur measc, mar is eol daoibh féin … Thóg Dia an Íosa seo ó mhairbh, rud a bhfuilimidne go

• • •

...

léir inár bhfinnéithe air. Agus tar éis a ardaithe ar dheis Dé, fuair sé óna Athair an Spiorad a bhí geallta agus dhoirt amach orainne é agus is é sin atá á fheiceáil agus á chloisteáil agaibhse ...

Agus d'fhreagair Peadar iad: 'Déanaigí aithrí,' ar seisean, 'déantar gach duine agaibh a bhaisteadh in ainm Íosa Críost chun maithiúnas na bpeacaí agus glacfaidh sibh tabhartas an Spioraid Naoimh'...

An méid díobh a ghlac lena theachtaireacht, baisteadh iad agus cuireadh tuairim is trí mhíle duine lena líon an lá sin. Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.

Tar éis duit an sliocht a léamh, tástáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna cosúil leo seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar lch 103 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad a chonaic, agus cad a chuala, na haspail a bhailigh le chéile ar Lá Cincíse? Cérbh iad na daoine a bhí sa slua a bhailigh lasmuigh? Cá as a dtáinig siad?
- Cén fáth a raibh ionadh agus mearbhall ar na daoine seo?
- Cén míniú a thug Peadar dóibh faoin méid a tharla? Cad a dúirt sé faoi Íosa?
- Cad a d'iarr Peadar ar an slua a dhéanamh, ionas go dtiocfadh an Spiorad Naomh anuas orthu freisin?
- Cé mhéad duine a baisteadh an lá sin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth go raibh eagla ar na haspail? Cad a chuir a gcuid eagla cosc orthu a dhéanamh?
- Conas a mhothaigh siad nuair a chonaic siad agus nuair a chuala siad an ghaoth agus an tine sa seomra?
- Conas a mhothaigh siad, dar leat, nuair a fuair siad amach go raibh siad in ann labhairt i dteangacha éagsúla? Cá bhfuair siad an chumhacht/an cumas chun a léithéid a dhéanamh?
- Cén chaoi a d'fhéadfadh an ócáid seo athrú a chur ar lucht leanúna Íosa, chomh maith le hathrú a chur orthu siúd a chuala a dteachtaireacht agus a baisteadh an lá sin?

**Tá an scéal faoi theacht an Spioraid Naoimh ar na haspail ar leathanaigh 102-103 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'**

## TUGAIMIS FREAGRA

### DON RÁITEAS Ó 'FIÓNA FIOSRACH'

- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin freagra a thabhairt ar an ráiteas seo a leanas ó 'Fióna Fiosrach'. An aontaíonn siad/nach n-aontaíonn siad leis? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn siad leis? An raibh an smaoineamh céanna riamh acu féin faoin méid a tharla ag an gCincís?

**'Níl mé cinnte ar tharla aon rud neamhghnách sa seomra sin ar an gcéad Chincís. B'fhéidir nach raibh ann ach dallamullóg!'**

- Ansin tabhair cuireadh do na páistí obair i ngrúpaí. Iarr orthu freagra a thabhairt ar an ráiteas ó 'Fióna Fiosrach'. Is féidir leo freagairt trí na cúiseanna a n-aontaíonn siad leis an ráiteas nó na cúiseanna nach n-aontaíonn siad leis a thabhairt.



## AG COMHRÁ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is féidir Gaoth Dé, Spiorad Chríost, Spiorad na Fírinne, Fortaitheoir, Abhcóide, Múinteoir, Treoraí, agus Tabhartas Dé, a thabhairt ar an Spiorad Naomh. Tá an Spiorad Naomh ag obair ar fud an domhain go léir sna háiteanna ina bhfuil daoine ag obair ar son an cheartais, na síochána, chearta an duine agus cúram an chruthaithe.

### FAOI THÍOLACTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

- Cuir i gcuimhne do na páistí, roimh a Pháise agus a bhás, gur gheall Íosa go n-iarrfadh sé ar an Athair an Spiorad Naomh a sheoladh chuig a lucht leanúna ionas, nuair nach mbeadh sé in éineacht leo a thuilleadh, go gcabhródh an Spiorad Naomh leo cuimhneamh ar gach ar mhúin sé, agus go mbeadh sé mar Chúntóir agus mar Threoraí acu. Agus bhí an fianaise ann go raibh rud éigin iontach tar éis titim amach - chreid trí mhíle duine agus baisteadh iad an lá sin.
- Bíodh suaitheadh intinne agat leis na páistí féachaint an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin Spiorad Naomh. (*Seans gur cuimhin leo na teidil seo ar an Spiorad Naomh a fheiceáil i Leabhar na leanaí ó Rang a Cúig: 'Gaoth Dé', 'Spiorad Chríost', 'Spiorad na Fírinne', 'Fortaitheoir', 'Abhcóide', 'Múinteoir', 'Treoraí', 'Tabhartas Dé'*). Seolann Íosa Aiséirithe an Spiorad Naomh chuig gach Críostaí nuair a bhaistear iad. Tá an Spiorad Naomh céanna, a chuidigh leis na haspail agus leis na deisceabail eile, beo agus i láthair le daoine sa lá atá inniu ann, agus linn féin atá baiste. Nuair a fhaighimid Sacraimint an Chóineartaithe, tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn bheith mar fhinné ar Íosa agus chun dul amach agus leanúint lena mhisean ar domhan. Tugann an Spiorad Naomh seacht dtíolacthaí dúinn, chun a chabhrú linn maireachtáil mar is mian le Dia dúinn. Cuidíonn na tíolacthaí seo linn freagra a thabhairt ar thoil Dé.
- Bronntanas is ea an Spiorad Naomh a bhíonn i gcónaí ar fáil. Tá bronntanas an Spioraid Naoimh céanna ag tuismitheoirí agus ag seantuismitheoirí na bpáistí fós acu – an bronntanas a fuair siad ag an gCóineartú.

Tá an cuntas thíos ar sheacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh le fáil **ar leathanach 104 de leabhar na bpáistí freisin.**

**Eagna**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na hEagna do dhaoine le cabhrú leo tuiscint dhomhain a bheith acu ar Dhia agus meas a bheith acu ar rudaí spioradálta. Tuigeann daoine, a ghlacann le tíolacadh na hEagna, nach bhfuil rudaí ábhartha (domhanda) chomh tábhachtach le rudaí spioradálta (rudaí a bhaineann le Dia). Tá na rudaí ábhartha sealadach, ach leanfaidh Dia ar feadh na síoraíochta.

**Tuiscint**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na Tuisceana do Chríostaithe le cabhrú leo aithne níos fearr a chur ar Dhia. Ní féidir linn aithne iomlán a chur ar Dhia mar nach féidir leis an intinn dhaonna rúndiamhair Dé a thuiscint. Ach is féidir linn go leor rudaí a thuiscint faoi Dhia, trí thíolacadh na Tuisceana.

**Breithiúnas Cóir [Comhairle]**
Trí thíolacadh an Bhreithiúnais Chóir, spreagann agus treoraíonn an Spiorad Naomh Críostaithe chun cinntí cearta a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh, go háirithe i gcásanna deacra, nuair nach mbíonn sé éasca an rud ceart a aimsiú agus a roghnú.

**Misneach [Neart]**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Mhisnigh do Chríostaithe le neart a thabhairt dóibh toil Dé a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh. Is minic nach mbíonn sé éasca seasamh suas don rud atá ceart. Is minic freisin a bhíonn diúltú, cáineadh nó dochar le fulaingt againn dá bharr.

**Eolas**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Eolais do Chríostaithe le cabhrú leo eolas agus tuiscint a bheith acu ar fhírinne Dé agus ar phlean Dé, ar bhealach domhain. Is é Dia a nochtann fírinní áirithe faoi féin dúinn – tugaimid an téarma Foilsiú Dé air seo.

**Urraim [Diagantacht]**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh na hUrraime do Chríostaithe le cabhrú leo a ngrá do Dhia a thaispeáint. Bíonn meas mór ag daoine, atá líonta leis an tíolacadh seo, ar Dhia agus is mian leo é seo a thaispeáint, trí bheith rannpháirteach i liotúirgí poiblí na hEaglaise, agus trí bheith ag guí ag amanna éagsúla leo féin.

**Iontas Agus Uamhan I Láthair Dé [Eagla An Tiarna]**
Tugann an Spiorad Naomh tíolacadh an Iontais agus an Uamhain i láthair Dé do Chríostaithe le

cabhrú leo chomh hiontach is atá Dia a thuiscint. Cabhraíonn an tíolacadh seo le daoine aitheantas a thabhairt d'iontais chruthú Dé agus fios a bheith acu gurb é Dia amháin atá foirfe.

Déan comhrá leis na páistí faoi thíolacthaí an Spioraid ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cé acu de na seacht dtíolacthaí a bhí soiléir in Aspail Íosa i ndiaidh na Cincíse?
- An féidir leat smaoineamh ar dhuine a bhfuil aithne agat orthu nó a
- chuala tú futhu a thaispeánann ar an mbealach ina mhaireann siad go bhfuil ceann amháin nó níos mó de thíolacthaí an Spioraid acu? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
- An féidir leat smaoineamh ar ócáid nuair a bheadh tíolacadh an bhreithiúnais chóir ag teastáil? Ar bhraith tú riamh go raibh an tíolacadh sin de dhíth ort? Inis dúinn faoi.
- Conas a thaispeánfadh duine go raibh tíolacadh na hurraime acu? Cad mar gheall ar urraim a thaispeáint do dhaoine eile agus don gcruthú i gcoitinne?
- Cén tíolacadh ón Spiorad Naomh ar mhaith leat go mbeadh níos mó de agat? Cén fáth atá le sin? Conas a cheapann tú go gcuideodh an tíolacadh sin leat maireachtáil níos fearr mar dhuine a leanann Íosa?

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar thíolacthaí An Spioraid Naoimh agus mar is féidir linn iad a fheiceáil uaireanta léirithe go soiléir i saol daoine … tíolacthaí de eagna, tuiscint, breithiúnas cóir, misneach, eolas, urraim, agus iontas agus uamhan i láithreacht Dé. An bhfuil ceann de na tíolacthaí sin atá de dhíth ort i láthair na huaire? Smaoinigh air sin ar feadh nóiméid … Abair le Dia, ag úsáid do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, an tíolacadh is mó a theastaíonn uait … Ag baint úsáid as rithim do anáil féin, iarr ar an Spiorad Naomh an tíolacadh sin a neartú ionat. Agus tú ag análú isteach, abair 'a Spioraid Naoimh', agus tú ag easanálú, abair, 'Tabhair dom do thíolacthaí' … Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AN TÍOLACADH IS FEARR

- Spreag na páistí chun siombail nó íomhá a phiocadh a léiríonn cé acu de thíolacthaí an Spioraid Naoimh is mó atá de dhíth orthu i láthair na huaire. Tabhair cuireadh dóibh an íomhá/siombail seo a tharraingt sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Is féidir leo dathanna nó cruthanna a úsáid ach gan focail a úsáid.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá roinnt eispéireas ann a athraíonn saol an duine. D'fhéadfadh tábhacht ceann díobh seo a bheith soiléir ag an am nó b'fhéidir go dtógfadh sé blianta chun a dtábhacht a bhaint amach. Bhraith deisceabail Íosa go raibh siad tréigthe agus fágtha leo féin ina dhiaidh a Bháis, a Aiséirí agus a Dheascabhála. Ach d'athraigh ócáid na Cincíse an chaoi ar mhair siad lena gcreideamh. In ionad a bheith eaglach, d'éirigh siad cróga agus muiníneach. Roinn siad a gcreideamh go hoscailte agus spreag siad daoine eile le bheith ina lucht leanúna Íosa. Ba é cumhacht an Spioraid Naoimh ba chúis leis an athrú seo. Thug an Spiorad Naomh na tíolacthaí do an deisceabail a bhí ag teastáil uathu chun fíor-shaol an chreidimh a leanúint. Tá an Spiorad Naomh céanna beo agus i láthair inniu i ndaoine atá baiste. Nuair a fhaighimid Sacraimint an Chóineartaithe, neartaítear an Spiorad Naomh ionainn, ionas gur féidir linn, beatha an chreidimh a leanúint ar bhealach nua freisin.

## DÁN

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** B'fhéidir gur tháinig na páistí ar an dán seo agus iad i Rang a Ceathair. Léigh an dán seo do na páistí. **Tá sé le fáil ar lch 105 dá leabhar freisin.**

**An Chincís: Bhí mé ann**
Bhí mé ann nuair a chuir Peadar glas ar an doras.
Bhreathnaigh mé ar mo chairde – ciúin agus gruama,
Gach péire súl go brónach ag caoineadh,
Gach croí briste agus Íosa sa tuama.

Ansin dúirt Aindriú, 'Cuimhnigh ar an loch,
Cuimhnigh mar a shiúil mo dheartháir gan mhoill';
'Tá an ceart agat', arsa Peadar, 'nach orm a bhí deifir,
Agus leath slí trasna, bhí mé ag dul go tóin poill!'

Ansin scaip an comhrá timpeall an tseomra
Le scéalta á n-insint ó laethanta fadó
Lobhair á leigheas, fear buile go ciúin,
Fear dall anois ar a sháimhín só.

Na páistí geanúla, saighdiúir lán dóchais,
Bacach go háthasach ag siúl i gceart.
Agus anois le croíthe líonta le haoibhneas
Amach leo ag scaipeadh Dea-Scéala le neart.

Bhí mé ann agus croíthe dúnta go brónach,
Ach osclaíodh iad - mar a bhí geallta.
Shuigh mé i mo thost sa seomra uachtair.
Bhí mé ann an lá sin, agus Íosa i mo theannta.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, tabhair cuireadh dá freagraí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- Conas a dhéantar cur síos ar an atmaisféar sa seomra ag tús an dáin? Cad iad na focail a chuidíonn linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a raibh na daoine sa seomra ag mothú?
- Cad iad na scéalta óna gcuid ama le hÍosa a thug siad chun cuimhne agus a roinn siad lena chéile? An dóigh leat go bhféadfadh na cuimhní sin spreagadh a thabhairt dóibh? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfadh?
- Ní luann an dán go sonrach an nóiméad nuair a tháinig an Spiorad Naomh orthu siúd a bhí sa seomra, ach tá dhá líne ann a thugann le tuiscint gur tharla rud éigin neamhghnách a d'athraigh meoin an ghrúpa. Cén dá líne atá i gceist? Cad iad na mothúcháin nua a bhí acu in ionad a gcuid brón?
- Deir an líne dheireanach den dán, 'Bhí mé ann an lá sin, agus Íosa i mo theannta.' Cén fáth, dar leat, go ndeir an file go raibh Íosa ann?

## GNÍOMHAÍOCHT

### CÉN TÍOLACADH?

- Tosaigh trí a chur in iúl do na páistí gurb é an Spiorad Naomh céanna a spreag na haspail chun rith amach agus teachtaireacht Íosa 'a thabhairt chun na sráide' agus an Spiorad Naomh a chónaíonn iontu, agus a neartaíonn iad i Sacraimint an Chóineartaithe.
- Ansin léigh na cásanna seo a leanas do an leanaí agus tabhair am dóibh machnamh agus labhairt le chéile i mbeirteanna faoi cén tíolacadh ón Spiorad Naomh a bheadh ag teastáil chun cinneadh maith a dhéanamh i ngach cás.
- Ina dhiaidh sin, tabhair cuireadh do pháistí deonacha a gcuid freagraí a roinnt leis an rang.

**Cás 1:** Tá tú ar do ghuthán, ag úsáid na meáin shóisialta, nuair a thagann íomhá de dhuine i do rang ar an scáileán. Tá duine éigin tar éis tarraingt ar a (h)aghaidh, ag cur adharca, cluasa móra agus fáinne mór timpeall a s(h)rón. Tá an focal 'BÓ' i litreacha móra faoin íomhá, in éineacht leis an teachtaireacht seo: 'Déan é seo a roinnt leis an oiread daoine eile agus is féidir leat!' Feiceann tú go bhfuil an íomhá roinnte ag go leor de do chairde cheana féin. Ní thaithníonn sé seo leat, agus tá trua agat don duine a bhfuil a (h)íomhá á thaispeáint ar an mbealach seo, ach ní theastaíonn uait a bheith ar an t-aon duine amháin nach bhfuil páirteach ann. Cén tíolacadh/tíolacthaí ón Spiorad Naomh a chabhróidh leat cinneadh maith a dhéanamh?

**Cás 2:** Tagann an cara is fearr leat anonn chuig do t(h)each agus insíonn sé/sí duit gur ghoid sé/sí toitín as mála láimhe a m(h)amaí. Deir do chara gur féidir libh triail a bhaint as le chéile. Níor ól tú tobac riamh roimhe seo agus ba mhaith leat triail a bhaint as, ach chuala tú go leor rudaí faoi chaitheamh tobac agus cé chomh dona is atá sé duit. Cén tíolacadh/tíolacthaí ón Spiorad Naomh a chabhróidh leat cinneadh maith a dhéanamh?

**Cás 3:** Dúisíonn duine éigin a bhfuil cónaí ort leis/léi tú go luath maidin Domhnaigh amháin agus deir leat go bhfuil sé in am don Aifreann. Tá tú tuirseach agus ní theastaíonn uait dul ar Aifreann. An t-aon rud a d'fhéadfá a dhéanamh ná bréag a insint agus a rá go bhfuil tú tinn. Cén tíolacadh/tíolacthaí ón Spiorad Naomh a chabhróidh leat cinneadh maith a dhéanamh?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh ochtar léitheoir.*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár ngúí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo, chuimhníomar ar scéal na Cincíse agus ar na bronntanais a thug an Spiorad Naomh do na céad deisceabail. Tugtar na bronntanais/tíolacthaí chéanna dúinn ag an mBaisteadh, agus séalaítear iad ag an gCóineartú. Éistimis anois leis an méid a deir Naomh Pól faoi na tíolacthaí a thugann an Spiorad do lucht leanúna Íosa.

**Léitheoir 1:** Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

*Tá tíolacthaí difriúla ann ach an t-aon Spiorad amháin; tá feidhmeannais difriúla ann ach an t-aon Tiarna amháin; agus tá oibreacha difriúla ann ach is é an Dia céanna a bhíonn á n-oibriú go léir in gach ceann riamh acu. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad in gach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é. Mar shampla faigheann duine amháin labhairt go heagnaí ón Spiorad agus faigheann duine eile labhairt go feasach ón Spiorad céanna. Faigheann duine eile creideamh tríd an Spiorad céanna, agus duine eile buanna leighis tríd an aon Spiorad. Faigheann duine eile cumas míorúiltí agus duine eile fós bua na tairngreachta agus duine eile arís na spioraid a aithint ó chéile. Bíonn teangacha éagsúla ag duine amháin agus míniú teangacha ag duine eile. Ach is é an Spiorad ceanann céanna a bhíonn ag oibriú sna tíolacthaí seo uile agus é ag dáil ar gach duine faoi leith de réir mar is áil leis féin.* (1 Corantaigh 12:4-11)

Briathar an Tiarna
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Cabhraíonn Spiorad Naomh Dé linn chun guí a dhéanamh. Guímid anois, ag iarraidh ar an Spiorad a bheith linn, chun cabhrú linn, agus chun fás níos mó ionainn. Is é an freagra ar gach paidir ná: *A Spioraid Naoimh, tar chugainn.*

**Léitheoir 2:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh na hEagna dúinn. Cabhraigh linn rudaí a fheiceáil mar a fheiceann Dia iad. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 3:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh na Tuisceana dúinn. Cabhraigh linn eolas níos fearr a chur ar Dhia agus grá a thabhairt dó. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 4:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh an Bhreithiúnais Chóir dúinn. Cabhraigh linn cinntí cearta a dhéanamh, fiú nuair atá sé deacair. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 5:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh an Mhisnigh dúinn. Cabhraigh linn a bheith cróga agus seasamh don rud atá ceart, agus a fhios againn go bhfuil tú linn. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 6:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh an Eolais dúinn. Cabhraigh linn an méid is féidir linn a fhoghlaim faoi Dhia, ionas gur féidir linn grá níos mó a thabhairt dó. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 7:** A Spioraid Naoimh, tabhair tíolacadh na hUrraime dúinn. Cabhraigh linn meas a léiriú dúinn féin, do Dhia, don domhan cruthaithe agus dá chéile. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Léitheoir 8:** A Spioraid Naoimh, tabhair Iontas agus Uamhan i láthair Dé dúinn. Cabhraigh linn meas a bheith againn ar an domhan iontach ina mairimid, agus a thuiscint gurb é Dia an Cruthaitheoir a chruthaigh é go léir. A Spioraid Naoimh, bí linn.
**Gach duine:** A Spioraid Naoimh, tar chugainn.

**Múinteoir:** Guímis le chéile.
**Gach duine:** A Spioraid Dé, ár Múinteoir agus ár dTreoraí,
Tar chugainn agus tabhair do thíolacthaí dúinn.
Cabhraigh linn iad a úsáid chun freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Torthaí an Spioraid Naoimh

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Mar chuid dá mhinistreacht scríobh Naomh Pól go leor litreacha fada chuig creidmhigh nua-bhaiste a bhí ag maireachtáil sa phobal luath-Chríostaí. Ina litir chuig an daoine a chónaigh sa Ghaláit (Galataigh) scríobh sé arís agus arís eile an méid a dúirt sé leo nuair a bhuail sé leo go pearsanta - conas maireachtáil mar Chríostaithe. Dúirt Naomh Pól leo, nuair a bhíonn an Spiorad gníomhach i nduine, go mbíonn na tréithe seo a leanas le feiceáil: 'grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, dea-chroí, dílseacht, láchas agus measarthacht' (Galataigh 5:22-23). Inniu, tugaimid torthaí an Spioraid Naoimh ar na tréithe pearsanta seo.

Scrúdaíonn an ceacht seo torthaí an Spioraid agus tugann sé deis do na páistí machnamh cruthaitheach a dhéanamh ar an gcaoi d'fhéadfaí na torthaí seo a chur in iúl ina saol féin. Tugann sé samplaí oiriúnacha do na páistí freisin de dhaoine a bhfuil an Spiorad Naomh gníomhach iontu, agus spreagann sé na páistí chun torthaí an Spioraid Naoimh a aithint sna scéalta futhu. B'fhéidir go ndearna na páistí staidéar ar thorthaí an Spioraid Naoimh cheana féin i Rang a Cúig.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Torthaí an Spioraid Naoimh:** Nuair a ghlacann duine le tíolacthaí an Spioraid Naoimh, is féidir linn torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil ag gníomhú ina saol. Is iad torthaí an Spioraid Naoimh ná: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Naoi mbileog de pháipéar A4. Scríobh ainm gach 'toradh' an Spioraid Naoimh ag barr gach leathanach: Grá, Lúcháir, Síocháin, Foighne, Cineáltas, Maitheas, Uaisleacht, Dílseacht, Féinsmacht
- Cóip den teimpléad 'Torthaí an Spioraid Naoimh'. Gearr amach na naoi luaschárta de gach ceann de na 'torthaí'
- Go leor cóip den teimpléad 'Torthaí an Spioraid Naoimh' ionas go bhfaighidh gach páiste ceann de na luaschártaí. Tá naoi luaschárta ar an teimpléad. Gearr amach iad agus fill na luaschártaí ina dhá leath agus cuir i gciseán/coimeádán iad
- Bataí gliú

# Féachaimis ...

**'FÉACH AN CHAOI A BHFUIL GRÁ ACU DÁ CHÉILE'**

Inis do na páistí go gcuireann an Soiscéal de réir Eoin in iúl dúinn faoi bhealach amháin ar cheart dúinn a bheith in ann a fháil amach an Críostaí duine nó nach ea – de réir an grá atá acu do dhaoine eile.

Ansin dírigh aire na bpáistí chuig 'Féach an chaoi a bhfuil grá acu dá chéile!' **ar leathanach 106 dá leabhar**, áit ar féidir leo a léamh faoi chuid de na bealaí ina léirigh baill den phobal luath-Chríostaí an grá a bhí acu dá chéile.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Inniu chaitheamar roinnt ama ag smaoineamh ar an gcaoi ina bhfuil Críostaithe aitheanta mar gheall ar an ngrá a thaispeánann siad do dhaoine eile. Dúirt Íosa lena lucht leanúna go mbeadh a fhios ag daoine gurbh iad a dheisceabail dá mbeadh grá acu dá chéile. Le chéile, guímid go mbeadh a fhios ag daoine gur leantóirí Íosa muid toisc go dtugaimid grá do dhaoine eile.

Is é an freagra ar na paidreacha inniu ná: *Go mbeadh an grá mar chomhartha aitheantais againn.*

**Léitheoir 1:** Smaoinímid ar na daoine a chónaíonn linn. Go gcaithimid leo le cúram, cineáltas agus meas i gcónaí.
**Gach duine:** Go mbeadh an grá mar chomhartha aitheantais againn.

**Léitheoir 2:** Smaoinímid ar ár dteaghlach sínte - ár n-aintíní agus a n-uncail, ár gcomhghaolta agus ár seantuismitheoirí. Go dtabharfaimid grá agus fáilte rompu i gcónaí.
**Gach duine:** Go mbeadh an grá mar chomhartha aitheantais againn.

**Léitheoir 3:** Smaoinímid ar ár gcairde - cairde anseo ar scoil agus cairde sa bhaile. Go gcaithimid go maith leo i gcónaí.
**Gach duine:** Go mbeadh an grá mar chomhartha aitheantais againn.

**Léitheoir 4:** Smaoinímid ar ár bpobal áitiúil - daoine a chónaíonn gar dúinn anseo i ________________ (*ainm na háite ina bhfuil do scoil lonnaithe*). Go mbeidh meas againn i gcónaí ar ár gcomharsana, agus cúram dár gceantar áitiúil.
**Gach duine:** Go mbeadh an grá mar chomhartha aitheantais againn.

**Múinteoir:** A Dhia ár nAthair,
cuidigh linn a thaispeáint go bhfuil Íosa, do Mhac, á leanúint againn.
Go mbeidh grá do dhaoine eile agus don domhan mar chomhartha aitheantais againn.
Seol do Spiorad Naomh chugainn chun cabhrú linn maireachtáil mar dheisceabail Íosa. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Bhí ceacht breise ar an Spiorad Naomh sa chlár *I nGrá Dé* do Rang a Cúig, agus ba do pháistí a raibh Sacraimint an Chóineartaithe ceiliúrtha acu cheana féin é. Rinne an ceacht sin scrúdú ar thorthaí an Spioraid Naoimh. Mar sin b'fhéidir nach bhfuil ainmneacha torthaí an Spioraid Naoimh agus roinnt eilimintí eile den gceacht seo ar eolas ag páistí an ranga.

## GNÍOMHAÍOCHT TOBSMAOINTEOIREACHTA

### TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

**Nóta:** Beidh naoi mbileog de pháipéar A4 ag teastáil don ghníomhaíocht seo. Scríobh ainm gach ceann de na naoi 'torthaí' den Spiorad Naomh ag barr gach leathanaigh: **Grá, Lúcháir, Síocháin, Foighne, Cineáltas, Maitheas, Uaisleacht, Dílseacht, Féinsmacht.**

- Tosaigh trí na focail seo ó Íosa, ón Soiscéal de réir Eoin, a thabhairt chun cinn: 'As sin a bheidh a fhios ag cách gur deisceabail liomsa sibh má bhíonn grá agaibh dá chéile' (Eoin 13:35).
- Mínigh ansin go ndeachaigh Naomh Pól níos faide ná seo ag tabhairt le tuiscint, má táimid oscailte do thíolacthaí an Spioraid Naoimh inár saol, beidh daoine in ann, ní amháin 'grá' a fheiceáil, ach cáilíochtaí eile ionainn freisin. Tosaíonn na cáilíochtaí seo ag fás ionainn nuair atáimid treoraithe ag tíolacthaí an Spioraid Naoimh agus nuair a ligimid don Spiorad Naomh oibriú trínn. Tugtar **torthaí an Spioraid Naoimh** ar na cáilíochtaí seo. Cosúil le torthaí a fhásann ar chrann, fásann torthaí an Spioraid Naoimh inár saol de réir mar a leanaimid orainn bheith ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orainn. (Má tá torthaí an Spioraid Naoimh foghlamtha cheana féin ag na páistí i Rang a Cúig, féach cé mhéad de na torthaí is féidir leo a ainmniú.)
- Ansin iarr ar pháiste an t-alt dar teideal 'Torthaí an Spioraid Naoimh' **ar leathanach 107 dá leabhar**, a léamh os ard.
- Anois roghnaigh an bileog páipéir leis an bhfocal 'Cineáltas' scríofa ar a bharr agus iarr ar na páistí smaoineamh ar an gcaoi a léireodh duine eile (páiste scoile cosúil leo féin, b'fhéidir) cineáltas i leith daoine eile (*m.sh. trí ghníomh maith a dhéanamh do dhaoine scothaosta; trí chabhrú le duine atá deacracht acu lena gcuid obair scoile; trí chuireadh a thabhairt do dhuine atá fágtha ar lár chun páirt a ghlacadh i gcluiche*). Scríobh síos moltaí na bpáistí ar an leathanach.
- Ansin roinn na páistí in ocht ngrúpa agus dáil amach ceann de na hocht leathanach atá fágtha ar gach grúpa. Iarr ar na páistí an ghníomhaíocht chéanna do thoradh an Spioraid Naoimh atá ainmnithe ar a leathanach, a chríochnú, is é sin, tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh duine toradh an Spioraid Naoimh sin a thaispeáint ina s(h)aol.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh do gach grúpa a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### CRANN LE TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

- Déan athbhreithniú ar thorthaí an Spioraid Naoimh tríd an gcluiche spraíúil seo, áit a mbíonn torthaí an Spioraid Naoimh le feiceáil ar an gcrann.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH I nGNÍOMH

- Tosaigh trí mheabhrú do na páistí, má ligimid don Spiorad Naomh a bheith gníomhach inár saol, fásfaidh torthaí an Spioraid Naoimh ionainn. Beidh na 'torthaí' nó na rudaí maithe sin – cosúil le síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, srl. – le feiceáil dúinn féin agus do dhaoine eile.
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 107 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh duine a aithint agus a scríobh faoi, a cheadaigh do thíolacthaí an Spioraid Naoimh a bheith torthúil ina saol. Is féidir cuardach a dhéanamh ar an idirlíon nó i sean-nuachtáin chun samplaí de dhaoine den chineál sin a fháil. Tá ceannlínte nuachtáin ar an leathanach céanna dá leabhar a dhíríonn aire ar an gcineál scéalta a d'fhéadfadh a bheith á lorg acu. Spreag na páistí a bpróifílí a roinnt leis an gcuid eile den rang ag deireadh na gníomhaíochta.

**Nuair a bheidh an méid thuas críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' ar leathanach 108 dá leabhar.**

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin.

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar na scéalta atá díreach cloiste agaibh - samplaí de ghrá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht … Cé acu de na scéalta a chuala sibh is cumhachtaí? Cén fáth a ndeachaigh scéal an duine sin i bhfeidhm ort? Smaoinigh air sin ar feadh nóiméid … Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, inis le Dia faoi ... Cad iad na bealaí ina bhféadfá cáilíochtaí cosúil leis an duine sin a thaispeáint i do shaol féin? … Iarr ar an Spiorad Naomh a bheith in éineacht leat, chun tú a spreagadh, agus torthaí an ghrá, na lúcháire, na síochána, na foighne, an chineáltais, na maitheasa, na huaisleachta, na dílseachta agus na féinsmachta a thaispeáint tríd an méid a dhéanann tú agus a deir tú … Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

## GNÍOMHAÍOCHT RÓLIMEARTHA

### CÉN TÍOLACADH?

**Nóta:** *Sula dtosaíonn tú déan cóip den teimpléad thíos, a bhaineann le 'Torthaí an Spioraid Naoimh'. Tá naoi luascárta ar an teimpléad a ainmníonn gach ceann de 'thorthaí' an Spioraid Naoimh. Beidh ort iad seo a ghearradh amach ionas gur féidir leat ceann a thabhairt do gach grúpa den naoi ngrúpa páistí.*

- Roinn na páistí i naoi ngrúpa.
- **Sula dtugann tú luascárta amháin do gach grúpa**, abair leis na páistí nach ceart dóibh a gcuid luascárta a thaispeáint d'aon cheann de na grúpaí eile, mar is gníomhaíocht a bhaineann le cluiche buille faoi thuairim chomh maith le dráma/rólimirt a bheidh ar siúl.
- Ansin mínigh do na páistí gur mhaith leat go smaoineodh siad ar chás ina bhféadfaí an 'toradh' atá acu a fheiceáil agus ansin é a léiriú i ndráma beag don chuid eile den rang. Tar éis gach rólimirt, caithfidh an chuid eile den rang buille faoi thuairim a thabhairt ar an 'toradh' a bhí i gceist.
- B'fhéidir gur mhaith leat tosú le sampla: Má tá an luascárta ag an ngrúpa a bhaineann le 'foighne', d'fhéadfadh siad rólimirt a chur i láthair ina mbíonn siblín níos sine ag imirt cluiche le siblín níos óige, agus imríonn siad an cluiche arís agus arís eile toisc go mbaineann an siblín níos óige an-taitneamh as.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is féidir daoine a aithint mar Chríostaithe ar roinnt bhealaí, mar shampla, d'fhéadfadh Caitlicigh cros a chaitheamh timpeall a muineál, seans go bhfeicfear iad ag dul ar Aifreann, nó iad féin a bheannú agus iad ag dul thar séipéal. I Litir Naomh Pól chuig na Galataigh, dúirt sé go n-aithneodh daoine eile lucht leanúna Íosa dá mbeidís ag maireachtáil lán le grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht. Tugtar torthaí an Spioraid Naoimh orthu seo. Gach lá, bíonn go leor deiseanna againn torthaí an Spioraid Naoimh a thaispeáint agus a chur ag fás inár saol.

## GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

### CUIR AN CISEÁN AR AGHAIDH

**Nóta:** *Sula dtosaíonn tú déan naoi gcóip den teimpléad thuas 'Torthaí an Spioraid Naoimh'. Ansin gearr amach naoi luascharta do gach ceann de na torthaí. Ba chóir duit go leor luaschartaí a dhéanamh i dtreo is go mbeidh ceann an duine ag gach páiste. Déan na luaschartaí a fhilleadh agus cuir sa chiseán iad.*

- Tosaigh trí thorthaí an Spioraid a thabhairt chun cuimhne. Cuir i gcuimhne na bpáistí, de réir mar a bhíonn an Spiorad Naomh neartaithe iontu, b'fhéidir go bhfeicfidh siadsan freisin torthaí an Spioraid ag éirí gníomhach (nó ag fás) ina saol.
- Ansin cuir an ciseán thart. Tabhair cuireadh do na páistí ceann de na 'torthaí' a thógáil as agus é a choimeád (gan é a oscailt) ina lámha.
- Nuair a bhíonn luaschárta roghnaithe ag gach páiste, tabhair cuireadh dóibh é a oscailt agus machnamh ciúin a dhéanamh air, chun a fháil amach conas is féidir leo an toradh sin a thaispeáint ina saol, sa bhaile nó ar scoil.
- Tabhair nóiméad suaimhneach do na páistí chun machnamh a dhéanamh.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### TORADH AN SPIORAID I NGNÍOMH

**Nóta:** *Beidh bataí gliú ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.*

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 108 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh an luaschárta a thóg siad ón gciseán a ghreamú ar leathanach sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach. Ar an leathanach céanna is féidir leo alt a scríobh faoin gcaoi a ndéanfaidh siad iarracht an toradh sin a thaispeáint i ngníomh sna laethanta agus sna seachtainí amach romhainn. Nó, b'fhéidir go roghnóidh siad pictiúir agus/nó siombailí a úsáid chun a gcuid smaointe a léiriú.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo chualamar faoi thorthaí an Spioraid Naoimh. Is iad seo na cáilíochtaí a fheicfidh daoine eile ionainn má ligimid do thíolacthaí an Spioraid Naoimh ár bhfocail agus ár ngníomhartha a threorú.

Iarraimid ar Dhia inniu, a Spiorad a chur chugainn, ionas go mbeimid lán le grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

Tógfaimid roinnt ama anois chun breathnú siar ar an tseachtain seo caite, agus machnamh a dhéanamh ar cén áit agus cén uair a léiríomar torthaí an Spioraid Naoimh inár saol. B'fhéidir go bhfaighimid amach go bhfuil cuid de na torthaí an-éasca a fheiceáil inár bhfocail agus inár ngníomhartha, agus nach bhfuil torthaí eile chomh sofheicthe leo siúd nó nach bhfuil ann ar chor ar bith.

Bí compordach ar do chathaoir agus, nuair atá tú réidh, dún do shúile. (*Sos*)

Tóg anáil dhomhain isteach ... (*Sos*)
Agus amach… (*Sos*)

Le seachtain anuas, ar ghníomhaigh tú le grá sa bhaile, ar scoil agus i do phobal áitiúil? (*Sos*)
An raibh sé deacair grá a thaispeaint do dhaoine eile, do Dhia agus duit féin? (*Sos*)

I rith na seachtaine seo caite, ar bhraith tú lúcháireach? Agus ar roinn tú an lúcháir sin le daoine eile? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair a bheith lúcháireach, amanna nuair a mhothaigh tú brónach? (*Sos*)

Sa tseachtain seo caite, an ndearna tú iarracht a bheith síochánta le daoine eile? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair a bheith síochánta le daoine eile? Cén fáth a bhí le sin? (*Sos*)

Le seachtain anuas, an raibh tú foighneach - leat féin agus le daoine eile? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé ró-dheacair a bheith foighneach le rud éigin nó le duine éigin? (*Sos*)

Le seachtain anuas, an raibh tú cineálta le daoine eile, leat féin agus leis an domhan? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair a bheith cineálta? Cén fáth a bhí le sin? (*Sos*)

Le seachtain anuas, an raibh tú go maith duit féin agus do dhaoine eile? (*Sos*) An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair a bheith i do dhuine maith? (*Sos*)

Le seachtain anuas, an raibh tú uasal leat féin agus le daoine eile? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair caitheamh le daoine eile go huasal, ag ligean dóibh an spás agus an t-am a theastaigh uathu? (*Sos*)

Le seachtain anuas, an raibh tú dílis do dhaoine eile? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair a bheith dílis, nuair a rinne tú feall orthu ar bhealach éigin? (*Sos*)

Le seachtain anuas, ar léirigh tú féinsmacht? (*Sos*)
An raibh amanna ann nuair a bhí sé deacair smacht a choinneáil ort féin, mar shampla nuair a bhí tú feargach nó crosta? (*Sos*)

A Spioraid Dé, tar chugainn.
Cuidigh linn a thaispeáint lenár bhfocail agus lenár ngníomhartha go bhfuil tú beo inár gcroíthe.
Go mbeimid mar eiseamláir do dhaoine eile,
agus go spreagfaidh beatha Críostaithe eile muid.
Déanaimid an phaidir seo trí Chríost, ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Deasghnáth an Chóineartaithe

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Cabhraíonn na heilimintí éagsúla i liotúirge an Chóineartaithe linn tuiscint a fháil ar nádúr agus ar bhrí na sacraiminte: fógairt an Bhriathair; ag glaoch as a (h)ainm; athnuachan ghealltanais an Bhaiste; leagan lámh agus glaoch ar an Spiorad Naomh; ungadh le criosma; láithreacht an Phobail Chríostaí; láithreacht an easpaig nó ceiliúraí/ceiliúraithe eile; ceiliúradh na hEocairiste.

Tar éis Liotúirge an Bhriathair, glaotar ainmneacha na n-iarrthóirí agus tagann gach ceann acu ar aghaidh lena c(h)airde as Críost. Sa homaile tugann an ceiliúraí (easpag nó sagart) míniú gairid ar bhrí an Chóineartaithe. Ansin leanann athnuachan ghealltanais an Bhaiste. Tar éis cuireadh a thabhairt chun guí a dhéanamh, leagann an ceiliúraí agus na sagairt in éineacht leis a lámha ar na hiarrthóirí (trí leathnú a lámha os a gcionn). Glaonn an ceiliúraí ar an Spiorad Naomh, agus tagann na hiarrthóirí ina n-aonair le bheith ungtha le criosma. Leanann an ghuí chomhchoiteann, nó guí an phobail an t-ungadh, agus ansin leanann an tAifreann mar is gnách. Scrúdaíonn an ceacht seo na gnéithe éagsúla de Cheiliúradh an Chóineartaithe.

D'fhoghlaim na páistí faoi Shearmanas an Chóineartaithe i Rang a Cúig. Is cuma an bhfuil nó nach bhfuil na páistí ag ullmhú chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh i mbliana, ba chóir an ceacht seo a chríochnú. Má tá Sacraimint an Chóineartaithe ceiliúrtha ag na páistí i Rang a Cúig, is féidir leo machnamh a dhéanamh ar an sacraimint i bhfianaise an ábhair atá ar fáil sa cheacht seo.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Múintear páistí faoi Shacraimint an Chóineartaithe i Rang a Cúig agus i Rang a Sé. Tá aistriúchán nua ar Dheasghnáth an Chóineartaithe ullmhaithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Bhéarla sa Chorparáid Liotúirge. Níor ghlac Comhdháil Easpagúil na hÉireann leis an aistriúchán nua seo go fóill le húsáid in Éirinn, agus mar sin is é an t-aistriúchán den deasghnáth ó 1978 atá in úsáid in Éirinn faoi láthair agus atá ar fáil i *I nGrá Dé*. B'fhéidir go mbeidh an t-aistriúchán nua ar fáil amach anseo, agus má tá beidh sé ar fáil anseo ar líne. San aistriúchán nua, ainmnítear ceithre cinn de sheacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh go difriúil. Cé nach bhfuil an fhoclaíocht nua do thíolacthaí an Spioraid Naoimh in úsáid go fóill in Éirinn, luaitear iad i lúibíní tar éis an tsean- aistriúcháin.

## EOCHAIRFHOCAIL

- **Iarrthóir ar Chóineartú:** Téarma don duine baiste atá ag ullmhú le Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh.
- **Ola Chriosma:** An ola a bheannaíonn an t-easpag le linn Aifreann an Chriosma, Déardaoin Mandála. Ina dhiaidh sin, úsáidtear an ola seo le linn cheiliúradh an Bhaiste agus an Chóineartaithe sa deoise i rith na bliana. Úsáidimid ola Chriosma ag an mBaisteadh, ag an gCóineartú agus ag oirniú sagart agus easpag.
- **Ainm Cóineartaithe:** Ainm a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú. Is comhartha é go bhfuil sé/sí réidh le maireachtáil ar bhealach nua. Molaimid ainm naoimh a roghnú mar ainm Cóineartaithe, mar taispeánann na naoimh dúinn conas maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.
- **Cara as Críost don iarrthóir ar Chóineartú:** Duine a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú, chun tacú leis/léi Íosa a leanúint. B'fhearr go roghnódh an t-iarrthóir ar Chóineartú an t-athair baistí nó an mháthair bhaistí chun a bheith mar chara as Críost aige/aici. Ach is féidir le duine ar bith atá os cionn sé bliana déag d'aois, agus a chleachtann an creideamh Caitliceach, a bheith mar chara as Críost don Chóineartú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Péint dhearg; pláta beag; bileog mhór páipéir ealaíne (A1/A2) a bheidh spás ann do lámhphriontaí na bpáistí uile; uisce te agus gallúnach
- Péint oráiste agus péint bhuí agus spúinse - chun an póstaer a chríochnú ón am urnaí nuair a bheidh an péint dhearg triomaithe

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### SUÍOMHANNA FÉIDEARTHA RÓLIMEARTHA

- Tosaigh trí iarraidh ar na páistí an míniú ar an bhfocal 'dearbhaigh' a chuardach. Bí ar tóir sainmhínithe nach mbaineann leis an sacraimint (m.sh. an fhírinne a bhaineann le rud éigin a thaispeáint).
- Ansin roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus léigh na cásanna seo a leanas ceann ar cheann dóibh. Mínigh go bhfuil gach cás ag iarraidh deimhniú a fháil. Iarr ar na páistí rólimirt a dhéanamh ar gach cás agus *gan* an focal 'dearbhaigh' a úsáid. Tabhair nóiméad amháin do na páistí chun gach rólimirt a chríochnú.
- Nuair a bheidh gach rólimirt críochnaithe ag na páistí, iarr ar gach grúpa focal amháin a ghlaoch amach a d'úsáid siad in ionad 'dearbhaigh' (m.sh. 'déan cinnte', 'seiceáil', 'bunaigh'). Scríobh na focail sin ar an gclár bán/dubh. **NB: Ná scrios na focail seo mar beidh siad ag teastáil don chéad ghníomhaíocht eile.**

**Cás 1**
Carachtar 1: An príomhoide
Carachtar 2: An múinteoir
Carachtar 3: Rúnaí na scoile

Iarrann an príomhoide ar rúnaí na scoile seiceáil a dhéanamh ar cé mhéad páiste atá i ngach rang an lá sin. Insíonn gach múinteoir don rúnaí cé mhéad páiste atá i láthair ag 9:30 a.m. Ag 10:00 a.m. téann an príomhoide chuig gach rang agus iarrann sé/sí ar an múinteoir a dhearbhú go bhfuil an líon céanna páiste sa rang anois.

**Cás 2**
Carachtar 1: Séarlait
Carachtar 2: Aisling
Carachtar 3: Athair Shéarlait

Is col ceathracha iad Séarlait agus Aisling. Is maith leo a bheith ag imirt cluichí i gcoinne a chéile ar líne. Fiafraíonn athair Shéarlait di cén leibhéal atá bainte amach ag Aisling sa chluiche nua atá á imirt acu. Nuair a bhuaileann athair Shéarlait le Aisling, iarrann sé uirthi an leibhéal atá sroichte aici a dhearbhú.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá sé an-tábhachtach go gcuirtear Sacraimint an Chóineartaithe i láthair na bpáistí mar sacraimint a iarrann ar na páistí cinneadh a dhéanamh, seachas ócáid dosheachanta a thagann i mblianta deireanacha na bunscoile. Go hidéalach, ba chóir do mhúinteoirí, sagairt agus tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith aontaithe agus ceiliúradh na sacraiminte a chur i láthair mar chinneadh atá le déanamh, a thagann le freagracht gníomhú ar bhealach ar leith ar domhan. Dúshlán atá ann Sacraimint an Chóineartaithe a chur i láthair ar an mbealach seo. D'fhéadfadh sé a bheith i bhfad níos éasca, go deimhin, gníomhú amhail is go bhfuiltear ag súil go rachaidh gach páiste baiste faoi lámh an easpaig, agus fiú an sacraimint a thairiscint mar spreagadh do na páistí iad féin a iompar go maith! Níl an dearcadh seo ag teacht le brí na sacraiminte. Tá ról tábhachtach ag múinteoirí cuidiú leis na páistí 'fíor-bhrí' na sacraiminte a thuiscint.

## AG COMHRÁ

### FAOI SHACRAIMINT AN CHÓINEARTAITHE

Mínigh do na páistí go n-iarrann an t-easpag/sagart orthu, le linn Shacraimint an Chóineartaithe, deimhniú a dhéanamh ar na gealltanais a tugadh ar a son ag an mBaisteadh. Tá deis acu anois ag Sacraimint an Chóineartaithe na gealltanais sin a athnuachan iad féin mar dheisceabail Íosa. Déan comhrá leo faoi cén fáth go bhfuil sé seo riachtanach ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

» Cé a roghnaigh duitse go mbeifeá baiste? (*tuismitheoirí/caomhnóirí/ teaghlach*) Ar iarr siad ort ar mhaith leat a bheith baiste? Cén fáth nó cén fáth nár iarr? (*Níor iarr; bhí tú ró-óg*)
» Cén fáth, dar leat, a bheadh ort cinneadh a dhéanamh chun dul faoi lámh an easpaig? Cén fáth go ndéanfá an cinneadh sin anois? (*Táimid níos sine anois agus mar sin is féidir*

*linn ullmhú don sacraimint agus is féidir linn an méid atá ag tarlú a thuiscint. Táimid in ann labhairt ar ár son féin agus tá sé tábhachtach deis a bheith againn é sin a dhéanamh.*)

» An dóigh leat gur maith an rud é go dtugtar seans do dhaoine an cinneadh a rinneadh ar a son a dhearbhú? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?

» Cad a cheapann tú a chuidíonn an Spiorad Naomh linn a neartú sa Chóineartú?

**Tabhair cuireadh do na páistí 'Sacraimint an Chóineartaithe' ar leathanach 110 dá leabhar a léamh, agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.**

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh*): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Nuair a baisteadh muid mar naíonáin, bhíomar ró-óg le gealltanais an Bhaiste a dhéanamh dúinn féin, mar sin labhair ár dtuismitheoirí agus ár gcairde as Críost ar ár son. Anois, má roghnaímid, táimid in ann freagairt dúinn féin, agus na gealltanais a rinne ár dtuismitheoirí agus ár gcairde as Críost a athnuachan. Is féidir linn é sin a dhéanamh anois trí na ceisteanna thíos a fhreagairt.

**Athnuachan Ghealltanais an Bhaiste**
**Múinteoir:** An ndiúltaíonn tú do Shátan agus dá chuid oibreacha agus dá ghealltanais bhaotha?
**Gach duine:** Diúltaím.

**Múinteoir:** An gcreideann tú i nDia an tAthair uilechumhachtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** An gcreideann tú in Íosa Críost a aonmhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá ina shuí anois ar dheis an Athar?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** An gcreideann tú sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a tháinig anuas ar na haspail um Chincís agus a thugtar duit [inniu] go sacraiminteach sa Chóineartú?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** An gcreideann tú sa NaomhEaglais chaitliceach, i gcomaoin na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne, agus sa bheatha shíoraí?
**Gach duine:** Creidim.

**Múinteoir:** Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Is ábhar áthais dúinn é a admháil in Íosa Críost ár dTiarna.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## AMHRÁN

**'TAR ANUAS, A SPIORAID NAOIMH'**

Múin an t-amhrán 'Tar anuas, a Spioraid Naoimh' do na páistí agus bí ag comhrá faoi liricí an amhráin.

## AG COMHRÁ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tarlaíonn 'leagan lámh' gach uair a ghlaoimid ar an Spioraid Naomh teacht agus obair inár measc. Mar shampla, nuair a leagan an sagart a lámha thar an arán agus an fíon ag Coisreacan an Aifrinn, agus le linn sacraimintí an Athmhuintearais, an Oird Choisricthe agus Ola na n-easlán.

### FAOI DHEASGHNÁTH AN CHÓINEARTAITHE

- Tosaigh trí a thabhairt chun cuimhne na bpáistí go dtugann Sacraimint an Chóineartaithe deis do dhaoine na gealltanais a tugadh ar a son ag an mBaisteadh a dhearbhú. Ansin mínigh dóibh go ndéantar Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh le linn an Aifrinn de ghnáth. Ciallaíonn sé seo go bhfuil siad siúd atá ag dul faoi lámh an easpaig ag ceiliúradh dhá shacraimint  ar an lá céanna: Sacraimint na hEocairiste (Comaoineach Naofa) agus Sacraimint an Chóineartaithe. Mínigh dóibh freisin gur féidir le heaspag nó sagart a bheith ina cheiliúraí ag Sacraimint an Chóineartaithe.
- Mínigh dóibh de réir mar a ungann an ceiliúraí gach duine le criosma ag an gCóineartú, go nglaonn sé orthu as a (h)ainm. Cuir ceist ar na páistí faoina n-ainmneacha baiste agus smaoineamh ar an dtábhacht a bhaineann leo. Tá go leor scéalta sa Sean Tiomna faoi amanna nuair a ghlaoigh Dia ar dhaoine as a  (h)ainm nuair a bhí sé ag iarraidh orthu rud speisialta a dhéanamh dó. Fiafraigh de na páistí cén fáth go bhféadfadh sé a bheith tábhachtach go nglaofaí orthu as a (h)ainm nuair a bhíonn Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh?
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig 'Deasghnáth an Chóineartaithe' **ar leathanach 110 dá leabhar**, a chuireann síos ar an gceithre chuid den ghnás. Tar éis an tuairisc ar gach páirt a bheith léite, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na nótaí agus na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna den chineál céanna. Tá an téacs i gcló iodálach thíos mar an gcéanna leis an téacs i leabhar na bpáistí.

**1: Ag glaoch as a (h)ainm**

*Tar éis Liotúirge an Bhriathair, glaonn sagart/ múinteoir ainm gach iarrthóra agus seasann na hiarrthóirí. Tugann an ceiliúraí míniú gairid ar bhrí an Chóineartaithe.*

- Cén t-ainm iomlán a tugadh duit ag an mBaisteadh? Cén fáth ar tugadh an t-ainm seo duit?
- An nglaotar d'ainm iomlán ort riamh? Cén fáth nó cén fáth nach nglaotar?
- Cén fáth go mbeadh sé tábhachtach go nglaofaí ort as d'ainm agus tú ag ceiliúradh Sacraimint an Chóineartaithe?

**2: Athnuachan ghealltanais an Bhaiste**

*Iarrann an ceiliúraí ar na hiarrthóirí a ngealltanais bhaiste a athnuachan. Seo iad na gealltanais a rinne an teaghlach ar a son ag an mbaisteadh. Tá siad fásta go leor anois chun na gealltanais sin a dhéanamh iad féin. Tá siad ag dearbhú na ngealltanas, a rinne daoine eile ar a son ag an mbaisteadh.*

- Mínigh do na páistí nuair a cheiliúrann iarrthóirí Sacraimint an Chóineartaithe, go dugann Dia iomláine tíolacthaí an Spioraid Naoimh dóibh; ciallaíonn sé sin go bhfaigheann siad an Spiorad Naomh ar bhealach níos iomláine ná mar a fuair siad ag an mBaisteadh.

**3: Leagan lámh agus glaoch ar an Spiorad Naomh**

*In aimsir an tSean-Tiomna, comhartha beannachta a bhí sa leagan lámh. Insíonn na Soiscéil dúinn gur leag Íosa a lámha ar dhaoine. Ba chomhartha beannachta nó leighis é. Insíonn Gníomhartha na nAspal dúinn freisin gur leag Peadar agus Eoin a lámha ar na daoine baiste, 'agus fuair siad an Spiorad Naomh' (Gníomhartha 8:17). Mar sin, ag an gCóineartú, leagann an ceiliúraí a lámha orthu siúd atá ag dul faoi Lámh an Easpaig. Leathnaíonn sé a lámha os a gcionn. Comhartha é seo go bhfuil an Spiorad Naomh á thabhairt dóibh. Ansin, deir an ceiliúraí paidir speisialta ag iarraidh ar an Spiorad Naomh teacht*

*anuas ar na daoine atá ag dul faoi Lámh an Easpaig.*

**4: Ungadh le criosma**
*Téann na hiarrthóirí go dtí an ceiliúraí agus ungann sé iad le hola chriosma. Cuireann an ceiliúraí a ordóg dheas isteach sa chriosma agus gearrann sé comhartha na croise ar éadan an iarrthóra, ag rá, 'A (Ainm), séalaítear thú leis an Spiorad Naomh, tíolacadh Dé.' Ansin déanann an ceiliúraí comhartha na síochána leis an iarrthóir.*

Inis do na páistí, go mbeannaíonn an t-easpag ola chriosma le linn Aifreann an Chriosma, Déardaoin Mandála. Úsáidfear an ola chriosma seo in aon Bhaisteadh agus in aon Chóineartú atá le ceiliúradh ina dheoise i rith na bliana.

## AG COMHRÁ

### FAOI AINMNEACHA

- Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:
  - » An féidir leat smaoineamh ar dhaoine cáiliúla nach mbaineann úsáid as a n-ainmneacha féin?
  - » Cén fáth, dar leat, a d'athraigh na daoine cáiliúla seo a n-ainmneacha?
  - » An féidir leat smaoineamh ar chúis ar bith eile a bhféadfadh duine ainm nó a shloinne a athrú? (*m.sh. d'fhéadfadh le bean phósta a sloinne a athrú*)
  - » An bhfuil aithne agat ar aon duine a d'athraigh a ainm? Cén fáth go ndearna siad é sin?
- Cuir i gcuimhne do na páistí nuair a dhéanaimid Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh, táimid ag rá go bhfuilimid réidh chun iarracht a dhéanamh maireachtáil ar bhealach nua mar leantóir Íosa. Mar sin, roghnaímid ainm nua nuair a cheiliúraimid an sacraimint seo. Is é seo an chúis go roghnaítear ainm nua. Ní bhaineann tábhacht le hainm nua a bheith agat, ach roghnaítear ainm naoimh ar féidir lena b(h)eatha sinn a spreagadh chun maireachtáil mar a d'iarr Íosa orainn.
- Ansin dírigh aire na bpáistí chuig 'Ainmneacha Cóineartaithe' **ar leathanach 111 dá leabhar**, áit ar féidir leo léamh faoi chuid de na daoine sa Bhíobla a d'athraigh a n-ainmneacha, agus faoin fáth a roghnaíonn an pápa ainm nua nuair a thoghtar iad.

## GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE

### AINM CÓINEARTAITHE A ROGHNÚ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Mar phríomh-oideoirí na bpáistí, tá sé tábhachtach go mbeadh ról gníomhach ag tuismitheoirí/teaghlaigh maidir le cuidiú lena bpáistí ullmhú do Shacraimint an Chóineartaithe. Bealach amháin inar féidir leo a bheith bainteach leis an ullmhúchán ná trí chuidiú lena bpáistí ainm Cóineartaithe a roghnú, go hidéalach ainm naoimh.

- Mínigh do na páistí go moltar go roghnaíonn na hiarrthóirí don Chóineartú ainm naoimh mar ainm Cóineartaithe. Ansin tabhair roinnt ama dóibh le taighde ar líne a dhéanamh ar na naoimh.
- Cuir in iúl do na páistí go bhfuil sé tábhachtach roinnt ama a chaitheamh ag smaoineamh ar cé acu de na naoimh a bhfuil meas acu air/uirthi, ach go háirithe, agus conas a d'fhéadfadh an naomh sin cabhrú leo maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

# CLEACHTADH DIALAINNE

## M'AINM CÓINEARTAITHE

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 112 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh an t-ainm Cóineartaithe a roghnaigh siad a scríobh agus a mhaisiú, agus ansin míniú a thabhairt ar an bhfáth ar roghnaigh siad an t-ainm sin.

# AG COMHRÁ

## FAOI CHAIRDE AS CRÍOST

- Tosaigh trí mhíniú do na páistí, mar aon le hainm Cóineartaithe a roghnú, go roghnaíonn iarrthóirí Cóineartaithe, le comhairle óna dtuismitheoirí nó ó dhaoine fásta eile, duine a chabhróidh leo leanúint ar aghaidh ag maireachtáil mar Chríostaithe, le cabhair ón Spiorad Naomh. Tugtar **cara as Críost** ar an duine seo. Tá na hiarrthóirí Cóineartaithe sean go leor chun páirt a ghlacadh i roghnú an charad as Críost. Is féidir le máthair/athair bhaistí, deartháir/deirfiúr/col ceathrar níos sine, a bheith mar cara as Críost don iarrthóir.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí 'Cairde as Críost don Chóineartú' **ar leathanach 112 dá leabhar** a léamh.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ag an gCóineartú deimhnímid na gealltanais a tugadh ar ár son ag an mBaisteadh. Tá deis againn i Sacraimint an Chóineartaithe gealltanais an Bhaiste a athnuachan agus geallúint a thabhairt go mairfimid mar dheisceabail Íosa. Le linn deasghnátha an Chóineartaithe iarrann an ceiliúraí (easpag/sagart) ar Spiorad Dé teacht ar na hiarrthóirí don Chóineartú. Téann gach iarrthóir ansin in éineacht lena c(h)ara as Críost i láthair an cheiliúraí le bheith ungtha le hola chriosma. Roghnaíonn gach iarrthóir don Chóineartú ainm nua mar chomhartha go bhfuil siad réidh le maireachtáil ar bhealach nua mar leantóir Íosa.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Cé go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí agus teaghlaigh gníomhach ag cuidiú lena bpáistí cairde as Críost a roghnú, ba cheart na páistí a spreagadh chun scríobh chuig an gcara as Críost iad féin, sa bhaile, tar éis don obair ullmhúcháin a bheith déanta sa bhaile agus ar scoil.

## GNÍOMHAÍOCHT

### LITIR CHUIG AN GCARA AS CRÍOST

- Mínigh do na páistí go bhfuil sé tábhachtach go n-iarrfhadh siad go foirmiúil ar dhuine a bheith mar cara as Críost acu trí r-phost nó litir a scríobh chucu.
- Tabhair cuireadh do na páistí tobsmaointeoireacht a dhéanamh mar rang, faoi na rudaí a d'fhéadfaí a chur sa ríomhphost nó sa litir sin, cosúil leis an gcúis a roghnaíodh an duine sin mar cara as Críost agus an méid a bheidh le déanamh acu ar an lá (*an t-iarrthóir a chur i láthair an easpaig, agus a dtacaíocht don iarrthóir a thaispeáint trína a lámh a chur ar ghualainn an iarrthóra*).

## PAIDIR (LE hEALAÍN)

**Nóta:** *Tá sé i gceist go rachaidh na páistí i mbun na gníomhaíochta ealaíne atá leagtha amach san am urnaí seo go cráifeach. Chun é sin a chothú, beidh sé tábhachtach atmaisféar urnaitheach a chruthú - trí spás a dhéanamh, na soilse a ísliú agus roinnt ceoil machnamhach a sheinm. Beidh ort na hábhair seo a leanas a bheith réidh freisin: méid beag de phéint dhearg ar phláta, agus píosa mór páipéir (A1/A2) a thógfaidh gach ceann de lámhphriontaí na bpáistí. Is féidir iad seo a chur i lár an spáis, agus is féidir leis na páistí suí i gciorcal timpeall orthu. Beidh uisce agus gallúnach ag teastáil ó na páistí freisin chun a lámha a ní. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá. Roghnaigh léitheoir amháin.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** Táimid anois sa chéim dheiridh dár n-ullmhúcháin chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh. Tá na billiúin de lucht leanúna Íosa, le dhá mhíle bliain anuas, ullmhaithe, faoi mar atáimid, chun fáilte a chur roimh an Spiorad Naomh ina gcroíthe agus ina saol ar bhealach nua. Éist le cur síos ó na Scrioptúir faoin gCóineartú san Eaglais an-luath.

**Léitheoir:** Sliocht as Gníomhartha na nAspal.
*Nuair a chuala na haspail a bhí in Iarúsailéim go raibh an tSamáir tar éis glacadh le briathar Dé, sheol siad chucu Peadar agus Eoin. Ar theacht dóibhsean chucu, rinne siad guí ar a son go bhfaighidís an*

*Spiorad Naomh, mar ní raibh an Spiorad tagtha fós ar dhuine ar bith acu mar ní raibh siad ach baiste in ainm an Tiarna Íosa. Ansin leag Peadar agus Eoin a lámha orthu agus fuair siad an Spiorad Naomh.* (Gníomhartha 8:14-17)

Briathar an Tiarna.
**Gach duine:** Buíochas le Dia.

**Múinteoir:** Inniu guímid go dtiocfaidh an Spiorad Naomh céanna chugainn, agus go bhfanfaidh sé linn leis na tíolacthaí: eagna, tuiscint, breithiúnas cóir, misneach, eolas, urraim agus iontas agus uamhan i láthair Dé.

Guímid go bhfásfaidh an Spiorad seo ionainn, ionas go bhfeicfidh daoine eile a chuid torthaí - grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

Mar chomhartha go bhfuil tú ullamh chun na gealltanais a rinneadh ar do shon ag an mBaisteadh a dheimhniú, tugaim cuireadh duit lorg do láimhe a dhéanamh ar an mbileog pháipéir seo. Déanaimis iarracht guí a dhéanamh le chéile agus dá chéile agus sinn ag fanacht ar an lorg a dhéanamh.
Déanaimis iarracht a bheith ciúin agus ómósach.
Déanaimid iarracht a thaispeáint go bhfuilimid réidh chun an chéim seo a ghlacadh inár dturas sa chreideamh.

*Iarr ar na páistí teacht duine i ndiaidh a chéile, chun lámh a chur sa phéint agus lorg na láimhe a dhéanamh ar an bpáipéar. Coinnigh méid beag péint ar an bpláta, ag cur leis de réir mar is gá.*
*Ba chóir do gach páiste a lámha a ní tar éis dóibh a lorg a fhágáil.*

**Múinteoir:** Guímis anois an *Phaidir chuig an Spiorad Naomh.*
**Gach duine:** Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.
Áiméan.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Difríocht a dhéanamh i ndiaidh an Chóineartaithe

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Níor chóir duit an ceacht seo a mhúineadh ach amháin nuair atá na páistí imithe faoi lámh an easpaig cheana féin. Mar sin má tá páistí Rang a Cúig ag leanúint clár Rang a Sé i mbliain nuair nach mbeidh siad ag dul faoi lámh an easpaig (i scoil le ranganna measctha nó ilranganna), níor chóir dóibh an ceacht seo a dhéanamh.

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Nuair a bhíonn a lán ullmhúcháin ann do ócáid mhór, is minic a bhíonn lagmhisneach ann nuair a bhíonn sí, thart. Is mar an gcéanna é leis an gCóineartú. I ndiaidh an ullmhúcháin go léir agus an phleanáil ar fad tagann agus imíonn lá an Chóineartaithe. Sa cheacht seo déanaimid iarracht cuidiú leis na páistí a fheiceáil, cé go bhfuil lá an Chóineartaithe thart, tá eachtra nua ar bun acu anois: eachtra chun a bheith fásta agus gach a bhaineann leis sin, lena n-áirítear freagrachtaí breise agus eispéiris nua. Teastaíonn uainn go dtuigfeadh siad go bhféadfaidís difríocht a dhéanamh ar domhan, le cabhair ón Spiorad Naomh.

Leis na cianta, ó ré na n-aspal agus ó aimsir na luath-eaglaise go dtí an lá atá ann, thug an Spiorad Naomh spreagadh do na milliúin daoine ar fud an domhain. D'oibrigh na daoine seo - cuid acu ar bhealaí beaga agus cuid eile ar bhealaí níos mó - chun Ríocht Dé a chur i gcrích anseo ar domhan. Tá an fhreagracht orainn inniu maireachtáil de réir an tSoiscéil. Tá orainn a bheith réidh le hobair ar son an ghrá, an cheartais agus na síochána i measc na ndaoine a mairimid agus a oibrímid leo, ach go háirithe cabhrú leis na daoine sin nach féidir leo aire a thabhairt dóibh féin – na seandaoine, daoine óga, daoine atá tinn nó bocht nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Sa cheacht seo tugaimid an deis do pháistí pleanáil agus páirt a ghlacadh i dtionscadal seirbhíse iar-Chóineartaithe a chabhróidh lena bpobal áitiúil. Tá súil againn go ndéanfaidh sé iad a spreagadh chun leanúint ar aghaidh le hobair Íosa agus mar sin cuidiú le Ríocht Dé a thógáil ar domhan.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Roinnt páipéir áitiúla nó náisiúnta (B'fhéidir go bhfuil siad ar líne)
- Bileog de pháipéar A4 do gach páiste

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### BAILITHE I GCIORCAL

Cruinnigh na páistí i gciorcal agus bíodh seisiún comhrá agaibh ar an ngnáthbhealach - ag úsáid réad/rud labhartha. Iarr ar gach páiste, duine i ndiaidh a chéile, freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:

- Smaoinigh ar shearmanas an Chóineartaithe. Cén chuimhne is fearr atá agat air?
- Ansin smaoinigh ar lá an Chóineartaithe ina iomlán. Cad é an chuimhne is fearr atá agat air?

## DÁN

- Tar éis na n-ullmhúchán go léir a rinne na páistí le haghaidh an Chóineartaithe, agus tar éis sceitimíní an lá, b'fhéidir go mbeadh lagmhisneach orthu os rud é go bhfuil sé thart anois. Mínigh do na páistí go mbraitheann go leor daoine mar sin tar éis do ócáid mhór a bheith críochnaithe: is mian leo é a dhéanamh arís!
- Tabhair cuireadh do na páistí a lagmhisneach féin a roinnt le chéile. Ansin cuir an dán ina láthair.
- **Tá an dán seo ar leathanach 117 de leabhar na bpáistí.**

**Spreagtha**
An obair go léir déanta, an lá mór imithe,
Ach, buíochas leis an Spiorad, tá saol nua tosaithe.
Cóineartaithe ag an easpag le hola an chriosma,
Séalaithe leis an Spiorad, deisceabail nua ceaptha.

Tá an Spiorad ann chun tú a spreagadh gach lá
Obair Íosa a dhéanamh 's paidreacha a rá.
Torthaí agus tíolacthaí le húsáid 's le roinnt
Sa bhaile, ar scoil, ag spraoi, sa chaint.

Má tá tú imníoch nó le dúshláin le sárú,
Cuimhnigh - le grásta, líonfaidh Spiorad Dé tú.
Breathnaigh laistigh agus féach ar an bhflúirse,
Na tíolacthaí, na torthaí – iad go léir ann duitse.

Tá Spiorad Dé ann gach lá dár saol,
Ag cabhrú linn 's le daoine i mbaol.
Impigh air le dóchas, go laethúil, go séimh,
'Tar i gcabhair orm anois, a Spioraid Naoimh.'

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, déan comhrá faoi agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Is é atá i gceist ag an bhfocal 'spreagtha' ná an fonn rud éigin a dhéanamh nó duine a spreagadh chun smaoineamh nó gníomhú ar bhealach áirithe. Creidimid go spreagann an Spiorad Naomh sinn chun gníomhú agus chun smaoineamh ar bhealach áirithe. Conas a dhéanann an dán seo achoimre ar conas táimid spreagtha ag an Spiorad Naomh?
- Ba mhaith liom go léifeá an dán duit féin anois **ó leathanach 117 de do leabhar**. Léigh go mall é agus, de réir mar a dhéanann tú sin, bí ag faire amach do na tuairiscí ar an gcaoi a gcuidíonn an Spiorad Naomh linn. (*Tabhair am do na páistí an dán a léamh ina dtost.*)
- Deir an file, 'Tá an Spiorad ann chun tú a spreagadh gach lá.' Cén chaoi a mbraitheann sé go bhfuil a fhios agat go bhfuil an Spiorad Naomh leat i gcónaí, réidh le héisteacht, spreagadh agus misneach a thabhairt duit, go háirithe nuair a bhíonn an saol deacair agat?

Críochnaigh trí insint do na páistí go bhfuil siad chun an tseachtain seo a chaitheamh ag smaoineamh ar an gceist seo:
**Cad atá amach romhainn anois os rud é go bhfuil an Cóineartú ceiliúrtha againn**? Cinntigh dóibh go bhfuil i bhfad níos mó le teacht ina saol mar lucht leanúna Íosa.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (agus an choinneal á lasadh): Cuireann an choinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

Tógaimis roinnt ama anois chun smaoineamh ar ais ar lá an Chóineartaithe. Tógfaimid gach cuid den lá, déanfaimid machnamh air, agus guímid ar son na daoine go léir a roinn linn é.

Bí compordach ar do chathaoir agus, nuair atá tú réidh, dún do shúile. (*Sos*)

Tóg anáil dhomhain isteach ... (*Sos*)

Agus amach... (*Sos*)

Smaoinigh ar ais go maidin do Chóineartaithe. Cé a bhí i do theach an mhaidin sin nuair a dhúisigh tú? Abair gach ceann dá n-ainmneacha le do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil. (*Sos*) Gabh buíochas le Dia as na daoine sin.

An bhfaca tú duine ar bith eile roimh an searmanas? An raibh aon duine ann a chuidigh leat ullmhú? Ar ghlaoigh duine ar bith ar do theach nó an ndeachaigh tú áit éigin eile? (*Sos*) Cuimhnigh ar na daoine sin go léir, agus abair a n-ainmneacha le do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil. (*Sos*) Gabh buíochas le Dia as na daoine sin.

Ansin féach ort féin ag teacht chuig an eaglais. Cé leis a bhuail tú ar dtús? Cé acu de pháistí an ranga a shuigh gar duit? Abair gach ceann dá n-ainmneacha le do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil. (*Sos*) Gabh buíochas le Dia as na daoine sin.

Cuimhnigh ar an sagart (na sagairt) (agus ar an easpag), ____________ (*ainmneacha*). Bhí páirt an-tábhachtach acu ar an lá. Gabh buíochas le Dia astu.

Anois smaoinigh ar an méid a rinne tusa agus do theaghlach tar éis an tsearmanais. Cé a tháinig chun an Cóineartú a ceiliúradh leat? Abair gach ceann dá n-ainmneacha le do ghuth inmheánach nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil. (*Sos*) Gabh buíochas le Dia as na daoine sin.

Anois cuimhnigh ar conas a mhothaigh tú ag deireadh an lae. (*Sos*) Gabh buíochas le Dia as na rudaí maithe go léir a tharla ar an lá sin. Guímis chuig an Spiorad Naomh.

**Gach duine:** A Spioraid Dé, comhneartaithe ionainn,
gabhaimid buíochas leat as na bronntanais go léir a thug tú dúinn.
Go leanaimid orainn ag maireachtáil mar leantóirí Íosa agus go ligfimid do do bhronntanais torthaí a chur ag fás inár saol. Áiméan.

*Nuair atá tú réidh, d'fhéadfá do shúile a oscailt.*

*Comhartha na Croise*

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.*

# Foghlaimímis ...

## THAISPEÁNTAS SLEAMHNÁN

### LAOCHRA CRÍOSTAÍ SPREAGTHA AG AN SPIORAD NAOMH

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do pháiste 'Obair an Spioraid Naoimh' a léamh **ar leathanach 114 de leabhar na bpáistí**.
- Ansin inis do na páistí go bhféachfaidh siad anois ar thaispeántas sleamhnán ina léirítear daoine a spreag an Spiorad Naomh iad le bheith ina laochra Críostaí.
- Tabhair cuireadh do na páistí tuairiscí na ndaoine seo a léamh **ar leathanaigh 114-115 dá leabhar** fad is atá siad ag féachaint ar na sleamhnáin. Seo iad na nótaí atá ina leabhar:



**Sleamhnán 1: Naomh Peadar**
Cúpla nóiméad tar éis dó an Spiorad Naomh a fháil ar an gCincís, labhair Peadar leis an slua daoine a bhí bailithe in Iarúsailéim (Gníomhartha na nAspal 2:14-42). Bhí a fhios aige gur theastaigh uathu a chloisteáil gurbh é Íosa Mac Dé, agus gur tháinig sé ar domhan chun bealach nua maireachtála agus bealach nua grá a thaispeáint do dhaoine. Bhí Peadar chomh héifeachtach an lá sin gur baisteadh thart ar thrí mhíle duine. Go gairid ina dhiaidh sin, taobh amuigh den Teampall, leigheas Peadar fear nach raibh in ann siúl (Gníomhartha na nAspal 3:1-10). De réir an traidisiúin Chríostaí, céasadh Peadar sa Róimh ar ordú an Impire Néaró, a rinne géarleanúint ar go leor Críostaithe. Creidtear gur iarr Peadar go ndéanfaí é a chéasadh bunoscionn, ós rud é nach raibh sé tuillte aige bás a fháil ar an mbealach céanna le hÍosa.



**Sleamhnán 2: Naomh Pádraig**
Tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn mar bhuachaill óg sa chúigiú haois. Tugadh anseo é mar sclábhaí agus bhí saol uaigneach aige go ceann blianta fada. Ar deireadh, d'éalaigh Pádraig agus d'éirigh leis filleadh ar a theaghlach. Ghuigh sé go minic chuig Dia agus d'éist sé go haireach, chun freagra a fháil uaidh. Le cabhair an Spioraid Naoimh, rinne sé staidéar le bheith ina shagart. Ar deireadh thiar thall, d'fhill sé ar Éirinn chun Dea Scéala ghrá Dé a insint do na daoine. Bhí a fhios aige gur theachtaireacht í seo a bhí de dhíth ar mhuintir na hÉireann.



**Sleamhnán 3: AN tURRAMACH CAITRÍONA NIC AMHALAÍ**
Rugadh Caitríona Nic Amhalaí i dteaghlach saibhir i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1778. Nuair a fágadh suim mhór airgid aici, d'fhéadfadh sí a rogha rud a dhéanamh. Ach spreag an Spiorad Naomh í, agus shocraigh sí ar fhoirgneamh mór a cheannach ar Shráid Bhagóid, Baile Átha Cliath, ionas go bhféadfadh sí teach a sholáthar do mhná óga agus do leanaí ó chúlraí bochta. Chuaigh go leor ban léi chun cabhrú léi. Sa bhliain 1831, ghlac Caitríona Nic Amhalaí agus beirt bhan eile móideanna reiligiúnacha. Chuir sé seo tús le Cuallacht Shiúracha na Trócaire. Sa bhliain 2018, bhí níos mó ná 9,000 Siúr na Trócaire ag obair ar fud an domhain de bharr Chaitríona Nic Amhalaí.

**Sleamhnán 4: NAOMH TREASA CHALCÚTA (KOLKATA)**
Rugadh Naomh Treasa san Albáin sa bhliain 1910. Nuair a bhí sí ocht mbliana déag d'aois, bhog sí go hÉirinn. Níos déanaí arís, bhog sí go Calcúta (Kolkata anois), san India, áit a raibh cónaí uirthi ar feadh a saoil. Bhí Naomh Treasa an-bhuartha nuair a chonaic sí coinníollacha maireachtála na mbocht i gCalcúta. Ní raibh aon áit le dul ag daoine a bhí breoite nó ag fáil bháis agus níor thug aon duine aire dóibh. Mar sin, luíodh siad síos ar thaobh na sráide. Bhí soláthairtí leighis, bia agus oideachas gann. Spreag an Spiorad Naomh Treasa agus thosaigh sí ag obair le mná eile chun ospidéil, dílleachtlanna agus scoileanna a oscailt. Leanann na háiteanna seo ag tabhairt cúnaimh agus tacaíocht do dhaoine sa lá atá inniu ann.



**Sleamhnán 5: Tusa!**



Tá tú neartaithe anois leis an Spiorad Naomh céanna a spreag agus a threoraigh Naomh Peadar, Naomh Pádraig, Caitríona Nic Amhalaí agus Naomh Treasa Chalcúta (Kolkata). Tá tíolacthaí an Spioraid Naoimh ionat. Tá an chumhacht agus an cumas agat anois difríocht a dhéanamh ar fud an domhain, díreach mar a rinne na daoine seo. Is féidir leatsa, freisin, bheith i do laoch Críostaí! Tá go leor riachtanas ann i saol an lae inniu. Is féidir linn bheith inár laochra Críostaí trí fhreagairt do na riachtanais sin. Seo í an cheist mhór mar sin: cad a dhéanfaidh tusa?

**Is féidir linne, freisin, bheith inár Laochra Críostaí!**
Tabhair cuireadh do na páistí 'Is féidir linne, freisin, bheith inár Laochra Críostaí!' **ar leathanach 115 dá leabhar a léamh**, agus, **ar leathanach 116**, samplaí de thionscnaimh a rinne páistí tar éis dóibh Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh. Ansin spreag na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo …' **ar leathanach 116**.

## GNÍOMHAÍOCHT

### RIACHTANAIS AR DOMHAN A AITHINT

**Nóta:** *Beidh roinnt nuachtáin áitiúla nó náisiúnta ag teastáil uait mura bhfuil tú in ann dul ar an idirlíon.*

- Féach ar chlár nuachta do leanaí le chéile ar an gclár bán idirghníomhach, nó léigh na ceannlínte ar nuachtáin áitiúla nó náisiúnta, agus cabhraigh leis na páistí roinnt riachtanas i saol an lae inniu a aithint.
- Smaoinigh ar na bealaí ina bhféadfaidís cabhair a thabhairt chun na riachtanais sin a mhaolú.

## GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh … Smaoinigh ar na riachtanais atá aitheanta agat ar an domhan sa lá atá inniu ann ... Cé acu de na riachtanais sin is práinní, dar leat? Smaoinigh ar sin ar feadh nóiméid … Is féidir leis an Spiorad Naomh cabhrú leat rud a dhéanamh chun freagairt don riachtanas sin, díreach mar a spreag an Spiorad Naomh a lán Críostaithe romhat freagairt do na riachtanais ba phráinní nuair a bhí siadsan ar an saol ... Spreagann agus treoraíonn an Spiorad Naomh daoine chun an rud ceart a dhéanamh … Cabhraíonn an Spiorad Naomh le daoine grá a bheith acu don rud atá go maith agus an rud atá go holc a sheachaint ... Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, iarr ar an Spiorad Naomh cabhrú leat agus tú a threorú mar a dhéanann tú iarracht cabhrú leo siúd is mó atá i ngátar ... Nuair a bheidh tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

## GNÍOMHAÍOCHT TOBSMAOINTEOIREACHTA

### AGHAIDH A THABHAIRT AR RIACHTANAIS AN DOMHAIN

**Nóta:** *Beidh leathanach bán A4 ag teastáil uait do gach páiste.*

- Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste agus iarr orthu é a fhilleadh i gceithre cheathrú, agus ansin gearr na fillteacha chun ceithre phíosa beaga páipéir a dhéanamh.
- Mínigh gurb é cuspóir na gníomhaíochta seo ná a gcuid smaointe a roinnt ar bhealach anaithnid. Cuir in iúl dóibh nach bhfuil i gceist bheith ag iarraidh buille faoi thuairim a thabhairt ar údar an méid atá scríofa. Ansin lean ar aghaidh mar seo a leanas:

**Glaoigh amach Ceist 1:** Smaoinigh ar **ár scoil**. Cá bhfuil na réimsí riachtanas inár scoil? An bhfuil rudaí ann gur féidir linn a dhéanamh chun ár scoil a fheabhsú? Scríobh síos rud amháin atá ag teastáil, nó gur cóir aird a thabhairt air, a d'fhéadfadh an rang a dhéanamh chun feabhas a chur ar chúrsaí.

- Scríobhann gach páiste a bhfreagra i gceathrú amháin. Ansin filleann siad an páipéar agus cuireann siad sa spás urnaí é.
- Ansin tógann gach páiste ceann de na píosaí fillte de pháipéar agus osclaíonn é chun an méid

atá ann a fheiceáil. Tabhair cuireadh do roinnt páistí an méid atá scríofa ar an bpíosa páipéir a roghnaigh siad, a léamh amach.
- Bailigh na píosaí páipéir.

**Glaoigh amach Ceist 2:** Smaoinigh ar **ár bpobal áitiúil** anseo i ___________. Cad iad na riachtanais is mó atá le feiceáil anseo? Cé hiad na daoine is mó a dteastaíonn cabhair uathu? Scríobh síos riachtanas amháin a gceapann tú go bhféadfadh an rang seo cabhrú leis.

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís trína bhfreagraí a scríobh ar cheathrú eile den pháipéar atá acu. Ansin filleann siad an páipéar agus cuireann siad sa spás urnaí é.
- Arís eile, iarr ar na páistí ceann de na píosaí páipéir fillte a oscailt agus féachaint ar an méid a deir sé. Ansin tabhair cuireadh do pháistí áirithe an méid atá scríofa ar an bpíosa páipéir atá acu a léamh amach.
- Más gá, cuir i gcuimhne do na páistí nach bhfuil i gceist ag an ngníomhaíocht seo bheith ag iarraidh buille faoi thuairim a thabhairt ar údar an méid atá scríofa. Tá sé seo tábhachtach ionas go roinnfidh na páistí go hoscailte maidir leis na ceisteanna seo a leanas, agus a fhios acu go mbeidh a gcuid freagraí anaithnid.
- Bailigh na píosaí páipéir.

**Glaoigh amach Ceist 3:** Anois smaoinigh ar **Éirinn.** Cad iad na riachtanais is mó atá ag an dtír? Cé iad na daoine is mó atá i ngátar inár dtír? Conas a d'fhéadfadh an rang seo cabhrú leo?

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís - scríobh, filleadh, pioc aníos, léamh, roinn leis an ngrúpa.
- Bailigh na píosaí páipéir.

**Glaoigh amach Ceist 4:** Smaoinigh ar **an domhan**. Cad iad na riachtanais is mó atá ag an domhan gur féidir leat smaoineamh orthu? Conas a d'fhéadfadh an rang seo cabhrú?

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís - scríobh, filleadh, pioc aníos, léamh, roinn leis an ngrúpa.
- Bailigh na píosaí páipéir.

**Glaoigh amach Ceist 5:** Faoi dheireadh, smaoinigh ar riachtanais na hEaglaise. Smaoinigh ar an méid gur cóir a tharlú gach seachtain ionas go gcomhlíonfaí na róil go léir a dhéanann oibrithe deonacha le linn Aifreann an Domhnaigh. Smaoinigh ar an gcaoi go mbíonn daoine óga ag teastáil ón Eaglais, go gcaithfeadh siad a saol ag freastal ar dhaoine eile trí bheith ina sagairt nó ina mbaill de oird rialta. An bhfuil Aifreann Leanaí nó Aifreann Teaghlaigh i do pharóiste? Má tá, cén chaoi a bhféadfá a bheith páirteach ann? Muna bhfuil a leithéid ann, an féidir leat smaoineamh ar an gcaoi ar mhaith leat a bheith páirteach nuair a bheifeá níos sine?

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís - scríobh, filleadh, pioc aníos, léamh, roinn leis an ngrúpa.
- Bailigh na píosaí páipéir.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR MAIDIR LE PLEANÁIL AN TIONSCADAIL A BHAINEANN LE SEIRBHÍS A SHOLÁTHAR TAR ÉIS AN CHÓINEARTAITHE:** Is dócha gurbh fhearr má thógann tú, mar mhúinteoir, na bileoga páipéir agus líon beag a roghnú de smaointe na bpáistí (a dhó nó a trí), ar féidir leis na páistí roghnú astu (an lá dar gcionn) mar bhunús do thionscadal seirbhíse iar-Chóineartaithe don rang iomlán atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chuid de riachtanais an phobail. Tá sé tábhachtach an cinneadh deiridh a thabhairt do na páistí faoi na bearta a dhéanfaidh siad, tar éis do thionscnaimh nach mbeadh oiriúnach a fhágáil ar lár.

Smaoinigh ar lóistíocht gach rogha deiridh agus cruthaigh plean don chaoi a d'fhéadfadh na páistí dul i mbun an tionscadail. Nuair is cuí, téigh i gcomhairle leis an bpríomhoide agus/nó le polasaí Sláinte agus Sábháilteacht na scoile. Is dóigh go dtógfaidh obair ar an dtionscadal iar-Chóineartaithe roinnt ranganna/ tréimhsí. Is dócha gur gníomhaíocht thraschuraclaim a bheidh ann freisin, a chuimseoidh gnéithe de OSPS, Béarla agus réimsí ábhair eile.

## AG COMHRÁ

### MAIDIR LEIS AN DTIONSCADAL IAR-CHÓINEARTAITHE

- Tosaigh trí chomhghairdeas a dhéanamh leis na páistí ar fad as a gcuid smaointe ar na bealaí ina bhféadfaidís tacaíocht a thaispeáint agus iad ag freagairt do riachtanais sa scoil, sa phobal, sa tír, ar domhan agus san Eaglais. Mínigh dóibh gur comhartha é seo go bhfuil an Spiorad Naomh á spreagadh cheana féin.
- Ansin cuir na roghanna atá agat i láthair na bpáistí, .i. na roghanna a thogh tú óna gcuid smaointe maidir leis an gcaoi a thabharfadh siad aghaidh ar riachtanais an phobail mar chuid de thionscadal seirbhíse ranga iar-Chóineartaithe, agus vótáil a dhéanamh ar cén tionscadal ar mhaith leo a dhéanamh.
- Caith roinnt ama ag comhrá leis na páistí faoi lóistíocht an tionscadail.
- Nuair is cuí, roinn na páistí i bhfoirne éagsúla chun obair ar ghnéithe áirithe den tionscadal (*m.sh. litreacha a scríobh chun cabhair a iarraidh ó dhaoine eile;*
- *póstaeir a dhéanamh chun daoine eile a chur ar an eolas faoin tionscadal*).
- Faoi dheireadh, mínigh do na páistí cé gur léiriú tábhachtach é an tionscadal seo ar An Spiorad Naomh ag gníomhú iontu, tá sé tábhachtach freisin go ligimid don Spiorad Naomh muid a spreagadh chun seirbhís a thabhairt do dhaoine eile gach lá dár saol.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Nuair a bheidh a dtionscadal críochnaithe ag na páistí, ba chóir an deis a thabhairt dóibh a insint do dhaoine eile faoi na rudaí a spreag iad. Ansin is féidir leat a dhearbhú dóibh go raibh an Spiorad Naomh in éineacht leo agus iad ag smaoineamh agus ag obair ar a dtionscadal.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá sé intuigthe, tar éis an ullmhúcháin go leir a rinne siad, agus tar éis sceitimíní an lá, go mbeadh díomá ar na páistí go bhfuil a gceiliúradh ar Sacraimint an Chóineartaithe thart. Is é an cuspóir atá ag an gceacht seo ná chun cabhrú leo a thuiscint nach bhfuil deireadh leis! Neartóidh tíolacthaí an Spioraid Naoimh, a bhí séalaithe iontu sa Chóineartú, iad chun maireachtáil mar lucht leanúna Íosa, agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a fheiceann siad timpeall orthu, díreach mar a thug daoine rompu aghaidh ar riachtanais a gcuid ama féin. Trí bhunús a chur le tionscadal seirbhíse iad féin, is féidir leis na páistí a thaispeáint i ndáiríre go bhfuil an Spiorad ag obair iontu mar Chríostaithe a bhí Cóineartaithe le déanaí.

## CUIRIMIS FAOI CHAIBIDIL

### CEIST MHÓR

- Sula dtosaíonn tú, cuir na ceithre bhunriail seo i gcuimhne na bpáistí:
  1. Beidh deis ag gach duine freagra a roinnt leis an rang.
  2. Níl cead ag aon duine cur isteach ar dhuine eile.
  3. Is féidir le duine ar bith cur leis an méid atá ráite ag duine eile.
  4. Tá freagra gach duine luachmhar.

- Is í an cheist mhór ná:

**Mura mbeadh an Spiorad Naomh ann, an ndéanfadh sé difríocht ar bith?**

- Spreag na páistí le machnamh a dhéanamh ar an 'gCeist Mhór' go ciúin ar feadh cúpla nóiméad.
- Ansin, tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo, a bhfreagraí ar an 'gCeist Mhór' a roinnt leis an rang. Más féidir, spreag iad chun aghaidh a thabhairt ar an rang (ón áit ina bhfuil siad ina suí) ionas go mbeidh siad ag labhairt lena chéile.
- Treoraigh an díospóireacht ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le:

Cé a aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis an méid atá ráite ag X? Ar mhaith le duine ar bith freagra a thabhairt?

- Spreag na páistí chun an méid a deir siad a nascadh le tuairimí a chuala siad roimhe seo nuair is cuí, m.sh. 'Aontaím/Ní aontaím le X', agus cúiseanna a thabhairt leis an méid a deir siad.
- Má dhéanann duine ráiteas spéisiúil, abair rud éigin cosúil le 'Ba mhaith liom go smaoineodh sibh ar a bhfuil ráite ag X ar feadh nóiméid' - agus tabhair tamall gairid le machnamh a dhéanamh air.
- Déan cinnte de go n-éisteann na páistí agus go bhfanfaidh siad ina dtost nuair a bhíonn páiste eile ag labhairt.

Má bhíonn sé deacair ar na páistí teacht ar fhreagraí ar an 'gCeist Mhór', bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas chun iad a spreagadh:

- Creideann Críostaithe gur sheol Íosa an Spiorad Naomh chugainn chun muid a spreagadh chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ag tógáil Ríocht Dé ar domhan. Dá mba an rud é nár lean obair Íosa ar aghaidh tar éis a bháis, an mbeadh tionchar chomh mór sin ag a bheatha ar an saol? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Smaoinigh ar na rudaí a rinne Naomh Peadar, Naomh Pádraig, an tUrramach Caitríona Nic Amhalaí agus Naomh Treasa Chalcúta (Kolkata). Is cosúil gur rudaí iontacha atá iontu. An gceapann tú go mbeadh na daoine sin in ann na rudaí iontacha sin a dhéanamh gan aon chabhair ón Spiorad Naomh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad iad na rudaí maithe eile a fheiceann tú a dhéanann Críostaithe ar fud an domhain inniu? An gceapann tú go bhfuil an Spiorad Naomh ag cabhrú leo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Ag deireadh na díospóireachta, tá sé tábhachtach cuireadh a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón ngníomhaíocht seo - go háirithe ón na dearcthaí difriúla a chuala siad.

## CLEACHTADH DIALAINNE

### AR AN GCEIST MHÓR

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ceist Mhór' an lae inniu a scríobh ag barr leathanaigh sa Dialann do Oideachas Reiligiúnach. Ansin iarr orthu a gcuid smaointe féin faoi a chlárú ag úsáid focail, líníochtaí agus/nó siombailí.

## PAIDIR

**Nóta:** *Roinn an rang ina dhá ghrúpa sula dtosaíonn an urnaí. Léifidh Grúpaí 1 agus 2 an phaidir faoi mar atá léirithe thíos. Roghnaigh páiste chun an choinneal a lasadh agus a mhúchadh nuair is gá.*

*Comhartha na Croise*

**Múinteoir** (*agus an choinneal á lasadh ag páiste*): Is siombail de sholas Chríost í an choinneal, a thugann eolas na slí dúinn Íosa a leanúint. Guímis le chéile chuig Íosa.

**Gach duine:** Agus an choinneal seo á lasadh, guímid go dtiocfaidh do sholas isteach inár gcroíthe gach maidin agus oíche.
Go gcuirfimid an solas seo chuig daoine eile inniu, dóibh siúd go léir a smaoinímid agus a ghuímid orthu.
Lig do do sholas ár nguí a threorú go réidh agus cabhraigh linn fás i do ghrá agus i do chúram.
Áiméan.

**Múinteoir:** An tseachtain seo labhraíomar faoi na cineálacha freagrachtaí is féidir linn a ghlacadh anois os rud é go bhfuil Sacraimint an Chóineartaithe ceiliúrtha againn.
Ag baint úsáid as tíolacthaí Spioraid Dé atá faighte againn, is féidir linn oibriú le chéile chun cabhrú le ríocht Dé a thabhairt ar domhan.
Is féidir linn oibriú le Dia, ag baint úsáid as ár gcumais agus as ár gcuid buanna go léir, chun feabhas a chur ar an domhan.
Le chéile, guímid go nglacfaimid lenár bhfreagracht, mar lucht leanúna Íosa, agus muid ag maireachtáil leis an Spiorad.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas eagna dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas tuisceana dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas breithiúnais chóir dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas misnigh dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas eolais dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas urraime dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Grúpa 1:** Thug Dia bronntanas iontais agus uamhan i láthair Dé dúinn.
**Grúpa 2:** Glaoitear orainn an bronntanas sin a úsáid i seirbhís daoine eile.

**Múinteoir:** A Spioraid Naoimh,
cuidigh linn do chuid bronntanas/tíolacthaí, atá tugtha dúinn,
a úsáid chun ceartas agus lúcháir a thabhairt ar domhan.
**Gach duine:** Áiméan.

**Amhrán:** Can iomann nó amhrán oiriúnach.

**Múinteoir** (*mar a mhúchann páiste an choinneal*): De réir mar a fhéachaimid ar sholas na coinnle ag dul in éag, go mbeimid ullamh chun solas Chríost a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile.
**Gach duine:** Agus an choinneal seo á mhúchadh, a Thiarna, guímid go gcabhróidh do ghrá linn gach oíche agus lá. Treoraigh sinn le do Spiorad, an colm neamhaí, an solas agus do ghrá a leanúint. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Agallamh le Scríbhneoir Sárdhíola

Tá cáil ar Siobhán Ní Mháille ar fud an domhain as a cuid úrscéalta fantaisíochta. Rugadh agus tógadh i gContae na Mí í, agus anois is cosúil gurb í an bhean Éireannach is saibhre ar an bpláinéad, tar éis na milliúin cóipeanna dá leabhair a dhíol. Nuair a bhuail foireann *Réaltsolas* le Siobhán an tseachtain seo, bhí áthas orainn a fháil amach go bhfuil sí cineálta, dea-bhéasach agus dar nós féin. De réir mar a nochtaigh ár n-agallamh eisiach, ní raibh an saol go breá ag Siobhán nuair a bhí sí ar scoil. Ansin, lá amháin, d'athraigh an méid sin go léir.

**Réaltsolas: Siobhán, gabhaimid buíochas leat as bualadh linn. Nach iontach go bhfuil tú ar ais in Éirinn arís?**
**Siobhán:** Tá, is iontach an rud é a bheith sa bhaile arís. Caithim an chuid is mó de mo chuid ama ag maireachtáil sna Stáit Aontaithe anois.

**Réaltsolas: An iontach an rud é a bheith cairdiúil le líon mór amhránaithe agus aisteoirí cáiliúla?**
**Siobhán:** Tá cairde maithe agam, buíochas le Dia agus chuir go leor daoine fáilte romham. Ach tá go leor cairde agam sa bhaile anseo fós in Éirinn, cuid acu a bhfuil aithne agam orthu ón mbunscoil.

**Réaltsolas: Ar thaitin an bhunscoil leat?**
**Siobhán:** Bhuel, thaitin an scoil liom féin agus bhí múinteoirí an-mhaith agam inti. Ach ní raibh an saol go breá agam ar scoil. I ndáiríre, rinneadh bulaíocht orm.

**Réaltsolas: Tá sin uafásach! Cad a tharla?**
**Siobhán:** Bheul, níor tharla eachtra ar bith. Bítear ag fonóid fúm i gcónaí. Ní raibh an-tóir orm ar scoil. Bhí mé ciúin agus dea-bhéasach agus ba mhaith liom gearrscéalta a léamh agus a scríobh. Fiú amháin, thógfainn peann luaidhe agus leabhar nótaí amach sa chlós liom ag am lóin agus bheinn ag scríobh nó ag scriobláil, ach stop mé nuair a bhí mé thart ar dheich mbliana d'aois.

**Réaltsolas: Cén fáth ar stad tú?**
**Siobhán:** Toisc go raibh na páistí eile ag fonóid fúm i gcónaí. Ba mhaith le páistí eile ainmneacha a ghlaoch orm, mar shampla 'amadán', 'leadránaí', 'peata an mhúinteora' agus a léithéid. Chuir mé críoch leis an scríbhneoireacht ar fad, ní hamháin i gclós na scoile, toisc go raibh mé chomh tuirseach den magadh. Bhí cruatan an tsaoil ag cur isteach orm.

**Réaltsolas: Bhuel, is léir gur thosaigh tú ag scríobh arís ag am éigin!**
**Siobhán:** Thosaigh mé! Ní raibh ann ach rud amháin a tharla ar lá amháin a d'athraigh gach rud domsa. Is cuimhin liom go maith é. Bhí mé ar scoil agus bhí mé an-íseal i ndáiríre. Bhí na bulaithe thar a bheith go holc liom an tseachtain sin agus ní dhearna mé scríbhneoireacht ar bith, ach bhí an iomarca eagla orm tosú arís ar eagla go mbeadh siad níos measa. Rinne mé iarracht fanacht sa bhaile an lá sin - dúirt mé le mo mháthair go raibh mé tinn, ach d'áitigh sí go rachainn ar scoil. Agus is cuimhin liom siúl isteach sa seomra ranga an mhaidin sin agus mo cheann a leagan ar an deasc. Bhraith mé mo chorp ar fad a bheith trom agus ídithe. Agus ansin thug mo mhúinteoir, Bean Patel, cailín nua isteach inár rang. Bhí a teaghlach díreach tar éis teacht isteach sa cheantar. Chonacthas go raibh sí an-sásta, agus is cuimhin liom breathnú uirthi agus ag smaoineamh, 'Ba mhaith liom a bheith cosúil léi.' Bhí an t-aon suíochán breise sa rang in aice liom, mar sin d'iarr Bean Patel uirthi suí ann.

**Réaltsolas: Cad a tharla ina dhiaidh sin?**
**Siobhán:** Bhuel, ar ndóigh, d'inis na bulaithe léi neamhaird a thabhairt orm, gur amadán a bhí ionam agus nach mbeinn in ann labhairt léi ar aon nós mar go mbeadh mo cheann greamaithe i leabhar. Mar sin ní raibh mé ag breathnú uirthi fiú. Bhí faitíos orm go mbeabh sí cairdiúil leo agus go ndéanfadh sí fonóid fúm freisin.

**Réaltsolas: Agus an ndearna sí amhlaidh?**
**Siobhán:** Ní dhearna ar chor ar bith! Ag am sosa thosaigh sí ag caint liom agus chuir sí ceisteanna orm fúm féin. Dúirt sí go raibh áthas uirthi toisc gur thaitin liom a bheith ag scríobh, agus dúirt sí liom gan a bheith buartha faoin méid a cheap duine ar bith eile. Bhí an chuma uirthi go raibh sí ciallmhar agus tuisceanach. Ansin, sa chlós, theastaigh ó na cailíní a raibh an-tóir orthu labhairt léi, agus labhair sí leo, ach níor thug sí neamhaird orm. Nuair a dúirt siad léi gur leadránaí a bhí ionam, bhí an-mhisneach aici agus dúirt sí leo nach raibh sé ceart labhairt faoi dhaoine eile mar sin. Ní raibh sí dímheasúil leo ar chor ar bith. D'inis sí leo gur chóir dóibh stopadh. Ní fhéadfaidís é seo a chreidiúint. Ní raibh taithí acu a léithéid a chloisteáil.

**Réaltsolas: Wow! Is cosúil gur cara iontach a bhí inti! Agus, ar thug sí spreagadh duit tosú ag scríobh arís?**
**Siobhán:** Sea, go díreach. Dúirt sí liom nach ceart stop a chur le rud éigin a raibh grá agam dó toisc nár thaitin sé le daoine eile nó nár thuig siad é. Níl a fhios agam cén cumhacht a bhí aici, ach chabhraigh sí liom a bheith an-chróga. Tar éis na comhairle agus an spreagadh sin, ní raibh eagla orm mo leabhar nótaí a thabhairt chuig an gclós níos mó. Ní raibh eagla orm a thuilleadh. Bheartaigh mé, dá ndéanfadh na bulaithe fonóid fúm arís, go ndéarfainn leo fás aníos, nó go ndéarfainn an múinteoir fúthu. Ní raibh eagla orm a thuilleadh a bheith ag scríobh ó shin i leith.

**Réaltsolas: Is cosúil gur athraigh lá amháin do shaol i ndáiríre?**
**Siobhán:** Cinnte! Ní bheinn i mo scríbhneoir dá bhfanfainn sa bhaile an lá sin. B'eispéireas é a d'athraigh mo shaol.

# Torthaí an Spioraid Naoimh

| |
|---|
| Grá |
| Lúcháir |
| Síocháin |
| Foighne |
| Cineáltas |
| Maitheas |
| Uaisleacht |
| Dílseacht |
| Féinsmacht |